

# Comhairle Cathrach na Gaillimhe
# Dréachtphlean Forbartha Cathrach
# 2023-2029

# Galway City Council
# Draft City Development Plan
# 2023-2029

Eanáir 2022 | January 2022

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

CATHAIR NA GAILLIMHE
**PLEAN FORBARTHA**
GALWAY CITY
**DEVELOPMENT PLAN**
2023-2029

CATHAIR NA GAILLIMHE
**PLEAN FORBARTHA**
2023-2029
GALWAY CITY
**DEVELOPMENT PLAN**

# Comhairle Cathrach na Gaillimhe Dréachtphlean Forbartha Cathrach 2023-2029

## Clár na nÁbhar


**Réamhrá** 5

**Caibidil 1** - Réamhrá, Comhthéacs Straitéiseach & Croí-Straitéis 11

**Caibidil 2** - Gníomhú ar son na hAeráide 42

**Caibidil 3 -** Tithíocht agus Comharsanachtaí Inbhuanaithe 62

**Caibidil 4 -** Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus Iompar 89

**Caibidil 5** - Oidhreacht Nádúrtha, Áineas agus Taitneamhacht 120

**Caibidil 6 -** Geilleagar, Fiontar agus Miondíol 149

**Caibidil 7 -** Pobal agus Cultúr 188

**Caibidil 8 -** Oidhreacht Thógtha, Comhfhorbairt Áite agus Dearadh 206

**Caibidil 9 -** Comhshaol agus Bonneagar 228

**Caibidil 10 -** Dlúthfhás agus Athghiniúint 246

**Caibidil 11 -** Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún agus Caighdeáin agus Treoirlínte 276

**Aguisíní** **331**

**Aguisín 1** - Cur chun Feidhme agus Monatóireach 332

**Aguisín 2** - Ráiteas faoi Chomhlíonadh Threoirlínte an Aire 335

**Aguisín 3** - Liosta de na Déanmhais Chosanta ar Thaifead na nDéanmhas faoi Chosaint 341

**Aguisín 4 -** Gluais agus Acrainmneacha 348

# Réamhrá

## Clár na nAbhar


Réamhrá.....6
Cúlra Reachtach.....6
Creat Beartais Straitéisigh.....8
Struchtúr agus formáid Phlean Forbartha Cathrach na Gaillimhe 2023-2029.....9
Pleanáil Áitiúil.....10

## Réamhrá

I nDréachtphlean Forbartha Cathrach na Gaillimhe 2023-2029, leagtar amach beartais Chomhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le forbairt inbhuanaithe de Chathair na Gaillimhe don tréimhse suas go 2029. Ullmhaíodh é tar éis comhairliúcháin fhairsing le baill an phobail, comhlachtaí reachtúla agus páirtithe leasmhara ábhartha.

Ar an 7 Eanáir 202, cuireadh tús leis an bpróiseas chun Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023 a athbhreithniú agus an Dréachtphlean Forbartha nua a ullmhú le tréimhse comhairliúcháin phoiblí de 8 seachtaine. Tharla sé seo ag an am céanna le srianta Leibhéal 5 Covid-19 a chuir cosc ar an údarás pleanála aon imeachtaí comhairliúcháin a óstáil. Mar thacaíocht le rannphháirtíocht leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí, bhí foilsiú an Pháipéir Saincheisteanna Straitéiseacha - Ár gCathair, Ár dTodhchaí agus tairseach nua ar líne *consult.galwaycity.ie* inar tugadh deis do bhaill an phobail rochtain a fháil ar an bpáipéar um shaincheisteanna straitéiseacha, aighneacht a dhéanamh agus aighneachtaí eile a léamh. Cuireadh ar bun seoladh ríomhphoist tiomnaithe - devplan@galwaycity.ie freisin le haghaidh comhfhreagrais. Spreagadh ceisteanna a chur trí ghlaoch teileafóin freisin agus ba chineál luachmhar idirghníomhaíochta iad. D'fhonn an próiseas comhairliúcháin a phoibliú, eisíodh preaseisiúintí dátheangacha chuig asraonta meán áitiúla agus eisíodh sraith fógraí clóite agus raidió le linn an chomhairliúcháin de 8 seachtaine. Cruthaíodh feachtas sna meáin shóisialta ar leathanaigh Twitter agus Facebook de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe mar aon leis an gcruthú de haischlib nua #galwaydevplan chun plé ar líne a cheadú agus thacaigh sé leis an rannphháirtíocht freisin.

Fuarthas 518 aighneacht i scríbhinn san iomlán tríd an tairseach ar líne, trí r-phost agus tríd an bpost. Ghlac baill den Phlean Forbartha agus den fhoireann Beartais páirt freisin i sraith chruinnithe fíorúla i hallaí baile ar líne a d'eagraigh Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe inar cuimsíodh go carnach tinreamh os cionn 400 rannpháirtí. Áiríodh sa chomhairliúchán freisin ceardlann le daoine óga a d'eagraigh Comhairle na nÓg Chathair na Gaillimhe agus Seirbhís Óige Chathair na Gaillimhe le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Mar chuid den chomhairliúchán poiblí, chíor an Chomhairle Cathrach tuairimí ó níos mó ná 35 údarás forordaithe lena n-áirítear ranna rialtais, Oifig an Rialtóra Pleanála (OPR), Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (NWRA) agus Comhairle Contae na Gaillimhe. Tionóladh raon cruinnithe comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear an OPR, Uisce Éireann, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Cumann Tráchtála na Gaillimhe, Údarás Chuan na Gaillimhe agus OÉ Gaillimh.

Ag an gcomhairliúchán fairsing seo, ardaíodh raon leathan saincheisteanna a bhaineann le forbairt inbhuanaithe na cathrach agus ullmhaíodh Tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach do Chomhaltaí Tofa chun aird a tharraingt ar phointí a ardaíodh sa chomhairliúchán poiblí a measadh a bheith ábhartha don straitéis fhoriomlán d'fhorbairt na cathrach; chun moltaí beartais agus an struchtúr leathan beartais a sholáthar don Dréachtphlean. Ullmhaíodh an Dréachtphlean Forbartha seo tar éis breithniú a dhéanamh ar Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh agus ar mholtaí beartais ó Chomhaltaí Tofa.

## Cúlra Reachtach

Ullmhaíodh an Dréachtphlean Forbartha de réir fhorálacha an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), na Rialacháin Phleanála agus Forbartha (Measúnú Straitéiseach Comhshaoil) 2004 (arna leasú) agus Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE maidir le Gnáthóga. Leagtar amach san Acht

um Pleanáil agus Forbairt , 2000, arna leasú, ceanglais éigeantacha maidir le hábhar nach mór a áireamh sa Phlean Forbartha. Ina measc seo tá, inter alia, cuspóirí maidir le criosú talún, soláthar bonneagair, caomhnú agus cosaint an chomhshaoil, agus comhtháthú na pleanála agus na forbartha inbhuanaithe le riachtanais shóisialta, phobail agus chultúrtha na Cathrach agus a daonra. Ceanglaítear leis an Acht go n-ullmhófar Croí-Straitéis, a bheidh comhsheasmhach, a mhéid is indéanta, leis an gCreat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus an Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíoch Réigiúnach (RSES) do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair 2020-2032.

Foráiltear le halt 10 (1) go leagfar amach sa dréachtphlean straitéis fhoriomlán maidir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair agus go mbeidh ráiteas i scríbhinn ann, mar aon le plean nó pleananna a léireoidh cuspóirí forbartha don cheantar. Ceanglaítear le halt 10(2)(n) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) go n-áireofar i bPleananna Forbartha cuspóirí chun lonnaíochtaí inbhuanaithe agus straitéisí iompair a chur chun cinn i gceantair uirbeacha agus thuaithe, chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú mar fhreagairt ar an dóchúlacht go dtiocfaidh méadú ar chostais fuinnimh agus ar chostais eile mar gheall ar mheath fadtéarmach in acmhainní neamh-inathnuaite, chun astaíochtaí gás ceaptha teasa antrapaigineacha a laghdú, agus aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le hoiriúnú don athrú aeráide trí shuíomh, leagan amach agus dearadh na forbartha nua. Foráiltear san Acht Pleanála don bhunús reachtúil freisin chun oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha a chosaint agus chun Measúnuithe Tionchair Timpeallachta (EIA) a dhéanamh, próiseas trína dtomhaistear na héifeachtaí a bhfuiltear ag súil leo ó fhorbairt nó tionscadal beartaithe ar an gcomhshaol.

Agus an Dréachtphlean á dhéanamh, luaitear san Acht go gcuirfear srian ar chomhaltaí ionas go ndéanfaidís breithniú ar phleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair, ar oibleagáidí reachtúla aon Údaráis Áitiúil sa limistéar, agus aon bheartais nó chuspóirí ábhartha de thuras na huaire de chuid an Rialtais nó aon Aire Rialtais, agus go ndéanfaidís breithniú ar sin amháin.

De réir na reachtaíochta Eorpaí agus náisiúnta, rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA), Measúnú Cuí (AA) agus Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte (SFRA), agus úsáideadh gach ceann acu chun bonn eolais a thabhairt don Phlean agus chun lánpháirtiú agus breithniú iomlán ar shaincheisteanna comhshaoil a chinntiú le linn gach céim go dtí seo i ndréachtphróiseas an Phlean Forbartha.

Is é an SEA an próiseas trína ndéantar cúinsí comhshaoil a chomhtháthú in ullmhú pleananna agus clár. Rinneadh torthaí an SEA a chomhtháthú go hiomlán in ullmhú agus i ndéanamh an Dréachtphlean. Sa Tuarascáil Chomhshaoil, tá sonraí faoin SEA a rinneadh don Dréachtphlean seo.

De réir na gceanglas faoi Airteagal 6 de Threoir an AE maidir le Gnáthóga (43/92/CEE) agus Treoir an AE maidir le hÉin (2009/147/CE) agus Alt 177 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010, ní mór na tionchair bheartais agus chuspóirí de gach beartais reachtúla um úsáid talún ar láithreáin atá ainmnithe chun an dúlra a chosaint faoi reachtaíocht na hEorpa, líonra Natura 2000 (dá ngairtear Láithreáin Eorpacha), a mheas mar chuid den phróiseas um dhréachtú an Phlean. Is éard atá sa Mheasúnú Cuí (AA) ná measúnú dírithe agus mionsonraithe é ar impleachtaí an Dréachtphlean ar shláine Láithreán Eorpach ábhartha i bhfianaise a gcuspóirí caomhantais. Cuireadh Tuarascáil Tionchair Natura (NIR) le chéile chun tacú leis an Measúnú Cuí ar an Dréachtphlean. Aimsíodh sa NIR go bhfuil an cumas ag an Dréachtphlean tionchair a imirt ar shláine Láithreán Eorpach, mura ndéantar é a mhaolú. Tugadh aghaidh ar na rioscaí do leas cáilitheach agus do chuspóirí caomhantais na Láithreán Eorpach trí bhearta maolaithe a áireamh a thabharfaidh tosaíocht do thionchar a sheachaint ar an gcéad dul síos agus a mhaolaíonn tionchair nuair nach féidir na

tionchair sin a sheachaint. Tar éis bearta maolaithe a ionchorprú, meastar nach mbeidh drochthionchar suntasach ag an Dréachtphlean ar shláine Láithreán Eorpach.

Cinnteoidh an Chomhairle Cathrach go mbeidh aon phlean / tionscadal agus aon obair ghaolmhar sa Chathair, ina aonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile, faoi réir Scagadh AA lena chinntiú nach mbeidh aon éifeachtaí suntasacha dóchúla ar an sláine (arna sainiú ag an struchtúr agus feidhm) de Láithreáin Eorpacha ábhartha agus go gcomhlíonfar go hiomlán ceanglais Airteagal 6(3) agus 6(4) de Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga. Nuair is dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach ag plean / tionscadal ar Láithreán Eorpach nó má tá éiginnteacht ann maidir le héifeachtaí, beidh sé faoi réir Measúnachta Cuí. Ní leanfar leis an bplean nó leis/ tionscadal ach amháin tar éis a fhionnadh nach ndéanfaidh sé drochthionchar ar shláine an láithreáin nó má cheaptar nach bhfuil réitigh mhalartacha ann, meastar go bhfuil an plean/tionscadal riachtanach ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail a shárú, ar fad de réir forálacha airteagal 6(3) agus 6(4) de Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga.

## Creat Beartais Straitéisigh

Sa Phlean, leagtar straitéis amach don chathair i gcomhthéacs straitéisí, pleananna agus treoirlínte éagsúla ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach a théann i bhfeidhm ar phleanáil cheart agus ar fhorbairt inbhuanaithe. Déantar achoimre orthu siúd a bhfuil an éifeacht is dírí acu ar fhoirmliú na croístraitéise forbartha.

- *Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna)* mar atá leagtha amach i gClár Oibre 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe '*Ag Athrú ár nDomhan*'. Áirítear ann 17 SDG a léiríonn gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil na forbartha inbhuanaithe. Cuimseofar i ngach caibidil Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe chun an t-ailíniú idir na caibidlí agus na haidhmeanna a thaispeáint.
- I *dTionscadal Éireann 2040* bunaítear creat pleanála spásúlachta d'Éirinn agus tá sé comhdhéanta den Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) 2021-2030 agus den Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF), straitéis ardleibhéil chun forbairt agus infheistíocht a threorú don tréimhse suas go dtí 2040.
- I *bPlean Gnímh don Aeráid 2021,* leagfar amach tiomantas na hÉireann chun laghdú de 51% a bhaint amach ar astaíochtaí foriomlána gás ceaptha teasa faoi 2030 agus astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi tráth nach déanaí ná 2050, mar ar gealladh dó san Acht Aeráide 2021. Leis an bPlean Gnímh don Aeráid, bunófar conas a dhéanfar na gealltanais seo a bhaint amach.
- I *dTaisteal Níos Cliste, Todhchaí Iompair Inbhuanaithe, 2009-2020,* leagtar amach beartas an rialtais i dtreo iompar agus taisteal inbhuanaithe a fhorbairt. Cuideoidh a chur chun feidhme freisin le hoibleagáidí idirnáisiúnta na hÉireann a chomhlíonadh i leith dul i ngleic le hathrú aeráide. Tá sé seo á athsholáthar ag Creat-Bheartais um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe, ach is é an príomhbheartas atá i bhfeidhm tráth an Dréachtphlean seo.
- I *Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíoch Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (RSES), 2020-2032* leagtar amach creat straitéiseach pleanála réigiúnach do réigiúin an Tuaiscirt agus an Iarthair agus déantar na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta (NSOnna) agus na Cuspóirí Pleanála Réigiúnacha (RPOanna) a threisiú. Sa RSES tugtar tacaíocht do ról na Cathrach mar Chathair Réigiúnach agus mar phríomhthiománaí eacnamaíochta do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair.
- I *bPlean Straitéiseach Limistéar Cathrach na Gaillimhe (MASP) 2020-2032,* aithnítear an príomhbhonneagar, seirbhísí agus saoráidí a theastóidh chun tacú le fás agus athghiniúint inbhuanaithe cathrach. Tugtar treoir maidir le conas is féidir spriocanna daonra an NPF a bhaint amach de réir phrionsabail na forbartha inbhuanaithe agus é mar aidhm fás dlúth a sholáthar.
- I *Straitéis um Oiriúnú Aeráide Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2019-2024,* leagtar amach cuspóirí gearrthéarmacha agus meántéarmacha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le

hoiriúnú don athrú aeráide. Tá an straitéis bunaithe ar cheithre phríomhthéama: bonneagar criticiúil agus foirgnimh, caipiteal nádúrtha agus cultúrtha, acmhainní uisce agus bainistíocht riosca i gcás tuile agus seirbhísí pobail agus leagtar amach gníomhaíochtaí sonracha faoi gach ceann acu.


- Tá sé mar aidhm ag *Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) 2016-2036,* aghaidh a thabhairt ar riachtanais iompair reatha agus amach anseo i ndobharcheantar na cathrach agus an chontae. Tá tionscadail infheistíochta thar shaolré an phlean ar aon dul le dea-phrionsabail phleanála agus ailínithe leis an straitéis lonnaíochta agus forbartha don chathair.
- I *Straitéis um Ríocht Phoiblí na Gaillimhe*, (2019), leagtar amach fís agus straitéis le haghaidh feabhsuithe chun infheistíocht agus forbairt sa todhchaí i líonra spásanna poiblí agus glasa i lár na cathrach a threorú. Díríonn sé ar ríocht phoiblí ar ardchaighdeán a chruthú i bhfabhar coisithe agus rothaithe.
- I *bPlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil Chathair na Gaillimhe (LECP) 2015-2021,* leagtar amach cuspóirí agus gníomhartha chun forbairt eacnamaíoch, áitiúil agus pobail a chur chun cinn agus tacú léi de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe í féin agus i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eacnamaíocha agus forbartha pobail eile.
- *Treoirlínte agus Treoracha Aireachta*[1]*,* lena n-áirítear iad siúd ar Chroí-Straitéisí, tithíocht uirbeach inbhuanaithe, forbairtí cónaithe inbhuanaithe a chruthú, dearadh uirbeach, miondíol, dearadh árasáin, soláthar scoileanna, saoráidí cúram leanaí, bainistíocht riosca i gcás tuile, SEA, caomhnú ailtireachta, measúnú iomchuí agus Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha.
- *Modheolaíocht Sprioc Soláthair Tithíochta do Phleanáil Forbartha ' (2020) agus an doiciméad leantach 'Treoir maidir le Measúnú Riachtanas agus Éileamh Tithíochta a Ullmhú'* (2020) agus an doiciméad leantach '*Treoir maidir le Measúnú Riachtanas agus Éileamh Tithíochta a Ullmhú*' (2020) agus modheolaíocht DHLGH ar a dtugtar Uirlis HNDA (2021). Úsáideadh aschur na huirlise HNDA in ullmhú na *Straitéis Tithíochta Chathair na Gaillimhe agus Measúnú Riachtanas agus Éileamh Tithíochta 2023-29.*

## Struchtúr agus formáid Phlean Forbartha Cathrach na Gaillimhe 2023-2029

Tá Dréachtphlean Forbartha Cathrach na Gaillimhe 2023 -2029 curtha i láthair i dtrí chuid:

1. An príomhdhoiciméad beartais, atá eagraithe i gcaibidlí ábhar-bhunaithe, atá beartaithe chun é a dhéanamh níos éasca beartais ar shaincheisteanna áirithe a aimsiú. Tá sé eagraithe mar seo a leanas:

   Áirítear in Imleabhar 1 an ráiteas i scríbhinn atá comhdhéanta de:




**Struchtúr an Dréachtphlean Forbartha Cathrach**

- Réamhrá ina leagtar amach sa ról an Dréachtphlean Forbartha Cathrach, a bhunús reachtúil agus áirítear an Chroí-Straitéis. Sa Chroí-Straitéis, leagtar straitéis uileghabhálach amach d'fhorbairt spásúil na cathrach sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus beidh sí mar bhunús do bheartais

[1] Féach *Sceideal 2 Ráiteas um Chomhlíonadh le Treoirlínte Aireachta*.

agus do chuspóirí ar fud an Phlean. Aistrítear ann an creat pleanála straitéisí atá leagtha amach sa NPF agus sa RSES go leibhéal na cathrach.

- I gCaibidlí 2 go 11 leagtar amach beartais agus cuspóirí mionsonraithe faoi raon ábhar ar leith.
- Cuimsítear i gCaibidil 11 cuspóirí criosaithe úsáide talún agus caighdeáin agus treoirlínte bainistíochta forbartha atá le cur chun feidhme maidir le tograí forbartha sa chathair sa todhchaí.
- Sna caibidlí, leagtar amach an comhthéacs pleanála foriomlán do na beartais ghaolmhara agus na cuspóirí sonracha agus an creat dóibh. Is éard atá sna beartais ná cuspóirí ginearálta na Comhairle ar bhonn ábhair agus tá cuspóirí sonracha níos sainiúla do limistéar / láithreán a bhaineann le húsáid éagsúla talún agus / nó tograí tionscadail.
- Áirítear sna haguisíní atá san áireamh sa doiciméad beartais; 1) Cur chun Feidhme agus Monatóireacht, 2) Ráiteas um Chomhlíonadh le Treoirlínte Aireachta, 3) Liosta na nDéanmhas Cosanta sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS) agus 4) na Gluais & Acrainmneacha.
- Tá dhá dhoiciméad tacaíochta ar leithligh ann freisin a ghabhann le hImleabhar 1, is iad sin an Straitéis Tithíochta agus an Measúnú ar Éileamh Riachtanas Tithíochta (HNDA) (Lúnasa 2021) agus an Straitéis um Dhlús Uirbeach agus Airde Foirgneamh (Meán Fómhair 2021).

2. In Imleabhar a Dó, cuimsítear na léarscáileanna seo a leanas agus cuirtear ar fáil an léiriú grafach ar na beartais agus na cuspóirí sa phríomhdhoiciméad beartais. Is iad seo:
    - Léarscáil Lár na Cathrach - Criosú agus Cuspóirí Úsáid Talún, scála 1:2,500
    - Léarscáil Fhoriomlán na Cathrach - Criosú agus Cuspóirí Úsáid Talún, scála 1:10,000
3. Cuimsítear in Imleabhar 3 na Measúnuithe Comhshaoil a bhaineann leis an bPlean lena n-áirítear, an Tuarascáil um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA), Tuarascáil Comhshaoil, Tuarascáil Tionchair Natura (NIR) agus an Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte (SFRA).

## Pleanáil Áitiúil

Nuair is iomchuí, forbrófar beartais an Phlean ar bhealach níos mionsonraithe ar leibhéal áitiúil trí Phleananna Ceantair Áitiúil, Pleananna Ceantair agus Creatphleananna. Tá Plean Ceantair Áitiúil i bhfeidhm do na hArdáin (2018-2024) le Pleananna Ceantair Áitiúil beartaithe do limistéar Mhuirbhigh agus Bóthar Áth Cinn agus pleananna ceantair don Chaisleán Gearr agus do Mhionlach.

# Caibidil 1

## Réamhrá, Comhthéacs Straitéiseach & Croí-Straitéis

### Clár na nÁbhar


1.1 Réamhrá ....12
1.2 Fís Straitéiseach do Chathair na Gaillimhe ....12
1.3 Comhthéacs Beartais Straitéisigh ....14
1.4 Croí-Straitéis - Comhthéacs ....17
1.5 Iniúchadh Acmhainne Lonnaíochta ....27
1.6 Forbairt Fostaíochta ....32
1.7 Straitéis Mhiondíola ....34
1.8 Doiciméadú Beartais Straitéisigh Tacaíochta ....35
1.9 Léarscáil Croístraitéise agus Tábla Croístraitéise ....37
1.10 Cur chun Feidhme ....40
1.11 Máistirphleananna agus Creatphleananna ....40

## 1.1 Réamhrá

Ullmhaíodh an Plean Forbartha Cathrach seo i gcomhthéacs difriúil ná an plean forbartha a foilsíodh roimhe seo in 2017. Rinneadh roinnt athruithe suntasacha reachtaíochta agus beartais i réimse na pleanála san idirlinn, lena n-áirítear athmhúnlú beartais ar leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha. Maidir le hordlathas na bpleananna, is é an plean náisiúnta foriomlán an Creat Náisiúnta Pleanála (NPF) a chuireann an struchtúr ar fáil chun forbairt agus infheistíocht a threorú trí shraith chomhroinnte cuspóirí agus prionsabal náisiúnta. Ar leibhéal réigiúnach sa Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíoch Réigiúnach (RSES) leagtar amach an creat réigiúnach chun an NPF a chur chun feidhme agus a sheachadadh. Cuimsítear sa RSES do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair Plean Straitéiseach Limistéar Cathrach na Gaillimhe (MASP) a sholáthraíonn creat straitéiseach pleanála agus infheistíochta 12 bliana do Limistéar Cathrach na Gaillimhe. Tá ullmhúchán an Phlean Forbartha treoraithe ag an gcreat beartais náisiúnta agus réigiúnach seo agus an straitéis infheistíochta atá comhcheangailte agus cothromaithe leis an leibhéal pleanála rannpháirtí áitiúil níos mionsonraithe.

Le sprioc fháis daonra arna leagan síos ag an RSES de mhéadú ar líon dhaonra na cathrach go 120,000 duine le linn na fiche bliain atá le teacht, beidh Cathair na Gaillimhe ina cathair scála agus ina príomhspreagthóir fáis agus rathúlachta do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair. Leagtar amach sa Phlean an creat spásúlachta maidir leis an gcaoi a gcumasófar an uaillmhian fháis spriocdhírithe seo sna sé bliana amach romhainn agus conas a thógfaidh sé an bunús le haghaidh tuilleadh fáis san fhadtéarma.

Ach, ní mór an fás seo a nascadh, áfach, le tiomantas na hÉireann chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe 2030 a bhaint amach, go háirithe SDG 13 a iarrann ar thíortha 'gníomhú go práinneach chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus a thionchair', trí ghealltanais maidir leis na Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide a chur chun feidhme. Aithnítear gur féidir bearta éifeachtacha gníomhaíochta aeráide a chomhtháthú i mbeartais i bpleananna forbartha. Ina measc seo tá leanúint leis an gclár oibre dlúthfháis an NPF, agus le beartais a chomhtháthaíonn úsáid talún agus iompar agus beartais a chinntíonn bainistiú inbhuanaithe d'acmhainní comhshaoil lena n-áirítear bithéagsúlacht.

Dá bhrí sin, meastar go bhfuil gníomhú ar son na haeráide ina phrionsabal tábhachtach den Phlean agus léiríodh é trí chaibidil nua a áireamh atá tiomnaithe go sonrach do Ghníomhú ar son na hAeráide i dteannta le beartais agus cuspóirí eile a bhaineann le gníomhaíocht aeráide a fhágann a lorg ar fud an phlean.

## 1.2 Fís Straitéiseach do Chathair na Gaillimhe

Tá fís straitéiseach mar bhonn agus mar thaca ag an bPlean chun fás inbhuanaithe na cathrach sa todhchaí a threorú agus déantar é seo a leathnú sna deich gcuspóir straitéiseacha. Is é seo a leanas an fhís do Ghaillimh a bhfuil sé mar aidhm ag Plean Forbartha na Cathrach 2023-29 a bhaint amach sa todhchaí agus ní hé amháin do shaolré an Phlean féin ach don tréimhse dá éis.

*Is í an fhís do Chathair na Gaillimhe ná bheith ina cathair rathúil, inbhuanaithe, iomaíoch, réigiúnach a chruthaíonn rathúnas, a thacaíonn le hardchaighdeán maireachtála agus a choinníonn a féiniúlacht shainiúil agus a thacaíonn le heispéireas cultúrtha saibhir. Cathair atá freagrach as an gcomhshaol, atá slógtha chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus atá seasmhach ó thaobh dúshlán de. Cathair atá in ann tallann agus scileanna, a fhorbairt, a mhealladh agus a choinneáil agus cathair a chothaíonn nuálaíocht agus cruthaitheacht. Cathair chuimsitheach, éagsúil, áit ina bhfuil meas mór ar chomhpháirteachas poiblí agus áit a bhfuil fís choiteann ann trí*

*mheán an dea-rialachais agus na dea-cheannaireachta. Cathair a chuireann roghanna inbhuanaithe agus ardchaighdeáin ar fáil i ndeiseanna tithíochta, oibre, iompair agus stíl mhaireachtála.*

## Spriocanna Straitéiseacha

| **Spriocanna Straitéiseacha** |
|---|
| Ardchaighdeán maireachtála a bhaint amach do gach saoránach trí thimpeallacht thógtha, ardchaighdeáin, tharraingteach a sholáthar, tríd an timpeallacht nádúrtha uathúil a chosaint agus trí phríomhthacaí eacnamaíocha, cultúrtha agus sóisialta a éascú. |
| Cur ar chumas na Gaillimhe a bheith ina cathair scála mar a shamhlaítear sa NPF agus mar thiománaí réigiúnach forbartha ar féidir léi cur le fás eacnamaíoch trí dheiseanna eacnamaíocha cothromaithe agus inbhuanaithe a sholáthar d'fhorbairt, nuálaíocht agus infheistíocht ar fud na n-earnálacha fostaíochta go léir agus ligean do ról na Cheantair Chathrach agus na Cathrach leas a bhaint as na buanna agus an fhorbairt eacnamaíoch de Réigiún iomlán an Tuaiscirt agus an Iarthair a uasmhéadú. |
| Tiomantas a thabhairt do ghníomhú ar son na haeráide agus an laghdú spriocdhírithe náisiúnta ar astaíochtaí gás ceaptha teasa trí bhearta réamhghníomhacha de réir thiomantais an Aontais Eorpaigh agus tiomantais náisiúnta chun trasdul cóir a chumasú go geilleagar agus sochaí atá athléimneach ó thaobh na haeráide, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta agus neodrach ó thaobh na haeráide de, agus é sin a dhéanamh go háirithe trí bhearta sonracha um chur chun cinn, um oiriúnú agus um maolú. |
| Prionsabal na hinbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm  agus ailíniú le 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe go háirithe sna cásanna ina mbaineann siad le húsáidí talún, foirgneamh, uisce, fuinnimh, dramhaíola agus trí mhodhanna iompair inbhuanaithe a spreagadh agus iompar a chomhtháthú le húsáid talún. |
| Féachaint le cathair chomhionann chuimsitheach a dhéanamh de Chathair na Gaillimhe, trí chuimsiú sóisialta a chur chun cinn sa timpeallacht thógtha, go  háirithe i spásanna poiblí, sa tithíocht, i saoráidí pobail, sa rochtain ar sheirbhísí, ar thaitneamhachtaí, ar dheiseanna fostaíochta agus ar iompar poiblí. |
| An timpeallacht nádúrtha ilchineálach ar leith atá ag an gcathair a chosaint agus an líonra glas agus na naisc a dhaingniú, agus luach na bithéagsúlachta a aithint mar acmhainn, chomh maith leis an deis mhór don chaitheamh aimsire a chuireann sé sin ar fáil agus na stíleanna gníomhacha sláintiúla maireachtála a chuireann sé chun cinn, an tionchar a d'fhéadfadh bheith aige freisin ar chaighdeán na sláinte i gcoitinne agus an ról atá aige chun comhfhobairt áite shláintiúil agus cathair mhealltach tharraingteach a sholáthar. |
| Féiniúlacht chomhchoiteann agus fís roinnte a spreagadh agus é sin a dhéanamh trí rannpháirtíocht shibhialta ar phleananna agus ar thionscadail amhail Fhorbairt Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail do Ghaillimh agus freisin ar thionscadail spriocdhírithe ar leith a chur chun cinn ar mhaithe le leas an phobail, a chothóidh an cultúr dúchasach,a chuirfidh an fhoirm uathúil agus carachtar na cathrach chun cinn, chomh maith le deiseanna a thabhairt chun bonneagar cultúrtha, pobail agus tairbhiúil eile a fhorbairt agus geilleagar na cathrach a fheabhsú agus a éagsúlú. |
| Pleanáil úsáid talún agus iompair a chomhtháthú chun na deiseanna le haghaidh taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí a uasmhéadú agus príomhthionscadail iompair a chuimsítear i Straitéis Iompair na Gaillimhe a chumasú, rud a chuirfidh úsáid ilmhódach, soghluaisteacht chliste agus inrochtaineacht ar fáil do chách. |
| Úsáid éifeachtach agus inbhuanaithe d'acmhainní agus bonneagar comhshaoil uile na seirbhísí uisce a chinntiú. |
| Foirm dhlúth níos uirbí a fhorbairt sa chathair a sholáthraíonn do chomharsanachtaí tarraingteacha, comhtháite a bhféadtar teacht orthu go héasca a dtacaíonn leibhéil iomchuí seirbhísí agus taitneamhachtaí leo. |

## 1.3 Comhthéacs Beartais Straitéisigh

### 1.3.1 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna na Náisiún Aontaithe)

De ghnáth déantar cur síos ar inbhuanaitheacht mar fhreastal ar ár riachtanais féin gan cur isteach ar chumas na nglún atá le teacht freastal ar a riachtanais féin. Chomh maith le hacmhainní nádúrtha, leathnaíonn inbhuanaitheacht chuig acmhainní sóisialta agus eacnamaíocha le léirmhíniú leathan a chuimsíonn imní maidir le cothromas sóisialta agus forbairt eacnamaíoch.

Ó 2015 tá Éire ina sínitheoir de 17 Sprioc Inbhuanaitheachta na Náisiún Aontaithe (SDGanna) a d'aontaigh gach Ball de chuid na Náisiún Aontaithe oibriú i dtreo iad a bhaint amach faoin mbliain 2030 trí chláir oibre agus bheartais náisiúnta. Aithnítear sna spriocanna go gcaithfidh an deireadh le bochtaineacht agus díothacht eile tarlú ar aon dul le straitéisí lena gcuirtear feabhas ar shláinte agus ar oideachas, lena laghdaítear éagothroime, agus lena spreagtar fás eacnamaíoch - agus iad seo uile a dhéanamh agus atáthar ag dul i ngleic leis an athrú aeráide agus ag oibriú chun ár dtimpeallacht nádúrtha a chaomhnú. Léiríonn an chomhpháirtíocht dhomhanda seo glao ar ghníomh ag gach tír agus tá sí ábhartha do chách - na mbocht, na saibhir agus iad siúd atá ar mheánioncam chun aghaidh a thabhairt ar na spriocanna sin.

I bpleanáil spásúil is príomhchoincheap í an inbhuanaitheacht agus sa NPF aithnítear go bhfuil ailíniú suntasach idir SDGanna na Náisiún Aontaithe agus Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta (NSOnna) an NPF. Is féidir le Pleananna Forbartha, ar a seal trí mheán a mbeartais agus a gcuspóirí, tacú leis na SDGanna a bhaint amach, mar atá leagtha amach sna *'Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe um Plean Chur Chun Feidhme Náisiúnta 2018-20' An Roinn Comhshaoil agus Gníomhú ar son na hAeráide.*




**Figiúr 1.1 Spriocanna Inbhuanaitheachta na Náisiún Aontaithe *Foinse: Na Náisiúin Aontaithe***

| **Beartas 1.1 Spriocanna Inbhuanaitheachta na Náisiún Aontaithe** |
| --- |
| Trí chur chun feidhme na Croí-Straitéise i dteannta le cur chun feidhme bheartais agus chuspóirí an Phlean Forbartha, déantar aidhmeanna Chlár Oibre na Náisiún Aontaithe 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun cinn agus cuirtear le baint amach na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe. |

### 1.3.2 Beartais Náisiúnta

Cuirtear an NPF agus an Plean Náisiúnta Forbartha (PFN) le chéile chun Tionscadal Éireann 2040 a fhoirmiú. Sa NPF, leagtar amach an fhís agus an straitéis d'fhorbairt na tíre go 2040 agus sa PFN cuirtear an clár infheistíochta ar fáil chun straitéis an NPF a chur chun feidhme. Tá sé mar aidhm ag an straitéis fhadtéarmach chomhcheangailte seo cur ar chumas gach cuid d'Éirinn a lánacmhainneacht a bhaint amach agus soláthar a dhéanamh do níos mó forbartha réigiúnaí cothromaithe agus ceannas eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath agus an réigiún a ghabhann leis a laghdú. Féachann sé le pleanáil a dhéanamh don mhilliún duine breise a bhfuiltear ag súil leis a mheastar a bheidh ina gcónaí sa Stát 25 bliain as seo agus don áit a mbeidh siad ina gcónaí, ag oibriú agus ag dul ar scoil. Maidir leis seo tá an NPF dírithe ar leibhéal fáis i Réigiúin an Tuaiscirt agus an Iarthair agus an Deiscirt le chéile, ionas go mbeidh sé ar an méid chéanna, ar a laghad, a réamh-mheastar don Réigiún Thoir agus Lár na Tíre. Agus é ag leanúint ar aghaidh ag tacú le Baile Átha Cliath tá straitéis chomhthreomhar aige chun spriocanna uaillmhianacha fáis a spreagadh sna ceithre chathair réigiúnacha ainmnithe lena n-áirítear Cathair na Gaillimhe agus chun go bhfásfaidh gach ceann acu le 50% go 2040 ar a laghad ionas go mbeidh siad ina gcathracha scála. Aithnítear go bhfuil na tréithe agus an inniúlacht ag Cathair na Gaillimhe agus ag an Limistéar Cathrach chomh maith, chun NSOnna an NPF a sheachadadh lena n-áirítear maireachtáil inbhuanaithe cathrach, geilleagar láidir, cáilíocht beatha fheabhsaithe agus lorg carbóin laghdaithe. Samhlaítear sa NPF go dtiocfaidh fás de idir 40,000 - 45,000 duine ar dhaonra Chathair agus Bruachbhailte na Gaillimhe faoi 2040, méadú de bheagnach 55%. Díríonn sé freisin ar leath de na tithe chun freastal ar an méadú daonra seo atá le fáil laistigh den lorg tógtha atá ann, ar thailte lena n-áirítear príomhláithreáin athghiniúna / athfhorbraíochta, láithreáin inlíonta agus tailte tearcúsáidte ag suíomhanna a dhéantar a phleanáil go maith a bhfuil dea-fhreastal iompar poiblí orthu cheana féin. Tacóidh sé seo le fás dlúth agus spriocanna daonra don chathair. Faigheann an NPF tacaíocht ón Treochlár Chur Chun Feidhme don Chreat Náisiúnta Pleanála (Iúil 2018). Leagtar amach ann clár don NPF a chur chun feidhme agus tá réamh-mheastacháin daonra idirthréimhseacha ann ar leibhéal Réigiúnach agus Contae chun bonn eolais a chur faoi phleananna forbartha. Aithnítear sa NPF na buanna atá ann cheana sa chathair agus sa Limistéar Cathrach níos leithne lena n-áirítear oideachas tríú leibhéal atá leabaithe sa chathair, braisle theicneolaíochta leighis den scoth, saol beoga ealaíon agus cultúir agus turasóireacht ar feadh na bliana, agus suíomh tarraingteach a chuireann leis seo uile. D'fhonn an leas is mó a bhaint as na sócmhainní seo chun infheistíocht a mhealladh agus spriocanna fáis a bhaint amach, beidh gá leis an bplean don chathair a ailíniú leis an bhfís chomhroinnte sa NPF agus sna NSOnna gaolmhara. Tá na comhspriocanna seo, mar a shainaithnítear iad i bhFigiúr 1.2, an bunús ar ullmhaíodh beartais agus cuspóirí sa Phlean i dteannta le treoir ón Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíoch Réigiúnach (RSES) do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair.




**Figiúr 1.2 Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta *Foinse: Creat Náisiúnta Pleanála (NPF)***

| **Beartas 1.2 Creat náisiúnta agus réigiúnach** |
|---|
| 1. Comhsheasmhacht leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus leis an bhfís chun na comhspriocanna a bhaint amach mar a léirítear iad sna Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta (NSOnna). |
| 2. Comhsheasmhacht a chinntiú le Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíoch Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (RSES) lena n-áirítear an MASP agus tacú le baint amach na gCuspóirí Beartais Réigiúnacha (RPOanna) gaolmhara. |
| 3. Comhoibriú le cathracha réigiúnacha eile d'fhonn leas a bhaint as an acmhainneacht chomhcheangailte agus chun na deiseanna a uasmhéadú chun frithchothromaíocht a sholáthar d'fhás Bhaile Átha Cliath. |

### 1.3.3 Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíoch Réigiúnach (RSES) do Réigiún an Thuaiscirt agus an Iarthair (2020- 2032)

Tá Cathair na Gaillimhe lonnaithe i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair agus tagann sí faoin RSES do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair (2020-2032). Is é príomhaidhm na Straitéise tacú le cur chun feidhme Tionscadal Éireann 2040. Cuirtear nasc réigiúnach ar fáil idir an sraith náisiúnta pleanála agus infheistíochta atá san áireamh sa NPF agus sa PFN agus i mbeartais eacnamaíocha agus aeráide an Rialtais agus an sraith níos ísle agus níos sainiúla le treoir ar an gcreat straitéiseach pleanála agus eacnamaíoch fadtéarmach don réigiún. Leagtar amach ann ordlathas lonnaíochta don réigiún, lena n-áirítear príomhshuímh sprice d'fhás daonra agus fostaíochta. Cuimsítear ann raon Cuspóirí Beartais Réigiúnacha a thacaíonn le hinfheistíocht sa todhchaí i mbonneagar agus i seirbhísí agus a ailíníonn leis an gcreat spásúlachta den NPF. Bunaíonn sé Gaillimh mar an t-ionad uirbeach réigiúnach is mó. Aithnítear ann tosaíocht na cathrach in ordlathas lonnaíochta limistéar Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (NWRA). Aithnítear ann freisin an tionchar suntasach a imríonn an chathair ar chuid mhór d'iarthar an réigiúin ó thaobh fhorbairt an gheilleagair agus feabhas a chur ar iomaíochas.

Ag léiriú an tionchair seo agus mar a cheanglaítear leis an NPF, cuimsítear sa RSES Plean Straitéiseach Ceantair Chathrach (MASP) do Chathair na Gaillimhe agus a phurláin. Príomhghné inbhuanaitheachta den RSES agus MASP is ea fás a sholáthar i bhfoirm dhlúth agus é mar aidhm aige ar a laghad leath de na tithe nua go léir a ndírítear orthu a lonnú, laistigh de lorg cathrach an MASP. Le hathfhorbairt príomhláithreán athghiniúna / athfhorbraíochta sa chathair agus le forbairt láithreán inlíonta agus tailte tearcúsáidte ag suíomhanna atá dea-phleanáilte agus a bhfuil dea-

fhreastal iompar poiblí orthu cheana, tabharfar tacaíocht do spriocanna daonra agus fáis dhlúith don chathair.

Cuirfidh Plean na Cathrach na huaillmhianta seo chun cinn ar leibhéal níos gráinní agus tógfaidh sé ar straitéis RSES chun an chathair a fhás mar lárionad scála uirbeach atá rathúil agus atá iomaíoch ar fud an domhain. Trí chuspóirí beartais réigiúnacha MASP a chur chun feidhme, beidh sé ar leibhéal an phlean áitiúil ina phríomhspreagthóir freisin chun forbairt an réigiúin a neartú. Ar leibhéal idir-réigiúnach, i dteannta le forbairt na gcathracha réigiúnacha eile, is féidir le MASP na Gaillimhe rannchuidiú le fás a athchothromú ar bhonn náisiúnta chun níos mó cothromaíochta réigiúnaí agus roghanna inmharthana ar mhalairt Bhaile Átha Cliath a bhaint amach.

| **Beartas 1.3 Plean Straitéiseach Cheantar Cathrach (MASP)** |
|---|
| 1. Aitheantas a thabhairt do thábhacht Phlean Straitéiseach Limistéar Cathrach na Gaillimhe (MASP) i seachadadh fáis straitéisigh le mais chriticiúil a thacaíonn le forbairt na cathrach agus na lonnaíochtaí máguaird atá ann mar áiteanna uirbeacha láidre tarraingteacha, le tacaíocht ó leibhéal seirbhísí agus bonneagair a chruthaíonn pobail rathúla, inbhuanaithe atá uilechuimsitheach go sóisialta agus a bhaineann leas as na buanna maidir le scála chun deiseanna eacnamaíocha a uasmhéadú agus a thacaíonn le hinfheistíocht. |
| 2. Leanúint ar aghaidh ag idirchaidreamh le Comhairle Contae na Gaillimhe i gcomhthéacs an MASP agus saincheisteanna beartais phleanála roinnte ábhartha eile chun tacú le cur chuige comhtháite leanúnach maidir le forbairt inbhuanaithe agus spriocanna fáis daonra a bhaint amach i limistéar MASP. |

## 1.4 Croí-Straitéis - Comhthéacs

San Acht um Pleanáil & Forbairt (Leasú) 2010, tugadh isteach den chéad uair an ceanglas maidir le Croí-Straitéis a ullmhú chun tacú le pleananna forbartha a thabhairt agus cuireadh oibleagáid ar phleananna forbartha straitéis lonnaíochta agus fáis mheántéarmach agus fadtéarmach a áireamh atá láidir, múnlaithe ag cuspóirí forbartha náisiúnta agus réigiúnacha agus a fhéadtar a thaispeáint go bhfuil sí ag teacht leo.

Tagraíonn an reachtaíocht, le leasuithe breise, go sonrach do na hoibleagáidí ar an gCroí-Straitéis a bheith ar aon dul leis an NPF agus leis an RSES agus freisin le sainriachtanais bheartais i dtreoirlínte beartais phleanála Alt 28.

Aithníodh sa NPF Cathair na Gaillimhe mar cheann de na ceithre chathair réigiúnacha ainmnithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus dá réir sin tá spriocanna uaillmhianacha fáis daonra na cathrach leithdháilte, agus tá leath ar a laghad de na tithe lena mbaineann le seachadadh sa lorg tógtha atá ann cheana féin. Léirítear an bhéim seo ar scála agus ar dháileadh phatrún lonnaíochta sna cuspóirí sa RSES do Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (NWRA) lena dtreisítear an gá go mbeadh straitéis fáis na Gaillimhe dlúth, cliste agus inbhuanaithe. Aithnítear gur féidir leis na sineirgí idir Cathair na Gaillimhe agus na ceantair máguaird cur go carnach le lárionad uirbeach iomaíoch ar scála a chruthú don réigiún le tacaíocht ó chur chuige pleanáilte trí fhorbairt an MASP.

Tá sé de dhualgas ar an gCroí-Straitéis a thaispeáint trí chur chuige cainníochtúil-bhunaithe go bhfuil an plean forbartha ag leanúint físe foriomláine atá ar aon dul leis an treo beartais náisiúnta agus réigiúnach seo agus leis na spriocanna leithdháilte um fhás daonra lena mbaineann. Leis an straitéis, a gheofar tacaíocht ón gcur chuige láidir seo atá bunaithe ar fhianaise, tabharfar réasúnaíocht don mhéid talún atá criosaithe chun críocha áirithe. Taispeánfaidh sé freisin go ndearnadh leithdháiltí den sórt sin sa chur chuige foriomlán ag féachaint d'inbhuanaitheacht, gníomhú ar son na haeráide agus do chúinsí comhshaoil.

Is í príomhbhéim na Croí-Straitéise ná a thaispeáint go bhfuil cothromaíocht réasúnta ann idir chandam na dtailte criosaithe, seirbhísithe a áirítear le haghaidh úsáide cónaithe agus an t-éileamh measta ar thithíocht bunaithe ar na spriocanna daonra réamh-mheasta do thréimhse an phlean. Is é cur chuige na Croí-Straitéise freisin go n-áireofaí leis an gceanglas tailte le haghaidh criosú úsáide measctha a mheas, i gcás ina bhféadfadh na tailte seo tacú le haonaid tithíochta mar chuid den mheascán agus ar aon dul leis an NPF, agus a chinntiú gur féidir leo athghiniúint agus fás dlúth a chur ar fáil.

Cé nach gceanglaítear go sonrach orthu an leibhéal réasúnaíochta céanna a léiriú maidir le criosanna úsáide talún eile cosúil leis an leibhéal a thacaíonn le fostaíocht, molann na treoirlínte a ghabhann leis go ndéanfaí leibhéal iomchuí anailíse chun a chinntiú go n-aithnítear i ndóthain talún chun críocha fostaíochta in áiteanna oiriúnacha. Ina theannta sin, ceanglaítear leis an reachtaíocht ar Chroí-Straitéisí a thaispeáint an chaoi inar tugadh aird ar Threoirlínte Alt 28 ábhartha le cuspóirí miondíola agus ceanglaítear ar phleananna cathrach lár na cathrach agus ceantair mhiondíola eile a shainaithint. Fíorthábhachtach freisin sa Chroí-Straitéis is ea an gá a thaispeáint conas is féidir forbairt sa todhchaí a nascadh le bonneagar / seirbhísí iompair phoiblí atá ann cheana agus infheistíocht phleanáilte, agus conas a fhéadtar iad seo tacú le forbairt sa todhchaí.

### 1.4.1 An Croí-Straitéis a Ullmhú

Cé go ndéantar amach an Croí-Straitéis ar anailís fhianaise-bhunaithe chun teacht ar an gcur chuige is fearr maidir le patrún spásúil agus méid an tsoláthair tithíochta i dtréimhse an phlean, ullmhaítear í freisin agus aird á tabhairt ar chomhthéacs níos leithne de phríomhréimsí beartais eile. Ina measc seo tá na beartais uileghabhálacha maidir le gníomhú ar son na haeráide, iompar inbhuanaithe, fostaíocht, fás eacnamaíoch agus tráchtála, an gá le comharsanachtaí inbhuanaithe a sheachadadh, dea-ríocht phoiblí agus dea-chomhfhorbairt áite agus iad uile i gcomhthéacs an timpeallacht nádúrtha agus an bhithéagsúlacht a chothabháil agus a fheabhsú.

Úsáideadh roinnt doiciméad beartais náisiúnta mar threoir don anailís chainníochtúil chun an Croí-Straitéis a ullmhú. Ina measc seo tá na spriocanna daonra agus teaghlaigh atá leagtha amach sa NPF, Treochlár Chur Chun Feidhme an NPF (2018), an RSES, Alt 28 '*Modheolaíocht Sprioc Soláthair Tithíochta do Phleanáil Forbartha'* (2020) agus an doiciméad leantach '*Treoir maidir le Measúnú Riachtanas agus Éileamh Tithíochta a Ullmhú*' (2020) agus modheolaíocht DHLGH ar a dtugtar Uirlis HNDA (2021). Úsáideadh aschur uirlis NHDA in ullmhú na *Straitéis Tithíochta Chathair na Gaillimhe agus Measúnú Riachtanas agus Éileamh Tithíochta 2023-29.* Bhí an doiciméad tacaíochta seo tábhachtach freisin maidir le bonn eolais a thabhairt don Chroí-Straitéis maidir le réamh-mheastacháin bhliantúlaithe daonra agus an riachtanas tithíochta gaolmhar agus an meascán tionachta teaghlaigh is dócha a mbeidh ann.

Bhí sraith breithnithe ag teastáil ón gcur chuige seo inar cuimsíodh an méid seo a leanas:

- Meastachán Daonra 2016 -2029
- Meastachán Teaghlaigh 2023 - 2029
- Gníomhaíocht Pleanála & Tógála
- Sprioc Tithíochta don Chroí-Straitéis

### 1.4.2 Meastachán Daonra 2016-2029

Is príomhghné den Chroí-Straitéis fás daonra na todhchaí sa chathair. Bheadh an mhodheolaíocht stairiúil a úsáideadh chun an fás seo a mheas bunaithe ar pharaiméadair chaighdeánacha amhail

úsáid a bhaint as rátaí torthúlachta, básmhaireachta agus imirce a . Is cúinsí tábhachtacha iad seo fós ach tá siad comhlánaithe anois ag na cuspóirí beartais náisiúnta atá san áireamh sa NPF. Chuir an NPF san áireamh iad seo sna réamh-mheastacháin náisiúnta, ach tá sé mar aidhm aige freisin athdháileadh fáis chun níos mó cothromaíochta réigiúnaí a spreagadh trí dhíriú ar athrú sa phatrún náisiúnta um fhorbairt, a dhéanfaidh gan aon idirghabháil, ceannas Réigiún Bhaile Átha Cliath a bhuanú agus na héagothroime réigiúnacha reatha i bhfás a threisiú. Leis an rún seo, in éineacht leis an ngá le foirmeacha uirbeacha dlútha níos inbhuanaithe, chuir an NPF san áireamh patrúin spriocdhírithe d’fhás daonra do gach réigiún agus cathair laistigh den stát don tréimhse suas go dtí 2040. Leagtar amach sa NPF patrún fáis spriocdhírithe do Chathair agus Bruachbhailte na Gaillimhe de idir 40,000 - 45,000 duine don tréimhse suas go dtí 2040.

| Réamh-mheastacháin Daonra Spriocdhírithe | Méadú Sprioc Daonra ó 2016 |
|---|---|
| **NPF suas go 2040** | **40,000 - 45,000 (daonra de 120,000 duine ar a laghad san iomlán** |

**Tábla 1.1Patrún Fáis Spriocdhírithe Chathair na Gaillimhe faoi NPF**

Ina dhiaidh sin chuir an RSES anailísí breise i bhfeidhm agus áiríodh ann spriocanna scagtha daonra do limistéar MASP na Gaillimhe. I *dTreochlár Chur Chun Feidhme an NPF* (2018) tugadh tacaíocht do réamh-mheastacháin daonra idirthréimhseacha suas go dtí 2031. Bunaithe air seo is é spriocanna daonra RSES don chathair daonra de 102,900 duine a bhaint amach faoi 2026, is é sin méadú de 23,000 duine ó Dhaonáireamh 2016 do dhaonra na cathrach agus na mbruachbhailte de 79,900 duine. Níos fadtéarmaí suas go dtí 2031, is é an sprioc RSES don chathair ná fás de 12,000 duine chun daonra de 114,900 duine a shroicheadh mar a thaispeántar i dTábla 1.2

| Bliain | 2016 (CSO Daonáireamh) | 2026 (Réamh-Mheastachán) | 2031 (Réamh-Mheastachán) |
|---|---|---|---|
| **Daonra** | **79,900*** | **102,900 (+ 23,000)** | **114,900 (+12,000)** |

**Tábla 1.2 Réamh-mheastacháin Daonra Threochlár Chur Chun Feidhme do * Chathair agus Bruachbhailte na Gaillimhe sa RSES**

Rinne an Institiúid Taighde Sóisialta Eacnamaíochta (ESRI) tuilleadh mionchoigeartaithe ar na réamh-mheastacháin seo ar leibhéal Contae / Cathrach agus foilsíodh é mar *Modheolaíocht Sprioc Soláthair Tithíochta do Phleanáil Forbartha* (Treoirlínte Alt 28 DHLGH 2020). Is é seo an príomhbhonn a úsáidtear i réamh-mheastacháin daonra do thréimhse an phlean. Mar chuid de phróiseas an phlean forbartha, ní mór d’údaráis phleanála a léiriú an bealach atá a gCroí-Straitéis agus gnéithe eile den phlean i gcomhréir leis na réamh-mheastacháin daonra Treochlár NPF arna mbunú dá limistéar údaráis áitiúil agus dá réir sin, leis an gcás gaolmhar NPF 50:50. Is iad na cásanna ar leith um réamh-mheastacháin éileamh tithíochta arna sainaithint ag an ERSI an cás a ordaítear d’údaráis áitiúla a úsáid agus an daonra á mheas agus ar an gcaoi sin éileamh ar riachtanas tithíochta sa todhchaí á meas. Ach, leis an uirlis seo, áfach, léirítear an cás is coimeádaí atá bunaithe ar thréimhse foirmithe teaghlaigh íseal in 2015, ag léiriú rátaí ísle tógála agus léiríodh an éileamh faoi chois go pointe áirithe i rátaí ceannasachta atá ag aois níos airde ná i ndlínsí eile go ginearálta. Tá na réamh-mheastacháin seo don chathair íseal nuair a dhéantar comparáid eatarthu agus nuair a bhfeictear orthu i gcomhthéacs Treochlár Chur Chun Feidhme an NPF agus an RSES don MASP. D’fhéadfadh sé gur uirlis úsáideach é cur i bhfeidhm an bonn ESRI agus HNDA chun tionchar éifeacht de réir a chéile de chur chun feidhme bheartas NPF agus RSES a thomhas agus úsáidfear daonra spriocdhírithe NPF / RSES chun na ceanglais maidir le

húsáid chónaithe / mheasctha leis na ceanglais um chriosú tailte cónaithe a mheas, agus beidh diansaothrú agus úsáid tailte athghiniúna mar an phríomhshásra a úsáidfear chun an acmhainn chun tacú leis an daonra spriocdhírithe a bhaint amach.

I dTábla 1.3, léirítear cur i bhfeidhm bhonn ESRI mar a úsáidtear chun samhail a dhéanamh de *Straitéis Tithíochta Chathair na Gaillimhe agus Measúnú Riachtanas agus Éileamh Tithíochta 2023-29* chun teacht ar réamh-mheastacháin do theaghlaigh bhreise nua-fhoirmithe in aghaidh na bliana agus an t-éileamh réamh-mheasta de riachtanas tithíochta bliantúil gaolmhar sa chathair.

| Bliain | Bunlíne | 50:50 Cathair | Imirce Ard | Imirce Íseal |
|---|---|---|---|---|
| **2016* (Iarbhír)** | **78,668** | **78,668** | **78,668** | **78,668** |
| **2020** | 81,176 | 84,853 | 81,183 | 80,783 |
| **2021** | 81,750 | 86,385 | 81,812 | 80,993 |
| **2022** | 82,282 | 87,871 | 82,448 | 81,191 |
| **2023** | 82,719 | 89,242 | 83,042 | 81,405 |
| **2024** | 83,077 | 90,503 | 83,611 | 81,654 |
| **2025** | 83,337 | 91,632 | 84,141 | 81,853 |
| **2026** | 83,575 | 92,731 | 84,660 | 82,039 |
| **2027** | 83,833 | 93,841 | 85,209 | 82,257 |
| **2028** | 84,137 | 94,989 | 85,812 | 82,531 |
| **2029** | 84,480 | 96,167 | 86,462 | 82,855 |
| **2030** | 84,820 | 97,332 | 87,113 | 83,182 |
| **2031** | 85,162 | 98,486 | 87,768 | 83,514 |
| | | | | |

**Tábla 1.3 Réamh-mheastacháin Daonra do Chathair na Gaillimhe, 2020-2031** ***Foinse: Straitéis Tithíochta Chathair na Gaillimhe agus HNDA 2023-29***

I dTábla 1.3na torthaí ó 4 chás réamh-mheastacháin daonra ESRI, agus is mar seo a leanas atá siad:

*Bunlíne / Gnó mar is Gnách* - bunaithe ar réamh-mheastacháin mheántéarmacha don gheilleagar le toimhde bhunúsach go mbeadh glan-imirce isteach ag 15,000 in aghaidh na bliana faoi 2024 agus go bhfanfadh siad ag an leibhéal sin ar feadh tréimhse ionchasaí an réamh-mheastacháin.


Cathair *50:50* - bunaithe ar dhearcadh comhchosúil i dtéarmaí glan-imirce isteach ach trína mbíonn fás daonra dírithe ar na cathracha móra agus ina mbíonn sé ag teacht le cuspóirí an Chreat Náisiúnta Pleanála

*Imirce Ard* - glactar leis go bhfanann glan-imirce isteach ag leibhéal ardaithe ar feadh tréimhse ionchasaí an réamh-mheastacháin (glan-imirce isteach 30,000 in aghaidh na bliana)

*Imirce Íseal* - glactar leis go dtiteann glan-imirce isteach go 5,000 faoi 2022 agus go gcogeartaíonn sé i dtreo an cháis bhunlíne sna cúig bliana dá éis.

### 1.4.3 Réamh-mheastacháin Teaghlaigh - Cur Chuige HNDA

Ag machnamh ar na staidrimh daonáirimh is déanaí (2016) tugtar faoi deara go bhfuil 28,859 teaghlach príobháideach i gCathair na Gaillimhe, lena léirítear fás de 4.1% (1,133) ó 2011. Taifeadadh gurb é 2.58 duine meánmhéid an teaghlaigh, tá sé seo i gcomparáid le ráta náisiúnta de 2.73 duine in aghaidh an teaghlaigh. Taispeántar i bhFigiúr 1.3 mionchoigeartú breise an mhiondealaithe seo ar chomhdhéanamh mhéid teaghlaigh i gcomparáid leis an stát.




**Figiúr 1.3 Miondealú ar Chomhdhéanamh Teaghlaigh i gCathair na Gaillimhe i gcomparáid leis an ráta náisiúnta**

Rinneadh machnamh sa NPF ar mhéideanna teaghlaigh agus réamh-mheastar go laghdóidh meánmhéid an teaghlaigh go 2.5 duine faoi 2040, ag tabhairt dá haire go mbeidh an treocht seo i dtreo teaghlaigh níos lú le feiceáil níos mó i gceantair uirbeacha ná i gceantair thuaithe. Tá an t-athrú seo ar méid an teaghlaigh agus ar chomhdhéanamh teaghlach tábhachtach do go leor saincheisteanna a bhaineann le tithíocht agus beartais ghaolmhara, lena n-áirítear riachtanais daoine scothaosta, teaghlaigh ina bhfuil duine amháin iontu, roghanna tithíochta idirghlúine, agus cineálacha tithíochta chun freastal ar gach céim den saol.

Agus riachtanais tithíochta i gcoitinne á réamh-mheas, leagtar béim sa NPF ar a thábhachtaí atá sé cur chuige láidir, fianaise-bhunaithe a bheith aige maidir le réamh-mheastacháin agus maidir leis seo ullmhaíodh na treoirlínte agus na modheolaíochtaí reachtúla nua agus tá sé mar aidhm acu comhsheasmhacht éifeachtach a bhaint amach ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Le Treoirlínte Alt 28 *Modheolaíocht Sprioc Soláthair Tithíochta do Phleanáil Forbartha* DHLGH 2020, foráiltear do mhodheolaíocht chaighdeánach a cheanglaítear ar gach údarás áitiúil a úsáid, ionas go mbeidh comhsheasmhacht sa chur chuige leis an NPF agus leis na RSESanna ábhartha agus dá réir sin, leis an gcás gaolmhar NPF 50:50.

Tá réamh-mheastacháin éilimh tithíochta Chathair na Gaillimhe a bhí bunaithe ar na treoirlínte seo curtha san áireamh i dTábla 1.3. Le sonraí cúlra agus taighde arna n-ullmhú ag an ESRI cuireadh bonn eolais faoi ullmhú na dtreoirlínte. Ba é an cuspóir deiridh leis seo ná caighdeán náisiúnta a bhunú a d'fhéadfadh údaráis áitiúla a úsáid chun meastachán a dhéanamh ar an éileamh foriomlán ar thithíocht, ar chaighdeán é a éascaíonn comhsheasmhacht sa mhodheolaíocht idir pleananna agus mar sin sásra iontaofa chun bonn eolais a chur faoi fhoirmliú beartais tithíochta a threorú agus é a threorú ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon.

Mar sin ní mór d'údaráis phleanála a thaispeáint conas a bhíonn a gCroí-Straitéis agus gnéithe eile dá bplean comhsheasmhach le réamh-mheastacháin daonra Treochlár NPF arna mbunú dá gceantar údaráis áitiúil agus dá réir sin, leis an gcás réamh-mheasta um éileamh tithíochta cathrach NPF 50:50 arna sainaithint ag an ERSI. Tá an cur chuige seo i gcodarsnacht le modheolaíochtaí roimhe seo a d'úsáid pleananna údaráis áitiúil a bhain úsáid as réamh-mheastacháin daonra chun éilimh tithíochta a mheas. Is í an réasúnaíocht i gcoinne na samhla stairiúla seo a úsáid ná, cé go bhfuil réamh-mheastacháin tábhachtach, ní féidir bailíocht na

réamh-mheastachán a mheas ach le dáta socraithe amháin gach cúig bliana mar chuid de dhaonáireamh náisiúnta daonra. Leis an uirlis seo, éascaítear níos mó solúbthachta.

Agus an mhodheolaíocht á cur i bhfeidhm ó na treoirlínte agus ag baint úsáide as an Uirlis HNDA a forbraíodh le déanaí (Aibreán 2021 DHLGH) rinneadh réamhaisnéis ar an riachtanas tithíochta réamh-mheasta don chathair do thréimhse an phlean. Áirítear sa chur chuige seo teaglaim de chás réamh-mheastacháin teaghlaigh (úsáidtear an cás cóineasaithe do Chathair na Gaillimhe) agus meastachán ar riachtanas tithíochta gan chomhlíonadh in éineacht le líon reatha na dteaghlach gan dídean, agus taispeántar a dtorthaí i dTábla 4.10 de Straitéis Tithíochta Chathair na Gaillimhe / Measúnú Éileamh ar Riachtanas Tithíochta (C.C.G. Lúnasa 2021) chun miondealú ar an riachtanas tithíochta réamh-mheasta seo a mheas de réir tionachta sa doiciméad seo. Meastar go mbeidh gá le **4,245** aonad tithíochta breise ar a laghad sa chathair thar thréimhse an phlean suas go deireadh 2028.

Tá úsáid uirlis HNDA chun riachtanas tithíochta do Chathair na Gaillimhe a réamh-mheas ar aon dul le Cuspóir 36 thuasluaite den NPF chun iallach a chur ar údaráis áitiúla modheolaíocht chaighdeánaithe a chur i bhfeidhm chun riachtanas tithíochta sa todhchaí a mheas agus chun measúnú a chumasú ar éifeachtacht na mbeartas chun tithíocht a sholáthar ar leibhéal réigiúnach, cathrach agus áitiúil.

Is uirlis dhinimiciúil é an HNDA, lena chur i bhfeidhm féadfaidh an chomhairle faireachán a dhéanamh ar sheachadadh tithíochta thar thréimhse an phlean. Tá sé sách solúbtha chun go bhféadfar coigeartuithe a dhéanamh ar na hathróga socheacnamaíocha atá i réim a úsáidtear i modheolaíocht na huirlise ar féidir leo tionchar a imirt ar an miondealú réamh-mheasta ar thionacht agus é a athrú. Trí úsáid a bhaint as an uirlis is féidir le seachadadh tithíochta a bheith ag déanamh monatóireachta ar sheachadadh ag an leibhéal áitiúil agus toisc gur uirlis chaighdeánaithe é ar an leibhéal náisiúnta freisin. Mar sin is féidir leis rannchuidiú le hoiriúnú tráthúil a dhéanamh ar bheartais tithíochta agus tomhas a thabhairt freisin ar cé chomh héifeachtach agus atá beartais atá i réim maidir le daonraí spriocdhírithe an NPF a sheachadadh.

Foráiltear do chás ina bhféadtar a thaispeáint le soláthar tithíochta léiriú ar na méaduithe ar an soláthar tithíochta, rud a d’fhéadfadh a thaispeáint  tús an tionchair atá ag na beartais sa NPF.

| | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Riachtanas Iomlán Tithíochta** | **776** | **743** | **702** | **713** | **711** | **790** | **4,433** |
| ***Réamh-mheastacháin Cóineasaithe*** | *744* | *711* | *670* | *681* | *679* | *758* | 4,245 |
| ***Riachtanas atá ann cheana*** | *31* | *31* | *31* | *31* | *31* | *31* | 186 |

**Tábla 1.4 Riachtanas Tithíochta Bliantúil Iomlán, 2023-2028** Nóta: D'fhéadfaí nach shuimítear go díreach an líon iomlán mar gheall ar shlánú

### 1.4.4 Gníomhaíocht Pleanála agus Tógála

Foilsíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) sonraí maidir le cur i gcrích teaghaise ar bhonn ráithiúil mar a thaispeántar i dTábla 1.5. Tugann sé seo léargas ar sheachadadh tithíochta ó 2011 agus aithnítear ann gur seachadadh formhór na tithíochta in aonaid scéime le cúig bliana anuas. Léiríonn an tábla freisin an téarnamh mall i dtógáil tithe ó tharla an ghéarchéim eacnamaíoch agus an tionchar atá ag srianta paindéime Covid-19 ar thógáil mar a léirítear sa laghdú ar rátaí chur i gcrích do 2020.

| Cur i gCrích | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teach aonair** | 21 | 11 | 16 | 8 | 16 | 12 | 20 | 21 | 29 | 18 | 6 |
| **Teach scéime** | 18 | 1 | 4 | 12 | 13 | 69 | 99 | 106 | 158 | 156 | 98 |
| **Árasán** | 13 | 10 | 30 | 27 | 22 | 32 | 30 | 12 | 67 | 32 | 30 |
| **% Athrú** | - | -58% | 127% | -6% | 9% | 122% | 32% | -7% | 83% | -19% | - |
| **Iomlán** | 52 | 22 | 50 | 47 | 51 | 113 | 149 | 139 | 254 | 206 | 134 |

**Tábla 1.5 Príomh-Oifig Staidrimh Cur i gCrích i gCathair na Gaillimhe 2011-2021 R1** **** an chéad ráithe de 2021***

Ní thaifeadann an Phríomh-Oifig Staidrimh tithíocht shaintógtha do mhic léinn sa tacar sonraí cónaithe, ach léiríonn taifid na Comhairle Cathrach gur seachadadh 1,060 spás leapa saintógtha breise ó 2015.



**1.4.5 Seachadadh Pleanála Cónaithe**


Tá gníomhaíocht shuntasach déanta in iarratais ar aonaid chónaithe le blianta beaga anuas. Rinneadh go leor de na tograí móra isteach faoin gcóras toilithe um Fhorbairt Tithíochta Straitéiseach (SHD). Ag léiriú patrún na dtoiliú foirgníochta stairiúil i gcoitinne, is éard atá iontu seo go príomha ná forbairtí scéime cónaithe le treocht shuntasach i dtreo níos mó meascáin i gcineál tithíochta laistigh de na scéimeanna seo chun aonaid bheaga ina bhfuil árasáin agus tithíocht dhá urláir a áireamh. I dTábla 1.6 leagtar béim ar líon na gceadanna atá ar marthain amhail 1 Meán Fómhair 2021. Taispeántar freisin an deighilt idir gnáththithíocht agus tithíocht árasáin / dhá urláir. Áirítear ann na forbairtí nár cuireadh tús le haon obair mar aon leis na forbairtí ar cuireadh tús leo nár áitíodh aon aonad tithíochta sna scéimeanna go dtí seo. Faoi láthair, déantar na sonraí seo a nuashonrú, déantar monatóireacht orthu agus déantar iad a mhapáil ar thimthriall 6 mhí agus cuirfear in oiriúint iad do struchtúr tuairiscithe monatóireachta na todhchaí mar a fhoráiltear dó in Aguisín 1.

| **Forbairtí Cónaithe le toiliú** | |
|---|---|
| **Líon iomlán na nAonad Tithíochta le cead** | **1,936** |
| **Miondealú ar líon ceadaithe de réir lín agus % de Chineál Aonaid** | **Tithíocht thraidisiúnta - 502 (26%)**<br>**Aonaid Árasáin / Dhá Urláir - 1434 (74%)** |
| **Spásanna Leaba do Mhic Léinn nár tógadh** | **2,036 spás leapa** |
| **Tograí Cónaithe ag céim an Iarratais**<br>(*SHD / Cuid 8 / Cuid 10 agus iarratais faoi achomharc chuig An Bord Pleanála de réir líon na n-aonad*) | **800 aonad tithíochta** |

**Tábla 1.6 Sonraí faoi Ghníomhaíocht Phleanála (Meán Fómhair 2021)**

### 1.4.6 Sprioc Tithíochta don Chroí-Straitéis

Ní gá do phlean forbartha Chathair na Gaillimhe, murab ionann agus údaráis áitiúla eile, go háirithe iad siúd lena n-áirítear ceantair chontae, ordlathas lonnaíochta a ullmhú toisc gur limistéar lonnaíochta aonair é. Aithnítear sa Chroí-Straitéis, áfach, comhthéacs spásúil níos leithne den limistéar MASP agus an creat pleanála straitéiseach lena mbaineann ina sainaithnítear Limistéis Fáis Straitéisigh. agus deiseanna athghiniúna. Aithnítear freisin sa MASP an príomhbhonneagar, na seirbhísí agus na saoráidí a theastóidh chun tacú le fás agus athghiniúint inbhuanaithe cathrach. Tugann sé treoir maidir le conas is féidir spriocanna daonra an NPF a bhaint amach de réir phrionsabail na forbartha inbhuanaithe agus é mar aidhm aige fás dlúth a sholáthar. Is iad na spriocanna daonra atá leagtha amach sa MASP ná go bhfásfaidh limistéar MASP na Gaillimhe le **27,500** suas go dtí an bhliain 2026 agus le **14,500** breise suas go dtí an bhliain 2031. Maidir leis an gcathair agus na bruachbhailte, leis na spriocanna daonra atá leagtha amach sa MASP, féadtar freastal ar **23,000** daoine don tréimhse suas go dtí 2026 agus níos mó **12,000** daoine don tréimhse suas go dtí 2031, tá an méadú seo ar riachtanas tithíochta le seachadadh go mór laistigh den lorg tógtha atá ann cheana.




**Figiúr 1.4 Limistéar MASP mar atá sainmhínithe i bPlean Straitéiseach an Cheantair Chathrach**

Aithnítear gur spriocanna iad na réamhaisnéisí daonra seo agus b'fhéidir nach féidir iad a bhaint amach faoi na blianta tagarmharcáilte de 2026 agus 2031, beag beann ar cheart soláthar a dhéanamh chun an deis d'fhás den sórt sin ar thailte criosaithe a éascú laistigh de na pleananna leibhéal áitiúla atá ann cheana i limistéar foriomlán an MASP mar a thaispeántar i bhFigiúr 1.4. Tacóidh sé seo le cuspóirí an NPF agus an RSES chun limistéar Chathrach na Gaillimhe a sheachadadh mar limistéar fáis straitéisigh náisiúnta leis an gcumas freastal ar na leibhéil dhlúthfháis inbhuanaithe atá beartaithe sa NPF a bhaint amach faoi 2040.

Aithnítear sa MASP limistéir féideartha fáis sa straitéis lonnaíochta agus forbartha don chathair agus déantar cuimsiú le haghaidh fáis sna lonnaíochtaí contae laistigh den teorainn chathrach. I dteannta a gcéile, cuirfidh siad seo leis an mais chriticiúil a theastaíonn chun go mbainfidh Cathair

na Gaillimhe agus a purláin scála cathrach réigiúnach amach agus nuair a dhéantar iad a chomhcheangal leis na cathracha réigiúnacha eile chun feidhmiú mar rogha réalaíoch mhalartach do Bhaile Átha Cliath agus príomh-aschur straitéiseach náisiúnta NPF a bhaint amach.

| -Limistéir Fáis Plean Straitéiseach Ceantair Chathrach |
|---|
| Limistéir Fáis Straitéiseacha - Limistéar LAP na nArdán |
| Tailte Athghiniúna ag Ceathrú Stáisiún Ceannt, Ceantar LAP an Chuain Istigh agus Bhóthar Áth Cinn - Comhdhlúthú na gcomharsanachtaí atá ann cheana i gCeantar LAP Chnoc na Cathrach, Ráthúin, an Chaisleáin Ghearr agus Ros Cam - Mhuirbhigh |
| Aithnítear Ceantar MASP Chomhairle Contae na Gaillimhe - Baile Chláir, Bearna, Órán Mór agus Cnoc Mhaoil Drise chun freastal ar chuid de spriocanna fáis daonra MASP (Féach Dréachtphlean Chomhairle Contae na Gaillimhe 2022-28) |

**Tábla 1.7 MASP Limistéir Fáis Straitéisí**

### Ceantar Cathrach - Cathair na Gaillimhe

Maireann tréimhse an phlean idir 2023 agus deireadh 2028 agus mar sin is é fócas na sprice tithíochta don Chroí-Straitéis. Áiríodh sa RSES i gCuid 3.6 sprioc fáis do limistéar uirbeach na cathrach de **23,000** duine faoi 2026 agus **12,000** duine breise faoi 2031, comhionann go hiomlán le méadú de **35,000** duine faoi dheireadh 2031.

Tá na cuspóirí bainteacha ag an gcleachtadh HNDA mar a mhínítear i gCuid 1.4.3 chun monatóireacht chaighdeánaithe náisiúnta agus réigiúnach ar phatrúin lonnaíochta a cheadú agus treochtaí stairiúla a léiriú freisin. I gcodarsnacht leis sin tá na spriocanna fáis sa NPF agus sa RSES níos uaillmhianaí agus á spreagadh ag an straitéis chun na cathracha réigiúnacha agus a dtimpeallacht a fhás chun leibhéal criticiúil de scálaí lonnaíochta a bhaint amach a dhéanfaidh na patrúin fáis reatha a cheartú, réigiúin níos láidre a thógáil agus a bheidh ar aon dul leis na cuspóirí beartais náisiúnta, go sonrach NPO 2 (a) sa NPF.

Maidir leis seo, meastar gur cheart go gcinnteodh an cur chuige lonnaíochta sa Chroí-Straitéis go mbeidh i ndóthain tailte le cuspóirí criosaithe oiriúnacha a fhéadfaidh freastal ar thithíocht don daonra fáis spriocdhírithe do Chathair na Gaillimhe faoin MASP ar méadú é de **35,000** daoine ó na leibhéil daonra taifeadta in 2016. Tacaíonn an cur chuige seo leis an gcur chuige idirghabhála beartais mar atá san áireamh sa NPF agus sa MASP araon.  Tá an ceanglas breise aige faoi chuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha gur chóir go mbeadh an leath ar a laghad (50%) de na tithe nua seo go léir atá dírithe ar na cathracha réigiúnacha, lena n-áirítear Cathair na Gaillimhe, laistigh den lorg tógtha atá ann cheana féin.

Tá an ceanglas seo um thithíocht a mheas do chás ardfháis RSES leagtha amach i dTábla 1.8. I bhfianaise mheánmhéid reatha an teaghlaigh atá ann faoi láthair ag 2.58 duine sa chathair agus tagairt an NPF do mhéid teaghlaigh náisiúnta ionchasach de 2.5 duine in aghaidh an teaghlaigh faoi 2040 cuireadh an scála deireanach de mhéid an teaghlaigh i bhfeidhm ar an daonra spriocdhírithe sa todhchaí agus úsáideadh é chun acmhainn cónaithe úsáid talún a chinneadh chomh maith le sprioc-sheachadadh aonaid tithíochta.

| | 2016 | 2028 Sprioc Ardfháis RSES |
|---|---|---|
| **Daonra** | 78,668 | 106,664 |
| **Méadú ar an Daonra** | ----------------------- | 27,996 (Sprioc Daonra Bhliantúlaithe ) |

| | | |
|---|---|---|
| **Stoc Iomlán Tithíochta** | 28,859 | 41,500 (coigeartaithe le haghaidh folúntas & dífheidhmeachta) |
| **Sprioc Tithíochta 2016–2028** | --------------------- | 12,641 |
| **Gan Cur i gCrích Tithíochta na Príomh-Oifige Staidrimh 2016-2021 a áireamh *** | 1,397 | **11,244** |

**Tábla 1.8 - Sprioc Tithíochta don Chroí-Straitéis ag baint úsáide as cás ardfháis * Curtha le chéile amhail deireadh 2021**

## 1.5 Iniúchadh Acmhainne Lonnaíochta

### 1.5.1. Ginearálta

Rinneadh Iniúchadh ar Acmhainn Lonnaíochta d'fhonn bonn eolais a chur faoi ullmhú na Croí-Straitéise agus chun na saincheanglais a chomhlíonadh maidir le hAlt 10 2(A)(c) den Acht um Pleanáil & Forbairt 2000 (arna leasú) maidir le limistéir atá criosaithe le haghaidh úsáide cónaithe agus meascán d'úsáidí cónaithe agus eile. Ba iad cuspóirí an iniúchta a ullmhú ná anailís a dhéanamh ar chumas reatha na cathrach d'fhorbairt chónaithe agus an bunús a sholáthar ar a leithdháilfear na spriocanna tithíochta sa todhchaí mar a shainaithnítear iad i dTábla 1.8.

Áiríodh leis seo athbhreithniú cuimsitheach ar na tailte criosaithe cónaithe go léir atá cheana agus na tailte criosaithe le haghaidh meascáin d'úsáidí cónaithe agus úsáidí eile. Bhí sé treoraithe ag an raon prionsabal a léirigh beartas náisiúnta agus réigiúnach. Ina measc seo bhí an clár oibre ar fhás dlúth agus inbhuanaithe a chinntiú. Díríodh go háirithe san athbhreithniú ar thailte "athfhorbraíochta" a forbraíodh roimhe seo a athúsáid, láithreáin inlíonta a thógáil agus láithreáin agus foirgnimh atá ann cheana a athfhorbairt. Scrúdaíodh iad seo i gcomhthéacs an tsoláthair iompair phoiblí atá ann cheana agus atá beartaithe, suíomh na seirbhísí, agus na saoráidí fostaíochta agus pobail. Tá na láithreáin seo rangaithe anois sa Chroí-Straitéis mar Láithreáin Athghiniúna agus Deiseanna. Ina theannta sin rinneadh athbhreithniú ar thailte cónaithe neamhfhorbartha atá ann cheana agus tailte criosaithe cónaithe freisin ina bhféadfadh seachadadh bonneagair dlúis níos airde a cheadú. Léiríonn an cur chuige seo freisin an gá atá le tacú le lorg carbóin laghdaithe. Léirigh sé freisin na buntáistí inar féidir le meándlúis agus dlúis níos airde tacú le seirbhísí agus saoráidí pobail áitiúla feabhsaithe agus naisc iompair inbhuanaithe le haghaidh turais laethúla agus a bhfuil an cumas acu go ginearálta beogacht áite a bhunathrú agus cur le feabhsúcháin ar roghanna stíl mhaireachtála.

Chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcuspóir criosaithe i ndáil le criosanna a thacaíonn le forbairt chónaithe, tugadh aird freisin ar an gcumas táirgeachta tithíochta a réamh-mheastar sa Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024. Bhí ullmhúchán an phlean seo á spreagadh ag an ngá le creat a thabhairt do leathnú uirbeach na cathrach ar thailte atá ainmnithe le haghaidh lonnaíochta agus forbartha araon ar an taobh thoir den chathair. Meastar go ndéanfar forbairt ag na hArdáin a sheachadadh in dhá chéim ó dheas agus ó thuaidh i gcás ina gcinnfidh an M6/N6 an teorainn roinnte agus go ndéantar seachadadh a cheangal leis an gclár seirbhíse um bonneagar.

Tá ainmniúchán náisiúnta ag na hArdáin mar Mhór-Láithreán Seachadta Tithíochta Uirbigh (MUHDS), ainmniúchán a fheiceann an Roinn mar cheann de roinnt láithreán straitéiseach a d'fhéadfadh tithíocht scála a sholáthar sa mheántéarma. Tá acmhainneacht shuntasach ag na

tailte seo freastal ar riachtanas tithíochta mar atá dírithe sa RSES agus tá an cumas acu freisin aidhmeanna Chrios Forbartha Uirbí a chomhlíonadh mar a fhoráiltear dó i dTithíocht do Chách (2021) DHLGH. Meastar gur iomchuí seachadadh Chéim a hAon, an chuid ó dheas, a áireamh i ríomh na hacmhainne toraidh d'airgeadra Phlean na Cathrach 2023-29.

### 1.5.2 Iniúchadh Acmhainne Lonnaíochta

San Iniúchadh Acmhainne Lonnaíochta déantar na tailte criosaithe cónaithe neamhfhorbartha a ríomh ag 143ha. Tá na tailte seo go léir suite laistigh de lorg tógtha na cathrach atá ann cheana agus léiríonn siad comhdhlúthú de limistéir chónaithe atá ann cheana den chuid is mó. Molann an Plean athrú an-bheag ó Phlean Forbartha Cathrach 2017-23 sa mhéid talún nua atá criosaithe chun críocha cónaithe ard-dlúis arb ionann é agus 22ha breise atá san áireamh sa 143ha. Ag teacht leis an NPF agus RSES agus an gá le forbairt dhlúth a sheachadadh agus le láithreán athfhorbraíochta a athúsáid, rinneadh iad seo a shainaithint agus a mheasúnú go sonrach maidir lena gcumas ionchasach um thithíocht a sheachadadh. Léirítear é seo sa toradh ionchasach measta a fhéadtar a sholáthar ar na Príomh-Láithreán Athghiniúna agus Deise seo ar féidir leo tacú le meascán úsáidí lena n-áirítear scála suntasach tithíochta.

Maidir leis na tailte criosaithe cónaithe neamhfhorbartha, bunaíodh an toradh ag baint úsáide as na treoirlínte beartais dá bhforáiltear i *bhForbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2009)* i dteannta le hiniúchadh ar dhlúis cead pleanála le déanaí a baineadh amach ar láithreáin comhchosúla. I gcás go raibh critéir a bhaineann go sonrach le láithreán ábhartha agus ar láithreáin iad a raibh tionchar acu ar oiriúnacht tithíochta, cuireadh é seo san áireamh sa mheastachán chun leibhéal stóinseachta a chinntiú.

Rinneadh athbhreithniú ina n-aonar ar na Láithreáin Athghiniúna agus Deise a bhfuil díobh acu. Ina measc tá tailte atá oiriúnach do mheascán úsáidí le hacmhainn seachadta cónaithe. Áiríodh le sainaithint na suíomhanna seo suíomhanna athghiniúna leagáide ó Phlean Forbartha Cathrach na Gaillimhe 2017-23 agus roinnt láithreán breise. De ghnáth bíonn buntáistí spásúla ag go leor de na láithreáin seo cosúil le gar do chroílár na cathrach, suíomh feadh bealach bus ardmhinicíochta atá ann cheana / pleanáilte, dea-chóngaracht agus rochtain ar fhostaíocht, ar sheirbhísí agus ar thaitneamhachtaí. Cuireadh aitheantas dá n-oiriúnacht choibhneasta le haghaidh forbartha le meascán d'úsáid chónaithe san áireamh sna toimhdí a cuireadh i bhfeidhm ar leibhéal a bhaineann go sonrach le láithreán d'fhonn meastachán ar an toradh a sholáthar. Nuair a bhain láithreáin leas as ceadanna le haghaidh úsáidí cónaithe / páirt-chónaithe úsáideadh iad seo i ríomh toraidh. Go ginearálta, murach sin thángthas ar thoimhde maidir le toradh cónaithe agus dlús inar cuimsíodh cur i bhfeidhm dlúis le déanaí a baineadh amach ar láithreáin inchomparáide, tréithe a bhaineann go sonrach le láithreán, agus cur i bhfeidhm an *Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2009).* Tugtar breac-chuntas i gCaibidil 10 ar mhionsonraí níos sainiúla maidir le gach ceann de na láithreáin seo agus an treo beartais maidir le húsáidí lena n-áirítear tithíocht.

Sula ndearnadh an Croí-Straitéis a cheapadh ullmhaíodh iniúchadh bonneagair i gcomhar le páirtithe leasmhara maidir le hinfhaighteacht bonneagair fhisiciúil. Rinneadh measúnú ar an gcumas chun tailte a sheirbhísiú. Dhírigh sé seo ar shaoráidí ar nós soláthar uisce, draenáil séarachais bhréan, uisce dromchla, bonneagar iompair phoiblí, sráideanna bóithre agus cosáin. Ullmhaíodh é seo chun an acmhainn chun forbairt nua a sheirbhísiú a mheas agus chun bheith ar aon dul leis an gcur chuige modheolaíochta srathach sa NPF maidir leis an gcur chuige um aicmiú talún criosaithe.

Go bunúsach is tailte seirbhísithe iad Sraith 1 sa lorg tógtha agus is tailte iad Sraith 2 atá laistigh den lorg tógtha nó tadhlach le chéile. Baineann catagóir bhreise le tailte a fhéadtar an cur síos de thailte Forbartha Straitéisí a thabhairt orthu - d'fhéadfadh go n-áireofaí leo seo tailte a d'fhéadfadh a fhorbairt thar thréimhse ama níos mó ná an timthriall sé bliana aonair den phlean. Maidir leis seo, cháileodh na tailte atá ar áireamh i gCéim 2 (Thuaidh) de LAP na nÁrdán mar an cúltaca straitéiseach seo. Níl sé beartaithe go dtacóidh bonneagar leis na tailte seo roimh 2029, ach tá sé tábhachtach go n-áireofaí iad chun soláthar a dhéanamh do chuid lonnaíochta straitéiseach de sheachadadh daonra NPF / RSES 2040 agus do threoir infheistíochta bonneagair níos fadtéarmaí. Ní áirítear an toradh ionchasach daonra ó Chéim 2 LAP na nÁrdán, áfach, i gcumas lonnaíochta na Croí-Straitéise do phlean reatha 2023-29. I dTábla 1.9, tugtar pictiúr ilchodach de thailte atá criosaithe atá in ann freastal ar thithíocht agus áirítear acmhainn toraidh agus aicmiú seirbhísithe srathach ann. Tacaíonn Figiúr 1.5 leis seo a thaispeánann dáileadh tailte a bhfuil sé d'acmhainn acu na spriocanna tithíochta atá sa RSES / MASP a bhaint amach.

| | Tailte | Toradh Forbartha Féideartha | Sraith Chriosaithe |
|---|---|---|---|
| 1 | Criosú Cónaithe (Comhdhlúthú na gcomharsanachtaí atá ann cheana) | 5,720 | Sraith 1 |
| 2 | Láithreáin Athghiniúna agus Deise | 3,411 | Sraith 1 |
| 3 | Céim 1 na nArdán | 1,980 | Sraith 2 |
| 4 | Céim 2 na nArdán | 2,660 **(eisiata ó ríomhanna na Croí-Straitéise)** | Tailte Forbartha Straitéisí ina meastar go dtarlóidh seirbhísiú bonneagair tar éis 2028. |
| | Iomlán Croí-Straitéise do 2023-29 | 11,111 (iomlán 1,2 agus 3) | |

**Tábla 1.9 Tábla Croí-Straitéise 2023-29**

### 1.5.3 Ráiteas Croí-Straitéise

Forbraíodh an Croí-Straitéis de réir na físe do Chathair na Gaillimhe mar atá aitheanta sna Spriocanna Straitéiseacha. Leis an mbéim seo samhlaítear an chathair rath a fhorbairt, a neartú agus a chothú go hinbhuanaithe, agus de bheith ina cathair ar scála agus leanúint de bheith spreagthóir an fháis réigiúnaigh.

Cuimsítear san fhís seo straitéis lonnaíochta a thacaíonn leis an gcathair aistriú go cathair ísealcharbóin, a bheidh seasmhach ó thaobh na haeráide de. Féadtar é seo a bhaint amach trí chur chuige dlúthfháis a chur chun feidhme, comhtháthú méadaithe idir úsáid talún agus iompar, soghluaisteacht inbhuanaithe méadaithe agus úsáid inbhuanaithe agus bainistíocht acmhainní comhshaoil.

Tá béim ann sa straitéis chun forbairt a éascú laistigh de chreat straitéiseach Straitéis Iompair na Gaillimhe agus chun fás fostaíochta agus tithíochta a ailíniú le conairí iompair atá ann cheana agus atá beartaithe. Méadóidh sé seo taisteal gníomhach, is é sin siúlóid agus rothaíocht agus úsáid iompair phoiblí.

Chun an cur chuige maidir le fás dlúth a bhaint amach, féachann an straitéis le méid suntasach forbartha a dhíriú, is é sin, ar a laghad leath de na tithe nua go léir laistigh de lorg tógtha na cathrach agus ar an gcaoi sin teacht le prionsabail inbhuanaithe agus cuspóirí NPF / RSES. Ligfidh sé seo d'úsáid éifeachtúil a bhaint as seirbhísí, iompar poiblí agus saoráidí atá ann cheana agus i roinnt limistéar a d'fhéadfadh athrú bunathraithe a dhéanamh orthu a thabharfaidh líon breise

daoine, saol nua agus a éascóidh turais níos giorra agus níos inbhuanaithe chuig fostaíocht, agus deiseanna áineasa. Leis an treoir beartais atá san áireamh sa phlean ar dhlúis agus mheascán tithíochta, airde an fhoirgnimh, dearadh agus leagan amach, cuireann siad go léir le húsáid eacnamaíoch talún a bhaint amach agus fás dlúth a sheachadadh. Tá na beartais seo tagtha chun cinn i dteannta le torthaí an Staidéar ar Airde agus Dlús Foirgníochta a ullmhaíodh mar dhoiciméad tacaíochta don phlean agus de réir Threoirlínte Aireachta Alt 28.

Faigheann an cur chuige i leith fás dlúth tacaíocht bhreise trí fhócas méadaitheach ar chomhfhorbairt áite, bearta ar ríocht phoiblí agus feabhsú áiseanna taitneamhachta agus áineasa. Beidh seachadadh na mbeart cáilíochtúil seo faoi threoir Straitéis Ríochta Poiblí Chathair na Gaillimhe agus an Staidéar ar Riachtanais Áineasa agus a chomharba agus a Chaighdeáin Ghinearálta um Dhearadh Uirbeach. Is cinnte nach soláthróidh fás dlúth ann féin comharsanachtaí inbhuanaithe agus is í an fhís don chathair ná go ndéantar seachadadh tithíochta a chothromú le bonneagar pobail a sholáthar a chuimsíonn raon saoráidí criticiúla lena n-áirítear dea-spás oscailte, saoráidí áineasa, dea-roghanna iompair agus bonneagar sóisialta agus pobail iomchuí.

Ar mhaithe le fás dlúth a sheachadadh, cuireadh srian ar chriosú tailte breise le haghaidh úsáide cónaithe, fásfaidh na ceantair chónaithe atá ann cheana sa chathair ach trí chomhdhlúthú agus trí dhlúthú measartha. I measc na gceantar seo tá na bruachbhailte níos nuaí de Chnoc na Cathrach, Ráthúin, an Chaisleáin Ghearr agus Dabhach Uisce, áit a bhfuil deiseanna ann le haghaidh fás fostaíochta, seirbhísí agus saoráidí áitiúla breise agus le haghaigh iompair phoiblí agus bearta móid gníomhacha feabhsaithe.

Aithnítear sa Chroí-Straitéis, de réir threoir an NPF agus RSES, an poitéinseal suntasach atá ag roinnt láithreán athfhorbraíochta sa chathair cur le seachadadh tithíochta. Tá acmhainneacht mhór ann go háirithe ag Ceathrú Ceannt, an Chuain Laistigh, limistéar Bhóthar na Díge / Bhóthar Áth Cinn agus ag Bóthar an Ghainimh. Féadann forbairt tithíochta ag na láithreáin seo i gcomhar le meascán úsáidí eile an comhshaol a fheabhsú agus iad seo a athbheochan agus a athrú go suíomhanna beo beoga. Aithnítear i gCaibidil 10 na láithreáin seo mar Láithreáin Athghiniúna agus Deise agus déantar mionléiriú ar na cuspóirí do na láithreáin seo a threoraíonn conas is féidir leo cur le fás na cathrach agus ag an am céanna cur le carachtar, timpeallacht íogair, oidhreacht chultúrtha agus foirm thógtha na cathrach freisin.

Bhí gá le treoir spásúil mhionsonraithe i bhfoirm Plean Ceantair Áitiúil do phríomh-leathnú uirbeach na cathrach ag na hArdáin, atá mar phríomhfhócas sa straitéis lonnaíochta, agus glacadh an plean seo in 2018. D'fhéadfadh an ceantar seo a bheith ina lonnaíocht mhór chónaithe agus fostaíochta sa chathair. Soláthraíonn sé nasc leanúnach ón gcathair agus tá sé comhtháite leis an straitéis iompair agus féadfaidh sé leas a bhaint as infheistíocht phleanáilte i naisc bhus, líonraí cora iompair gníomhacha agus infheistíocht iarnróid comaitéireachta ag an nGarrán. Cuirfidh sé deiseanna ar fáil d'fhorbairt chónaithe ard-dlúis atá struchtúrtha agus beidh sé comhordaithe le seirbhísí pobail riachtanacha eile. Tá sé i dea-shuíomh maidir le deiseanna maithe fostaíochta a fhorbairt a bhfuil dlúthnaisc fhisiciúla acu leis na páirceanna teicneolaíochta atá ann cheana ag Mervue, Baile an Bhriotaigh/ an Pháirc Mhór agus suíomhanna straitéiseacha IDA ag Órán Mór agus Baile Átha an Rí. Tá sé i suíomh maith freisin chun nasc a dhéanamh leis an institiúid ardleibhéil ag GMIT atá in aice láimhe agus leas a bhaint as na hinstitiúidí sláinte suntasacha ag Ospidéal Pháirc Mhuirlinne agus ag Clinic na Gaillimhe.

Mar aon dul leis an líon íseal de thógáil tithíochta agus easnamh infheistíochta i mbonneagar le blianta beaga anuas níor tógadh aon tithíocht ag na hArdáin go dtí seo. Beidh an seachadadh sa todhchaí nasctha go láidir leis an spreagadh a theastaíonn ó infheistíocht bhonneagair bhreise.

D’ainneoin seo, tá dul chun cinn á dhéanamh ar straitéis cur chun feidhme chun dul i ngleic leis na srianta seo. Áiríodh leis seo an t-ullmhúchán de Mheasúnacht Iompair Ceantarbhunaithe (ABTA) do thailte LAP a bhí mar thacaíocht le hiarratais ar leithdháiltí rathúla faoin dá bhabhta den Chistiú Forbartha Athghiniúna Uirbí (URDF). Comhdhéanta sa chistiú seo, tá uasghrádú atá le teacht ar an bpríomhrochtain ar an gcuid theas a chuirfidh tosaíocht do bhus ar fáil, chomh maith le huasghrádú ar áiseanna do choisithe agus do rothaithe agus chun an áit agus bealach rochtana breise a dhearadh isteach i dtailte LAP. Rinneadh obair dhearaidh le hUisce Éireann faoi na Síntí Líonra Uisce Éireann agus tá obair bhreise beartaithe atá coimisiúnaithe ag an gComhairle.

Beidh úsáidí measctha lena n-áirítear gné de thithíocht agus seachadadh suntasach taitneamhachta le fáil sna tailte ag Muirbheach, cé go bhfuil siad ainmnithe go príomha chun críocha áineasa agus taitneamhachta. Freastalóidh sé seo in am ar an institiúid tríú leibhéal in aice láimhe ag GMIT agus ar an daonra atá ann cheana agus atá beartaithe in oirthear na cathrach. Meastar go dtabharfar LAP ar aghaidh le linn tréimhse an phlean seo agus go bhféadfar saoráidí agus bonneagar áineasa a sheachadadh ach ní dócha go seachadfar tithíocht i dtréimhse an phlean seo.

Sa Chroí-Straitéis, mar a léirítear i dTábla 1.9, cinntíodh go bhfuil i ndóthain tailte ar fáil chun freastal ar an bhfás spriocdhírithe RSES / NPF agus an gá atá leis an éileamh gaolmhar ar thithíocht sa Chathair a sheachadadh lena n-áirítear an leithdháileadh do limistéar MASP na cathrach. Is éard atá sna tailte atá ar fáil ná meascán de chomhdhlúthú tailte cónaithe atá ann cheana a bhfuil sé de chumas acu 5,480 teach agus na Láithreáin Athghiniúna agus Deiseanna a sheachadadh mar a thaispeántar i bhFigiúr 1.5. Léiríonn athbhreithniú ar na Láithreáin Athghiniúna agus Deise toradh féideartha de 3,411 teach. D’fhonn é seo a fhorlíonadh agus chun ullmhacht sa chathair a chinntiú chun na huaillmhianta d’fhás suntasach a ndírítear orthu sa RSES / MASP do Ghaillimh mar chathair réigiúnach a bhaint amach tá gá le toradh cumais de 1,980 don tréimhse suas go deireadh 2028 de Chéim 1 na nArdán. Maidir le Céim 2 na nArdán, meastar go mbeidh gá le bonneagar nach bhfuil tiomanta dó go dtí seo agus a fhéadtar a aicmiú mar Sholáthar Breise agus tacú le baint amach leanúnach de spriocanna daonra RSES níos fadtéarmaí do 2040.

Mar a dúradh cheana, aithnítear gur féidir leis an toradh ionchasach níos mó tithíochta a sholáthar ná mar a chuimsítear sna réamh-mheastacháin ESRI agus HNDA le seachadadh don tréimhse suas go dtí deireadh 2028. Ach, léiríonn an ríomh deireanach seo ráta fáis an-choimeádach, áfach nuair a bhreathnaítear air i gcomhthéacs spriocanna daonra NPF / RSES suas go dtí 2031. Is gá tosca eile a mheas freisin agus athbhreithniú á dhéanamh ar straitéis lonnaíochta na cathrach. Léiríonn an togra reatha méadú íosta de 21.8ha ar thailte atá criosaithe go sonrach le haghaidh tithíochta ón méid atá ann cheana i bPlean Forbartha na Cathrach 2017-23 agus i LAP na nÁrdán. Meastar go seachadfar méid suntasach den toradh breise ar na Láithreáin Athghiniúna agus Deise, ar láithreáin athfhorbraíochta iad uile atá suite gar do lár na cathrach agus a fhéadfaidh meascán úsáidí a choimeád i gcoitinne a bhfuil an féidearthacht d’fhás dlúth ard-dlúis acu. D’ainneoin go bhfuil siad seo á dtabhairt ar aghaidh sa phlean reatha ní dócha go ndéanfar iad uile a sheachadadh le linn thréimhse an phlean. Is dóigh go dtarlóidh forbairt ar luas a bheidh mar aon dul leis an infheistíocht bhreise atá beartaithe in iompar poiblí, sa ríocht phoiblí, i seirbhísí agus mar aon dul le móiminteam na hinfheistíochta agus le dtionscal na tógála chun dul ar aghaidh i dtreo formáidí nua seachadta forbartha. I bhfianaise é seo, meastar go bhfuil an cur chuige i leith na straitéise lonnaíochta don chathair oiriúnach ó thaobh treoir beartais náisiúnta agus réigiúnaigh, agus ó thaobh úsáide talún atá treoraithe ag plean agus leis an gcur chuige tugtar soiléireacht don phobal i gcoitinne agus don phobal infheistíochta freisin.

## 1.6 Forbairt Fostaíochta

Tugtar le fios sa Nóta Treorach maidir le Croí-Straitéisí (2010) gur cheart go mbeadh leibhéal iomchuí anailíse i gceist leis an gCroí-Straitéis a chinnteoidh go n-aithneofar i ndóthain tailte chun críocha fostaíochta in áiteanna oiriúnacha agus na beartais phleanála náisiúnta á gcur san áireamh i gceart. Ní chuireann an doiciméad treorach modh ar fáil chun méid tailte criosaithe a chinneadh chun críocha fostaíochta sa Dréachtphlean. I bhfianaise nádúr athraitheach na hoibre, na dteicneolaíochtaí nua agus dobharcheantar mór fostaíochta na cathrach, ní réamh-mheastachán riachtanas de réir achair talún é a d'fhéadfaí a chur i bhfoirm modheolaíochta beaichte eolaíche. Ar bhonn réigiúnach díríonn cás 2040 an NPF ar fhás 115,000 duine breise i bhfostaíocht i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair. Meastar go dtacóidh Gaillimh mar phríomhbhunáit fostaíochta réigiúnach, atá suite go lárnach feadh Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh le go leor de na poist seo sa todhchaí, ag soláthar fostaíochta don daonra spriocdhírithe do MASP na Gaillimhe agus dobharcheantar suntasach fostaíochta na cathrach. Aithnítear sa RSES ina Uaillmhian Fáis 1 - Geilleagar agus Fostaíocht 'Dobharcheantar na Gaillimhe' agus fócas leanúnach na hinfheistíochta poist ardluacha a thrádáiltear go hidirnáisiúnta agus go náisiúnta i gceantair uirbeacha den sórt sin. Ina theannta sin, de bharr go bhfuil geilleagar éagsúil i nGaillimh tugtar tacaíocht d'fhostaíocht sna seirbhísí oideachais, turasóireachta, tráchtála agus cúram sláinte. Aithníonn sa RSES freisin na geilleagair i mbun forbartha atá ag teacht chun cinn atá i láthair sa chathair agus sa réigiún, agus ina measc tá na geilleagair mhuirí, chultúrtha agus ealaíona, gastranamaíochta agus fuinnimh inbhuanaithe. Is éard atá i gceist leis an straitéis MASP don chathair ná leanúint de thacaíocht a thabhairt don fhás fostaíochta ag na tailte fiontar atá suite go straitéiseach laistigh den chathair agus sa cheantar máguaird agus díriú ar an bhféidearthacht d'fhostaíocht ar na Príomhshuímh Athghiniúna agus Deise sa chathair.

Léirítear an cur chuige seo i gCaibidil 6 agus i gCaibidil 10 agus sa léarscáil criosaithe úsáide talún ina leagtar amach na príomhbheartais agus na príomhchuspóirí a thacaíonn le timpeallacht a spreagfaidh cruthú post. Meastar nuair a dhéantar athbhreithniú ar chandam na dtailte criosaithe, gur leor scála, nádúr, dáileadh agus acmhainn na dtailte a shainaithnítear mar thacú le fostaíocht sa chathair agus i limistéar MASP de phlean an chontae chun freastal ar an raon cineálacha fostaíochta agus ag suíomhanna atá comhtháite leis an straitéis um iompar inbhuanaithe agus a chomhordaítear leis an straitéis lonnaíochta freisin.

Go ginearálta tá an Croí-Straitéis comhdhéanta de dheiseanna nua fostaíochta ag na tailte gnó agus teicneolaíochta atá ann cheana i mBaile an Bhriotaigh, Mervue, an Daingean agus Cnoc na Cathrach. Tá an fhéidearthacht do chruthú post ag na hArdáin mar chuid d'fhorbairt fhadtéarmach na cathrach. Feictear freisin go bhfuil acmhainneacht shuntasach ag tailte an IDA i dtimpeallacht na cathrach ag an bPáirc Mhór agus Órán Mór chun freastal ar infheistíocht mhór sa todhchaí, go háirithe FDI, infheistíocht sa mhórcheantar MASP.

Tá na suíomhanna móra athghiniúna atá suite i lár na cathrach ag Ceathrú Stáisiún Ceannt, Bóthar Áth Cinn, an Cuan Laistigh agus Oileán Altanach ar scála agus nádúr a fhéadann an t-éileamh ar úsáidí tráchtála breise agus teicneolaíocht oifige de chineál idirnáisiúnta agus dúchasach a shásamh. Féadann na suíomhanna seo láithreacha tarraingteacha ardchaighdeáin, lár na cathrach a sholáthar in aice le naisc iompair inbhuanaithe agus a n-acmhainneacht le haghaidh forbartha cónaithe ard-dlúis a sholáthar. Cuireann siad réiteach seicheamhach ar fáil ar leathnú lár na cathrach, gar do mhol mór iompair, ag athneartú príomhról lár na cathrach i gCathair na Gaillimhe agus sa limistéar MASP. Le forbairtí ag céimeanna tógála agus pleanála, dearbhaíodh spéis sna suíomhanna seo cheana féin maidir le fostaíocht agus maireachtáil chathrach. Ní amháin go bhfreagraíonn leathnú na cathrach sa treo seo don éileamh ar spás urláir


fiontar amach anseo is féidir léi freisin, le dea-dearadh feabhas a chur ar íomhá na cathrach, ar fheidhm na turasóireachta agus ligean do leathnú ar scála atá ar cóimhéid le hainmniú na Gaillimhe mar réigiún cathrach NPF.

Chomh maith leis na suíomhanna móra athghiniúna tugann an scála suntasach tailte Tionscail ag Mervue, atá suite gar do lár na cathrach, deiseanna maithe le haghaidh leathnú trí dhiansaothrú agus atheagrú. Ag cur leis seo tá an ghaireacht de shuíomh deise ag Cearnóg na Corónach, forbairt campas oifige ar scála mór in aice leis atá á tógáil a roinneann suíomh le scéim tithíochta ard-dlúis ar scála mór a bhfuil cead tugtha dó. Meastar go bhfuil fiontair déantúsaíochta níos lú eile atá lonnaithe ag Eastát Tionscail an Leasa Bháin agus limistéar fiontair Bhóthar Thuama an-tábhachtach go háirithe don gheilleagar dúchasach, do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí beaga agus d'fhiontair trádstórais.

Tá gné shuntasach fostaíochta sa chathair comhchruinnithe ar láithreáin ospidéil agus ar champais oideachais, go háirithe na hinstitiúidí tríú leibhéal agus i seirbhísí rialtais eile. Tá an cumas ag formhór na n-institiúidí móra seo iad a shíneadh ar thailte campais neamhfhorbartha, trí dhianshaothrú agus athfhorbairt ar a láithreáin campais agus/nó ar a bhfoirgnimh reatha.

Is é limistéar lár na cathrach príomhfhócas na gníomhaíochta tráchtála. Le cóngaracht na bpríomhláithreán athghiniúna ag Ceathrú Cheannt, an Cuan Laistigh agus limistéar Bhóthar na Díge / Bhóthar Áth Cinn cuirtear deiseanna ar fáil do leathnú seicheamhach. Toisc go bhfuil lár na cathrach spriocdhírithe freisin do sheirbhísí iompair phoiblí feabhsaithe agus don bhonneagar gaolmhar, do bhearta um chora taistil ghníomhaigh agus do thionscadail bhunathraithe ar an ríocht phoiblí, bainfidh na láithreáin seo leas as an infheistíocht seo a chuireann le tarraingteacht agus le hinacmhainneacht an láithreáin seo.

In ainneoin an ghá atá le talamh agus bonneagar chun cruthú post a éascú, beidh tionchar freisin ag gnéithe um chaighdeán na beatha ar mhealladh scileanna, ar choinneáil scileanna agus ar iomaíochas an tsuímh. Beidh cur chun feidhme na mbeart GTS, tionscadail um Straitéis na Ríochta Poiblí, beartais maidir le comhfhorbairt áite, cosaint na hoidhreachta tógtha agus nádúrtha agus soláthar agus seachadadh oideachais, seirbhísí pobail agus taitneamhachtaí tacaíochta ríthábhachtach freisin chun an fás fostaíochta straitéiseach a bhfuiltear ag súil leis sa RSES a chumasú do limistéar MASP na Cathrach.



**Figiúr 1.5 Lorg tógtha, Criosú Cónaithe (tailte neamhfhorbartha laistigh de theorainneacha dearga) agus Láithreáin Athghiniúna agus Deise**

## 1.7 Straitéis Mhiondíola

Cuireann miondíol go mór le saol tráchtála na cathrach agus is cuid riachtanach den gheilleagar í agus féadann sé tacaíocht a thabhairt chun patrúin lonnaíochta inbhuanaithe a sheachadadh. Tá ceanglas ann go mbeadh faisnéis sa Chroí-Straitéis a thaispeánfadh gur thug an tÚdarás Pleanála aird ar Alt 28 de Threoirlínte Pleanála Miondíola (2012) agus é ag leagan amach cuspóirí maidir le forbairt mhiondíola. Sa chur chuige seo leagtar béim ar an ngá atá le beartais réamhghníomhacha a bheith ann a fhéadann an spás urláir miondíola atá ann cheana féin a chosaint, go háirithe príomhlimistéir mhiondíola a thugann beogacht don áit agus don phobal agus freisin chun treoir chuí a thabhairt maidir le leathnú de spás urláir.

Sna treoirlínte, moltar comhstraitéis mhiondíola a ullmhú do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe. I gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe tá an straitéis reatha tar éis leanúint leis an ordlathas miondíola comhaontaithe go ginearálta, ar aon dul leis na straitéisí lonnaíochta don dá Dhréachtphlean agus ag teacht leis na sineirgí sna straitéisí iompair faoi seach. Cuirfear leis seo le hanailís níos déine in 2022/23 nuair a fhilleann an earnáil mhiondíola ar ghnáthchoinníollacha margaidh nuair a bheidh deireadh curtha le gach srian de bharr an phaindéim Covid-19 agus nuair a bheidh deireadh curtha le tacaíochtaí an rialtais. Tabharfaidh sé seo tuiscint níos láidre ar an tionchar a bheidh ag an gcur isteach san earnáil mhiondíola, arna spreagadh ag domhandú, ag nuálaíocht teicneolaíochta agus ag meon tomhaltóra atá ag athrú, ar chuir an Covid-19 dlús leis agus a raibh tionchar ag an mBreatimeacht air agus ag na dúshláin leanúnacha atá sa slabhra soláthair, chomh maith.

Idir an dá linn dearbhaítear sa straitéis gurb é lár chathair na Gaillimhe an príomhionad miondíola i gContae na Gaillimhe. Chuige seo is é cuspóir na straitéise ná leibhéal an tsoláthair mhiondíola sa chroílimistéar miondíola a chur chun cinn agus tuilleadh forbartha a dhéanamh air i gcomhréir leis an méid a shamhlaítear maidir le freastal ar an bhfás spriocdhírithe agus ar dhobharcheantar na Gaillimhe, mar an limistéar uirbeach is mó sa réigiún agus ceann de cheithre chathair réigiúnacha atá ainmnithe sa NPF agus mar mhol suntasach turasóireachta. Áirítear i lár na cathrach roinnt láithreán athghiniúna ar féidir leo nascadh gan uaim leis na sráideanna siopadóireachta príomhúla

agus tánaisteacha atá ann cheana féin, agus a fhéadfaidh tacú le miondíol breise leis an acmhainn d'fhormáidí nua agus urláir níos mó agus fás seicheamhach sa tairiscint mhiondíola sa chathair.

Laistigh den tairiscint chathrach ar leibhéal 3, tá ceithre lár Ceantair suite ag suíomh bruachbhailte reatha ag Dabhach Uisce, Cnoc na Cathrach, an Taobh Thiar agus déantar soláthar do lár Ceantair ag na hArdáin áit a bhfuiltear ag súil le lonnaíocht shuntasach inti. Ag sraith níos ísle sainaithnítear Ionaid Chomharsanachta mar shuíomh do shiopadóireacht bhreisithe laethúil, ar féidir teacht air go héasca laistigh de chomharsanachtaí. Ag na sraitheanna is ísle, déantar soláthar chun siopaí áitiúla a éascú a bheidh i ngráig, más feidir le seirbhísí/áiseanna comharsanachta eile.

Léiríonn beartais agus cuspóirí do gach formáid go bhfuil i ndóthain tacaíochta agus deiseanna miondíola sa chathair. Tugann siad seo treoir freisin maidir leis an ngá atá le hailtireacht ardchaighdeáin agus le dearadh a bheidh éifeachtach ó thaobh an chomhshaoil de. Ciallaíonn an t-athrú luathaithe ar mhiondíol freisin go bhfuil gá le hathrú ó shuíomh chun táirgí a thaispeáint agus a cheannach go dtí suíomh inar féidir le custaiméirí nascadh le brandaí agus taitneamh a bhaint as eispéireas atá níos doimhne ná an stór fisiciúil amháin. Tabharfar muinín freisin d'infheistíocht agus d'fhás san earnáil amach anseo, trí mheascán comhlántach d'úsáidí a spreagadh i limistéir siopadóireachta agus trí chur chun feidhme na mbeart atá molta sa Straitéis Ríochta Poiblí.

Áirítear i straitéis iompair na cathrach pleananna do bhealaí ardmhinicíochta bus ar féidir leo rochtain a fháil ar na Lárionaid Cheantair atá ann cheana agus atá beartaithe. Le rolladh amach na hinfheistíochta sa líonra bonneagair chun soghluaisteacht inbhuanaithe a mhéadú, cuirfear tuilleadh feabhais ar naisc leis na Láir Cheantair agus Chomharsanachta, in éineacht le bearta chun tréscaoilteacht a fheabhsú. Trí sholáthar a spreagadh agus a chosaint ag na sraitheanna níos ísle, tabharfar tacaíocht freisin don choincheap den 'chathair laistigh de 15 nóiméad' inar féidir teacht ar riachtanais laethúla na bpobal laistigh de 15 nóiméad ar shiúl na gcos, ar rothar nó ar iompar poiblí.

## 1.8 Doiciméadú Beartais Straitéisigh Tacaíochta

### 1.8.1 Straitéis Chomhshaoil

Tá an Croí-Straitéis bunaithe freisin ar an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MSC), an Measúnú ar an Treoir maidir le Gnáthóga a rinneadh i gcomhar leis an bpróiseas chun an Dréachtphlean a ullmhú. Bhí tionchar aige seo ar an rogha fáis forbartha a leagtar amach sa Chroí-Straitéis agus chomh maith leis sin, nuair ba ghá, éascaíodh na beartais agus na cuspóirí a shaincheapadh lena chinntiú go laghdaíodh an tionchar ar an gcomhshaol, ar an oidhreacht nádúrtha agus ar an mbithéagsúlacht chun cothromaíocht a chinntiú idir forbairt uirbeach na cathrach sa todhchaí a chumasú agus an comhshaol agus sócmhainní nádúrtha á gcosaint.

Sa Measúnú Straitéiseach Riosca i gCás Tuilte (SFRA) cuirtear treoir leathan ar fáil maidir le measúnú ar riosca i gcás tuilte, rud a d'imir tionchar dá réir ar chinntí straitéiseacha um úsáid talún le treoir maidir le hoiriúnacht suímh agus cineáil. Tá siad seo mar chuid den phlean agus sonraítear iad mar dhoiciméid tacaíochta.

### 1.8.2 Straitéis um Athrú Aeráide

Tá cuspóir éigeantach sa reachtaíocht phleanála le haghaidh pleananna forbartha chun aghaidh a thabhairt ar bhearta chun éileamh ar fhuinneamh a laghdú, astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar oiriúnú don athrú aeráide. Agus é seo á chur san áireamh leagtar

amach sa Chroí-Straitéis conas a chuirfear an cuspóir seo chun cinn sa phlean go háirithe maidir le straitéisí inbhuanaithe lonnaíochta agus iompair a bhaint amach. I gcothromaíocht na gcaibidlí, leagtar amach na beartais agus na cuspóirí earnála a chaithfear a chur i bhfeidhm chun bearta den sórt sin a bhaint amach lena n-áirítear an gá atá le haistriú go cathair ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide de. I gCaibidil 2 cuirtear na beartais agus na cuspóirí seo go léir le chéile chun an straitéis iomlán a chur ar fáil. Cuireann an cur chuige seo le *Straitéis Chomhairle Cathrach na Gaillimhe um Oiriúnú Aeráide 2019-2024* a dhéanfar a threisiú tuilleadh le gníomhaíochtaí aeráide breise tar éis cur chun feidhme iomlán agus treoir maidir leis an *Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Ísealcharbóin (Leasú), 2021* lena n-áirítear Pleananna Gníomhaíochta Aeráide na nÚdarás Áitiúil ar leith a ullmhú.

### 1.8.3 Straitéis Iompair na Gaillimhe

Is straitéis í an GTS de chuid Comhairle Cathrach na Gaillimhe a ullmhaíodh i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe, an NTA agus TII. Is é aidhm na straitéise aghaidh a thabhairt ar riachtanais iompair reatha agus sa todhchaí i ndobharcheantar na Cathrach agus an Chontae. Áirítear ann raon beart a dhíríonn ar réiteach comhtháite agus inbhuanaithe a bhfuil cuspóir láidir acu spleáchas ar charranna a laghdú i bhfabhar iompair phoiblí agus córacha gníomhacha. Táthar ag súil go gcuirfear tús le go leor de na tionscadail ghaolmhara le linn thréimhse an phlean. Ag teacht le dea-phrionsabail phleanála tá an infheistíocht seo ailínithe leis an straitéis lonnaíochta agus forbartha don chathair. I gCaibidil 4, tugtar níos mó mionsonraí ar an straitéis agus i Léarscáil na Croí-Straitéise, tugtar léiriú amhairc ar an bpríomhfhócas lonnaíochta agus iompair.

### 1.8.4 Straitéis um Ríocht Phoiblí

I Straitéis um Ríocht Phoiblí na Gaillimhe, leagtar amach fís agus straitéis le haghaidh feabhsuithe chun infheistíocht agus forbairt sa todhchaí i líonra spásanna poiblí agus glasa i lár na cathrach a threorú. Tógann an fhís seo ar infheistíochtaí roimhe seo. I gcomhar leis an GTS, féachann sé leis an gcothromaíocht a cheartú i bhfabhar coisithe agus rothaithe agus i gcoinne tráchta feithiclí agus leas a bhaint as seo trí ríocht phoiblí ar ardchaighdeáin a chruthú, caighdeán na fabraice fisiciúla a uasghrádú, bithéagsúlacht a fheabhsú agus deiseanna a fhiosrú chun spásanna nua a chruthú.

### 1.8.5 Staidéar ar Dhlús Uirbeach agus Airde Foirgnimh Chathair na Gaillimhe (UDBHS)

Coimisiúnaíodh an staidéar seo i gcomhthéacs athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoirlínte Aireachta Alt 28 maidir le *Treoirlínte um Fhorbairt Uirbeach agus Airde Foirgnimh (2018*) do Chathair na Gaillimhe agus chun bonn eolais a thabhairt don Chroí-Straitéis. Soláthraítear sa staidéar anailís chomhleanúnach ar an struchtúr spáis atá ann faoi láthair. Rinne sé athbhreithniú ar áiteanna ina bhféadfaí diansaothrú a dhéanamh trí dhlúis mhéadaithe agus/nó airde a d'fhéadfadh an úsáid talún is éifeachtaí agus is éifeachtúla a bhaint amach agus a d'fhéadfadh cur go dearfach le carachtar agus le hinmharthanacht na cathrach agus an gá le freastal ar an spriocmhéadú daonra ar bhealach inbhuanaithe. Cuireadh san áireamh oiriúnacht agus íogaireacht na gceantar i leith athraithe agus an gá atá le meas a léiriú ar oidhreacht agus ar charachtar uathúil tógtha agus nádúrtha na cathrach. Dhírigh sé ar na deiseanna a thugann infheistíocht in iompar inbhuanaithe agus dáileadh na seirbhísí agus na n-áiseanna chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar acmhainneacht na Láithreán Athghiniúna agus Deise do mheascán úsáidí atá ag teacht chun cinn. Go ríthábhachtach, leagadh béim ar an ngá atá le haon mhéadú ar dhlúis a fhrámú in ailtireacht ardchaighdeáin agus cloí le dea-phrionsabail dearaidh uirbigh.

### 1.8.6 Plean Áitiúil Eacnamaíochta Pobail (LECP) Chathair na Gaillimhe

Tá an **LECP** dírithe ar bhearnaí a aithint agus athruithe dearfacha a sheachadadh a sholáthróidh comhdhlúthú agus feabhsú eacnamaíoch agus sóisialta de Chathair na Gaillimhe. Tá béim an phlean ar chomhoibriú agus ar obair idirghníomhaireachta, le béim ar ghníomhartha soiléire intomhaiste a chuireann luach leis an gcathair. Ullmhaítear pleananna gníomhaíochta bliantúla bunaithe ar na cuspóirí agus na gníomhartha straitéiseacha a leagtar amach sa LECP, a léiríonn an breisluach molta seo

Tá ullmhú an LECP ar aon dul leis an ról a shanntar d'Údaráis Áitiúla den phríomhfhreagracht a bheith acu as forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus phobail a threorú sa chathair. Is é cuspóir an LECP ná a leagan amach na cuspóirí agus na gníomhartha a theastaíonn chun an fhorbairt eacnamaíoch seo agus an fhorbairt áitiúil agus pobail a chur chun cinn agus tacú leis an bhforbairt seo. Léiríonn sé plean comhroinnte do Chathair na Gaillimhe agus tá an ghné pobail ullmhaithe ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) agus an ghné eacnamaíoch ullmhaithe ag an Údarás Áitiúil, tríd an gCoiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Eacnamaíochta (SPC). Sa Chroí-Straitéis tugadh aird ar an bplean seo agus ar na gníomhaíochtaí gaolmhara i gcriosú úsáid talún agus i gcuspóirí beartais agus déanfaidh sé iarracht an gníomh atá ag teacht chun cinn sa LECP nua atá ag teacht chun cinn a léiriú.

## 1.9 Léarscáil Croístraitéise agus Tábla Croístraitéise

Leagtar amach i Léarscáil na Croí-Straitéise i bhFigiúr 1.6 agus i dTábla 1.9 straitéis um úsáid talún chun an fhís do Chathair na Gaillimhe a chumasú chun aistriú go cathair ísealcharbóin, athléimneach ó thaobh na haeráide de, arna threorú ag straitéis d'fhás dlúth, comhtháthú méadaithe idir úsáid talún agus iompar, níos mó deiseanna soghluaisteachta inbhuanaithe i dtreo úsáide agus bainistithe inbhuanaithe d'acmhainní comhshaoil. Tá na spriocanna daonra do limistéar MASP Chathair na Gaillimhe dáilte i dtrí threo ginearálta. Ar an gcéad dul síos, an gréasán de chomharsanachtaí bruachbhailte atá ann faoi láthair a fhás agus a fheabhsú trí chomhdhlúthú agus leibhéil chuí dlúis arna dtacú ag bearta chun feabhas a chur ar bhonneagar fisiciúil, pobail agus sóisialta agus comhfhorbairt áite. Meastar go bhfuil na Láithreáin Athghiniúna agus Deise sainithe ríthábhachtach maidir le cathair dhlúth, inchónaithe a sholáthar. Tá an cumas ag na láithreáin seo comharsanachtaí bríomhara nua a chruthú, trí athghiniúint, comhdhlúthú agus seachadadh meascáin leathan d'úsáidí, agus beidh tacaíocht do na comharsanachtaí bríomhara seo curtha ar fáil trí bhonneagar pobail, spásanna poiblí nua, agus beidh rogha ann ó thaobh cineálacha tithe agus tionachtaí agus léireofar na buntáistí a bhaineann le maireachtáil uirbeach inbhuanaithe. Is féidir leis na hArdáin, leathnú uirbeach den chathair, le leas a bhaint as an bPlean Ceantair Áitiúil, i gcéim 1 tacú le spriocdhaonra an NPF agus le forbairt ghaolmhar le haghaidh thréimhse an phlean freisin. Comhtháite sa phlean le hinfheistíocht in iompar inbhuanaithe, le deiseanna fostaíochta cóngaracha agus le seirbhísí pobail soláthróidh an síneadh uirbeach pleanáilte seo d'fhás struchtúrach ag suíomh cuí.

Tá an cur chuige atá á leanúint ullmhaithe agus bunaithe ar iniúchadh bonneagair atá i gcomhréir le Cuspóir Beartais Náisiúnta 72(a) den NPF a dhéantar a dhifreáil idir Sraith 1, tailte seirbhísithe agus Sraith 2, atá inseirbhíse laistigh de shaolré an phlean. Déantar tagairt freisin do thailte straitéiseacha níos fadtéarmaí ina mbeidh gá le bonneagar nach bhfuil geallta dó go fóill agus ar féidir a rangú mar "soláthar breise" agus a thacóidh le réadú leanúnach spriocanna daonra RSES níos fadtéarmaí do 2040. Cé nach n-áirítear le cur chuige srathach an NPF do bhonneagar pobail, aithnítear go bhfuil sé seo ríthábhachtach chun tacú le comharsanachtaí inbhuanaithe agus curtha san áireamh é in Aguisín 1 le mionsonraí.

I Léarscáil na Croí-Straitéise mar a chuirtear ar fáil i bhFigiúr 1.6, léirítear ailíniú na lonnaíochta le láir iompair, tráchtála agus forbartha. Athdhearbhaíonn sé an réasúnaíocht maidir le criosú úsáide talún agus cuspóirí, atá sainiúil don suíomh, mar atá leagtha amach sa phlean. Tugann sé muinín maidir le suíomh na dtailte atá ainmnithe chun spriocanna fáis an NPF/RSES a bhaint amach laistigh den chathair sa tréimhse suas go dtí deireadh 2028. Tugann sé treoir shoiléir do na páirtithe leasmhara go léir maidir leis na háiteanna ina bhfuil gá le pleanáil agus infheistíocht níos mionsonraithe chun bonneagar fisiceach, tithíocht, iompar, na seirbhísí agus taitneamhachtaí comharsanachta tacaíochta go léir, fostaíocht agus infheistíocht i ndearadh uirbeach agus i gcomhfhorbairt áite a sheachadadh ar an leibhéal áitiúil.

I dTábla na Croí-Straitéise gaolmhar leagtar amach conas a dháiltear spriocanna daonra an NPF/RSES/MASP laistigh de limistéar na cathrach. Tá an fás spriocdhírithe seo uaillmhianach agus mura gcomhlíontar é faoi 2029 áirithíonn sé acmhainn le haghaidh fáis athléimneach agus réasúnach a mbeidh clár oibre fáis inbhuanaithe agus dlúth mar thoradh air a fhéadfaidh leanúint ar aghaidh leis sna blianta ina dhiaidh sin.




**Figiúr 1.6: Tábla Léarscáil na Croí-Straitéise**

## 1.10 Cur chun Feidhme

Ionas go n-éireoidh le Plean Forbartha na Cathrach, beidh gá le nasc leanúnach idir a ghlacadh agus a chur chun feidhme agus a seachadadh. Éilíonn sé seo go gcaithfear struchtúr feidhmiúcháin a bhunú chun a chinntiú go gcoinníonn an tÚdarás Pleanála béim leanúnach ar chur chun feidhme na mbeartas agus na gcuspóirí. Mar sin, ní mór go n-áireofaí modheolaíocht sa phlean ina dtabharfar monatóireacht agus anailís intomhaiste agus struchtúr tuairiscithe a cheadóidh d'athbhreithniú ar éifeachtacht thar an timthriall sé bliana.

Leathnaíonn an cur chuige seo ar an ceanglas reachtúil do thuarascáil dhá bhliana ar dhul chun cinn. Léiríonn sé go n-éilíonn pleananna forbartha go gcuirfidh an iliomad feidhmeanna laistigh d'údaráis áitiúla le seachadadh na físe don chathair, ar fheidhmeanna a bhaineann le réimsí amhail tithíocht, taitneamhachtaí, iompar, seirbhísiú bonneagair agus forbairt eacnamaíoch. Ceadaíonn sé do shásra chun comhordú éifeachtach agus cur chuige réamhghníomhach bainistíochta talún a éascú. Féadann sé rannpháirtíocht dhíreach a éascú le príomhpháirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear leasanna an phobail agus infheistíochta, agus é mar chuspóir cinnteoireacht thráthúil agus iniúchadh a dhéanamh ar réiteach fadhbanna nuálaíoch. Le béim curtha ar mhonatóireacht a dhéanamh ar bheartais agus ar chuspóirí na Croí-Straitéise agus an Phlean Forbartha, is mó an seans go mbeidh cur chuige dinimiciúil ann i leith seachadta agus d'fhéadfaí nasc a chruthú le riachtanais mhonatóireachta SEA chomhthráthacha dá bharr.

Is féidir le cur chuige den sórt sin nasc níos éasca a dhéanamh le hiniúchadh RSES agus le hathbhreithnithe sprice NPF. Chuige seo tá an struchtúr agus an fhormáid a chuirfear i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar an bplean curtha san áireamh in Aguisín 1 sa Dréachtphlean.

### 1.11 Máistirphleananna agus Creatphleananna

Beidh tionchar suntasach ag na mórscéimeanna athghiniúna sa chathair ar fhás agus ar éabhlóid na Gaillimhe agus ar a carachtar agus a rathúlacht sa todhchaí. Ceanglófar ar gach mórláithreán Athghiniúna agus Deise a bheith curtha faoi réir máistirphlean/creatphleananna spásúlachta. Éascóidh sé seo straitéis shoiléir le haghaidh forbartha agus leagfaidh sé an comhthéacs do na gnéithe dearaidh níos mionsonraithe a bhaineann le húsáid, foirgnimh, spásanna agus a gcomhghaolmhaireacht. Chun tacú le hullmhú na gcreatanna seo le haghaidh sonraí forbartha an toraidh bheartaithe, tá fís do gach láithreán curtha san áireamh i gCaibidil 10 agus tá treoirphrionsabail ar fáil i gCaibidil 8 agus sa doiciméad tacaíochta, an Staidéar ar Dhlús Uirbeach agus Airde Foirgnimh.

Ullmhófar Pleananna Ceantair Áitiúil do cheantar Bhóthar Áth Cinn agus Mhuirbhigh chun straitéis mionsonraithe do na ceantair shonracha seo a chur ar fáil. Is é is cúis leis seo go háirithe toisc go n-áirítear leo ceantair ina bhfuil gá le hathnuachan uirbeach, ceantar Bhóthar Áth Cinn agus mar atá i Muirbheach inar féidir leo soláthar a dhéanamh d'áineas agus do thaitneamhacht phleanáilte ar scála mór, lena n-áirítear rochtain fheabhsaithe ar an gcósta ar thaobh thoir na cathrach. Sna Pleananna Ceantair Áitiúil do na ceantair seo aithneofar na saincheisteanna éagsúla ábhartha agus déanfar anailís orthu, sula mbunófar agus leagfar amach prionsabail d'fhorbairt an cheantair seo amach anseo.

| Beartas 1.4 An chroístraitéis |
| --- |
| 1. A chinntiú go ndéantar i ndóthain tailte a chriosú agus a chumasú chun freastal ar na héilimh ar raon éagsúil úsáidí lena n-áirítear tithíocht, fostaíocht, seirbhísí agus riachtanais taitneamhachta thar shaolré an phlean. |
| 2. Tacú le haistriú ar bhonn ceartais go cathair atá níos glaise, atá ísealcharbóin agus atá seasmhach ó thaobh na haeráide de agus bearta maolaithe aeráide agus oiriúnaithe aeráide a chomhtháthú i ngach plean agus tionscadal. |
| 3. Tacú le dlúthfhás Chathair na Gaillimhe trí bheartais chuí a chothaíonn comhordú idir úsáid talún agus láithreacha ar féidir freastal orthu trí iompar poiblí agus na gréasáin siúlóide agus rothar agus a cheadaíonn do sheachadadh de 50% de na tithe nua uile laistigh den lorg tógtha reatha ar tailte mar atá leagtha amach sa Chroí-Straitéis. |
| 4. Tacú le dlúthfhás na cathrach trí fhorbairt ar Láithreáin Athghiniúna agus Deise sainithe a chur chun cinn, trí athfhorbairt ar thailte athfhorbraíochta agus tearcúsáidte agus trí spreagadh a thabhairt d'athúsáid agus d'oiriúnú an stoic foirgneamh atá ann faoi láthair. |
| 5. Straitéis lonnaíochta a chur chun feidhme ina gcuirtear tithíocht san áireamhh ar Phríomh-Láithreáin Athghiniúna agus Deise i lár na cathrach, ag na hArdáin mar limistéar fáis fhadtéarmaigh straitéisigh agus trí chomhdhlúthú agus inlíonadh ar chothromaíocht na dtailte oiriúnacha laistigh den chathair. |
| 6. Comharsanachtaí nua agus comhdhlúthú comharsanachtaí atá ann cheana a spreagadh le forbairt mar chomharsanachtaí inbhuanaithe, tarraingteacha, dea-nasctha ag dlúis chuí, le dearadh ardchaighdeáin foirgneamh agus spásanna, le tacaíocht ó sheirbhísí, ó thaitneamhachtaí agus ó fhiontair áitiúla. |
| 7. Tacú le spriocanna pobail áitiúla an LECP chun bochtaineacht a laghdú agus míbhuntáiste a mhaolú sa chathair trí gach cineál uilechuimsitheachta sóisialta, inrochtaineacht sa timpeallacht thógtha agus sa ríocht phoiblí, tithíocht, áiseanna pobail, deiseanna fostaíochta agus iompar a chur chun cinn go réamhghníomhach. |
| 8. A chinntiú go dtabharfar faoi fhás na cathrach sa todhchaí ar bhealach a bhaineann cothromaíocht amach idir forbairt a chumasú agus cosaint an chomhshaoil agus sócmhainní tógtha agus nádúrtha na cathrach. |
| 9. Comhoibriú le ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus príomhpháirtithe leasmhara chun cabhrú le soláthar bonneagair chumasúcháin, saoráidí agus áiseanna pobail chun fás dlúth, comharsanachtaí inbhuanaithe agus comhfhorbairt áite a éascú. |
| 10. A éileamh go n-ullmhófar Pleananna Limistéir Áitiúil, Máistirphleananna agus Creataí Spásúlachta do na ceantair sin ina bhfuil agus/nó ar dócha go mbeidh forbairt nó athnuachan ar scála mór. |
| 11. Cur chuige gníomhach bainistíochta talún a ghlacadh trí chomhordú feabhsaithe le páirtithe leasmhara ábhartha agus soláthraithe bonneagair maidir le bonneagar cumasúcháin a sheachadadh chun tacú le cur chun feidhme na Croí-Straitéise. |
| 12. Athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán chun comhsheasmhacht leis an gCroí-Straitéis agus le beartais agus le cuspóirí an Phlean Forbartha 2023-29 a chinntiú. |
| 13. Creat Monatóireachta Croí-Straitéise a bhunú chun torthaí pleanála a thomhas agus chun cuspóirí beartais Phlean Forbartha na Cathrach a mheas. |
| 14. Tacú le cur chun feidhme na Treorach SEA, na Treorach um Ghnáthóga, an Treoir maidir le hÉin, an Treoir EIA agus an Chreat-Treoir Uisce agus reachtaíocht agus treoirlínte tacaíochta cuí |

# Caibidil 2

# Gníomhú ar son na hAeráide

## Clár na nÁbhar


2.1 Comhthéacs....................................................................................................43

2.2 Athrú Aeráide Comhthéacs Idirnáisiúnta agus Eorpach ...........................................45

2.3 Pleanáil & Inbhuanaitheacht – Torthaí Pleanála Inbhuanaithe a Bhaint Amach........53


2.4 Gníomhú ar son na hAeráide a chomhtháthú le Plean Forbartha na Cathrach.........58

## 2.1 Comhthéacs

Is é an t-athrú aeráide an dúshlán is suntasaí i saol an lae inniu ann. Féadtar an chúis a chur i leith fáis i dtiúchan na ngás ceaptha teasa (GHGanna) in atmaisféar an domhain mar thoradh ar ghníomhaíocht dhaonna. Tá an éifeacht de seo mar chúis le méadú ar mheánteochtaí domhanda an aeir agus na farraige, leá forleathan sneachta agus oighir, leibhéil na mara atá ag ardú agus le méadú ar mhinicíocht, déine agus fad na n-imeachtaí adhaimsire. Ní bhraithfear ar an gcaoi chéanna an tionchar a bheidh ag athrú aeráide agus is dóigh go mbeidh a éifeacht dhíréireach ar phobail imeallaithe nach bhfuil na hacmhainní acu oiriúnú do thionchar an athraithe aeráide nó é a mhaolú. Beidh tionchar aige seo, i dteannta leis an bpróiseas dícharbónaithe, ar shlí bheatha agus earnálacha áirithe agus beidh an baol ann go mbeidh éagothroime níos measa ann dá bharr. Tá coincheap an cheartais aeráide fite fuaite sa bheartas aeráide náisiúnta agus idirnáisiúnta agus sainmhínítear é mar 'cearta na ndaoine is leochailí a chosaint agus na hualaí agus na tairbhí a eascraíonn as athrú aeráide agus a thionchair a roinnt ar bhealach cóir, cothrom'. D'fhonn aistriú domhanda cóir a éascú, beidh ar Éirinn, agus ar náisiúin fhorbartha eile, dícharbónú go háitiúil agus tacú le gníomhaíocht aeráide i dtíortha i mbéal forbartha.

In anailís ar shonraí breathnóireachta, taispeántar go bhfuil aeráid na hÉireann ag athrú, ar scála agus ar ráta atá comhsheasmhach le treochtaí réigiúnacha agus domhanda lena n-áirítear méadú ar imeachtaí agus teochtaí adhaimsire le linn gach séasúir. Meastar go leanfaidh na hathruithe seo ar aghaidh agus go méadóidh siad, agus go mbeidh iarmhairtí leathana do gach gné de shaol na hÉireann. D'fhonn dul i ngleic leis an athrú aeráide, is gá beart a ghlacadh anois chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, oiriúnú do dhálaí aeráide athraitheacha agus aistriú go geilleagar ísealcharbóin agus sochaí atá seasmhach ó thaobh na haeráide de.

In 2019 ba í Éire an dara tír ar domhan chun éigeandáil aeráide agus bithéagsúlachta a dhearbhú. Ó shin i leith tugadh isteach reachtaíocht trínar thug Éire gealltanas a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi thráth nach déanaí ná 2050 i gcomhréir le tiomantais idirnáisiúnta. Is sprioc é seo atá ceangailteach ó thaobh dlí don tír anois agus tá sé ag teacht le beartas an Aontais Eorpaigh maidir le gníomhú ar son na haeráide. D'fhonn na spriocanna uaillmhianacha seo a bhaint amach, chuir an rialtas in iúl go mbeidh gá le cur chuige trasearnála chomh maith le tacaíocht agus comhoibriú ó raon leathan de pháirtithe leasmhara.





Aithnítear sa Phlean Forbartha Cathrach an ról straitéiseach a fhéadfaidh úsáid talún agus pleanáil spásúlacht a imirt um sholáthar d'fhás an daonra ar bhealach dlúth, inbhuanaithe a laghdóidh astaíochtaí gás ceaptha teasa agus an t-éileamh ar fhuinneamh agus a thabharfaidh aghaidh ar oiriúnú don athrú aeráide. Forbraíodh an Chroí-Straitéis de réir an chur

chuige seo. Díríodh í ar bhearta maolaithe agus oiriúnaithe a laghdóidh an gá le taisteal, roghanna iompair inbhuanaithe a chumasú agus tacú leo, an timpeallacht nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú agus patrúin fháis dhlúth a sheachadadh lena n-áirítear athghiniúint a spreagadh ar roinnt suíomhanna athfhorbraíochta agus tacú freisin le méadú fuinnimh in-athnuaite a úsáid agus bearta cosanta tuile a chur chun feidhme. Léiríodh an cur chuige seo níos mó ar fud an phlean lena n-áirítear sraith de bheartais agus cuspóirí uaillmhianacha atá deartha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide agus tacú leis an aistriú go geilleagar ísealcharbóin.

D'fhoilsigh an Painéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide (IPCC), an t-údarás is ceannródaíche ar domhan maidir le heolaíocht aeráide, tuarascáil i mí Lúnasa 2021, inar dearbhaíodh gurb í an ghlúin seo an ghlúin dheireanach ar féidir leo damáiste do-aisghabhála don phláinéad a chosc. Dheimhnigh siad nach féidir ach laghduithe tapa agus ollmhóra ar gháis cheaptha teasa sa deich mbliana seo cosc a chur ar chliseadh aeráide agus gur dóigh go mbeidh na héifeachtaí luathaithe níos measa de bharr gach codán de chéim téimh breise. Chuige sin beidh sé ríthábhachtach bearta a chur i bhfeidhm chun beartas agus spriocanna náisiúnta a bhaint amach thar shaolré an phlean seo chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide agus bithéagsúlachta.

Díríonn an chaibidil seo go háirithe ar ghníomhartha aeráide agus ar bhearta comhshaoil, ach tá an cur chuige seo dea-chomhtháite sa Chroí-Straitéis agus téann sé trí gach caibidil eile sa Phlean.




**Figiúr 2.1.**

Mar a léiríodh, is meascán de bhearta maolaithe agus oiriúnaithe chun dul i ngleic leis an athrú aeráide é gníomhú ar son na haeráide. Is féidir maolú a shainiú mar idirghabháil chun sreabhadh na ngás ceaptha teasa isteach san atmaisféar a laghdú. Is féidir é seo a bhaint amach trí fhoinse na ngás a laghdú, trí éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus aistriú go foinsí fuinnimh in-athnuaite nó trí linnte carbóin a chruthú chun gáis cheaptha teasa a stóráil i dtailte portaigh, i bhforaoisí nó in ithreacha. Is é sprioc an mhaolaithe an t-athrú aeráide amach anseo a laghdú tríd an ráta méadaithe (nó fiú laghdú) ar thiúchan gháis cheaptha teasa san atmaisféar a mhoilliú. Díríonn an t-oiriúnú ar bhearta a laghdaíonn tionchar an athraithe aeráide atá ag tarlú cheana féin agus ar phleanáil le haghaidh éifeachtaí díobhálacha a tharlóidh amach anseo mar iarmhairt ar gháis cheaptha teasa atá san atmaisféar cheana féin. Is é sprioc an t-oiriúnú aeráide an riosca agus an

costas a bhaineann leis an athrú aeráide a íoslaghdú agus beatha agus maoin a chosaint trí athléimneacht aeráide a thógáil isteach sna córais atá ann cheana féin. I gceist le hoiriúnú, tá bearta cosúil le cosaint ar thuilte agus cósta agus draenáil uirbeach inbhuanaithe agus réitigh atá bunaithe ar an dúlra.

Sa chaibidil seo, déantar roinnt de na bearta seo a mheas agus áirítear ar chomhardú na gcaibidlí sa phlean freisin raon beartas agus cuspóirí a chuidíonn le hathrú aeráide a mhaolú agus le hoiriúnú dó

Trí bheart a ghlacadh chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó agus trí aistriú i dtreo athléimneacht aeráide agus neodracht carbóin a éascú, bainfear amach comhleasa eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta. Ina measc seo tá aer níos glaine, cruthú post glas, sláinte phoiblí feabhsaithe agus tacaíocht don bhithéagsúlacht.

I bpleanáil úsáide talún tiocfaidh feabhas ar cháilíocht an aeir nuair a chuirtear beartais i bhfeidhm chun úsáid fhuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn chomh maith le dícharbónú córas fuinnimh a laghdaíonn úsáid na mbreoslaí iontaise. Ar an gcaoi chéanna, de bharr beartas um úsáid talún agus córais iompair a chomhtháthú, méadófar inrochtaineacht agus cuirfear siúlóid agus rothaíocht chun cinn agus dá réir sin laghdófar an spleáchas ar charr príobháideach, chun leasa an chomhtháthaithe shóisialta agus leasa an phobail. Nuair a thacaíonn beartais le hinfheistíocht agus le feabhsú an bhonneagair ghlais, is féidir leis seo cur le bithéagsúlacht, ceapadh carbóin agus riosca tuilte a laghdú agus soláthar a dhéanamh d'áineas agus do thaitneamhacht. Trí bheartais agus bearta eile a thacaíonn le dearadh foirgneamh atá tíosach ar fhuinneamh agus le hiarfheistiú an stoic foirgneamh atá ann cheana, laghdófar na costais a bhaineann le téamh agus fuarú agus laghdófar bochtaineacht breosla.

D'fhonn Gaillimh a spreagadh le bheith níos athléimní ó thaobh na haeráide de, tá gá le béim a chur ar chuspóirí beartais dá leithéid, toisc go gcothóidh siad seo athléimneacht aeráide trí dhíriú ar mhaolú agus ar oiriúnú.

Áirítear orthu seo go háirithe beartais atá dírithe ar

a) Réitigh Dúlra-Bhunaithe (oiriúnú agus maolú)
b) Riosca tuilte agus bainistíocht uisce (oiriúnú agus maolú).
c) Fuinneamh in-athnuaite (maolú)
d) Iompar (maolú)
e) Timpeallacht thógtha (oiriúnú agus maolú)
f) Beartais trasghearrtha foriomlána um athrú aeráide agus comhshaoil (oiriúnú agus inbhuanaitheacht maolaithe)

## 2.2 Athrú Aeráide Comhthéacs Idirnáisiúnta agus Eorpach

Tugadh bonn eolais don bheartas aeráide idirnáisiúnta leis an gCreat-Choinbhinsiún Náisiúnta ar Athrú Aeráide (UNFCCC) a bunaíodh i 1992. Is é an Comhaontú Pháras 2015 an comhaontú aeráide domhanda is suntasaí a táirgeadh go dtí seo. Dhaingnigh Éire Comhaontú Pháras i mí na Samhna 2016 agus mar sin tá sí faoi cheangal dlíthiúil ag a gealltanais, lena n-áirítear an méadú ar theocht dhomhanda a theorannú go dtí faoi bhun 2 chéim C. os cionn leibhéil réamhthionsclaíocha agus más féidir í a choinneáil faoi bhun 1.5 céim C. Áiríodh sa chomhaontú freisin an aidhm de bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050.

I gcomhréir le gealltanais aeráide dhomhanda, tá sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí leagtha síos ag an Aontas Eorpach (AE) dá bhallstáit maidir le neodracht aeráide nó astaíochtaí gás

ceaptha teasa glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050. Tá an sprioc seo agus an creat chun í a bhaint amach leagtha amach i nDlí Aeráide na hEorpa lena méadaítear na spriocanna sin in 2020 chun laghdú de 55% ar a laghad a éileamh ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le leibhéil 1990 a bhaint amach faoi 2030. Tacaíonn an Comhaontú Glas don Eoraip leis seo, plean gníomhaíochta chun geilleagar agus sochaí an Aontais a dhéanamh inbhuanaithe. Sainaithnítear ann roghanna infheistíochta agus maoinithe chun tacú le haistriú cóir go neodracht aeráide faoi 2050 trí infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, tacú leis an aistriú go geilleagar dícharbónaithe agus ciorclach, deireadh a chur le truailliú agus an bhithéagsúlacht a athbhunú. Áirítear sa Chomhaontú Glas freisin 'Sásra Idirthréimhse Cóir' chun tacaíocht spriocdhírithe a sholáthar chun tionchar socheacnamaíoch an aistrithe go geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de a mhaolú.

Measann an tAontas Eorpach go bhfuil dúshláin shuntasacha ag baint leis an aistriú chuig geilleagar agus sochaí ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh na haeráide de agus go dteastaíonn athruithe bunúsacha ar thionscail agus ar shlite beatha áirithe. Beidh tionchair dá leithéid scaipthe go míchothrom agus beidh tionchar níos mó aige ar roinnt réigiún agus pobal ná a bheidh aige ar réigiún agus pobail eile. Cuireann Comhairle an Aontais in iúl, áfach, go gcruthóidh an t-aistriú go neodracht aeráide deiseanna agus tairbhí fostaíochta agus eacnamaíocha malartacha trí theicneolaíochtaí nua a fhorbairt agus a rolladh amach, trí mhéadú ar phoist agus ar mhargaí nua agus ar na tairbhí a thiocfaidh as scéimeanna iarfheistithe. Aithníonn an tAontas Eorpach an gá atá le creat cumasúcháin a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil an t-aistriú éifeachtach ó thaobh costais, comh maith le cothrom agus cóir ó thaobh sóisialta de trína ndéanfar aistriú cóir a éascú ionas nach mbeidh aon réigiún nó earnáil faoi mhíbhuntáiste tríd an aistriú go geilleagar ísealcharbóin a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de.

Tá Rialtas na hÉireann, ag teacht le beartas an Aontais agus oibleagáidí na mball, tiomanta trí reachtaíocht náisiúnta chun tacú le gníomhú ar son na haeráide agus le haistriú cóir trí thacaíochtaí maoinithe agus tionscnaimh a mhaolóidh tionchar socheacnamaíoch an aistrithe go geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de.

### Comhthéacs Náisiúnta agus Reachtaíocht

Tá an tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 ar aon dul leis na spriocanna atá leagtha síos ag an Aontas agus tacaíonn sé le haistriú na hÉireann chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoi thráth nach déanaí ná 2050. San Acht seo, déantar leasú agus neartú suntasach ar an Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015 a bhí ann roimhe seo. Cuireann sé i bhfeidhm na gealltanais atá ag Éirinn atá ag éirí níos uaillmhianaí i réimse na gníomhaíochta aeráide, a áiríodh sa Chlár don Rialtas agus sa Phlean Gnímh don Aeráid 2019. Foráiltear leis an gcreat náisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí le cur ar chumas na hÉireann an 'cuspóir aeráide náisiúnta' a bhaint amach mar atá san áireamh san Acht a bhfuil príomhfhoráil ann '*chun méid an téimh dhomhanda a laghdú tuilleadh, an t-aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, atá saibhir i mbithéagsúlacht, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de a shaothrú agus a bhaint amach*'. Sainmhínítear geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de mar gheilleagar inbhuanaithe agus mar shochaí ina ndéantar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chothromú nó a shárú trí gháis cheaptha teasa a bhaint.

Foráiltear sa reachtaíocht do shásraí, do phleananna agus do straitéisí sonracha a úsáidfidh an Rialtas chun an cuspóir náisiúnta aeráide a bhaint amach. Áirítear orthu sin buiséid charbóin a ullmhú a bhaineann le huasteorainneacha astaíochtaí earnála agus gníomhaíochtaí eile a

thacaíonn le beartas an rialtais ar athrú aeráide. Tá gá leis an gcéad dá bhuiséad carbóin de chúig bliana chun foráil a dhéanamh do laghdú iomlán de 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa thar an tréimhse go dtí 2030, i gcoibhneas leis an mbonnlíne de 2018.

Tá gá anois nuashonrú bliantúil a dhéanamh ar an **bPlean Gnímh don Aeráid** a ullmhaíodh in 2019 faoi reachtaíocht. Tá gá leis an bplean treochlár a leagan síos de ghníomhaíochtaí earnáilshonracha chun cloí leis an gclár buiséad carbóin agus uasteorainneacha astaíochtaí earnála agus gníomhaíochtaí eile is gá chun tacú le beartas an rialtais ar athrú aeráide. Áirítear ann faoi láthair breis agus 180 gníomh thar raon earnálacha lena n-áirítear leictreachas, fiontar, comhshaol tógtha, iompar, talmhaíocht, foraoiseacht agus úsáid talún, agus dramhaíl agus an geilleagar ciorclach. Aithnítear sa phlean freisin an gá atá le haistriú cóir agus an gá atá le hathléimneacht aeráide a thógáil i ngach pobal.

Is ceanglas faoin reachtaíocht freisin í **Straitéis Náisiúnta Fadtéarmach Gníomhaíochta Aeráide** agus ní mór athbhreithniú a dhéanamh uirthi gach 5 bliana. Is é cuspóir na straitéise seo a shonrú conas a bhainfear amach an 'cuspóir náisiúnta' i gcomhréir le clár an bhuiséid charbóin. Ní mór go n-áireofaí leis freisin an laghdú réamh-mheasta ar astaíochtaí agus feabhsú linnte carbóin ar feadh íostréimhse de 30 bliain.

An **Creat Náisiúnta Oiriúnaithe**, a cheanglaítear athbhreithniú a dhéanamh air gach cúig bliana, agus bhí sé seo ina oibleagáid cheana féin ó bhunaíodh an tAcht in 2015. Ní mór dó an straitéis a shonrú maidir le cur i bhfeidhm beart oiriúnaithe in earnálacha éagsúla agus ag údaráis áitiúla chun leochaileacht an Stáit a laghdú maidir le héifeachtaí diúltacha an athraithe aeráide. Foilsíodh an Creat Náisiúnta Oiriúnaithe in 2018. Áiríodh leis ceanglas ar gach údarás áitiúil straitéisí oiriúnaithe áitiúla a dhéanamh agus a ghlacadh. Ghlac Comhairle Cathrach na Gaillimhe leis an Straitéis um Oiriúnú Aeráide 2019-2024 don chathair i mí Mheán Fómhair 2019. Ceanglaítear freisin go n-ullmhóidh seacht roinn rialtais pleananna oiriúnaithe earnála agus go suífidh siad faoin gcreat náisiúnta. Tá sé de cheangal ar gach plean na príomhrioscaí atá os comhair na hearnála a shainaithint agus an cur chuige atá á ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus athléimneacht aeráide a thógáil.

Tá an **Plean Maolúchan Náisiúnta**, freisin ina oibleagáid faoin reachtaíocht náisiúnta aeráide, agus foilsíodh é in 2017. Áiríodh sa bhuncháipéis seo freagrachtaí maolúcháin raon ranna rialtais maidir le hábhair inar cuimsíodh giniúint leictreachais, an timpeallacht thógtha, iompar agus talmhaíocht. Áiríodh leis os cionn 100 gníomh don rialtas agus do chomhlachtaí poiblí chun an próiseas a chur chun feidhme agus tús a chur leis an bpróiseas chun roghanna maolaithe meántéarmacha agus fadtéarmacha a fhorbairt don deich mbliana atá romhainn agus ina dhiaidh sin. In 2020, áfach, chuir an Chúirt Uachtarach an Plean Maolúchán Náisiúnta ar neamhní ag ceapadh nach raibh sé ag comhlíonadh na reachtaíochta aeráide. Tá gá le plean maolaithe náisiúnta nua a ullmhú.

Gné thábhachtach eile den reachtaíocht aeráide leasaithe a chomhtháthófar leis na Pleananna Forbartha is ea an dualgas atá ar gach údarás áitiúil **Pleananna Gníomhaíochta Aeráide na nÚdarás Áitiúil** a ullmhú gach cúig bliana**.** Ní mór dóibh sin bearta maolaithe agus oiriúnaithe a shonrú, i gcomhréir leis na gnéithe ábhartha den chreat rialachais. Ina theannta sin ceanglaítear leis an reachtaíocht go gcaithfear na Pleananna Gníomhaíochta Aeráide de chuid na nÚdarás Áitiúil seo a chur san áireamh agus plean forbartha á dhéanamh.

Tacaíonn an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide (CCAC) leis an gcreat chun spriocanna náisiúnta a bhaint amach. I measc a chuid feidhmeanna, tá comhairle agus moltaí a thabhairt do

na hAirí agus don Rialtas, rinneadh tuilleadh forbartha ar an bhfeidhm seo agus ar an tuairisciú a dhéantar orthu sa reachtaíocht le déanaí chun bheith ar aon dul leis an gcreat rialachais leathnaithe.

Déantar pleanáil agus déanamh pleananna laistigh de chreat na reachtaíochta pleanála. Áirítear san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) cuspóirí éigeantacha nach mór a áireamh mar bhreithniúcháin agus pleananna forbartha á ndéanamh. Chuige sin ceanglaítear sa reachtaíocht go n-áireofar pleananna le haghaidh cuspóirí a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus go háirithe go mbeadh straitéisí inbhuanaithe lonnaíochta agus iompair ann agus chun úsáid fuinnimh inbhuanaithe, laghdú ar gháis cheaptha teasa agus beart oiriúnaithe a chur chun cinn. Ceanglaítear faoin reachtaíocht freisin go mbeidh pleananna forbartha ag teacht leis an treoir bheartais sa Chreat Pleanála Náisiúnta (NPF), sna Straitéisí Réigiúnacha Spásúlachta agus Eacnamaíochta (RSES) agus i dtreoirlínte Aireachta Alt 28.

I reachtaíocht phleanála agus i reachtaíocht comhshaoil chomh maith, cuirtear an bonn ar fáil maidir leis an gcomhshaol nádúrtha agus tógtha a chosaint agus chun measúnuithe straitéiseacha comhshaoil a dhéanamh ar phleananna agus ar thionscadail araon nuair is féidir leis na héifeachtaí comhshaoil réamh-mheasta a d'fhéadfadh bheith ag cuspóirí agus beartais i bplean forbartha nó i bhforbairt shonrach a thomhas.

Is gníomh é an t-aistriú go dtí **Geilleagar Ciorclach** faoin bPlean Gnímh don Aeráid 2019 a bheidh mar chuid d'aistriú na hÉireann chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de. Tá straitéis á forbairt faoi láthair chun creat náisiúnta a sholáthar chun an t-aistriú a chumasú agus go mbeidh an uaillmhian maidir le ráta náisiúnta úsáide ábhair chiorclaigh os cionn meán an Aontais Eorpaigh faoi 2030. Tabharfar bonn reachtúil don straitéis leis an mBille um Gheilleagar Ciorclach 2021 (dréachtchéim). Is é an sprioc atá ag geilleagar ciorclach ná dramhaíl agus tomhaltas amhábhar a íoslaghdú trína chinntiú go bhfanann na hábhair in úsáid chomh fada agus is féidir trí tháirgí a dhearadh atá buan agus a fhéadtar a dheisiú agus a athmhonarú. I gcodarsnacht leis an ngeilleagar líneach, a bhraitheann ar amhábhair chun earraí a tháirgeadh a dhiúscraítear mar tháirge dramhaíola ag deireadh a ré. Déileálann an geilleagar ciorclach le dramhaíl mar acmhainn is féidir a athúsáid agus a athchúrsáil. Tá an t-aistriú go geilleagar ciorclach ríthábhachtach chun laghdú spriocdhírithe ar astaíochtaí carbóin a bhaint amach agus tá an t-aistriú go geilleagar ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh na haeráide de toisc go bhfuil eastóscadh acmhainní nádúrtha agus diúscairt dramhaíola ina phríomhchúis le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus caillteanas  bithéagsúlachta agus gnáthóige ar fud an domhain. Le forbairt an gheilleagair chiorclaigh, cruthófar deiseanna nua freisin do gheilleagair áitiúla trí athúsáid agus athdhéantúsaíocht agus samhlacha gnó eile ar nós scéimeanna comhroinnte agus léasaithe.

Tá an t-aistriú go geilleagar ciorclach lárnach freisin don bheartas náisiúnta dramhaíola, Plean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach (2020-2025) agus an Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach in ionad na bPleananna Réigiúnacha um Bainistiú Dramhaíola agus cuimseoidh siad spriocanna do gach sruth dramhaíola chun tosaíocht a thabhairt d'athúsáid agus deisiú, tomhaltas acmhainní a laghdú agus éilliú ábhar in-athchúrsáilte a laghdú.

| **Beartas 2.1 Geilleagar Ciorclach** |
|---|
| 1. Tacú le haistriú rathúil chuig geilleagar ciorclach ina laghdaítear dramhaíl agus acmhainní de réir na reachtaíochta agus na straitéise náisiúnta atá ag teacht chun cinn  lena n-áirítear an Clár Geilleagar Ciorclach 2021-2027. |

## Comhthéacs Náisiúnta agus Réigiúnach - Beartas Pleanála

Léirítear an príomhról atá ag pleanáil spásúlachta agus úsáid talún maidir le Gníomhú ar son na hAeráide ar an leibhéal náisiúnta i dTionscadal na hÉireann 2040 lena n-áirítear an Creat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus an Plean Forbartha Náisiúnta (NDP). Aithnítear sa NPF go soláthraíonn an próiseas pleanála modh seanbhunaithe chun cuspóirí an athraithe aeráide a chur i bhfeidhm agus a chomhtháthú, lena n-áirítear maolú agus oiriúnú, ar an leibhéal áitiúil agus chuig an aistriú go sochaí ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh aeráide de. Áirítear roinnt cuspóirí trasghearrtha a thacaíonn nuair a chuirtear i gcrích le chéile iad, laistigh den dearcadh pleanála níos leithne maidir le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, leis an Toradh Straitéiseach Náisiúnta (NSO) 8 a d'fhágfadh go mbeadh Éire ag 'Aistriú go geilleagar ísealcharbóin agus sochaí atá athléimneach ó thaobh aeráide de'.

Sa NDP, tugtar imlíne ar conas a sheachadfar tosaíochtaí infheistíochta náisiúnta ar bhealach a thacaíonn le tosaíochtaí an NPF, leis na spriocanna sna Pleananna Aeráide náisiúnta agus leis na pleananna le haghaidh aistrithe i dtreo sochaí dícharbónaithe. Áirítear sa straitéis infheistíochta seo claochlú na gcóras fuinnimh ó bhreoslaí iontaise go fuinneamh in-athnuaite, ag iarfheistiú le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh feabhsaithe a bhaint amach, Áirítear freisin infheistíocht i mbearta soghluaisteachta inbhuanaithe, athghiniúint uirbeach chun tacú le fás dlúth agus cláir infheistíochta faoisimh tuilte.

Sa Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíoch Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (RSES), ionchorpraítear an coincheap de thodhchaí ísealcharbóin atá comhtháite i gcúig uaillmhian fáis sa straitéis réigiúnach. Aithnítear sa RSES roinnt Príomhchuspóirí Beartais Réigiúnacha (RPO) a bhaineann le hathrú aeráide, fuinneamh, fuinneamh in-athnuaite, líonra tarchurtha, cosaint an chomhshaoil agus tuilte. Tá na cuspóirí seo deartha chun freagairt don athrú aeráide agus chun réigiún athléimneach ó thaobh na haeráide de a thógáil atá dírithe ar aistriú go geilleagar agus sochaí ísealcharbóin. Aithnítear sa RSES freisin na deiseanna suntasacha a thiocfaidh le gníomhaíocht aeráide don réigiún trí éifeachtúlacht acmhainní agus cur i bhfeidhm tráchtála na teicneolaíochta ar fhuinneamh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann.

Ullmhaíodh an Plean, ina bhfuil a bonn eolais faighte ón gCroí-Straitéis, i gcomhréir le reachtaíocht aeráide agus le treoir bheartais náisiúnta agus réigiúnach agus áirítear ann raon de bheartais agus cuspóirí trasghearrtha aeráide agus comhshaoil atá ar aon dul le huaillmhianta náisiúnta maidir le gníomhú ar son na haeráide. Áirítear sna bearta seo freisin tacaíocht agus spreagadh d'infheistíochtaí agus do ghníomhaíochtaí iomchuí gaolmhara ó chomhlachtaí poiblí, ón bpobal agus ó leasanna gnó.

Ar an leibhéal réigiúnach faigheann na húdaráis áitiúla tacaíocht ó na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO). Tá Cathair na Gaillimhe faoi shainchúram CARO Cósta an Atlantaigh Thuaidh. Tá sé de shainordú ar na CAROnna seo gníomhaíocht aeráide a chomhordú ar leibhéal an rialtais áitiúil. Is é an sainchúram atá acu ná cabhrú le straitéisí oiriúnaithe a ullmhú agus tacú leis na húdaráis áitiúla leis an inniúlacht agus an saineolas is gá maidir le gníomhú ar son na haeráide ar fud na bhfeidhmeanna agus na ngníomhaíochtaí go léir.



## Comhthéacs Áitiúil – Cathair na Gaillimhe

Ós rud é go bhfuil údaráis áitiúla ar an leibhéal rialtais is gaire do phobail áitiúla agus d'fhiontar, tá siad i suíomh uathúil chun fíor-athrú dearfach a chur i bhfeidhm. Maidir le hathrú aeráide, is féidir le húdaráis áitiúla a bheith i gceannas ar sheachadadh an chuspóra aistrithe náisiúnta ísealcharbóin, athléimneacht aeráide san fhadtéarma agus cur go mór leis sin agus gníomhú freisin chun feabhas a chur ar an gcumas pleanáil a dhéanamh agus freagairt d'imeachtaí aimsire crua sa ghearrthéarma. Aithnítear é seo sa ghealltanas a thug gach údarás áitiúil nuair a shínigh siad Cairt um Ghníomhaíocht Aeráide na nÚdarás Áitiúil (2019). Aithnítear sa chairt seo an cumas atá ag údaráis áitiúla ceannaireacht a sholáthar ar an leibhéal áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide. Leagtar amach sa chairt roinnt gealltanas lena n-áirítear cloí le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (SDGanna), gníomhú mar thacadóirí don ghníomhú aeráide trí bheartas agus trí chleachtas, ina gcáil eagraíochtúil agus trí oibriú le pobail áitiúla.

I bhfianaise an ghealltanais seo agus na hoibleagáide ar gach údarás áitiúil straitéisí oiriúnaithe áitiúla a dhéanamh agus a ghlacadh mar a éilítear faoin gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe, chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe tús le hullmhú **Cathair na Gaillimhe atá Seasmhach ó thaobh na Aeráide de 2019-2024**, plean oiriúnaithe don chathair.

Is éard a bhí i gceist le hullmhú an phlean seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar imeachtaí aeráide agus ar threochtaí san am atá thart thar thréimhse 30 bliain chun tionchar an athraithe aeráide ar an gcathair agus tionchair dóchúla amach anseo a thuiscint. Léirigh anailís ar na sonraí go gcaithfidh an chathair ullmhú le haghaidh méadú ar an mbaol tuilte cósta, muirbhrúcht agus creimeadh cósta mar gheall ar ghníomhaíocht stoirme méadaithe agus arduithe réamh-mheasta ar mheánleibhéil farraige. Réamh-mheastar go méadódh an baol tuilte abhann agus uisce dromchla freisin de bharr patrúin báistí a bheith ag éirí níos déine. Sainaithníodh freisin go bhféadfadh an méadú réamh-mheasta ar dhéine báistí a bheith ina chúis le ró-ualú ar na gréasáin uisce dromchla, as a dtiocfaidh tuilleadh tuilte ar bhóithre agus ar shráideanna, sreafaí thar talamh agus tuilte maoine. Tháinig an t-athbhreithniú ar an gconclúid freisin go gcaithfidh an gréasán uisce agus áiseanna cóireála fuíolluisce a oiriúnú sa chomhthéacs seo chun sreabhadh méadaithe a bhainistiú. Léirigh sé freisin go bhfuil Cathair na Gaillimhe i mbaol ó ghaotha arda a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh do mhaoin agus d'infrastruchtúr criticiúil, cur isteach ar líonraí iompair,

gníomhaíochtaí pobail agus eacnamaíocha agus cur leis an mbaol do shláinte agus d'fholláine na gcónaitheoirí.

Agus eolaíocht na haeráide ag tuar go dtiocfaidh ardú ar mheánteochtaí an tsamhraidh, is ceist í an riosca don fhuinneamh agus do líonraí iompair mar thoradh ar dhamáiste a bhaineann le teas freisin. Le méadú ar theocht, is dócha go mbeidh oifigí, tithe agus áitribh thráchtála sa chathair i mbaol róthéamh agus go mbeidh gá le háiseanna breise le haghaidh fuaraithe.

Tá oidhreacht nádúrtha shaibhir ag Gaillimh atá i mbaol tionchair an athraithe aeráide agus na rioscaí a bhaineann go háirithe le harduithe teochta agus an dóchúlacht go dtarlóidh imeachtaí adhaimsire níos minice. Is dócha go mbeidh tionchar diúltach ag imeachtaí den sórt sin ar an raon éagsúil gnáthóg agus fiadhúlra atá leochaileach ó thaobh athruithe ar dhálaí aeráide. Is dócha go mbeidh tionchar freisin ar bhithéagsúlacht mar gheall ar athruithe ar thráthúlacht imeachtaí séasúracha a d'fhéadfadh cur isteach ar fhlóra agus fána atá ann cheana féin, ag laghdú raon speiceas agus gnáthóg agus ag cur isteach ar sheirbhísí éiceachórais.

I gcomhthéacs an athraithe aeráide ghlac Comhairle Cathrach na Gaillimhe le straitéis oiriúnaithe aeráide - *Cathair na Gaillimhe Seasmhach ó thaobh na hAeráide 2019-2024 de* in 2019. Leagtar amach ann cuspóirí gearrthéarmacha agus meántéarmacha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le hoiriúnú don athrú aeráide. Tá an straitéis bunaithe ar cheithre phríomhthéama: bonneagar criticiúil agus foirgnimh, caipiteal nádúrtha agus cultúrtha, acmhainní uisce agus bainistíocht riosca i gcás tuile agus seirbhísí pobail agus leagtar amach gníomhaíochtaí sonracha faoi gach ceann acu.

I measc na dtionscnamh eile ar leibhéal na cathrach tá an t-ullmhúchán de threoirthionscadal um **Chrios Dícharbóinithe (DZ)** ag an Taobh Thiar. Áirítear sa Phlean Gnímh don Aeráid de chuid an Rialtais beart do gach údarás áitiúil chun Crios Dícharbónaithe a shainaithint. Is limistéar spáis é seo ina sainaithnítear raon de bhearta maolaithe aeráide chun aghaidh a thabhairt ar fhuinneamh ísealcharbóin, ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa agus ar riachtanais aeráide chun rannchuidiú le spriocanna náisiúnta um ghníomhú aeráide. Baineann raon na mbeartas agus na dtionscadal a forbraíodh go sonrach le saintréithe fuinnimh agus aeráide an limistéir spásúlachta atá clúdaithe ag an DZ. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo raon teicneolaíochtaí agus beart a thugann aghaidh ar leictreachas, teas, iompar, éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh, leithlisiú carbóin agus stóráil fuinnimh. Ní mór don DZ a astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú le 7% in aghaidh na bliana ar a laghad ó 2021 go 2030 (laghdú de 51% thar na deich mbliana), i gcomhréir leis na spriocanna atá leagtha amach san Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021.

Tá ceantar 'Taobh Thiar' na cathrach roghnaithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe mar DZ agus oibreoidh sí i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara áitiúla lena n-áirítear comhlachtaí poiblí, soláthraithe fóntais, grúpaí pobail, scoileanna, gnólachtaí agus na Pobail Fuinnimh Inmharthana bunaithe lena n-áirítear SEC Chomharchumann Fuinnimh na Gaillimhe, SEC OÉ Gaillimh agus SEC Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le plean forfheidhmithe do DZ a ullmhú agus a sheachadadh faoi dheireadh 2022. Beidh raon na mbeartas agus na dtionscadal a fhorbrófar sainiúil do shaintréithe fuinnimh agus aeráide DZ an Taoibh Thiar. Ar aon dul leis an aidhm atá leis an DZ ba cheart go ndíreodh na pleananna freisin ar na comhshochair níos leithne lena n-áirítear cáilíocht an aeir, sláinte fheabhsaithe, bithéagsúlacht, carbón corpraithe, leibhéil torainn níos ísle, dramhaíl, uisce agus buntáistí a bhaineann le hoiriúnú. Feidhmeoidh DZ an Taoibh Thiar mar limistéar taispeána ina mbeidh an acmhainneacht aige na tionscnaimh a rolladh

amach go codanna eile den chathair agus beidh sé mar chuspóir aige feasacht saoránach agus athrú iompraíochta maidir le gníomhaíocht aeráide a mhéadú.

Ullmhóidh an Chomhairle Máistirphlean Fuinnimh do Chathair na Gaillimhe a chuimseoidh fardal astaíochtaí bonnlíne gás ceaptha teasa (BEI), ag bunú bonnlíne astaíochtaí don chathair. Soláthróidh an BEI freisin bonnlíne maidir le húsáid fuinnimh agus foinsí sa chathair don bhliain bhonnlíne 2018 agus déanfaidh sé meastachán ar an méadú ar éileamh ar fhuinneamh i gcomhréir leis an bhfás réamh-mheasta ar dhaonra na cathrach. Soláthróidh an Máistirphlean Fuinnimh clár deiseanna chun tionscadail dhícharbónaithe lena n-áirítear iarfheistiú fuinnimh ar fhoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe, treochlár le haghaidh leictriú na gcóras teasa agus iompair agus sainaithint tionscadal inmharthana fuinnimh in-athnuaite agus stórála fuinnimh chun díriú ar dheiseanna chun an laghdú de 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa  a bhaint amach, sprioc atá le baint amach go náisiúnta faoi 2030.

De réir mar a thagraítear faoin reachtaíocht aeráide, ceanglaítear ar gach údarás áitiúil Pleananna Gníomhaíochta Aeráide na nÚdarás Áitiúil cúig bliana a ullmhú a chaithfear a chomhtháthú leis na pleananna forbartha faoi seach. Caithfidh siad seo bearta maolaithe agus oiriúnaithe a shonrú, i gcomhréir leis na gnéithe ábhartha den chreat rialachais agus i gcoibhneas le limistéar an údaráis áitiúil. Ceanglaítear leis an reachtaíocht go n-ullmhófar iad seo laistigh de bhliain amháin ó thosach feidhme an Achta agus go dtabharfar tacaíocht dóibh ag treoirlínte rialtais. Táthar ag súil leis an amlíne fhorordaithe seo go gcuirfidh an Chomhairle Cathrach tús le hullmhú an Phlean Gníomhaíochta Aeráide Áitiúil roimh dheireadh 2022.

| **Beartas 2.2 Gníomhú ar son na hAeráide** |
|---|
| 1. Tacú le cur chun feidhme na gcuspóirí Idirnáisiúnta, Eorpacha agus Náisiúnta mar a shonraítear iad mar seo a leanas:<br>▪ Straitéis an Aontais Eorpaigh um Oiriúnú Aeráide 2021;<br>▪ Comhaontú Glas don Eoraip;<br>▪ na hAchtanna um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Ísealcharbóin 2015 go 2021;<br>▪ an Plean Gnímh don Aeráid (2019) agus aon phlean nuashonraithe;<br>▪ An Creat Náisiúnta um Oiriúnú Aeráide 2018;<br>▪ An Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide;<br>▪ Pleananna Oiriúnaithe Earnála agus<br>▪ An Plean Náisiúnta Maolúcháin Aeráide (nuair a bheidh sé ullmhaithe agus glactha) |
| 2. Tacú le cur chun feidhme na gcuspóirí náisiúnta um oiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide chun aistriú cóir a bhaint amach go geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh bithéagsúlachta de, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus atá neodrach ó thaobh carbóin de. |
| 3. Tacaíocht trí bheartas agus trí chuspóirí an phlean, a thabhairt don chuspóir náisiúnta den chosán atá ceangailteach ó thaobh dlí chuig astaíochtaí glan-nialasacha faoi tráth nach déanaí ná 2050, agus do laghdú de 51% ar astaíochtaí faoi dheireadh 2030; trí bhuiséid charbóin 5 bliana a chur i bhfeidhm, trí gháis cheaptha teasa a laghdú, iompar inbhuanaithe a chur chun cinn, úsáid acmhainní in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus tacú le réitigh atá bunaithe ar nádúr. |
| 4. Tacú le cur chun feidhme na mbeartas agus na ngníomhartha atá leagtha amach i Straitéis Oiriúnaithe Aeráide 2019-2024 Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, agus í a éascú agus a chur chun cinn. |

| | |
|---|---|
| 5. | Plean Gníomhaíochta Aeráide Údaráis Áitiúil cúig bliana a ullmhú agus a dhéanamh de réir an Achta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2021 agus treoirlínte tacaíochta amach anseo agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha dá bharr chun ailíniú a chinntiú. |
| 6. | Tacú le huasteorainneacha náisiúnta astaíochtaí earnála agus buiséid charbóin a luaithe a ghlacfar iad i gcás inarb infheidhme. |
| 7. | Na rioscaí aeráide a bhaineann le hathrú aeráide a bhainistiú trí bhearta oiriúnaithe aeráide a fhorbairt agus trí phleanáil agus forbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear trí phleanáil, dearadh agus feidhmiú Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe Coirib go Cósta i gcomhar leis an OOP. |
| 8. | Tacú le bearta bainistíochta uisce a chur i bhfeidhm trí shásraí mar SUDS, baint uisce báistí, úsáid uisce liath, stóráil uisce agus réitigh nádúr-bhunaithe chun oiriúnú do thionchair an athraithe aeráide. |
| 9. | Tacú leis an gCrios Dícharbónaithe (DZ) sa chathair agus le haon Chrios Dícharbónaithe (DZ) a bheidh sa chathair amach anseo agus an plean forfheidhmithe gaolmhar chun bearta a chur chun cinn chun astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa (GHG) a laghdú agus coinníollacha ginearálta comhshaoil a fheabhsú sa limistéar seo. |
| 10. | Tacú le Máistirphleananna Fuinnimh arna n-ullmhú ag Pobail Fuinnimh Inmharthana i gCathair na Gaillimhe go háirithe chun tacú le moltaí Mháistirphlean Fuinnimh Chathair na Gaillimhe agus an Phlean Gníomhaíochta Fuinnimh gaolmhar ina leagfar amach conairí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) a bhaineann le húsáid fuinnimh i gCathair na Gaillimhe a laghdú (dlite le críochnú faoi lár 2022) |
| 11. | Tacú le tionscnaimh chun dea-bhainistíocht ithreach, gabháil carbóin agus ceapadh carbóin a chur chun cinn nuair is féidir sa chathair. |
| 12. | Comhoibriú leis an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO) agus le haon pháirtí leasmhar ábhartha eile maidir le cur chun feidhme na straitéisí maolaithe agus oiriúnaithe don athrú aeráide atá ann agus a bheidh ann amach anseo agus beartas um ghníomhú ar son na haeráide chun tacú leis an aistriú go geilleagar ísealcharbóin. |
| 13. | Feasacht a mhéadú agus tacú le hathrú iompraíochta maidir le hathrú aeráide, athléimneacht aeráide agus an t-aistriú go geilleagar ísealcharbóin. |
| 14. | Deiseanna a chumasú chun tionscadail arna maoiniú ag an CE a ghníomhachtú amhail Misin an Aontais Eorpaigh 'Horizon Europe' faoin dá mhisean seo a leanas (i) Cathracha atá Cliste agus Neodrach ó thaobh na hAeráide de (ii) Oiriúnú don Athrú Aeráide, lena n-áirítear claochlú sochaíoch. |
| 15. | Ráiteas gníomhaíochta aeráide a éileamh a bhreithníonn fuinneamh, astuithe agus iompar inbhuanaithe mar chuid de gach Plean Ceantair Áitiúil, Máistirphlean, Creat Spásúlachta, agus Láithreán Athghiniúna agus Deise. |
| 16. | Tacú le bearta chun an spleáchas ar phlaistigh aonúsáide sa chathair a laghdú agus béim ar leith ar bhuidéil phlaisteacha aonúsáide a bhaint as úsáid mar bheart le bheith réamhghníomhach chun tacú leis an bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide. |

## 2.3 Pleanáil & Inbhuanaitheacht – Torthaí Pleanála Inbhuanaithe a Bhaint Amach

Is cumasóir ríthábhachtach í pleanáil agus an córas pleanála chun freagairt do na dúshláin a chruthaíonn athrú aeráide agus chun athléimneacht aeráide a thógáil agus chun tacú leis an aistriú go neodracht carbóin. Go háitiúil, sa Phlean Forbartha, leagtar amach creat pleanála um úsáid talún a chomhtháthaíonn oiriúnú aeráide, bearta maolaithe, inbhuanaitheacht agus an comhshaol i mbeartas spásúlachta. Go háirithe is féidir leis an gCroí-Straitéis, le beartais agus le cuspóirí

criosaithe talamhúsáide fás dlúth a spreagadh, tacú le soghluaisteacht inbhuanaithe agus é a chomhtháthú le húsáid talún, soláthar a dhéanamh do bhonneagar glas, aghaidh a thabhairt ar riosca tuilte, agus soláthar a dhéanamh d'fhuinneamh in-athnuaite. Freagraíonn an cur chuige seo go díreach don ghá atá le hacmhainní nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú, éileamh ar fhuinneamh a laghdú, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus cosaint a thabhairt i gcoinne na rioscaí a bhaineann le hathrú aeráide sa chathair.

### Bonneagar Glas agus Gorm (Oiriúnú agus Maolú)

Tá an t-ádh ar Chathair na Gaillimhe go bhfuil oidhreacht shaibhir de chaipiteal nádúrtha aici. Ina measc tá cósta, coillearnacha, aibhneacha, córas canálach agus gnáthóga cosanta. Áirítear sa chúigiú cuid d'achar talún iomlán Chathair na Gaillimhe limistéir atá sainithe mar ghnáthóga cosanta, tailte áineasa agus taitneamhachta agus tailte in úsáid talmhaíochta. Tá an gréasán de spásanna seo comhdhéanta de bhonneagar glas agus gorm na cathrach. Soláthraíonn sé raon buntáistí lena n-áirítear tacú le bithéagsúlacht, caitheamh aimsire, fóillíocht agus deiseanna soghluaisteachta inbhuanaithe agus folláine ghinearálta. Is féidir leis an mbonneagar glas agus gorm seo a chumasú trí thacaíocht bheartais agus dea-bhainistíocht na n-acmhainní seo tairbhí a sheachadadh chun dea-chaighdeán comhshaoil nádúrtha a choimeád agus aghaidh a thabhairt ar thionchair an athraithe aeráide.

Trí bhainistíocht ghníomhach is féidir na tairbhí seo a úsáid mar réitigh atá bunaithe ar nádúr chun oiriúnú don athrú aeráide. Sainmhíníonn an tAontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra réitigh atá bunaithe ar an dúlra mar "gníomhaíochtaí chun éiceachórais nádúrtha nó modhnaithe a chosaint agus a bhainistiú go hinbhuanaithe agus a athchóiriú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha go héifeachtach agus go hoiriúnaitheach, ag soláthar leasa daonna agus tairbhí bithéagsúlachta ag an am céanna". Is féidir le bonneagar glas agus gorm tairbhí suntasacha comhshaoil a sholáthar lena n-áirítear stóráil uisce tuilte, fuarú uirbeach agus caighdeán aeir níos fearr. Tá ról tábhachtach acu freisin maidir le dul i ngleic le géarchéim na bithéagsúlachta, le ceapadh carbóin, le uisce scagtha agus maolaithe a ionsú, le creimeadh a chosc agus le truailleáin ón aer agus ón uisce a scagadh.

Is é dúshlán an phlean seo ná a chinntiú go ndéantar na spásanna seo a bhainistiú agus a fheabhsú go cúramach agus cothromaíocht a lorg idir soláthar a dhéanamh d'áineas agus rochtain agus sláine an éiceachórais a chothabháil. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach i bhfianaise an fháis spriocdhírithe daonra don chathair a mbeidh scála agus cáilíocht leordhóthanach spáis



oscailte ag teastáil uaidh. Cuirfidh an Straitéis um Spás Glas atá á hullmhú faoi láthair ag an gComhairle leis na beartais ábhartha sa phlean ina leith seo.

Is beart eile iad córais draenála uirbeacha inbhuanaithe (SuDS) a chuirtear chun cinn i mbeartas agus i ndearadh forbartha trína ndéantar uisce dromchla/uisce báistí a laghdú agus a bhainistiú go hinbhuanaithe trí dhearadh. Is féidir leis seo an baol ó thuilte áitiúil a laghdú. D'fhéadfadh réitigh nádúr-bhunaithe a áireamh in SuDS inar féidir raon de bhearta éagsúla a úsáid, cosúil le díonta glasa, claiseanna reatha, locháin agus logaill chrann. Nuair a chuirtear iad seo san áireamh sa dearadh is féidir leo caighdeán an uisce a fheabhsú, splancthuilte a chosc agus ag an am céanna cur le bithéagsúlacht agus feabhsú gnáthóg. Bíonn cur i bhfeidhm SuDS ag brath ar chúinsí a bhaineann go sonrach leis an láithreán agus d'fhéadfadh feidhm a bheith acu ar fhoirgnimh freisin inar féidir uisce báistí a bhaint agus bainistíocht inbhuanaithe agus caomhnú uisce a sheachadadh araon.

## Riosca i gCás Tuilte (Oiriúnú)

Mar gheall ar ardú leibhéil na farraige agus réamh-mheastacháin báistí níos déine, beidh Cathair na Gaillimhe níos mó i mbaol ó thuilte cósta, abhann, báistí (uisce stoirme uirbeach). Cruthóidh sé seo riosca suntasach do phobail agus do ghnóthaí atá ag feidhmiú i gceantair riosca tuilte. Tá Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte (SFRA) déanta, mar chuid d'ullmhú an Phlean Forbartha. Cuireann sé seo eolas ar fáil ar bhaol tuilte sa chathair agus thug sé eolas don Chroí-Straitéis agus tabharfar treoir do dhréachtú beartas agus cuspóirí. Treoróidh siad seo forbairt sa todhchaí, ag srianadh cineálacha áirithe forbartha i gcriosanna tuilte agus beidh gá le bearta dearaidh áit a bhfuil forbairt inghlactha tar éis tástála fírinnithe. Mar gheall ar athrú aeráide, áfach, tá forbairtí reatha sa chathair fós i mbaol mór tuilte. Teastóidh bearta oiriúnaithe ar nós scéim faoisimh riosca tuilte shonrach atá ar siúl faoi láthair chun an tuilte réamh-mheasta seo agus gach riosca tuilte a  bhainistiú.

Aithníodh Cathair na Gaillimhe mar Cheantar le haghaidh Measúnacht Bhreise (AFA) i staidéar Measúnaithe agus Bainistiú Riosca Tuile Dhobharcheantar an Iarthair (CFRAM) in 2016 agus thángthas ar an gconclúid go mbeadh scéim faoisimh tuilte inmharthana agus éifeachtach don phobal. Tá tús curtha leis an tionscadal seo ó shin agus tá an Chomhairle Cathrach ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP) tar éis an scéim ar a dtugtar an tionscadal Coirib go Cósta a choimisiúnú chun aghaidh a thabhairt ar bhainistíocht inbhuanaithe agus éifeachtach ar riosca tuilte sa chathair. Táthar ag súil go mbeidh an tionscadal seo, lena n-áirítear an dearadh, an toiliú agus an tógáil críochnaithe faoi 2029.



## Fuinneamh In-athnuaite (Maolú)

Is foinse fuinnimh ísealcharbóin nó saor ó charbón é fuinneamh in-athnuaite a tháirgtear ó fhoinsí a athlánaítear ar bhonn seasta trí thimthriallta an dúlra. Murab ionann agus breoslaí iontaise níl na foinsí fuinnimh seo teoranta. Tá forbairt acmhainní fuinnimh in-athnuaite agus forbairt fuinnimh ísealcharbóin ríthábhachtach don aistriú go geilleagar ísealcharbóin agus chun spriocanna aeráide a bhaineann le laghdú astaíochtaí gáis cheaptha teasa a bhaint amach. Tá gá leo seo a fhorbairt chun slándáil an tsoláthair fuinnimh sa tír a chinntiú.

Tacaíonn an Plean Forbartha le méadú ar úsáid fuinnimh in-athnuaite agus forbairt bonneagair fuinnimh in-athnuaite agus tionscnaimh chun rogha inmharthana a sholáthar do dhó breoslaí iontaise. I measc na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite tá grianfhótavoltach (PV), gréine teirmeach, geoiteirmeach, cumhacht hidrileictreach, cumhacht taoide, gás in-athnuaite, hidrigin ghlas, úsáid bithbhreoslaí agus tuirbíní gaoithe ar an gcladach agus amach ón gcósta. Ní ach cuid de na deiseanna seo oiriúnach sa chathair toisc gur limistéar uirbeach é. Tá an fhéidearthacht ann freisin maidir le scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna téimh lár ceantair laistigh den chathair go háirithe i gceantair nua-ainmnithe cosúil leis na hArdáin agus i roinnt de na suíomhanna athghiniúna.

Tá forbairt foinsí fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta ag teacht chun cinn mar acmhainn ríthábhachtach chun spriocanna um astaíochtaí a bhaint amach. Tá Cósta an Iarthair an-oiriúnach d'fhorbairt fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta agus tá Éire mar chuid de thionscnamh idirnáisiúnta faoi láthair chun tiontairí fuinneamh tonnta agus gaoithe a fhorbairt agus a thástáil. Tá Láithreán Tástála Fhuinneamh Mara an Atlantaigh (AMETS) suite siar ó Bhéal an Mhuirthead i gCo. Mhaigh Eo agus cuireann sé áis tástála lánscála ar fáil do thiontairí fuinneamh gaoithe agus aigéin, tá láithreán tástála ceathrúscála i gCuan na Gaillimhe freisin. Sa chás go ndéantar dul chun cinn ar thionscadail fuinnimh in-athnuaite ar mhórscála amach ón gcósta, tá Port na Gaillimhe in áit iontach chun tacaíocht ar tír mór a sholáthar d'fhorbairt dá leithéid.

Tacaíonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) le 'tionscnaimh pobail fuinnimh inbhuanaithe' a chabhraíonn le pobail áitiúla tionscadail a fhorbairt atá dírithe ar fhuinneamh a úsáid ar bhealach níos inbhuanaithe trí bhearta chun tacú le héifeachtúlacht fuinnimh, úsáid fuinnimh in-athnuaite agus córais fuinnimh chliste. Comhoibreoidh an Chomhairle leis an ÚFIÉ ar

na tionscnaimh sin sa chathair agus bainfidh sí leas as tacaíocht agus saineolas CARO agus páirtithe leasmhara ábhartha eile.

| **Beartas 2.3 - Fuinneamh In-athnuaite** |
|---|
| 1. An fhorbairt d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh laistigh den chathair a chur chun cinn agus a éascú, agus tacú le tionscnaimh náisiúnta, a thairgeann roghanna malartacha inbhuanaithe ar spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus modh chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, faoi réir tionchair amhairc mhíchuí atá diúltach don chomhshaol a sheachaint, nó tionchair ar thaitneamhacht chónaithe. |
| 2. Tacú le agus oibriú i gcomhpháirtíocht leis an ÚFIÉ, Pobail Fuinnimh Inmharthana áitiúla agus páirtithe leasmhara ábhartha i bhforbairt tionscadal fuinnimh in-athnuaite atá tíosach ar fhuinneamh agus imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le húsáid teicneolaíochtaí in-athnuaite atá ag teacht chun cinn sa chathair. |
| 3. A chinntiú go seachnaíonn forbairt an fhuinnimh in-athnuaite agus an bonneagar gaolmhar tionchair dhiúltacha ar láithreáin Eorpacha agus go gcloítear le ceanglais Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43CEE). |
| 4. Forbairt fuinnimh ar an láthair ar scála beag a chur chun cinn, áit a bhfuil gá go príomha le fuinneamh a ghintear chun freastal ar riachtanais na dteaghlach, na bpobal agus na ngnóthaí chun a gcuid astaíochtaí carbóin a laghdú. I measc na samplaí d'fhéadfadh micreaghiniúint fuinneamh gréine/gaoithe, téamh ceantair, teicneolaíochtaí fuinnimh geoiteirmeacha agus aer-go-huisce. |
| 5. Tacú le ceanglais chomhtháthaithe an ghréasáin tarchurtha chun naisc a éascú maidir le tograí fuinnimh in-athnuaite leis an eangach tarchurtha leictreachais agus gáis, ar bhealach inbhuanaithe agus tráthúil, faoi réir breithnithe cuí pleanála agus comhshaoil. |
| 6. Tacú le forbairt bonneagair chuí talamh-bhunaithe ag láithreacha oiriúnacha sa chathair chun tacú le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta faoi réir cosaint imleor amhairc, chomhshaoil agus éiceolaíochta. |

## Iompar (Maolú)

Áirítear le hiompar an ghluaiseacht d'earraí agus daoine agus b'ionann é agus 20.4% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann in 2019. Tá dlúthbhaint ag astaíochtaí iompair le fás geilleagrach, toisc go meastar go dtiocfaidh méadú de bhreis ar mhilliún duine ar dhaonra na hÉireann faoi 2040 cruthóidh sé seo méadú ar éileamh ar ghluaiseacht daoine agus earraí agus dúshlán breise maidir le hastaíochtaí a bhaineann le hiompar a laghdú. Ina theannta sin cuireann iompar le truailliú aeir agus le droch-chaighdeán an aeir áitiúil trí scaoileadh micreacháithníní agus ocsaídí nítrigine atá freagrach as galair riospráide. Tá astaíochtaí iompair in Éirinn níos measa de bharr patrún lonnaíochta scaipthe, dlús daonra íseal, ardchéatadán de thurais á ndéanamh i gcarr príobháideach agus bonneagar iompair phoiblí, siúlóide agus rothaíochta neamhleor.

Tá sé mar sprioc ag Éirinn astaíochtaí a bhaineann le hiompar a laghdú le 40-45% faoi 2030. Tá beartas chun astaíochtaí a laghdú san earnáil iompair dírithe ar dhéine iompair an fháis agus ar dhéine carbóin an taistil a laghdú.

Maidir leis an bPlean Forbartha áirítear leis seo glacadh le dlúthbheartais fáis agus athnuachan láithreán athfhorbraíochta atá ar cheann de phríomhphrionsabail na Croí-Straitéise i gcomhar le straitéis iompair a chuireann soghluaisteacht inbhuanaithe chun cinn mar a fhoráiltear dó i Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS). Spreagfaidh sé sin dlúis inbhuanaithe, leathnú ar líonraí siúlóide, rothaíochta agus iompair phoiblí, spreagfar coincheap na comharsanachta agus tacú le bonneagar don aistriú go feithiclí leictreacha agus úsáid bithbhreoslaí.

### Timpeallacht Thógtha (Oiriúnú agus Maolú)

In 2019 b'ionann na hearnálacha cónaitheacha, tráchtála agus poiblí agus 13.9% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann. Áirítear ar na hearnálacha seo na hastaíochtaí ón timpeallacht thógtha. Tá gá le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh, trí iarfheistiú agus caighdeáin feidhmíochta fuinnimh níos airde d'fhoirgnimh nua, chun éileamh foriomlán fuinnimh a laghdú agus caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú trí fhoirgnimh a dhéanamh níos sláintiúla, níos compordaí agus níos saoire ó thaobh costas teasa. Tá éifeachtúlacht fuinnimh feabhsaithe agus forbairt feidhmíochta ríthábhachtach do spriocanna astaíochtaí gás ceaptha teasa. Ní mór foirgnimh nua a bheith ar chaighdeán d'Fhoirgneamh Beagnach Neodrach ó Thaobh Fuinnimh de (nZEB) tríd an Treoir Eorpach um Fheidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD) a thrasuíomh trí Chuid L de na Rialacháin Foirgníochta. Ceanglaítear sa EPBD freisin go ndéanfaí an fuinneamh a theastaíonn ón bhfoirgneamh a shásamh go mór ó fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a tháirgtear ar an láthair nó in aice láimhe agus go mbaineann sé le foirgnimh atá á n-athchóiriú níos mó ná 25% de chlúdach an fhoirgnimh.

Spreagann an Chomhairle dearadh foirgneamh ardfheidhmíochta fuinnimh trí lonnú, leagan amach agus dearadh forbairtí nua chun an úsáid is fearr a bhaint as deiseanna fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin. Tacaíonn an Chomhairle freisin le hiarfheistiú agus le hathúsáid foirgneamh atá ann cheana féin.

| **Beartas 2.4 Dearadh agus Tógáil Foirgnimh Inbhuanaithe** |
|---|
| 1. Feidhmíocht fuinnimh foirgneamh nua sa chathair a mhéadú trí éifeachtúlacht fuinnimh agus caomhnú fuinnimh a spreagadh i suíomh, leagan amach, dearadh agus tógáil na forbartha. |
| 2. Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt nua chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) a theorannú agus leas a bhaint as deiseanna d'fhuinneamh in-athnuaite agus ísealcharbóin lena n-áirítear trí dhearadh, leagan amach, treoshuíomh agus cleachtais tógála. |
| 3. Ardchaighdeáin um chaomhnú fuinnimh agus feidhmíocht fheabhsaithe fuinnimh a spreagadh i ngach tithíocht údaráis áitiúil atá ann cheana agus atá pleanáilte agus cuimsiú do chlár oibreacha um iarfheistiú domhain (faoi láthair faoin gClár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh). |
| 4. Teagmháil a dhéanamh leis an ÚFIÉ agus le gníomhaireachtaí eile chun caighdeáin, nósanna imeachta agus spriocanna a fhorbairt do chaomhnú fuinnimh i stoc tithíochta na Comhairle. |
| 5. Tacú le hiarfheistiú agus athúsáid foirgneamh atá ann cheana ar mhaithe le hinbhuanaitheacht agus ar aon dul le seachadadh na Samhla Náisiúnta Comhiomlánaithe Iarfheistithe. |
| 6. Éifeachtúlacht fuinnimh agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn i bhfoirgnimh reatha agus nua araon agus tacú le cur i bhfeidhm Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Feidhmíocht Fuinnimh i bhFoirgnimh agus an Deimhniú Rátála Fuinnimh Foirgnimh (BER). |
| 7. Tacú le solúbthacht, inrochtaineacht agus inoiriúnaitheacht i dtéarmaí leagan amach agus dearadh na tithíochta nua. |

## 2.4 Gníomhú ar son na hAeráide a chomhtháthú le Plean Forbartha na Cathrach

Chun dul i ngleic le hathrú aeráide teastaíonn cur chuige comhtháite straitéiseach a leabú sa Phlean Forbartha. Maidir leis seo taispeántar i dTábla 2.1 na príomhbheartais trasghearrtha a chuireann le maolú agus oiriúnú atá ionchorpraithe i ngach caibidil den phlean.

**Tábla 2.1: Príomhbhearta beartais ina n-ionchorpraítear bearta um oiriúnú agus maolú aeráide**

| Caibidil | Beartais & cuspóirí |
|---|---|
| **1. Réamhrá, Comhthéacs Straitéiseach & Croí-Straitéis** | • Sainaithnítear mar sprioc straitéiseach, gníomhú ar son na haeráide agus aistriú ar bhonn ceartais chuig geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, atá saibhir i mbithéagsúlacht agus atá neodrach ó thaobh na haeráide de.<br>• Sainaithnítear cosaint agus feabhsú an chomhshaoil nádúrtha agus an ghréasáin ghlais mar sprioc straitéiseach.<br>• Éascaítear fás dlúth sa chathair trí úsáid talún agus gréasáin soghluaisteachta inbhuanaithe a chomhtháthú agus trí athfhorbairt a dhéanamh ar thailte athfhorbraíochta agus tearcúsáidte. |
| **2. Gníomhú ar son na hAeráide** | • Tugtar tacaíocht don aistriú cóir go geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, atá saibhir i mbithéagsúlacht agus atá neodrach ó thaobh carbóin de.<br>• Tugtar tacaíocht do chur chun feidhme na gcuspóirí idirnáisiúnta, Eorpacha, náisiúnta agus áitiúla go léir atá leagtha amach i bpleananna aeráide an rialtais agus earnálacha agus i Straitéis Chomhairle Cathrach na Gaillimhe um Oiriúnú Aeráide 2019-2024.<br>• Cuirtear chun cinn forbairt bonneagair fuinnimh in-athnuaite, infreastruchtúr glas agus réitigh nádúr-bhunaithe agus bainistíocht riosca tuilte sa chathair.<br>• Tugtar tacaíocht do sheachadadh an Scéim um Fhaoiseamh Tuile Coirib go Cósta.<br>• Tugtar tacaíocht do Chrios Dícharbónaithe (DZ) ainmnithe agus do na gníomhartha a eascraíonn as an Máistirphlean Fuinnimh do Chathair na Gaillimhe.<br>• Tugtar tacaíocht don aistriú go geilleagar ciorclach. |
| **3. Tithíocht agus Comharsanachtaí Inbhuanaithe** | • Tugtar tacaíocht don choincheap den 'Chathair laistigh de 15 Nóiméad' agus cruthú comharsanachtaí cónaithe inbhuanaithe trí sheirbhísí agus áiseanna pobail a sholáthar in éineacht le forbairt chónaithe.<br>• Tugtar tacaíocht do dhlúthfhás agus dlús cónaithe níos airde ar Láithreáin Athghiniúna agus Deise straitéiseacha agus ar láithreáin atá suite in aice le hiompar poiblí.<br>• Tugtar tacaíocht do chomhtháthú bonneagair ghlais, éifeachtúlacht fuinnimh agus inoiriúnaitheacht síoraíochta i leagan amach na bhforbairtí nua. |
| **4. Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus Iompar** | • Tugtar tacaíocht do comhtháthú úsáid talún agus iompar chun fás dlúth a spreagadh, aistriú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa.<br>• Tugtar tacaíocht don choincheap den 'Chathair laistigh de 15 Nóiméad' chun spleáchas ar úsáid gluaisteáin a laghdú agus chun soghluaisteacht inbhuanaithe a spreagadh. |

| | |
|---|---|
| | • Tugtar tacaíocht do sheachadadh tionscadal iompair phoiblí agus soghluaisteachta inbhuanaithe i Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) amhail an Nasc Traschathrach, Nasc Bus agus an Líonra Glasbhealaí Náisiúnta sa chathair.<br>• Tugtar tacaíocht do leathnú an líonra luchtaithe EV |
| **5. Oidhreacht Nádúrtha, Áineas agus Taitneamhacht** | • Cuirtear chun cinn réitigh atá bunaithe ar an dúlra chun cur le hathléimneacht aeráide<br>• Tugtar tacaíocht do chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht (2017-2023), Plean Uile-Éireann um Phailineoirí 2021-2025 agus Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014-2024.<br>• Tugtar tacaíocht do láithreáin, a bhfuil tábhacht éiceolaíoch ag baint leo, a chosaint, do dhorchlaí fiadhúlra a chosaint agus do chlocha cora agus do bhithéagsúlacht a athchóiriú trí ghnéithe glasa deartha sa chathair.<br>• Tugtar tacaíocht don fhorbairt de Líonra Glas agus Gorm. |
| **6. Geilleagar, Fiontar agus Miondíol** | • Tugtar tacaíocht don aistriú go geilleagar ísealcharbóin.<br>• Tugtar tacaíocht d’fhostaíocht nua atá ailínithe le gníomhú ar son na haeráide agus leis an ngeilleagar ciorclach.<br>• Tugtar tacaíocht do chomhtháthú fostaíochta, tithíochta agus modhanna iompair inbhuanaithe.<br>• Éascú a dhéanamh ar fhorbairt Lárionaid Cheantair, Chomharsanachta agus Áitiúla bhríomhara le raon de sheirbhísí miondíola, pobail agus fóillíochta chun éileamh taistil a laghdú agus tacú leis an “gcoincheap comharsanachta (cathair) laistigh de 15 nóiméad”.<br>• Tugtar tacaíocht do nuálaíocht san ionad oibre trí dhigitiú, cleachtais oibre iargúlta agus solúbtha agus tugtar tacaíocht d’obair mhoil. |
| **7. Pobal agus Cultúr** | • Tugtar tacaíocht do sholáthar pobail inbhuanaithe áit a bhféadtar teacht ar sheirbhísí áitiúla agus áiseanna pobail go héasca ar shiúl na gcos, ar rothar agus ar iompar poiblí.<br>• Cinntítear go gcuirtear áiseanna agus seirbhísí pobail ar fáil in éineacht le forbairtí nua cónaithe.<br>• Cinntítear go bhfuil gach saoráid agus seirbhís nua pobail lena n-áirítear áiseanna ealaíon agus cultúrtha, áiseanna cúram sláinte agus áiseanna oideachais agus cúram leanaí suite ionas go bhféadtar teacht orthu ar shiúl na gcos, ar rothar agus ar iompar poiblí. |
| **8. Oidhreacht Thógtha, Comhfhorbairt Áite agus Dearadh Uirbeach** | • Cuirtear chun cinn dearadh foirgneamh inbhuanaithe, dea-chleachtas caomhantais chun cinn agus cothabháil, oiriúnú agus athúsáid chuí d’fhoirgnimh stairiúla.<br>• Tugtar tacaíocht do dhearadh uirbeach, comhfhorbairt áite agus ríocht phoiblí ar ardchaighdeáin a sheachadadh atá athléimneach ó thaobh athrú aeráide de |

| | |
|---|---|
| | • Cuirtear chun cinn comhtháthú réitigh SuDS nádúr-bhunaithe sa ríocht phoiblí<br>• Spreagtar nuálaíocht san ailtireacht agus cuirtear éifeachtúlacht fuinnimh agus dearadh glas chun cinn |
| **9. Comhshaol agus Bonneagar** | • Cosnaítear agus cuirtear chun cinn bainistíocht inbhuanaithe uisce agus dobharlach sa chathair agus úsáid Córais Draenála Uirbigh Inbhuanaithe (SUDS), Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte, bainistíocht agus seachadadh na Scéime um Fhaoiseamh Tuilte Coirib go Cósta.<br>• Cuirtear chun cinn an fhorbairt de bhonneagar glas.<br>• Cuirtear chun cinn agus tugtar tacaíocht do thionscnaimh um thruailliú aeir agus torainn a laghdú.<br>• Cosnaítear in aghaidh truaillithe solais agus éilítear dearadh scéimeanna soilsithe atá tíosach ar fhuinneamh do gach forbairt nua.<br>• Tugtar tacaíocht d'fhorbairt bonneagair dhigitigh agus Cathair Chliste.<br>• Tugtar tacaíocht do sheachadadh córais leictreachais inbhuanaithe chun aistriú go geilleagar ísealcharbóin a chinntiú. |
| **10. Dlúthfhás agus Athghiniúint** | • Tugtar tacaíocht do bhearta atá leagtha amach i Staidéar ar Dhlús Uirbeach agus Airde Foirgnimh Chathair na Gaillimhe chun forbairt dhlúth a éascú atá dírithe ar láithreacha inrochtana agus íoslaghdú taistil.<br>• Tugtar tacaíocht d'athfhorbairt ar láithreáin athghiniúna agus athfhorbraíochta agus bearta chun dul i ngleic le tréigtheacht agus áitribh fholmha.<br>• Tugtar tacaíocht d'fheabhsú na ríochta poiblí chun inrochtaineacht agus nascacht a fheabhsú. |
| **Gach Caibidil** | • Tá gach caibidil faoi réir na measúnachtaí seo a leanas mar chuid d'ullmhú an Phlean Forbartha.<br>• Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta<br>• Scagthástáil ar Mheasúnú Cuí<br>• Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte |

# Caibidil 3

## Tithíocht agus Comharsanacht aí Inbhuanaithe

### Clár na nÁbhar


3.1 Comhthéacs ....63
3.2 Straitéis Tithíochta ....64
3.3 Cóiríocht don Lucht Siúil ....69
3.4 Coincheap Comharsanachta Inbhuanaithe ....70
3.5 Comharsanachtaí Inbhuanaithe: Bruachbhailte Lasmuigh ....77
3.6 Comharsanachtaí Inbhuanaithe: Bruachbhailte Bunaithe ....80
3.7 Comharsanachtaí Inbhuanaithe: Limistéir Chónaithe Laistigh ....82
3.8 Comharsanachtaí Inbhuanaithe: Limistéir Chónaithe Lár na Cathrach ....84
3.9 Cuspóirí Sonracha ....87

## 3.1 Comhthéacs

Tá infhaighteacht tithíochta inacmhainne ar ardchaighdeán ar bhealach atá cuimsitheach go sóisialta agus a thacaíonn le dea-chomhfhorbairt áite riachtanach chun freastal ar riachtanais chathrach atá ag fás. Sa Phlean Forbartha, cuirtear an creat ar fáil do thithíocht atá comhtháite le bonneagar iompair agus nasctha le deiseanna fostaíochta. Cinntítear go dtacaíonn creat beartais le comhordú na tithíochta le seirbhísí riachtanacha, taitneamhachtaí agus áiseanna pobail. Léiríonn an cur chuige seo beartas náisiúnta agus réigiúnach a thacaíonn le maireachtáil níos mó sa chathair, fás dlúth agus pobail bheoga agus shláintiúla. Tacaíonn sé le lorg carbóin na cathrach a laghdú trí spleáchas ar charranna agus an gá le taisteal a laghdú. Tugann an plean níos mó cinnteachta do chinntí infheistíochta ón earnáil phríobháideach agus phoiblí araon. Áirítear le sprioc straitéiseach an phlean cuimsiú sóisialta a éascú i dtithíocht agus rochtain do chách ar an timpeallacht níos leithne mar chuid de chathair chomhionann agus chuimsitheach. Léirítear an sprioc seo sna beartais a thacaíonn le tithíocht agus comharsanachtaí inbhuanaithe.

Mar atá leagtha amach sa Chroí-Straitéis, tá straitéis lonnaíochta na cathrach dírithe ar athghiniúint na láithreán athfhorbraíochta agus tearcúsáidte a bhfuil scóip acu le haghaidh méid suntasach forbartha cónaithe agus forbairt de láithreáin aitheanta d'fhorbairt chónaithe mar gheall ar a suíomh barrmhaith, gar do sheirbhísí reatha agus do líonraí iompair phoiblí, rothair agus choisithe. Áirítear ann limistéar PCÁ na nArdán, Mórshuíomh Seachadta Tithíochta Uirbeach (MUHDS) atá sainithe go náisiúnta, lena n-áirítear comhdhlúthú laistigh de na ceantair tithíochta bruachbhailte atá ann cheana féin, lonnaithe go príomha i mBaile na mBúrcach, i Ráthún, sa Chaisleán Gearr agus i nDabhach Uisce.

Tá Straitéis Tithíochta lena n-áirítear Measúnú ar Éileamh Riachtanas Tithíochta (HNDA) ullmhaithe mar chuid den phlean seo (féach doiciméid tacaíochta). Rinneadh athbhreithniú ar threochtaí i soláthar agus éileamh sa chathair agus leagtar amach na riachtanais tithíochta réamh-mheasta thar thréimhse an phlean. Rinneadh athbhreithniú freisin ar an ngá atá le sainroghanna tithíochta.

Beartas náisiúnta ar thithíocht, *Tithíocht do Chách - Plean Nua Tithíochta d'Éirinn* leagtar amach ann treochlár do sholáthar tithíochta don 10 mbliana atá romhainn. Tá sé mar sprioc aige 33,000 teach a sholáthar go náisiúnta in aghaidh na bliana arna miondealú go tithíocht úinéara/cíosa na hearnála príobháidí, tithíocht shóisialta, tithíocht inacmhainne agus tithíocht ar cíos costais. Beidh na hÚdaráis Áitiúla, an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) agus na Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (AHBanna) ina n-imreoirí móra i seachadadh tithíochta nua. Is príomhbhearta freisin iad athúsáid stoc tithíochta folmha agus uasghrádú agus iarfheistiú an stoic atá ann faoi láthair a chomhlíonann cuspóirí gníomhaíochta aeráide chomh maith leis an éileamh ar thithíocht.



Rinneadh measúnú ar an gcreat beartais do thithíocht agus do chomharsanachtaí inbhuanaithe trí SEA agus léiríonn sé rogha lonnaíochta inbhuanaithe a thacaíonn le dlúis chuí agus dlúthfhoirm uirbeach. Áirítear sa phlean an riachtanas Pleananna Ceantair Áitiúil, Máistirphleananna / Creatphleananna agus mionteagaisc/ráitis dearaidh a ullmhú. Cabhróidh siad seo le treoirphrionsabail forbartha a leagan amach chun ardchaighdeáin dearaidh agus leagan amach a chinntiú, comharsanachtaí dea-nasctha agus tréscaoilteach a chruthú agus chun cosaint agus feabhsú na taitneamhachta cónaithe atá ann cheana a chinntiú.

## 3.2 Straitéis Tithíochta

Ceanglaítear ar Údaráis Phleanála Straitéisí Tithíochta a ullmhú agus a chomhtháthú ina bPleananna Forbartha. Go ginearálta, is é cuspóir na Straitéise Tithíochta a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais tithíochta an daonra reatha agus an daonra a bheidh ann amach anseo. Tá sé mar aidhm ag beartas an phlean atá bunaithe ar an Straitéis Tithíochta a chinntiú go bhfreastalaítear ar an riachtanas tithíochta thar gach tionacht do dhaoine ar leibhéil éagsúla ioncaim, lena n-áirítear tithíocht shóisialta, inacmhainne agus ar cíos costais agus sainthithíocht, tithíocht arna háitiú ag an úinéir, cóiríocht phríobháideach ar cíos agus cóiríocht mac léinn. Tacaítear le meascán de chineálacha agus de mhéideanna tí chun riachtanais na gcatagóirí éagsúla teaghlach a shásamh. Áirítear leis seo riachtanais speisialta daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas, an Lucht Siúil agus daoine gan dídean.

### Seachadadh na hEarnála Príobháidí

Beidh gá le líon suntasach de riachtanas tithíochta a shásamh tríd an earnáil phríobháideach. Glacann an Chomhairle cur chuige réamhghníomhach trí bhainistíocht forbartha chun seachadadh tithíochta san earnáil phríobháideach a éascú agus comhoibríonn sí le príomhpháirtithe leasmhara chun seachadadh bonneagair ríthábhachtach a chur chun cinn. Is féidir le sruthanna maoinithe sonracha ar nós an URDF cabhrú freisin le soláthar tithíochta trí mhaoiniú a chur ar fáil chun infrastruchtúr a éascú.

Tá ról ag an earnáil phríobháideach freisin maidir le freastal ar riachtanas tithíochta sóisialta trí reachtaíocht Chuid V, bearta ar nós scéimeanna um fhorbairtí lándéanta, comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí agus san earnáil phríobháideach ar cíos trí scéimeanna mar an scéim Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) agus an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS).

I measc na mbeart eile chun tacú le soláthar tithíochta tá an tobhach ar láithreáin fholmha atá beartaithe mar shásra chun an fhorbairt de láithreáin fholmha a dhreasú, chun iad a chumasú chun úsáid thairbheach a bhaint astu nó chun díolachán na láithreán sin a spreagadh leo siúd a bhfuil spéis acu ann agus na hacmhainní chun iad a fhorbairt. Leanann an Chomhairle de scrúdú a dhéanamh ar láithreáin fholmha atá oiriúnach do thithíocht agus a chuireann leis an gClár um Láithreáin Fholmha mar is cuí, de réir na reachtaíochta reatha. Nuair is cuí, cuirfidh an Chomhairle aon bheart chun feidhme, ar bhearta iad a bhaineann le tobhach a thabhairt isteach d'fhoirgnimh fholmha sa todhchaí.

Aithnítear freisin gur féidir le hathúsáid an stoic foirgneamh atá sa chathair cur leis an soláthar tithíochta. Tá an acmhainneacht ag spás urláir uachtair folamh nó tearcúsáidte os cionn áitribh ghnó atá suite ar an mbunurlár agus roghanna chun spás tráchtála folamh a thiontú go húsáid chónaitheach chun tacú le húsáid chónaithe go háirithe i suíomhanna lár na cathrach agus i moil tráchtála. Trí thionscnaimh ar nós *Tithíocht do Chách*, *Croí Cónaithe (Cathracha)* tugtar tacaíocht freisin do sheachadadh tithíochta.

### Tithíocht Shóisialta, inacmhainne ar Cíos Costais

Ríomhann an HNDA go bhfuil 55.4% de na teaghlaigh, a dteastaíonn tithe uathu le linn thréimhse an phlean, sna catagóirí sóisialta (35%) agus inacmhainne (20.4%). Léiríonn sé seo an easpa acmhainne tithe a cheannach sa mhargadh maoine príobháidí mar gheall go páirteach ar phraghsanna arda maoine agus cíosanna reatha i gCathair na Gaillimhe. Cé go bhfuil ioncaim teaghlaigh sa Chathair réasúnta ard de réir caighdeán náisiúnta, tá dúshláin inacmhainneachta mar thoradh ar chostais arda tithíochta. Toisc go meastar go n-ardóidh cíosanna ag luas beagán níos tapúla ná ioncam, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar riachtanais tithíochta inacmhainne thar thréimhse an phlean.



Trí bhearta chun dul i ngleic le hinacmhainneacht, tugtha isteach faoi *Tithíocht do Chách* agus *Acht um Thithíocht Inacmhainne 2021,* lena n-áirítear tithíocht Ceannaigh Inacmhainne agus ar Cíos Costais, cuirfear le freastal ar an riachtanas tithíochta sa chathair arna seachadadh ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, an LDA agus AHBanna. Tá *Tithíocht do Chách* ag díriú níos mó ar sholáthar tithíochta sóisialta trí thithe nuathógtha á gcur ar fáil ag an údarás áitiúil, AHBanna agus trí chomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha. Leanfaidh éadáil mhaoine reatha fós de bheith ina rogha tithíochta, go háirithe chun réitigh tithíochta áitiúla ar leith a chomhlíonadh ag féachaint do dhúshláin mar shuíomh, dearadh, costas nó scála ama don soláthar. Leanfaidh úsáid ÍCT agus go pointe níos lú an RAS le ról tábhachtach a imirt sa chathair le linn thréimhse an phlean, ach meastar go laghdófar an spleáchas orthu seo de réir mar a thagann soláthar tógála nua i bhfeidhm. Mar thoradh ar athruithe ar bheartas tithíochta cuirfear deireadh de réir a chéile le roghanna léasaithe fadtéarmacha. I measc na mbeart eile chun dul i ngleic leis an riachtanas tithíochta sóisialta tá tacaíochtaí le seachadadh tríd an earnáil tithíochta deonaí agus comharchumainn.

Chun tacú le hinbhuanaitheacht agus laghduithe carbóin, beidh ról i seachadadh tithíochta ag tionscnaimh ar nós na scéimeanna Ceannaigh agus Athnuachan agus Deisigh agus Ligean chun úsáid a bhaint as stoc tithíochta folamh. Chomh maith leis sin, le linn thréimhse an phlean leanfar leis an gclár fairsing d'iarfheistiú domhain ar stoc tithíochta na comhairle ag tacú le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghduithe carbóin.

### Tithíocht le haghaidh Riachtanas Speisialta

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ina húinéir agus bainisteoir de thithíocht a oireann do riachtanais grúpaí éagsúla daoine agus oibríonn sí chun tithíocht a leithdháileadh a oireann do riachtanais aonair. Soláthraíonn AHBanna sainchóiríocht freisin. Tacaíonn an Chomhairle leis an ngá atá le maireachtáil neamhspleách agus le maireachtáil le tacaíocht pobalbhunaithe a éascú leis an neamhspleáchas agus an rogha is mó do dhaoine faoi mhíchumas tríd an soláthar de thithíocht speisialta agus trí dheontais shonracha oiriúnaithe tithíochta chun cur ar chumas daoine atá faoi mhíchumas coirp, céadfach, meabhairshláinte nó intleachta modhnuithe a dhéanamh ar a dtithe agus iad a oiriúnú. Soláthraíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus eagraíochtaí míchumais tacaíochtaí breise do dhaoine faoi mhíchumas chun cur ar chumas daoine maireachtáil ina dteach féin chomh neamhspleách agus is féidir, lena n-áirítear seirbhísí cúnaimh phearsanta agus tacaíocht bhaile. Mar gheall ar an treocht i dtreo daonra atá ag dul in aois, tá gá

le tacaíocht chun aosú in áit le dínit agus neamhspleáchas a éascú trí thógáil nua ar leith. Cuidíonn deontais oiriúnaithe agus soghluaisteachta arna maoiniú ag an gComhairle le mionathrú a dhéanamh ar thithe atá ann cheana féin agus leis na deontais sin, cuirtear ar chumas daoine scothaosta maireachtáil go neamhspleách. Tacaíonn dearadh uilíoch agus inoiriúnaitheacht feadh an tsaoil le riachtanais daoine scothaosta agus le riachtanais daoine faoi mhíchumas.

Trí roghanna cóiríochta tacaithe agus leath-neamhspleách, féadtar maireachtáil neamhspleách a chumasú agus nuair atá siad lonnaithe laistigh de phobail atá ann cheana féin, ceadaíonn siad idirghníomhaíocht níos fearr agus rochtain níos éasca ar sheirbhísí. Ag teacht leis an ráiteas beartais *'Roghanna Tithíochta dár nDaonra Aosaithe'* agus *'Prionsabail agus Treoirlínte Aoisbháúla don Údarás Pleanála' (Aoisbhá Éireann, 2021)* agus Clár Aoisbhá na Gaillimhe mar a nuashonraíodh é, oibreoidh an Chomhairle chun tacú le daoine scothaosta sa chathair. Tugann Comhairleoir Teicniúil Aoisbháúil laistigh den Chomhairle comhairle don Chomhairle agus d'fhorbróirí ar phrionsabail dearaidh aoisbháúla agus uilíocha sa phróiseas tógála agus tá raon treorach ar fáil chun bonn eolais a thabhairt do dea-chleachtas.

Cuirtear Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean ar fáil ar bhonn réigiúnach de réir *Plean Gníomhaíochta um Easpa Dídine Réigiún an Iarthair 2020-2022.* Laistigh den réigiún, is ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe a bhí an líon is mó daoine gan dídean a raibh rochtain acu ar chóiríocht. I bplean gníomhaíochta áitiúil Chathair na Gaillimhe, leagtar amach gníomhartha sonracha atá le cur i bhfeidhm i gcomhar le soláthraithe seirbhíse. Faoi *Tithíocht do Chách* tá an rialtas tiomanta do dhíothú na heaspa dídine faoi 2030 agus cuirfidh an Chomhairle i bhfeidhm aon tionscnaimh nua a eascraíonn as *Tithíocht do Chách* i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha. Is tacaíocht ríthábhachtach é an Clár um Thús Áite do Thithíocht do dhaoine bhíonn ina gcodladh lasmuigh faoin aer do dhaoine gan dídean a úsáideann aonaid chóiríochta aon leaba sa chathair le tacaíochtaí cuimsithí suntasacha curtha ar fáil ag príomhghníomhaireachtaí.

Leanfaidh an Chomhairle Cathrach ar aghaidh freisin le ról a ghlacadh i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH), an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) agus príomhghníomhaireachtaí i soláthar cóiríochta agus tacaíochtaí chun comhtháthú pobail do Dhídeanaithe a éascú faoin gClár um Chosaint na nDídeanaithe in Éirinn 2020-2023 agus faoi aon chlár a thagann ina dhiaidh sin.

Áirítear le sainriachtanais tithíochta eile sa chathair lóistín do mhic léinn agus leanfaidh an Chomhairle ag tacú le soláthar cóiríochta saintógtha do mhic léinn in áiteanna cuí chun freastal ar riachtanas réamh-measta mac léinn agus chun acmhainn san earnáil cíosa phríobháideach a scaoileadh saor.

Cruthaíonn geilleagar rathúil turasóireachta na cathrach éileamh ard ar chóiríocht turasóireachta a mbíonn tionchar aige ar sholáthar tithe. Leanfaidh an Chomhairle ag rialú cóiríocht ligin ghearrthéarmach chun tionchar diúltach ar sholáthar tithíochta agus/nó ró-chomhchruinniú d'úsáidí dá leithéid a chosc. Aithnítear, faoin reachtaíocht reatha, go bhfuil dúshláin ann don Chomhairle maidir le sáruithe ar ligean gearrthéarmach a fhorfheidhmiú . Tá athrú beartaithe ar an réimeas rialála atá molta faoi *Thithíocht do Chách* agus cloífidh an Chomhairle le haon riachtanais a thiocfaidh i bhfeidhm amach anseo.

| **Beartas 3.1 Straitéis Tithíochta** |
| --- |
| 1. A chinntiú go ndéantar dóthain tailte oiriúnacha a chriosú chun freastal ar an méid riachtanas tithíochta a aithníodh de réir an Chreat Náisiúnta Pleanála 2040 (NPF), an Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíoch Réigiúnach (RSES) agus an Plean Straitéiseach |

| | |
|---|---|
| | Ceantair Uirbeach (MASP) agus an daonra spriocdhírithe do Chathair na Gaillimhe, ag tacú le dlúthfhás agus athghiniúint lena n-áirítear an riachtanas go seachadfar ar a laghad 50% de na tithe nua go léir laistigh den lorg tógtha reatha. |
| 2. | Éascú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú agus ar sheachadadh na Straitéise Tithíochta agus Measúnú ar Riachtanas agus Éileamh Tithíochta (HNDA) 2023-2029 chun na spriocanna soláthair tithíochta aitheanta don chathair a bhaint amach agus féachaint ionas go mbeidh rogha tithíochta ar fáil a oirfidh do gach riachtanas agus ioncam. |
| 3. | A cheangal mar a fhoráiltear dó faoin Acht um Thithíocht Inacmhainne 2021 agus faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) go mbeidh 10% de na tailte criosaithe le haghaidh úsáide cónaithe, nó le haghaidh meascán d'úsáidí cónaithe agus eile, agus aon talamh nach bhfuil criosaithe le haghaidh úsáide cónaithe nó meascán d'úsáidí cónaithe agus úsáidí eile ach a ndeonaítear cead chun tithe a fhorbairt ina leith, a fhorchoimeád chun críocha tithíochta sóisialta.<br>Cuirfear 10% breise in áirithe do thithíocht inacmhainne de réir na nAchtanna thuasluaite agus aon treoir agus rialacháin ábhartha ón Aire. Cloífear le haon leasú ina dhiaidh sin ar an gceanglas dlíthiúil tithíocht 'Chuid V' a sheachadadh le linn shaolré na Straitéise Tithíochta. Déanfar seachadadh tithíochta 'Chuid V' de réir na reachtaíochta ábhartha agus an bheartais náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. |
| 4. | Dul i mbun comhairliúchán réamhphleanála le forbróirí san earnáil phríobháideach chun soláthar tithíochta a éascú i gcomhréir leis an bhfís don earnáil tithíochta mar atá léirithe sa straitéis náisiúnta tithíochta, *Tithíocht do Chách - Plean Nua Tithíochta d'Éirinn*, riachtanais Straitéis Tithíochta CCG agus Measúnú ar Éileamh agus Riachtanas Tithíochta do Chathair na Gaillimhe. |
| 5. | Oibriú i gcomhar leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun feabhas a chur ar sheachadadh na riachtanas straitéiseach fadtéarmach do thithíocht shóisialta, inacmhainne, agus cíos costais sa chathair. |
| 6. | Seachadadh tithíochta ar láithreáin fholmha a spreagadh agus a éascú trí Chlár um Láithreáin Fholmha a choimeád agus an tobhach gaolmhar a thionscnamh de réir fhorálacha an Achta um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht 2015 (arna leasú). |
| 7. | Tacú le raon éagsúil de chineálacha, méid agus tionachtaí tithíochta laistigh d'fhorbairtí tithíochta na Comhairle Cathrach ar mhaithe le dea-chomhtháthú a bhaint amach agus chun rogha pobail a cheadú do gach duine. |
| 8. | Tacú le raon éagsúil cineálacha, méid agus tionachtaí tithíochta agus iarracht a dhéanamh freastal ar an éileamh ar thithíocht Áitithe ag an Úinéir mar a réamh-mheastar sa Straitéis Tithíochta agus sa Mheasúnú ar Éileamh agus Riachtanas Tithíochta (HNDA). |
| 9. | Tacú le sainriachtanais tithíochta daoine scothaosta lena n-áirítear roghanna maireachtála neamhspleácha chomh maith le roghanna maireachtála leath-neamhspleách agus cóiríocht tí altranais. B'fhearr go ndéanfaí freastal ar na háiseanna seo laistigh de chomharsanachtaí seanbhunaithe agus ag suíomhanna a bhfuil rochtain mhaith acu ar áiseanna agus taitneamhachtaí pobail. |
| 10. | Cur ar chumas daoine scothaosta leanúint ar aghaidh ag maireachtáil ina dtithe féin, trí oiriúnú nuair is gá nó teach níos oiriúnaí dá riachtanais trí choigeartú méide a chur i bhfeidhm. |
| 11. | Cur chun cinn tithe inoiriúnaithe ar feadh an tsaoil a fhéadfaidh freastal ar riachtanais athraitheacha tí le himeacht ama. |
| 12. | Sainriachtanais tithíochta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn go réamhghníomhach laistigh d'fhorbairtí tithíochta na Comhairle Cathrach agus AHB chun freastal ar an éileamh ar chóiríocht riachtanas speisialta ar mhaithe le cuimsiú sóisialta. |
| 13. | Aghaidh a thabhairt ar an éileamh ar thithíocht shóisialta bhreise agus tacaíochtaí seachadta tithíochta trí roinnt bealaí lena n-áirítear tógáil tithíochta, éadáil dhíreach |

| | |
|---|---|
| | tithíochta, seachadadh i gcomhar le AHBanna agus úsáid an RAS, HAPanna, léasú fadtéarmach, ar bhonn cíos costais, trí shocruithe ceannaigh tithíochta inacmhainne, scéimeanna cothromais roinnte agus aon soláthar tithíochta cuí eile. Breathnófar ar léasú fadtéarmach mar rogha seachadta tithíochta sóisialta mar shamhail nach bhfuil chomh fabhrach agus, cuirfear deireadh leis de réir a chéile d'iontrálaithe nua i gcomhréir le Tithíocht do Chách. |
| 14. | Oibriú leis an earnáil dheonach, phobail agus phoiblí chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais tithíochta de dhaoine gan dídean ag féachaint do dheireadh a chur le heaspa dídine agus aird a thabhairt ar na bearta i bPlean Gníomhaíochta um Easpa Dídine Réigiún an Iarthair 2020 – 2022 agus beartas náisiúnta ábhartha lena n-áirítear iad siúd atá leagtha amach i *dTithíocht do Chách - Plean Nua Tithíochta d'Éirinn.* |
| 15. | Soláthar cóiríochta príobháidí ar ardchaighdeán, dea-rialaithe, inacmhainne, ar cíos a spreagadh chun fíor-rogha tithíochta, cobhsaí agus tarraingteach a sholáthar chun freastal ar na héilimh ghinearálta ar chóiríocht ghearrthéarmach agus fhadtéarmach araon, lena n-áirítear dóibh siúd a fhaigheann tacaíocht tithíochta sóisialta. |
| 16. | Tacú le gach tionscnamh a fhorlíonfaidh soláthar tithíochta sa chathair agus iad a chur chun cinn ar nós Scéim Tionscnaimh na Cathrach Beo de chuid na Roinne Airgeadais (2015); forbartha den chineál maireachtála os cionn an tsiopa agus nuair is cuí athrú úsáide de spás oifige folamh go húsáid chónaithe. |
| 17. | Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt chóiríocht shaintógtha ar ardchaighdeán do mhic léinn (PBSA) ag láithreacha cuí agus de dhearadh cuí (lena n-áirítear áiseanna pobail imleor agus spás comhchoiteann seachtrach) chun freastal ar an éileamh ar thithíocht mac léinn de réir na Straitéise Náisiúnta um Chóiríocht do Mhic Léinn (2017) agus aon nuashonrú a dhéanfar uirthi ina dhiaidh sin. Ní bhreithneofar athrú úsáide ó PBSA go haon chineál eile tithíochta ach amháin nuair is féidir a léiriú trí chritéir atá bunaithe ar fhianaise go bhfuil ró-sholáthar tithíochta mac léinn ann i gcoibhneas le riachtanas reatha agus eachtarshuite agus nuair is féidir caighdeáin agus taitneamhachtaí cónaithe cuí a bhaint amach. |
| 18. | Tacú le forbairt pobail inbhuanaithe agus a chinntiú go ndéantar gach forbairt tithíochta nua – príobháideach, poiblí agus deonach de réir threoirlínte an DECLG Forbairtí Cónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha (2009) agus nuair is infheidhme maidir le hárasáin, Alt 28 treoirlínte Aireachta – Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Treoirlínte um Chaighdeáin Dearaidh d'Árasáin Nua d'Údaráis Phleanála ,(2020). |
| 19. | Tacú le cur i bhfeidhm bheartas an rialtais maidir le cóiríocht a sholáthar do dhídeanaithe agus chun comhtháthú pobail a éascú. |
| 20. | Ceanglófar ar iarratais phleanála ar aonaid il-thithíochta Ráiteas ar Mheascán Tithíochta a mhionsonróidh an meascán molta agus a thaispeánann go soláthraíonn sé raon dóthanach ó thaobh méideanna agus cineálacha aonad de, chun meascán pobail a shásamh lena n-áirítear an treocht dhéimeagrafach de laghdú ar mheánmhéideanna na dteaghlach. Ní mór riachtanais ghrúpaí speisialta ar nós daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas a mheas mar chuid den phróiseas seo. |
| 21. | Leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta agus athbhreithnithe ar an HNDA de réir mar is cuí de réir na treorach ar mhodheolaíocht HNDA arna heisiúint ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. |
| 22. | Athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Tithíochta dhá bhliain tar éis di bheith glactha mar a cheanglaítear faoin reachtaíocht nó ag pointe níos luaithe dá mbeadh gá leis i bhfianaise treochtaí sa mhargadh tithíochta nó athruithe ar bheartas náisiúnta ar nós an bheartais a d'fhéadfadh tarlú tar éis an bheartais spásúlachta náisiúnta athbhreithnithe a ullmhú. |
| 23. | A chinntiú go ndéantar forálacha an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú), 2019 agus na Rialacháin fán Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Forbairt Dhíolmhaithe) (Uimh. 2), 2019 agus aon reachtaíocht agus treoirlínte eile a chur i bhfeidhm sa todhchaí |

| | |
|---|---|
| | nuair a bhíonn gá le cead pleanála chun cóiríocht ligin ghearrthéarmaigh a rialú chun tionchar diúltach ar sholáthar tithíochta agus/nó ró-chomhchruinniú úsáidí dá leithéid a chosc. Ina ainneoin sin, nuair a bhíonn gá le cead pleanála faoin reachtaíocht le haghaidh ligin geharrthéarmaigh, beidh toimhde ann in aghaidh úsáid den sórt sin a cheadú i bhfianaise stádas na cathrach atá sainithe mar chrios brú cíosa. |
| 24. | A chinntiú go gcuidíonn soláthar tithíochta le baint amach na gcuspóirí maidir le spriocanna astaíochtaí de réir na reachtaíochta náisiúnta agus an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta Aeráide atá ar tí teacht i bhfeidhm. |
| 25. | Tacaíocht a thabhairt do sholáthraithe seirbhíse maidir le tearmainn foréigean teaghlaigh a sholáthar sa chathair. |

## 3.3 Cóiríocht don Lucht Siúil

Riachtanas éigeantach den Phlean Forbartha is ea cuspóirí a chuimsiú maidir le cóiríocht a sholáthar don Lucht Siúil agus le húsáid limistéir ar leith chun na críche sin. Sa Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil (TAP) reatha do Chathair na Gaillimhe, cumhdaítear an tréimhse 2019-2024. Déileálann an TAP go sonrach le riachtanais chóiríochta an Lucht Siúil, a bhfuil sonraí fúthu leagtha amach sa Straitéis Tithíochta. Áirítear sa TAP cóiríocht a chur ar fáil trí thithíocht shóisialta agus ghrúpthithíochta agus trí athchóiriú a dhéanamh ar láithreacha stad atá ann cheana féin. Áirítear le sainchóiríocht don Lucht Siúil a chuirtear ar fáil sa chathair agus sa chomharsanacht faoi láthair ceithre láithreán stad cónaithe buan, láithreán stad neamhbhuan amháin agus cúig ghrúpscéim tithíochta. Freastalaíonn gnáth-thithíocht agus cóiríocht na Comhairle Cathrach agus AHB ar bhaill den Lucht Siúil freisin trí na scéimeanna RAS/Léasaithe agus ÍCT.

Sa Phlean Forbartha, déantar foráil ar leith do shainchóiríocht don Lucht Siúil i raon criosanna úsáide talún, rud a fheadfaidh baint amach na moltaí a éascú, ar mholtaí iad atá sa TAP agus aon mholadh a nglactar leo ina dhiaidh sin

Leanfaidh an Chomhairle ag obair leis an Lucht Siúil agus leis an gCoiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil (LTACC) chun aghaidh a thabhairt ar a sainriachtanais. Oibreoidh sé freisin leis an DHLGH chun na moltaí ábhartha atá leagtha amach sa Tuarascáil Athbhreithnithe Saineolaithe ar Chóiríocht don Lucht Siúil a rinneadh in 2019 a chur i bhfeidhm a fhéachann le feabhas a chur ar éifeachtacht na socruithe chun cóiríocht a sholáthar don Lucht Siúil.

| **Beartas 3.2 Cóiríocht don Lucht Siúil** | |
|---|---|
| 1. | An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024 agus aon phlean ina dhiaidh sin a chur i bhfeidhm ar mhaithe le caighdeán sásúil cóiríochta oiriúnaí, inbhuanaithe a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais an Lucht Siúil. Rannphháirtíocht a áireamh ina leith seo leis an nGrúpa Ionadaí Áitiúil don Lucht Siúil, an Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil ( LTACC), Comhairle Chontae na Gaillimhe agus AHBanna. |
| 2. | Tacaíocht agus éascú a dhéanamh ar shainriachtanais chóiríochta an Lucht Siúil mar a shainaithnítear sa Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil (TAP) 2019-2024 trí chuspóirí criosaithe talamhúsáide agus an próiseas bainistíochta forbartha, go háirithe chun cóiríocht don Lucht Siúil a sholáthar mar a shainaithnítear sa TAP, atá le soláthar mar chuid de scéimeanna tithíochta sóisialta, mar ghrúpscéimeanna tithíochta, mar thithíocht a bhaineann go sonrach le cultúir agus trí athfhorbairt agus athchóiriú a dhéanamh ar láithreáin stad atá ann cheana féin. |




## 3.4 Coincheap Comharsanachta Inbhuanaithe


Tá comhdhlúthú na gcomharsanachtaí atá ann cheana féin agus bunú comharsanachtaí nua mar thréith d’fhorbairt cathrach dlúithe. Is limistéir iad comharsanachtaí inbhuanaithe ina gcuirtear úsáid éifeachtach talún, comhtháthú éifeachtach i soláthar bonneagair fhisiciúil agus shóisialta agus dearadh ardchaighdeáin le chéile chun áiteanna a chruthú inar mian le daoine cónaí, muintearas a bheith acu, spiorad pobail a chothú agus a mhothú go bhfuil siad slán agus go bhfuil lánpháirt shóisialta acu. Tacaíonn comharsanachtaí inbhuanaithe le sochaí ilghnéitheach ina soláthraítear rogha tithíochta agus inacmhainneacht do dhaoine de gach aois agus cumas ar feadh a saolré. Cuireann siad le dea-chaighdeán beatha agus cuireann siad timpeallacht thógtha agus nádúrtha tharraingteach i láthair le spás poiblí maith. Léiríonn an coincheap an uaillmhian do chathair laistigh de 15 nóiméad inar féidir teacht go héasca ar riachtanais laethúla na gcomharsanachtaí, lena n-áirítear seirbhísí áitiúla, laistigh de 15 nóiméad siúlóide, rothaíochta nó trí iompar poiblí. Bheadh rochtain níos éasca ar an líonra iompair poiblí ar shaoráidí ardleibhéil cosúil leo siúd a bhaineann le lár na cathrach/moil mhóra fostaíochta/tarraingthe móra.  Cé go dtacaíonn an coincheap le meascán úsáidí laistigh de chomharsanacht chun tacú leis an daonra cónaitheach, cuireann sé san áireamh freisin ordlathas na n-ionad atá leagtha amach i gCaibidil 6, ina n-aithnítear go bhfuil seirbhísí áirithe níos oiriúnaí ag suíomh ar leith nó ag scála agus nádúr áirithe i gcomhréir le héileamh an cheantair.

Tá sé mar bheartas ag an gComhairle coincheap na comharsanachta a chur chun cinn i gceantair chónaithe atá ann cheana féin agus i bhforbairtí nua. Leagtar amach i dTábla 3.1 agus i bhFigiúr 3.1 creat na gcomharsanachtaí cónaithe sa chathair.

| Bruachbhailte Lasmuigh | Bruachbhailte Bunaithe | Limistéir Chónaithe Laistigh | Cónaithe i Lár na Cathrach |
|---|---|---|---|
| **Thoir**<br>Limistéar LAP na nArdán<br>Dabhach Uisce<br>Ros Cam | **Thoir**<br>An Rinn Mhór<br>Mervue<br>An Baile Bán<br>Bóthar Bhaile Átha Cliath, | **Thoir**<br>An Bóthar Mór<br>Bóthar an Choláiste<br>Loch an tSáile | Croílár na Cathrach<br>Barr an Chalaidh<br>An Siúlán Fada<br>Ceantar Shráid Anraí |
| **Iarthar**<br>Cnoc na Cathrach<br>Baile na mBúrcach<br>Baile an Mhóinín<br>Leitreach | **Iarthar**<br>An Daingean<br>Bóthar na Trá<br>An Bóthar Ard<br>An Taobh Thiar | **Iarthar**<br>An Cladach<br>Seantalamh<br>An Caisleán Nua<br>Bóthar an Athar Uí Ghríofa | |
| **Thuaidh**<br>An Caisleán Gearr<br>Bóthar Thuama | **Thuaidh**<br>Tír Oileáin<br>Baile an Phoill | | |

Tábla 3.1 Ceantair Chomharsanachta Táscacha i nGaillimh

Leis na *Treoirlínte d'Údaráis Phleanála ar Fhorbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha, 2009* (SRD) agus an lámhleabhar dearaidh a théann leo agus *An Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha*, 2019 (DMURS) agus *Tréscaoilteacht Treoir Dea-Chleachtais*, NTA (2015), cuirtear treoir mhionsonraithe dearaidh ar fáil maidir le cad a chruthaíonn comharsanacht inbhuanaithe. Is treoir úsáideach freisin iad na *Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeáin Dearaidh d'Árasáin Nua 2020* agus ar leibhéal áitiúil *Staidéar na Gaillimhe ar Dhlús Uirbeach agus Airde Foirgnimh (UDBHS) (2021)*. Leis na caighdeáin bhainistíochta forbartha atá leagtha amach i gCaibidil 11, tugtar treoir agus caighdeáin do cheantair éagsúla freisin. Déantar na príomhghnéithe atá le breithniú chun comharsanacht inbhuanaithe a bhaint amach a leathnú tuilleadh sna hailt seo a leanas.




Figiúr 3.1 Limistéir Chomharsanachta Chathair na Gaillimhe

## Comhthéacs Uirbeach

Caithfidh forbairt nua cónaithe i gcomharsanachtaí reatha agus nua araon aird a thabhairt ar an gcomhthéacs mórthimpeall. I gcásanna áirithe, d’fhéadfadh forbairt chónaithe, de bhua scála nó suímh, a charachtar féin a chruthú. I gcásanna inlíonta, caithfidh forbairt nua chónaithe aird a thabhairt ar an gcomhthéacs níos leithne lena n-áirítear an patrún forbartha reatha, ceapacha, bloic, sráideanna agus spásanna agus gan tionchar diúltach bheith acu ar charachtar an cheantair.

Tá tábhacht freisin ag baint leis na naisc idir tithíocht nua agus seirbhísí áitiúla, an gréasán glas, iompar poiblí agus líonra taistil ghníomhaigh. Ní mór d'fhorbairt nua cónaithe machnamh a dhéanamh ar leagan amach na bhforbairtí in aice láimhe a thacóidh le deiseanna do naisc idir sráideanna agus spásanna oscailte, agus ag an am céanna a charachtar agus a inléiteacht féin a bhunú.

Laistigh de na comharsanachtaí atá ann cheana féin, déanfar spásanna oscailte sainithe cónaithe a bhfuil luach ard taitneamhachta acu agus a bhaineann le forbairtí cónaithe atá ann cheana a chosaint lena úsáid sin. Ní bhreithneofar eisceachtaí chun forbairt inlíonta a cheadú ach amháin ar thailte tearcúsáidte nach gcuireann go dearfach leis an struchtúr agus foirm uirbeach agus nach bhfuil luach pobail ag gabháil leo. Ní bhreithneofar a leithéid d’fhorbairt inlíonta ach amháin nuair a chuireann sé le comhfhorbairt áite agus pobail, go bhfeabhsaítear cáilíocht na comharsanachta agus gur féidir leis an timpeallacht thógtha a fheabhsú le maoirseacht neamhfhoirmiúil níos fearr ar an ríocht phoiblí.

## Dlúis Chónaithe

Chun tacú leis an méadú ar dhaonra agus chun beartas náisiúnta ar fhás dlúth a léiriú agus chun éifeachtúlachtaí a bhaint as infheistíocht infrastruchtúir, tá gá le dlúis chónaithe níos airde ag láithreacha cuí, go háirithe i gcomhar le háiseanna iompair phoiblí agus gréasáin taistil ghníomhaigh. Is féidir le tithíocht ard-dlúis dea-dheartha agus dea-shuite feabhas a chur ar inmharthanacht seirbhísí, laghdú a chur ar an éileamh ar fhuinneamh agus cur le beocht agus beogacht na gcomharsanachtaí atá ann cheana féin agus rogha tithíochta níos fearr a chur ar fáil.

Tá treoir maidir le forbairt cónaithe ard-dlúis leagtha amach sna treoirlínte *SRD* agus i *dTithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Treoirlínte Caighdeáin Dearaidh d'Árasáin Nua (2020).* Chomh maith leis sin i *UDBHS na Gaillimhe (2021)* tugtar treoir ar oiriúnacht na gcomharsanachtaí éagsúla sa chathair chun freastal ar dhlúis mhéadaithe. Rinneadh an staidéar seo chun teacht le cuspóir atá i *bPlean Straitéiseach Cheantar Cathrach na Gaillimhe* (MASP) agus aird ar na Treoirlínte um Fhorbairt Uirbeach agus Airde Foirgnimh. Bhí cumas na gceantar chun freastal ar dhlús méadaithe bunaithe ar raon critéar. Áiríodh leis seo scóip d’athghiniúint agus comhdhlúthú, cóngaracht d’ionaid seirbhíse agus don ghréasán glas, rochtain ar iompar inbhuanaithe agus scóip chun laghduithe carbóin a bhaint amach. Sa chur chuige seo, cuireadh íogaireachtaí san áireamh lena n-áirítear radhairc chosanta, croílár stairiúil na cathrach, oidhreacht nádúrtha agus an carachtar reatha agus taitneamhacht cónaithe. Déanfar feidhmiú na gcaighdeán dlúis a chothromú le critéir ghinearálta amhail caighdeáin um leagan amach agus dearadh, cáilíocht ailtireachta agus soláthar spáis oscailte. Sna comharsanachtaí seanbhunaithe, beidh gá le dlúis chónaithe a chothromú le taitneamhacht cónaithe reatha agus carachtar na gceantar seo a chosaint.

## Meascán Tithíochta

Is éard atá i gceist le comharsanachtaí rathúla cónaithe a chruthú ná deiseanna a sholáthar do thithe a fhreagraíonn do riachtanais tithíochta daoine ag gach céim dá saol agus inar féidir le pobail bunú agus fás. Tacaíonn soláthar meascán de chineálacha agus de mhéideanna tí le 'pobail

ar feadh an tsaoil' inar féidir le daoine teacht ar chóiríocht atá oiriúnach dá gcuid riachtanas thar a saolré laistigh dá gcomharsanacht. Ceadaíonn sé d'úsáid inbhuanaithe seirbhísí pobail agus do níos mó lánpháirtíochta sóisialta. Is féidir leis forbairt chónaithe níos tarraingtí a sholáthar freisin mar gheall ar éagsúlacht foirme. Beidh ar fhorbairtí cónaithe atá beartaithe dóthain meascán tithíochta a sholáthar chun freastal ar riachtanais na dteaghlach agus na ndéimeagrafac éagsúil agus go háirithe chun treochtaí teaghlaigh atá ag teacht chun cinn a léiriú. Is féidir le soláthar tithe cónaí-oibre chun freastal ar fhiontar beag agus obair sa bhaile cur leis an éagsúlacht tithíochta agus déanfar é a mheas ag féachaint don tionchar ar thaitneamhacht chónaithe, giniúint tráchta agus páirceáil.

## Stoc Tithíochta agus Inoiriúnaitheacht



Laistigh de na comharsanachtaí go léir, tá scóip ann freisin chun an stoc foirgneamh atá ann cheana a athúsáid/a oiriúnú le haghaidh úsáid chónaithe. Spreagfaidh an Chomhairle athchóiriú seanfhoirgnimh agus foirgnimh nach n-úsáidtear nó tearcúsáidte a athúsáid, nó foirgnimh a thiontú ó úsáidí eile go húsáid chónaithe ag tacú le daonra méadaithe. Breithneofar ar fhoirgnimh a thiontú ó úsáidí eile go húsáid chónaithe ag féachaint don luach don chomharsanacht a bhaineann leis an úsáid reatha atá le hathsholáthar. Féadann síntí agus mionathruithe ar áitribh cur ar chumas daoine freastal ar a gcuid riachtanas athraitheach. Beidh ar fhorbairt dá leithéid aird a thabhairt ar chaighdeáin an Phlean Forbartha, tionchar ar thaitneamhacht cónaithe mórthimpeall agus freisin an poitéinseal do bhuntáistí inbhuanaithe trí dhearadh a mheas.

## Spás Oscailte agus Taitneamhachtaí

Is iad na spásanna oscailte is fearr ná na cinn a sholáthraíonn ní amháin do shúgradh sábháilte, áineas éighníomhach agus gníomhach agus scíthe ach a chuireann le forbairt dea-chomhfhorbairt áite agus braistint féiniúlachta agus pobail freisin. Is féidir le spásanna oscailte tacú le bithéagsúlacht agus le speicis a thacaíonn le pailneoirí, is féidir leo cabhrú le gabháil carbóin agus gnáthóg luachmhar a chur ar fáil. Is féidir leo freisin tacú le réitigh dhúlra-bhunaithe, go háirithe Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbeach (SUDS). Chun comhthéacs agus féiniúlacht a thabhairt d'fhorbairtí nua, ba cheart spás oscailte a dhearadh chun gnéithe nádúrtha atá ann cheana a ionchorprú amhail crainn, fálta sceach, fánaí agus lomáin charraige. Ba chóir go mbeadh spásanna oscailte dea-dheartha agus comhtháite le leagan amach na forbartha. Ba cheart go mbeidís insroichte, go ndéanfaí breathnú orthu agus go gceadódh siad faireachas éighníomhach chun sábháilteacht agus slándáil a uasmhéadú. Ba chóir go soláthródh siad radharc tarraingteach don chomharsanacht agus go bhfreastalódh siad ar raon feidhmeanna taitneamhachta agus go dtacódh siad le bithéagsúlacht. Ba cheart spásanna oscailte a dhearadh le comhlánú a dhéanamh ar Ghaillimh mar Chathair atá Báúil le Leanaí trí áiseanna cuí taithneamhachta a sholáthar agus beidh gá leis na bearta seo a ionchorprú sna tograí dearaidh spáis oscailte.

## Sráideanna agus Gluaiseacht

Caithfidh leagan amach na forbartha cónaithe spásanna a chruthú ina dtagann an carr chun bheith tánaisteach agus ina bhfuil feidhm thábhachtach sa ríocht phoiblí ag an tsráid seachas do ghluaiseacht tráchta. Ba cheart na nithe seo a leanas a chur san áireamh i bprionsabal agus i mbearta dearaidh:

- *Nascacht agus Tréscaoilteacht:* Rochtain áisiúil ar áiteanna a sholáthar, go háirithe chuig scoileanna agus áiteanna oibre. Ba cheart go mbeadh bealaí laistigh den limistéar inrochtana do chách lena n-áirítear riachtanais na n-úsáideoirí go léir, lena n-áirítear daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas, agus ba cheart go mbeidís chomh díreach agus is féidir.
- *Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide:* Tosaíocht a thabhairt do riachtanais siúlóide, rothaíochta, iompair phoiblí agus an gá le turais i gcarr a íoslaghdú. Bonneagar glas amhail SUDanna agus cosáin thréscaoilteacha a ionchorprú nuair is cuí.
- *Braistint Áite:* Cinntiú go gcuidíonn sráideanna le cruthú áiteanna ilchineálacha tarraingteacha agus bríomhara. Ní hamháin go bhfreastalódh sráideanna ar fheidhm ghluaiseachta, ba chóir go n-áireofaí ina ndearadh deiseanna oiriúnacha le haghaidh imeachtaí agus idirghníomhú sóisialta. Féadfaidh úsáid sráidainmneacha a bhfuil baint acu leis an gceantar braistint áite a threisiú freisin.
- *Sábháilteacht:* Soláthar a dhéanamh do rochtain shábháilte ar shráideanna, ar chosáin agus ar bhealaí rothaíochta d’úsáideoirí de gach aois agus céim soghluaisteachta pearsanta.
- *Bithéagsúlacht:* Ciumhaiseanna bóthair a chur ar fáil mar chonairí líneacha glasa. Ba cheart go gcuimseodh bealaí easbhóthair gnéithe nádúr-bhunaithe agus bithéagsúlachta chun tacú le conairí fiadhúlra agus naisc leis an ngréasán glas.
- *Inléiteacht:* A chinntiú gur féidir le cónaitheoirí agus le cuairteoirí a mbealach a aimsiú go héasca timpeall an cheantair.
- *Micrea-aeráide:* ba cheart an leagan amach a dhearadh sa chaoi is go léireodh sé an mhicrea -aeráid is fearr agus an tionchar is mó a bheith aige ar leibhéal compoird na n-úsáideoirí arna chomhlánú ag tírdhreachtú crua agus bog ar ardchaighdeán.

## Seirbhísí agus Áiseanna Pobail

Tugann áiseanna áitiúla cónaitheoirí le chéile agus laghdaítear an gá atá le gluaiseachtaí tráchta. Spreagfaidh an Chomhairle, trí chuspóirí beartais agus criosaithe, soláthar áiseanna fostaíochta pobail, tráchtála agus áitiúla ar scála atá oiriúnach chun freastal ar an bpobal áitiúil ag tacú le coincheap na cathrach laistigh de 15 nóiméad. Is féidir le braisliú seirbhísí agus áiseanna inmharthanacht a éascú nuair a bhíonn siad laistigh d’achar siúlóide ó chónaitheoirí áitiúla agus féadann sé pointe fócasach a chruthú don chomharsanacht. D’fhéadfadh scoileanna, áiseanna cúram leanaí, ionaid phobail, ionaid cúram sláinte príomhúil agus seirbhísí tráchtála áitiúla a bheith i gceist leis an raon áiseanna. Is féidir le húsáid áiseanna atá ann cheana le haghaidh úsáidí ilfheidhmeacha, lena n-áirítear úsáid tráthnóna, cabhrú le hinmharthanacht agus cur le beogacht na gcomharsanachtaí.

Tá soláthar áiseanna scoile in éineacht le forbairt mhórscála ríthábhachtach chun tacú le pobail inbhuanaithe agus chun an gá le taisteal a laghdú. Is féidir leis an gcóras pleanála soláthar scoileanna a éascú trí chriosú úsáid talún agus ainmniú láithreán ar leith. Tá measúnú ar an éileamh ar áiteanna scoile agus acmhainn na scoileanna in aice láimhe ionchorpraithe i riachtanais treoir dearaidh d’fhorbairt cónaithe ar scála mór.

## Dearadh Uilíoch

Tá cur i bhfeidhm prionsabail dearaidh uilíoch agus inoiriúnaitheacht feadh an tsaoil i ndearadh agus i leagan amach na forbartha nua níos cuimsithí agus déantar tithíocht a chosaint sa todhchaí ó athruithe ar shaolréanna aonair. Glacann an cur chuige seo leis go mbíonn bacainní, feidhmiú laghdaithe, nó cineál éigin míchumais, sealadach nó buan, ag gach duine ag am éigin sa saol. Féachann sé le háiteanna poiblí agus an timpeallacht thógtha a dhéanamh inrochtana agus intuigthe go mbaintear úsáid astu go compordach agus gan mórán iarrachta agus chomh fada agus is féidir ag gach duine, beag beann ar a n-aois, méid, cumas nó míchumas. Treoir dea-chleachtais lena n-áirítear *Foirgnimh do Chách* (2012) ag an NDA treoir maidir le dearadh spásanna inrochtana.

## Tithíocht Inbhuanaithe

I ndearadh agus leagan amach na forbartha cónaithe, tá deiseanna ann úsáid fuinnimh a íoslaghdú agus éifeachtúlacht a uasmhéadú. Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm ag forbairtí nua leibhéil arda de sholas an lae nádúrtha isteach i bhfoirgnimh a bhaint amach chun solas an lae agus solas na gréine a uasmhéadú lena n-áirítear dearadh déthreo agus treoshuíomh ó dheas, go ginearálta. I measc na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite tá painéil ghréine agus is féidir le teaschaidéil éilimh fuinnimh a íoslaghdú. Is féidir le deiseanna do scéimeanna cónaithe nó comharsanachtaí chun córais téimh cheantair nó córais Téite agus Cumhachta Comhcheangailte (CHP) a ionchorprú, cur go mór freisin le héifeachtúlacht fuinnimh feabhsaithe. Ba cheart úsáid bonneagair ghlais cosúil le díonta glasa agus ballaí glasa agus soláthar foscadh trí phlandáil a chur san áireamh sa dearadh freisin. I seachadadh na tithíochta d'fhéadfadh úsáid na gcleachtas de 'thógáil fhiar' tacú le hinbhuanaitheacht freisin.

## Criosanna Baile

Laistigh d'fhorbairt nua cónaithe spreagfaidh an Chomhairle an úsáid de chriosanna baile. Cuimsíonn siad seo dromchlaí roinnte, bealaí tráchta indíreacha, limistéir phlandála agus gnéithe chun úsáid na sráide mar thaitneamhacht a spreagadh. Ceadaíonn na gnéithe seo do cheansú tráchta agus áirítear leo gnéithe dearaidh a úsáidtear chun láithreacht de chrios baile a chur in iúl don trácht. Ligeann criosanna baile do shráideanna a bheith ina limistéir súgartha agus thaitneamhachta agus mar sin is féidir leo cur le ról na Gaillimhe mar 'Chathair atá Báúil do Leanaí'. Tá treoirlínte mionsonraithe ar fáil a thaispeánann deiseanna do chriosanna baile agus a thugann comhairle ar a ndearadh agus ar an raon gnéithe a theastaíonn chun crios baile a chruthú.

## Logainmneacha

Agus comharsanachtaí nua á bhforbairt, cuireann ainmniú áiteanna agus ceantar le hinléiteacht na cathrach. Is féidir le hainmniú féiniúlacht chomharsanachta áitiúil, oidhreacht agus cumainn chultúrtha a léiriú agus féadann sé a bheith tábhachtach ó thaobh eolais, treoshuímh agus feidhm taistil.

Léiríonn ainmniú forbairtí nua cónaithe sa chathair an ceantar, an oidhreacht áitiúil agus an tírdhreach a chuirtear in iúl i nGaeilge. Ar mhaithe le féiniúlacht agus inléiteacht an phobail, cuirtear chun cinn freisin ainmniú páirceanna, áiseanna pobail agus bóithre, ag baint úsáide as cur chuige dátheangach.

| Beartas 3.3 Coincheap na Comharsanachta Inbhuanaithe |
|---|
| 1. Forbairt comharsanachtaí dlúth, dea-dheartha, sábháilte agus tarraingteach a chur chun cinn a sheachadann úsáid éifeachtach talún agus a bhfuil comhtháthú éifeachtach acu le bonneagar sóisialta agus fisiceach, lena n-áirítear iompar poiblí, a chumasóidh forbairt pobail rathúla agus a éascóidh an straitéis fáis do Chathair na Gaillimhe mar atá beartaithe sa NPF agus sa RSES. |
| 2. Iarracht a dhéanamh rannchuidiú le dícharbónú agus baint amach spriocanna astaíochtaí náisiúnta san earnáil tithíochta trí dhlúis inbhuanaithe sa tithíocht a spreagadh, cloí le cleachtais inbhuanaithe i bhfoirgníocht, úsáid ábhar agus caighdeáin, an aisfheistiú agus athúsáid a éascú, agus éifeacht a bhaint as Criosanna Dícharbónaithe ina gcuimsítear limistéir chónaithe. |
| 3. Tacaíocht a thabhairt do chomharsanachtaí atá in ann freastal ar riachtanais sochaí atá ag dul in aois agus atá ag éirí níos éagsúla agus atá in ann freastal ar chuimsitheacht shóisialta agus fhisiciúil agus a chuireann le dea-cháilíocht beatha agus folláine ghinearálta. |
| 4. Comharsanachtaí inbhuanaithe a spreagadh, trí threoirlínte agus caighdeáin chuí agus trí phleananna ceantair áitiúil, máistirphleananna / creataí / pleananna ceantair a chur i bhfeidhm. |
| 5. Dlúis chónaithe níos airde a spreagadh ag láithreacha cuí mar atá treoraithe ag Staidéar ar Dhlús Uirbeach agus Airde Foirgnimh na Gaillimhe (2021). Áirítear ar shuímh den sórt sin Láithreáin Athghiniúna agus Deise straitéisí, agus láithreáin chriosaithe chónaithe agus úsáide measctha atá suite gar do bhealaí iompair phoiblí agus do bhealaí a aithníodh i Straitéis Iompair na Gaillimhe mar bhealaí a bheadh oiriúnach do sheirbhísí iompair phoiblí ardmhinicíochta. |
| 6. Comharsanachtaí cónaithe nua/atá ann cheana a chosaint agus a fheabhsú trí threoirlínte agus caighdeáin chuí, ullmhú creatphleananna agus trí úsáid a bhaint as mionteagasc forbartha agus ráitis dearaidh. |
| 7. A chinntiú go dtugann dearadh forbairtí cónaithe aird ar na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála ar Fhorbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha (2009) agus go léireofar go bhfuiltear ag cloí leis an Lámhleabhar Dearaidh Uirbigh – Treoir Dea-Chleachtais agus an Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (2019). |
| 8. Tacaíocht a thabhairt trí bheartais agus trí chaighdeáin dearaidh don choincheap den "chathair laistigh de 15 nóiméad" inar féidir teacht ar riachtanais laethúla na bpobal laistigh de 15 nóiméad ar shiúl na gcos, ar rothar nó ar iompar poiblí. |
| 9. A chinntiú go ndéantar spásanna oscailte taitneamhachta cónaithe sainithe, atá in úsáid agus a léiríonn luach ard cónaithe agus atá gaolmhar le forbairtí cónaithe atá ann cheana, a chosaint dá leithéid d'úsáid. Ní bhreithneofar eisceachtaí chun forbairt inlíonta a cheadú ach amháin ar thailte tearcúsáidte nach gcuireann go dearfach leis an struchtúr agus foirm uirbeach agus nach bhfuil luach pobail ag gabháil leo. Ní bhreithneofar a leithéid d'fhorbairt ach amháin nuair a chuireann sí le comhfhorbairt áite agus pobail, go bhfeabhsaítear cáilíocht na comharsanachta agus gur féidir leis an timpeallacht thógtha a fheabhsú le maoirsiú neamhfhoirmiúil níos fearr ar an ríocht phoiblí agus is féidir, agus sa chás go bhfuil tithíocht mar chuid den togra, meascán de méid agus cineál na n-aonad tithíochta a chur ar fáil. |

## 3.5 Comharsanachtaí Inbhuanaithe: Bruachbhailte Lasmuigh

Is ceantair iad bruachbhailte na cathrach lasmuigh a rinne freastal ar an bhfás daonra is mó sa chathair le blianta beaga anuas. Mar a léiríodh sa Chroí-Straitéis, tá deis ann na comharsanachtaí seo a chomhdhlúthú tuilleadh trí fhorbairt a dhéanamh ar thalamh cónaithe seirbhísithe agus

criosaithe agus trí fhorbairt a dhéanamh ar limistéar LAP na nArdán. Ceanglófar ar fhorbairt chónaithe nua cloí leis na prionsabail do chomharsanachtaí inbhuanaithe atá leagtha amach sa chuid roimhe seo agus na caighdeáin bhainistíochta forbartha atá leagtha amach i gCaibidil 11. Oibreoidh an Chomhairle i gcomhar le páirtithe leasmhara chun feabhsuithe a chur chun cinn ar nós soláthar áiseanna breise spóirt, áineasa agus pobail. Déanfaidh an Chomhairle bearta a chur chun cinn freisin chun nascacht a fheabhsú, ag tacú le siúlóid, rothaíocht agus féarbhealaí sábháilte. Cuirfidh Straitéis nua Spáis Ghlas agus iniúchadh ar bhonneagar sóisialta agus pobail eolas ar fáil d'fhorbairt inbhuanaithe na gceantar seo amach anseo.

Cuimsíonn bruachbhailte an iarthair pobail chónaithe de Chnoc na Cathrach, Baile na mBúrcach, Baile an Mhóinín agus Leitreach. Tá meascán de dhlúis, de chineálacha agus de mhéideanna tí sna bruachbhailte seo le forbairtí níos nuaí go háirithe feadh Bhóthar Dáileacháin an Iarthair, Bóthar Bhaile Uí Mhóinín agus Leitreach ag freastal ar éagsúlacht níos mó i gcineálacha tí. Tá ionaid áitiúla sainithe chun seirbhísí a sholáthar chun freastal ar riachtanais laethúla an daonra cónaithe. Soláthraíonn an t-ionad ceantair ainmnithe ag Páirc Mhiondíola Gateway an príomhchnuasach de ghníomhaíocht tráchtála chun freastal ar na comharsanachtaí seo agus ar dhobharcheantar níos leithne. Tá roinnt áiseanna tábhachtacha pobail lena n-áirítear scoileanna, ionad pobail agus séipéal curtha ar fáil sa cheantar freisin. Áirítear leis an ngréasán glas don limistéar seo páirceanna na cathrach a nascann Coill Bhearna, Páirc na Ceapaí agus Loch an Roisín agus páirceanna níos lú agus spásanna oscailte.

Faoin gCroí-Straitéis, sainaithnítear tailte criosaithe cónaithe chun freastal ar thithíocht nua sna bruachbhailte thiar. Chun tacú leis an bhfás seo, soláthróidh an t-ionad ceantair ainmnithe agus na tailte criosaithe I do sheirbhísí breise agus deiseanna fostaíochta. Leis na saoráidí straitéiseacha breise ar nós GCRR an N6 atá beartaithe, cuirfear inrochtaineacht agus nascacht bhreise ar fáil sa cheantar chomh maith le hinfheistíocht aitheanta i mbearta GTS eile chun tacú le hiompar poiblí agus inbhuanaithe.

Áirítear sna bruachbhailte seachtracha thuaidh pobail chónaithe feadh Bhóthar Áth Cinn ag Baile an Phoill agus ag an gCaisleán Gearr le meascán de dhlúis agus éagsúlacht cineáil tí. Tá dhá ionad seirbhíse áitiúla ag freastal ar an gceantar seo agus tá an príomhlimistéar gníomhaíochta tráchtála suite feadh Bhóthar Áth Cinn ag freastal ar dhobharcheantar níos leithne. Tá sé cóngarach do na limistéir fostaíochta atá ann cheana féin lena n-áirítear Ospidéal na hOllscoile Gaillimh (UHG), OÉ Gaillimh agus Eastát Tionsclaíoch an Leasa Bháin. Tá roinnt scoileanna, áiteanna adhartha agus ionad pobail mar chuid de bhonneagar pobail an cheantair. Áirítear ar an ngréasán glas sa limistéar seo Páirc Foraoise Thír Oileáin agus gleann abhann agus líonra de pháirceanna níos lú agus spásanna oscailte. Aithnítear sa Chroí-Straitéis tailte criosaithe cónaithe chun freastal ar fhás sa todhchaí agus baineann roinnt sainchuspóirí forbartha atá leagtha amach i gCaibidil 11, alt 11.2.8 leis na tailte seo. Soláthróidh forbairt amach anseo ar na tailte criosaithe tráchtála feadh Bhóthar Thuama do sheirbhísí breise agus deiseanna fostaíochta chun tacú leis an bhfás seo. In ullmhú plean ceantair don



Chaisleán Gearr, déanfar nascacht agus bonneagar feabhsaithe a mheas lena n-áirítear leis an ngréasán glas agus fiosrófar deiseanna chun in áiseanna pobail, taitneamhachtaí áineasa, spásanna glasa ardchaighdeáin, agus sócmhainní comharsanachta eile a fheabhsú i gcomhairle le páirtithe leasmhara áitiúla.

Is iad na bruachbhailte ar an taobh thoir na bruachbhailte is nuaí sa chathair. Is iad na pobail chónaitheacha i nDabhach Uisce, i gCora Ghrian agus i Ros Cam a bhfuil iontu le héagsúlacht tithíochta. Déantar freastal maith ar na bruachbhailte seo ó lárionad ceantair Dhabhach Uisce agus seirbhísí áitiúla agus tá siad cóngarach d'fhostóirí móra lena n-áirítear Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, Clinic na Gaillimhe agus moil fostaíochta Cnoc Mhaoil Drise/An Pháirc Mhór. Freastalaítear ar an gceantar freisin ag roinnt áiseanna tábhachtacha pobail lena n-áirítear scoileanna, ionaid adhartha agus an t-ionad Cumasú. Áirítear leis an ngréasán glas sa cheantar Coill Pháirc Mhuirlinne, tailte criosaithe áineasa agus taitneamhachta, áiseanna spóirt, clóis súgartha, spásanna oscailte agus páirceanna imeartha.  Tá deiseanna ann d'fhás tithíochta sa todhchaí sa cheantar seo chun comharsanacht reatha Dhabhach Uisce a chomhdhlúthú chun leas a bhaint as a buntáistí suímh agus a raon seirbhísí. Cuirfidh forbairt na dtailte criosaithe tráchtála feadh Bhóthar Dhabhach Uisce leis an meascán úsáidí agus seirbhísí.

Is síneadh uirbeach tábhachtach é forbairt na nArdán ar an taobh thoir den chathair. Tá sé mar chuid de straitéis lonnaíochta na cathrach leis an gcumas freastal ar fhás suntasach agus ar chomharsanacht nua cathrach. Leagtar amach i bPlean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024 raon beartas agus cuspóirí chun forbairt an cheantair seo sa todhchaí a threorú.

| **Beartas 3.4 Comharsanachtaí Inbhuanaithe: Bruachbhailte Lasmuigh** |
|---|
| 1. Comhdhlúthú na forbartha cónaithe reatha agus dlúis a éascú nuair is cuí laistigh de na bruachbhailte lasmuigh chun spriocanna daonra a bhaint amach agus cosaint réasúnta na n-áiseanna cónaithe a chinntiú. |
| 2. A chinntiú gur áiteanna iad comharsanachtaí inbhuanaithe ina dtagann tithíocht, sráideanna, spásanna oscailte agus áiseanna áitiúla le chéile i bhfoirm chomhleanúnach, chomhtháite agus tharraingteach le bonneagar cuí pobail seachadta in éineacht le fás nua. |
| 3. Comhtháthú bearta bithéagsúlachta, bonneagar glas agus éifeachtúlacht fuinnimh a éileamh i ndearadh agus i leagan amach na forbartha cónaithe. |
| 4. Meascán de chineálacha agus de mhéideanna tithíochta a spreagadh laistigh d'fhorbairtí cónaithe. |
| 5. Úsáid criosanna baile a spreagadh laistigh d'fhorbairtí cónaithe. |
| 6. A cheangal ar fhorbairtí cónaithe ina mbeidh níos mó ná 10 n-aonad áiseanna áineasa a sholáthar mar chuid lárnach den spás oscailte atá beartaithe. |
| 7. A chinntiú go dtugann dearadh agus leagan amach forbairtí cónaithe aird ar fhorbairtí tadhlacha. |
| 8. Spreagadh a thabhairt do chur chun cinn prionsabail dearaidh uilíoch agus inoiriúnaitheacht feadh an tsaoil i ndearadh agus i leagan amach forbairtí cónaithe. |
| 9. Úsáid logainmneacha oiriúnacha a chur chun cinn d'fhorbairt nua cónaithe de réir pholasaí an Choiste Logainmneacha agus mar thaca le haitheantas a thabhairt do Chathair na Gaillimhe mar Chathair Dhátheangach. |

## 3.6 Comharsanachtaí Inbhuanaithe: Bruachbhailte Bunaithe

Tá bruachbhailte éagsúla bunaithe i nGaillimh, agus cuireann siad go léir le héagsúlacht agus le carachtar na cathrach. Ar thaobh thiar na cathrach tá ceantair chónaithe seanbhunaithe de Bhóthar na Trá, an Bóthar Ard, an Taobh Thiar agus an Daingean a fhaigheann tacaíocht ó mhoil fhostaíochta agus sheirbhíse ar nós sráidbhaile Bhóthar na Trá, ionad ceantair an Taobh Thiar, UHG agus OÉ Gaillimh. I measc na n-áiseanna suntasacha tá Abhainn na Gaillimhe, cósta, tránna, áiseanna spóirt an Taobh Thiar agus áiseanna campais OÉ Gaillimh. Cuireann roinnt páirceanna comharsanachta agus spásanna oscailte agus áiseanna pobail ar nós leabharlann agus ionad pobail an Taoibh Thiar agus scoileanna áitiúla le comharsanachtaí inbhuanaithe.  Ar an taobh thoir tá ceantair chónaithe seanbhunaithe, Baile an Phoill, Tír Oileán, Mervue, An Rinn Mhór agus An Baile Bán. Faigheann na ceantair seo tacaíocht freisin ó raon leathan áiseanna tráchtála, pobail agus taitneamhachta lena n-áirítear moil fostaíochta agus seirbhíse i dTír Oileáin, sa Lios Bán, Bóthar Thuama, Eastát Tionsclaíochta Mervue, GMIT agus an t-ospidéal Bon Secours. Tá rochtain mhaith ag na comharsanachtaí seo ar thaitneamhachtaí mar Abhainn na Gaillimhe, Páirc Foraoise Thír Oileáin, trá Bhaile an Locháin, Coill Mhuirlinne, áiseanna CLG Liam Ó Maoilíosa, Páirc Daacy, áiseanna spóirt Mervue agus tá raon páirceanna comharsanachta agus spásanna oscailte acu freisin.  Tacaíonn ionad pobail Bhaile an Phoill/an Chaisleáin Ghearr, ionad Spóirt na Rinne Móire agus ionad acmhainní agus leabharlann an Bhaile Bháin agus scoileanna áitiúla le comharsanacht inbhuanaithe freisin.

Tá éagsúlacht ag baint le carachtar na gceantar seo ach tá feidhm thábhachtach ag gach ceantar maidir le tacaíocht a thabhairt do chomharsanachtaí trí thithe agus seirbhísí riachtanacha áitiúla agus áiseanna pobail a sholáthar.  Mar a léiríodh sa Chroí-Straitéis, tá deis ann na comharsanachtaí seo a chomhdhlúthú tuilleadh trí Láithreáin Athghiniúna agus Deise a fhorbairt ag an Taobh Thiar, Bóthar an Ghainimh, Cearnóg na Corónach agus ag an Rinn Mhór le haghaidh úsáidí cónaithe agus measctha. Soláthróidh forbairt na láithreán seo deiseanna chun beogacht na gcomharsanachtaí seo a fheabhsú agus tacóidh sé leis an gcoincheap cathrach laistigh de 15 nóiméad, toisc go bhfuil siad lonnaithe i gceantair a bhfuil oidhreacht shuntasach de sheirbhísí inrochtana acu.  Laistigh de na Láithreáin Athghiniúna agus Deise seo tá deiseanna chun feabhas a chur ar sheirbhísí agus ar thaitneamhachtaí trí fhorbairt raon úsáidí measctha, ríocht phoiblí mhaith agus cruthú naisc nua leis an ngréasán glas a spreagadh. Nuair a athfhorbraítear na suíomhanna seo le dlúis chuí agus dearadh ardchaighdeáin, d'fhéadfadh siad a bheith ina n-eiseamláirí de dhea-dhearadh uirbeach agus de chomhfhorbairt áite agus cuirfidh siad le luach na comharsanachta.

Aithnítear go bhféadfadh seirbhísí pobail agus áitiúla breise a bheith ag teastáil ó na bruachbhailte bunaithe. Tacófar leis na háiseanna pobail atá sa cheantar faoi láthair nuair a aithnítear an gá trí iniúchadh bonneagair sóisialta agus pobail. Táthar ag súil go gcuirfear seirbhísí comharsanachta breise ar fáil mar chuid den mheascán forbartha ar Láithreáin Athghiniúna agus Deise. Is féidir freastal freisin ar sheirbhísí breise ar phríomhbhóithre, áit ar féidir leo tacú le riachtanas dobharcheantar áitiúil nó cur le beogacht le mol atá ann cheana féin. Beidh ar fhorbairt dá leithéid comhshamhlú isteach i bhfabraic na comharsanachta agus meas a léiriú ar thaitneamhacht agus carachtar reatha agus cur leis seo.

Tá an acmhainneacht ag na bruachbhailte bunaithe do dheiseanna forbartha inlíonta níos lú a d'fhéadfadh cur le héagsúlacht cineálacha tí agus cur le carachtar áitiúil. Ní mór d'fhorbairt inlíonta aird a thabhairt ar an bpatrún forbartha reatha, ceapacha, bloic, sráideanna agus spásanna agus níor cheart go mbeadh sí ar scála chomh mór sin go mbeadh sí ina bhreis ollmhór leis an bhfabraic uirbeach atá ann faoi láthair nó go ndéanfadh sí athfhorbairt air. Is tosaíocht é cosaint na

taitneamhachta cónaithe agus na saintréithe atá ann cheana féin ach ní mór é a chothromú le deiseanna d'athghiniúint inbhuanaithe ardchaighdeáin agus inlíonta ar scála cuí.

Beidh ar fhorbairt dá leithéid a léiriú go gcuireann sí go dearfach leis an gcreatlach uirbeach, meas a léiriú ar an taitneamhacht agus carachtar reatha agus cur leis agus tairbhí inbhuanaithe a sheachadadh. Mar an gcéanna nuair a mholtar áitribh athsholáthair, ní mór na tairbhí inbhuanaithe a léiriú go soiléir agus caithfidh aon fhorbairt dá leithéid cur go dearfach le fabraic uirbeach, le taitneamhacht agus le carachtar an cheantair.

### Limistéir Athghiniúna Chomharsanachta Cónaithe

Tá comharsanachtaí ann sna bruachbhailte seanbhunaithe ina bhfuil réimsí fairsinge de thailte spáis oscailte pobail. Chruthaigh scála agus leagan amach an spáis oscailte phobail sna ceantair seo pócaí de thailte spáis oscailte nach mbaintear mórán úsáide astu agus nach gcuireann leis an struchtúr uirbeach. Mar thoradh air seo d'fhéadfadh go n-éireoidh na ceantair seo tréigthe agus go meallfaidh siad úsáidí nach mbeadh aon luach pobail ag baint leo. Is féidir leis na limistéir seo deiseanna folaithe a léiriú freisin chun cuidiú le dul i ngleic leis an ngéarchéim tithíochta reatha agus chun úsáid níos éifeachtaí a bhaint amach as an timpeallacht thógtha ar mhaithe le hinbhuanaitheacht agus athléimneacht aeráide. Ina theannta sin, tá an cumas ag na ceantair seo feabhas a chur ar charachtar na comharsanachta trí dhearadh uirbeach a fheabhsú. Trí ardchaighdeán forbartha inlíonta is féidir feabhas a chur ar cháilíocht an chomhshaoil. D'fhéadfadh an fhorbairt inlíonta seo a bheith i bhfoirm áiseanna pobail agus/nó forbairt chónaithe. Is féidir le forbairt dá leithéid cur le cáilíocht na comharsanachta agus féadann sí an timpeallacht thógtha a fheabhsú trí naisc éifeachtacha a sholáthar idir limistéir chónaithe, maoirseacht neamhfhoirmiúil níos fearr ar spásanna oscailte agus trí éagsúlacht a dhéanamh ar mheascán agus ar mhéid na n-aonad tithíochta.

Go sonrach, tá deiseanna ann chun feabhsúcháin a bhaint amach i gcomharsanacht Bhaile an Phoill mar a aithníodh sa dréachtphlean athnuachana do Bhaile an Phoill dar teideal A Better Ballinfoile/Baile an Phoill Níos Fearr. Leagadh béim ann ar roinnt gníomhaíochtaí sa chomharsanacht agus dá gcuirfí i bhfeidhm iad, thiocfadh feabhas suntasach. Tá an acmhainneacht seachadta ag formhór na ngníomhartha seo toisc go bhfuil siad suite ar thailte poiblí. Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle an plean seo a athbhreithniú i gcomhairle leis an bpobal (féach Figiúr 3.2).



Figiúr 3.2: Baile an Phoill

I gceantar an Bhaile Bháin, tá deiseanna ann chun feabhsuithe a bhaint amach agus an fhéidearthacht ann le haghaidh forbairt inlíonta (féach Figiúr 3.3). Sa chás seo déanfar athbhreithniú ar dheiseanna athghiniúna go háirithe ar phócaí beaga de spás oscailte a bhfuil luach íseal pobail, taitneamhachta agus áineasa acu. Ullmhófar plean athghiniúna áitiúil i gcomhar le comhairliúchán pobail agus ní bhreithneofar aon fhorbairt ach amháin nuair a chuireann sé le comhfhorbairt áite agus le luach pobail agus nuair a chuireann sé feabhas ar cháilíocht na comharsanachta. I gcás go bhfuil tithíocht chun dul i ngleic leis an riachtanas atá i réim, mar chuid den mholadh, beidh gá le meascán de mhéideanna agus de chineálacha aonad tithíochta a sholáthar.



Figiúr 3.3: An Baile Bán

### Scéimeanna Feabhsúcháin Timpeallachta

Tá deiseanna ann chun feabhsuithe comhshaoil a bhaint amach ar thaitneamhacht chónaitheach agus amhairc i gceantar Mervue. Scrúdóidh an Chomhairle, i gcomhar le cónaitheoirí áitiúla, an acmhainneacht le haghaidh feabhsuithe comhshaoil do cheantar Mervue (féach Figiúr 3.4) trí fheabhsuithe ar shábháilteacht agus áisiúlacht nasc, ríocht phoiblí fheabhsaithe, glasú uirbeach agus deiseanna do bhonneagar glas agus bithéagsúlacht feabhsaithe.



Figiúr 3.4: Mervue

### Crios Dícharbónaithe

Tá tionscadal píolótach dícharbónaithe á ullmhú faoi láthair don cheantar lena n-áirítear An Taobh Thiar, Seantalamh agus codanna de Ráthún. Is é aidhm an tionscadail rannchuidiú leis an laghdú ar astaíochtaí agus é mar chuspóir ciorrú astaíochtaí de 51% faoi 2030 a bhaint amach. Ba cheart forbairt nua a dhearadh sa chaoi is go mbeidh siad ag teacht le sprioc-uaillmhianta astaíochtaí don cheantar seo.

| **Beartas 3.5 Comharsanachtaí Inbhuanaithe: Bruachbhailte Bunaithe** |
|---|
| 1. Comhdhlúthú na forbartha cónaithe reatha agus dlúis reatha a éascú nuair is cuí agus cothromaíocht a chinntiú idir cosaint réasúnach na n-áiseanna cónaithe agus carachtar na mbruachbhailte bunaithe agus an gá atá le soláthar a dhéanamh d’fhorbairt chónaithe inbhuanaithe agus do spriocanna daonra a sheachadadh. |
| 2. Seirbhísí breise pobail agus áitiúla agus forbairt inlíonta cónaithe a spreagadh sna bruachbhailte bunaithe ag láithreacha cuí. |
| 3. Feabhas a chur ar bhruachbhailte seanbhunaithe, cosúil leis an gceantar cónaithe Mervue, trí scéimeanna feabhsaithe comhshaoil a chur i bhfeidhm agus trí chosaint na spásanna oscailte go léir lena n-áirítear spásanna glasa atá ann cheana féin. |
| 4. An dréachtphlean athnuachana do Pháirc Bhaile an Phoill dar teideal A Better Ballinfoile/Baile an Phoill Níos Fearr a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm i gcomhairle leis an bpobal áitiúil agus páirtithe leasmhara. |
| 5. Plean athghiniúna a ullmhú ag díriú ar na limistéir spáis oscailte sa Bhaile Bán i gcomhairle leis an bpobal áitiúil agus páirtithe leasmhara. |

## 3.7 Comharsanachtaí Inbhuanaithe: Limistéir Chónaithe Laistigh

Tá carachtar éagsúil ag na comharsanachtaí cónaithe laistigh agus raon cineálacha tithe a léiríonn a dtréimhse tógála. San iarthar, tá pobail ar leith sna ceantair cosúil leis an gCladach, Bóthar an Athar Uí Ghríofa, Seantalamh agus an Caisleán Nua agus tugann Ospidéal na hOllscoile Gaillimh, OÉ Gaillimh agus Coláiste Mhuire sainmhíniú láidir uirbeach don cheantar.  Ar an taobh thoir tacaíonn na ceantair den Bhóthar Mór, Bóthar an Choláiste agus Loch an tSáile le pobail chónaithe. Tá rochtain ag na ceantair seo ar shócmhainní suntasacha áitiúla lena n-áirítear an cósta, raon spásanna oscailte, áiseanna spóirt, scoileanna agus limistéir seirbhíse áitiúla. Tá éagsúlacht ag baint le carachtar na gceantar seo ach tá feidhm thábhachtach ag gach ceantar maidir le tacaíocht a thabhairt do chomharsanachtaí trí thithe agus seirbhísí riachtanacha áitiúla agus áiseanna pobail a sholáthar. Mar a léiríodh sa Chroí-Straitéis, tá deis ann na comharsanachtaí seo a chomhdhlúthú tuilleadh trí Láithreáin Athghiniúna agus Deise a fhorbairt feadh Bhóthar Áth Cinn agus Bhóthar Shéamais Uí Chuirc le haghaidh úsáidí cónaithe agus measctha.


Tá deiseanna suntasacha athnuachana d'fhorbairt úsáide measctha i gceantar Bhóthar Áth Cinn. I bhfianaise a scála agus a suíomh, tá an cumas ag na láithreáin athghiniúna seo a gcarachtar féin a chruthú le hailtireacht ardchaighdeáin agus is féidir leo a bheith ina n-eiseamláirí de dhea-dhearadh uirbeach agus de chomhfhorbairt áite.  Tá an acmhainneacht acu difríocht bhunathraithe a dhéanamh, foirm uirbeach níos fearr a chruthú, saol nua agus líon daoine a thabhairt isteach sa cheantar agus méadú ar an soláthar tithíochta gar do lár na cathrach.  Is féidir leo tacú le bearta GTS freisin a sholáthraíonn rochtain éasca ar na líonraí iompair phoiblí agus taistil ghníomhaigh atá beartaithe, lena n-áirítear an nasc droichid atá beartaithe le hOÉ Gaillimh agus nascacht níos fearr leis an ngréasán glas.

Tá scóip ag na Láithreáin Deise sainaitheanta feadh Bhóthar Shéamais Uí Chuirc agus Bhóthar Sheantalaimhchun na pobail atá ann cheana féin a fhás. D'fhéadfadh na láithreáin deise seo beogacht a chur leis an gcomharsanacht, saol nua agus líon daoine a thabhairt isteach sa cheantar agus cur leis an gcoincheap na cathrach laistigh de 15 nóiméad toisc go bhfuil siad gar do na seirbhísí agus na háiseanna atá ann cheana féin agus dea-nascacht a bheith acu.

Aithnítear go bhféadfadh go mbeadh áiseanna breise pobail agus seirbhísí áitiúla ag teastáil ó na ceantair chónaithe laistigh. Tacófar leis na háiseanna pobail atá sa cheantar faoi láthair nuair a aithnítear an gá trí iniúchadh bonneagair sóisialta agus pobail. Táthar ag súil go gcuirfear seirbhísí comharsanachta breise ar fáil mar chuid den mheascán forbartha ar Láithreáin Athghiniúna agus Deise. Is féidir freastal freisin ar sheirbhísí breise ar phríomhbhóithre, áit ar féidir leo tacú le riachtanas dobharcheantar áitiúil nó cur le beogacht le mol atá ann cheana féin. Beidh ar fhorbairt dá leithéid comhshamhlú isteach i bhfabraic na comharsanachta agus meas a léiriú ar thaitneamhacht agus carachtar reatha agus cur leis seo.

Tá cineálacha éagsúla tithe i nGaillimh sna ceantair chónaithe laistigh, le meascán de thithíocht phríobháideach agus phoiblí. In áiteanna ar nós an Chladaigh, Seantalaimh agus ceantair ar an mBóthar Mór cuirtear tithíocht luachmhar ar fáil i bpobail láidre inbhuanaithe gar do lár na cathrach. Tá na ceantair seo faoi bhrú agus tá éileamh ar shíntí tithíochta agus ar fhorbairt inlíonta teoranta ann. Bhí brú mór orthu freisin ó thaobh tráchta agus páirceála de, rud a laghdaigh a dtaitneamhacht chónaithe. Aithnítear go bhfuil na ceantair seo dinimiciúil agus go bhfuil an fhéidearthacht ann go fóill do roinnt forbartha cónaithe breise a fhéadfaidh úsáid éifeachtach a bhaint as bealaí iompair poiblí agus bonneagar sóisialta agus fisiceach reatha. Tá sé mar thosaíocht ag an gComhairle a chinntiú nach gcuirfidh forbairt nua isteach ar charachtar na gceantar seo. Chuige seo níor cheart go mbeadh forbairt inlíonta agus síntí tithíochta ar scála chomh mór sin a bheadh ina bhreiseán ró-mhór leis an gcreatlach uirbeach atá ann cheana féin nó go ndéanfaí athfhorbairt air. Maidir leis seo, beidh aird ag forbairt inlíonta ar an bpatrún forbartha reatha, ceapacha, bloic, sráideanna agus spásanna. Beidh aird freisin ag forbairt inlíonta ar scála agus ar chomhréir na bhfoirgneamh atá ann cheana féin, línte foirgneamh, mórdhlúthú agus airde foirgneamh maidir leis an tsráid

Is tosaíocht é cosaint na taitneamhachta cónaithe agus na saintréithe atá ann cheana féin ach ní mór é a chothromú le deiseanna d'athghiniúint inbhuanaithe ardchaighdeáin agus inlíonta ar scála cuí. Beidh ar fhorbairt dá leithéid a léiriú go gcuireann sí go dearfach leis an gcreatlach uirbeach, meas a léiriú ar an taitneamhacht agus carachtar reatha agus cur leis agus tairbhí inbhuanaithe a sheachadadh. Mar an gcéanna nuair a mholtar áitribh athsholáthair, ní mór na tairbhí inbhuanaithe a léiriú go soiléir agus caithfidh aon fhorbairt dá leithéid cur go dearfach le fabraic uirbeach, le taitneamhacht agus le carachtar an cheantair.


Figiúr 3.5 Seantalamh


Figiúr 3.6 An Cladach


Figiúr 3.7 An Bóthar Mór

Aithnítear go mbainfeadh na ceantair sin go háirithe, Seantalamh, an Cladach agus an Bóthar Mór, leas go príomha as feabhsuithe ar an ngréasán coisithe agus sráide. Is féidir le cur i bhfeidhm na gcuspóirí sa GTS agus i Straitéis um Ríocht Phoiblí (PRS) na Gaillimhe, go háirithe maidir le feabhsúcháin iompair inbhuanaithe, plandú sráide agus bearta glasaithe uirbeacha, feabhas a chur ar thaitneamhachtaí ginearálta na gceantar seo. Is féidir leis na bearta seo freisin feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine na gcónaitheoirí a thacaíonn le taisteal gníomhach agus le cáilíocht an aeir feabhsaithe trí úsáid charranna a laghdú ar shráideanna áitiúla.  Cinnteoidh tionscadail straitéiseacha eile ar nós Scéim Faoisimh Tuilte na Gaillimhe 'Coirib go Cósta' go mbeidh comharsanachtaí, go háirithe an Cladach, in ann teacht aniar i gcoinne tionchair an athraithe aeráide.

| **Beartas 3.6 Comharsanachtaí Inbhuanaithe: Limistéir Chónaithe Laistigh** |
|---|
| 1. Cáilíocht na gceantar cónaithe laistigh a chosaint lena n-áirítear an Cladach, Seantalamh agus an Caisleán Nua (go Droichead na gCúig Céad) trína chinntiú nach mbíonn drochthionchar ag forbairt nua trí chomhdhlúthú, inlíonadh agus athfhorbairt ar a gcarachtar agus go dtugann sé aird ar ghnáthphatrún, foirm agus dlús na gceantar seo. |
| 2. Feabhas a chur ar cheantair chónaithe laistigh ar nós an Chladaigh, Seantalaimh agus an Bhóthair Mhóir, trí scéimeanna feabhsaithe comhshaoil a chur i bhfeidhm agus trí chosaint na spásanna oscailte go léir, lena n-áirítear spásanna glasa atá ann cheana féin. |

## 3.8 Comharsanachtaí Inbhuanaithe: Limistéir Chónaithe Lár na Cathrach

Mar cheantar cónaithe, is áit an-tarraingteach chun cónaí ann i lár na cathrach. Tá timpeallacht thógtha agus nádúrtha ardchaighdeáin ann agus rochtain éasca ar sheirbhísí, ar dheiseanna fostaíochta agus ar ghníomhaíochtaí ealaíon agus cultúir. Éascaíonn an fhoirm dhlúth uirbeach agus an gréasán sráideanna rochtain éasca agus insiúltachta mhaith freisin. Tacaíonn an Plean, ina léirítear beartas náisiúnta agus réigiúnach, le cuspóir láidir chun an daonra cónaithe agus gníomhaíochtaí fostaíochta i lár na cathrach a mhéadú. Cuirfidh sé seo beogacht le lár na cathrach agus léiríonn sé úsáid inbhuanaithe agus éifeachtach talún a laghdóidh spleáchas ar charranna. Tacaíonn méadú ar chónaí i lár na cathrach freisin le lár na cathrach mar mhol fostaíochta le haghaidh infheistíochta straitéisí agus gníomhaíocht nuálaíochta. Cuirfidh feabhsuithe pleanáilte ar an ríocht phoiblí, bearta GTS, bearta oiriúnaithe aeráide agus  maolaithe, agus úsáid teicneolaíochtaí cliste, le hinacmhainneacht lár na cathrach a thuilleadh.

Tá deiseanna i lár na cathrach comharsanachtaí nua a chruthú agus pobail atá ann cheana a leathnú agus tacú leo. Cuireann deiseanna athfhorbartha na láithreán athghiniúna sainithe ag Ceathrú Cheannt agus limistéar an Chuain Istigh féidearthacht ar fáil d'fhorbairt ar scála mór, ag tabhairt beocht nua agus líon daoine isteach sa cheantar agus ag méadú an tsoláthair tithíochta gar do lár na cathrach. Tá scóip ag láithreáin athghiniúna aitheanta eile i lár na cathrach ag an

bhFaiche Mhór Thoir agus i gceantar Mháistirphlean Oileán Altanach chun méadú a chur ar phobail atá ann cheana féin ag na láithreacha seo agus íogaireachtaí ar nós an chomhthéacs stairiúil agus taitneamhachta cónaithe reatha á gcur san áireamh.

Cuireann pobail ar nós Sráid Anraí, Bóthar Shandair, an Balla Fada agus Barr an Chalaidh go mór le beogacht agus le hinacmhainneacht chroí na cathrach. Bíonn brú iarmharach ar na pobail chónaithe seo mar gheall ar a suíomh. Go dtí seo tá iarracht déanta ag beartais an Phlean Forbartha iad a chosaint mar chomharsanachtaí athléimneacha. Tá teorainn le deiseanna fáis daonra sna ceantair chónaithe seo agus beidh ar aon fhorbairt nua meas a thabhairt ar charachtar reatha na gcomharsanachtaí seo i dtéarmaí dlúis agus airde foirgneamh. Aithnítear freisin go bhfuil laghdú tagtha ar thaitneamhacht chónaithe i gceantair chónaithe chathrach áirithe mar gheall ar thionchar na forbartha i lár na cathrach in aice láimhe. Le cur chun feidhme na Straitéise Ríochta Poiblí (PRS) agus an GTS agus tionscadail shonracha a mhaoinítear faoin URDF, tabharfar tacaíocht d'fheabhsuithe i limistéir lár na cathrach ag cruthú spásanna níos sláintiúla, ag spreagadh idirghníomhú sóisialta agus imeachtaí pobail áitiúla, ag tacú le taisteal gníomhach agus le caighdeán aeir feabhsaithe trí úsáid charranna a laghdú ar shráideanna áitiúla. Cinnteoidh tionscadail straitéiseacha eile ar nós Scéim Faoisimh Tuilte na Gaillimhe Coirib go Cósta go mbeidh comharsanachtaí, go háirithe an Balla Fada, seasmhach ó thaobh tionchair an athraithe aeráide de. Tá deiseanna ann freisin bearta glasaithe a chur i bhfeidhm trí pháircíní agus micreaspásanna a thacaíonn le SUDanna agus le níos mó bithéagsúlachta a fhorbairt. Cuirfidh feabhsuithe taitneamhachta ar an ngréasán glas agus feadh na gcanálacha agus na n-uiscebhealaí leis na ceantair seo freisin.

Chun tacú le daonra méadaithe i lár na cathrach, leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil áit chónaithe fite fuaite sa mheascán úsáide de scéimeanna chun beocht a thabhairt do na sráideanna, cur leis an bpoitéinseal faireachais éighníomhach ar an ríocht phoiblí agus cur le beocht agus beogacht lár na cathrach. D'fhéadfaí eisceachtaí dó seo a dhéanamh bunaithe ar scála teoranta láithreáin agus a dheis athfhorbartha. Laistigh de chroílár na cathrach, tá féidearthacht ann freisin chun an stoc foirgneamh atá ann cheana a athúsáid/a oiriúnú le haghaidh úsáid chónaithe, go háirithe úsáid a bhaint as urláir uachtair fholmha de shiopaí agus áitribh tráchtála i lár na cathrach. Spreagfaidh an Chomhairle athchóiriú foirgneamh níos sine, ag tabhairt foirgnimh neamhúsáidte nó tearcúsáidte in úsáid chónaithe ag tacú le daonra méadaithe agus ag cothabháil oidhreacht thógtha lár na cathrach. Beidh ar aon tograí den sórt sin meas a bheith acu ar charachtar ailtireachta agus stairiúil na bhfoirgneamh sin, go háirithe maidir le struchtúir agus foirgnimh chosanta atá suite laistigh d'ACA sainithe. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tacú le tionscnaimh cosúil leis an Tionscnamh na Cathrach Beo a spreagann athchóiriú ar fhoirgnimh níos sine le haghaidh áitithe ag an úinéir i gceantair áirithe de lár na cathrach.

| **Beartas 3.7 Limistéir Chónaithe Lár na Cathrach** |
|---|
| 1. Tosaíocht a thabhairt do sholáthar tithe nua ar Láithreáin shainithe Athghiniúna agus Deise i lár na cathrach ar scálaí cuí chun forbairt pobail inbhuanaithe nua i lár na cathrach a chumasú. |
| 2. Pobail chónaithe seanbhunaithe i lár na cathrach a chosaint agus a fheabhsú trí chúngú ó fhorbairt tráchtála agus ó fhorbairtí inlíonta do-ghlactha a dhíspreagadh. |
| 3. Feabhas a chur ar limistéir chónaithe i lár na cathrach trí scéimeanna feabhsúcháin comhshaoil a chur chun feidhme agus trí fheabhsúcháin ar an ríocht phoiblí, lena n-áirítear, nuair is cuí, criosanna baile agus áiseanna áineasa i gcomhar le cónaitheoirí áitiúla. |

| | |
|---|---|
| 4. | Spreagadh a thabhairt do mhéadú phobal cónaithe lár na cathrach trí ábhar cónaithe a éileamh i dtograí forbartha nua. |
| 5. | Smaoineamh ar athfhorbairt charrchlós na Comhairle Cathrach ag Bóthar Shandair chun freastal ar riachtanais tithíochta sóisialta agus/nó inacmhainne. |

## Limistéir Chónaithe Ísealdlúis

Is ceantair den chathair iad limistéir chónaithe Ísealdlúis (LDR), atá criosaithe le haghaidh forbartha cónaithe ag dlús níos ísle ná tailte eile atá criosaithe mar limistéir chónaithe. Meastar go bhfuil na dlúis chónaithe forordaithe sna ceantair seo oiriúnach mar gheall ar íogaireacht chomhshaoil, easnamh i soláthar seirbhíse, patrún cónaithe bunaithe agus tábhacht an tírdhreacha. Mar gheall ar an éagsúlacht, tréithe uathúla agus íogaire na gceantar seo, tá sainchuspóirí forbartha ag teastáil ó gach ceantar, agus leagtar amach é seo sa Chaibidil 11.

| **Beartas 3.8 Limistéir Chónaithe Ísealdlúis** | |
|---|---|
| 1. | Limistéir Chónaithe Ísealdlúis a chosaint mar gheall ar a gcarachtar, leochaileacht comhshaoil agus acmhainn teoranta seirbhísí, agus a chinntiú go dtugann forbairt nua aird ar phatrún, foirm agus dlús na gceantar seo atá i réim. |
| 2. | Tréithe na gceantar seo a chosaint trí chaighdeáin agus threoirlínte forbartha. |

## Clúdaigh/Ceantair Shráidbhaile

Tá roinnt lonnaíochtaí sráidbhailte sa chathair coinnithe ag Gaillimh. Is iad seo Mionlach, an Caisleán Gearr, Cúil Each-Cnoc Mhaoil Drise agus Cúil Each-Mionlach. Tá patrún stairiúil forbartha ag na sráidbhailte seo agus tá deiseanna acu d’fhorbairt inlíonta íogair. Is é beartas na Comhairle tithíocht agus seirbhísí teoranta áitiúla nó áiseanna pobail a cheadú nuair a chuireann siad le feabhas a chur ar charachtar an cheantair.

Tá carachtar ar leith ag sráidbhaile Mhionlaigh agus a phurláin, bunaithe ar a shuíomh ar an gCoirib, patrún stairiúil forbartha agus foirgnimh dhúchasacha. Tá timpeallacht nádúrtha suntasach ag an gceantar lena n-áirítear cSAC agus SPA Loch Coirib agus Coill Mhionlaigh. Tá oidhreacht thógtha shaibhir ag an gceantar ina gcuimsítear patrún lonnaíochta ‘clachain’ agus tá roinnt teachíní ceann tuí ann ar dhéanmhais chosanta iad. Tá Caisleán Mhionlaigh in aice leis an sráidbhaile agus in éineacht le tailte in aice láimhe tá an acmhainneacht aige lena húsáid chun críocha áineasa agus taitneamhachta.

Cé go bhfuil carachtar sainiúil fós ag an gceantar, tá an acmhainneacht ann do mhéadú a chur ar áiseanna taitneamhachta agus áineasa, rud a fhágann gur acmhainn luachmhar don chathair é. Cruthaíonn a shuíomh in aice leis an gCoirib agus laistigh d’achar siúlóide agus rothaíochta lár na cathrach acmhainneacht ollmhór d’fhorbairt líonraí glasbhealaí agus gormbhealaí chun taisteal gníomhach a éascú. Tá féidearthacht ann freisin d’áiseanna pobail, do sheirbhísí teoranta áitiúla a fhreastalaíonn ar an gceantar agus d’fheabhsuithe ar an timpeallacht thógtha trí chaomhnú agus trí fhorbairt nua ardchaighdeáin. Mar aitheantas air seo déanfaidh an Chomhairle, i gcomhar le cónaitheoirí áitiúla, plean a mbeidh sé mar aidhm aige cáilíocht shainiúil Mhionlaigh a chaomhnú agus a fheabhsú agus iniúchadh a dhéanamh ar chumas áiseanna an cheantair mar mhórshócmhainn don chathair.

Soláthróidh comhdhlúthú phobal cónaithe reatha Bhóthar an Choiste leis na tailte criosaithe cónaithe neamhfhorbartha sa Chaisleán Gearr agus tailte criosaithe tráchtála agus cónaithe feadh Bhóthar Thuama deiseanna chun féiniúlacht an Chaisleáin Ghearr mar chomharsanacht a neartú.

Chuige seo, déanfaidh an Chomhairle i gcomhar leis an bpobal áitiúil, plean don cheantar a dhíreoidh ar chuspóirí chun gníomhaíocht chomharsanachta a fheabhsú, tógáil ar shócmhainní reatha an phobail agus chun carachtar agus taitneamhacht reatha an Chaisleáin Ghearr a chosaint agus a fheabhsú.

Sa phlean, déanfar breithniú ar agus tabharfar tosaíocht do naisc fheabhsaithe, gluaiseacht fheabhsaithe coisithe, rothair agus tráchta, feabhsú na hoidhreachta, deiseanna chun an gréasán glas agus bithéagsúlacht a fheabhsú, forbairt áiseanna agus saoráidí pobail agus dearadh agus leagan amach na forbartha nua. Tabharfaidh an plean aird ar chuspóirí straitéiseacha sa cheantar.

| **Beartas 3.9 Clúdaigh/Ceantair Shráidbhaile** |
|---|
| 1. Carachtar sráidbhailte sonraithe a neartú trí fhorbairt chuí a spreagadh. Beidh rochtain feithiclí ar shráidbhaile Chúil Each-Chnoc Mhaoil Drise teoranta don rochtain bóthair atá ann faoi láthair amháin. Is cuspóir táscach é an cuspóir do nasc líonra rothaíochta molta ón mbóthar seo agus is fearr ailíniú eile lasmuigh de chlúdach an tsráidbhaile. |
| 2. Carachtar agus taitneamhacht Mhionlaigh a chosaint agus a fheabhsú agus plean a ullmhú don cheantar, a chuimseoidh bearta maolaithe tuilte. |
| 3. Féiniúlacht an Chaisleáin Ghearr a threisiú trí thaitneamhachtaí reatha a chosaint agus a fheabhsú agus trí áiseanna pobail breise a sholáthar. |

### Forbairt Tithíochta Eachlainne

Cuidíonn forbairt eachlainne le húsáid éifeachtach talún agus tacaíonn sé le foirm uirbeach dhlúth. Laistigh den chathair tá deiseanna teoranta chun tithíocht eachlainne a fhorbairt. Ní mór forbairt tithíochta eachlainne a dhearadh ar bhealach comhordaithe agus ní féidir é seo a bhaint amach ach amháin nuair nach mbíonn aon tionchar aici ar thaitneamhacht chónaithe reatha. Scrúdóidh an Chomhairle ceantair áirithe sa chathair maidir le hacmhainneacht don chineál seo forbartha. Ní cheadófar a leithéid d’fhorbairt roimh phlean comhordaithe do na ceantair sin a bhfuil an acmhainneacht acu do thithíocht eachlainne. Ní mór cloí le critéir áirithe agus caithfidh an fhorbairt aird a thabhairt ar an bhfoirm thógtha atá ann faoi láthair, ar charachtar an cheantair, ar an tionchar ar thaitneamhacht chónaitheach agus caithfidh sé caighdeáin rochtana, spás oscailte agus páirceála a shásamh nuair is cuí.

| **Beartas 3.10 Forbairt Tithíochta Eachlainne** |
|---|
| Plean comhordaithe a ullmhú do cheantair sa chathair a bhfuil an acmhainneacht acu le haghaidh forbairt tithíochta eachlainne i gcomhairle le cónaitheoirí áitiúla. |

## 3.9 Cuspóirí Sonracha

| **Cuspóirí Sonracha** |
|---|
| 1. Scéim feabhsúcháin comhshaoil a ullmhú do cheantar cónaithe Mervue a léiríonn dea-chleachtas i ndearadh uirbeach agus ina gcuimsítear bearta bonneagair ghlais. |
| 2. Scéimeanna feabhsúcháin comhshaoil a ullmhú do cheantair chónaithe an Chladaigh, Seantalaimh agus an Bhóthair Mhóir a léiríonn dea-chleachtas i ndearadh uirbeach agus ina gcuimsítear bearta bonneagair ghlais. |
| 3. Plean athghiniúna a ullmhú do limistéir spáis oscailte an Bhaile Bháin a léiríonn dea-chleachtas i spás oscailte agus dearadh uirbeach agus a chuimsíonn bearta bonneagair ghlais. |

| |
|---|
| 4. Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an dréachtphlean athnuachana do Pháirc Bhaile an Phoill dar teideal ‘A Better Ballinfoile’ (Baile an Phoill Níos Fearr) agus gníomhartha a chur i bhfeidhm nuair is indéanta agus faoi réir maoinithe. |
| 5. Comhairle agus treoirlínte dea-chleachtais a fhorbairt maidir le dearadh criosanna baile. |
| 6. Athbhreithniú a dhéanamh ar threoir i gcomhar leis an Rannóg Caitheamh Aimsire agus Taitneamhachta agus Chomhshaoil ar dhearadh spáis oscailte, tírdhreachtú crua agus bog, áiseanna caitheamh aimsire agus saibhriú bithéagsúlachta. |
| 7. Plean a ullmhú do cheantar Mhionlaigh. Áireofar leis seo treoir ar dhearadh agus caomhnú nua agus scrúdóidh sé acmhainn taitneamhachta an cheantair. |
| 8. Plean a ullmhú do cheantar an Chaisleáin Ghearr i gcomhairle le cónaitheoirí áitiúla agus aird á tabhairt ar mholtaí straitéiseacha sa cheantar máguaird. |

# Caibidil 4
# Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus Iompar

## Clár na nÁbhar


4.1 Comhthéacs ....................................................................................................90

4.2 Úsáid Talún agus Iompar....................................................................................95

4.3 Iompar Poiblí ....................................................................................................96

4.4 Soghluaisteacht Inbhuanaithe - Siúlóid agus Rothaíocht ....................................101

4.5 Bearta Bainistíochta ar Éileamh Iompair ............................................................108

4.6 Líonra Bóithre agus Sráide ...............................................................................112

4.7 Calafort na Gaillimhe .......................................................................................115

4.8 Cuspóirí Sonracha ............................................................................................117

## 4.1 Comhthéacs

Tá méadú ag teacht ar éilimh thaistil i gCathair na Gaillimhe ar aon dul le fás an daonra agus leanfaidh siad ag déanamh amhlaidh thar shaolré an Phlean seo. Beidh gá le feabhsúcháin ar an líonra iompair má tá Gaillimh chun bheith ina cathair inbhuanaithe, dhlúth agus nasctha de réir threoir beartais náisiúnta agus réigiúnaigh. Ar leibhéal réigiúnach, is í Gaillimh an t-aon chathair scála aitheanta i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair agus is í príomhspreagthóir an gheilleagair don réigiún freisin. Tá líonra iompair na cathrach ríthábhachtach maidir le freastal ar an nascacht idir-uirbeach agus idir-réigiúnach dá dhobharcheantar leathan. Tacaíonn an líonra freisin le líon ard comaitéirí isteach sa chathair ar mheán lae i rith na seachtaine ina bhfuil os cionn 30,000 feithicil (15,000 i ngach treo) ag teacht isteach agus ag fágáil na cathrach. I bhfianaise an méid tráchta seo agus an fás breise a bhfuiltear ag súil leis, a bhuanóidh na patrúin neamh-inbhuanaithe atá ann faoi láthair mura ndéantar aon idirghabháil, tá práinn ann athmhachnamh a dhéanamh ar an mbealach a mbogaimid chun cabhrú le plódú sa chathair agus timpeall uirthi agus chun leibhéil astaíochtaí carbóin a laghdú.

Is í Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) an plean iompair a bhfuil sé mar aidhm aici cur chuige níos inbhuanaithe a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais iompair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus a thacaíonn le fás na cathrach sa todhchaí. Tacaíonn an cur chuige beartais sa phlean seo leis na bearta sa GTS agus áirítear leis naisc a neartú idir úsáid talún agus pleanáil iompair. Díríonn sé freisin ar spleáchas ar charranna a laghdú agus tacaíonn sé le haistriú i dtreo úsáid mhéadaithe a bhaint as modhanna gníomhacha níos inbhuanaithe agus as iompar poiblí. Éileoidh sé seo infheistíocht  saoráidí siúlóide agus rothaíochta, córas iompair phoiblí feabhsaithe a bheidh níos inrochtana le tacaíocht ó bhonneagar astaíochtaí ísle, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin iompair sa chathair agus de réir bheartais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Cuirfear áiseanna feabhsaithe siúlóide agus rothaíochta chun cinn trí thréscaoilteacht níos fearr agus trí ghréasáin mhéadaithe, rud a fhágann go mbeidh na modhanna taistil seo níos tarraingtí, níos inrochtana, níos sábháilte agus níos sláintiúla. Beidh acmhainneacht shuntasach ag aistriú go húsáid na modhanna gníomhacha seo agus iompar poiblí freisin maidir le feabhas a chur ar chaighdeán an aeir, ar an timpeallacht uirbeach, ar fheidhmíocht eacnamaíoch na cathrach agus ar chaighdeán maireachtála iomlán na cathrach.

### Beartas Náisiúnta agus Réigiúnach

Sa *Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF)* aithnítear go bhfuil soghluaisteacht inbhuanaithe agus forbairt dhlúth riachtanach chun na spriocanna fáis uaillmhianacha dá bhforáiltear sa NPF a bhaint amach. Maidir leis seo, i bpleanáil úsáid talún agus  spásúlachta, leagtar amach an treo beartais uileghabhálach ina leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le húsáid talún agus iompar a ailíniú chun forbairt níos dlúithe a bhaint amach.  Spreagfaidh sé seo patrúin taistil níos inbhuanaithe chomh maith leis na spriocanna um aistriú go sochaí ísealcharbóin a bheidh seasmhach ó thaobh na haeráide de. Sa NPF, tugtar aghaidh go sonrach ar leagáid na ndúshlán um fhás do Ghaillimh maidir le hiompar, soghluaisteacht agus caighdeán uirbeach. Aithnítear ann freisin go bhfuil go leor de na dúshláin seo ag baint le Ceantar Cathrach na Gaillimhe a eascraíonn as fás agus rath eacnamaíoch de chathracha i bhfad níos mó. Is é an dúshlán do Ghaillimh ná go gcaithfidh sí freastal ar chomhréir níos mó den fhás a ghineann sí laistigh de na teorainneacha cathrach.

Tá an NPF tacaithe ag straitéis infheistíochta náisiúnta den *Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN)* agus an *Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíoch Réigiúnach (RSES)* do limistéar Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (NWRA). Sa PFN leagtar tosaíochtaí infheistíochta amach chun spriocanna an NPF a bhaint amach. Aithnítear sa PFN príomhról Chathair na Gaillimhe mar  Chathair réigiúnach sainithe agus spreagthóir d’infheistíocht agus sainaithnítear príomhthionscadail bhonneagair ar féidir leo tacú le ról na Gaillimhe agus é a fheabhsú. Chun tacú leis an ról seo, sainaithnítear sa PFN infheistíocht thábhachtach do roinnt tionscadal, lena n-áirítear Tionscadail Iompair.

Tacaíonn an t-athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar an PFN, 2021-2030 le hÉirinn níos glaine, glaise agus nasctha le gealltanas d'astaíochtaí a laghdú ina dhá leath faoi 2030. Tá an infheistíocht is mó riamh i stair an stáit geallta ag an bplean seo in iompar le 35 billiún curtha ar fáil thar na deich mbliana chun iarracht a dhéanamh athrú a dhéanamh ar an gcaoi a dtaistealaímid. Sa phlean seo, déantar foráil do chóimheas caiteachais 2:1 ar bhearta iompair inbhuanaithe, rud a chiallaíonn go ndéanfar dhá oiread de gach euro a infheistítear i mbonneagar bóithre nua a infheistiú in iompar poiblí nua agus i mbonneagar siúlóide agus rothaíochta.

**Soghluaisteacht Inbhuanaithe**

Ba é an beartas uileghabhálach a bhí ag treorú forbartha d'iompar níos cliste agus níos inbhuanaithe in Éirinn ná na doiciméid bheartais earnála reatha a foilsíodh in 2009 - *Taisteal Níos Cliste - Todhchaí Iompair Inbhuanaithe 2009-2020* agus an *Creat Beartais Rothaíochta Náisiúnta*. Bhí sé mar aidhm acu úsáid gluaisteán príobháideach a laghdú, a chinntiú go raibh roghanna eile seachas an carr príobháideach ar fáil agus éifeachtúlacht breosla feabhsaithe chomh maith le tionscnaimh chun cultúr rothaíochta agus siúlóide a chruthú in Éirinn. Tá na doiciméid bheartais náisiúnta seo a chuir modhanna taistil inbhuanaithe chun cinn anois á n-athsholáthar ag *Creat Beartais nua um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe*.

Tá athbhreithniú na mbeartas seo ar aon dul leis an mbeartas sa NPF agus tacaíonn sé go háirithe leis na Cuspóirí Straitéiseacha Náisiúnta (NSOnna) atá ag aistriú móiminteam an bheartais iompair chun tacú le gníomhú ar son na haeráide agus soghluaisteacht inbhuanaithe. Is é an aidhm atá ann creat beartais nua a fhorbairt a thacaíonn níos fearr le soghluaisteacht inbhuanaithe agus a ghlacann le cur chuige atá níos dírithe ar dhaoine, ag athbhreithniú gach gné den Bheartas um Thaisteal Gníomhach agus um Iompar Poiblí. Tá an dréachtbheartas dírithe ar thrí phrionsabal uileghabhálacha. Is é an chéad cheann díobh seo ná Soghluaisteacht Shábháilte agus Ghlas, a leagfaidh amach sraith uaillmhianach agus chuimsitheach gníomhaíochtaí d'fhonn iompar poiblí a dhícharbónú. Is é an dara ceann ná Soghluaisteacht Dhírithe ar Dhaoine, a dhíríonn ar conas roghanna inbhuanaithe soghluaisteachta a dhéanamh inrochtana do gach duine, go háirithe daoine a bhfuil faoi shoghluaisteacht laghdaithe. Is é an tríú prionsabal ná Soghluaisteacht Chomhtháite Níos Fearr, a fhéachann ar iompar inbhuanaithe comhtháite níos fearr agus pleanáil úsáid talún níos fearr chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar réitigh chliste iompair.



## Gníomhú ar son na hAeráide

Sa *Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta Aeráide (2019)* tugtar le fios gurb ionann iompar agus beagnach aon chúigiú d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa na hÉireann. Leagadh amach gealltanais chun astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann a laghdú le 51% thar na deich mbliana seo agus neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050 sa Chlár don Rialtas agus sa reachtaíocht aeráide. Leagfar amach i bPlean nuashonraithe um Ghníomhú ar son na hAeráide na gníomhartha gaolmhara a chumasóidh na spriocanna seo a bhaint amach. Tá acmhainneacht shuntasach ag an gComhairle rannchuidiú leis na ceanglais um laghdú astaíochtaí a chomhlíonadh trí aistrithe cora iompair go siúlóid, rothaíocht agus iompar poiblí, tacú le tógáil amach líonra luchtaithe feithiclí leictreacha (EV), athrú ar an bhflít phoiblí go EVanna, agus úsáid de bhithbhreoslaí, ar cuid de na príomhbhearta atá á gcur chun cinn ag an bPlean Gníomhaíochta chun na spriocanna sin a bhaint amach san earnáil iompair. Beidh dícharbónú an iompair bhóthar ríthábhachtach chun an sprioc uaillmhianach laghdaithe astaíochta de 7 faoin gcéad in aghaidh na bliana a bhaint amach thar shaolré an phlean seo.

## RSES

Glacadh an RSES do réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair i mí Eanáir 2020 agus áirítear ann freisin *Plean Straitéiseach an Cheantair Uirbigh (MASP)* do Ghaillimh. Sa MASP seo, leagtar creat comhordaithe amach le haghaidh pleanála agus infheistíochta i gCathair na Gaillimhe agus a ceantar máguaird. Aithnítear sa RSES an tábhacht straitéiseach a bhaineann le Cathair na Gaillimhe de bheith ina cathair nasctha agus ina nasc straitéiseach don réigiún. Tá folláine shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil Chathair na Gaillimhe agus Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair ag brath ar infheistíocht iompair agus infreastruchtúir chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus nascacht don Chontae agus do cheantair níos faide i gcéin. Aithnítear sa RSES tosaíochtaí infheistíochta iompair de réir ghealltanais infheistíochta an PFN chun roinnt príomhscéimeanna cumasúcháin a thabhairt chun críche sa Réigiún faoi 2027 agus áirítear ann Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (N6 GCRR). Leagtar béim freisin sa RSES ar an tábhacht a bhaineann le Calafort na Gaillimhe mar Chalafort a bhfuil tábhacht réigiúnach ag baint leis, Conair Iarnróid an Iarthair mar thionscadal iarnróid a bhfuil tábhacht straitéiseach leis agus tacaíonn sé le forbairt Straitéise do leictriú an ghréasáin iarnróid. Tugtar tacaíocht do thionscadail glasbhealaí agus gormbhealaí mar thosaíocht ar fud an réigiúin agus leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le siúlóid agus rothaíocht maidir le haistriú cora iompair chuig roghanna iompair níos inbhuanaithe a éascú, stíleanna maireachtála níos sláintiúla a chur chun cinn, bainistíocht tráchta níos fearr agus cuidiú le hathrú aeráide a mhaolú.

## MASP

Moltar i MASP na Gaillimhe comhtháthú a dhéanamh ar úsáid talún agus ar phleanáil iompair agus tá ról ríthábhachtach aige chun freastal ar riachtanais Cheantar Cathrach leathnaithe ar bhealach inbhuanaithe. De bharr an fháis réamh-mheasta ar an daonra atá aitheanta i MASP na Gaillimhe, beidh dúshláin do sholáthar bonneagair agus seirbhísí tacaíochta, lena n-áirítear iompar. Tacaíonn an plean seo le cur chun feidhm na mbeart atá i *Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS)* agus na príomhchodanna iompair don MASP a mheastar a bheith lárnach chun aghaidh a thabhairt ar an mbrú tráchta agus ar astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa (GHG) chun athrú a bhaint amach. Áirítear leis na príomhchodanna iompair sa MASP an N6 GCCR a luaitear mar phríomhthosaíocht don Cheantar Uirbeach a thacóidh le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta an réigiúin agus a fheabhsóidh nascacht agus inrochtaineacht chuig an gcathair agus do cheantair ar an taobh thiar den chathair. I measc na gcomhpháirteanna suntasacha iompair eile tá forbairt iompar poiblí bus,

gréasáin rothaíochta agus feabhsúcháin siúlóide do choisithe, ag díriú ar nascacht agus tréscaoilteacht.

### Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS)

Ba chur chuige comhpháirtíochta é an GTS, 2016-2036 idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe, an Chomhairle Contae, an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus Bonneagar Iompar Éireann (TII). Ghlac an Chomhairle Cathrach leis an straitéis iompair fhadtéarmach seo chun straitéis a fhorbairt do Chathair na Gaillimhe agus dá Purláin. Is í seo an Straitéis as a dtagann an infheistíocht iompair ar fad agus as a dtabharfar treoir di.

Is é cur chuige GTS ná feabhsuithe suntasacha ar thaisteal gníomhach a sheachadadh agus gréasán iompair phoiblí d'ardchaighdeán a sheachadadh do Ghaillimh chun tacú le fás na cathrach trí úsáid a bhaint as modhanna inbhuanaithe eile iompair a spreagadh, agus gluaiseacht éifeachtach feithiclí príobháideacha agus lasta a éascú. Aithnítear sa Straitéis príomh-mholtaí agus idirghabhálacha iompair chun creat a sholáthar le haghaidh cur chun feidhme céimnithe ar an gcur chuige atá bunaithe ar an bplean maidir le hiompar chun deis a thabhairt do Ghaillimh fás go fisiciúil agus go heacnamaíoch. San áireamh sa GTS freisin, tá bearta bainistíochta tráchta, ag tabhairt tosaíochta do ghluaiseachtaí siúil, rothaíochta agus bus, modhnuithe ar an ngréasán tráchta, bainistiú gníomhaíochtaí páirceála agus feithiclí earraí troma, feabhsuithe ar an ríocht phoiblí agus úsáid de 'shoghluaisteacht níos cliste'.

Sa GTS, tugtar aghaidh ar riachtanais iompair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus leagtar amach forbhreathnú ar na gníomhaíochtaí agus na bearta atá beartaithe le haghaidh cur chun feidhme, ag clúdach gnéithe bonneagair, oibriúcháin agus beartais chun aghaidh a thabhairt ar na neamhéifeachtúlachtaí iompair atá ann faoi láthair. Aithnítear an GTS laistigh den NPF mar ní ríthábhachtach chun an sprioc d'fhás daonra de 50% laistigh den Cheantar Uirbeach a bhaint amach faoi 2040 maidir le seachadadh dlúthfhás agus iompar inbhuanaithe a éascú i limistéar MASP na Gaillimhe.

Tá croí na straitéise tógtha timpeall ar 'Nasc Traschathrach', a sholáthraíonn bealach sábháilte, soiléir agus tarraingteach trí lár na cathrach atá teoranta d'iompar poiblí, do choisithe, do rothaithe agus do roinnt rochtana áitiúla. Tacaíonn an straitéis freisin le 'Líonra Rochtana Lár na Cathrach' sainithe do thurais ghluaisteáin phríobháideacha agus HGVanna a dteastaíonn rochtain ar lár na cathrach uathu chun brú tráchta a laghdú, agus an N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe (N6 GCCR) atá beartaithe lena ndéanfar na turais a athchur, ag fáil réidh le trácht neamhriachtanach i bhfeithiclí ó lár na cathrach. Is tionscadal straitéiseach é an Cuarbhóthar beartaithe N6 Chathair na Gaillimhe (N6 GCRR) a shainaithnítear freisin sa NPF, sa PFN, sa RSES agus sa MASP. Is príomhthionscadal é an cuarbhealach seo sa straitéis iompair don chathair a thacóidh le turais nach mbíonn áisiúil i gcónaí ar mhodhanna eile ach i ngluaisteáin. Tá an tionscadal seo faofa ag an mBord Pleanála le coinníollacha agus modhnuithe. Cuirfear bearta iompair eile chun cinn, a ligfidh do sheirbhís iompair phoiblí éifeachtach agus iontaofa a sheachadadh chun rochtain a sholáthar isteach agus tríd lár na cathrach ag cruthú timpeallacht fheabhsaithe le haghaidh siúlóide agus rothaíochta.

Tá seachadadh GTS ar siúl faoi láthair agus dírítear ar infreastruchtúr a sholáthar chun tacú le siúlóid, rothaíocht agus iompar poiblí chun freastal ar riachtanais reatha na cathrach. Tá tús curtha le hobair dheartha ar na bealaí bus mar chuid de BusConnects agus táthar ag súil le hiarratas ar thoiliú don Nasc Traschathrach go luath in 2022. Tá cur chun feidhme Ghréasán Rothaíochta na Gaillimhe lena n-áirítear féarbhealaí, príomhbhealaí, bealaí tánaisteacha agus friothálacha ag an gcéim dhearaidh freisin. Fuarthas maoiniú URDF do Thionscadail Nascachta Iompair in 2021, lena

n-áirítear Gréasán Rothaíochta Chathair na Gaillimhe agus Droichead Iarnróid agus Coisithe an Chlocháin, a bhainfidh amach, nuair a chuirfear chun feidhme na dtionscadal seo, an aidhm fhoriomlán maidir le gréasán rothaíochta cathrach sábháilte, comhtháite agus saoráidí coisithe a sheachadadh mar atá forordaithe sa GTS.

Leanfaidh an Dréachtphlean Forbartha seo le réiteach iompair inbhuanaithe a chur chun cinn don chathair agus aithneoidh sé conas atá sé beartaithe obair GTS a sheachadadh agus tógáil uirthi, agus ag an am céanna ag tacú leis na bearta atá leagtha amach sa GTS. Tá athbhreithniú pleanáilte bunaithe ar fhianaise ar an GTS le cur i gcrích in 2022 i gcomhar le Comhairle Contae na Gaillimhe agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA), a bhreithneoidh gach modh iompair lena n-áirítear féidearthacht rogha iarnróid éadroim agus nach gcuirfidh bac ar an Nascbhealach Traschathrach a chur ar aghaidh chuig céim an chead pleanála.

Tá tacaíocht á tabhairt do chur chun feidhme an GTS trí phleananna seachadta seirbhíse atá maoinithe go príomha ag an NTA agus TII. Cé go bhfuil roinnt feabhsuithe déanta ar an ngréasán iompair mar gheall ar bhearta éagsúla bheith curtha i bhfeidhm, tá brú mór tráchta fós i réim, ag cur isteach ar chaighdeán na beatha, ar gheilleagar na cathrach agus ar ról réigiúnach na Gaillimhe. Tá an GTS ina cúigiú bliain de phlean 20 bliain agus cé go bhfuil sé fós ag céim luath, tá na tionscadail agus na cuspóirí sa phlean seo fós ábhartha do Chathair na Gaillimhe thar shaolré an phlean seo, le frámaí ama éagsúla forfheidhmithe leagtha amach mar thréimhsí gearrthéarmacha, meánthéarmacha agus fhadtéarmach do na tionscadail. Leanfar le cur chun feidhme chun na bearta atá leagtha amach sa GTS a bhaint amach chun coinníollacha iompair agus roghanna turais a fheabhsú do chách i nGaillimh.

| **Beartas 4.1 Ginearálta** |
|---|
| 1. Cathair dhlúth a fhorbairt, ina bhfuil úsáid talún inbhuanaithe agus iompar comhtháite agus ina bhfuil rogha agus inrochtaineacht ar raon modhanna iompair, le tacaíocht mhéadaithe d’aistriú chuig modhanna níos inbhuanaithe ag teacht le haidhmeanna náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide agus i gcás ina gcuirtear sábháilteacht agus éascaíocht gluaiseacht go dtí agus laistigh den Chathair agus ar aghaidh chuig limistéar níos leithne an MASP, Contae na Gaillimhe agus an Réigiún Thuaidh agus Thiar ar fáil. |
| 2. Ailíniú le Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta an NPF agus le cuspóirí beartais réigiúnacha an RSES maidir le patrúin inbhuanaithe iompair a chur chun cinn agus le tacaíocht a thabhairt do sholáthar príomh-bhonneagar iompair, rud a chumasóidh forbairt de réir na Croí-Straitéise. |
| 3. Tacú le cur chun feidhme Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) a chuirfidh seachadadh agus aistriú cora iompair chun cinn go modhanna iompair níos inbhuanaithe agus a chumasóidh comhtháthú pleanáilte úsáid talún agus iompair laistigh den chathair agus don limistéar MASP níos mó i gcomhairle le Comhairle Chontae na Gaillimhe, NTA agus TII agus le soláthraithe seirbhíse. |
| 4. Tacú le Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) agus leis an gclár forfheidhmithe gaolmhar a sheachadfaidh líonra iompair phoiblí ardchaighdeáin, a sholáthróidh agus a spreagfaidh úsáid modhanna iompair inbhuanaithe eile, agus a éascóidh gluaiseacht éifeachtach d’fheithiclí príobháideacha agus lasta. |
| 5. Tacú le Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) agus le torthaí an athbhreithnithe atá bunaithe ar fhianaise atá beartaithe agus atá le cur i gcrích i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus an NTA. San athbhreithniú seo, breithneofar gach modh iompair lena n-áirítear féidearthacht rogha iarnróid éadroim agus ní chuirfear bac ar dhul chun cinn an Nascbhealaigh Traschathrach chuig céim an chead pleanála. |

6. Leanúint le réiteach iompair inbhuanaithe a chur chun cinn don chathair trí bhearta a chuimsítear sa GTS a chur i bhfeidhm agus sna tionscadail tacaíochta riachtanacha go háirithe tionscadal GCRR an N6.

## 4.2 Úsáid Talún agus Iompar

Tá úsáid talún agus iompar a chomhtháthú riachtanach chun cathair inbhuanaithe a chruthú. Féadfaidh ailíniú patrúin lonnaíochta agus úsáid talún in éineacht le straitéis iompair chomhtháite deiseanna a sholáthar chun spleáchas ar charranna a laghdú agus ligean d'infheistíocht níos mó i modhanna eile taistil lena n-áirítear iompar poiblí, siúlóid agus rothaíocht. Cuireann sé buntáistí suntasacha freisin ar fáil i dtéarmaí brú tráchta a laghdú, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, folláine feabhsaithe agus tá buntáistí ann freisin don ríocht phoiblí.

Ceadaíonn comhdhlúthú na forbartha do sholáthar éifeachtach seirbhísí a chumasaíonn patrúin taistil níos inbhuanaithe. Leabaithe sa chur chuige seo tá an gá atá le dlúis inbhuanaithe i ngach forbairt agus béim ar láithreáin athfhorbraíochta agus athghiniúna. Tríd na prionsabail seo a ghlacadh, tabharfar treoir do chinntí infheistíochta straitéiseacha agus beidh sé ag teacht le spriocanna náisiúnta um ghníomhú aeráide.

Go stairiúil, is éard a bhí i bhforbairt chónaithe i mbruachbhailte na cathrach, cosúil le treochtaí forbartha náisiúnta go traidisiúnta ná forbairt ar dhlús níos ísle agus deighilt limistéir fostaíochta i gcomparáid le ceantair chónaithe, rud a d'fhág go raibh gnáth-phatrún gluaiseachta carranna i réim sa chathair agus timpeall uirthi. Is é an fócas reatha atá ann athmhachnamh a dhéanamh ar an bpatrún seo agus cathracha dlútha a chruthú agus díriú níos mó ar úsáid talún agus iompar a chomhtháthú chun na saincheisteanna seo a fhritháireamh. Tá gá leis na hathruithe seo in éineacht le feabhsuithe ar bhearta taistil ghníomhaigh, amhail siúlóid agus rothaíocht agus iompar poiblí athruithe dearfacha a chruthú. Tá sé ríthábhachtach deiseanna a chruthú do dhaoine chun cónaí agus oibriú i gcóngar d'fhostaíocht agus do sheirbhísí arna dtacú ag gréasán iompair phoiblí nua-aimseartha agus éifeachtach ionas go n-éireoidh le Gaillimh mar Chathair, i dtéarmaí cathair rathúil de chomharsanachtaí agus mar spreagthóir eacnamaíoch an Réigiúin araon. Tacóidh sé seo freisin le forbairt an choincheapa den 'chathair laistigh de 15 nóiméad' atá san áireamh i gCaibidil 3, ag ligean do sholáthar éifeachtach seirbhísí lena n-áirítear iompar poiblí, fostaíocht, siopaí, áiseanna pobail agus oideachais chun patrúin taistil níos inbhuanaithe a chumasú agus an éileamh foriomlán ar thaisteal a laghdú.

Tacóidh cur i bhfeidhm na mbeart GTS le comhtháthú na tithíochta le hiompar, ag cothú patrún iompair inbhuanaithe. Tá an Croí-Straitéis bunaithe ar an eolas ón GTS agus foráiltear do chur chuige comhordaithe maidir le hinfheistíocht agus seachadadh bonneagair riachtanach, seirbhísí agus áiseanna pobail. Tá sé ag brath ar chomhdhlúthú laistigh de na lonnaíochtaí seanbhunaithe ag dlúis chuí agus na beartais lena mbaineann atá i réim sa Chathair agus i bPurláin an Chontae.

Tacaíonn an Straitéis don chathair le beartas an NPF agus cuireann sí na trí phríomhshuíomh athghiniúna chun cinn – Stáisiún Cheannt, an Cuan Laistigh, ceantar Athghiniúna Bhóthar Áth Cinn agus láithreáin deise eile. Tairgeann Stáisiún Cheannt agus an Cuan Laistigh réiteach seicheamhach ar leathnú lár na cathrach, nasctha le mol iompair, ag treisiú príomhról lár na cathrach sa chathair agus sa Cheantar Uirbeach agus sa réigiún níos leithne. Cabhróidh comhdhlúthú na gceantar cónaithe atá ann cheana féin agus forbairt limistéar LAP na nArdán in oirthear na cathrach trí úsáid a bhaint as an gcur chuige seo le comharsanachtaí cónaithe inbhuanaithe a chruthú sa todhchaí, áit a laghdaítear an spleáchas ar iompar príobháideach agus ina gcuirtear seirbhísí ar fáil go háitiúil, rud a cheadóidh rochtain trí shiúlóid agus rothaíocht.

Tacaítear freisin le hailíniú úsáid talún agus iompar sa Straitéis Mhiondíola ina spreagtar ordlathas ionad siopadóireacht agus seirbhísí riachtanacha atá inrochtana go héasca.

Ar leibhéal áitiúil, cuireann ullmhú pleananna lena n-áirítear Pleananna Limistéir Áitiúil agus Máistirphleananna creat ar fáil d'fhorbairt ilchineálach i gcomhar le straitéis iompair agus úsáid dlúis inbhuanaithe ag láithreacha in aice le bealaí iompair phoiblí. Cinnteoidh na pleananna seo go mbainfear amach patrúin inbhuanaithe taistil atá comhtháite le húsáid talún.

| **Beartas 4.2 Úsáid Talún agus Iompar** |
|---|
| 1. Comhordú dlúth a chur chun cinn idir úsáid talún agus iompar trí bheartais, criosú úsáide talún agus cuspóirí. |
| 2. Tacú le comhtháthú úsáid talún agus iompair agus é a éascú d'fhonn fás dlúth cathrach a éascú, arna thacú ag modhanna inbhuanaithe iompair a spreagfaidh folláine eacnamaíoch agus a áiritheoidh gluaiseacht daoine agus earraí ar bhealach atá inbhuanaithe, sábháilte agus a sholáthraíonn rochtain éasca do chách, a fheabhsaíonn caighdeán na beatha agus a thacaíonn le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le hiompar. |
| 3. Foráil a dhéanamh d'fhorbairtí ard-toirte, turas-dhian, mar ionaid tráchtála agus moil fhostaíochta ag láithreacha a íoslaghdóidh an gá, an fad agus an t-am a thógfaidh sé le taisteal agus a chuirfidh chun cinn úsáid modhanna inbhuanaithe iompair amhail siúl, rothaíocht agus iompar poiblí chun rochtain a chur ar fáil ar na láithreacha seo. |
| 4. Dlúis chónaithe éifeachtacha inbhuanaithe a chur chun cinn sa chathair go háirithe feadh agus gar don ghréasán bealaí iompair poiblí agus inbhuanaithe atá ann cheana agus atá beartaithe. |
| 5. Ag teacht leis an gCroí-Straitéis agus chun treoir a thabhairt do leathnú lonnaíochta sa todhchaí Pleananna Ceantair Áitiúil agus máistirphleananna a ullmhú nuair is cuí ina gcuimseofar an comhtháthú d'úsáid talún le hiompar. |
| 6. An coincheap den "chathair laistigh de 15 nóiméad" a spregadh ina n-éascaíonn beartais um úsáid talún na áitritheoirí rochtain a fháil ar a gcuid riachtanas laethúil laistigh de 15 nóiméad siúlóide nó turas rothar agus mar sin laghdaítear an spleáchas ar iompar gluaisteáin. |

## Athrú Cora Iompair

## 4.3 Iompar Poiblí

Socraítear sa GTS gur gá don chreat iompair méadú a dhéanamh ar aistriú ó ghluaiseachtaí bunaithe ar charranna i dtreo modhanna iompair inbhuanaithe lena n-áirítear iompar poiblí. Don athrú seo beidh gá le cur chuige comhoibríoch idir na páirtithe leasmhara iompair go léir lena n-áirítear go háirithe an NTA, TII agus soláthraithe iompair. Sa Chroí-Straitéis, cruthaítear comhthéacs beartais cumasúcháin sa Phlean chun tacú le cur chun feidhme na mbeart sa GTS a sholáthróidh, i gcomhar le hinfheistíocht infrastruchtúir agus soláthar seirbhíse, do chóras iompair poiblí ardchaighdeáin, inrochtana don chathair agus dá purláin chomh maith le dea-nascacht ar aghaidh.

Is í an uaillmhian ná go n-éireoidh iompar poiblí agus modhanna gníomhacha níos tarraingtí trí mheascán de bhonneagar feabhsaithe, seirbhísí agus bearta bainistíochta éilimh agus go dtarlóidh aistriú suntasach ó úsáid gluaisteáin go dtí na modhanna seo sa chathair agus go dtiocfaidh na buntáistí chun cinn dá bharr.

## Líonra Bus - Áitiúil

Breithníodh san anailís a rinneadh mar chuid den ullmhúchán GTS gach modh taistil agus roinnt cásanna iompair phoiblí agus fuarthas amach go bhféadfaí freastal ar an gcathair ar bhealach níos éifeachtaí le seirbhísí bus ardmhinicíochta ar ardchaighdeán.  Moltar sa GTS go n-ardófar minicíochtaí bus go 15 nóiméad ar a laghad le linn buaic-amanna agus go mbeidh stadanna bus laistigh de shiúlóid 10 nóiméad go dtí an áit a bhfuil cónaí ar fhormhór na ndaoine. Is éard atá i gceist leis seo ná bealaí bus a mhodhnú chun clúdach líonra ar fud na cathrach agus nascacht a sholáthar do gach cuid den chathair lasmuigh den phríomhghréasán bus.

Tá an Nasc Traschathrach ag croílár den líonra áitiúil seo a éascú. Is conair iompair phoiblí é a oibríonn trasna na cathrach ó Bhóthar na hOllscoile go Bóthar an Choláiste, a sholáthróidh seirbhísí díreacha do phaisinéirí ar mian leo dul isteach sa chathair ón oirthear agus ón iarthar agus a sholáthraíonn bonneagar do bhearta tosaíochta bus feadh na conaire seo. Is é cuspóir an Nasc Traschathrach tosaíocht a thabhairt do shiúlóid, do rothaíocht agus d'iompar poiblí feadh a fhaid. Ní thaistealóidh trácht gluaisteáin, nach bhfuil ceann scríbe ar leith aige i lár na cathrach, isteach i gcroílár meánaoiseach na cathrach idir uaireanta srianta – ag déanamh bealaí níos sábháilte do shiúlóirí, rothaithe agus daoine a bhfuil lagú gluaiseachta orthu, agus mar sin spás a chruthú d'iompar poiblí chun gluaiseacht gan srian. Beidh an Nasc Traschathrach ina chuid lárnach maidir le méadú ar líon na marcaíochta in iompar poiblí agus ar an líon daoine a ghlacfaidh le taisteal gníomhach chun aistriú cor iompair ó charr go modhanna inbhuanaithe a bhaint amach. Tá sé seo riachtanach d'fhás inbhuanaithe na cathrach chun réamh-mheastacháin fáis an NPF a éascú. Nascfaidh an chonair seo tithe le háiteanna oibre, staidéir, miondíola agus áineasa, le hamanna turais iompair phoiblí feabhsaithe agus le hiontaofacht. Bainfidh oibreoirí bus réigiúnacha, náisiúnta agus príobháideacha, feithiclí éigeandála agus feithiclí beaga seirbhíse poiblí leas freisin as an Nasc Traschathrach mar go gcuirfidh sé rochtain fheabhsaithe ar fáil do na modhanna sin.

Ag baint úsáide as ailínithe na mbealaí bus mar phointe tosaigh, forbraíodh Líonra Traschathrach. Bhí sé seo bunaithe ar an mbunús cónaithe a nascadh leis na príomhshuímh chinn scríbe. Laghdaíonn sé líon na seirbhísí bus go cúig cinn, ag déanamh an líonra níos inléite do chónaitheoirí agus do chuairteoirí araon. Cuirtear na cúig phríomhbhealach bus seo ar fáil ar an iarthar, oirthear agus lár na cathrach chomh maith le naisc a sholáthar go Bearna agus Órán Mór a chruthóidh Conair Líonra Bus. Freastalóidh na bealaí go léir ar nithe is díol spéise i lár na cathrach chomh maith le nasc a dhéanamh le gach ceann scríbe mór ar fud na cathrach agus dearadh iad chun idirmhalartú traschathrach a cheadú ag príomhláithreacha. Tá an Fhaiche Mhór aitheanta mar phríomh-mhol aistrithe bus chomh maith le bus/traein agus bus/cóiste ag Stáisiún Cheannt agus Stáisiún Fhaiche an Aonaigh. Beidh príomh-mhoil aistrithe bus eile lonnaithe ag Ospidéal na hOllscoile agus Bóthar na hOllscoile/Ardeaglais.

Cuireann an Líonra Traschathrach trí éascú a dhéanamh do bhealaí bus nua agus reatha seirbhís bus ardmhinicíochta ar fáil agus tugadh 'BusConnects Galway' mar theideal air mar chuid de straitéis infheistíochta an NDP agus maoiniú i gclár an NTA chun seirbhísí bus a fheabhsú ar fud na hÉireann. Tá an Clár BusConnects ina phríomhchuid de bheartas an Rialtais chun iompar poiblí a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide.  Laistigh de limistéar Chathair na Gaillimhe, déanfar infheistíocht i mbonneagar agus seirbhísí bus a sheachadadh trí BusConnects agus na codanna ábhartha den GTS.  Soláthróidh BusConnects Gaillimh an gréasán cuíchóirithe de chúig bhealach iompair phoiblí traschathrach ardfheidhmíochta agus beidh siad mar 'chnámh droma seasta' d'iompar poiblí na Gaillimhe amach anseo. Tá BusConnects Gaillimh ag cur le forbairt an phlean líonra seo agus an bonneagar gaolmhar. Cuimseoidh sé lánaí bus den chéad ghlúin eile,

clár foscadh bus, seirbhísí feabhsaithe, táillí gan airgead tirim agus ticéadú cuntasbhunaithe. Faoin gclár BusConnects, tá sé beartaithe ag an NTA an flít bus atá ann faoi láthair a uasghrádú chun aistriú go flít feithiclí astaíochtaí ísle a laghdóidh truailliú torainn agus aeir araon.

**Figiúr.4.1 Croíbhealaí Bus Beartaithe, *Foinse: Straitéis Iompair na Gaillimhe***




**Nóta**: Mar sin leasaíodh an príomhbhealach bus atá beartaithe trí Ospidéal Mhuirlinne agus beidh a cheann aistir ag an ospidéal

## Líonra Bus - Réigiúnach

Díreofar infheistíocht sna seirbhísí bus ar nascacht a fheabhsú idir lonnaíochtaí réigiúnacha, lena n-áirítear Cathair na Gaillimhe agus Baile Átha Cliath, agus feabhas a chur ar iontaofacht agus ar leibhéal na seirbhíse laistigh de phríomhlonnaíochtaí agus eatarthu. I gcás seirbhísí bus agus cóiste réigiúnacha agus fad-achair, is iad luas aistir agus iontaofacht na saincheisteanna ríthábhachtacha. Aithnítear sa RSES an ról allmhairithe atá ag Cathair na Gaillimhe mar Chathair Réigiúnach, ag soláthar nascachta do chúlchríoch mhór agus tacaíonn an plean leis an mórthionscnamh náisiúnta iompair phoiblí, NTA Éire á Nasctha: Plean Soghluaisteachta Tuaithe, a mhéadóidh nascacht, go háirithe dóibh siúd a chónaíonn lasmuigh de na cathracha móra.

Fanfaidh príomhspriocanna na mbusanna réigiúnacha laistigh den chathair ag Stáisiún Cheannt, Stáisiún Cóiste Fhaiche an Aonaigh agus ag an bhFaiche Mhór. Comhlánófar iad seo le láithreacha rialaithe fágála agus bailithe i lár na cathrach tar éis imscrúdaithe i gcomhthéacs na mbealaí rochtana sainithe chuig an limistéar seo. Cumasóidh na héifeachtúlachtaí Nasc Traschathrach atá beartaithe seirbhís réigiúnach i bhfad níos fearr. Áirítear leis seo srianta tráchta feadh Bhóthar an Choláiste mar atá molta sa GTS, rud a rachaidh chun tairbhe go mór de nascacht do na seirbhísí réigiúnacha seo i gcomhar leis na bearta tosaíochta atá molta don ghréasán bus áitiúil ag teacht ón iarthar, lena n-áirítear na srianta atá molta ar Dhroichead na mBradán. Cuireann an tseirbhís réigiúnach seo seirbhís luachmhar ar fáil do thurasóirí, go háirithe le haghaidh turais chuig agus ó Aerfort Bhaile Átha Cliath agus na Sionainne agus chuig cathracha agus bailte ceann scríbe turasóireachta eile. Leanfar le páirceáil do chóistí do thurasóirí a sholáthar ar Bóthar na gCeannaithe agus in aice le hArdeaglais na Gaillimhe.

Feiceann an GTS tuilleadh feabhais a chur ar mhealltacht na seirbhísí seo trí acomhail a sholáthar idir iompar poiblí réigiúnach agus áitiúil ag príomhshuíomhanna i lár na cathrach. Feabhsóidh na tograí bonneagair a chuirtear ar fáil mar chuid den ghréasán bus áitiúil na seirbhísí réigiúnacha freisin, toisc go mbeidh na busanna réigiúnacha in ann leas a bhaint as na bealaí tosaíochta sa chathair agus as bealaí eile, cosúil leis na cinn atá molta feadh Bhóthar Bhaile Átha Cliath. Beidh gá le rochtain leordhóthanach chuig agus ó na críochfoirt i lár na cathrach a sholáthar freisin.

### Moil Iompair Phoiblí

Tá Stáisiún Cheannt ainmnithe mar mhór-mhol iompair do sheirbhísí áitiúla agus réigiúnacha araon. Fuarthas maoiniú le déanaí faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) le haghaidh Athghiniúint na Ceathrún Ceannt, rud a chinnteoidh athfhorbairt an stáisiúin. Tabharfaidh sé seo deis chun mol iompair phoiblí comhtháite agus acomhal ilmhódúil a sholáthar a bheidh in ann freastal ar sheirbhísí feabhsaithe idir-uirbeacha, comaitéireachta agus iarnróid agus bus a bheidh nasctha le modhanna iompair inbhuanaithe eile ar nós siúlóide agus rothaíochta. Táthar ag súil le bánna breise tiomnaithe do bhusanna chomh maith le páirceáil ghluaisteán gaolmhar agus áiseanna fágála a bheidh tiomnaithe d'úsáideoirí iompair phoiblí. Trí córas iompair phoiblí níos éifeachtaí, níos nasctha agus níos tarraingtí a cruthú trí mhoil iompair a chur chun cinn cuirfear deiseanna ar fáil chun turas iomlán a thairiscint.



Tá mol iompair phoiblí ar sraith níos ísle sainithe sa chathair in aice leis an Ardeaglais agus scrúdófar an acmhainneacht do mhoil bhreise ag príomhláithreacha deise amach anseo. Beidh áiseanna do phaisinéirí ag na moil seo amach anseo agus beidh siad ina n-acomhal tábhachtach i ngréasán feabhsaithe bus foriomlán na cathrach.

### Iarnród

Is ceann scríbe suntasach iarnróid í Cathair na Gaillimhe le seirbhísí idirchathrach díreach go Baile Átha Cliath trí Bhaile Átha Luain agus Luimneach trí Inis. Tá príomhról aige seo maidir le roghanna taistil inbhuanaithe eile a thairiscint do thurais níos faide, ag soláthar nascacht idir-réigiúnach feabhsaithe. Soláthraíonn sé seirbhís luachmhar comaitéireachta freisin chuig bailte cosúil le Béal Átha na Sluaighe, Baile Átha an Rí agus Órán Mór. Áirítear sa PFN go mbeidh línte iarnróid Bhaile

Átha Cliath-Gaillimh faoi réir scrúdaithe chun bogadh chuig luasanna níos airde as a dtiocfaidh nascacht níos fearr le cathracha réigiúnacha trí amanna turais iarnróid feabhsaithe. Feabhsófar seirbhísí comaitéireachta mar gheall ar an bpoitéinseal do rianú dúbailte ar an líne iarnróid ó Chathair na Gaillimhe go Baile Átha Luain le stadanna méadaithe seirbhíse idir Baile Átha Luain agus Gaillimh. Cé nach bhfuil sé san áireamh i mbearta mar chuid den GTS, tá rianú dúbailte an iarnróid ón gcathair go Baile Átha an Rí, nó freastal níos teoranta de bhánna stad le himscrúdú le haghaidh seirbhísí paisinéirí agus seirbhísí lastais ionchasacha ó Chalafort na Gaillimhe. Tacaíonn an Chomhairle freisin le héascú stadanna iarnróid laistigh den chathair ar féidir leo tacú le seirbhísí comaitéireachta.

Tá cuspóir i nDréachtphlean an Chontae i gcomhoibriú le hIarnród Éireann (IE) infrastruchtúr agus seirbhísí feabhsaithe iarnróid idir Gaillimh agus Baile Átha Luain a chinntiú.  Tá maoiniú ón URDF tarraingthe ag an tionscadal seo agus áirítear ann do rian iarnróid dúbailte agus oibreacha feabhsúcháin breise lena n-áirítear ardán breise agus lúb pasála ag an nGarrán, Órán Mór chun cumas feabhsaithe agus minicíocht seirbhíse a chinntiú. D'fhéadfadh go rachadh a leithéid d'oibreacha ar an líne chun sochair do sholáthar seirbhíse lasta iarnróid ó Chalafort na Gaillimhe agus is tionscadal straitéiseach é a chuirfeadh le hinrochtaineacht agus nascacht sa réigiún.

Tacaíonn an RSES freisin le huasghráduithe iarnróid sa réigiún agus admhaítear go bhfuil scóip ann le tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar na seirbhísí iarnróid atá ann cheana féin, ag nascadh línte na Gaillimhe, Chaisleán an Bharraigh/Béal an Átha agus Shligigh le Baile Átha Cliath agus an chuid eile de ghréasán iarnróid na hÉireann. Leagann sé béim freisin ar thábhacht straitéiseach thionscadal Chonair Iarnróid an Iarthair agus ar an rannchuidiú a thabharfadh sé do bhaint amach Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh agus ar an gcumas chun geilleagair na dtrí mhórionad a nascadh, Luimneach, Gaillimh agus Sligeach.

Is príomhchuspóir é Stáisiún Cheannt a ainmniú mar mhol iompair ilmhódúil ollmhór don chathair. Chun Ceathrú Stáisiún Cheannt a athfhorbairt mar acomhal iompair ilmhódúil a éascóidh comhtháthú níos fearr le modhanna iompair poiblí eile beidh méadú ar mhinicíocht na seirbhísí iarnróid i gceist. Tugadh aitheantas PFN le déanaí do thús na n-uasghráduithe pleanáilte ag Stáisiún Cheannt thar shaolré an PFN seo go mbeidh oibreacha uasghrádaithe ar bun ag ~~an~~ trí cinn de na ceithre mhórcheannfort réigiúnach iarnróid, lena n-áirítear Stáisiún Cheannt. Déanfar na tionscadail seo a mhaoiniú trí NSO 4: Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus tríd an URDF freisin, rud a fheabhsóidh go mór eispéireas na bpaisinéirí i gcomhar le soláthairtí seirbhíse poiblí tadhlach. Feidhmeoidh feidhm an stáisiúin nuair a cheanglaítear é leis an suíomh in aice le Ceathrú Ceannt mar chomh-mhol d'idirmhalartú idir seirbhísí iompair sa chathair.

Tá soláthar déanta ag an GTS d'athbhreithniú tréimhsiúil chun treochtaí atá ag teacht chun cinn agus aon deis forbartha nua a thiocfaidh chun cinn a chur san áireamh chun an t-athrú ar chúinsí líonra iompair na Gaillimhe atá i mbun forbartha a léiriú. Áiríodh féidearthacht rogha iarnróid éadroim sa NDP le déanaí, 2021-2030 agus tá gealltanas ann go ndéanfar é seo a mheas arís mar chuid den athbhreithniú ar an GTS, a gcuirfear tús leis in 2022.

### Páirceáil agus Taisteal

Tá seachadadh suíomhanna Páirceála agus Taistil ar imeall na cathrach ríthábhachtach maidir le cur chun feidhme an GTS agus an t-aistriú cora iompair. Laghdóidh siad an méid tráchta comaitéireachta a thagann isteach sa chathair agus mar sin rannchuideoidh siad le laghdú ar bhrú tráchta agus ar leibhéil astuithe.  Rinneadh anailís ar shuíomhanna páirceála agus taistil a fhágfaidh go mbeifear in ann limistéir fhéideartha a aithint laistigh de Chathair na Gaillimhe agus

dá purláin ina bhféadfadh a leithéid d’áiseanna a bheith oiriúnach agus tá sainaithint láithreáin ar siúl leis an NTA.

### Seirbhísí Tacsaí

Tá ról na seirbhísí tacsaí tábhachtach i bhforbairt iomlán an chórais iompair chomhtháite. Éascófar iad ag láithreacha cuí laistigh den chathair agus beidh gá le freastal orthu laistigh d’fhorbairtí móra. I gcás inarb iomchuí, beidh siad in ann bonneagar tosaíochta bus a úsáid. Tá Scéimeanna Deontais a cuireadh ar fáil in 2021 ag tacú le glacadh feithiclí leictreacha in earnáil na bhFeithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí (SPSVanna) le haghaidh tacsaithe, hacnaithe agus limisíní. Cabhróidh sé sin le haistriú chuig feithiclí níos inbhuanaithe sa tseirbhís phoiblí a thionscnamh i gcomhréir le ceanglais um ghníomhú ar son na haeráide.

| **Beartas 4.3 Iompar Poiblí** |
|---|
| 1. Tacú le cur chun feidhme Bus Connects na Gaillimhe agus an ghréasán iompair bus fhoriomláin ina n-áireofar gréasán traschathrach ardmhinicíochta de sheirbhísí agus na ceanglais bhonneagair ghaolmhara go léir, chomh maith le bainistiú tráchta agus socruithe tosaíochta. |
| 2. Infhaighteacht líonra bus na cathrach a chur chun cinn lena n-áirítear na bearta tosaíochta le húsáid ag na seirbhísí bus náisiúnta, réigiúnacha agus turais. |
| 3. Acomhail iompair phoiblí agus tograí gaolmhara maidir le ticéadú aistrithe agus modhanna íocaíochta solúbtha a éascú. |
| 4. Tosaíocht a thabhairt do sholáthar áiseanna páirceála agus taistil ag láithreacha cuí ionas go mbeidh siad ailínithe leis an ngréasán bus agus leis an nascbhealach traschathrach chun an t-aistriú cora iompair riachtanach a chruthú chun spleáchas ar charranna a laghdú. |
| 5. Rochtain ar sheirbhísí iompair phoiblí a chur chun cinn dóibh siúd a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna agus ar mheánscoileanna i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna |
| 6. A chinntiú go mbeidh rochtain éasca ar gach ceann de na críochfoirt bus i lár na cathrach agus láithreacha fágála/bailithe cóistí turasóireachta agus limistéir aistrithe bus a éascú. |
| 7. Tacaíocht a thabhairt do bhearta a bhfuil sé mar aidhm acu acmhainn seirbhíse líonra iompair iarnróid idiruirbeach Chathair na Gaillimhe a fheabhsú lena n-áirítear forbairt seirbhísí iarnróid comaitéireachta, agus le rogha tosaíochta de chur chuige dhá rian ón gcathair go Baile Átha an Rí. |
| 8. Tacú le bearta chun Stáisiún Cheannt a fhorbairt mar mhol comhtháite iompair ilmhódúil a éascaíonn idirmhalartú éasca idir seirbhísí iompair náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. |
| 9. Leanúint ar aghaidh ag tacú le seirbhísí tacsaí ag láithreacha cuí lena n-áirítear gar do chonairí iompair phoiblí agus nuair is féidir iad a cheadú úsáid a bhaint as infrastruchtúr tosaíochta bus. |
| 10. Tacú leis an athrú módúil ar iompar poiblí faoi Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) trí spriocanna athraithe cora iompair do shiúlóid, rothaíocht agus iompar poiblí laistigh de shaolré Phlean Forbartha na Cathrach. |

## 4.4 Soghluaisteacht Inbhuanaithe - Siúlóid agus Rothaíocht

Aithnítear sa GTS nach dtabharfaidh feabhsuithe bóithre leo féin aghaidh ar na fadhbanna maidir le plódú tráchta agus go bhfuil gá le hinfheistíocht i líonraí iompair phoiblí, siúlóide agus

rothaíochta freisin chun feabhas a chur ar bhainistiú tráchta agus chun aistriú chuig modhanna níos inbhuanaithe a spreagadh. Chuige seo tá tosaíocht tugtha ag an GTS d'iompar poiblí agus do mhodhanna gníomhacha mar roghanna eile seachas úsáid ghluaisteáin phríobháideacha do raon turais laistigh den chathair. Trí thosaíocht a thabhairt do bhearta taistil ghníomhaigh agus trí threoir deartha DMURS (2019) agus ordlathas úsáideoirí bóithre a chur i bhfeidhm, déanfar forbairt ar chóras iompair atá níos sábháilte, níos tarraingtí, níos éifeachtaí agus níos nasctha, agus ag an am céanna spreagfar stíleanna maireachtála níos sláintiúla agus laghdófar astaíochtaí iompair.

I nGaillimh, le foirm dhlúth uirbeach na cathrach agus an topagrafaíocht réasúnta réidh, ceadaítear d'acmhainneacht mhór siúlóide agus rothaíochta ionas go mbeidh na modhanna taistil seo ina rogha taistil, go háirithe do thurais ghearra. Tacóidh an fócas ar na modhanna seo le coincheap na 'cathair laistigh de 15 nóiméad' agus ligfidh sé do dhaoine siúl agus cul ar rothar chuig príomhchinn scríbe ar bhealach díreach agus éasca. Le dearadh cuí, is féidir le sráideanna cur le cruthú comharsanachtaí tarraingteacha, inrochtana agus ináitrithe. Tá an cur chuige seo ag teacht leis an NPF agus an gá atá le beartas fáis dlúth a shaothrú arna thacú ag bearta soghluaisteachta inbhuanaitheachta lena n-áirítear naisc líonraithe rothaíochta agus siúlóide agus an spleáchas ar iompar carrbhunaithe a laghdú de réir a chéile.

Ar an leibhéal réigiúnach leagtar béim sa RSES ar an tábhacht a bhaineann le siúlóid agus rothaíocht chun aistriú módúil chuig roghanna iompair níos inbhuanaithe a éascú agus na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag na modhanna seo do stíleanna maireachtála níos sláintiúla, do bhainistíocht tráchta níos fearr, do thimpeallachtaí feabhsaithe pobail agus do mhaolú an athraithe aeráide. Aithníonn an straitéis freisin na deiseanna eacnamaíocha agus turasóireachta féideartha atá ag tionscadail glasbhealaí agus gormbhealaí laistigh den réigiún. Laistigh den MASP, déantar leathnú na scéimeanna um chomhroinnt rothair a chur chun cinn mar scéim fhéideartha a d'fhéadfadh cur go dearfach le nascacht agus iompar inbhuanaithe agus soghluaisteacht. Aithnítear sa RSES go dtuairiscíonn áiteanna a bhfuil bonneagar fairsing rothaíochta acu leibhéil níos airde rothaíochta agus sláinte níos fearr, rud a chruthaíonn luach eacnamaíoch trína bheith tarraingteach do lucht saothair oilte agus trí chuideachtaí nuálacha a mhealladh.


## Rothaíocht

Leis an mbeartas náisiúnta, tugtar treoir maidir le bearta chun cultúr láidir siúlóide agus rothaíochta a chruthú. Áiríodh cur chun cinn na modhanna gníomhacha seo i "dTaisteal Níos Cliste – Beartas Nua Iompair d'Éirinn 2009-2020" do shraith gníomhartha a bhí dírithe ar a chinntiú go bhfuil roghanna eile seachas an carr ar fáil níos forleithne, go príomha trí sheirbhís iompair phoiblí atá feabhsaithe go mór agus trí infheistíocht i rothaíocht agus i siúlóid. Cuireadh leis an mbeartas seo tríd an *gCreat Beartais Rothaíochta Náisiúnta* (2009-2020), *Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta* (2011), *Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre Uirbeacha agus Sráideanna* (2019) DMURS agus *Tréscaoilteacht Treoirlínte Dea-Chleachtais* (2015). Is é aidhm an Chreat-Bheartais um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe atá ina dhréachtchéim agus a thiocfaidh in ionad Taisteal Níos Cliste agus an Chreat Beartais Rothaíochta Náisiúnta ná creat beartais nua a fhorbairt a thacaíonn níos fearr le soghluaisteacht inbhuanaithe – ag nascadh níos mó daoine le níos mó áiteanna, le haghaidh níos mó dá dturas agus úsáid mhéadaithe taistil ghníomhach agus iompair phoiblí a chur chun cinn. Cuireann siad seo go léir rothaíocht chun cinn agus é mar aidhm tréscaoilteacht agus nascacht a uasmhéadú do rothaithe, naisc dhíreacha sábháilte a chruthú le gréasáin bóithre agus féarbhealaí agus le páirceáil rothar agus bonneagar breise a sholáthar.

Tugtar tacaíocht do sheachadadh Líonra Rothaíochta GTS sainaitheanta i gCroí-Straitéis an phlean mar go mbeidh gné ríthábhachtach aige maidir le gréasán rothaíochta tiomnaithe

ardchaighdeáin a fhorbairt a bheidh nasctha le limistéir lonnaíochta agus fostaíochta atá ann cheana agus spriocdhírithe. Tá tionscadal an Líonra Rothaíochta á chur chun cinn ag an gComhairle faoi láthair trí fhoireann tiomnaithe tionscadail, le tacaíocht ó Oifig Rothaíochta an NTA agus raon sruthanna maoinithe lena n-áirítear tacaíochtaí deontais an NTA do bhearta iompair inbhuanaithe agus maoiniú URDF. Tabharfaidh an gréasán tús áite do rothaithe, le haghaidh comaitéireachta agus mar ghníomhaíocht fóillíochta agus spreagfaidh sé, nuair a sheachadtar é, daoine a ghlacann páirt sa rothaíocht. Ionchorprófar sa Líonra Rothaíochta feabhsuithe ar shaoráidí coisithe freisin.

Áirítear sa GTS Gréasán Rothaíochta croíláir, tánaisteach agus friothálach a thacaíonn lena chéile agus a threisíonn naisc ar fud na cathrach agus an cheantair máguaird. Nuair is féidir tá na bealaí molta deighilte go hiomlán ó thracht feithiclí. In áiteanna eile, áirítear leis an ngréasán lánaí rothar bóthair nó saoráidí roinnte le lánaí bus. Áit a bhfuil sé beartaithe trácht a theorannú, go háirithe i lár na cathrach, éireoidh an timpeallacht rothaíochta i bhfad níos sábháilte agus níos tarraingtí. *I gCaibidil 5: Oidhreacht Nádúrtha, Áineas agus Taitneamhacht* leagtar amach na beartais d'fhorbairt líonraí glasbhealaí eile a shainaithníonn naisc thábhachtacha agus a bhfuil níos mó feidhm áineasa acu, cuid acu le hacmhainn siúlóide amháin agus cuid acu le poitéinseal siúlóide agus rothaíochta.





**Fíor 4.2 GTS- Líonra Rothaíochta Beartaithe, Foinse: Straitéis Iompair na Gaillimhe 2016**

Díríonn an príomhlíonra ar bhealaí agus naisc leithscartha sábháilte a sholáthar ó rotharbhealaí tiomnaithe agus cosáin go dtí gréasáin atá ann cheana a nascann scoileanna, ionaid oibre agus ceantair chónaithe mar mhalairt ar iompar feithiclí. Tá siad seo deartha chun freastal ar thurais de mheánachar. Áirítear san leibhéal seo ar an líonra freisin dhá fhéarbhealach a sholáthraíonn nascacht do rothaithe chuig agus ó bhailte in aice láimhe, ceann amháin siar go dtí an taobh thoir ag nascadh Bearna agus Órán Mór agus ar aghaidh, agus ceann ó thuaidh ag trasnú Abhainn na Gaillimhe i dtreo Mhaigh Cuilinn. Tá siad seo ag teacht go maith leis an gcur chuige náisiúnta mar a shainítear sa *Straitéis um Fhorbairt Glasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha sa Todhchaí (Iúil 2018).* Tá fócas na Straitéise seo ar sholáthar Glasbhealaí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo ar leibhéal réigiúnach nó náisiúnta ach a d'fhéadfadh forbairt líonraí rothaíochta áitiúla nasctha agus comhlántacha a éascú atá á seachadadh lasmuigh den straitéis. Is féidir le féarbhealaí na cathrach sa GTS nascadh gan uaim le Féarbhealach Chonamara agus Glasbhealach Gaillimh go Baile Átha Cliath araon, agus tá an dá cheann acu ag céimeanna éagsúla den dul chun cinn.

Cé gur féidir na féarbhealaí seo a dhearadh go sonrach le haghaidh riachtanais rothaithe ó thaobh grádáin agus dromchla de, tá siad beartaithe freisin lena n-úsáid ag coisithe, úsáideoirí cathaoireacha rothaí agus leanaí i mbugaí. Tá staidéir féidearthachta maidir le bealaí glasa na cathrach á gcur chun cinn faoi láthair i gcomhar leis an NTA agus TII. Chomh maith le tacaíocht a thabhairt do thurasóireacht ghníomhach, deiseanna áineasa agus naisc le háiteanna spéisiúla, cuirfidh na codanna de bhealaí glasa in aice agus laistigh den chathair deiseanna ar fáil freisin le húsáid mar roghanna comaitéireachta le haghaidh oibre agus oideachais. Tá deiseanna maoinithe le haghaidh féarbhealaí á gcur ar fáil ó roinnt foinsí lena n-áirítear an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Féarbhealaí Straitéiseacha TII, an NTA do thaisteal gníomhach, agus ó leithdháileadh coisithe agus rothaíochta comhaontaithe ón gclár BusConnects. Áireoidh seachadadh na bhféarbhealaí GTS cur chuige comhordaithe idir gníomhaireachtaí náisiúnta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe. I measc na bpríomhbhealaí breise sa ghréasán rothaíochta tá bealaí traschathrach ó thuaidh den chathair, bealach trí lár na cathrach agus roinnt príomhnasc thuaidh agus theas.

Déanann an gréasán tánaisteach soláthar do naisc ó cheantair chónaithe agus limistéir fostaíochta go dtí an príomhghréasán a théann isteach chuig príomhchinn scríbe. Tá naisc fhriothálacha aitheanta ar shráideanna agus ar bhóithre atá an-srianta nó a oireann do mhodhanna eile, agus ar gá dóibh freastal ar rothaithe freisin.

Tá poitéinseal ollmhór ag rothaíocht agus rothaíocht leictreach le chéile chun céatadán ard de thurais laethúla a éascú. Chun an acmhainneacht seo a uasmhéadú beidh an bonneagar cuí ag teastáil in éineacht le soláthar beartais chomhordaithe mar atá curtha san áireamh sa phlean. Cabhróidh gealltanas an PFN 2021-30 le déanaí do €360 milliún in aghaidh na bliana le haghaidh bearta taistil ghníomhaigh chun aistriú cora iompair suntasach go rothaíocht agus modhanna inbhuanaithe eile a éascú agus beidh na tairbhí comhfhreagracha ann do ghníomhaíocht aeráide, sláinte agus caighdeán an aeir. Éascófar é seo freisin trí chúig bliana an NTA *Bonneagar Siúlóide agus Rothaíochta Plean Seachadta* 2021-25.



I measc na mbeart tacaíochta eile don rothaíocht tá scéimeanna cosúil leis an Scéim Comhroinnte Rothar Poiblí - “Coke Zero Bikes” a tugadh isteach ar fud lár na cathrach in 2014, a leathnaíodh go 338 stáisiún dúnta rothar thar 23 láthair.  Cuirfear an scéim seo chun cinn i gcomhpháirtíocht leis

an NTA agus i gcomhthéacs an éilimh leanúnaigh chun feabhsú áiseanna agus leathnú an ghréasáin reatha a éascú chun láithreacha breise ar fud na cathrach a áireamh.

Beidh sé riachtanach páirceáil rothar áisiúil a sholáthar in aice le stadanna bus agus ag príomhshuíomhanna ar fud na cathrach, lena n-áirítear ag láithreacha oideachais, moil iompair, limistéir fostaíochta, moil thráchtála agus phobail, agus i limistéir chónaithe, nuair is cuí. Beidh sé seo riachtanach freisin ionas go n-éireoidh leis an ngréasán agus a bheidh riachtanach freisin chun daoine a spreagadh dul ar rothar. Aithníodh é seo san infheistíocht NTA le déanaí in 2021 chun tacú le hoibreacha Feabhsúcháin na Páirce Móire don rothaíocht agus don bhonneagar ag an limistéar ardfhostaíochta seo mar a aithníodh sa *Chreat Straitéiseach Iompair do Cheantar na Páirce Móire,* 2019. Tacóidh beartas pleanála agus caighdeáin bhainistíochta forbartha le comhtháthú riachtanach an ghréasáin rothaíochta agus an bhonneagair isteach i bhforbairtí reatha agus pleanáilte. In áiteanna ina mbeidh gá le réitigh iompair bunaithe sa cheantar áitiúil do limistéir ardfhostaíochta, limistéir oideachais, nó limistéir ardthráchta eile, tacófar leo sin freisin, faoi réir gnáthmheasúnú bainistíochta forbartha.

## Siúlóid

Chuir nádúr dlúth insiúilta na cathrach, mar aon le daonra ard mac léinn, le sciar measartha ard de mhodhanna siúlóide i nGaillimh agus b’ionann siúlóid agus 23% de gach turas a rinneadh. Tá sé mar phríomhchuspóir méadú ar an leibhéal seo trí thimpeallacht choisithe a fheabhsú do gach úsáideoir.  I measc na mbeart sa GTS tá laghdú ar an méid tráchta, feabhsú agus tús áite a thabhairt do shaoráidí coisithe chun tréscaoilteacht agus nascadh líonraí siúlóide i gcroílár na cathrach a ionchorprú. Cumasóidh sé seo deiseanna leathnaithe do choisithe, feabhsú ar cháilíocht na ríochta poiblí, tosaíocht agus sábháilteacht mhéadaithe d’áiseanna coisithe, go háirithe ag acomhail agus trasrianta, agus feidhmiú prionsabal dearaidh uilíoch chun tacú leis an gcur chuige turais iomláin.

Tá leas bainte as na buntáistí a bhaineann le tosaíocht coisithe cheana féin i lár na cathrach sna criosanna coisithe, feadh an chosáin cois abhann, na canálacha agus ag Bóthar na Trá. Áirítear sa GTS an gá atá le feabhas a chur air seo agus tosaíocht a thabhairt don ghréasán coisithe agus don timpeallacht ghaolmhar.

Cinnteofar rochtain shábháilte agus tréscaoilteacht fheabhsaithe trí roinnt trasbhealaí nua abhann. Ina measc seo tá an droichead do choisithe agus do rothaithe ó dheas de Dhroichead na mBradán, agus tá tús a chur leis an tógáil in 2022. Éascóidh an droichead nua seo deis do thrasrian níos sábháilte agus ar chaighdeán níos airde don 9,000 coisithe agus rothaithe a úsáideann Droichead na mBradán atá ann faoi láthair.. Ar an droichead do choisithe agus do rothaithe ar chéanna sheanlíne Iarnróid an Chlocháin ó Bharr na Calaidh go dtí OÉ Gaillimh a nascfaidh ionaid staidéir, oibre, mhiondíola agus áineasa trí mhodhanna iompair inbhuanaithe, ag tabhairt beogacht agus réimsí nua den ríocht phoiblí.



Nascfaidh an droichead, a bhfuil maoiniú URDF faighte aige, isteach leis an mbealach siúlóide feadh Abhainn na Gaillimhe agus ar deireadh Glasbhealach Chonamara agus beidh ról lárnach aige freisin i nascacht i ngréasán rothaíochta an GTS. Chomh maith leis na bearta GTS, tá cuspóir freisin i bPlean na Cathrach do dhroichead nua trasnaithe a nascfaidh Baile Nua Mhic Gabhann agus Bóthar an Phríosúin, rud a d’fhéadfadh cur le hathghiniúint Oileán Altanach.

Ag Droichead Wolfe Tone, tá trasrian droichid starrmhaide coisithe ag céim dearaidh faoi láthair chun saoráidí trasrianta coisithe níos sábháilte agus níos fearr a sholáthar in aice leis an droichead atá ann cheana féin.

Comhlánaíonn cur chun feidhme Straitéis na Ríochta Poiblí (PRS) (2019-2040) go leor beart sa GTS. Soláthraíonn an straitéis fís áite, treoir dearaidh agus tugtar imlíne do thograí tionscadail chun sráideanna agus spásanna poiblí na Gaillimhe a fheabhsú. Aithnítear roinnt deiseanna chun spásanna inúsáidte a chruthú as limistéir mhórbhealaigh agus pháirceála reatha lena n-áirítear ag Barr an Chalaidh, Ardeaglais na Gaillimhe, an Fhaiche Mhór Thuaidh agus ag an gCraenach Bheag, a d'fhéadfaí a bhunathrú chun eispéireas coisithe níos fearr agus ríocht phoiblí ardchaighdeáin a sholáthar. Áirítear freisin ann moltaí chun sráideanna lár na cathrach a athnuachan agus spásanna cathartha atá ann cheana, mar shampla ag Margadh an Éisc. Cuid lárnach den phróiseas dearaidh beidh an cur chun cinn den dearadh uilíoch chun cabhrú le lár na cathrach a oscailt suas do chách agus é a dhéanamh i bhfad níos éasca dul isteach sa lár agus bogadh timpeall air. Mheall cur i bhfeidhm na straitéise tacaíocht infheistíochta trí mhaoiniú URDF a fuarthas le déanaí.

I gceantair lasmuigh de chroílár Lár na Cathrach, cuirfear béim ar thréscaoilteacht mhéadaithe laistigh de cheantair chónaithe fo-uirbeacha, feabhas a chur ar ghréasáin coisithe, iad a dhéanamh níos sábháilte agus inrochtaineacht coisithe ar an ngréasán iompair phoiblí a uasmhéadú.

Tá sé ríthábhachtach freisin nascacht agus tréscaoilteacht a mhéadú laistigh agus gar d'áiteanna fostaíochta, oideachais, moil tráchtála agus príomhchinn scríbe eile. Cloífear le prionsabail an Údaráis Náisiúnta Iompair *Tréscaoilteacht Treoir Dea-Chleachtais (2015)* mar iarracht chun nascacht a fheabhsú laistigh de gach ceantar, go háirithe laistigh de chomharsanachtaí le taitneamhachtaí áitiúla. Cuirfear tréscaoilteacht chun cinn nuair is cuí de réir threoirlínte an NTA i bhforbairtí amach anseo agus déanfar iarracht nascacht den sórt sin a fheabhsú agus a choinneáil laistigh d'fhorbairtí atá ann cheana féin.

### Bealaí Sábháilte chun dul ar Scoil

Tá roinnt 'Criosanna Scoile' á gcur chun cinn ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe faoi láthair, mar chuid den chlár náisiúnta Bealaí Sábháilte chun na Scoile, arna bhainistiú ag Scoileanna Glasa de chuid An Taisce. San áireamh sa chlár, tá bearta ann chun bealaí siúlóide agus rothaíochta níos sábháilte a chruthú ar phríomhbhealaí rochtana chuig scoileanna, chun cóireálacha "aghaidh na scoile" a sholáthar a fheabhsóidh rochtain ar thailte na scoile agus chun an méid páirceála rothar atá ar fáil ag scoileanna a mhéadú. Beidh dearaí arna gcur chun cinn ag scoileanna roghnaithe ar aon dul le Treoir Dearaidh Bealaí Sábháilte chun na Scoile an Údaráis Náisiúnta Iompair (Iúil 2021), agus scéimeanna cóngaracha eile sa GTS, amhail bealaí an Líonra Rothaíochta agus BusConnects.

Tá treoirthionscadal Sráideanna Scoile á chur chun cinn ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe freisin, ag Scoil Iognáid, Bóithrín na Sliogán (2020-2021). Is éard atá i 'Sráid Scoile' ná bóthar taobh amuigh de scoil a bhfuil srian sealadach ar thrácht mhótaraithe ag amanna fágála agus bailithe na scoile – rud a chruthaíonn spás ciúin, sábháilte do leanaí, tuismitheoirí agus cónaitheoirí le siúl, scútáil nó dul ar rothar. Go dtí go bhfoilseofar an tuarascáil deiridh ar an treoirthionscadal, meastar go mbeidh Sráid Scoile buan sa láthair seo.




| Beartas 4.4 Soghluaisteacht Inbhuanaithe - Siúlóid agus Rothaíocht |
|---|
| 1. Tacú le moltaí Straitéis Iompair na Gaillimhe do líonraí rothaíochta príomhúil chun turais ar mheánachar atá sábháilte agus áisiúil a éascú. |
| 2. Tacú le moltaí Straitéis Iompair na Gaillimhe do líonra tánaisteach rothaíochta agus naisc fhriothálacha chun turais áitiúla atá sábháilte agus áisiúil a éascú agus chun nasc a éascú leis an bpríomhghréasán rothaíochta. |
| 3. Tacú leis an Straitéis Náisiúnta Glasbhealaí agus na Glasbhealaí molta mar chuid den ghréasán rothaíochta príomhúil agus mar chuid de naisc le Bearna, Órán Mór, Maigh Cuilinn agus Uachtar Ard. |
| 4. Clár struchtúrtha feabhsuithe a chur chun feidhme ar fud ghréasán coisithe na cathrach ar fad agus ag trasbhealaí sráide. |
| 5. Rothaíocht a éascú ar Bhealaí Bus Connects na Gaillimhe atá molta nuair is cuí, lena n-áirítear ar an Nasc Traschathrach atá molta. |
| 6. Tacú le tionscnaimh ar nós Páirceáil agus Coiscéim, Taisteal na Scoileanna Glasa agus Bealaí Sábháilte chun na Scoile, Sráideanna Scoile agus an coincheap de bhealaí sábháilte chun na scoile a bheith ann agus iad a chur chun cinn. |
| 7. Feabhas a chur ar pháirceáil rothar ag príomhchinn scríbe agus gar do stadanna bus/acomhail. |
| 8. Nascacht agus tréscaoilteacht uasta do choisithe agus rothaithe a chur chun cinn, a éascú agus a chothabháil i ndearadh agus i mbainistíocht tionscadal poiblí agus príobháideach nua agus in uasghrádú agus iarfheistiú forbairtí atá ann cheana de réir an Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (2019) agus Tréscaoilteacht agus Treoir Dea-Chleachtais, NTA (2015). |
| 9. A chinntiú go ndeartar áiseanna do choisithe agus rothaithe de réir caighdeáin náisiúnta. |
| 10. Cur i bhfeidhm Scéim Aimsithe Bealaí a chur chun cinn le soláthar faisnéise treorach agus comharthaíochta ag láithreacha cuí ar fud na cathrach mar chuid d'fheidhmiú na Straitéise um an Ríocht Phoiblí. |
| 11. Forbairt Rothar Poiblí/scéimeanna comhroinnte eile a chur chun cinn agus a éascú ar fud na cathrach. |

## 4.5 Bearta Bainistíochta ar Éileamh Iompair

Is cur chuige beartais é Bainistíocht ar Éileamh Iompar (TDM) chun fás agus plódú tráchta a réiteach, féachann sé do thionchar a imirt ar iompraíocht taistil daoine seachas féachaint le cumas taistil níos mó a chur ar fáil ar bhealach ina gcuirtear roghanna malartacha soghluaisteachta i láthair agus na buntáistí a bhaineann le laghdú ar gháis ceaptha teasa a shaothrú. Tá rogha gníomhaíochtaí ann ar féidir a chur i bhfeidhm chun patrúin éilimh taistil a chur i bhfeidhm agus braitheann a n-oiriúnacht ar an limistéar. Ina measc, tá

- Laghdú ar úsáid feithiclí, go háirithe, chun an méid taistil carr a laghdú
- Méadú ar áitíocht feithiclí chun líon na dturas gluaisteán aon áitíochta a laghdú agus áitíocht cairr a mhéadú
- Méadú ar thaisteal ar mhodhanna eile – áirítear leis seo bearta chun úsáid iompair phoiblí, siúlóid agus rothaíocht a spreagadh in ionad úsáid gluaisteáin
- Ath-uainiú turais rud a spreagfaidh taisteal ag amanna de níos lú brú
- Cinn scríbe malartacha a thairiscint - chun taisteal chuig cinn scríbe atá níos gaire a spreagadh, agus as a dtagann níos lú brú tráchta
- Laghdú ar fhad turas - trí phleanáil do sholáthar fostaíochta, miondíola agus seirbhísí eile gar don áit ina gcónaíonn daoine
- Laghdú ar thurais - chun an gá le taisteal a laghdú agus ar an mbealach sin taisteal iomlán a laghdú
- Spreagadh teilea-oibriú, ríomh-rialtas, siopadóireacht leictreonach, praghsáil um brú tráchta agus um páirceáil
- Cóireáil fhabhrach d'iompar poiblí in ionad an chairr phríobháidigh
- Bearta Fioscacha lena n-áirítear fóirdheontais táillí iompair phoiblí, scéimeanna rothaíochta chun na hoibre agus scéimeanna Coigiltis Cánach.

Leagtar amach sa chur chuige sonrach sa GTS roinnt beart bainistíochta éilimh atá dírithe ar fhócas an taistil laistigh de lár na cathrach a aistriú chuig siúlóid, rothaíocht agus iompar poiblí, rud a laghdóidh brú tráchta, Astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa (GGEanna) agus an t-éileamh ar pháirceáil. Tá na bearta bainistíochta éilimh seo ag teacht leis an gCroí-Straitéis agus béim á cur ar athghiniúint san áireamh agus fócas a dhíriú ar fhorbairt sa todhchaí ar láithreáin athfhorbraíochta i lár na cathrach. San áireamh freisin, tá srian a chur ar thrácht ó shráideanna áirithe, fáil réidh le cuid mhór den pháirceáil ar an tsráid i lár na cathrach, infhaighteacht agus costas páirceála i lár na cathrach a rialú agus tosaíocht a thabhairt do choisithe, rothaithe agus iompar poiblí. Tá sé mar aidhm acu freisin tionchar a imirt ar phatrúin taistil trí oibleagáid a chur ar fhostóirí móra pleananna bainistithe soghluaisteachta a fhorbairt lena n-áirítear roghanna taistil inbhuanaithe a spreagadh. Ina theannta sin cuireann an GTS laghdú ar chaighdeáin pháirceála chun cinn d'fhorbairtí nua atá suite gar do chonairí iompair phoiblí.

### Soghluaisteacht Chliste

Is córas cliste iompair agus soghluaisteachta é soghluaisteacht chliste. Tá Intelligent Transport Systems (ITS) Ireland ann mar chomhlacht comhoibríoch chun forbairt agus úsáid na teicneolaíochta sa timpeallacht iompair a chur chun cinn. Ligeann an bhfeidhmchlár seo do mhodhanna iompair cumarsáid a dhéanamh lena chéile agus leis an timpeallacht níos leithne agus réitigh iompair chomhtháite a sholáthar don úsáideoir. Is féidir é a úsáid chun faisnéis fíor-ama a chur ar fáil do phaisinéirí chomh maith le luasteorainneacha athraitheacha, comharthaí teachtaireachtaí athraitheacha, córais braite teagmhais, méadrú rampaí ar bhealaí náisiúnta agus

bainistíocht agus éifeachtúlacht pháirceáil charranna a sholáthar, treochomarthaíocht a fheabhsú agus éifeachtúlachtaí a mhéadú sna hacomhail. Go ginearálta, is féidir leis na córais sin toilleadh breise a sholáthar sa líonra, bearta bainistithe éilimh a ionchorprú agus éifeachtúlachtaí agus coigilteas costais a sholáthar do na paisinéirí. Is féidir beartais um shoghluaisteacht níos cliste agus córais chliste a úsáid freisin chun féachaint chuige go seasfaidh an bonneagar atá beartaithe an aimsir. Tá feidhm ag cur i bhfeidhm na soghluaisteachta cliste go ginearálta freisin ar mhodhanna nua ar nós aipeanna do chomhroinnt rothar, roinnt carranna agus seirbhís comhroinnte turas ar éileamh.

Cuireann an Chomhairle córais um shoghluaisteacht chliste i bhfeidhm san Ionad um Bainistiú Tráchta Uirbigh (UTMC). Déanann an seomra rialaithe seo bainistiú, monatóireacht agus barrfheabhsú ar iompar ar an ngréasán bóithre lena n-áirítear comharthaíocht agus sreafaí tráchta. Cuidíonn sé le feabhas a chur ar shreabhadh na tráchta go háirithe le linn buaic-amanna agus le linn imeachtaí sonracha ar dóigh dóibh líon mór tráchta a ghiniúint. Cuidíonn sé leis an gComhairle freisin maidir le faisnéis fíor-ama a scaipeadh ar an bpobal. Molann an GTS leathnú ar líonra UTMC chun a chinntiú go mbeidh gach idirghabháil iompair amach anseo bunaithe ar chur i bhfeidhm na mbeartas um shoghluaisteacht níos cliste agus breithniú ar Chórais Chliste Iompair (ITS) mar mhodh chun an t-eispéareas iompair iomlán sa chathair a fheabhsú sa todhchaí. Agus iad á gcur i bhfeidhm, is féidir le teicneolaíochtaí den sórt sin tacú agus éascú le tionscnaimh a fheabhsóidh iompar inbhuanaithe, lena n-áirítear iompar poiblí, ticéadú comhtháite, soilsiú cliste poiblí, feithiclí leictreacha agus hibrideacha, clubanna gluaisteán, scéimeanna poiblí rothar agus áiseanna feabhsaithe do choisithe agus rothair.

## Bainistíocht Soghluaisteachta agus Pleananna Taistil

Tá sé mar aidhm ag bainistiú soghluaisteachta an t-éileamh ar úsáid carranna a laghdú trí tharraingteacht agus praiticiúlacht iompair inbhuanaithe amhail iompar poiblí, siúlóid agus rothaíocht a mhéadú. Is féidir é a chur i bhfeidhm mar uirlis straitéiseach um bainistiú éileamh nó mar bheart a bhaineann go sonrach le láithreán nó limistéar ar leith. Go straitéiseach is féidir é a úsáid trí fhorbairt a nascadh leis na láithreacha is inrochtana; ar leibhéal níos sainiúla ciallaíonn sé pleanáil d'fhorbairt nua ar bhealach comhordaithe a íoslaghdaíonn an gá le taisteal ón tús agus a laghdóidh an t-éileamh ar úsáid carranna dá bharr. Tá comhtháthú na húsáide talún agus an iompair mar a fhoráiltear dó sa Chroí-Straitéis ríthábhachtach chun tacú le haidhmeanna na bainistíochta soghluaisteachta.

Is féidir le hullmhú Pleananna Taistil a bheith ina sásra éifeachtach chun beartais bhainistíochta soghluaisteachta a chur i bhfeidhm, go háirithe maidir le forbairtí a bhfuil an cumas iontu líon ard turas a ghiniúint. Tá an Chomhairle tiomanta d’oibriú i gcomhar le fostóirí móra, le scoileanna, le coláistí agus do ghníomhaíochtaí eile a bhfuil an cumas iontu turais shuntasacha a ghiniúint agus Pleananna Taistil á n-ullmhú. Tá sé mar chuspóir ag Pleananna Taistil ag léiriú conas is féidir spleáchas ar thaisteal bunaithe ar charranna a laghdú trí bhearta réalaíocha infheidhmithe a spreagann fostaithe/mic léinn modhanna taistil inbhuanaithe a úsáid. De ghnáth tugann an plean sraith beart le chéile atá oiriúnaithe do riachtanais an áitribh nó an láithreáin aonair nó bailiúcháin láithreán. Áirítear leis seo go ginearálta bearta chun tarraingteacht úsáid iompair phoiblí, rothaíochta, siúlóide, roinnt carranna, oibriú solúbtha nó teaglaim díobh seo a chur chun cinn agus a fheabhsú mar mhalairt ar thurais aonair chuig an gceann scríbe. Féadfaidh sé breithniú a dhéanamh ar gach taisteal a bhaineann leis an láithreán, nuair is infheidhme is féidir taisteal gnó, bainistiú flít, rochtain custaiméirí agus seachadtaí a áireamh. Is féidir leis na pleananna seo suim a bheith acu freisin do ghnóthaí agus eagraíochtaí atá ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna stíl mhaireachtála, brú tráchta agus páirceála dá bhfostaithe, úsáideoirí agus

cuairteoirí. Ní mór pleananna den sórt sin a ullmhú go ginearálta de réir threoir an NTA d'ionaid oibre agus do scoileanna.

### Páirceáil

Is gné thábhachtach é beartas páirceála sa phleanáil iomlán agus sa bheartas iompair toisc go mbíonn tionchar aige ar rogha iompair agus ar an gcumas chun aistriú cora iompair a bhaint amach. Cuireann an NPF cur chuige bainistíochta éilimh chun cinn maidir le riachtanais pháirceála nuair a chuirtear idirdhealú i riachtanais chaighdeánacha i bhfeidhm ar fhorbairtí bunaithe ar shuíomh spásúlachta, seirbhísí iompair phoiblí agus go gcuirtear solúbthacht i bhfeidhm chun torthaí bunaithe ar fheidhmíocht a bhaint amach, go háirithe d'fhorbairtí inlíonta agus athfhorbraíochta. Tacaítear leis an gcur chuige seo sa Phlean áit a bhfuil caighdeáin éagsúla idir na ceithre cheantar sainithe comharsanachta. Socraítear iad seo ag uasleibhéil soláthair. Ina theannta sin, spreagtar solúbthacht nuair a chuirtear páirceáil ghrúpa ar fáil. Spreagtar ceanglais laghdaithe i limistéir úsáide measctha, go háirithe nuair nach mbíonn buaicéilimh ag tarlú ag an am céanna agus i gcás ina bhfuiltear ag súil le turais ilchuspóireacha agus i gcúinsí ina meastar go bhfuil bearta bainistithe soghluaisteachta sásúil. Beidh feidhm freisin ag breithniú ar laghdú ar riachtanais feadh na gconairí straitéiseacha iompair poiblí atá ann cheana agus atá beartaithe ag brath ar an leibhéal seirbhíse atá i réim ag an am sin.

I gceantar lár na cathrach ina bhfuil infheistíocht shuntasach i modhanna inbhuanaithe san áireamh sa GTS agus ina bhfuil na Láithreáin Athghiniúna agus Deise is straitéisí lonnaithe, beidh na riachtanais pháirceála nasctha le torthaí bunaithe ar fheidhmíocht. I measc na n-eisceachtaí dó seo tá na tailte móra athghiniúna ainmnithe ag Ceannt áit ina bhfuil cuspóir ann do charrchlós a sholáthar a d'fhéadfadh tacú leis an mol iompair agus leibhéal suntasach d'fhorbairt ilchineálach a bheadh mar shíneadh ar lár na cathrach. Ina theannta sin, glactar le hathsholáthar ar an gcarrchlós dromchla reatha ar Bhóthar na Díge ar thailte atá san áireamh i limistéar Athghiniúna Bhóthar Áth Cinn ina bhféadfaí úsáid níos éifeachtaí a bhaint as an talamh trí athfhorbairt a dhéanamh ar pháirceáil i bhformáid ilurláir. In ainneoin an chur chuige seo beidh gach forbairt faoi réir na measúnuithe caighdeánacha tráchta agus iompair.

I gcomhthéacs páirceáil ar an tsráid san áireamh sa GTS, tá laghdú de réir a chéile ar leibhéal an tsoláthair sin agus cuíchóiriú rochtana ar áiseanna eas-sráide. Déantar é seo chun cúrsaíocht carranna laistigh de lár na cathrach a íoslaghdú agus chun níos mó spáis bóthair a sholáthar do choisithe, rothaithe agus iompar poiblí. Meastar go mbeidh gá freisin le roinnt cuíchóiriú a dhéanamh ar pháirceáil sráide ar bhealaí lasmuigh de lár na cathrach freisin chun gluaiseachtaí bus a éascú agus chun an timpeallacht siúlóide agus rothaíochta a fheabhsú. Is í an eisceacht a bheidh ann ná páirceáil do thiománaithe faoi mhíchumas a leanfar de bheith á cur ar fáil i ngach limistéar. Déanfar laghdú ar pháirceáil ar an tsráid a chomhcheangal le sásra praghais pháirceála a thabhairt isteach a chuideoidh le rogha an iompair phoiblí a dhéanamh níos tarraingtí agus le dídhreasacht a chruthú do thaisteal i gcarr isteach sa chathair chun cuidiú le hathrú iompraíochta agus aistriú cora iompair.

Tháinig tabhairt isteach rialachán nua maidir le bonneagar athluchtaithe feithiclí leictreacha (EV) a shuiteáil i bhfeidhm in 2021 faoi fhoilsiú Rialacháin an Aontais Eorpaigh um Fheidhmíocht Fuinnimh agus cabhróidh sé seo le bonneagar tacaíochta a spreagadh. Éilíonn na rialacháin nua seo go gcuirfear isteach pointí athluchtaithe do EV d'fhoirgnimh nua agus d'fhoirgnimh atá ann cheana féin a ndéantar athchóiriú mór orthu le haghaidh níos mó ná deich spás páirceála. Ceanglaítear freisin leis na rialacháin seo go gcuirfear isteach íoslíon pointí athluchtaithe do gach

foirgneamh atá ann cheana féin (seachas áitribh) ina bhfuil níos mó ná fiche spás páirceála faoin 01 Eanáir, 2025. Tacóidh suiteáil an bhonneagair athluchtaithe EV le spriocanna an Phlean Gnímh don Aeráid de bheagnach milliún EV a bheith ar an mbóthar faoi 2030 agus cabhróidh sé leis an aistriú seo a éascú.



Teastóidh pointí breise luchtaithe EV don chathair freisin le haghaidh spásanna poiblí ar fud na cathrach agus aird á tabhairt ar íogaireacht na láithreach. Oibreoidh an Chomhairle i gcomhar le Líonraí BSL agus le soláthraithe seirbhíse eile chun pointí luchtaithe a sholáthar i limistéir phoiblí sa chathair chun a chinntiú go bhfuil leibhéil chuí bonneagair luchtaithe leictrigh i bhfeidhm lena n-áirítear ar bhealaí réigiúnacha agus ag acomhail iompair phoiblí.

### Athruithe Iompraíochta

Trí dhearcaí iompraíochta a athrú i leith modhanna iompair trí fheasacht a mhéadú ar na roghanna taistil a fhéadtar a ghlacadh le haghaidh gluaiseachtaí laethúla, féadfar roghanna taistil níos inbhuanaithe a spreagadh nuair is féidir. Tá sé cruthaithe go gcuidíonn athruithe ar iompar taistil le brú tráchta a laghdú agus le feabhas a chur ar thurais daoine agus ag an am céanna tá buntáistí níos leithne ag baint leo amhail astaíochtaí a laghdú, idir charbón agus iad siúd a mbíonn tionchar acu ar chaighdeán an aeir agus go bhfuil tairbhí níos leithne acu don tsláinte phoiblí, don eacnamaíocht agus don ríocht phoiblí.

I measc na mbeart chun é seo a spreagadh tá cur chun cinn spriocdhírithe iompar poiblí siúlóide, rothaíochta agus comhroinnt gluaisteáin mar roghanna eile in áit gluaisteáin d’áitíocht aonair. Tacaíonn an Chomhairle le tionscnaimh NTA a chur chun cinn amhail Ionaid Oibre Taistil Níos Cliste agus Campas Taistil níos Cliste. Spreagann na cláir um athrú iompair seo cur i bhfeidhm Pleananna Taistil a dhíríonn ar fhoireann agus mic léinn a chur chun cinn agus a spreagadh chun comaitéireacht inbhuanaithe agus gníomhach a ghlacadh agus spreagann siad eagraíochtaí chun socruithe solúbtha oibre a bhreithniú. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag an *gCiste Deontais um Bearta Iompair Inbhuanaithe* atá mar chuid de chláir NTA freisin feabhas a chur ar roghanna iompair dóibh siúd a roghnaíonn roghanna eile seachas an carr príobháideach trí thacaíochtaí don bhonneagar gaolmhar a spreagann athrú cora iompair. Chomh maith le faisnéis chur chun cinn,

tionscnaimh inspreagtha agus seachadadh bonneagair tacaíochta feabhsaithe, is féidir cláir dhídhreasachta um úsáid gluaisteáin a úsáid freisin chun athrú iompraíochta a spreagadh.

I measc na mbeart eile a d'fhéadfadh cur le hathruithe iompraíochta tá scéimeanna um chomhroinnt gluaisteáin agus úsáid modhanna leictreacha eile iompair, amhail rothair leictreacha agus scútair leictreacha.

| **Beartas 4.5 Bearta Bainistíochta um Éileamh Iompair** |
|---|
| 1. Tacú le bearta GTS chun gluaiseachtaí gluaisteáin trí lár na cathrach a laghdú, le baint amach trí shocruithe sainiúla bainistíochta tráchta lena n-áirítear cur chun feidhme Líonra Rochtana Lár na Cathrach. |
| 2. Tacú le moltaí GTS chun tús áite a thabhairt do ghluaiseachtaí iompair phoiblí i lár na cathrach trí chur chun feidhme bealach sainithe iompair phoiblí, an Nasc Traschathrach. |
| 3. Athruithe ar bhainistíocht pháirceála a chur chun cinn, lena n-áirítear laghdú ar pháirceáil ar an tsráid, socruithe rochtana feabhsaithe agus athbhreithniú ar struchtúir phraghsála a spreagfaidh soghluaisteacht níos inbhuanaithe. |
| 4. Moltaí GTS do straitéis bhainistíochta HGV agus straitéis lódála agus seachadta a chur chun feidhme i lár na cathrach. |
| 5. Tacú le húsáid soghluaisteachta níos cliste agus Réitigh Chliste Iompair (ITS) agus iad a chur chun cinn chun éifeachtúlacht, sábháilteacht agus comhordú a mhéadú ar fud na ngréasán iompair go léir. |
| 6. Cur chun feidhme Phleananna Taistil a chur chun cinn le fostóirí agus le scoileanna. |
| 7. Úsáid modhanna iompair inbhuanaithe a mhéadú lena n-áirítear iompar poiblí trí chur chun cinn spriocdhírithe agus spreagadh athrú iompair. |

## 4.6 Líonra Bóithre agus Sráide

San áireamh sa GTS, tá príomhstraitéisí ann chun roghanna inbhuanaithe agus iontaofa a sholáthar seachas taisteal i gcarr príobháideach. Mar sin féin, ina n-aonar ní bheidh a gcur chun feidhme iomlán in ann réiteach a sholáthar ar na fadhbanna sonracha iompair sa chathair agus freisin soláthar a dhéanamh don nascacht straitéiseach a theastaíonn le haghaidh inrochtaineachta réigiúnaí agus náisiúnta feabhsaithe.

Soláthraíonn an gréasán bóithre agus mótarbhealaí náisiúnta go háirithe nascacht ríthábhachtach idir-uirbeach agus idir-réigiúnach, atá ríthábhachtach chun uaillmhianta fáis an NPF a bhaint amach ionas go mbeidh Gaillimh ina cathair scála agus chun a hathléimneacht eacnamaíoch agus a hiomaíochas a choimeád. Le mótarbhealach an M6 ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh, cuireadh laghdú suntasach ar amanna taistil agus rinne sé an chathair níos inrochtaine go náisiúnta agus gluaiseacht feabhsaithe go ginearálta, lena n-áirítear é sin a bhaineann le hiompar bus agus feithiclí earraí. Is bóthar náisiúnta an-tábhachtach é an bealach seo agus sainaithnítear é mar chuid de Ghréasán Cuimsitheach TEN-T an AE atá ríthábhachtach chun feidhm straitéiseach na bpríomhchonairí iompair a chothabháil, a fheabhsú agus a chosaint i gcomhréir le tiomantais náisiúnta agus réigiúnacha beartais agus infheistíochta. Le cur i gcrích an mhótarbhealaigh M17/M18 Gort go Tuaim, cuireadh le hinrochtaineacht na cathrach agus tá nasc straitéiseach feabhsaithe laistigh den réigiún agus le cathracha NPF réigiúnacha eile. Is naisc réigiúnacha tábhachtacha iad bóithre náisiúnta an N59 agus an N84 chuig agus ón gcathair freisin. Ag an leibhéal áitiúil tá *Scéim Feabhsúcháin Chonair Ilmhódúil an N6* beagnach críochnaithe go hiomlán agus tá feabhsuithe déanta aige ar an ngréasán bóithre agus ar bhainistíocht tráchta.

Mar sin féin, tá brú tráchta suntasach fós ann agus tá an chuid is mó de na príomh-acomhail ag feidhmiú thar acmhainne. Ní mór don ghréasán bóithre atá ann faoi láthair freastal ar raon úsáideoirí agus ar thurais éagsúla laistigh den chathair agus fiú le hinfheistíocht i modhanna inbhuanaithe ní fhéadtar aghaidh a thabhairt go hiomlán ar na fadhbanna. Aithnítear sa NPF agus sa RSES go dteastaíonn infheistíocht i raon bonneagair le fás agus rath eacnamaíoch na cathrach, lena n-áirítear bóithre agus mura seachadtar é beidh an brú tráchta reatha níos measa agus beidh tionchar dosheachanta aige ar fheidhm iomlán, rath agus uaillmhian na Gaillimhe chun fás go stádas réigiúnach. Feictear go sonrach sa NPF go bhfuil inrochtaineacht agus nascacht fheabhsaithe idir lárionaid scála, scartha ó Bhaile Átha Cliath, ríthábhachtach chun leas a bhaint as acmhainneacht na réigiún forimeallach agus chun cothroime réigiúnach méadaithe a bhaint amach.

Ní bhíonn sé indéanta i gcónaí freastal ar roinnt turais trasna na cathrach, go háirithe trí thurais ar bhóithre náisiúnta agus réigiúnacha trí mhodhanna eile seachas gluaisteáin. Tá éilimh láidre fós ar thurais dá leithéid faoi láthair agus méadóidh siad amach anseo. Cé go n-aistreofar chuig modhanna inbhuanaithe de réir agus a chuirtear chun feidhme an GTS trí roinnt beart, tá éifeachtúlacht na modhanna sin i mbaol mar gheall ar an leibhéal suntasach brú tráchta a bheidh fós ar an ngréasán agus ar na príomhbhealaí trasna abhann.

Aithnítear sa GTS an gá atá ann le réiteach comhtháite iompair lena n-áirítear soláthar do roghanna eile inbhuanaithe agus iontaofa ar thaisteal i gcarr príobháideach agus freisin chun an cuarbhealach straitéiseach a sheachadadh – an N6 GCRR ina gcuimseofar trasbhealach nua abhann. Cé gur féidir roinnt gnéithe den GTS a chur chun feidhme go neamhspleách ó bhóthar den sórt sin a sheachadadh, tá gá le soláthar an chuarbhealaigh nua seo atá ina bhreisiúchán sainaitheanta straitéiseach le Líonra Cuimsitheach TEN-T an AE chun méid iomlán na mbeart agus rath an GTS a bhaint amach. Ina theannta sin, chun tacú le gluaiseacht éifeachtach laistigh den chathair, leagann an GTS amach bearta bainistíochta tráchta breise atá ag teastáil, lena n-áirítear bóithre agus naisc fheabhsaithe nua agus bainistíocht pháirceála.

Aithníodh sa NPF, mar aitheantas ar an réasúnaíocht do chuarbhealach straitéiseach, seachadadh GCRR an N6 mar phríomhchumasóir fáis don chathair. Tugtar tacaíocht bhreise don bhealach seo sa RSES ina sainaithnítear an gréasán bóithre go ginearálta mar thosaíocht infheistíochta. Aithnítear go bhfuil gá le feabhas mór a chur ar an inrochtaineacht ó réigiúin Thuaisceart agus Iarthar na hÉireann agus idir lárionaid scála atá scartha ó Bhaile Átha Cliath, le fócas ar chathracha agus ar láir dáilte réigiúnacha níos mó agus príomhbhealaí soir go siar agus ón dtuaisceart go dtí an deisceart. Feiceann an MASP freisin an gá atá le leanúint le feabhas a chur ar an ngréasán bóithre timpeall na cathrach agus go háirithe le tacú le seachadadh gach beart sa GTS lena n-áirítear an N6 GCRR.

Go ginearálta, toisc go dtacaíonn an gréasán bóithre náisiúnta a fhreastalaíonn ar an gcathair le príomhnaisc iompair agus inrochtaineacht, leanfaidh an Chomhairle ag obair le TII agus le gníomhaireachtaí náisiúnta eile chun acmhainn na mbealaí náisiúnta seo a chosaint agus a fheabhsú. Tá sé seo ag teacht le cuspóirí agus le beartas náisiúnta agus réigiúnach maidir le *Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta* agus áiritheoidh sé go gcosnófar an acmhainn iompair, an éifeachtúlacht oibriúcháin, an tsábháilteacht agus an infheistíocht shuntasach náisiúnta atá á déanamh sa ghréasán bóithre náisiúnta.

Go ginearálta leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh feabhsúcháin ar bhóithre agus ar acomhail agus beidh gá le cuid acu chun bearta a bhaineann le GTS a chur i bhfeidhm agus bearta eile freisin chun sábháilteacht ghinearálta agus éifeachtúlachtaí an ghréasáin a fheabhsú.

Tá feabhsuithe sa líonra chun uasghráduithe den sórt sin agus príomhnaisc a sholáthar liostaithe sa chuid um chuspóirí sonracha den Chaibidil seo.

Ba chóir go mbeadh sráideanna i gceantair uirbeacha deartha sa chaoi is go mbeidh siad sábháilte, áisiúil agus tarraingteach, áit a bhfuil tosaíocht siúlóide comhtháite sa dearadh, agus go bhfuil idirghníomhú sóisialta agus leas pobail ina bhreithniú láidir. Le sráideanna dea-dheartha, féadtar líonraí fisiceacha, sóisialta agus iompair a chruthú a chuireann fíor-roghanna malartacha chun cinn ar thurais charranna, trí shiúlóid, rothaíocht nó iompar poiblí a spreagadh. Mar thoradh ar athbhreithniú ar dhearadh sráide agus tosaíocht úsáideora, cuireadh treoirlínte dearaidh le chéile.

Tá an *Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre Uirbeacha agus Sráideanna*, (*DMURS*, 2019) ina léiriú ar an athbhreithniú a rinneadh ar bheartas náisiúnta maidir le dearadh bóithre agus sráideanna. Glacann sé cur chuige cothrom maidir le dearadh bóithre agus sráideanna de réir ceithre chroíphrionsabal a dhíríonn ar ghréasáin nasctha, sráideanna ilfheidhmeacha, fócas coisithe agus cur chuige ildisciplíneach. Ba é an toradh a bhí ar na treoirlínte náisiúnta seo ná treo i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm do dhearadh sráide níos comhtháite agus níos áitbhunaithe chun sráideanna sábháilte agus rathúla a chruthú a fhreastalaíonn ar gach úsáideoir. D'aisiompaigh sé seo caighdeáin stairiúla a raibh leagan amach bóithre nach raibh chomh solúbtha mar thoradh air, a raibh gluaiseachtaí feithiclí chun tosaigh, rud a bhí mar chúis le nascacht agus tréscaoilteacht coisithe lag. Beidh gá le dearadh sráide sa chathair cloí le DMURS chun an tsráid a chur chun cinn mar áit, ag ionchorprú gnéithe de dhearadh uirbeach chun sráideanna a chruthú le ríocht phoiblí ardchaighdeáin, cur chuige cothrom i leith gach úsáideora agus a bheidh comhlántach le coincheap na comharsanachta mar a fhoráiltear dó i gCaibidil 3. Cuireann *Tréscaoilteacht Treoir Dea-Chleachtais* (2015) de chuid an NTA leis an gcur chuige seo a thuilleadh a bhfuil an cumas aige le cur chun feidhme comharsanachtaí a chlaochlú go comharsanachtaí níos tréscaoiltí, inar féidir le daoine siúl ar gcos nó dul ar rothar trí limistéir go sábháilte agus go caothúil, agus ar bhealach a d'fhéadfadh buntáiste a thabhairt do na modhanna sin thar thaisteal i gcarranna príobháideacha go háirithe a chuirtear chun cinn i *dTaisteal Níos Cliste* agus sa *Dréacht-Chreat Beartais um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe*, a chuirfear ina ionad.

## Inrochtaineacht

Mar shínitheoir do Dhearbhú Barcelona, tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do dhearadh uilíoch agus rochtain do chách a chur chun cinn. Ba cheart go mbeadh iompar poiblí ina phríomhghné sa seachadadh de seo agus éilíonn sé 'cur chuige turais iomláin'. Tagraíonn sé seo do na heilimintí go léir a chomhdhéanann turas ón bpointe tosaigh go dtí an ceann scríbe chun a chinntiú go bhfuil cleachtais deartha uilíocha á gcur chun feidhme ar feadh an turais. Tá sé mar chuspóir ag an GTS cur chuige cuimsitheach a chothú agus a choimeád maidir le hoibriú an ghréasáin iompair, agus a mhodhanna taistil go léir a chomhdhéanann í. Tabharfar faoi thograí líonra, lena n-áirítear tograí nua agus feabhsú na n-áiseanna atá ann cheana féin ar bhealach a bhreithneoidh go hiomlán riachtanais inrochtaineachta gach úsáideora ionchasaigh.

Tacaíonn an plean seo leis an *Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú do Dhaoine faoi Mhíchumais* (NDIS) 2017-2021 agus daingniú na hÉireann in 2018 den UNCRPD (Airteagal 9) lena chuimsiú chun tacú le hinrochtaineacht do gach úsáideoir soghonta bóithre. Molann Treoir Dea-Chleachtais Tréscaoilteachta an NTA agus DMURS freisin d'fheabhsuithe nascachta agus inrochtaineachta ar fud na cathrach, lena n-áirítear forbairtí nua agus iarfheistiú forbairtí atá ann cheana, nuair is féidir. Tacaíonn an Chomhairle leis na coincheapa seo maidir leis an ngá atá ann le fáil réidh le constaicí

sa ríocht phoiblí, bealaí siúlóide, agus oiriúnuithe glasbhealaí a sholáthar chun inrochtaineacht do chách a chur chun cinn.  In éineacht le dearadh an ghréasáin sráide, beidh forbairt dearadh uilíoch chun inrochtaineacht a fheabhsú, go háirithe do dhaoine faoi bheagluaineacht, ina ghné ríthábhachtach in aon dearadh sráide nó scéimeanna feabhsúcháin sráide. Rachaidh an Chomhairle i dteagmháil leis an  tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA) agus tabharfaidh sí aird ar threoir dea-chleachtais lena n-áirítear *Foirgnimh do Chách* (2012) a thugann treoir maidir le dearadh spásanna ar féidir le gach duine rochtain a fháil orthu go héasca agus a úsáid, beag beann ar aois, méid, cumas nó míchumas.

| **Beartas 4.6 Gréasán Bóithre agus Sráide agus Inrochtaineacht** |
|---|
| 1. Tacú le tionscadal N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Bonneagar Iompair Éireann (TII) chun réiteach iompair a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an bplódú tráchta atá ar an ngréasán bóithre náisiúnta agus réigiúnach faoi láthair. |
| 2. Feabhas a chur ar sheachadadh réitigh iompair chomhtháite iomlán don chathair agus don chomharsanacht trí thacú le forchoimeád na conaire bóthair straitéisí deartha chun freastal ar thionscadal GCRR an N6. |
| 3. Tacú leis na moltaí i Straitéis Iompair na Gaillimhe maidir le hidirghabhálacha dearaidh, socruithe athbhreithnithe bainistíochta tráchta agus socruithe tosaíochta le haghaidh siúlóide, rothaíochta agus iompair phoiblí ar an ngréasán bóithre. |
| 4. Feabhsuithe a chur i bhfeidhm ar an ngréasán bóithre ginearálta, lena n-áirítear naisc nua agus athbhreithnithe acomhail nuair is gá ar mhaithe le sábháilteacht agus áisiúlacht. |
| 5. Dea-chleachtas i ndearadh bóithre agus sráide a chur chun feidhme mar atá leagtha amach sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (2013), arna nuashonrú (2019). |
| 6. Tacú le teorainneacha luais laghdaithe i lár na cathrach agus i gceantair chónaithe na cathrach. |
| 7. Inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil faoi bheagluaineacht a chur chun cinn agus aird a thabhairt ar threoir dea-chleachtais ón Údarás Náisiúnta Míchumais (NDA). |
| 8. Timpeallacht thréscaoilteach uirbeach agus fho-uirbeach a chur chun cinn de réir na treorach um dea-chleachtas dá bhforáiltear in Tréscaoilteacht Treoir Dea-Chleachtais (NTA 2015) agus scéimeanna tréscaoilteachta a chur chun feidhme i gceantair atá ann cheana nuair is cuí, forbairtí molta tréscaoilteachta a chruthú agus iarracht a dhéanamh naisc áitiúla atá ann cheana a choinneáil le feabhsuithe nuair is gá. |
| 9. Tacú le beartas agus treoir náisiúnta maidir le cosaint an ghréasáin Bóithre Náisiúnta lena n-áirítear feidhm straitéiseach chroíghréasáin TEN-T agus líonra cuimsitheach. Beidh cuspóirí forbartha de réir Threoirlínte Pleanála Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2012). |

## 4.7 Calafort na Gaillimhe

Is áis thábhachtach iompair é Calafort na Gaillimhe. Feidhmíonn sé freisin mar mhol réigiúnach straitéiseach tábhachtach d’allmhairiú, stóráil agus dáileadh peitriliam agus freastalaíonn sé ar thionscal na turasóireachta toisc gur calafort farantóireachta tábhachtach é do phaisinéirí chuig Oileáin Árann. Tá iarratas ar leathnú suntasach 27 heicteár ar an gCalafort á meas faoi láthair ag leibhéal an rialtais chun a chinneadh cibé an leor nó nach leor na bearta cúitimh chun sláine an

Limistéir Chaomhantais Speisialta (SAC) a chinntiú. Má cheadófar é, tabharfaidh sé seo féidearthacht shuntasach chun éagsúlú a dhéanamh le fócas ar bhunáit a bhunú chun freastal ar fhuinneamh amach ón gcósta.

Aithnítear Calafort na Gaillimhe mar Chalafort a bhfuil Tábhacht Réigiúnach ag baint leis sa RSES agus is lárionad tábhachtach gníomhaíochta eacnamaíche é agus spreagthóir eacnamaíoch don réigiún níos leithne. Aithnítear sa RSES an tseirbhís lasta iarnróid ó Chuan na Gaillimhe mar thionscadal straitéiseach sa RSES a fheabhsóidh inrochtaineacht agus nascacht sa réigiún don tréimhse suas go dtí 2040. Leanfaidh an Chomhairle de bheith ag tacú le tograí iomchuí chun áiseanna calafoirt agus bonneagar tacaíochta a fheabhsú, a fhorbairt agus a leathnú chun nascadh leis an ngréasán iarnróid agus a chumas a bheith ina chuid de Líonraí Cuimsitheacha TEN-T an AE, faoi réir athbhreithnithe agus breithnithe comhshaoil.

### Bainistíocht Feithiclí Earraí

Teastaíonn córas iompair lasta agus seachadta éifeachtach do ghníomhaíocht eacnamaíoch na Gaillimhe agus a purláin. Mar sin féin, níl lár na cathrach le hoidhreacht stairiúil de shráid-dreacha cúnga oiriúnach d'Fheithiclí Earraí Troma (HGV). Is é an cur chuige sa GTS ná gur cheart limistéar lárnach na cathrach a theorannú do na feithiclí sin amháin de mhéid oiriúnach le cinn scríbe (nó bunús) i lár na cathrach amháin.  Ní mór é seo a fhorbairt i gcomhcheangal le socruithe bainistíochta do bhealach agus uainiú na seachadtaí, cur i bhfeidhm nuálaíochta i lóistíocht a áireamh agus réimeas bainistíochta agus forfheidhmithe cuí a áireamh. Ní mór féachaint chuige go mbeidh sé de chumas ag an gcur chuige seo an todhchaí a sheasamh ar aon dul leis an straitéis d'athghiniúint sa phlean agus leis na deiseanna agus an treoir a sainaithníodh i PRS na Gaillimhe, chomh maith. Ní mór don straitéis HGV sainriachtanais oibríochtúla na ngnólachtaí straitéiseacha i lár na cathrach mar Chalafort na Gaillimhe agus gníomhaíochtaí eile ar mhórscála a bhfuil naisc iontaofa iompair de dhíth orthu le haghaidh gluaiseacht soláthairtí agus aschuir a mheas. D'fhéadfadh go mbeadh sé mar thoradh air seo go mbeidh gá le srianadh ar sheirbhísí áirithe/trácht feithicle do bhealaí tiomnaithe amháin.

| **Beartas 4 .7 Calafort na Gaillimhe** |
|---|
| Tacaíocht a thabhairt do thograí d'fhorbairt agus do shíneadh áiseanna calafoirt agus síneadh a chur leis an iarnród go dtí an calafort, a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don Chathair agus do réigiún an thuaiscirt agus an iarthair. |

| **Beartas 4 .8  Bonneagar Astaíochta Íseal** |
|---|
| 1. Tacú le forbairt bonneagair breosla astaíochtaí ísle agus teicneolaíochtaí gaolmhara. |
| 2. Tacaíocht a thabhairt don aistriú go Feithiclí Leictreacha agus é a éascú trí thacú le leathnú an líonra luchtaithe feithiclí Leictreacha ag láithreacha cuí laistigh den chathair i gcomhar le gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha. |

## 4.8 Cuspóirí Sonracha

| **Cuspóirí Sonracha** |
|---|
| **Athrú Cora Iompair: Iompar Poiblí** |
| 1. Bainistiú tráchta agus athruithe bonneagair a chur i bhfeidhm chun soláthar an 'Nasc Traschathrach' a éascú mar chuid de Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) agus tacú le haon riachtanais talún breise nuair a mheastar a bheith riachtanach trí dhearadh feadh na mbealaí gaolmhara agus a admháil go bhfuil tosaíocht ag an gcuspóir Nasc Traschathrach agus bainistiú tráchta agus athruithe infreastruchtúir a bhaineann leis a sheachadadh thar chuspóirí eile lena n-áirítear cuspóirí criosaithe talamhúsáide feadh bealaí aitheanta, nuair a bhíonn siad ag teacht le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair. |
| 2. Bainistiú tráchta agus athruithe bonneagair a chur chun feidhme chun forbairt gréasán bus poiblí a éascú de réir Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) agus tacú le haon riachtanais talún breise nuair a mheastar a bheith riachtanach trí dhearadh feadh na mbealaí gaolmhara agus a admháil go bhfuil tosaíocht ag an an gcuspóir chun an líonra bus poiblí a sheachadadh chomh maith leis na hathruithe um bainistíocht tráchta líonra agus gaolmhar agus bonneagair thar chuspóirí eile lena n-áirítear cuspóirí criosaithe talamhúsáide feadh bealaí sainaitheanta, nuair a bhíonn siad ag teacht le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair. |
| 3. Éascú a dhéanamh ar sheachadadh an Chláir Bus Connects a fhreastalaíonn ar an gCathair agus ar limistéar MASP trí aon áirithintí bealaigh riachtanacha a chinntiú agus a chothabháil. |
| 4. Conair Ilmhódúil Bhóthar Thuama a fhorbairt ó Bhaile Chláir go dtí Crosaire Mhóinín na gCiseach trí Bhóthar Seoighe i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus tailte a chur in áirithe dá réir. |
| 5. Soláthar a dhéanamh d'iompar bus agus bonneagar feadh Bhóthar Dáileacháin an Iarthair. |
| 6. Suímh oiriúnacha sa chathair a aithint chun freastal ar áiseanna páirceála bus turais agus pointí fágála/bailithe de réir an Staidéir Pháirceála Busanna Turais. |
| 7. Tailte a chur in áirithe atá comhthreomhar leis an líne iarnróid ó lár na cathrach go teorainn oirthear na cathrach le haghaidh riachtanais iompair inbhuanaithe amach anseo agus chun soláthar a dhéanamh do stadanna iarnróid comaitéara féideartha. |
| 8. Bearta a sholáthar a cheadóidh deisiú/athsholáthar Dhroichead Wolfe Tone ar mhaithe le sábháilteacht agus freastal ar fheabhsúcháin coisithe nuair is féidir. |
| 9. A aithint trí athbhreithniú ar Staidéar Iompar na Gaillimhe an gá atá le hiompar bus i gceantair i gCathair na Gaillimhe nach bhfuil seirbhís iompair bus á freastal orthu faoi láthair lena n-áirítear Páirc na Sceach, an Cuarbhóthar, Bóthar Bhaile Uí Mhóinín Uachtarach, agus Mionlach agus láithreacha eile de réir mar is cuí. |
| **Soghluaisteacht Inbhuanaithe-Siúlóid agus Rothaíocht** |
| 10. Bainistiú tráchta agus athruithe bonneagair a chur chun feidhme chun forbairt líonra rothaíochta a éascú lena n-áirítear croílíonra, líonra tánaisteach agus friothálach de réir Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) agus tacú le haon riachtanais talún breise a mheastar a bheith riachtanach trí dhearadh feadh na mbealaí gaolmhara agus a admháil go bhfuil tosaíocht ag an gcuspóir chun an líonra rothaíochta a sheachadadh agus bainistíocht tráchta gaolmhar agus athruithe infreastruchtúir thar chuspóirí eile lena n-áirítear cuspóirí criosaithe talamhúsáide feadh bealaí sainaitheanta, nuair atá siad ag teacht le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair. |

| |
|---|
| 11. Áiseanna páirceála rothar a sholáthar ag láithreacha cuí lena n-áirítear Lár na Cathrach, Láir Cheantair, Láir Chomharsanachta, gar d'acomhail iompair phoiblí, scoileanna, tránna, reiligí agus páirceanna, agus i gceantair chónaithe, nuair is cuí. |
| 12. An Líonra Glasbhealaí Náisiúnta a fhorbairt sa chathair, go háirithe an Rotharbhealach Náisiúnta idir Gaillimh agus Baile Átha Cliath agus Féarbhealach Gaillimh go dtí an Clochán i gcomhar leis an NTA, TII agus Comhairle Chontae na Gaillimhe. |
| 13. A chinntiú go n-ionchorpraítear bithéagsúlacht agus réitigh ghlasaithe/nádúr-bhunaithe, i bhféarbhealaí, i rotharbhealaí agus cosáin leithscartha nuair is cuí agus a chinntiú go dtógtar cosáin agus struchtúir as ábhair oiriúnacha agus go n-ionchorpraítear cur chuige SuDS a thacaíonn le agus a chuireann le nascacht éiceolaíoch agus bithéagsúlacht. |
| 14. Droichead coisithe agus rothaithe a sholáthar ar Abhainn na Gaillimhe in aice le Droichead na mBradán. |
| 15. Droichead nua do choisithe agus do rothaithe a sholáthar ar chéanna Sheanlíne Iarnróid an Chlocháin ó cheantar Athghiniúna Bhóthar Áth Cinn go campas OÉG. |
| 16. Iniúchadh a dhéanamh ar an bpoitéinseal chun droichead nua do choisithe a thógáil ó Bhóthar an Phríosúin go Baile Nua Mhic Gabhann. |
| 17. Tús áite a thabhairt d'fheabhsuithe ar ghluaiseachtaí coisithe agus ar shábháilteacht laistigh de lár na cathrach lena n-áirítear síneadh le limistéir choisithe, soláthar cosáin níos leithne agus sráideanna roinnte. |
| 18. Tosaíocht a thabhairt d'fheabhsuithe ar ghluaiseachtaí agus sábháilteacht coisithe idir Lár na Cathrach, Barr an Chalaidh agus Bóthar na mBan go ceantar Athghiniúna Bhóthar Áth Cinn. |
| **Bearta Straitéis Iompair na Gaillimhe** |
| 19. An clár gníomhartha agus beart mar a fhoráiltear dó i Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus ar bhonn céimnithe agus comhordaithe, bunaithe ar riachtanais tosaíochta. |
| **Bearta Bainistíochta ar Éileamh Iompair** |
| 20. Páirceáil sa chathair a atheagrú go háirithe chun soláthar ar an tsráid a laghdú i lár na cathrach agus feadh príomhbhealaí iompair inbhuanaithe mar a fhoráiltear i Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS). |
| 21. Úsáid na bainistíochta soghluaiseachta agus na dteicneolaíochtaí cliste a leathnú i gcomhar le soláthraithe seirbhíse agus leis an NTA. |
| **Líonra Bóithre agus Sráide & Inrochtaineacht** |
| 22. Conair bhealaigh an N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe (N6 GCRR) a chur in áirithe, de réir mar atá faofa le coinníollacha agus modhnuithe ag an mBord Pleanála a fhreastalaíonn ar an mbóthar straitéiseach deartha agus ar an droichead trasnaithe ar Abhainn na Gaillimhe. |
| 23. Tosaíocht a thabhairt don áirithint do chonair straitéiseach deartha an N6 GCRR agus aon riachtanais talún gaolmhar thar úsáidí talún agus cuspóirí eile i bPlean Forbartha na Cathrach agus cosc a chur ar fhorbairtí laistigh den chonair bóthair straitéiseach deartha a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'fhorbairt an bhóthair straitéisigh seo agus trasnú abhann. |
| 24. Feabhsuithe bóithre, feabhsúcháin acomhail agus réitigh bhainistíochta tráchta a fhiosrú agus a fhorbairt i gcomhthéacs Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) agus forbairtí straitéiseacha, chun éifeachtúlacht oibriúcháin agus sábháilteacht an ghréasáin a uasmhéadú ag féachaint do riachtanais gach catagóir úsáideoirí bóthair agus srianta acmhainne líonra bóthair. Forbrófar réitigh nó idirghabhálacha den sórt |

| |
|---|
| sin i gcomhar leis an ngníomhaireacht ábhartha, mar TII, NTA, agus an Roinn Iompair agus, nuair is gá, beidh siad faoi réir cheanglais agus nósanna imeachta toilithe na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt agus Acht na mBóithre. |
| 25. Soláthar a dhéanamh d'uasghrádú Bhóthar Thuama (N83) ó Bhóthar na dTreabh (N6) go teorainn na cathrach agus lena n-áirítear athailíniú acomhal Bhóthar an Chaisleáin Ghearr/Bhóthar Thuama (N83). |
| 26. Rochtain nua a éascú ar Ospidéal Pháirc Mhuirlinne ó Bhóthar Bhaile Átha Cliath. |
| 27. Leathnú bóithre ginearálta agus feabhsúcháin sráide a chur chun feidhme ar mhaithe le sábháilteacht agus áisiúlacht lena n-áirítear ar Bhóthar an Chóiste. |
| 28. Scéim Feabhsúcháin Chonair Ilmhódúil an N6 a chríochnú agus uasghráduithe sceidealta ar thimpeallán Martin chun feidhmiú na n-acomhal a fheabhsú, soláthar a dhéanamh do ghluaiseachtaí coisithe agus rothaithe agus chun iompar poiblí a éascú. |
| 29. A chinntiú nach dtabharfar aird ar phointí rochtana nua feadh Bhóthar Dáileacháin an Iarthair ach amháin nuair is féidir trácht imleor agus sábháilteacht phoiblí a chinntiú, áit ar féidir an cuspóir de lánaí bus a sholáthar a chinntiú agus sa chás go soláthraíonn an togra tréscaoilteacht fheabhsaithe agus go gcuireann sé leis an ríocht phoiblí. Beidh gá le hachair íosta de 100m idir acomhail reatha agus acomhail bheartaithe. |
| 30. Bainistiú tráchta agus athruithe bonneagair a chur i bhfeidhm chun soláthar Líonra Rochtana Lár na Cathrach a éascú mar chuid de Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) agus tacú le haon riachtanais talún breise nuair a mheastar a bheith riachtanach trí dhearadh feadh an bhealaigh ghaolmhair agus a admháil go bhfuil tosaíocht ag an gcuspóir de Líonra Rochtana Lár na Cathrach agus bainistíocht tráchta agus athruithe bonneagair gaolmhara a sheachadadh thar chuspóirí eile lena n-áirítear cuspóirí criosaithe talamhúsáide feadh bealaí aitheanta, nuair atá siad ag teacht le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair. |
| 31. Talamh a chur in áirithe do nascbhóthar straitéiseach ó Bóthar Sheáin Uí Mhaoilbhuaidh go Bóthar an Ghainimh, a mbeidh a shuíomh agus a ailíniú bunaithe ar fheabhas a chur ar chúrsaí iompair agus ar chúrsaí pleanála agus forbartha inbhuanaithe. |
| 32. Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht de rochtain bhreise/mhalartach isteach agus amach d’eastáit Bhoireann Bheag, Ros Cam d’fhonn cabhrú le brú tráchta suntsach/géar ar Bhóthar Dhabhach Uisce a mhaolú ag buaicuaireanta. |

# Caibidil 5
## Oidhreacht Nádúrtha, Áineas agus Taitneamhacht

## Clár na nÁbhar


5.1 Comhthéacs ....121
5.2 An Líonra Glas....121
5.3 Spásanna Cosanta ....128
5.4 Rialú Speicis Choimhthíocha Ionracha....132
5.5 Spásanna Gorma....134
5.6 Spásanna Glasa ....137
5.7 Spásanna Pobail....139
5.8 Spásanna Oscailte....143
5.9 Tailte Talmhaíochta ....144
5.10 Cuspóirí Sonracha ....145


SUSTAINABLE DEVELOPMENT GOALS

3 GOOD HEALTH AND WELL-BEING

14 LIFE BELOW WATER

15 LIFE ON LAND

13 CLIMATE ACTION

## 5.1 Comhthéacs

Tá éagsúlacht de spásanna oscailte agus sócmhainní nádúrtha sa chathair lena n-áirítear cósta, coillearnacha, aibhneacha, canálacha agus sruthanna. Leis an gcaipiteal nádúrtha seo, cuirtear timpeallacht ardchaighdeáin ar fáil laistigh den chathair. Cuireann sé le carachtar sainiúil na cathrach, tacaíonn sé le comharsanachtaí inbhuanaithe agus cuireann sé le sláinte agus folláine an daonra. Cuireann sé freisin le tarraingteacht na cathrach d'infheistíocht eacnamaíoch agus mar cheann scríbe do chuairteoirí. Soláthraíonn sé raon seirbhísí luachmhara éiceachórais a thacaíonn le bithéagsúlacht, pailniú, caighdeán an uisce agus táirgeadh bia. Cuireann sé feabhas ar sheasmhacht na cathrach i leith athrú aeráide trí bhainistiú tuilte agus ceapadh carbóin agus tá tairbhí tábhachtacha taitneamhachta agus áineasa ag baint leis freisin.



Aithnítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF) gur féidir le nádúr agus bonneagar glas tairbhí fadtéarmacha a chur ar fáil. Tá gá le cur chuige pleanáilte inbhuanaithe i leith na forbartha chun an bonneagar glas a chosaint agus a fheabhsú, ar chur chuige é trína gcoinnítear luach intreach na sócmhainní nádúrtha agus trína gcinntítear go bhfuil dóthain spáis ghlasa dea-phleanáilte ar cóimhéid le fás daonra agus éileamh.


Ba fhreagairt ar an meath domhanda san éagsúlacht bhitheolaíoch é an dearbhú éigeandála aeráide agus bithéagsúlachta a rinne an rialtas. Sa Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta 2017-2021 (NBAP) féachtar do dhíghrádú na bithéagsúlachta a cheartú ar fud na tíre trí cheangal a chur ar údaráis phoiblí an bhithéagsúlacht a phríomhshruthú sa chinnteoireacht agus caomhnú agus athchóiriú na bithéagsúlachta a chinntiú. Príomhthiomantas sa NBAP is ea bogadh go leibhéal atá saor ó chaillteanas bithéagsúlachta trí ghníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm lena n-áirítear bearta maolaithe. D'fhonn cáilíocht spásanna oscailte agus acmhainní nádúrtha na cathrach a chosaint agus chun soláthar a dhéanamh dá mbainistíocht agus feabhsú inbhuanaithe, rinneadh iad a nascadh le chéile i líonra glas.

## 5.2 An Líonra Glas

Féachann cur chuige an líonra ghlais leis an gcomhshaol a bhainistiú agus a chosaint chun an chothromaíocht riachtanach a chinntiú idir caomhnú oidhreacht nádúrtha na cathrach agus riachtanais áineasa agus taitneamhachta. Léiríonn an cur chuige seo idirghaolmhaireacht agus ilfheidhmeacht spásanna oscailte agus acmhainní nádúrtha sa chathair, ag aithint go gcumasaíonn nascadh straitéiseach na spásanna seo bainistíocht chomhtháite agus go dtacaíonn sé le nascacht agus comhleanúnachas. Trí phleanáil agus bhainistíocht íogair, is féidir leis an líonra glas gnáthóga agus speicis thábhachtacha a chosaint, tacú le bithéagsúlacht, deiseanna áineasa agus fóillíochta a sholáthar, tacú le gníomhú ar sonn na haeráide, luach aeistéitiúil a sholáthar agus cáilíocht na beatha a fheabhsú. Cuireann spásanna glasa agus gorma le príomhchathair nádúrtha na cathrach. Tá ról suntasach acu san fhreagairt ar athrú aeráide ag soláthar réitigh nádúr-bhunaithe chun aghaidh a thabhairt ar riosca tuilte agus teochtaí atá ag ardú. Cuidíonn siad freisin le torann agus truailliú aeir a laghdú agus cuireann siad le caitheamh aimsire agus taitneamhacht sa chathair.

Tá sé mar aidhm ag cur chuige an líonra ghlais an comhshaol a bhainistiú agus a chosaint agus trína sin a dhéanamh, comhlíonadh na ceanglais de roinnt Treoracha Eorpacha lena n-áirítear Treoracha maidir le Gnáthóga, Éin, Tuilte agus an Chreat-Threoir Uisce. Ar an leibhéal náisiúnta tugann sé tacaíocht don *Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta 2017-2025, Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha d'Éirinn 2015-2025* agus an *Plean Uile-Éireann um Phailineoirí.* Tá sé fite fuaite sa MASP agus ar leibhéal áitiúil I *bPlean Oidhreachta na Gaillimhe 2016-2021*, i *bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014-2024 agus sa Straitéis um Oiriúnú Aeráide (2019-2024).*

**Figiúr 5.1 Líonra Glas**




Leagtar amach i dTábla 5.1 an raon spásanna éagsúla atá sa líonra glas. Sainmhíníonn agus cruthaíonn siad tírdhreach na cathrach agus tá an cúigiú cuid den limistéar talún iomlán laistigh de theorainn na cathrach comhdhéanta de spás glas, gnáthóga cosanta ainmnithe, spás oscailte taitneamhachta agus áineasa agus talamh talmhaíochta.

**Tábla 5.1 Spásanna Oscailte laistigh den Líonra Glas**

| |
|---|
| **Spásanna Cosanta**<br>- Láithreáin Eorpacha Ainmnithe a bhfuil tábhacht éiceolaíoch ag baint leo - SACanna agus SPAnna<br>- Láithreáin Ainmnithe Náisiúnta - NHA agus pNHA<br>- Limistéir Bhithéagsúlachta Áitiúla - gréasáin fiadhúlra, conairí agus clocha cora |
| **Spásanna Gorma**<br>- Ceantar cósta<br>- Abhainn na Gaillimhe, Abhainn Thír Oileáin/an Ghainimh, canálacha agus uiscebhealaí<br>- Loch Coirib agus locha |

| | |
|---|---|
| | - Muirí agus bogaigh faoi iamh |
| **Spásanna Glasa**<br>- Páirceanna ar fud na Cathrach - Coill Bhearna/Loch an Roisín, Coill Pháirc Mhuirlinne, Páirc Fhoraoise Thír Oileáin<br>- Páirceanna Comharsanachta<br>- Páirceanna Lár na Cathrach | |
| **Spásanna Pobail**<br>- Glasbhealaí<br>- Cuibhrinn agus gairdíní pobail<br>- Reiligí<br>- Áiseanna áineasa agus áiteanna súgartha<br>- Radhairc chosanta a bhfuil luach speisialta taitneamhachta ag baint leo | |
| **Spásanna Oscailte**<br>- Spásanna cathartha - An Fhaiche Mhór, Cearnóg Mhargadh an Éisc, Sráid na Siopaí/Sráid na Céibhe, Cearnóg Theach na Cúirte,<br>- Barr an Chalaidh, An Chraein Bheag<br>- Spás oscailte cónaithe, tráchtála agus tionsclaíoch<br>- Spás oscailte institiúideach<br>- Micreaspásanna<br>- Tailte criosaithe áineasa agus taitneamhachta<br>- Tailte talmhaíochta agus ardtaitneamhachta | |

Áirítear sa líonra glas raon de shuímh Eorpacha, náisiúnta agus áitiúla a bhfuil tábhacht éiceolaíoch ag baint leo ar gnéithe tábhachtacha iad de thírdhreach na cathrach, atá mar chuid de ghréasán éiceolaíoch conairí agus clocha cora a cheadaíonn gluaiseacht fiadhúlra sa timpeallacht uirbeach. Tá éagsúlacht ann san íogaireacht éiceolaíoch de spásanna oscailte agus leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag cinntiú go gcaomhnaítear agus go gcosnaítear láithreáin ainmnithe lena mbaineann tábhacht éiceolaíoch agus gnáthóga i bhforbairt an líonra ghlais. Comhtháthaithe leis an ngréasán glas tá an raon spásanna gorma sa chathair ar acmhainní suntasacha nádúrtha iad comhdhéanta de chósta fairsing, Loch Coirib, Abhainn na Gaillimhe, canálacha, srutháin agus bogaigh. Tá spásanna pobail comhtháite sa líonra glas freisin a thugann rochtain dhíreach ar dheiseanna dúlra agus áineasa. Cuidíonn tailte talmhaíochta freisin leis an líonra glas ag soláthar cúlra nádúrtha don chathair agus ag tacú le gnáthóg éagsúil.

I *Staidéar ar Riachtanais Áineasa agus Taitneamhachta (RANS) 2008* na Comhairle Cathrach cuireadh creat comhordaithe ar fáil do phleanáil agus do bhainistiú áiseanna agus gníomhaíochtaí caitheamh aimsire laistigh den chathair. D’fhorbair sé ordlathas spásanna oscailte atá leagtha amach i dTábla 5.2. I bhfianaise na straitéise fáis don chathair agus na riachtanais taitneamhachta atá ag teacht chun cinn, tá sé sceidealta an *RAIBH* a athbhreithniú agus a nuashonrú in 2022 le fócas sonrach ar Straitéis um Spás Glas. Déanfar athbhreithniú ar thoradh na straitéise chun a mheas cibé an mbeidh nó nach mbeidh gá le hathruithe ar bheartais agus ar chuspóirí an phlean seo.

**Tábla 5.2 Spásanna Oscailte laistigh den Líonra Glas**

| Cineál Spáis Oscailte | Suíomh | Príomhchuspóir |
|---|---|---|
| **Trí Pháirc na Cathrach** | - Coill Bhearna/Loch an Roisín<br>- Coill Pháirc Mhuirlinne<br>- Páirc Foraoise Thír Oileáin | Spásanna oscailte ar mhórscála le haghaidh caitheamh aimsire éighníomhach agus gníomhach, caomhnú fiadhúlra agus oideachas (os cionn 10 heicteár) |
| **Páirceanna Comharsanachta** | Páirceanna meánmhéide suite in aice le ceantair chónaithe m.sh. Páirc an Rinn Mhóir, Páirc na Ceapaí, Mervue, Páirc Mhic Craith (Cnoc na Cathrach), Páirc Bhaile an Phoill, An Pháirc Theas, Seantalamh. | Páirceanna atá ainmnithe go foirmiúil le haghaidh caitheamh aimsire éighníomhach agus gníomhach (1-10 heicteár) |
| **Páirceanna Lár na Cathrach** | Láithreacha i lár na cathrach lena n-áirítear Páirc Uí Chinnéide, Páirc Leanaí na Mílaoise, Siúlán Bhruach na hAbhann, Páirc an Athar De Búrca, Páirc Chuimhneacháin Celia Griffin agus Barr an Chalaidh. | Páirceanna mionscála sainithe do chaitheamh aimsire éighníomhach agus gníomhach, luach sráid-dreacha agus feidhm chathartha (níos lú ná 1 heicteár). |
| **Limistéir Mhuirí/Bogaigh agus Chósta Iata** | Trá na gCeann go Ros Cam lena n-áirítear Loch an Roisín, Loch an tSáile, Trá Bhaile an Locháin | Timpeallachtaí nádúrtha a úsáidtear le haghaidh áineasa éighníomhaí agus gníomhaí, le haghaidh snámha agus iascaireacht cladaigh, caomhnú fiadhúlra agus oideachas. |
| **Aibhneacha, Uiscebhealaí agus Lochanna** | Abhainn na Coiribe, córais canála, Abhainn an Ghainimh agus Loch Bhaile an Dúlaigh | Spásanna oscailte in aice le córas abhann agus canála nó bealaí rochtana chuig córas abhann agus canála a thairgeann luach bailedhreacha, deiseanna spóirt uiscebhunaithe, caitheamh aimsire éighníomhach, iascaireacht agus caomhnú fiadhúlra. |
| **Spásanna Cathartha** | Cearnóg an Fhaiche Mhór, Cearnóg Mhargadh an Éisc, Sráid na Siopaí/Sráid na Céibhe, Cearnóg Theach na Cúirte, Barr an Chalaidh, An Chraein Bheag | Spásanna uirbeacha comhdhéanta de chóireáil tírdhreacha bog nó chrua nó meascán den dá rud, ag tairiscint ionaid le haghaidh imeachtaí cathartha nó caitheamh aimsire éighníomhach. |
| **Glasbhealaí** | Glasbhealaí lena n-áirítear bealaí siúlóide agus rothaíochta cósta, abhann, canála agus coillearnaí | Is conairí taitneamhachta seanbhunaithe nó féideartha iad seo a éascaíonn taisteal neamh-mhótair feadh bealaí líneacha (lena n-áirítear cearta slí), go minic le tábhacht conairí |

| | | |
|---|---|---|
| | | fiadhúlra feadh limistéir chósta, trí choillearnacha agus páirceanna, conairí abhann nó canálacha. Caitheamh Aimsire agus bealaí malartacha cúrsaíochta do choisithe agus rothaithe. |
| **Spás Oscailte Cónaithe** | Tá spás oscailte i gceantair chónaithe ar fud na cathrach | Soláthraíonn sé do thaitneamhacht ghinearálta, bithéagsúlacht, caitheamh aimsire éighníomhach agus gníomhach go háirithe súgradh leanaí. Go ginearálta tailte spás oscailte go léir os cionn 0.2 heicteár. (1/2 acra) i gceantair chónaithe atá criosaithe mar RA Caitheamh Aimsire agus Taitneamhacht. |
| **Spásanna Oscailte Tráchtála agus Tionscail** | Ar fud na cathrach lena n-áirítear tailte an IDA agus Ionad Sláinte San Séamas | Limistéir ina gcuirtear luach taitneamhachta ginearálta ar fáil go minic le plandú tírdhreacha laistigh de thailte forbairtí tráchtála nó tionsclaíochta. Is féidir leis na limistéir seo suíomh a sholáthar d’fhoirgnimh agus tionchar amhairc na forbartha a mhaolú agus cur le bithéagsúlacht. |
| **Spás Oscailte Institiúideach** | Ar fud na cathrach lena n-áirítear tailte OÉ Gaillimh agus GMIT agus tailte Ospidéal Pháirc Mhuirlinne | Cuimsíonn siad seo spás oscailte mar chuid d’úsáid institiúideach oideachais, sláinte, reiligiúnach nó chónaitheach, go minic le roinnt rochtana ag an bpobal i gcoitinne. |
| **Reiligí** | Ar fud na cathrach lena n-áirítear Reilig San Séamas agus Reilig Rathúin | Reilig atá suite go minic in aice le séipéal nó laistigh de reilig a sholáthraíonn limistéar glas i gcroílár an phobail. |
| **Tailte Criosaithe um Chaitheamh Aimsire agus Taitneamhacht** | Lonnaithe ar imeall na cathrach lena n-áirítear Ráschúrsa Bhaile an Bhriotaigh, Coillte an Daingin, Coillte Ros Cam agus tailte ag Baile an Rí | Ceantair chriosaithe áineasa agus taitneamhachta, nach dtagann faoi cheann ar bith de na catagóirí thuas. |
| **Tailte Talmhaíochta & Ardtaitneamhacht** | Ar fud na cathrach lena n-áirítear talamh ag Caisleán Mhionlaigh agus coillte agus tailte ag Ros Cam | Tailte a úsáidtear chun críocha talmhaíochta, a chruthaíonn crios glas go minic, a thairgeann taitneamhacht, áineas éighníomhach agus gné amhairc, a chuireann le bithéagsúlacht. |

I gcomhthéacs spriocanna fáis an NPF don chathair, leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag fáil tailte atá criosaithe le haghaidh úsáid áineasa agus taitneamhachta nó tailte eile a bhfuil an cumas

iontu cáilíocht an líonra ghlais a fheabhsú, tacú le nascacht, athléimneacht aeráide agus áiseanna spóirt agus caitheamh aimsire breise a sholáthar. Cuirfear tionscnaimh lena n-áirítear "Spásanna Glasa Sláintiúla", "Bratacha Glasa do Pháirceanna" agus "Glasú na Lánaí" chun cinn i gcomhar le pobail áitiúla, scoileanna agus grúpaí deonacha chun forbairt spásanna taitneamhachta a chumasú agus tacú le bithéagsúlacht. Déanfar iniúchadh freisin ar dheiseanna do chomhpháirtíochtaí poiblí/príobháideacha nuair is féidir saoráid áineasa ardchaighdeáin a fhorbairt, lena n-áirítear rochtain phoiblí.

Tá ról tábhachtach ag an líonra glas don spórt agus do ghníomhaíocht choirp. Sa '*Beartas Naisiúnta Spóirt 2018 – 2027'* agus sa *Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil (2021)* leagtar amach spriocanna agus gníomhartha chun rannpháirtíocht i spórt a mhéadú do gach aois agus cumas. Is saoráidí tábhachtacha iad na háiseanna caitheamh aimsire gníomhacha atá ann cheana agus atá beartaithe ar nós páirceanna imeartha, MUGAanna, ballaí liathróide, cúirteanna leadóige agus raonta reatha laistigh den líonra glas a chuireann le stíleanna maireachtála níos sláintiúla agus le hidirghníomhú sóisialta agus pobail. Leis an athbhreithniú ar an *RAIBH* cuirfear bonn eolais do ceanglais bhreise maidir le saoráidí den sórt sin.

Tá ról tábhachtach ag Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe freisin maidir le rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú trí chláir ghníomhaíochta, oiliúna agus deiseanna oideachais a sholáthar agus feasacht a ardú. Cuidíonn raon de chlubanna agus soláthraithe fóillíochta freisin chun áiseanna a fheabhsú agus rannpháirtíocht a mhéadú.

| **Beartas 5.1 Líonra Glas agus Bithéagsúlacht** | |
|---|---|
| 1. | Tacú le húsáid inbhuanaithe agus le bainistiú limistéar lena mbaineann tábhacht éiceolaíoch, páirceanna agus limistéir thaitneamhachta áineasa agus saoráidí trí chur chuige beartais líonra glas comhtháite atá ag teacht le Staidéar ar Riachtanais Áineasa agus Taitneamhachta na Gaillimhe agus leis an Straitéis Spáis Ghlais nuair a chuirtear ina ionad é, i gcás go bhféadtar a thaispeáint nach mbeidh aon drochthionchar aige ar shláine láithreán Eorpach. |
| 2. | Tacú le gníomhartha Staidéir ar Riachtanais Áineasa agus Taitneamhachta na Gaillimhe agus na Straitéise Spáis Ghlais atá le teacht, le béim ar leith ar dhul chun cinn agus ar chríochnú Mháistirphleananna Talún na Páirce Theas agus Bhaile an Rí araon. |
| 3. | Tacú le coinneáil agus saibhriú na bithéagsúlachta ar fud na cathrach mar aitheantas ar an ngá atá le bithéagsúlacht a chosaint agus a athbhunú chun seasmhacht na gcóras nádúrtha agus daonna i leith athrú aeráide a mhéadú. |
| 4. | Tacú le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht (2017-2021) agus an Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí (2021-2025) agus tacú le gníomhaíochtaí Phlean Oidhreachta 2016-2021 agus Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta na Comhairle Cathrach 2014-2024 maidir leis an gcur chun cinn d'fheasacht ar éiceolaíocht, bithéagsúlacht agus dea-chleachtais. |
| 5. | Tacú le gníomhú ar son na haeráide trí réitigh atá bunaithe ar an dúlra a chur i bhfeidhm a fheabhsaíonn an bhithéagsúlacht sa ghréasán glas, lena n-áirítear bearta ar nós plandú crann, SuDS, úsáid bhonneagair ghlais. Cuirfear bearta den sórt sin ar an eolas faoin straitéis Spáis Ghlais. |
| 6. | Comhtháthú réitigh atá bunaithe ar an dúlra agus bonneagar glas/gorm a chur chun cinn i ngach forbairt nua de réir mar is cuí chun cur le hathléimneacht aeráide na cathrach agus éileamh a dhéanamh ar thograí forbartha ar mhórscála chun bonneagar glas agus plean bithéagsúlachta a áireamh. |
| 7. | A chinntiú go bhfuil dóthain spáis oscailte áineasa agus taitneamhachta d'fhorbairt na cathrach amach anseo. |

| | |
|---|---|
| 8. | Cothromaíocht inbhuanaithe a bhaint amach idir freastal ar riachtanais áineasa sa todhchaí (idir éighníomhach agus gníomhach) agus caomhnú oidhreacht bhithéagsúlachta agus éiceolaíochta agus chultúrtha na cathrach. |
| 9. | Leanúint ar aghaidh ag fáil agus ag forbairt tailte atá criosaithe le haghaidh úsáid caitheamh aimsire agus taitneamhachta. Bainfear úsáid go príomha as na tailte seo le haghaidh úsáid phoiblí, ach déanfar deiseanna le haghaidh comhpháirtíochtaí poiblí/príobháideacha a fhiosrú freisin nuair a fhorbrófar saoráid áineasa ar ardchaighdeán agus ina gcuirtear deiseanna rochtana poiblí ar fáil. |
| 10. | Tacú le torthaí na Straitéise Spáis Ghlais agus le haon chuspóirí chun soláthar páirceanna uirbeacha nua a chur chun cinn lena n-áirítear páirc uirbeach breise gar do lár na cathrach. |
| 11. | Tacú leis an tionscnamh um Spásanna Glasa Sláintiúla a fhéachann le cáilíocht na spásanna glasa sa chathair a fheabhsú, le hathléimneacht an athraithe aeráide, le luach aeistéitiúil, le bithéagsúlacht a fheabhsú agus le sláinte agus folláine an phobail a fheabhsú. |
| 12. | Feabhas a chur ar inrochtaineacht ar Pháirceanna na Cathrach, ar limistéir agus áiseanna áineasa agus taitneamhachta agus modhanna inbhuanaithe iompair a áireamh, nuair is cuí. |
| 13. | Deiseanna caitheamh aimsire laistigh den líonra glas a choinneáil, a leathnú agus a fheabhsú do gach ball den phobal lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. |
| 14. | Tailte na scoileanna, na gcoláistí, na gclubanna spóirt agus na n-áiseanna institiúideacha eile a choinneáil le haghaidh úsáid áineasa agus taitneamhachta nuair is cuí, ag ligean do mhéaduithe ar chumas na n-institiúidí nó na gclubanna agus do bheartais maidir le tailte criosaithe CF. |
| 15. | Comhoibriú leis an NPWS, le húinéirí talún agus le páirtithe leasmhara in ullmhú agus i gcur chun feidhme pleananna bainistíochta do láithreáin Eorpacha ainmnithe. |
| 16. | Ilúsáid áiseanna agus taitneamhachtaí áineasa agus fóillíochta laistigh agus lasmuigh (idir phríobháideach agus phoiblí) a chur chun cinn chun freastal ar raon éagsúil riachtanas áineasa. |
| 17. | Feabhas a chur ar naisc agus ar nascacht laistigh den líonra glas a shainaithnítear i dTábla 5.1. |
| 18. | Ealaín phoiblí, imeachtaí cultúrtha agus taispeántais a chur chun cinn mar chuid thábhachtach de dhearadh áiseanna, spáis oscailte agus áiseanna. |
| 19. | A chinntiú go mbreithnítear gach moladh áineasa éighníomhaí agus gníomhaí i gcomhthéacs an tionchair fhéideartha ar an gcomhshaol, láithreáin a bhfuil tábhacht éiceolaíoch agus bithéagsúlacht leo agus taitneamhacht ginearálta. |
| 20. | A chinntiú, d’ainneoin cuspóirí criosaithe talamhúsáide, nach mbreathnófar ar athrú suntasach úsáide ó shaoráidí áineasa reatha ach amháin má léirítear go soiléir nach mbeadh tionchar do-ghlactha ag cailliúint a leithéid d’áis ar sholáthar áineasa agus taitneamhachta sa chathair, nó má sholáthraítear saoráid mhalartach a théann chun sochair chomhionann nó níos fearr don phobal áitiúil nó d’ordlathas áiseanna agus conláistí na cathrach. |
| 21. | Tacú le gníomhartha Phlean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe. |
| 22. | Tacú le gníomhaíochtaí an Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Choirp (DH, 2021) agus an Bheartais Náisiúnta Spóirt 2018-2027 (DTTS, 2018). |
| 23. | Leanúint ar aghaidh le bearta a chur chun feidhme chun bithéagsúlacht a mhéadú agus a athchóiriú i spásanna oscailte agus ciumhaiseanna bóthair tríd an tionscnamh bainistithe féir gan baint, agus trí thionscadail phailineoirí ornáideacha cosúil leis an scéim phlandála bolgáin ilbhliantúil. |
| 24. | Rachaidh an Chomhairle sa tóir ar raon foinsí maoinithe, trí bhíthin ranníocaíochtaí forbartha agus ioncam eile ón gComhairle, mar aon le maoiniú ón Státchiste agus ón |

Aontas Eorpach chun tacú le cur chun feidhme an phlean. Nuair is cuí, díreofar Pleananna Bliantúla um Sheachadadh Seirbhíse na Comhairle Cathrach ar sheachadadh chuspóirí an Phlean.

## 5.3 Spásanna Cosanta

Tá raon éagsúil gnáthóg agus speiceas a bhfuil tábhacht náisiúnta agus Eorpach ag baint leo sa chathair agus atá faoi chosaint na reachtaíochta.  Príomhghné den phlean is ea comhlíonadh na reachtaíochta comhshaoil a chinntiú. Mar chomhlánú ar an gcur chuige seo, féachfaidh an líonra glas le bithéagsúlacht a chaomhnú agus a athbhunú, nascacht idir gnáthóga a fheabhsú agus laghdú a dhéanamh ar éifeachtaí na hilroinnte a bhféadfadh caillteanas buan speiceas a bheith mar thoradh uirthi.

### 5.3.1 Láithreáin Eorpacha Ainmnithe

Tacaíonn an chathair le roinnt láithreán ainmnithe Eorpach agus gnáthóga faoi chosaint, lena n-áirítear Coimpléasc Chuan na Gaillimhe agus Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) Loch Coirib), atá ainmnithe faoi Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta Chuan na Gaillimhe Laistigh agus Loch Coirib (SPanna) faoi Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le hÉin. Déanann na limistéir seo óstáil ar na cineálacha gnáthóg nádúrtha atá liostaithe in Iarscríbhinn I agus gnáthóga na speiceas faoi chosaint atá liostaithe in Iarscríbhinn II. Tá siad mar chuid de líonra Natura 2000 de shuíomhanna atá tábhachtach ó thaobh na héiceolaíochta de ar fud an Aontais Eorpaigh agus féachann siad le raon gnáthóg agus speiceas íogair a chaomhnú.



Ba cheart do phleananna agus do thionscadail atá molta machnamh a dhéanamh ar *Threoir DEHLG d'Údaráis Phleanála ar Mheasúnú Cuí ar Phleananna agus ar Thionscadail in Éirinn* (2009) agus na tionchair fhéideartha a aithníodh i dTuarascáil Tionchair Natura (NIR) de Phlean Forbartha na Cathrach a bhaineann le cailliúint agus ilroinnt gnáthóige, caighdeán an uisce, suaitheadh agus éifeachtaí comhcheangailte. Cuireann Treoir an Aontais Eorpaigh um Ghnáthóga ordlathas de bhearta seachanta/cosanta, maolaithe agus cúitimh chun cinn agus tá sé bunaithe ar chur chuige réamhchúraim. Leis an Treoir, cuirtear uirlis iniúchta ar fáil chun cabhrú le forbairt inbhuanaithe a sheachadadh. Cuirtear sásra cás ar chás ar fáil chun impleachtaí na forbartha ar láithreán Eorpach agus a chuspóirí caomhnaithe a thaifeadadh agus chun an próiseas cinnteoireachta a éascú.

Tá sé ríthábhachtach go leanfar de chosaint agus bainistíocht íogair na láithreán seo, ionas go ndéanfar ardluach éiceolaíochta agus bithéagsúlachta intreach na láithreán a chosaint agus i gcásanna áirithe a athchóiriú. Dréachtaíodh polasaithe agus cuspóirí Phlean Forbartha na Cathrach ag tabhairt aird ar Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga. Ceanglaítear ar gach plean, lena n-áirítear pleananna sraithe níos ísle agus tionscadail a sainaithníodh go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar Láithreáin Eorpacha, cloí le ceanglais na Treorach um Ghnáthóga, chun a chinntiú nach mbeidh aon tionchar díobhálach ar shláine na Láithreán Eorpach.

Faoin reachtaíocht reatha tá aon phlean/tionscadal agus aon obair ghaolmhar, ina n-aonar nó i gcomhcheangal le pleananna/tionscadail eile faoi réir scagadh Measúnaithe Cuí (AA) chun a chinntiú nach mbeidh aon tionchar suntasach dóchúil ar shláine aon Láithreáin Eorpaigh agus go bhfuil riachtanais  Airteagal 6(3) agus 6(4) de Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga comhlíonta go hiomlán. Nuair is dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach ag plean / tionscadal ar Láithreán Eorpach nó má tá éiginnteacht ann maidir le héifeachtaí, beidh sé faoi réir Measúnachta Cuí. Ní rachaidh an plean/tionscadal ar aghaidh ach amháin tar éis a bheith deimhnithe nach mbeidh drochthionchar aige ar shláine an tsuímh nó, in éagmais réitigh mhalartacha, go meastar go bhfuil an plean/tionscadal riachtanach ar chúiseanna sáraitheacha leasa phoiblí. Tá na láithreacha caomhnaithe Eorpacha ainmnithe sa chathair leagtha amach i dtábla 5.3.


**Tábla 5.3: Láithreáin Eorpacha sa chathair**

| |
|---|
| **Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta  (SAC)** |
| - SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (Cód an Láithreáin 000268) |
| - SAC Loch Coirib (Cód an Láithreáin 000297) |
| **Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCS)** |
| - SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh (Cód an Láithreáin 004031) |
| - SPA Loch Coirib (Cód an Láithreáin 004042). |

## 5.3.2 Láithreáin Ainmnithe Náisiúnta

Tá láithreáin lena mbaineann tábhacht náisiúnta éiceolaíochta sainithe agus cosanta faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000. Is limistéar é Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHA) a mheastar a bheith tábhachtach mar gheall ar a fhlóra, fána, cineál gnáthóige agus spéis gheolaíoch nó gheomoirfeolaíoch. Tá codanna de Phortach Mhaigh Cuilinn NHA, (cód an láithreáin 002364), bratphortach ísealchríche fairsing, suite soir ó Thóin na Brocaí. Ina theannta sin, tá aimniúcháin NHA (pNHA) bheartaithe, do limistéir ar eol go bhfuil tábhacht leo ó thaobh na bithéagsúlachta de

**Figiúr 5.2 SACanna, NHAnna agus pNHAnna sa chathair**



ach nach bhfuil meastóireacht iomlán déanta orthu go fóill. Tá dhá pNHA lonnaithe sa chathair agus tá stádas SAC ag na ceantair seo don chuid is mó freisin (féach tábla 5.4).

| Tábla 5.4: Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHA) agus NHAnna molta (pNHA) sa chathair |
|---|
| - Portach Mhaigh Cuilinn NHA (Cód Láithreáin 002364)<br>- Coimpléasc Chuan na Gaillimhe pNHA (Cód Láithreáin 000268)<br>- Loch Coirib pNHA (Cód Láithreáin 000297) |

D'aithin Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann roinnt láithreán lena mbaineann tábhacht oidhreachta geolaíochta mar chuid d'Iniúchadh Oidhreachta Geolaíochta do Chathair na Gaillimhe a críochnaíodh in 2020 (féach tábla 5.5). Déantar iad seo a chatagóiriú mar Láithreáin Gheolaíochta an Chontae (CGS) ar feitheamh aon ainmniú breise NHA ag an NPWS.

| Tábla 5.5 Láithreacha Geolaíochta an Chontae (CGS) sa chathair | |
|---|---|
| – Gearrbhóthar N6 Dabhach Uisce<br>– Páirc Fairlands<br>– Carraigeacha Muisiriún Mhionlaigh<br>– Cairéal Mhionlaigh<br>– Pluais Pháirc Mhuirlinne<br>– Cairéal Pháirc Mhuirlinne | – Droimnín Chuan an Roisín (Scaoth Droimníní Bhearna roimhe seo)<br>– Promanáid Bhóthar na Trá<br>– Carraig Sleamhnáin Sheantalaimh<br>– Tobar San Agaistín<br>– Abhainn Thír Oileáin/an Ghainimh<br>– Tailte Spóirt an Taoibh Thiar |

Tá raon gnáthóg agus speiceas ag láithreacha lasmuigh de shuíomhanna ainmnithe AE agus náisiúnta atá clúdaithe ag cosaint reachtaíochta. Ina measc seo tá speicis flóra agus fána agus príomhghnáthóga. Ceanglófar ar thograí forbartha ar dócha go mbeidh tionchar acu ar na speicis agus/nó na gnáthóga seo, Measúnú Tionchair Éiceolaíochta (EcIA) a dhéanamh chun an tionchar a mheas agus nuair is cuí beidh orthu bearta maolaithe a áireamh.

### 5.3.3 Láithreáin Bhithéagsúlachta Áitiúla

Chomh maith le limistéir a bhfuil ainmniúcháin Eorpacha agus náisiúnta um chaomhnú an dúlra acu, tá líonra de Cheantair Bhithéagsúlachta Áitiúla ag an gcathair a bhfuil ardluach caomhnaithe dúlra acu freisin. Is féidir na Limistéir Bhithéagsúlachta Áitiúla seo a rangú i raon gnáthóg éagsúil cosúil le lochanna, pábháil aolchloiche nochta, coillearnacha, bogaigh agus portaigh, agus cuireann siad go léir go mór le bithéagsúlacht agus taitneamhacht laistigh den chathair (féach tábla 5.6). Ceanglaítear le hAirteagal 10 de Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga ar bhallstáit na gnéithe sin den tírdhreach a sholáthraíonn gnéithe líneacha nó clocha cora atá riachtanach d'imirce, scaipeadh agus malartú géiniteach speiceas fiáin a chosaint, trí bheartais phleanála agus forbartha. Soláthraíonn Limistéir Bhithéagsúlachta Áitiúla gnáthóg ríthábhachtach do go leor speiceas, cuireann siad conairí fiadhúlra tábhachtacha agus clocha cora éiceolaíochta ar fáil sa chathair agus cuireann siad le comhleanúnachas éiceolaíoch líonra na Láithreán Eorpach. I *bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta na Gaillimhe 2014-2024* mar leathnú ar an ngréasán bunaidh a aithníodh i *bhFardal Gnáthóga Cathrach 2005*, aithnítear Abhainn na Gaillimhe mar phríomhchonair fiadhúlra a sholáthraíonn nasc idir an cósta agus an mósáic shaibhir ghnáthóg i gcúlchríoch na cathrach. I *bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta* moltar suirbhéireacht agus taifead a dhéanamh ar na ceantair bhithéagsúlachta áitiúla. Féachann sé freisin le haon chonairí fiadhúlra breise agus clocha cora a bhfuil ardluach agus fiúntas ag baint leo sa líonra glas a shainaithint.

Tá go leor de na ceantair seo suite ar thailte atá criosaithe le haghaidh úsáid talmhaíochta agus áineasa agus taitneamhachta agus forluíonn siad le láithreáin le ainmniúcháin chaomhnaithe dúlra, a chuireann lena gcaomhnú leanúnach. Aithníonn an Chomhairle gur dócha go mbeidh forbairtí i gcóngar roinnt de na Limistéir Bhithéagsúlachta Áitiúla seo. Glacfar le cur chuige réamhchúraim agus tabharfaidh an Chomhairle aird chuí ar íogaireacht agus ar thábhacht bithéagsúlachta na gceantar seo, áit a bhfuil forbairtí beartaithe. Cuirfear Limistéir Bhithéagsúlachta Áitiúla san áireamh agus iarratais forbartha á bpleanáil, á ndearadh agus á measúnú agus cuirfidh siad eolas ar fáil do phleananna ceantair áitiúil, nuair is cuí.

Áireoidh an Chomhairle bearta chun bithéagsúlacht agus clocha cora éiceolaíochta a spreagadh i bhforbairtí, lena n-áirítear soláthar spáis oscailte, gnéithe nádúrtha atá ann cheana a choinneáil cosúil le crainn, fálta sceach, ballaí cloiche, plandú speiceas dúchasach, agus úsáid gnéithe dearaidh glasa ar nós díonta glasa, ballaí glasa agus SuDS.

**Tábla 5.6 Líonra de Cheantair Bhithéagsúlachta Áitiúla**

| Cur Síos | Sonraí |
|---|---|
| **Cuan an Roisín - Coill Bhearna - Oileán na Feamainne** | Gnáthóga éagsúla atá suite timpeall ar limistéar idirthaoideach Chuan an Roisín lena n-áirítear Coill Bhearna. Tá an ceantar ar fad sainithe mar SAC agus/nó SPA. Tá Loch an Roisín ainmnithe mar Thearmann Éanlaithe Fiáin faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra 1976 & 2000. |
| **An Cheapach – Baile Uí Mhóinín** | Ceantar bratphortach, eanaigh, féarach fliuch agus scrobarnach suite idir Bóithre na Ceapaí agus Bhaile an Mhóinín. |
| **An Bealach – Cnoc Bharr na Crannaí** | Tailte móna Chonamara, lena n-áirítear bratphortach, eanach, féarach fliuch, fraochmhánna agus scrobarnach, suite soir ó Thóin na Brocaí. Tá an ceantar seo ainmnithe mar NHA, Portach Mhaigh Cuilinn NHA. |
| **Inis Caorach agus an cladach in aice láimhe** | Is SPA ainmnithe é limistéar idirthaoideach. |
| **Loch an tSáile agus Murlach na Rinne Móire** | Tá Loch an tSáile agus an limistéar idirthaoideach ag an Rinn Mhór, seachas Murlach na Rinne Móire, ainmnithe mar SPA. Tá Loch an Roisín ainmnithe mar Thearmann Éanlaithe Fiáin faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra 1976 & 2000. |
| **Abhainn na Gaillimhe agus bogaigh thadhlacha** | Tá Abhainn na Gaillimhe agus na bogaigh ghaolmhara ina SAC ainmnithe agus ina hAbhainn Salmainide. |
| **Mionlach – Cnoc Chúil Each** | Áirítear leis an limistéar coillearnach darach-fuinseoige-coill ag Coillte Mhionlaihj agus carraig aolchloiche nochta, féarach cailcreach agus turlach beag. |
| **Baile an Dúlaigh - An Caisleán Gearr** | San áireamh sa limistéar atá dírithe ar Loch Bhaile an Dúlaigh tá eanach, corcach giolcaí, féarach fliuch, scrobarnach agus carraig aolchloiche nochta. Tá limistéir níos lú d'fhéarach fliuch, scrobarnach agus aolchloch nochta i gceantar an Chaisleáin Ghearr. |
| **Ráschúrsa Bhaile an Bhriotaigh** | Limistéar mór oscailte d'fhéarach cailcreach ina bhfuil go leor speiceas. |
| **Coill Pháirc Mhuirlinne** | Crainn leathanduilleacha aibí, coillearnacha leathanduilleacha / buaircíneacha measctha. |
| **Dabhach Uisce** | Ceantar aolchloiche nochta le féarach cailcreach agus scrobarnach suite feadh teorainn thoir na cathrach. San |

| | |
|---|---|
| | fhéarach, tá speiceas magairlíní agus Magairlín beag bán faoi chosaint ar fáil. |
| **Ros Cam** | Samplaí nach gcuirtear isteach orthu mórán de riasc goirt, bruacha scaineagáin, murlach goirt, cladach gainimh agus cladach láibeach, le féarach cailcreach agus scrobarnach. |

**Tábla 5.7 Limistéir/Gnéithe Eile a bhfuil Tábhacht Áitiúil leo sa Chathair**

| Cur Síos | Sonraí |
|---|---|
| **Páirc Foraoise Thír Oileáin** | Foraois uirbeach óg de chrainn leathanduilleacha dúchasacha agus pócaí d'fhásra bogaigh suite ar an dá thaobh d'Abhainn Thír Oileáin/an Ghainimh. |
| **Córas Chanáil na Cathrach** | An chuid thiar den chathair agus artaire amháin lastoir d'Abhainn na Gaillimhe ag Baile Nua Mhic Gabhann. |
| **Dobharlach** | Loch beag tadhlach le forbairt cónaithe ar Bhóthar Áth Cinn. |
| **Pluais, Páirc Mhuirlinne** | Pluais aolchloiche in aice le droichead iarnróid. |
| **Tír Oileáin Gleann na Néal** | Abhainn bheag a ritheann ó chúinne thoir theas Loch Coirib. |
| **Pluais Cooper Tír Oileáin** | Seomra pluais leapa cearnach suite soir ó thuaidh ó dhoirteal Abhainn Thír Oileáin. |

## 5.4 Rialú Speicis Choimhthíocha Ionracha

Tá speicis choimhthíocha ionracha ina mbagairt shuntasach don bhithéagsúlacht ag cur isteach ar speicis dhúchasacha agus ag cur isteach ar ghnáthóga. Laistigh den chathair tá fianaise ann go bhfuil speicis ionracha scaipthe go háirithe an Ghlúineach Bhiorach. Fuarthas diúilicíní riabhacha i gcóras na Coiribe freisin. Tá rialuithe reachtúla i bhfeidhm faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 lena n-aithnítear drochthionchar na speiceas seo ar an gcomhshaol agus ar an ngeilleagar. Is é cur chuige na Comhairle ná oibríochtaí bainistíochta agus rialaithe speiceas ionracha a ghlacadh ar thailte poiblí ag roinnt láithreacha lena mbaineann agus feasacht an phobail a chur chun cinn ar thionchair speicis choimhthíocha ionracha.

| **Beartas 5.2 Spásanna Cosanta: Láithreáin a bhfuil Tábhacht Éiceolaíoch Eorpach, Náisiúnta agus Áitiúil leo** |
|---|
| 1. Láithreáin Eorpacha atá mar chuid den ghréasán Natura 2000 (lena n-áirítear Limistéir faoi Chosaint Speisialta agus Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta) a chosaint de réir na gceanglas atá sa Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga (92/43/CEE), Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le hÉin (2009/147/CE) agus an reachtaíocht náisiúnta ghaolmhar. |
| 2. A chinntiú nach n-údarófar agus/ná nach dtacófar le gach plean nó tionscadal laistigh de limistéar an Phlean ach amháin tar éis don údarás inniúil a chinntiú bunaithe ar fhianaise eolaíoch, ar scagadh le haghaidh measúnú cuí agus/nó ar Mheasúnú ar an Treoir maidir le Gnáthóga:<br>i. Nach mbeidh tionchar díobhálach díreach, indíreach nó tánaisteach ar shláine aon láithreáin Eorpaigh (ina aonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile) de bharr an phlean nó an tionscadail; nó<br>ii. Go mbeidh drochthionchar ag an bplean nó ag an tionscadal ar shláine aon láithreáin Eorpaigh (nach bhfuil ina óstach do chineál gnáthóg nádúrtha tosaíochta/nó speiceas tosaíochta) ach níl aon réitigh mhalartacha ann agus ní mór an plean nó an tionscadal a chur i gcrích mar sin féin ar cúiseanna ríthábhachtacha a bhaineann le leas sáraitheach an phobail, lena n-áirítear iad siúd de chineál sóisialta nó eacnamaíoch. Sa chás seo, beidh sé de cheangal nósanna imeachta atá leagtha amach sa reachtaíocht a leanúint agus aontú agus |

| | |
|---|---|
| | tabhairt faoi gach beart cúitimh is gá chun comhleanúnachas iomlán Natura 2000 a chosaint; nó<br>iii. Go mbeidh drochthionchar ag an bplean nó ag an tionscadal ar shláine aon láithreáin Eorpaigh (a dhéanann gnáthóg nádúrtha de chineál agus/nó speiceas tosaíochta) ach níl aon réitigh mhalartacha ann agus mar sin féin ní mór an plean nó an tionscadal a chur i gcrích ar chúiseanna ríthábhachtacha um leas sáraitheach an phobail, teoranta do chúiseanna a bhaineann le sláinte an duine nó le sábháilteacht an phobail, le hiarmhairtí tairbhiúla a bhfuil tábhacht phríomhúil leo don chomhshaol nó, de bhun tuairime ón gCoimisiún, ar chúiseanna ríthábhachtacha eile a bhaineann le leas an phobail sáraitheach. Sa chás seo, beidh sé de cheangal nósanna imeachta atá leagtha amach sa reachtaíocht a leanúint agus aontú agus tabhairt faoi gach beart cúitimh is gá chun comhleanúnachas iomlán Natura 2000 a chosaint. |
| 3. | Na suíomhanna atá ainmnithe go náisiúnta a bhfuil tábhacht éiceolaíoch leo a chosaint, a chaomhnú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá ann cheana agus atá beartaithe (NHA agus pNHAnna) sa chathair. |
| 4. | Forbairt líonra éiceolaíochta ar fud na cathrach a chosaint agus a chaomhnú agus tacú léi, chun feabhas a chur ar chomhleanúnachas éiceolaíoch líonra Natura 2000 de réir Airteagal 10 den Treoir um Ghnáthóga. |
| 5. | Leanúint ar aghaidh ag aithint láithreáin a bhfuil Sainspéis Gheolaíochta Contae ag baint leo sa chathair atá aitheanta ag Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (GSI) agus láithreáin dá leithéid a chosaint ó fhorbairt mhíchuí agus cosaint a thabhairt do NHAnna geolaíocha má dhéantar iad a ainmniú agus a fhógairt don Údarás Áitiúil, le linn shaolré an Phlean. |
| 6. | Limistéir Bhithéagsúlachta Áitiúla, conairí fiadhúlra agus clocha cora a chosaint bunaithe ar Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta na Gaillimhe 2014-2024 agus tacú le bithéagsúlacht na cathrach i ról/freagrachtaí, oibreacha agus oibríochtaí na Comhairle, nuair is cuí. |
| 7. | Bainistíocht inbhuanaithe a spreagadh, i gcomhar leis an NPWS, ar ghnéithe atá tábhachtach do chomhleanúnachas éiceolaíoch líonra na láithreán Eorpach agus atá riachtanach, de bharr a nádúr líneach nó leanúnach nó mar chlocha cora d’imirce, scaipeadh agus malartú géiniteach speiceas fiáin. |
| 8. | Tacú le gníomhartha Phlean Oidhreachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2016-2021 agus aon nuashonrú agus le gníomhartha an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta 2014-2024 a bhaineann le feasacht éiceolaíochta agus bithéagsúlacht a chur chun cinn, conairí fiadhúlra a chosaint agus ilroinnt gnáthóg fiadhúlra a chosc. |
| 9. | Comhoibriú leis an NPWS, le húinéirí talún agus le páirtithe leasmhara in ullmhú agus i gcur chun feidhme pleananna bainistíochta do láithreáin ainmnithe. |
| 10. | Gnáthóga neamhchoitianta agus faoi bhagairt agus a bpríomhghnáthóga a chosaint agus a chaomhnú, (gach áit ina bhfuil siad) atá liostaithe in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn IV de Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga (92/43CEE) agus atá liostaithe le haghaidh cosanta faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra 1976-2000. |
| 11. | A chinntiú go bhfuil pleananna agus tionscadail a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar láithreáin Eorpacha (SAC nó SPA) cibé acu go díreach, go hindíreach nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile atá faoi réir Measúnú Cuí, faoi Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43CEE) agus reachtaíocht agus treoirlínte gaolmhara, chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht. |
| 12. | Cothromaíocht inbhuanaithe a bhaint amach idir freastal ar riachtanais áineasa sa todhchaí (idir éighníomhach agus gníomhach) agus cosaint oidhreacht éiceolaíoch na cathrach. |
| 13. | Tacú le cuimsiú gnéithe nádúrtha, cosúil le crainn, fálta sceach, ballaí cloiche, locháin agus úsáid gnéithe dearaidh glasa agus ionchorprú bearta bithéagsúlachta i leagan amach na bhforbairtí. |

| | |
|---|---|
| 14. | Tacú le bearta agus iad a chur i bhfeidhm chun speicis choimhthíocha/ionracha a rialú agus a bhainistiú, nuair is cuí. |
| 15. | Sláine éiceolaíoch Tearmann Dúlra reachtúla, tearmainn fána agus Gnáthóga in Iarscríbhinn 1 a chosaint. |

## 5.5 Spásanna Gorma

Tá timpeallacht uisce den chéad scoth ag Cathair na Gaillimhe le cósta fairsing, Loch Coirib, Abhainn na Gaillimhe, uiscebhealaí agus canálacha. Cuireann na hacmhainní nádúrtha tábhachtacha seo ar a dtugtar 'spásanna gorma' sa phlean le sláinte agus folláine, tacaíonn siad le timpeallacht tarraingteach cathrach, soláthraíonn siad éiceachóras ilghnéitheach agus is acmhainn luachmhar caitheamh aimsire iad. Cuireann na sócmhainní seo go mór le híomhá dhearfach na cathrach agus tá luach socheacnamaíoch acu agus acmhainneacht áineasa agus taitneamhachta. Ní mór, áfach, cothromaíocht a bhaint amach idir a leithéid d'fhorbairt áineasa agus taitneamhachta le sláine an chomhshaoil a chosaint. Déanfar iniúchadh ar rochtain níos fearr agus feabhsaithe ar dhobharlaigh chun áineas éighníomhach agus gníomhach a éascú. Go ginearálta, tacófar le háineas uiscebhunaithe agus 'bealaí gorma' ar bealaí ilghníomhaíochta iad ar nó taobh le huisce nuair a chosnaítear an comhshaol, caighdeán an uisce agus gnáthóga faoi chosaint mar is cuí.

### 5.5.1 Cósta

Is cuid lárnach d'fhéiniúlacht agus de chultúr stairiúil na cathrach Cuan na Gaillimhe agus an tAigéan Atlantach. Léirítear na naisc idir an chathair agus an fharraige ina stair láidir mhuirí, ina foirm thógtha agus i dtraidisiúin ceantair ar nós An Cladach, Margadh an Éisc, na Dugaí agus Bóthar na Trá. Tá na ceantair seo i mbaol tuilte agus creimeadh cósta mar gheall ar thionchar an athraithe aeráide le hardú ar leibhéal na farraige tuartha, borrthaí stoirme níos minice agus tonnta an-arda. Tá bearta á bhforbairt faoi láthair chun an chathair a chosaint ó thuilte faoi Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe Coirib go Cósta.

Chomh maith le bheith ina acmhainn oidhreachta nádúrtha thábhachtach, is acmhainn thábhachtach turasóireachta, taitneamhachta agus áineasa é an cósta. Is sócmhainní suntasacha iad tránna na cathrach mar limistéir shnámha ainmnithe. Tá stádas Bratach Ghorm ag tránna Bhóthar na Trá agus Trá na gCeann araon agus fuair siad an Gradam Cósta Glas in 2020 mar aitheantas ar ardchaighdeán comhshaoil na gceantar seo. Leanfaidh an Chomhairle ag cur le raon na n-áiseanna chun tacú le taitneamhacht agus áineas cósta agus breithneoidh sí athchóiriú féideartha na linnte taoide i mBóthar na Trá mar áis taitneamhachta poiblí agus áineasa a bheidh inrochtana do chách.

Leagtar amach sa Chreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí 2021 na cuspóirí náisiúnta agus na beartais phleanála mhuirí le haghaidh gníomhaíochtaí sa limistéar muirí. Leis an mBille um Limistéir Mhuirí 2021, cuirfear chun cinn ainmniú agus bainistiú Limistéir Chosanta Muirí agus tacóidh sé le cosaint an chomhshaoil mhuirí nuair a ghlacfar é. Cloífidh an Chomhairle le haon cheanglais ar údaráis áitiúla agus an reachtaíocht seo á cur i bhfeidhm acu.

### 5.5.2 Aibhneacha, Canálacha agus Uiscebhealaí

Leis na aibhneacha, canálacha agus uiscebhealaí lena n-áirítear córas Abhainn na Gaillimhe, Canáil Eglinton, na huiscebhealaí níos lú d'Abhainn na hArdeaglaise, an Abhainn Thiar agus an iomad canálacha tarae uachtair agus íochtair agus mionchanálacha tugtar carachtar agus sainmhíniú na cathrach. Tacaíonn na ceantair seo le conairí líneacha suntasacha fiadhúlra agus bithéagsúlachta laistigh den timpeallacht uirbeach a sholáthraíonn nascacht leis an gcathair níos

leithne agus leis an gcúlchríoch. Tá Abhainn na Gaillimhe chomh maith le bheith ina SCA, ina pNHA, ina Abhainn Salmainide agus ina hacmhainn shuntasach áineasa agus taitneamhachta agus ina foinse soláthair uisce freisin.  Teastaíonn cur chuige cothromaithe ó na tréithe seo a thacaíonn le caomhnú abhann le húsáid chuí agus inrochtaineacht phoiblí agus éascaíocht do ghníomhaíochtaí uiscebhunaithe inbhuanaithe. Lasmuigh de lár na cathrach tá bruacha Abhainn na Gaillimhe leathnádúrtha i gcarachtar agus tá ról ríthábhachtach acu maidir le maolú tuilte lena n-áirítear limistéir bhogaigh agus tuilemhánna.



Gné thábhachtach ailtireachta is ea an córas canála a léiríonn stair thionsclaíoch agus éabhlóid eacnamaíoch agus fhisiciúil na cathrach. D’fhéadfaí iniúchadh a dhéanamh ar chumas an chórais canála le haghaidh áineasa gníomhaí agus chun bithéagsúlacht agus nascacht éiceolaíoch a fheabhsú. Má dhéantar tuilleadh iniúchta ar an acmhainn seo chun gníomhaíocht ar son na haeráide a chur chun cinn, d’fhéadfadh sé go mbainfí leas as tionscnaimh ar nós micrighiniúint hidreachumhachta. Spreagfar rochtain phoiblí ar an gcanáil i ndearadh forbairtí, nuair is féidir. Tá gá le breithniú speisialta lena chinntiú nach gcuirfidh aon fhorbairt atá taobh leis an gcanáil isteach go díréireach ar a suíomh, ar thaitneamhacht agus ar a cháilíocht aeistéitiúil. Is breithniú tábhachtach freisin an baol tuilte a bhaineann leis na huiscebhealaí seo agus tá sé á mheas faoi láthair faoin Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe Coirib go Cósta.

Is féidir leis na hacmhainní uisce seo cur le forbairt “Glasbhealaí” ar coincheap é chun deiseanna turasóireachta a bhaineann le huiscebhealaí a leathnú. Féachfaidh an Chomhairle le gormbhealaí a chur chun cinn sa chathair ar mhaithe leis an daonra turasóireachta agus cónaithe. Go háirithe, d’fhéadfadh forbairt Ghormbhealach Mhór an Iarthair ar an Abhainn agus Loch Coirib a éascaíonn gníomhaíochtaí mar cadhcáil, curachóireacht, rámhaíocht, slatiascaireacht agus bádóireacht ar bhealach inbhuanaithe, feabhas a chur ar thaitneamhacht agus turasóireacht na cathrach.

| Beartas 5.3 Spásanna Gorma: Cósta, Canálacha agus Uiscebhealaí | |
|---|---|
| 1. | Sláine an chomhshaoil cois cósta agus uiscebhealaí a chosaint agus a chothabháil trí thionchair shuntasacha a sheachaint agus riachtanais na gcomhlachtaí reachtúla, reachtaíochta agus chaighdeáin náisiúnta agus Eorpacha a chomhlíonadh. |
| 2. | Limistéir chaomhantais nádúrtha a chaomhnú agus a chosaint laistigh den limistéar cósta agus feadh uiscebhealaí agus a chinntiú go gcoimeádtar raon agus cáilíocht na ngnáthóg lena mbaineann agus raon agus daonraí na speiceas. |
| 3. | An fhéidearthacht áineasa agus taitneamhachta uiscebhealaí agus ceantar cósta na cathrach a fhorbairt agus a fheabhsú, gan cur isteach ar thábhacht éiceolaíoch na gceantar seo. |
| 4. | Iniúchadh a dhéanamh ar acmhainn uisce fhairsing sa chathair d'fhonn iniúchadh a dhéanamh ar na háiteanna ar féidir rochtain agus taitneamh poiblí a fheabhsú agus cén áit ar féidir úsáidí féideartha inbhuanaithe agus caitheamh aimsire uiscebhunaithe a fhorbairt chun leasa na cathrach, agus aird a thabhairt ar chaomhnú éiceolaíoch agus ar chúrsaí sábháilteachta. |
| 5. | Tacú le cur chun feidhme mholtaí an Phlean Bainistíochta Abhantraí maidir le cosaint chaighdeán an uisce in uiscí dromchla, screamhuisce agus in uiscí cósta. |
| 6. | A chinntiú go gcloíonn forbairtí agus úsáidí le prionsabail na forbartha inbhuanaithe agus srian a chur ar aon fhorbairt nó úsáid a mbíonn tionchar diúltach aige ar chaighdeán uisce. |
| 7. | Aird a thabhairt ar dhea-chleachtas Eorpach agus náisiúnta agus measúnú á dhéanamh ar fhorbairt i limistéir chósta nó in aice leo ar dócha go mbeidh tionchar suntasach aige ar shláine, sainithe ag struchtúr agus feidhm, aon láithreán ainmnithe Eorpach, fána agus flora cósta agus muirí atá faoi chosaint. |
| 8. | Caomhnú chonair na canála a chinntiú agus a éileamh go mbaineann forbairtí atá taobh leis an gcanáil le comhthéacs na timpeallachta in aice láimhe agus go gcuirfidh siad leis an taitneamhacht iomlán, agus go ndéanfaidís na féidearthachtaí maidir le deiseanna rochtana poiblí a fhiosrú. |
| 9. | Oibriú le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear IW, OOP, EPA, Iascach Intíre agus Iontaobhas Loingseoireachta na Coiribe i mbainistíocht na gcóras abhann agus canálacha. |
| 10. | Úsáidí a spreagadh a éascóidh caomhnú na hoidhreachta seandálaíochta tionsclaíochta d'fhoirgnimh mhuilinn, trádstórais agus gnéithe gaolmhara. |
| 11. | Cinntiú nach mbíonn drochthionchar ag forbairtí atá suite in aice le hAbhainn na Gaillimhe ar loingseoireacht shábháilte agus inrochtana na habhann. |
| 12. | A chinntiú go gcosnaítear Abhainn na Gaillimhe mar Abhainn Salmainide, nuair is cuí. |
| 13. | Srian a chur ar shuíomh struchtúr seachas struchtúir a bhfuil naisc riachtanacha acu leis an uiscebhealach agus le fóntais phoiblí laistigh de 10 méadar d'Abhainn na Gaillimhe i dtailte criosaithe talmhaíochta G. |
| 14. | Éascú a dhéanamh ar chosaint tuilte inbhuanaithe agus oibreacha cosanta cósta chun tuilte agus creimeadh cósta a chosc, faoi réir breithnithe comhshaoil agus amhairc mar a threoraíonn tionscadal Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe Coirib go Cósta. |
| 15. | Baint amach Stádas Trá na Brait Ghoirm a choinneáil agus a leathnú i gcomhar le hUisce Éireann (IW). |
| 16. | A chinntiú go ndéanfar aon fhorbairt laistigh den timpeallacht uisceach i gcomhairle le comhlachtaí forordaithe agus go gcloítear lena dtreoirlínte. |
| 17. | Criosanna bruachánacha neamhfhorbartha agus tuilemhánna nádúrtha feadh Abhainn na Gaillimhe agus a craobh-aibhneacha a chosaint agus a chothabháil, nuair is féidir. |
| 18. | A chinntiú nach mbíonn drochthionchar suntasach ag forbairt, nach féidir a mhaolú go sásúil, ar speicis chosanta. |

| | |
|---|---|
| 19. | Féachfaidh an Chomhairle le limistéir iascaireachta cladaigh a ainmniú ag láithreacha cuí sa chathair. |
| 20. | Torthaí na straitéise atá ag teacht chun cinn don chomhshaol mara atá leagtha amach sa reachtaíocht um Pleanáil agus Bainistíocht Forbartha Mara atá le teacht a chur chun feidhme. |


## 5.6 Spásanna Glasa

San áireamh sna spásanna glasa sa chathair tá raon páirceanna, spásanna poiblí agus coillearnacha. Is acmhainn thábhachtach iad spásanna glasa uirbeacha do phobail a sholáthraíonn áineas éighníomhach agus gníomhach. I measc cuid de na páirceanna cathrach is mó tá láithreáin chosanta a thacaíonn le gnáthóga agus speicis thábhachtacha. Le spásanna glasa, cruthaítear féiniúlacht na gcomharsanachtaí freisin agus cuirtear braistint áite ar fáil.  Is féidir leo cáilíocht beatha daoine a fheabhsú agus tacú le meabhairshláinte agus folláine fhisiceach agus spás ciúin, spás le haghaidh idirghníomhaithe sóisialta agus spás súgartha a sholáthar. Cuireann siad le hathléimneacht aeráide trína n-éifeachtaí ar theas uirbeach a dhiúltú, trí astaíochtaí gás ceaptha teasa a fhritháireamh agus trí uisce dromchla a mhaolú.

Bunaíodh ordlathas páirceanna sa chathair a fhorbairt faoin *RAIBH* (féach figiúr 5.3). Moladh anseo go n-ullmhófaí máistirphleananna páirceanna le béim ar leith ar ghnéithe cáilíochtúla na bpáirceanna a fheabhsú, ilfheidhmíocht a chur chun cinn agus luach oidhreachta nádúrtha gach páirce a chur san áireamh. Tá roinnt de na máistirphleananna seo ullmhaithe agus leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh lena gcur chun feidhme. Déanfar dul chun cinn le hullmhú na máistirphleananna do chomhardú na bpáirceanna le linn thréimhse an phlean seo.

Is comhthionscnamh de chuid na Comhairle Cathrach agus pobail é Spásanna Glasa Sláintiúla (HGS) a bhfuil sé mar aidhm aige feabhas a chur ar chaighdeán na spásanna glasa sa chathair. Is é aidhm an HGS a chinntiú go bhfuil spásanna glasa tarraingteach agus sábháilte, go gcuirtear le bithéagsúlacht, go dtacóidh siad le pailneoirí, le hoiriúnú aeráide, le ceapadh carbóin san fhadtéarma agus le dramhaíl a laghdú. Áirítear sa tionscnamh gealltanas deireadh a chur le húsáid lotnaidicídí agus ceimiceán díobhálach, úsáid a bhaint as modhanna cothaithe ithreach orgánacha, glacadh le straitéis náid dramhaíola a ionchorpraíonn múiríniú agus bainistiú gearrtha féir. Mar chomhpháirtí sa Phlean Uile-Éireann um Phailineoirí, cuireann an Chomhairle Cathrach bearta i bhfeidhm a fheabhsaíonn an pailniú, ina measc seo tá tionscnaimh No Mow i spásanna oscailte, plandú atá oiriúnach do phailneoirí agus plandáil bláthanna fiáine dúchasacha.

**Figiúr 5.3: Ordlathas na bPáirceanna agus sa chathair**




Tá ról tábhachtach ag ithir lena n-áirítear táirgeadh bia, draenáil uisce dromchla agus bainistíocht tuilte. Tacaíonn sé le héiceachórais nádúrtha agus bithéagsúlacht agus cuireann sé stóráil charbóin ar fáil. Tá ithir i mbaol éillithe, balctha agus creimthe ag gaoth agus uisce. Trí limistéir spáis oscailte, gairdíní/ cuibhrinn pobail, bonneagar glas agus feabhsú bithéagsúlachta laistigh den ghréasán glas a choinneáil, a fheabhsú agus a chruthú, spreagfaidh an Chomhairle struchtúr agus riocht maith ithreach.

## 5.6.1 Páirceanna Coillearnaí Uirbeacha agus Crainn

Is áiseanna tábhachtacha áineasa agus gnéithe nádúrtha sa chathair iad páirceanna coillearnaí uirbeacha agus crainn. Cuireann na sócmhainní nádúrtha seo le sláinte agus folláine an phobail. Feabhsaíonn coillearnach agus crainn cáilíocht aeistéitiúil an tírdhreacha, cuireann siad gnáthóga luachmhara ar fáil don fhiadhúlra, cuireann siad le ceapadh agus stóráil carbóin, feabhsaítear cáilíocht an aeir agus laghdaítear tionchar an torainn. Cruthaíonn coillearnacha, crainn, clampaí crann agus fálta sceach conairí tábhachtacha éiceolaíochta agus clocha cora a fheabhsaíonn bithéagsúlacht sa timpeallacht uirbeach agus ní mór luach a chur orthu agus iad a chosaint. Cosnóidh an Chomhairle, nuair is féidir, crainn, coillearnacha agus fálta sceach a bhfuil luach speisialta taitneamhachta nó comhshaoil ag baint leo. Oibreoidh an Chomhairle le páirtithe leasmhara ar nós Cairde Choill Mhuirlinne agus coiste Pháirc Foraoise Thír Oileáin chun na háiseanna luachmhara seo laistigh den chathair a chosaint agus a fheabhsú. Ullmhófar Straitéis Cur Crann don chathair a dhéanfaidh soláthar do phlandáil, cosaint agus cothabháil fadtéarmach crann, fálta sceach agus coillearnacha. Roimh seo, leanfaidh an Chomhairle lena clár plandála crann, go háirithe laistigh de limistéir taitneamhachta poiblí. Beidh gá freisin le crainn a chur laistigh d'fhorbairtí mar chuid de phlean tírdhreachaithe foriomlán.

| Beartas 5.4 Spásanna Glasa: Coillearnacha Uirbeacha agus Crainn | |
|---|---|
| 1. | Coillearnacha faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a bhainistiú agus a fhorbairt le haghaidh úsáid oidhreachta nádúrtha, áineasa agus taitneamhachta, lena n-áirítear Páirc Foraoise Thír Oileáin, Coill Pháirc Mhuirlinne agus Coill Bhearna/Páirc Chathrach Loch an Roisín. |
| 2. | Orduithe Caomhnaithe Crann a dhéanamh do chrainn aonair nó grúpaí crann laistigh den chathair, nuair is cuí. |
| 3. | Crainn agus fálta sceach atá ann cheana a chomhtháthú ar shuímh forbartha nuair is cuí agus plandáil crann a cheangal, mar chuid de scéimeanna tírdhreachtaithe le haghaidh forbairtí nua. |
| 4. | Leanúint ar aghaidh le comhpháirtíochtaí a chur chun cinn leis an bpobal maidir le bainistiú agus feabhsú na bithéagsúlachta i spásanna oscailte áitiúla, trí scéimeanna cosúil le Gradaim an Bhrait Ghlais. |

## 5.7 Spásanna Pobail

Soláthraíonn gnéithe den ghréasán glas taitneamhacht luachmhar agus buntáistí gaolmhara maidir le maireachtáil shláintiúil agus stíl mhaireachtála don phobal. Ceadaíonn na 'spásanna pobail' seo rochtain ar an timpeallacht nádúrtha, spreagann siad idirghníomhú sóisialta agus cuireann siad naisc fheidhmiúla ar fáil idir spásanna agus áiseanna eile. I measc na spásanna pobail tá féarbhealaí, áiteanna súgartha do leanaí, radhairc chosanta a bhfuil luach speisialta taitneamhachta ag baint leo, cuibhrinn, gairdíní pobail agus reiligí.

### 5.7.1 Féarbhealaí, Bóithríní agus Cearta Slí Poiblí

Leagtar amach sa phlean líonra comhtháite féarbhealaí sa chathair. Déantar soláthar d'fhéarbhealaí tríd an GTS. Is bealaí iad seo atá deighilte ón mbóthar agus a chuirtear in áirithe do choisithe agus rothaithe amháin. Chomh maith leis na bealaí seo, áirítear sa líonra féarbhealaí freisin bealaí agus conairí nach bhfuil chomh foirmiúil céanna a chuirtear ar fáil laistigh de limistéir thaitneamhachta agus nach mbíonn an caighdeán céanna inrochtaineachta acu. Tá na féarbhealaí seo níos simplí i ndearadh agus is féidir iad a chomhtháthú leis an dúlra chun deiseanna áineasa a fheabhsú agus chun tacú le maireachtáil shláintiúil agus ghníomhach. Féadfaidh siad ról tábhachtach a bheith acu freisin i gcaomhnú an dúlra agus feabhas a chur ar líonra na gconairí éiceolaíochta a nascann gnáthóga, trí shuíomh, dearadh agus cothabháil íogair. Tá gá le cur chuige comhtháite chun ábhair agus gnéithe cuí dromchla a ionchorprú ar nós fálta sceach, ciumhaiseanna féir, speicis bláthanna fiáine dúchasacha agus ballaí cloiche ar gnéithe bunúsacha tírdhreacha iad feadh féarbhealaigh. Tá gá le cothabháil agus bainistíocht chuí freisin.

Tá roinnt tionscadal féarbhealaí molta sa chathair agus tá an cumas ag cuid acu nascadh isteach leis an ngréasán náisiúnta féarbhealaí níos leithne. Tá an tionscadal Rotharbhealaigh ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath críochnaithe go páirteach agus tá an roghnú bealaigh don chuid ó Áth Luain go Gaillimh ar siúl. Beidh sé mar chuid de líonra EuroVelo de chonairí rothaíochta fadraoin san Eoraip. Tá féarbhealach idir Cathair na Gaillimhe agus an Clochán, Glasbhealach Chonamara, ar siúl freisin, a thrasnóidh trí champas OÉ Gaillimh agus ar aghaidh go Uachtar Ard.

Aithnítear sa phlean go bhféadfadh go mbeadh gá le féarbhealaí a shrianadh nó a atreorú chuig ceantair nach bhfuil chomh híogair sin chun limistéir íogair éiceolaíochta a chaomhnú agus a chosaint. Maidir leis seo, is bealaí táscacha amháin iad na bhféarbhealaí molta ar léarscáileanna an Phlean Forbartha a théann leis seo. Beidh féarbhealaí molta faoi réir próiseas roghnaithe bealaigh, a thabharfaidh aird ar chúinsí a bhaineann go sonrach leis an suíomh lena n-áirítear íogaireachtaí éiceolaíochta agus comhshaoil a mheas. Ní dhéanfar bealaí den sórt sin a fhorbairt laistigh de agus in aice le Láithreáin Eorpacha, ach amháin nuair is féidir a thaispeáint nach

mbeidh aon drochthionchar ar shláine na láithreán mar atá sainmhínithe ag a gcuspóirí caomhnaithe.

Laistigh den chathair tá deiseanna chun an líonra de bhóithríní a fheabhsú mar acmhainn áineasa agus taitneamhachta. I gcomhar le pobail, tacóidh an Chomhairle le húsáid an líonra seo chun stíleanna maireachtála sláintiúla a spreagadh agus chun nascacht a fheabhsú.

Tá deiseanna ann freisin chun tréscaoilteacht a fheabhsú idir comharsanachtaí agus seirbhísí áitiúla agus laistigh díobh agus chun feabhas a chur ar naisc reatha ar cearta slí poiblí iad. Is é beartas na Comhairle na cearta slí poiblí atá ann cheana a chaomhnú ar mhaithe leis an leas coiteann. Féachfaidh an Chomhairle le cearta slí nua a chruthú nuair is gá ar chúiseanna áise nó taitneamhachta do choisithe agus freisin chun cur leis na cearta slí poiblí atá ann cheana, nuair is cuí. Más rud é, ar mhaithe le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe, go mbeidh sé fóirsteanach ceart slí atá ann cheana a chur in éag, féadfaidh an Chomhairle a éileamh go soláthrófar rogha eile oiriúnach. Tá tús curtha le fardal a thiomsú de chearta slí seanbhunaithe sa chathair. Ar mhaithe leis an tionscadal dinimiciúil seo a choinneáil, déanfar é a óstáil ar shuíomh Gréasáin na Comhairle agus cuirfear i bhfeidhm cur chuige dea-chleachtais mar a leagadh béim air sa taighde ó Oifig an Rialtóra Phoiblí (OPR) le déanaí.

| **Beartas 5.5 Spásanna Pobail: Féarbhealaí, Bóithríní agus Cearta Slí Poiblí** | |
|---|---|
| 1. | Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag feabhsú gréasán féarbhealaí na cathrach, ag soláthar bealaí eile inrochtana do choisithe agus rothaithe, chun taitneamh a bhaint as an bpobal ar fad. |
| 2. | Féarbhealach cósta straitéiseach a fhorbairt ar fud na cathrach ón oirthear go dtí an iarthar a nascann siúlbhealaí cois abhann, agus aird chuí á tabhairt ar chúrsaí caomhnaithe dúlra. |
| 3. | Féarbhealaí nasctha ón gcathair go dtí an ceantar contae a éascú go háirithe go Bearna, Órán Mór agus Maigh Cuillinn mar atá aitheanta i Straitéis Iompair na Gaillimhe agus imscrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal do nasc breise le ceantar Thóin na Brocaí. |
| 4. | Tacú le húsáid bhóithríní sa chathair le haghaidh caitheamh aimsire éighníomhach, taisteal gníomhach agus chun nasc leis an ngréasán glas a chur chun cinn. |
| 5. | Rochtain rialaithe agus naisc a sholáthar isteach i ngach páirc/spás oscailte poiblí, limistéir oidhreachta nádúrtha, lena n-áirítear feadh uiscebhealaí, áit ar féidir a léiriú nach mbeidh aon drochthionchar ar shláine láithreán Eorpach. |
| 6. | A chinntiú go bhfuil bithéagsúlacht agus glasú ionchorpraithe i ngach féarbhealach, rotharbhealach leithscartha agus cosán nuair is cuí agus a chinntiú go dtógtar cosáin agus struchtúir as ábhair oiriúnacha a chuireann le haeistéitic, inbhuanaitheacht agus sábháilteacht. |
| 7. | Cearta slí poiblí inrochtana agus sábháilte a chruthú, a fheabhsú agus a chothabháil, nuair is cuí d'áisiúlacht coisithe, lena n-áirítear soilsiú poiblí nuair is cuí. |
| 8. | Bealaí siúlóide agus rothaíochta atá sábháilte agus áisiúil a chur chun cinn agus a éascú trí bheartas úsáide talún agus trí chur i bhfeidhm na mbeart atá leagtha amach i Straitéis Iompair na Gaillimhe. |

## 5.7.2 Cathair ina dTacaítear le Leanaí

Forbraíodh an coincheap de Chathair ina dTacaítear le Leanaí sa bhliain 2000 chun riachtanais leanaí a mheas agus chun sráideanna sábháilte agus limistéir súgartha a chur chun cinn, timpeallacht ghlan ar ardchaighdeán le spásanna oscailte glasa, agus chun rannpháirtíocht leanaí in imeachtaí cultúrtha agus sóisialta a spreagadh mar shaoránaigh chomhionanna na cathrach. I *nGaillimh mar Chathair ina dTacaítear le Leanaí*(2000) agus i mbeartais ina dhiaidh sin sa *RANS*

bunaíodh cur chuige geografach agus ordlathach maidir le soláthar áiteanna súgartha sa chathair, ó limistéir súgartha neamhfhoirmiúla agus spásanna oscailte i limistéir chónaithe go saoráidí súgartha feistithe i gcomharsanacht. Chuir siad bonn eolais faoi leathnú líonra áiteanna súgartha, páirceanna scátála, limistéir ilúsáide cluiche agus áiseanna do leanaí níos sine/déagóirí sa chathair. Tacaíonn an Chomhairle le ceart an linbh chun súgartha trí áiteanna súgartha uileghabhálacha, nádúrtha agus tógtha a sholáthar. I bhfabhar cathrach ina dtacaítear le leanaí, tá bearta eile san áireamh sa Phlean Forbartha seo, mar fhorbairt criosanna baile d'fhonn timpeallacht mhaireachtála shábháilte agus ardchaighdeáin a sholáthar le haghaidh súgartha, ceansú tráchta agus bunú an choincheapa maidir le bealaí sábháilte chun na scoile a bheith ann lena n-áirítear tionscnaimh ar nós 'páirceáil agus siúl' agus criosanna scoile.

| **Beartas 5.6 Spásanna Pobail: Cathair ina dTacaítear le Leanaí** | |
|---|---|
| 1. | Gaillimh a fheabhsú agus a chur chun cinn mar 'Cathair ina dTacaítear le Leanaí' a chabhróidh le leanaí a dtimpeallacht a thuiscint agus a mhothú slán agus a spreagfaidh iad chun taithí a fháil ar agus meas a bheith acu ar oidhreacht nádúrtha na cathrach. |
| 2. | Tacú le ceart an linbh chun súgartha trína chinntiú go gcruthófar agus go gcoimeádtar áiteanna súgartha cuimsitheacha, nádúrtha agus tógtha laistigh de gach pobal. |
| 3. | Limistéir súgartha atá ann cheana a chothabháil agus a fheabhsú agus áiteanna súgartha nua, inrochtana agus sábháilte a sholáthar do chách de réir thiomantas na Comhairle do Dhearbhú Barcelona, beartais i ndáil le Cuimsiú Sóisialta, an Staidéar ar Riachtanais Áineasa agus Taitneamhachta, agus aon straitéisí ina dhiaidh sin lena n-áirítear Straitéis an Spáis Ghlais atá le teacht. |
| 4. | Leanúint ar aghaidh ag feabhsú agus ag forbairt áiseanna clóis súgartha mar atá leagtha amach i Staidéar ar Riachtanais Áineasa agus Conláiste na Comhairle. |
| 5. | Feabhas a chur ar sholáthar áiseanna do leanaí níos sine agus do dhéagóirí laistigh den chathair, lena n-áirítear limistéir chlár scátála, scáthláin do dhéagóirí, ballaí liathróide agus Limistéir Ilúsáide Cluichí (MUGA). |

### 5.7.3 Radhairc a bhfuil Luach Taitneamhachta Speisialta ag baint leo

Tá radhairc laistigh de thírdhreach na cathrach, a dteastaíonn cosaint speisialta uathu mar gheall ar a dtaitneamhacht shainiúil scéimhe, luach aeistéitiúil nó cultúrtha nó suíomh stairiúil. Sainmhíníonn radharcanna ar luach taitneamhachta sárscéimhe carachtar na cathrach, cothaíonn siad braistint láidir áite agus cuireann siad go mór le taitneamhachtaí áitiúla. I measc na radharcanna tábhachtacha sa chathair tá radhairc lánléargais a cheadaíonn radhairc fhairsing ar thírdhreach sárscéimhe, thar an gcathair-dhreach agus ar phríomhfhoirgnimh shainchomhartha agus radhairc líneacha ar radhairc iad ar thírdhreach ar leith, a fheictear ó phointe ar leith. Cuid lárnach d'eispéireas na cathrach is ea taitneamh a bhaineann an pobal agus cuairteoirí as radhairc chosanta. Aithnítear nach nithe seasta iad radhairc agus is féidir roinnt athruithe ar radharc a ionsú gan sláine an radhairc a dhímheas ó thaobh amhairc de agus i gcásanna áirithe cuireann siad go dearfach le saintréithe agus comhdhéanamh radharc cosanta, agus is féidir le hathruithe eile tionchar diúltach a bheith acu ar eispéireas an dearcadh sin a laghdú, gan aon dul siar air. Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí molta, atá suite laistigh den tulra, sa mheántalamh nó i gcúlra radhairc chosanta, i gcomhthéacs a scála, a ndearaidh agus a suíomh.

**Tábla 5.9: Radhairc chosanta**

| | |
|---|---|
| **Radhairc Chosanta Lánléargais** | |
| **V.1** | **Radhairc lánléargais ar an gcathair agus ar Abhainn na Gaillimhe ón gCuarbhóthar.** |
| **V.2** | **Radhairc ó Bhóthar na Díge agus ó Bhóthar Chúil Each ina gcuimsítear Abhainn na Gaillimhe agus eanach an Chúil Each.** |
| **V.3** | **Radhairc mhuirdhreacha ar Loch an tSáile ó Bhóthar Loch an tSáile, Bóthar an Choláiste, Bóthar Bhaile Átha Cliath agus Céide Chois Locha.** |
| **V.4** | **Radhairc mhuirdhreacha ar Chuan na Gaillimhe ó Bhóthar Grattan, Rinn na Mara, Promanád Bhóthar na Trá agus bóthar an chósta go teorainn thiar an chúrsa gailf.** |
| **V.5** | **Radhairc mhuirdhreacha ina gcuimsítear Loch an Roisín lena n-áirítear cuid de Chnoc an Bhlácaigh, codanna de Bhóthar Chnoc na Cathrach, codanna de Bhóthar Bhearna ó Chnoc na Cathrach go teorainn na cathrach agus an bóthar chuig Trá na gCeann san áireamh.** |
| **V.6** | **Radhairc lánléargais den chathair, agus Gleann Thír Oileáin ó chodanna de Bhóthar an Chaisleáin Ghearr-Baile an Dúlaigh.** |
| **V.7** | **Radhairc ina gcuimsítear Loch Coirib ó chodanna de Bhóthar an Chairéil agus de Bhóthar an Leachta.** |
| **V.8** | **Radhairc mhuirdhreacha ar Chuan na Gaillimhe ón Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath go teorainn na cathrach.** |
| **V.9** | **Radhairc i dtreo na farraige ag Ros Cam.** |
| **Radhairc Líneacha faoi Chosaint** | |
| **V.1** | **Radhairc ón mBóthar Gaillimh-Maigh Cuilinn (N59) d'Abhainn na Gaillimhe.** |
| **V.2** | **Radhairc ó Chois Uisce ar Abhainn na Gaillimhe.** |
| **V.3** | **Radhairc mhuirdhreacha de Chuan na Gaillimhe ó Bhóthar Bhaile an Rí.** |
| **V.4** | **Radhairc mhuirdhreacha ar Chuan na Gaillimhe ag Baile an Locháin ó dheas den droichead iarnróid.** |
| **V.5** | **Radhairc ó thuaidh ina gcuimsítear Abhainn na Gaillimhe agus tailte tadhlach ó Dhroichead na gCúig Céad.** |
| **V.6** | **Radhairc i dtreo Chuan na Gaillimhe ó Chéide na Sceiche Gile, An Rinn Mhór.** |
| **V.7** | **Radhairc ó Bhóthar Dhroichead na Cúig Céad ó dheas thar Pháirc Foraoise Thír Oileáin agus Abhainn na Gaillimhe.** |
| **V.8** | **Radhairc mhuirdhreacha ón tSiúlóid Mhíleata, An Rinn Mhór.** |
| **V.9** | **Radhairc i dtreo Abhainn na Gaillimhe ó acomhal Phlás Bhríde le hArdán Bhríde.** |
| **V.10** | **Radhairc ina gcuimsítear Loch Bhaile an Dúlaigh ó chodanna de Bhóthar Áth Cinn.** |

| **Beartas 5.7 Spásanna Pobail: Radhairc Chosanta a bhfuil Luach Taitneamhachta Speisialta ag baint leo** | |
|---|---|
| 1. | Radhairc lena mbaineann luach taitneamhachta speisialta agus spéis a chuireann go mór le taitneamhacht amhairc agus carachtar na cathrach a chosaint trí fhorbairt mhíchuí a rialú. |
| 2. | A cheangal ar scéimeanna tírdhreachtaithe mar chuid d'iarratais phleanála aird a thabhairt ar radhairc den sórt sin agus teorainn a chur le haon phlandú a d'fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith aige ar luach radhairc chosanta. |

### 5.7.4 Cuibhrinn, Gairdíní Pobail agus Reiligí

Tá cuibhrinn agus gairdíní pobail inghlactha ar roinnt criosanna úsáide talún. Tacaíonn siad le bithéagsúlacht agus spreagann siad neamhthuilleamaíocht, maireachtáil shláintiúil agus cruthaíonn siad spásanna a chuidíonn le pobail a thabhairt le chéile. Áirítear ar spásanna pobail freisin reiligí, a sholáthraíonn áiteanna tábhachtacha le haghaidh machnaimh chiúin i dtimpeallacht na cathrach, agus a thacaíonn go minic le bithéagsúlacht agus oidhreacht chultúrtha.. I bhfianaise acmhainn laghdaithe na reiligí atá ann cheana féin agus d'fhonn ailíniú le spriocanna fáis, déanfaidh an Chomhairle dul chun cinn maidir le haithint agus forbairt láithreán reilige oiriúnach chun freastal ar an gcathair.

| Beartas 5.8 Spásanna Pobail: Cuibhrinn, Gairdíní Pobail agus Reiligí | |
|---|---|
| 1. | Leanúint ar aghaidh ag soláthar agus ag éascú cuibhrinn agus gairdíní pobail sa chathair faoi réir fhaomhadh na Comhairle. |
| 2. | Reiligí reatha a chothabháil agus suíomh(anna) reilige cathrach nua a sholáthar sa chathair nó ina bpurláin agus cur chuige maidir le dearadh reilige le béim ar thírdhreachú agus ar thaitneamhachtaí nádúrtha a ghlacadh. |

## 5.8 Spásanna Oscailte



Áirítear ar spásanna oscailte sa chathair spásanna oscailte uirbeacha, spás oscailte cónaithe, tráchtála agus tionsclaíochta, spás oscailte institiúideach, tailte criosaithe áineasa agus taitneamhachta agus tailte talmhaíochta agus ardtaitneamhachta. Is gnéithe tábhachtacha iad na spásanna seo i réimse poiblí na cathrach agus tá ról ríthábhachtach acu maidir le híomhá na cathrach a shainmhíniú trí dhul i bhfeidhm ar an dearcadh ar cheantar agus ómós áite a chothú. De bharr na spásanna seo agus a suíomhanna laistigh den tírdhreach uirbeach, bíonn suíomhanna tarraingteach d'infheistíocht isteach agus do ghnó. Cuidíonn siad freisin le hathléimneacht aeráide agus cuireann siad le bithéagsúlacht chomhshaol na cathrach. Athraíonn feidhm na spásanna oscailte seo ar fud na cathrach, is áiteanna cruinnithe agus tionóil iad go leor acu, ina gcuirtear spásanna ar fáil le haghaidh idirghníomhaithe sóisialta agus imeachtaí, agus tá ról caitheamh aimsire éighníomhach agus gníomhach ag spásanna oscailte eile. Tá oidhreacht chultúrtha agus stairiúil thábhachtach ag go leor spásanna cathartha agus uirbeacha sa chathair, cosúil leis an bhFaiche Mhór agus Margadh an Éisc. Mar gheall ar ghné ilfheidhmeach na spásanna oscailte seo, tá go leor beartas i gcodanna eile den Phlean seo mar bhonn eolais d'fhorbairt agus do bhainistiú spásanna oscailte seanbhunaithe agus nua laistigh den líonra glas. Chomh maith leis sin tugann Straitéis Ríochta Poiblí na Gaillimhe beartas agus treoir chuimsitheach ina leith seo agus cuirfear roinnt príomhthionscadal chun spásanna nua a chruthú agus spásanna atá ann cheana atá comhtháite leis an GTS a athnuachan, chun cinn le linn thréimhse an phlean agus cuirfear maoiniú URDF leis.

| Beartas 5.9 Spásanna Oscailte: Ríocht Phoiblí |
|---|
| Straitéis na Ríochta Poiblí a chur chun feidhme don ríocht phoiblí a chuidíonn le cruthú agus cothabháil spásanna oscailte ardchaighdeáin agus rathúla. |

## 5.9 Tailte Talmhaíochta

Úsáidtear tailte talmhaíochta le haghaidh talmhaíochta agus táirgeadh bia. Tá luach tábhachtach caitheamh aimsire, taitneamhachta agus bithéagsúlachta acu freisin agus is féidir leo tacú le hoiriúnú agus le maolú aeráide trí réitigh atá bunaithe ar an dúlra a chur i bhfeidhm agus gníomhú mar linnte carbóin agus tuilemhánna. Is cuid iad freisin den suíomh nádúrtha uathúil, a sholáthraíonn cúlra don timpeallacht thógtha agus a chomhlíonann feidhm an chreasa ghlais. Is féidir leo tionscadail straitéiseacha a éascú freisin inar féidir an tionchar ar an bpobal a íoslaghdú. San fhadtéarma féadfaidh siad feidhmiú freisin mar acmhainn le haghaidh leathnaithe straitéisigh na cathrach amach anseo.

Tagann tailte talmhaíochta faoi dhá chatagóir criosaithe sa phlean – Limistéir Thalmhaíochta A agus G. Is é an cuspóir criosaithe G ná tailte, chomh maith le húsáidí talmhaíochta a bhfuil luach tírdhreacha agus aeistéitiúil tábhachtach acu, a dhéanann iad a idirdhealú ó thailte talmhaíochta criosaithe A nach bhfuil chomh íogair ó thaobh amhairc de. Tá forbairt i gcrios úsáide talún G níos sriantaí ná mar atá i gcrios úsáide talún A. Is é beartas na Comhairle do chriosanna talmhaíochta ná úsáid leanúnach na dtailte seo chun críocha talmhaíochta agus forbairt theoranta a éascú, faoi réir cosaint suíomhanna éiceolaíochta ainmnithe, breithnithe comhshaoil agus rialú a dhéanamh ar fhorbairt neamhthalmhaíochta.

Féadfar cineál teoranta forbartha cónaithe a mheas i limistéir chriosaithe A. Mar sin féin, mura suitear cás cinnte de riachtanais, ní bhreithneofar toiliú le haghaidh teaghaisí ach amháin do na garghaolta (i.e. mic agus iníonacha, garpháistí, neachtanna agus nianna) de dhaoine ar úinéirí tí iad agus a bhfuil cónaí orthu sa gharchomharsanacht agus d’fheirmeoirí agus a ngarghaolta. I ngach cás is féidir coinníollacha maidir le cead a dheonú a chur i bhfeidhm maidir le háitíocht tosaigh. Ní bheidh a leithéid d’fhorbairtí cónaithe oscailte lena mbreithniú sa chás go bhfuil suíomhanna malartacha oiriúnacha faoi smacht na n-iarratasóirí nó a ngaolta agus ar fáil ar thailte atá criosaithe le haghaidh forbartha laistigh de limistéar na Comhairle Cathrach. Leagtar amach caighdeáin le haghaidh forbairtí den sórt sin i **gCaibidil 11, Alt 11.12.** Ceadófar **Caitheamh aimsire amuigh faoin aer** le struchtúir ghaolmhara ar scála beag i dtailte criosaithe A agus G, ach amháin nuair nach bhfuil suíomhanna oiriúnacha eile ar fáil ar thailte atá criosaithe le haghaidh forbartha laistigh den chathair. Sna ceantair seo, ina gceadaítear struchtúir, ba cheart íogaireacht an tírdhreacha agus cáilíocht an chomhshaoil a léiriú sa suíomh agus sa dearadh.

| Beartas 5.10 Spásanna Oscailte: Tailte Talmhaíochta | |
|---|---|
| 1. | Gníomhaíochtaí talmhaíochta inbhuanaithe a spreagadh, carachtar tuaithe na dtailte seo a chosaint agus, nuair is cuí, soláthar a dhéanamh do dheiseanna áineasa/taitneamhachta inbhuanaithe. |
| 2. | Cosc a chur ar fhorbairtí a d’fhéadfadh truailliú comhshaoil nó díobháil a dhéanamh do thaitneamhachtaí ginearálta. |
| 3. | A chinntiú go gcloíonn forbairt talmhaíochta leis na bearta atá leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021 agus sa dréacht-Phlean Bainistíochta Abhantraí 2022-2027 atá le teacht agus i bpleananna don todhchaí. |
| 4. | Soláthar a dhéanamh d’fhorbairt theoranta cónaithe ar thailte talmhaíochta criosaithe A. |

| | |
|---|---|
| 5. | Srian a chur ar shuíomh struchtúir seachas struchtúir a bhfuil naisc riachtanacha acu leis an uiscebhealach, laistigh de dheich méadar d'Abhainn na Gaillimhe, i dtailte criosaithe G. |

## 5.10 Cuspóirí Sonracha

| **Cuspóirí Sonracha** | |
|---|---|
| **Spásanna Gorma** | |
| **Gearrthéarmach** | |
| 1. | Máistirphlean a ullmhú do Loch an tSáile agus Murlach na Rinne Móire a chuimseoidh uasghrádú na páirce taitneamhachta, cosáin, limistéir éiceolaíochta agus forbairt caitheamh aimsire uiscebhunaithe, mar chuid de ghréasán cosán cósta níos leithne. |
| 2. | Tacú le forbairt Ghormbhealach Mhór an Iarthair ar Abhainn na Gaillimhe agus Loch Coirib i gcomhar le Fáilte Éireann. |
| 3. | Iniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthacht tionscadail athchóirithe do na linnte taoide ag Bóthar na Trá agus féidearthacht theicniúil, maoiniú, bainistíocht agus cothabháil, sábháilteacht an phobail, cúinsí athraithe aeráide agus tionchair ar an gcomhshaol agus ar láithreáin Eorpacha á gcur san áireamh. |
| **Meántéarmach / Fadtéarmach** | |
| 4. | Iniúchadh a dhéanamh ar shuíomhanna féideartha le haghaidh soláthar bonneagair áineasa uisce-bhunaithe chathrach feadh Abhainn na Gaillimhe agus chóras na gcanáil. |
| 5. | Tús a chur le hullmhú plean bainistíochta caomhnaithe abhann i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha. Áireoidh cuspóir an phlean scrúdú ar na suíomhanna is fearr chun gníomhaíochtaí uisce-bhunaithe a fhorbairt a íoslaghdóidh an tionchar comhshaoil, bithéagsúlachta agus éiceolaíochta. |
| **Spásanna Glasa** | |
| Gearrthéarmach | |
| 6. | Leanúint le hullmhú máistirphleananna do pháirceanna, de réir an Staidéir ar Riachtanais Áineasa agus Taitneamhachta agus nuair a chuirtear Straitéis Spáis Ghlais ina ionad i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara go léir lena n-áirítear Bearna/Páirc Loch an Roisín, Páirc Chathrach Choill Mhuirlinne (Talamh criosaithe RA Dhabhach Uisce) agus Páirc Foraoise Thír Oileáin, Páirc an Chaisleáin, An Baile Bán (tailte criosaithe RA) agus beidh sé mar phríomhchuspóir bainistíochta a n-éagsúlacht bhitheolaíoch a chothabháil agus a fheabhsú. |
| 7. | Straitéis do Phlandáil Crann a ullmhú agus a chur chun feidhme don chathair a dhéanfaidh soláthar do phlandáil, cosaint agus cothabháil fadtéarmach crann, fálta sceach agus coillearnacha. |
| 8. | Plean a ullmhú agus a chur chun feidhme a shainaithníonn codanna oiriúnacha den ghréasán bóithre agus sráideanna chun crainn agus speicis phlandaí atá saibhir ó thaobh bithéagsúlachta a chur. |
| 9. | Leanúint ar aghaidh le bearta a chur chun feidhme chun bithéagsúlacht a mhéadú agus a athchóiriú i spásanna oscailte agus ciumhaiseanna bóthair tríd an tionscnamh bainistithe féir gan baint, agus trí thionscadail phailineoirí ornáideacha cosúil leis an scéim phlandála bolgáin ilbhliantúil. |
| 10. | Máistirphlean a chur i bhfeidhm don Pháirc Theas agus do thailte RA Bhaile an Rí. |
| 11. | Scrúdú a dhéanamh ar an bhféiderthacht do raon reatha lúthchleasaíochta a sholáthar ag Dabhach Uisce i gcomhthéacs na Straitéise um Spáis Ghlas |

| Meántéarmach / Fadtéarmach |
|---|
| 12. Iniúchadh a dhéanamh ar an bpoitéinseal atá ann tailte a fhorbairt cóngarach do Chaisleán Thír Oileáin, Chaisleán Mhuirlinne agus Chaisleán Mhionlaigh don ríocht phoiblí agus do thírdhreachú chun comhthéacs na gCaisleán a fheabhsú. |
| 13. Tacú le hionchorprú dealbhóireacht agus suiteálacha ealaíne i bpáirceanna agus spásanna oscailte, de réir Phlean Ealaíon na Cathrach agus Scéim um 'Chéatadán don Ealaín'. |
| 14. Páirceáil thart ar 30 spás páirceála a choinneáil chun críocha taitneamhachta lastoir de Choill Pháirc Mhuirlinne ag Dabhach Uisce. |
| **Spásanna Pobail** |
| **Gearrthéarmach** |
| 15. Bearta bonneagair ghlais a chur chun feidhme le haghaidh príomhspásanna poiblí mar a shainaithnítear i Straitéis Ríochta Poiblí na Gaillimhe. |
| 16. Áiseanna súgartha trealmhaithe a fhorbairt do leanaí de réir clár bliantúil na Comhairle um chlós súgartha. |
| 17. Measúnú féidearthachta a dhéanamh chun an cineál agus na suíomhanna is fearr a aithint le haghaidh saoráidí imeartha ilchuspóireacha/sintéiseach/tuiltesholais chun áiseanna súgartha don aoisghrúpa 0-6 a áireamh. |
| 18. Measúnú féidearthachta a dhéanamh chun an cineál agus na láithreacha is fearr le haghaidh áiseanna clár scátála nua a aithint ar fud na cathrach mar chuid den Straitéis Spáis Ghlas. |
| 19. Suíomh(anna) reilige cathrach nua a fháil agus a fhorbairt sa chathair nó timpeall na cathrach agus cur chuige maidir le dearadh reilige le béim ar thírdhreachú agus ar thaitneamhachtaí nádúrtha a ghlacadh. |
| 20. Éascú a dhéanamh ar fhéarbhealach cósta atá ann cheana féin agus naisc ó Bhearna go hÓrán Mór i gcomhar leis na bearta féarbhealaí mar a aithníodh i Straitéis Iompair na Gaillimhe lena n-áirítear, más indéanta, nasc a shíneann ó Thrá na gCeann go Sailín. |
| 21. Éascú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Ghlasbhealach Náisiúnta Gaillimh go Baile Átha Cliath agus Glasbhealach Gaillimh go dtí an Clochán. |
| 22. A chinntiú go gcoimeádtar rochtain coisithe ar Inis Caorach chun críocha oidhreachta agus taitneamhachta faoi réir prótacail sábháilteachta |
| 23. An siúlóid cois abhann a leathnú a bhaineann le forbairt an Droichid Coisithe agus Rothaíochta Iarnród an Chlocháin atá molta ag Cois Uisce. |
| 24. Straitéis a ullmhú le haghaidh feabhsaithe fhadtéarmaigh ar phromanáid Bhóthar na Trá. |
| 25. Leanúint ar aghaidh ag tiomsú agus ag athbhreithniú Fardail de chearta slí poiblí reatha sa chathair agus iad a chur ar fáil go poiblí. |
| 26. Lána an Mhuilleora a uasghrádú le haghaidh caitheamh aimsire éighníomhach agus bithéagsúlacht an féarbhealaigh seo a choinneáil agus a fheabhsú. |
| 27. Ionad Pobail/Halla Spóirt a fhorbairt, linn snámha le háiseanna coimhdeacha gaolmhara ar bhonn céimnithe tadhlach agus nasctha leis na seomraí feistis atá ann cheana féin ag Dabhach Uisce ar thailte criosaithe RA. |
| 28. Soláthar a dhéanamh do chuibhrinn/garraí pobail breise sa chathair faoi réir fhaomhadh na Comhairle. |
| **Meántéarmach / Fadtéarmach** |
| 29. Plean timpeallachta taitneamhachta a ullmhú i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe ina n-áirítear na naisc bhealaí glasa mar atá aitheanta i Straitéis Iompair na Gaillimhe agus freastal ar naisc bhreise le ceantar Thóin na Brocaí. |

| | |
|---|---|
| 30. | Déan iniúchadh ar bhealaí glasa chun Páirc Cathrach Choill Mhuirlinne, limistéar LAP Mhuirbhigh ó Bhaile an Locháin agus tailte CLG Liam Ó Maoláin a nascadh le Loch an tSáile laistigh den fhéarbhealach cósta. |
| 31. | Roinnt féarbhealaí laistigh den chathair a fhorbairt, lena n-áirítear:<br>- Siúlóid cósta ag síneadh ó Dhuganna na Gaillimhe go Rinn Ros Cam.<br>- Siúlóid cois abhann feadh taobh thiar Abhainn na Gaillimhe i gcomhar le OÉ Gaillimh chun críoch a chur leis ag an mbóthar rochtana in aice leis an raon reatha a nascann bóthar na Gaillimhe/Maigh Cuilinn ag Daingean le hAbhainn na Gaillimhe.<br>- Siúlóid cois abhann ó bhóthar na Díge go tailte OÉG ar an taobh eile d'Abhainn na Gaillimhe trí Dhroichead Coisithe agus Rothaíochta Iarnróid an Chlocháin atá molta le maoiniú curtha ar fáil faoi Ghlao 2 an URDF.<br>- Siúlóid cois abhann feadh taobh thoir Abhainn na Gaillimhe ó Bhóthar na Díge go dtí an chéibh ag Mionlach. D'fhéadfaí imeacht ón mbealach atá léirithe ar léarscáil an phlean forbartha a cheadú, bainfidh aon ailíniúcháin eile an leas is mó as na tairbhí taitneamhachta.<br>- Siúlóid Cois Abhann feadh an taobh thuaidh d'Abhainn Thír Oileáin/ an Ghainimh ó Bhóthar na Díge go dtí an pointe mar a imíonn sé faoin talamh ag Gleann na Néal ar chúl Pháirc an Ghleann Bhoirne.<br>- Siúlóid cois abhann feadh taobh thiar Abhainn na Gaillimhe ó Dhroichead Uí Bhriain go Droichead Wolfe Tone. |
| 32. | Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht seirbhísí a sholáthar, mar shampla bothanna, leithris phoiblí agus leoraithe bia, i bpáirceanna poiblí agus spásanna oscailte nó gar dóibh agus ar feadh an chósta agus uiscebhealaí. |
| 33. | Uasghrádú a dhéanamh ar thórthaí atá sa chathair cheana féin le haghaidh áineasa éighníomhaí agus chun a luach bithéagsúlachta a fheabhsú agus iniúchadh a dhéanamh nuair is féidir d'úsáid taistil ghníomhaigh. |
| 34. | Tacú le forbairt saoráidí spóirt ar mhórscála sa chathair arna maoiniú faoin gCiste um Áiseanna Spóirt ar Mhórscála. |
| 35. | Tacaíocht a thabhairt do sholáthar saoráide haca le páirc uile-aimsire le dromchla imeartha oiriúnach do haca in iarthar na cathrach agus tacú le soláthar saoráide eile atá oiriúnach do haca in áiteanna eile sa chathair |
| 36. | Tacóidh an Chomhairle le soláthar saoráidí feistis ag páirceanna imeartha sa chathair bunaithe ar mheasúnú ar riachtanas na n-áiseanna sin. Breathnófar ar íosmhéid seomra feistis amháin in aghaidh an Toghcheantair Áitiúil agus tabharfar tosaíocht do Dhabhach Uisce, Páirc an Choill/an Labhrais agus Lána Uí Mhuilleora, i gcomhairle le cónaitheoirí áitiúla agus le clubanna spóirt. |
| 37. | Oibriú leis na páirtithe leasmhara go léir agus iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt coimpléasc pobail ilúsáide lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta d'áiseanna imeartha tuilsoilsithe féir agus AstroTurf, spás oiliúna agus feidhmíochta pobail, seomraí cruinnithe ilchuspóireacha, áiseanna gléasta agus limistéir oiliúna allamuigh le cosáin feabhsaithe. |

| **Spásanna Oscailte** | |
|---|---|
| Gearrthéarmach | |
| 38. | Dul chun cinn a dhéanamh maidir le héadáil tailte chun críocha áineasa agus taitneamhachta, agus ar thailte eile a fheabhsóidh fairsinge an líonra ghlais, go háirithe príomhnaisc agus tailte le haghaidh caitheamh aimsire gníomhach agus éighníomhach. |
| 39. | Tailte atá criosaithe le haghaidh úsáid áineasa agus taitneamhachta den chuid is mó a fháil agus a fhorbairt i gcomhar le tithíocht nua sa Chaisleán Gearr, Dabhach Uisce, Gleann Thír Oileáin, Baile Uí Mhóinín, Cnoc na Cathrach, Ros Cam agus na hArdáin. |
| 40. | Treoirlínte a fhorbairt agus a leathnú maidir le forbairt nua:<br>- Comhairle dea-chleachtais maidir le dearadh criosanna baile<br>- Comhairle dea-chleachtais maidir le spás oscailte.<br>- Dea-chleachtas maidir le bonneagar glas agus réitigh atá bunaithe ar nádúr |
| Meántéarmach / Fadtéarmach | |
| 41. | Áiseanna caitheamh aimsire gníomhacha do dhaoine scothaosta ar fud na cathrach a shainaithint agus a leathnú. |
| 42. | Áiseanna caithimh aimsire a aithint agus a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas ar fud na cathrach. |

# Caibidil 6

# Geilleagar, Fiontar agus Miondíol

## Clár na nÁbhar


6.1 Comhthéacs ........ 149
6.2 Gníomhaíocht Eacnamaíoch ........ 156
6.3 Earnálacha & Cnuasaigh Fostaíochta ........ 158
6.4 Comhthéacs ........ 172
6.5 Ordlathas Miondíola ........ 176
6.6 Trádstóráil Mhiondíola/Earraí Builc ........ 182
6.7 Gá agus Suíomh Spás Urláir Miondíola sa Todhchaí ........ 183
6.8 Measúnachtaí Tionchair Mhiondíola ........ 183
6.9 Caighdeán an Dearaidh ........ 184
6.10 Geilleagar Oíche ........ 184
6.11 Gníomhú ar son na hAeráide ........ 185

# Cuid 1: Geilleagar & Fiontar

## 6.1 Comhthéacs

Tá an Plean seo á ullmhú i gcomhthéacs paindéime dhomhanda a chruthaigh dúshláin eacnamaíocha d'fhostaíocht, ioncam agus gnóthaí agus a raibh athruithe gan fasach ar bhealaí oibre agus maireachtála. Níl Cathair na Gaillimhe díolmhaithe ó na heispéiris seo. D'fhág an tionchar oidhreacht go háirithe san earnáil fáilteachais agus mhiondíola agus i dtrádáil ghaolmhar na turasóireachta. Bhí sé seo cothromaithe le gnéithe eile de gheilleagar na Cathrach, go háirithe an teicneolaíocht míochaine, TFC agus cúram sláinte. Bhí sé maolaithe freisin ag an leibhéal measartha ard fostaíochta sa tseirbhís phoiblí sa Chathair a d'aistrigh go tapa chuig samhail seachadta seirbhíse ar líne inar fhan leibhéil fostaíochta agus tuarastail seasmhach. Go ginearálta tá na hionchais eacnamaíocha d'Éirinn dóchasach agus atá sí ag teacht amach as an bpaindéim in ainneoin na rioscaí eacnamaíocha a bhaineann leis an mBreatimeacht, bearta athchóirithe cánach idirnáisiúnta agus brúnna boilscithe a d'fhéadfadh a bheith ann go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Táthar ag súil go mbeidh Cathair na Gaillimhe ar aon dul leis an bhfás eacnamaíoch náisiúnta atá réamh-mheasta.  Tá rath eacnamaíoch bainte amach ag an gcathair bunaithe ar ráta ard gnóthachtála oideachais i measc an lucht saothair, soláthar lucht saothair óg, comhlánaithe ag imirce isteach, forbairt de phríomhchnuasaigh earnálacha, réimeas cánach corparáidí íseal, timpeallacht pholaitiúil chobhsaí atá i bhfabhar an ghnó agus timpeallacht mhaireachtála tharraingteach agus cáilíocht na beatha. Mar sin féin ós rud é go bhfuil an tOll-Bhreisluach *(*GVA) in aghaidh an duine sa réigiún ag €29,260 níos lú ná leath an fhigiúir náisiúnta de €67,639 tá gá fós le straitéis gheilleagrach spriocdhírithe chun ról na cathrach mar chathair réigiúnach NPF a chothú agus a leathnú agus mar spreagthóir fáis eacnamaíoch laistigh den MASP agus den Réigiún Thuaidh agus Thiar i gcoitinne má tá an cuspóir maidir le geilleagar agus sochaí chothromaithe a chomhlíonadh de réir an NPF le baint amach.

Ós rud é gurb í Cathair na Gaillimhe an príomhionad uirbeach sa réigiún seo beidh sí ina príomhthacaíocht eacnamaíoch agus seirbhíse chun fás daonra spriocdhírithe réigiúnach 2040 de 160,000-180,000 a éascú agus chun freastal ar an gcéatadán suntasach den ardú 115,000 spriocdhírithe ar phoist réigiúnacha. Tá cur chun cinn agus cothú bhonn eacnamaíoch agus fostaíochta na cathrach mar thosaíocht sa phlean chun an chathair agus an réigiún níos leithne a chothú agus chun tacú leis an uaillmhian do ról geilleagrach na Gaillimhe mar chathair réigiúnach an NPF agus mar rannchuiditheoir láidir le fás náisiúnta.

D'fhonn an fás eacnamaíoch seo a bhaint amach, beidh gá le roghanna infheistíochta éifeachtúla, córas forbartha scileanna an lucht saothair atá solúbtha agus freagrúil, agus forbairt ar earnáil fiontair níos inbhuanaithe agus níos éagsúlaithe a chuimsíonn gnóthaí dúchasacha a bheidh ag breathnú chun tosaigh. Áireoidh straitéis den sórt sin don chathair cultúr ina spreagtar nuálaíocht, ina dtacaítear le comhoibriú agus ina bhfuil luach aici don chaipitil shóisialta agus imní comhshaoil. Chuige sin beidh ar bheartais phlean deiseanna fáis agus athghiniúna a éascú, infheistíocht ar fud na n-earnálacha go léir chun geilleagar cathrach athléimneach, cuimsitheach agus éagsúil a chruthú a bheidh dírithe ar théarnamh eacnamaíoch, cruthú post agus deiseanna eacnamaíocha atá ag teacht chun cinn ach freisin laistigh den chreat náisiúnta um gníomhú ar son na haeráide.

Is iad na príomh-chumasóirí chun cathair agus réigiún rathúil a sheachadadh ná infheistíocht i nascacht náisiúnta feabhsaithe chuig agus laistigh den réigiún agus laistigh den chathair, ionas go

mbeidh an cumas ag MASP na Gaillimhe, i dteannta le cathracha réigiúnacha eile, roghanna níos fearr a sheachadadh ar fhás Bhaile Átha Cliath. Leis an infheistíocht seo in iompar poiblí ísealcharbóin, modhanna taistil gníomhacha agus nascadh líonraí bóithre tabharfar tacaíocht do chur chun cinn na gcathracha réigiúnacha, a gcuid réigiún faoi seach agus cuirfear Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh (AEC) a shíneann idir Dún na nGall go Ciarraí chun cinn agus a neartú. Is féidir le Cathair na Gaillimhe, atá suite leath bealaigh feadh na conaire seo leas a bhaint as agus rannchuidiú leis an aidhm chun réimse nasctha gnó agus eagraíochtaí a bhunú ar féidir leo a cuid sócmhainní a uasmhéadú, infheistíocht a mhealladh agus poist a chruthú a spreagfaidh clár oibre an CNP d'fhorbairt réigiúnach a chomhlánaíonn agus atá i gcothromaíocht le cósta thoir rathúil na hÉireann.

Mhéadaigh an daonra oibre i rith an lae i Chathair na Gaillimhe agus ina bruachbhailte, comaitéirí san áireamh, le 7% go 44,376 idir 2011 agus 2016 (daonáireamh an Phríomh-Oifig Staidrimh). Tá leath den fhórsa saothair seo ina comaitéirí, cosúil le patrúin a taifeadadh in 2011, go príomha ó Chontae na Gaillimhe le dobharcheantar isteach i Maigh Eo agus isteach sa Chlár freisin. Léiríonn sé seo ról eacnamaíoch réigiúnach suntasach na cathrach agus léiríonn sé go bhfuil oibrithe sásta achair fhada a thaisteal chun teacht ar fhostaíocht sa chathair mar gheall ar cháilíocht agus raon na ndeiseanna post. Tá na daoine a thaistealaíonn lasmuigh den chathair le haghaidh oibre fós réasúnta comhsheasmhach ag 5,571 oibrí.

Ar an iomlán ní féidir a thuar cén tionchar a bheidh ag na samhlacha oibre hibrideacha nua atá ag teacht chun cinn agus ag an digitiú méadaithe ar phatrúin chomaitéireachta nó ar éileamh ar spásanna oibre. Léiríonn sé seo castacht na n-athruithe sin ó chianobair iomlán nó pháirteach, socruithe mol digiteacha lasmuigh den láthair, obair fhánach dhigiteach agus roghanna solúbtha eile. De réir mar a athraíonn tírdhreach na hoibre, tiocfaidh athrú ar na himpleachtaí ar phleanáil spásúlachta. Ní mór don phlean seo tacú leis na socruithe atá ag teacht chun cinn agus úsáid a bhaint as an struchtúr monatóireachta thar thréimhse an phlean chun an gá le solúbthacht a mheas chun freagairt do na treochtaí athraitheacha seo agus leas a bhaint as deiseanna féideartha chun tairbhí eacnamaíocha agus inbhuanaithe a sheachadadh.

Tá athléimneacht eacnamaíoch léirithe ag Gaillimh, fiú tar éis an chúlaithe gheilleagraigh agus na hiarmhairtí is deireanaí a bhí ag an bpaindéim agus chruthaigh sí gur cathair an-dhinimiciúil í agus áit mhaith chun leanúint ar aghaidh le tallainne a tháirgeadh, infheistíocht a mhealladh agus gnó a dhéanamh. Léirítear an rath seo i gcumas na cathrach i gcomhar le gníomhaireachtaí stáit a croífhórsa saothair a fhás agus a chomhdhlúthú agus leanúint ar aghaidh ag mealladh cuideachtaí ilnáisiúnta agus dúchasacha. Is suíomh bunáite é faoi láthair do chuid de na cuideachtaí TFC Domhanda is rathúla, tá aon trian d'fhostaithe feistí leighis na tíre ann agus tá earnáil ríomhchluichíochta agus meán digiteach idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn aici. Tháinig an braisliú seo chun cinn mar gheall ar an timpeallacht oideachais tríú leibhéal a sholáthraíonn foinse tallainne agus atá ina chomhpháirtí trí shocruithe comhoibríocha leis an earnáil phríobháideach sa taighde agus sa nuálaíocht. Coinnítear feidhmíocht eacnamaíoch na cathrach freisin trí fhostaíocht a chuirtear ar fáil in earnálacha eacnamaíocha eile cosúil leis an earnáil tráchtála, seirbhísí cúram sláinte, turasóireacht agus seirbhísí na hearnála poiblí.  I measc na ▪na n-onóracha a mheall an chathair tá, an chathair Éireannach is "éifeachtaí" chun gnó a thosú, de réir staidéar a rinne an Banc Domhanda in 2019, "Micrea-Chathair Eorpach na Todhchaí" (2016) agus "Micrea-Chathair is Fearr do Straitéis fDi" 2020 agus 2021 agus ainmnithe ag Lonely Planet mar "ceann den 5 chathair is fearr ar domhan do thaistealaithe" in 2020. Is fianaise iad seo ar láidreachtaí, tarraingteacht agus iomaíochas na cathrach. Deimhnítear é seo a thuilleadh i moltaí an IDA '**Téarnamh agus Fás Inbhuanaithe a Thiomáint 2021-2024'** ina luaitear go bhfuil cathair na Gaillimhe ina cuid

ríthábhachtach de tharraingteacht an Iarthair i leith IDI. Léirítear é seo i gcinntí infheistíochta an IDA a sholáthair an plean deireanach foirgnimh ardteicneolaíochta i nGaillimh agus obair uasghrádaithe ar na Páirceanna Gnó & Teicneolaíochta in Mervue agus sa Pháirc Mhór agus ar láithreacha straitéiseacha ag Órán Mór agus i mBaile Átha an Rí. Tugtar faoi deara go mbeadh GVA measartha íseal, i dtéarmaí náisiúnta, i réigiún an Iarthair i bhfad níos ísle mura mbeadh sé mar thoradh ar aschur eacnamaíoch Chathair na Gaillimhe.

Chun an fás eacnamaíoch seo agus na tairbhí socheacnamaíocha a thugann sé don chathair a chothú, beidh gá le fócas leanúnach ar na príomhearnálacha fáis agus tacaíocht d’earnálacha nua agus éiritheacha agus nuálaíocht sa tionscal lena n-áirítear teicneolaíocht agus earnálacha eile. Beidh sé tábhachtach freisin tarraingteacht na cathrach a chothabháil agus a fheabhsú chun infheistíocht, deiseanna fostaíochta ardchaighdeáin a choinneáil agus chun lucht saothair a bhfuil na scileanna cuí acu a mhealladh agus a choinneáil chun cónaí agus oibriú sa cheantar. Tá an fócas seo tábhachtach freisin d’earnáil na turasóireachta atá ina rannphháirtí seanbhunaithe d’fhostaíocht sa chathair agus sa réigiún. Ní mór go mbeidh fócas ár bhfáis eacnamaíoch ar fhostaíocht ar luach níos airde a chruthú.

Chuige seo ní mór don chathair díriú ar earnálacha ina bhfuil buntáistí iomaíochta ag Gaillimh, cosúil leo siúd a bhaineann le hacmhainní nádúrtha agus le hacmhainní eolasbhunaithe. Áireofar orthu sin earnálacha amhail an geilleagar muirí agus gorm, fuinneamh in-athnuaite, oideachas agus oiliúint ceathrú leibhéal, taighde agus forbairt, cruthaitheacht agus nuálaíocht, digiteach, TFC agus eolaíochtaí beatha.

Chun na pleananna uaillmhianacha náisiúnta don aistriú go geilleagar ciorclach agus glas, atá neodrach ó thaobh na haeráide a sheachadadh, tá gá ar leith le gnéithe comhshaoil a phríomhshruthú isteach i mbeartas forbartha geilleagraí agus tacaítear leis an gcomhtháthú seo agus cuirtear chun cinn é sa phlean. Ina theannta sin, féachtar ar an tábhacht a bhaineann le straitéis eacnamaíoch mhaith a bheith sa phlean a thacaíonn le fás eacnamaíoch inbhuanaithe, cruthú fostaíochta meánluacha agus ardluacha, forbairt scileanna sa todhchaí, taighde agus forbairt tráchtála agus nuálaíocht mar rannchuidiú le laghdú na bochtaineachta agus an neamhionannais, neamhréireachta réigiúnaí agus dul chun cinn i dtreo SDGanna na NA.

Áirítear le beartas eacnamaíoch an **Aontais Eorpaigh (AE)** freagairt dhíreach ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna aeráide agus téarnaimh a bhaineann le Covid-19. San áireamh tá an **Comhaontú Glas** arb é Caiteachas Caipitil an Aontais Eorpaigh a dhíríonn ar an gclár oibre glas agus a mbíonn tionchar aige ar gheilleagair stáit an Aontais, Éire san áireamh. Athróidh sé sin treo infheistíochta na hearnála poiblí agus príobháidí, déanfaidh sé an geilleagar níos inbhuanaithe agus cuirfidh sé ar a chumas na gealltanais a tugadh faoin gComhaontú Pháras agus ina dhiaidh sin faoi Plean Gnímh na hÉireann don Aeráid agus an reachtaíocht náisiúnta ghaolmhar.

Ní hamháin go n-éileoidh sé seo claochlú an gheilleagair ar fud na n-earnálacha go léir ach beidh gá freisin le glacadh le prionsabail an **gheilleagair chiorclaigh**. Beidh gá le glacadh le cineálacha nua fiontraíochta a fhreagraíonn don dúshlán a bhaineann le hacmhainní, le hathúsáid agus le laghdú carbóin i ndéantúsaíocht agus i dtomhaltas. Tacaítear leis an aistriú go geilleagar agus sochaí carbóin níos ísle trí bheartas agus cuspóirí atá leabaithe ar fud an phlean agus i gcaighdeáin bhainistíochta forbartha.

Tá an **Creat Náisiúnta Pleanála** (NPF) atá comhdhéanta de dheich dtoradh straitéiseacha náisiúnta atá ina dtreoirphrionsabail maidir leis an mbealach is fearr chun an daonra agus an

geilleagar atá ag fás don tréimhse suas go dtí 2040 a threorú. Fíoraíonn sé seachadadh na físe seo trí straitéis réigiúnach nua dírithe a bheith aige chun fás sa todhchaí a bhainistiú le béim láidir ar “… geilleagar iomaíoch, ísealcharbóin, atá seasmhach ó thaobh aeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de”.

Tacaítear leis an aistriú seo i dtreo réigiúin na hÉireann trí fhorbairt fheabhsaithe na gceithre chathair réigiúnacha, Gaillimh, Luimneach, Corcaigh agus Port Láirge. Feictear sa NPF go bhfuil na réigiúin ag fáil tacaíochta ó na cathracha seo agus go bhfuil na cathracha á neartú ina ról mar láir inrochtana fostaíochta agus seirbhísí ardluacha agus pointí fócasacha infheistíochta a chuireann ar a gcumas an tionchar réigiúnach is leithne is féidir a bheith acu.  Sa NPF, tugtar aitheantas go háirithe do phríomhról Chathair na Gaillimhe mar ionad fáis agus mar spreagthóir infheistíochta agus sainaithnítear roinnt príomhthionscadal cumasaithe fáis do limistéar MASP na Gaillimhe ar féidir leo tacú le ról eacnamaíoch na Gaillimhe agus é a fheabhsú.

Tacaíonn straitéis infheistíochta an Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) leis an NPF, ina leagtar amach tosaíochtaí infheistíochta chun spriocanna an NPF a bhaint amach. Áiríodh in athbhreithniú an NPF in 2021 fócas breise ar thosaíochtaí um ghníomhú ar son na haeráide, tithíocht agus chun aghaidh a thabhairt ar thionchar na paindéime Covid-19 agus ailíniú na straitéise infheistíochta a neartú suas go dtí 2030 leis na tosaíochtaí forbartha reatha seo.

Is freagairt é Plean Téarnaimh Eacnamaíoch an Rialtais (ERP) de mhí an Mheithimh 2021 ar thionchar na paindéime Covid-19 ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar. Áirítear ann conair le haghaidh téarnamh inbhuanaithe bunaithe ar phoist. Díríonn sé ar cheithre phríomhcholún: airgeadas poiblí inbhuanaithe, tacú le filleadh ar obair, fiontair inbhuanaithe a atógáil, agus tacú le téarnamh cothromaithe cuimsitheach. Áirítear sa phlean níos mó ná €3.5 billiún i dtacaíochtaí caiteachais. Is é uaillmhian an ERP ná go mbeidh 2.5 milliún duine ag obair faoi 2024, atá os cionn na leibhéal roimh an bpaindéim. In éineacht leis an ERP, tá an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta Náisiúnta a dhíríonn ar réimsí lena n-áirítear nuálaíocht, scileanna, athléimneacht agus táirgiúlacht, chomh maith leis na hathruithe a thagann ó thiomantais ghníomhaíochta aeráide an Rialtais agus é mar aidhm oibriú i dtreo téarnamh inbhuanaithe bunaithe ar phoist agus aistriú cóir go geilleagar ísealcharbóin agus geilleagar digiteach.

Mar léiriú ar bheartas an Aontais Eorpaigh, taispeántar i bpleananna náisiúnta tiomantas méadaitheach do ghníomhaíocht ar son na haeráide agus aistriú beartais, gníomhaíochta agus infheistíochta i dtreo trasdula agus oiriúnú chun dul chun cinn a bhaint amach i dtreo fás glas agus forbairt inbhuanaithe chun spriocanna gníomhaíochta aeráide 2030 agus 2050 a bhaint amach. Sa chur chuige seo, leagtar béim ar an ngá atá leis an aistriú seo a bheith cothrom ina mbeidh gá le raon idirghabhálacha sóisialta chun oibrithe agus a slite beatha a chosaint nuair a bheidh geilleagair ag aistriú chuig táirgeadh níos inbhuanaithe ar mhaithe le hathrú aeráide a chomhrac agus le bithéagsúlacht a chosaint.

I bhfoilseacháin le déanaí tá príomhdhúshláin sainaitheanta ag an **gComhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta (NCPC**) chun iomaíochas agus táirgiúlacht a neartú, fás cuimsitheach agus chun tacú le gnólachtaí an t-aistriú go geilleagar inbhuanaithe atá neodrach ó thaobh carbóin de. Feiceann sí an gá atá lena chinntiú go mbaineann gach cuid den tsochaí leas as an aistriú go geilleagar inbhuanaithe atá neodrach ó thaobh carbóin de. Tá gá ann freisin le deiseanna le haghaidh breisoiliúna a spreagadh agus deiseanna chun gníomhaíocht aeráide a mhargú mar bhuntáiste iomaíoch. Aithníonn siad an gá atá le hinfheistiú go straitéiseach i mbonneagar fisiciúil na hÉireann, agus réiteach a fháil ar cheisteanna seanbhunaithe a bhaineann le costas tithíochta agus cúram leanaí. Tacaíonn siad freisin leis an riachtanas leanúint ar aghaidh

le tacaíochtaí paindéime spriocdhírithe, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le geilleagar ardchostas na hÉireann agus iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir táirgiúlacht a threisiú trí chleachtais oibre athraithe agus digitiú. Cé go bhfuil siad dírithe ar an leibhéal náisiúnta baineann go leor de na saincheisteanna seo le comhthéacs na Gaillimhe. I dtéarmaí úsáid talún agus pleanála spásúlachta, cuideofar le hiomaíochas na cathrach a fheabhsú, trí thacaíocht do sheachadadh bonneagair ríthábhachtaigh ar nós tithíochta agus iompair, solúbthacht chun aghaidh a thabhairt ar an tírdhreach oibre athraitheach agus beartais leabaithe chun geilleagar a thiomáint i dtreo neodrachta ó thaobh carbóin de.

I **Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíoch Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (RSES) 2020-2032**, cuirtear cuspóirí an NPF i bhfeidhm ar an leibhéal réigiúnach. Tá fís dírithe aici do réigiún atá níos cliste, níos glaise, níos speisialaithe agus níos nasctha, le gréasán uirbeach níos láidre agus níos dlúithe. Áirítear Creat Fáis ina n-ionchorpraítear 'Cúig Uaillmhian Fáis' a nascann dúshláin straitéiseacha agus oibríochtúla le hidirghabhálacha caipitil tosaíochta. Díríonn na huaillmhianta fáis seo ar gheilleagar iomaíoch agus táirgiúil a thógáil, fís fhadtéarmach do sholáthar fuinnimh, meas ar an oidhreacht nádúrtha agus thógtha, réigiún dea-nasctha, timpeallacht inmharthana atá tiomanta d'inbhuanaitheacht agus cuimsitheacht agus réigiún a fhaigheann tacaíocht ó bhonneagar eacnamaíoch riachtanach chun tacú le dlúthfhás agus athléimneacht.

Áirítear sa RSES go háirithe sainchuspóirí forbartha do Chathair na Gaillimhe agus a thimpeallacht faoi **Phlean Straitéiseach Cheantar Cathrach na Gaillimhe (MASP).** Feictear sa MASP go bhfásfaidh Gaillimh chun bheith ina lárionad uirbeach iomaíoch domhanda agus mar gheall ar an láithreacht láidir infheistíochta idirnáisiúnta agus dhúchasach atá ann faoi láthair, beidh feidhm ríthábhachtach i gcónaí aici i bhforbairt an réigiúin. Aithnítear sa MASP suíomhanna oiriúnacha le haghaidh forbairt fostaíochta straitéisí. Tá sé dírithe ar dhlúthfhás agus ar threoir na forbartha ar phríomh-athghiniúint lár na cathrach agus ar thailte tionsclaíocha/fiontar atá suite go straitéiseach ar fud na cathrach. Aithnítear ann luach ard an tríú leibhéal oideachais institiúidí agus scileanna lucht oibre. Aithnítear ann an acmhainneacht chun an tionscal teicneolaíochta nua-aimseartha, an earnáil turasóireachta, miondíola, gastranómachais, taighde/oideachais agus muirí a fhorbairt tuilleadh. Feictear dó go bhfuil dul chun cinn sna hearnálacha seo ríthábhachtach chun fás eacnamaíoch réigiúnach a thiomáint. Aithnítear sa MASP freisin íomhá shainiúil na cathrach, a cáilíocht beatha, a caighdeáin arda oideachais, agus a cultúir agus a suíomh stairiúil agus taitneamhachta mar phríomhshócmhainní don gheilleagar. Aithnítear freisin go bhfuil infheistíocht straitéiseach i seirbhísí ríthábhachtacha, gréasáin bhóithre agus infrastruchtúr iompair inbhuanaithe agus an ríocht phoiblí riachtanach chun feidhmiú agus forbairt limistéar MASP a chumasú.

Is í **Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP)** 2015-2021 Chathair na Gaillimhe an straitéis ar an leibhéal áitiúil d'fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus phobail i gCathair na Gaillimhe. Is plean comhoibríoch don chathair é, arna ullmhú ag an údarás áitiúil i gcomhar le hionchur pobail ó na Coistí Pobail agus Forbartha Áitiúla (LCDC). Tá an LECP bunaithe ar an bhfís go mbeidh "Gaillimh ina Réigiún Cathrach rathúil le héiceachóras cruthaitheach, cuimsitheach agus nuálaíoch i bhfeidhm lena forbairt inbhuanaithe a chinntiú sa todhchaí". Tá cúig sprioc ardleibhéil do Chathair na Gaillimhe san áireamh sa phlean. Is é sin le bheith ina réigiún cathrach cruthaitheach den scoth; cathair nuálaíoch; cathair chomhionannn agus chuimsitheach; timpeallacht uirbeach inbhuanaithe, athléimneach atá mar phríomhchathair réigiúnach an Iarthair; agus cathair a chuireann sláinte agus folláine a muintire go léir chun cinn. Tugtar faoi deara sa LECP go gcaithfidh Cathair na Gaillimhe leas a bhaint as láidreachtaí na cathrach chun iomaíochas a

choinneáil. Feictear teicneolaíochtaí digiteacha go háirithe mar eochair amháin chun an chathair a chosaint don todhchaí agus chun an t-aistriú go cathair chliste inbhuanaithe idirnáisiúnta a chumasú.  Tá an LECP á athbhreithniú faoi láthair. Déanfaidh sé na dúshláin agus an téarnamh a thagann as impleachtaí na paindéime Covid-19 agus an Bhreatimeacht a chur san áireamh chun a chinntiú go bhfuil creat ag an leibhéal áitiúil i bhfeidhm chun tacú le fás eacnamaíoch, le feabhsuithe sóisialta agus pobail. Leis an LECP agus an Plean Forbartha cuirtear creat straitéiseach ar fáil do phleanáil chomhtháite sa chathair agus caithfidh sé a bheith comhsheasmhach.

Tá éiceachóras casta agus cuimsitheach ann chun tacú le fiontair nua-thionscanta agus fáis sa chathair a chuimsíonn raon tacaíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla spriocdhírithe. Ina measc seo tá GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, an Oifig Fiontair Áitiúil (LEO), raon áiseanna gorlainne gnó, campas ceathrú leibhéal suite ar an gcampas agus lasmuigh de agus earnálacha (TFC/eolaíochtaí beatha/cruthaitheacha). Tá cúig áis ghorlainne eile á bhforbairt faoi láthair. Sa bhreis air sin, tá áiseanna sainearnála taighde agus forbartha a éascaíonn comhoibriú acadúil agus tráchtála, raon páirceanna tráchtála agus tionsclaíochta agus raon spás oifige tráchtála á bhforbairt i gcroílár na cathrach, chomh maith le háiseanna déantúsaíochta ar imeall na cathrach.

Chomh maith leis sin tá raon eagraíochtaí reachtúla ag seachadadh cláir thacaíochta chun Fiontraíocht Shóisialta, an Geilleagar Ciorclach agus an acmhainn scileanna réigiúnacha a fhorbairt. Tá Plean Fiontair Réigiúnach á thabhairt chun críche faoi láthair do Réigiún an Iarthair chun na príomhlimistéir eacnamaíocha atá le forbairt a aithint.

Tá an rath leanúnach agus an fás geilleagrach i limistéar MASP na Gaillimhe nasctha le raon leathan fachtóirí rannchuidithe ina bhfuil an gá ann le córas iompair ardchaighdeáin lena n-áirítear soghluaisteacht inbhuanaithe, dea-nascacht agus córas iompair poiblí nua-aimseartha. Tá gá freisin le margadh tithíochta a fheidhmíonn go maith agus dea-thacaíochtaí oideachais agus pobail. Is sócmhainní iad tairiscint roghanna ardchaighdeáin stíl mhaireachtála, dea-eispéiris áineasa agus chultúrtha agus timpeallacht thógtha agus nádúrtha ardchaighdeáin, a chuireann leis an ngeilleagar chun lucht saothair oilte a mhealladh agus a choinneáil agus an geilleagar turasóireachta a chothú.

Tá buntáiste ag Gaillimh go bhfuil roinnt de na tréithe seo aici chomh maith le straitéis spásúlachta agus treo infheistíochta aici sa RSES, sa NPF, sa PFN agus sa Phlean Cathrach chun an chothromaíocht a bhaint amach. Leis an gCroí-Straitéis, arna thacú ag beartais agus cuspóirí spáis cuí sa phlean, cumasóidh sé tuilleadh don chreat iomlán atá riachtanach ionas go n-éireoidh leis an ngeilleagar áitiúil. Táthar ag súil go bhfreastalóidh tailte atá criosaithe agus sainithe d’athghiniúint ar féidir leo tacú le fiontraíocht an méadú fostaíochta réamh-mheasta atá san áireamh sa RSES agus sa MASP ag láithreacha atá comhtháite le Straitéis Iompair na Gaillimhe go háirithe le haghaidh roghanna iompair inbhuanaithe agus leis an straitéis lonnaíochta chun éascaíocht rochtana a spreagadh agus chun coincheap na comharsanachta a chothú.

Is ar shuíomhanna athghiniúna ainmnithe, páirceanna gnó straitéiseacha agus ar champais sláinte agus oideachais atá ann cheana féin a bheidh ailínithe go maith leis na bearta i Straitéis Iompair na Gaillimhe a bheidh mar phríomhthreoir le fostaíocht a leathnú. Tá sé mar aidhm ag forbairt ordlathas miondíola lár na cathrach, comharsanacht ceantair agus lárionad miondíola áitiúil gníomhaíochtaí tráchtála agus turasóireachta a chumasú.


In éineacht leis an MASP, pleananna fostaíochta réigiúnacha straitéiseacha eile, an LECP, straitéisí infheistíochta agus comhpháirtíochtaí á gcur chun feidhme, cuirfidh an Plean Cathrach ar chumas na cathrach leanúint ar aghaidh ag fás go heacnamaíoch.

| **6.1 Beartas ginearálta** |
|---|
| 1. Tacaíocht agus éascú a dhéanamh ar ról na Gaillimhe mar Chathair Réigiúnach agus mar thiománaí d'fhás geilleagrach inbhuanaithe do Réigiún uile an Tuaiscirt agus an Iarthair trí dheiseanna eacnamaíocha agus fostaíochta cothromaithe agus inbhuanaithe a sholáthar d'fhorbairt, d'fhiontar, do nuálaíocht agus d'infheistíocht ar fud na n-earnálacha fostaíochta go léir ag teacht leis an spriocanna agus cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála agus an Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíoch Réigiúnach, lena n-áirítear Plean Straitéiseach an Limistéir Uirbigh). |
| 2. Tacú leis na huaillmhianta maidir le fás láidir geilleagrach inbhuanaithe mar atá leagtha amach i gCuspóirí Beartais Réigiúnacha na Straitéise Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch (RSES) agus Plean Straitéiseach an Limistéir Uirbigh (MASP). |
| 3. A chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní lena n-áirítear talamh agus infrastruchtúr ar fáil laistigh den chathair chun infheistíocht inbhuanaithe isteach a éascú a spreagfaidh forbairt earnáil fiontraíochta áitiúil athléimneach agus éagsúil agus a fheabhsóidh deiseanna eacnamaíocha ar limistéir tráchtála agus fiontair atá ann cheana féin, ar Phríomh-Láithreáin Athghiniúna agus Deise agus ar láithreacha oiriúnacha eile agus comhtháthú á éascú idir fostaíocht, tithíocht agus iompar go háirithe modhanna inbhuanaithe iompair. |
| 4. Tacú le hathbhreithniú agus ullmhú Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP) don chathair chun a chinntiú go bhfuil an creat ar an leibhéal áitiúil i bhfeidhm chun tacú le fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus feabhsúcháin pobail. |
| 5. Soláthar a dhéanamh do dheiseanna fáis, nuálaíochta agus infheistíochta ar fud na n-earnálacha go léir chun geilleagar cathrach athléimneach agus éagsúil a chruthú a uasmhéadóidh deiseanna fostaíochta ardluacha don fhórsa saothair iomlán agus a éascóidh bearta le haghaidh aistrithe chóir sa tsochaí. |
| 6. Tarraingteacht na cathrach agus caighdeán na beatha a thacaíonn sí leis a chothabháil agus a fheabhsú chun infheistíocht, deiseanna fostaíochta ardchaighdeáin a choinneáil agus chun lucht saothair a bhfuil na scileanna cuí acu a mhealladh agus a choinneáil. |
| 7. Comhoibriú le GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, an GBM agus éiceachóras fiontraíochta, Comhairle Chontae na Gaillimhe, na hOllscoileanna, na hInstitiúidí Ardoideachais, OFÁ, Solas agus gníomhaireachtaí eile chun freastal ar riachtanais tionscail, oiliúna, uasoiliúna agus nuálaíochta. |
| 8. Tacú le bearta a chumasóidh dícharbónú an gheilleagair agus tionscadail shonracha a chuideoidh le haidhmeanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach. |
| 9. Cur chuige solúbtha a chumasú chun claochlú leanúnach teicneolaíochta sa gheilleagar agus athruithe gasta ar chleachtais oibre agus aclaíocht ghnó a cheadú nuair nach ndéanann siad seo dochar do thaitneamhacht agus chun tacú le dea-chleachtais chónaithe/oibre. |
| 10. Comhoibriú le Comhairle Chontae na Gaillimhe maidir le cur chun cinn agus seirbhísiú thailte an IDA, atá ainmnithe mar pháirceanna gnó agus teicneolaíochta ag an bPáirc Mhór, Baile Átha an Rí agus Órán Mór. |
| 11. Ról na cathrach agus MASP mar mhealltóir réigiúnach d'Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a chothú agus a leathnú. |
| 12. Deiseanna straitéiseacha do chruthú post ar thailte sainithe ag Ráthún/Cnoc na Cathrach agus ag na hArdáin a éascú chun comhtháthú a chumasú le lonnaíochtaí atá in aice láimhe agus a bheidh ann amach anseo, agus ag an am céanna patrúin turais |

| |
|---|
| ísealcharbóin a spreagadh agus rannchuidiú le tairbhí "choincheap comharsanachta laistigh de 15 nóiméad" a bhaint amach. |
| 13. Éascú a dhéanamh ar fhorbairt na n-ionad sainithe Dúiche, Comharsanachta agus Áitiúil ar scála atá oiriúnach chun freastal ar na ceantair ghaolmhara agus ag an am céanna patrúin turais ísealcharbóin a spreagadh agus rannchuidiú le tairbhí "choincheap comharsanachta laistigh de 15 nóiméad" a bhaint amach. |
| 14. Tacú le feidhmíocht eacnamaíoch na cathrach agus an MASP níos leithne trí fheidhmiú an phlean céimnithe de bhearta iompair mar a fhoráiltear i Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hiompar poiblí, siúlóid, rothaíocht, agus tionscadal bóithre straitéiseach an N6 GCRR. |


## 6.2 Gníomhaíocht Eacnamaíoch

Tá ról réigiúnach tábhachtach ag Cathair na Gaillimhe maidir le soláthar a dhéanamh do raon éagsúil gníomhaíochtaí eacnamaíocha, seirbhísí agus deiseanna fostaíochta agus tá poitéinseal suntasach ann le haghaidh tuilleadh forbartha agus acmhainne d'fhiontair nua. I nDaonáireamh na Príomh-Oifige Staidrimh (2016) soláthraítear miondealú earnála ar fhostaíocht laistigh de dhobharcheantar saothair Chathair na Gaillimhe i gcoibhneas leis an miondealú náisiúnta – féach figiúr 6.1. Léiríonn sé gurb í an earnáil fostaíochta is mó laistigh de dhobharcheantar saothair na cathrach ná na gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí a bhaineann le hOideachas, Sláinte an Duine agus Obair Shóisialta, arb ionann iad agus 26.6% (18,655) den daonra oibre iomlán de 44,376, thart ar 4%, níos airde ná meán an Stáit. Léiríonn sé seo staid na Cathrach mar ionad réigiúnach do chúram sláinte agus oideachas tríú leibhéal. Taifeadtar 'Mórdhíol, Miondíol agus Tráchtáil' (23.3% nó 16,360) agus 'TFC agus Seirbhísí Gairmiúla' (15.9% nó 11,125) mar earnálacha fostaíochta suntasacha atá faoi bhun mheán an Stáit araon, agus is í an 'Tionscail Déantúsaíochta' (18.3% nó 12,855) an ceathrú earnáil is tábhachtaí agus tá sé i bhfad níos airde ná an meán Stáit de 13%, b'fhéidir ag léiriú na leibhéil arda fostaíochta sna braislí Teicneolaíochta Míochaine sa chathair.




**Figiúr 6.1: Próifíl Tionscail na ndaoine atá ina gcónaí i nDobharcheantar Saothair Chathair na Gaillimhe, 2016**
*Foinse: AIRO & CSO POWCAR*

Taifeadtar sa GeoDirectory (2020 – R3) 3,669 seoladh tráchtála sa chathair, méadú beagnach de 10% ar thaifead 2016 sa phlean roimhe seo. Trasnaíonn na gníomhaíochtaí eacnamaíocha seo an chathair ar fad, ag taispeáint go bhfuil comhchruinnithe gníomhaíochta sainithe go maith ag láithreacha ar leith. Tá siad seo comhchruinnithe go príomha i lár na cathrach, sna ceantair bhruachbhailteacha agus i lár na comharsanachta ceantair, in aice le campais choláiste agus ospidéil, tailte fiontair sa chathair agus trasna teorainn oirthear na cathrach.




**Fíor 6.2 Cathair na Gaillimhe ag Léiriú Patrún Gníomhaíochta Tráchtála -** *Foinse: Geo-Directory Cóid NACE (2020)*

Tá lár na cathrach fós mar fhócas na príomhghníomhaíochta tráchtála. Léiríonn sé seo comhchruinniú na miondíoltóirí móra, an earnáil fáilteachais agus láithreacht láidir seirbhísí sláinte, oideachais agus gairmiúla ginearálta laistigh de lárcheantar na cathrach. Tá comhchruinniú de FDI agus úsáidí dúchasacha oifige ardteicneolaíochta ag teacht chun cinn ar thailte athghiniúna sa lár. Tá lár na cathrach suite le déanaí freisin do cheantar nuálaíochta atá ag dul i méid agus a dhéanann óstáil ar ghnóthaí nuathionscanta agus gorlainne. Tá an phríomhearnáil ghnó agus teicneolaíochta, lena n-áirítear cnuasú TFC agus Teicneolaíocht Mhíochaine agus déantúsóirí feistí leighis suite in oirthear na cathrach ag na láithreacha fostaíochta straitéiseacha i mBaile an Bhriotaigh, Mervue, sa Pháirc Mhór agus díreach lasmuigh de theorainn na cathrach i dtreo Órán Mór.

Tacaíonn taobh thoir na cathrach leis na príomhghníomhaíochtaí trádála earraí builc, mórdhíola agus mótair chomh maith leis na fiontair déantúsaíochta níos lú atá lonnaithe sa Lios Bán agus feadh agus amach ó cheantar Bhóthar Thuama. Ina theannta sin, tacaíonn an taobh seo den chathair le fostaíocht shuntasach ag trí ospidéal straitéiseacha ag Páirc Mhuirlinne, Clinic na Gaillimhe, agus Bon Secours agus freisin ag GMIT, institiúid tríú leibhéal.

In iarthar na cathrach, tá timpeallacht fostaíochta ann nach bhfuil chomh dlúth agus atá sé san oirthear. In aice le lár na cathrach tá comhchruinniú suntasach de sheirbhísí sláinte ag UHG agus institiúidí oideachais in OÉ Gaillimh agus cnuasach de mheánscoileanna móra ar imeall Bhóthar na Trá. Ina theannta sin tá líon mór seirbhísí lóistín agus fáilteachais do thurasóirí ag léiriú a chóngaraí atá an suíomh tarraingteach cois farraige ag Bóthar na Trá. Sna bruachbhailte thiar

agus sna bruachbhailte seanbhunaithe níos gaire do lár na cathrach tá comhchruinnithe gníomhaíochtaí sna lárionaid cheantair agus freisin oidhreacht d'ionaid chomharsanachta níos lú a thacaíonn le seirbhísí miondíola, tráchtála agus gairmiúla ginearálta. I gcodarsnacht leis an taobh thoir tá comhchruinniú na bpáirceanna gnó níos lú agus níos éagsúla ó thaobh nádúir de.

## 6.3 Earnálacha & Cnuasaigh Fostaíochta

### 6.3.1 An Earnáil Tráchtála

Mar a luadh, tá beagnach ceathrú den lucht saothair sa chathair san earnáil tráchtála nó gaolmhar agus mar sin tá ról mór ag an earnáil maidir le geilleagar láidir a chothabháil sa chathair agus sa réigiún. Tarlaíonn comhchruinniú suntasach den ghníomhaíocht seo i lár na cathrach, ar imeall lár na cathrach, ag Bóthar na Trá agus sna láir cheantair bhruachbhailteacha agus sna láir chomharsanachta. Tá deiseanna aitheanta sa Chroí-Straitéis ag na láithreacha tráchtála imeallacha agus i lár na cathrach araon ar féidir leo leathnú, athfhorbairt agus dlúisiú chun freastal ar éilimh fáis sa todhchaí go hinbhuanaithe agus go cáilíochtúil.

Cuireann miondíol go háirithe le saol tráchtála na cathrach agus tá sé ríthábhachtach i gcomhar leis an earnáil fáilteachais, bialanna, cultúir caiféanna agus siamsaíochta chun tacú le hiomaíochas agus mealltacht na cathrach do chónaitheoirí, don daonra ard mac léinn agus don mhargadh turasóireachta. Cuireann an croí meánaoiseach, an insiúltacht agus an suíomh cois uisce le heispéireas an chroíláir tráchtála, rud a thugann luach breise dó.

Cé go bhfuil scóip ann le haghaidh inlíonta, athfhorbartha agus athchóirithe ar lorg reatha lár na cathrach, tá srianta ó thaobh scála agus foirme de toisc go bhfuil sé suite go príomha sa chroílár stairiúil agus ní féidir leis freastal go héasca ar urláir tráchtála nua-aimseartha níos mó. Mar sin féin is féidir leis na láithreacha athghiniúna sainithe ar scála mór in aice láimhe ag Ceathrú Cheannt agus an Cuan Laistigh (12ha san iomlán) agus go pointe níos lú ar an suíomh deise ag an bhFaiche Mhór Thoir (2.6ha) nasc gan uaim a sholáthar ó chroílár na cathrach chun freastal ar mhéadú ar an gníomhaíocht tráchtála comhtháite le húsáidí eile. Tacaíonn tailte tráchtála ar imeall lár na cathrach ar Bhóthar Áth Cinn (thart ar 13 heicteár san iomlán) le meascán úsáidí lena n-áirítear earraí builc, páirceáil ar an dromchla agus ionad siopadóireachta inmheánach aon stóir a bhainfeadh leas as athchóiriú. Is féidir leis an gceantar seo, le hathfhorbairt agus le struchtúr feabhsaithe uirbeach, athghiniúint a dhéanamh chun soláthar a dhéanamh do limistéar measctha úsáide oiriúnach chun freastal ar úsáidí tráchtála breisluacha agus ardluacha agus mais chriticiúil úsáide cónaithe. Tá tailte OÉ Gaillimh ar Oileán Altanach mar fhócas d'athghiniúint agus tá acmhainn acu le haghaidh nuálaíochta agus fiontair chomhoibríocha freisin. I gCuid 2 den Chaibidil seo, tugtar tuilleadh mionsonraithe ar chur chuige an bheartais spáis maidir le miondíol sa chathair, mar aon leis an treoir do mheascán úsáidí ar na suíomhanna athghiniúna atá áirithe i gCaibidil 10.

Is í an treo atá leagtha amach sa MASP ná do bhéim láidir beartais chun lár na cathrach a chaomhnú agus a fheabhsú mar phríomhlimistéar tráchtála laistigh de limistéar MASP, ag tacú le ról réigiúnach do raon gníomhaíochtaí miondíola, tráchtála, turasóireachta, sóisialta agus cultúrtha. Léirítear sa Croí-Straitéis an cur chuige seo agus treisítear an tábhacht a bhaineann leis na bearta tacaíochta a chomhtháthú sa GTS chun inrochtaineacht agus cáilíocht an chomhshaoil i lár na cathrach a fheabhsú mar aon le bearta na Straitéise um Ríocht Phoiblí. Le chéile, cuirfidh siad seo le beogacht agus beocht lár na cathrach.

Is gníomhaíocht é miondíol a mheastar a bheith san áireamh san earnáil leathan tráchtála ach ós rud é go bhfuil treoirlínte sonracha Aireachta Alt 28 – Treoirlínte Pleanála Miondíola d'Údaráis

Phleanála (2012) ann, tá oibleagáid ann díriú ar mheasúnú agus ar bheartas sonrach don earnáil seo. Léiríonn na treoirlínte gur cuid riachtanach de gheilleagar na hÉireann í an earnáil mhiondíola agus gur gné lárnach í de bheocht agus d'iomaíochas na gceantar uirbeach. Maidir leis seo measann na treoirlínte go bhfuil sé tábhachtach go soláthraíonn an Plean Forbartha creat soiléir d'fhorbairt leanúnach na hearnála miondíola ar bhealach a thugann cinnteacht do mhiondíoltóirí agus do phobail sa chreat beartais ábhartha. Tá sé seo san áireamh i gCuid 2 den chaibidil seo.

| **6.3.1 An Earnáil Tráchtála** |
|---|
| 1. Lár na cathrach a chaomhnú mar phríomhfhócas gníomhaíochtaí tráchtála lár na cathrach agus úsáidí agus gníomhaíochtaí comhlántacha a chumasú, lena n-áirítear dlúthfhorbairt chónaithe a fheabhsóidh braistint áite uathúil, beogacht agus beocht an cheantair seo. |
| 2. Spreagadh agus éascú a dhéanamh ar athghiniúint láithreán lár na cathrach ag Ceathrú Stáisiún Cheannt, an Cuan Laistigh agus Bóthar Áth Cinn, le raon úsáidí a áireamh lena n-áirítear spás oifige tráchtála de luach níos airde atá in ann freastal ar ghnó agus ar theicneolaíocht fiontar. |
| **3.** Spreagadh agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt suíomhanna ainmnithe athghiniúna eile sa chathair le haghaidh forbairt úsáide measctha atá oiriúnach do scála agus do chomhthéacs gach láithreáin. |
| 4. Tacú le hullmhú máistirphlean chun tailte agus foirgnimh OÉ Gaillimh ar Oileán Altanach a athghiniúint agus an creat a thabharfaidh plean dá leithéid d'fheidhmiú na dtionscadal bainteach le tacaíocht ón URDF, faoi réir riachtanais chaighdeánacha measúnaithe agus breithnithe comhshaoil. |

## 6.3.2 An Earnáil Tionscail

Is iad na forbairtí ar cuireadh tús leo sna 80idí agus 90idí ag láithreáin ar imeall na cathrach a bhí á dtiomáint ag infheistíocht IDA agus Fhiontraíocht Éireann is mó a chuaigh i gcion ar phatrún na fostaíochta tionsclaíochta ardluacha. Tá na lárionaid fostaíochta straitéiseacha seo suite ag Páirc Ghnó an Daingin, ag Páirc Tionscail agus Gnó Mervue, ag Páirc Ghnó agus Teicneolaíochta na Páirce Móire, ag Páirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh agus ag Páirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise. Áirítear leo do raon tionscal ina ndírítear go láidir ar na heolaíochtaí beatha, teicneolaíochtaí leighis agus seirbhísí agus bogearraí TFC a thrádáiltear go hidirnáisiúnta. Go ginearálta teastaíonn spásanna urláir oifige agus déantúsaíochta uathu agus cuimsíonn siad láithreacht láidir FDI agus freastalaíonn siad ar phríomhfhiontair dhúchasacha freisin. Tá tailte criosaithe Tionscail (I) laistigh den chathair suite ag Cnoc Mhaoil Dris, Baile an Bhriotaigh agus Ráthún chun freastal ar éilimh bhreise. Tá cothromaíocht shuntasach tailte i limistéar an MASP atá trasna ar theorainn na Cathrach/Contae ar thailte an IDA ag an bPáirc Mhór (38 heicteár) agus suíomh straitéiseach neamháitithe IDA (27ha) in Órán Mór. Tá an poitéinseal ag na ceantair seo le haghaidh fostaíochta breise le deiseanna maithe do chóiríocht mhéadaithe trí leathnú ar thailte neamhfhorbartha, dhlúthú agus atheagrú. Ar roinnt tailte nach bhfuil faoi smacht an IDA/Fiontraíocht Éireann tá deiseanna fáis sna hearnálacha déantúsaíochta agus trádála tráchtála i gcoitinne, rud a chuireann leis na deiseanna le haghaidh éagsúlachta i gcineálacha fostaíochta. Ag leanúint le treochtaí idirnáisiúnta le déanaí, tá roinnt forbairtí urláir oifige móra a thacaíonn le FDI agus le forbairt dhúchasach ag bunú níos gaire do lár na cathrach ar láithreáin athghiniúnaa ag Cé Bonham agus Cearnóg na Corónach. Tagann an infheistíocht seo leis an ngá atá le hathghiniúint agus tá siad ag cruthú spreagadh d'fhás ar fhorbairtí comhchosúla ag na láithreacha seo agus an treo do mheascán úsáide níos mó lena n-áirítear úsáid chónaithe a d'fhéadfadh tacú le sní isteach oibrithe.

Príomh-**láithreáin deise** eile le haghaidh úsáide tionsclaíochta agus fiontraíochta is ea iarshuíomh Aerfort na Gaillimhe. Cheannaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Contae na Gaillimhe na tailte seo nuair a tháinig deireadh le feidhm an aerfoirt agus bhí an fhís ann athúsáid a bhaint as chun críocha eacnamaíochta. Aithnítear an láithreán seo de 46 heicteár sa NPF mar chumasóir fáis agus é suite i limistéar an MASP sa Phlean áirítear ann cuspóir chun acmhainneacht na dtailte a scaoileadh le linn shaolré na straitéise. Tá anailís déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar an suíomh seo ina n-áirítear creat d'athfhorbairt fhéideartha an láithreáin ar mhaithe le leas eacnamaíoch réigiún na Gaillimhe i gcoitinne. Tá cuspóir tacaíochta don chreat seo san áireamh i nDréachtphlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-28 reatha.

| **6.3.2 An Earnáil Tionscail** |
|---|
| 1. Tús áite a thabhairt d'infheistíocht agus d'fhairsingiú i ndéantúsaíocht ardteicneolaíochta, taighde nuálaíochta agus forbairt ag príomhshuíomhanna fostaíochta straitéiseacha ag Mervue, ag an bPáirc Mhór, ag Cnoc Mhaoil Drise, ag Baile an Bhriotaigh agus in Daingean agus ar na Láithreáin Athghiniúna agus Deise sainithe. |

## 6.3.3 Tionscal Ginearálta agus Earnáil na hArd-Déantúsaíochta

Tá fiontair déantúsaíochta traidisiúnta ag dul i laghad i nGaillimh le roinnt blianta anuas. Ní treocht iomlán diúltach é seo mar tá méadú ar an mbonn scileanna sa chathair agus ar shoghluaisteacht shóisialta-eacnamaíoch aníos ag léiriú leathnú na ndeiseanna fostaíochta ardluacha. Tá gá fós le tailte a choinneáil chun freastal ar úsáidí tionsclaíochta éadroma agus ar sheirbhísí atá ag teastáil chun tacú le riachtanais iomlán an gheilleagair. Faoi láthair, tá na fiontair seo comhchruinnithe go háirithe i Mervue, ar feadh agus amach ó Bhóthar Thuama agus Bhóthar Mhuine Mheá. Freastalaíonn na tailte seo go príomha ar thionscal éadrom, aonaid bheaga déantúsaíochta agus seirbhíse, oifigí ar scála beag, trádstóráil agus roinnt earraí builc lena n-áirítear seomraí taispeántais mótair. Tá na tionscail seo faoi úinéireacht dhúchasach den chuid is mó agus á n-oibriú acu agus tacaíonn siad le fiontair fiontraíochta. Tá gá leis na tailte seo a chosaint le haghaidh úsáidí tionsclaíochta dá leithéid a d'fhéadfadh teacht faoi bhagairt ó úsáidí ardluacha agus is féidir é seo a dhéanamh go héifeachtach trí bheartais agus trí chuspóirí criosaithe talamhúsáide. Freastalóidh na tailte seo freisin ar ghnóthaí nach dtagann faoi na catagóirí a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann nó an IDA agus cuirfidh siad deiseanna ar fáil freisin do ghnóthaí dúchasacha nuathionscanta agus do na geilleagair nua atá ag teacht chun cinn sa chathair. Ar roinnt tailte dá leithéid atá á n-aistriú, áit a bhfuil athnuachan níos oiriúnaí, cosúil le Bóthar an Ghainimh mar shampla, tacóidh an Chomhairle le hathlonnú na n-úsáidí atá ann faoi láthair go láithreacha níos oiriúnaí.

Forbraíodh Páirc Fiontraíochta an Chuain ar dtús mar fhochuid den chuan in aice láimhe. Tá sé tar éis teacht chun cinn ar bhealach éagsúil, ní hamháin le gníomhaíochtaí a bhaineann le calafoirt. Tacaíonn sé le roinnt tionscal faoi láthair, cuid acu de chineál tionsclaíochta trom, bonn mór stórála ola agus garáiste agus iosta cothabhála Bhus Éireann. Beidh todhchaí na dtailte seo nasctha leis an moladh reatha ag an gcéim toilithe chun an calafort a leathnú go suntasach agus moltaí atá ag teacht chun cinn chun tailte an chuain istigh níos gaire do lár na cathrach a athghiniúint.

## 6.3.4 Geilleagar an Eolais, Tionscail Teicneolaíochta agus Eolaíochtaí Beatha

Tá Éire sa tóir ar chlaochlú go geilleagar eolasbhunaithe a mheastar a bheith ina chonair chun rathúnas a choinneáil sa chathair. Tá Gaillimh chun tosaigh sa treocht seo le láithreacht láidir tionscail eolasbhunaithe agus teicneolaíochta, bonn scileanna tacaíochta agus timpeallacht

oideachais tríú leibhéal comhoibríoch agus nuálaíoch a thacaíonn le héilimh scileanna, taighde agus forbairt. Is óstach í OÉ Gaillimh don Ionad Taighde Insight SFI um Anailísíocht Sonraí. Is Lárionad Taighde de chuid SFI é Insight a thacaíonn le 450 taighdeoir thar réimsí ar nós Bunús na hEolaíochta Sonraí, Brathadóireacht agus Gníomhrú, Algartaim Scála, Tógáil Samhla, Anailís Ilmhódúil, Innealtóireacht agus Rialachas Sonraí, Cinnteoireacht agus AI iontaofa. Le chéile tá breis agus 190 cuideachta teicneolaíochta ann lena n-áirítear raon gnóthaí nuathionscanta i limistéar MASP na Gaillimhe, lena n-áirítear go leor cuideachtaí ilnáisiúnta mór le rá a bhfuil ionadaíocht ag na heolaíochtaí beatha orthu go háirithe ó na hearnálacha Teicneolaíochta Míochaine. Tá a láithreacht ina tháscaire ar an bhfórsa saothair ardoilte.

Ag cur le láidreacht thionscal an eolais tá an bonneagar Nuálaíochta Gnó ar nós Mol Nuálaíochta Portershed, Ionad Teicneolaíochta na Gaillimhe, iHub GMIT Gaillimh, Ionad Nuálaíochta Gnó OÉ Gaillimh ar comhfhiontair iad idir an earnáil phoiblí, an earnáil phríobháideach agus institiúidí oideachais i lár na cathrach. Cothaíonn moil den sórt sin saotharlanna nuálaíochta agus gorlann gnó san earnáil teicneolaíochta agus gnólachtaí nuathionscanta ardluacha. Forbraíodh na háiseanna seo trí leas a bhaint as an gCiste Forbartha Fiontraíochta Réigiúnaí. Sa spás cruthaitheach agus digiteach tá maoiniú caipitil faighte freisin ag an ionad nuálaíochta breise CREW. Tá fás nuálaíochta á thacú freisin faoi Ciste Nuálaíochta Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF) arna bhunú faoi Thionscadal Éireann 2040. Bhain Gaillimh leas suntasach as an gciste seo a thacaíonn le tionscadail taighde agus forbartha i réimsí ar nós eolaíochtaí beatha, feistí leighis, TFC, intleacht shaorga, déantúsaíocht agus inbhuanaitheacht comhshaoil.

Cruthaíonn an cultúr láidir seo sa chathair ina gcuirtear teicneolaíochtaí nuálacha i bhfeidhm timpeallacht ar féidir léi tacú le haistriú na Gaillimhe go Cathair Chliste. Is éard atá i gCathair Chliste ná áit ina ndéanann éiceachóras daoine, gléasanna agus rudaí cumarsáid agus comhoibriú. Is cathair í ina n-úsáidtear an tIdirlíon de Rudaí (IoT) chun faisnéis a bhrath, a anailísiú agus a chomhroinnt a chuireann ar chumas limistéar uirbeach agus a chuid seirbhísí oibriú ar bhealach níos éifeachtaí, níos eacnamúla agus chun dul i ngleic ar bhealach níos éifeachtaí le saoránaigh. Cuirtear tús le forbairt cathracha cliste le tionscnaimh bheagmhéide. Do Chathair na Gaillimhe áirítear leis seo flít údaráis áitiúil d'fheithiclí leictreacha (EV) a thabhairt isteach le luchtú tapa ar an láthair, araidí balctha gréine cliste le cumas níos airde agus timthriallta bailiúcháin laghdaithe, úsáid réitigh chliste iompair chun córais iompair a bhainistiú, tionscnaimh scoileanna glasa nuair is féidir aistriú cora iompair agus caighdeán an aeir a thomhas. Tá sonraí mar thoradh ar gach tionscnamh ar féidir tógáil de réir a chéile ar réiteach eile agus is féidir, trí úsáid na teicneolaíochta, rathúlacht agus oiriúnuithe a theastaíonn le haghaidh gníomhartha níos mó a thomhas. Tacaítear leis an gcur chuige seo sa RSES áit a bhfuil cur chuige comhpháirtíochta idir an ÚBN, Coimisiún Forbartha an Iarthair agus Ionad Insight na hAnailísíochta Sonraí in OÉ Gaillimh ag obair ar bhonneagar poiblí agus struchtúr rialachais réigiúnach a fhorbairt ag baint úsáide as réitigh teicneolaíochta a ligfidh do gach páirtí leasmhar ó gach cearn den réigiún, Cathair na Gaillimhe san áireamh, páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht agus taitneamh a bhaint as timpeallacht fheabhsaithe. Ar leibhéal náisiúnta tá Cathair na Gaillimhe ina ball rannpháirteach faoi láthair d'Fhóram Uile-Éireann na gCathracha Cliste. Is comhpháirtíocht í seo a dhíríonn ar chathracha a chur chun cinn go comhoibríoch tríd imscaradh agus luach ginte ag an gclár um Chathair Chliste ina bhfuil foghlaim roinnte.

| **Geilleagar an Eolais, Tionscail Teicneolaíochta & Eolaíochtaí Beatha** |
|---|
| 1. Cur chuige Cathair Chliste a chur chun cinn trí nuálaíochtaí agus teicneolaíochtaí digiteacha nua a chur i bhfeidhm chun tacú le fás eacnamaíoch, rannpháirtíocht |

| |
|---|
| saoránach, feabhas a chur ar cháilíocht agus feidhmíocht seirbhísí uirbeacha agus chun costais agus ídiú acmhainní a laghdú. |

### 6.3.5 Earnálacha Fiontar & Nuálaíochta

Tá geilleagar láidir tacaithe ag **fiontar agus nuálaíocht** ar cheann de thorthaí straitéiseacha an RSES. Tá méadú ag teacht ar an tábhacht atá le cur chun cinn agus le forbairt fiontar eolasbhunaithe agus tacú le moil taighde agus nuálaíochta agus áiseanna gorlainne laistigh den chathair i gcomhar le gníomhaireachtaí eile. Beidh Plean Straitéiseach OÉ Gaillimh **"Fís Chomhroinnte, Straitéis Mhúnlaithe ag Luachanna 2020-2025"** i gceannas ar athrú bunathraithe na cathrach agus an réigiúin arna threorú ag an mbeartas náisiúnta um fhorbairt réigiúnach chothromaithe agus cathracha inbhuanaithe mar atá leagtha amach i dTionscadal Éireann 2040. Tá sé mar aidhm aige é seo a bhaint amach trí ghéarú na béime ar an teagaisc, an taighde agus na nuálaíochta trí úsáid a bhaint as Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA mar threoirphlean chun todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe a bhaint amach. Tógfaidh cur chun feidhme an phlean comhiarracht thar cúig bliana chun spriocanna a bhaint amach.

Cuirfidh maoiniú a gheofar faoi shruth maoinithe URDF 2020 chun cinn pleananna do mhol breise, Ceantar Nuálaíochta agus Cruthaitheachta na Gaillimhe, comhfhiontar idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus OÉ Gaillimh. Áireoidh sé seo tionscadal athnuachana cois abhann ar an gcampas agus ar réadmhaoin OÉ Gaillimh ar Oileán Altanach agus neartóidh sé na naisc idir gnó, taighde agus saol na cathrach.

Tá samhlacha gnó atá ag teacht chun cinn, mar shampla **fiontair shóisialta** ag dul i méid, agus iad siúd a oibríonn go príomha chun saol na ndaoine a fheabhsú**.** Is é an príomhchuspóir atá acu tionchar dearfach sóisialta, sochaíoch nó comhshaoil a bhaint amach. Cosúil le gnóthaí eile, saothraíonn fiontair shóisialta a gcuspóirí trí thrádáil earraí agus seirbhísí ar bhonn leanúnach. Mar sin féin, athinfheistítear barrachais a ghineann fiontair shóisialta chun a gcroíchuspóirí sóisialta a bhaint amach, seachas an brabús a uasmhéadú dá n-úinéirí. I gceist, de ghnáth, bíonn obair chun tacú le grúpaí faoi mhíbhuntáiste ar nós daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach nó chun dul i ngleic le saincheisteanna mar bhochtaineacht bia, tithíocht shóisialta, nó cúrsaí comhshaoil. Aithnítear sa phlean seo luach na fiontraíochta sóisialta sa chathair agus éascóidh agus tacóidh sé le príomhchuspóirí an chéad **Bheartas Fiontair Shóisialta Náisiúnta d'Éirinn 2019-2022** trí fheasacht ar fhiontar sóisialta a thógáil, agus trí thacú le soláthar bonneagair chothaithe d'fhiontair shóisialta a theastaíonn chun fiontair shóisialta a fhás agus a neartú agus ailíniú feabhsaithe a bhaint amach le réimsí beartais ábhartha an rialtais.

Tá baint ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe le raon tacaíochtaí a sholáthar d'fhiontair shóisialta trí thionscnaimh mar an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP), an Clár Feabhsaithe Pobail, soláthar spáis fiontraíochta fóirdheonaithe agus cúnamh deontais díreach d'fhiontair shóisialta. Aithnítear sa phlean seo an cumas atá ag fiontair shóisialta cur le forbairt geilleagair inbhuanaithe agus chiorclaigh agus cruthú post áitiúil agus tacaíonn sé leis na cuspóirí fiontraíochta sóisialta atá san áireamh sa LECP.

| **6.3.5 Fiontraíocht & Nuálaíocht** |
|---|
| 1. Forbairt fiontair eolasbhunaithe a chur chun cinn agus tacú le moil taighde agus nuálaíochta agus áiseanna gorlainne laistigh den chathair i gcomhar le gníomhaireachtaí eile um fhorbairt fiontair. |

| | | |
|---|---|---|
| 2. | Leanúint ar aghaidh ag tacú le forbairt fiontar nuathionscanta d'fhiontair dhúchasacha áitiúla agus iad a éascú. | 6.3.6 |
| 3. | Aitheantas a thabhairt do luach fiontair shóisialta sa chathair agus tacú le cuspóirí an Bheartais Náisiúnta um Fhiontraíocht Shóisialta d'Éirinn 2019-2022 mar a dhearbhaítear tuilleadh faoin ngealltanas náisiúnta maidir le tacú leis an Dearbhú Toledo. | |
| 4. | Tacú le forbairt na n-ardinstitiúidí oideachais agus na róil láidre comhoibritheacha taighde, nuálaíochta, forbartha agus oiliúna a bhfuil acu leis an tionscal chun deiseanna nuálaíocha fáis a chruthú. | |
| 5. | Fiontraíocht agus gnó a spreagadh chun aistriú go geilleagar ciorclach ina ndéantar úsáid dramhaíola agus acmhainní a íoslaghdú agus inar féidir tionchair dhearfacha comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a sheachadadh. | |
| 6. | Tacú le leas a bhaint as eolas agus nuálaíocht chun lorg carbóin na fiontraíochta sa Chathair a laghdú agus breisluach áitiúil agus fostaíocht a chruthú ón aistriú riachtanach ar bhonn ceartais den tsochaí. | |

**Earnáil na nOifigí**

Áirítear le húsáid oifige do raon leathan gníomhaíochta. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seirbhísí díreacha don phobal ar nós seirbhísí gairmiúla, airgeadais, gnó nó d'fhéadfadh go mbeadh níos mó béime de chineál corparáideach agus faoi thiomáint ag an teicneolaíocht mar sainoifigí. Le treochtaí méadaithe i dtreo geilleagair digitithe eolasbhunaithe, tá forluí méadaitheach idir na cineálacha seo. Tá roinnt suíomhanna sa chathair ina bhfuil oifigí. Tá an cineál teicneolaíochta níos mó ag teacht chun cinn ó mhúnlaí déantúsaíochta lonnaithe go príomha ar na páirceanna gnó imeallacha ach tá na cineálacha níos ginearálta suite i lár na cathrach. Léirigh céimeanna forbartha níos deireanaí treochtaí treo beartais idirnáisiúnta agus náisiúnta do ghnóthaí móra oifige le bunú ag suíomhanna níos gaire do chroílár na cathrach agus in aice leis.

Tá an príomhfhócas d'úsáid ghinearálta oifige fós i lár na cathrach, rud a léiríonn príomhról an cheantair seo, agus na sineirgí a chruthaítear idir oifigí miondíola agus úsáid ghinearálta oifige agus an méid a chuireann na seirbhísí seo le beogacht agus inmharthanacht spás uirbeach a chothabháil. Is gnách gur ionaid oibre ard-dlúis úsáidí oifige agus mar sin is iad na láithreacha is oiriúnaí ná na ceantair a bhfuil rochtain acu ar iompar poiblí agus ar mhodhanna taistil gníomhacha.

Is láithreacha iad na Láir Cheantair, Chomharsanachta agus Áitiúla freisin ina dtugtar tacaíocht do chóiríocht oifige ar scála agus ar nádúr nach mbaineann ó phríomhaíocht lár na cathrach agus nach ndéanann dochar d'fhorbairt meascán cothrom úsáidí ag na láithreacha seo. Déanfar oifigí ag na láithreacha seo a mheas i gcomhthéacs a scála agus a gcineál agus i gcoibhneas le méid an ionaid agus an dobharcheantar comharsanachta lena mbaineann agus inrochtaineacht trí infheistíocht reatha agus/nó bheartaithe in iompar poiblí.

Tá sé d'acmhainn ag oifigí móra teicneolaíochta nó sainoifigí a bhfuil ard-dlús fostaíochta acu forbairt bhreise agus leathnú a dhéanamh sna páirceanna gnó ar thailte atá criosaithe le haghaidh tionscail agus tráchtála/tionscail. Faoi láthair tá na cineálacha oifige seo suite ag Baile an Bhriotaigh, i Ráthún, sa Pháirc Mhór, ar Bhóthar Thuama, ar Bhóthar Mhuine Mheá. Sa Phlean i gCaibidil 10, a léiríonn clár oibre an NPF d'fhás dlúth, d'fhorbairt úsáide measctha agus d'athghiniúint, sainaithníodh roinnt suíomhanna i lár na cathrach agus in aice le lár na cathrach atá oiriúnach d'fhorbairt mhórscála ar féidir leo freastal ar fhorbairtí oifige mórurláir. Ceadaíodh roinnt mórfhorbairtí campais oifige den chineál seo agus tá siad ag céim forbartha ón bPlean Forbartha deiridh, rud a léiríonn an treocht nua i suíomh spás oifige teicneolaíochta. Ní bheidh treochtaí lár

na cathrach ag baint le suim i bhforbairt oifige ar scála mór ar na láithreacha imeallacha agus deimhníonn leathnú agus infheistíocht ó chuideachtaí atá ann cheana ag na láithreacha seo a n-infheistíocht fhadtéarmach leanúnach sna tailte seo agus an gá atá leis an bPlean leanúint ag freastal ar na tailte seo chun forbairt comhthreomhar ag na láithreacha seo agus ar láithreáin athghiniúna chomh maith, a chur chun cinn.

Ar mhaithe le coincheap na comharsanachta agus patrúin gluaiseachta inbhuanaithe a chur chun cinn spreagtar suíomh oifigí ar scála beag a sholáthraíonn seirbhísí áitiúla ar nós cleachtais DT/fiaclóireachta chun comhlonnú le seirbhísí áitiúla eile sa cheantar. Tá a leithéid d'úsáidí oscailte lena mbreithniú freisin i gceantair tithíochta faoi réir measúnú a dhéanamh ar a dtionchar ar chúrsaí taitneamhachta agus tráchta. Beidh oifigí agus gníomhaíochtaí baile oscailte lena mbreithniú freisin, ach amháin nuair a léiríonn a nádúr agus a scála gur féidir freastal orthu gan dochar a dhéanamh don taitneamhacht cónaithe atá ann cheana féin.

Mar a luadh cheana ní féidir a thuar cén tionchar a bheidh ag na samhlacha oibre hibrideacha nua agus atá ag teacht chun cinn agus ag an digitiú méadaithe ar an éileamh ar spás oifige. Le níos mó daoine ag obair ón mbaile tá athrú ag teacht ar ról na hoifige.  Ceann de na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le cianobair is ea an laghdú ar chomhoibriú agus ar obair foirne, rud a thairgeann fiontair oifigbhunaithe. Is é an smaoineamh reatha ón tionscal infheistíochta agus réadmhaoine ná gur dócha go bhfanfaidh éileamh ar spás oifige ag leibhéil chomhchosúla sa mheántéarma/fadtéarma, agus gur dócha go bhféachfaidh áititheoirí ar athchumrú an spáis oifige atá ann cheana féin, seachas lorg tráchtála a laghdú. Ní mór monatóireacht a dhéanamh ar shocruithe atá ag teacht chun cinn thar thréimhse an Phlean chun an gá le solúbthacht chun freagairt do na treochtaí athraitheacha seo a mheas agus leas a bhaint as deiseanna féideartha chun tairbhí eacnamaíocha agus inbhuanaithe a sheachadadh.

| **6.3.6 Earnáil na nOifigí** |
|---|
| 1. Timpeallacht ionad oibre ar ardchaighdeán a spreagadh trí dhearadh ailtireachta, leagan amach, tírdhreachtú agus áiseanna nuair is féidir leo seo cur go dearfach le sláinte agus folláine an lucht oibre agus leis an tírdhreach uirbeach. |
| 2. Nuálaíocht san ionad oibre a spreagadh trí dhigitiú, cleachtais oibre iargúlta agus solúbtha agus tugtar tacaíocht d'obair mhoil. |

### 6.3.7 Earnálacha Cúraim Sláinte agus Oideachais

Tá tábhacht ar leith ag baint le cúram sláinte agus seirbhísí eolasbhunaithe agus an fhostaíocht ghaolmhar agus an ghníomhaíocht eacnamaíoch sa chathair agus bíonn siad ag gabháil do leibhéal suntasach den fhórsa saothair. Aithnítear sa NPF rochtain mhaith ar raon seirbhísí ardchaighdeáin oideachais agus sláinte, i gcoibhneas le scála lonnaíochta mar phríomhsprioc straitéiseach agus admhaítear go gcuidíonn sé le háiteanna a dhéanamh tarraingteach, rathúil agus iomaíoch. Léirítear sa RSES freisin an tábhacht a bhaineann le nasc leathanbhanda ardluais agus tugann sé dá aire go bhféadfaí teicneolaíochtaí nua-aimseartha a úsáid chun roinnt seirbhísí a sholáthar go fíorúil do cheantair iargúlta agus chun éifeachtúlachtaí laistigh d'oibriú na seirbhísí seo a mhéadú. Aithnítear sa MASP go bhfuil feidhm réigiúnach shuntasach ag na seirbhísí cúram sláinte agus eolais sa chathair. Le fás suntasach spriocdhírithe ar an MASP meastar go dtiocfaidh méadú ar an bhfeidhm réigiúnach seo agus go mbeidh gá le leathnú agus dul chun cinn sna seirbhísí seo. Éileoidh sé seo cumasú trí chriosú talamhúsáide agus infheistíocht i inrochtaineacht fheabhsaithe trí bhearta GTS a chur chun feidhme.

Is í Gaillimh an t-ionad do sheirbhísí cúraim sláinte réigiúnacha do Réigiún an Iarthair agus cuireann Ospidéil Ollscoile na Gaillimhe (Páirc Mhuirlinne agus UHG) seirbhís thánaisteach, réigiúnach agus for-réigiúnach ar fáil maidir le seirbhísí cairdeolaíochta agus ailse. I measc Sláintecare agus FSS a fhaigheann tacaíocht ón NDP tá Rannóg Éigeandála (ED) nua ag UHG agus ospidéal roghnach nua laistigh den chathair. Cuirfidh sé seo leis na hospidéil phoiblí atá ann faoi láthair agus comhlánóidh sé na seirbhísí a chuirtear ar fáil sa dá ospidéal phríobháideacha. Is féidir freastal ar sheirbhísí leighis pobail agus speisialtóra laistigh de láir cheantair, chomharsanachta agus áitiúla agus iad a dhíriú chuig lár na cathrach. Sainaithníodh go bhfuil ionaid chúraim shláinte phríomhúil tábhachtach sa RSES, áit a spreagtar iad a lonnú in aice lena ndobharcheantar agus gar do na seirbhísí áitiúla atá ann cheana féin.

Léirítear an buntáiste a bhaineann le trí institiúid tríú leibhéal a bheith sa chathair – OÉ Gaillimh, GMIT agus GTI sna leibhéil arda ghnóthachtála oideachais sa chathair, nádúr oilte an fhórsa saothair agus an creat atá ar fáil d’oiliúint leanúnach, do thaighde agus do chomhoibriú le tionscal. Ina theannta sin cuireann daonra mór mac léinn tríú leibhéal de bhreis agus 26,000 sa chathair go mór leis an ngeilleagar áitiúil agus cuireann sé le beogacht na héagsúlachta sa chathair.

Trí bheartais tacaíochta, trí chriosú talamhúsáide agus trí chomhordú agus comhtháthú príomhphíosaí bonneagair is féidir gach institiúid cúram sláinte agus oideachais a fhorbairt tuilleadh.

| **6.3.7 Earnáil Sláinte & Oideachais** |
|---|
| 1. Tacú le agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt inbhuanaithe na n-institiúidí straitéiseacha sláinte agus eolais ina róil fheidhmiúla príomhúla agus freisin nuair a rannchuidíonn siad le nuálaíocht, taighde, oiliúint agus forbairt scileanna. |

### 6.3.8 An Earnáil Turasóireachta

Tá forbairt inbhuanaithe agus cur chun cinn tionscal turasóireachta dea-bhainistithe aitheanta sa RSES mar ní ríthábhachtach d'eacnamaíocht an réigiúin. Ba ionann Cathair agus Contae na Gaillimhe agus 59% de na cuairteanna turasóireachta in 2019 ar réigiún an Iarthuaiscirt agus baineann sé leas mór as an eacnamaíocht agus as an bheocht bhreise a thugann sé. Roimh an mbliain a ndeachaigh an Phaindéim Covid-19 i bhfeidhm uirthi, tháinig suas le 1.7m turasóir idirnáisiúnta agus 1 milliún turasóir intíre chuig Cathair agus Chontae na Gaillimhe gach bliain arna taifeadadh ag Turasóireacht Éireann. Léiríodh in Lonely Planet an rathúlacht tuilleadh maidir le stádas ““an ceathrú cathair is fearr ar domhan le cuairt a thabhairt uirthi in 2020” agus ceann den dá chathair is cairdiúla san Eoraip” in 2020 le suirbhé Condé Nast Traveller Reader’ Choice Awards. Faoi láthair tugann Turasóireacht Éireann cur síos ar earnáil na turasóireachta go bhfuil sí ag céim slánaithe suas go dtí 2022 agus ansin beidh sé i gcéim atógála ina dhiaidh sin, ach ina bhfuil tionchair fhadtéarmacha na n-athruithe paindéime san earnáil eitlíochta agus tionchar na géarchéime aeráide go fóill anaithnid.

Ina ainneoin sin meastar go n-athaimseoidh an chathair a trádáil turasóireachta, agus go mbeidh athléimneacht aici mar gheall ar scála suntasach an mhargaidh intíre agus athchuairteanna gaolmhara. Tá rath ar an earnáil seo sa chathair mar gheall ar an oidhreacht chultúrtha shainiúil, an bheogacht, an chreatlach dlúth uirbeach agus an tarraingt a bhaineann le cathair thraidisiúnta cois farraige agus is príomhshócmhainní iad a chuireann le hath-thógáil na hearnála seo. Is táirge suntasach turasóireachta é féilire na féile a mhaireann ar feadh na bliana freisin, ag cothú seirbhísí agus ag cinntiú oícheanta leapa ar feadh na bliana. Trína bheith ina óstach ar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020, cé go raibh dúshlán ag baint leis mar gheall ar phaindéim Covid-19,

chabhraigh sé fós le próifíl idirnáisiúnta turasóireachta na Gaillimhe a ardú. Leis an nuálaíocht atá ag teacht chun cinn trí thionscnaimh maidir le bia amuigh faoin aer agus an creat atá á fhorbairt go náisiúnta don gheilleagar oíche, cumasófar níos mó éagsúlachta sa chathair.

D’ullmhaigh an chathair agus príomhpháirtithe leasmhara eile **Straitéis Turasóireachta 2020-2025** agus athshainíodh a bhfuil i gceist le heispéireas turasóireachta na ‘Gaillimhe’ agus díríonn sé ar ghníomhartha ar féidir leo eispéireas an chuairteora a fhorbairt agus tacú leis. Tacaíonn an Plean Forbartha leis an straitéis seo agus spreagann agus éascaíonn sé go háirithe turasóireacht inbhuanaithe agus na tionscnaimh leathnaithe maidir le cultúr, oidhreacht, féarbhealaí atá ag teacht chun cinn agus gníomhaíochtaí gormbhealaí ar na huiscebhealaí.

Sa RSES, leagtar béim ar an rath a bhí ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, a shíneann feadh chósta an réigiúin ó Dhún na nGall agus a shíneann go Iarthar Chorcaí agus an tairbhe eacnamaíoch a léiríonn sé do mhargaíocht na hÉireann mar cheann scríbe saoire glan, glas. Ag teacht leis seo, tá an Ghaillimh, mar an t-aon chathair ar an mbealach seo, mar fhócas den mhaoiniú suntasach ó Fháilte Éireann, ionas gur féidir an músaem cathrach a fheabhsú agus a leathnú a dhéanfar a athfhorbairt agus a athbhrandáil mar **Músaem Atlantach na Gaillimhe**.




Tá an MASP dírithe freisin ar thurasóireacht agus aithnítear timpeallacht uathúil Chathair na Gaillimhe agus a phurláin, lena n-áirítear an cósta fairsing, tránna uirbeacha, abhainn agus loch, na huiscebhealaí agus córas canálacha na cathrach mar shócmhainní turasóireachta uathúla. Le maoiniú faoi shruth chistithe na mbailte cinn scríbe, déanfar tuilleadh fiosrúcháin ar acmhainneacht na gceantar seo mar ghormbhealaí ar féidir leo tacú le háiseanna do ghníomhaíochtaí turasóireachta.



Go ginearálta rannchuidíonn an Chomhairle le forbairt na turasóireachta sa chathair trí raon de bhearta sineirgisteacha éagsúla lena n-áirítear inrochtaineacht a fheabhsú, cothabháil agus feabhsú an chomhshaoil agus trí sholáthar limistéir áineasa agus taitneamhachta, bearta um ríocht phoiblí, cosaint na hoidhreachta nádúrtha agus tógtha agus éascú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar nithe is díol spéise do chuairteoirí.

Clúdaíonn turasóireacht raon leathan gníomhaíochtaí éagsúla laistigh den chathair. Tacóidh agus éascóidh go leor de na beartais agus cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean seo le forbairt turasóireachta agus infrastruchtúir turasóireachta. Áirítear leis seo cóiríocht turasóireachta a chumasú, an earnáil fáilteachais ghinearálta agus saoráidí sonracha turasóireachta. Is féidir leo seo leas a bhaint as cuairteoirí agus saoránaigh araon agus cur le beogacht, leis an ngeilleagar áitiúil agus i ndeireadh na dála cruthú post.

| **6.3.8 An Earnáil Turasóireachta** |
|---|
| 1. Aitheantas a thabhairt don rannchuidiú suntasach a chuireann turasóireacht náisiúnta agus idirnáisiúnta leis an ngeilleagar áitiúil agus le beogacht na cathrach agus éascóidh sí, i gcomhpháirtíocht le Fáilte Éireann agus le príomhpháirtithe leasmhara, forbairt inbhuanaithe an bhonneagair ghaolmhair, na nithe is díol spéise, lena n-áirítear ceann scríbe tarraingteach ar scála agus imeachtaí go háirithe nuair a léiríonn siad stair, cultúr agus timpeallacht shainiúil na Gaillimhe agus ina leagtar béim ar thábhacht na Gaillimhe mar an t-aon chathair ar “Shlí an Atlantaigh Fhiáin” agus mar thairseach chuig Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair. |
| 2. Éagsúlú leanúnach sa tairiscint turasóireachta sa chathair a spreagadh i gcomhar le Fáilte Éireann go háirithe trí fhorbairt a dhéanamh ar fhéarbhealaí, gormbhealaí agus naisc leis an ngréasán éabhlóideach de chonairí siúlóide agus deiseanna a chur chun cinn i ngach gníomhaíocht agus saoráid a chuireann le dícharbónú. |
| 3. Oidhreacht thógtha agus nádúrtha shainiúil na cathrach a chosaint agus iarracht a dhéanamh feabhsuithe a chothabháil agus a chur chun feidhme sa ríocht phoiblí a chothóidh mealltacht na timpeallachta uirbí do chuairteoirí agus do shaoránaigh araon agus a mhéadóidh deiseanna úsáide spáis lasmuigh agus a thacóidh le himeachtaí agus cruinnithe. |
| 4. Oibriú i gcomhpháirtíocht le Fáilte Éireann agus le príomhpháirtithe leasmhara chun tacú leis an earnáil fáilteachais agus chun áiseanna a bhaineann le turasóireacht a chur chun cinn, lena n-áirítear raon inbhuanaithe de chóiríocht turasóireachta. |
| 5. Tacú le hullmhú agus le forbairt branda Thurasóireacht na Gaillimhe agus an leas is fearr a bhaint as an leagáid a thagann as an ainmniú de Ghaillimh mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020. |
| 6. Tacú leis an gcathair mar cheann scríbe agus tacú le glacadh le samhail VICE do bhainistiú Ceann Scríbe chun Turasóireacht Inbhuanaithe a chinntiú a bhreithníonn an t-idirghníomhú idir Cuairteoirí (**V**isitors), an Tionscal (**I**ndustry) a fhreastalaíonn orthu, an Pobal (**C**ommunity) a dhéanann óstáil orthu agus a dtionchar comhchoiteann ar, agus freagairt don Chomhshaol (**E**nvironment). |

### 6.3.9 Earnáil na Mara & Fuinneamh In-athnuaite

Tá cultúr agus traidisiún láidir muirí ag Gaillimh, agus í lonnaithe i gceantar a bhfuil stair fhada trádála aige. Tá earnáil na mara, cé gur earnáil thábhachtach í cheana féin do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe de bharr a suíomh agus a inrochtaineacht ar an aigéan níos leithne, tá an-acmhainneacht aige leathnú agus leas a bhaint as an margadh mara domhanda níos leithne, lena n-áirítear bia mara, turasóireacht, fuinneamh in-athnuaite aigéin agus feidhmiú ar shláinte agus ar theicneolaíochtaí. Tá buntáistí suntasacha taitneamhachta ag an limistéar muirí chomh maith ó

éiceolaíocht agus gnáthóg uathúil, tránna, spás oscailte, glasbhealaí, gormbhealaí agus an tacaíocht do ghníomhaíochtaí fóillíochta agus áineasa uiscebhunaithe.

I gcomhréir le ceanglais Threoir an Aontais Eorpaigh ar phleanáil spásúlachta mhuirí, faomhadh an **Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí (NMPF) 2021** agus dréachtaíodh reachtaíocht tacaíochta chun an limistéar muirí a rialú. Soláthraítear sa NPPF an creat náisiúnta le haghaidh gníomhaíochtaí daonna mara-bhunaithe agus leagtar amach ann fís 20 bliain an rialtais, cuspóirí agus beartais phleanála mara do gach gníomhaíocht mhuirí, a chuirtear i gcothromaíocht leis an ngá atá leis an gcomhshaol a chosaint. Sa Chreat, tugtar treoir do chinnteoirí (lena n-áirítear an t-údarás áitiúil), úsáideoirí agus páirtithe leasmhara i dtreo úsáide straitéisí, plean-threoraithe, éifeachtúil agus níos inbhuanaithe a bhaint as acmhainní muirí náisiúnta.

Sa chathair tá príomhfhócas na gníomhaíochta eacnamaíche muirí ag Calafort na Gaillimhe, calafort atá rangaithe i mbeartas náisiúnta calafoirt mar chalafort le Tábhacht Réigiúnach (Sraith 3). Tacaíonn an calafort agus na tailte gaolmhara le loingseoireacht agus iompar muirí. I measc na n-earraí a allmhairítear go príomha tá táirgí peitriliam, biotúman agus cruach agus lasta ar scála mór a bhaineann le tionscadail ar nós tuirbíní gaoithe ó am go chéile, agus áirítear aolchloch agus miotail in-athchúrsáilte sna honnmhairí. Is í an phríomhsheirbhís iompair mhuirí ná an bád farantóireachta paisinéirí a fheidhmíonn ón gcalafort a fhreastalaíonn ar an trádáil láidir turasóireachta ar Oileáin Árann. Tacaíonn na tailte fiontair ghaolmhara le roinnt fiontar lena n-áirítear gníomhaíochtaí atá nasctha le calafoirt agus tairgeann siad spás stórála le haghaidh lasta loingseoireachta. Tugtar tacaíocht don fhóillíocht agus don turasóireacht trí ghníomhaíochtaí áitiúla farraige a éascú, muiríne pontún 40 beart agus cuairteanna ó línéir cúrsóra idirnáisiúnta ó am go ham.

Toisc go bhfuil srian an-mhór ar acmhainn an chalafoirt agus go meastar go bhfuil áiseanna neamhleor chun an gnó a fhorbairt go caighdeán idirnáisiúnta nua-aimseartha, tá moltaí ag an gcalafort faoi láthair leis an mBord Pleánala chun síneadh mór a chur le limistéar an chuain. Áirítear leis na moltaí le haghaidh athfhorbartha agus síneadh le haghaidh míntíriú 27 heicteár, tógáil céanna tráchtála agus saoráidí calafoirt domhainmhara, soláthar muiríne agus áiseanna uisce-spórt. Tacaítear leis an tionscadal seo sa Phlean mar go meastar go bhfuil an acmhainneacht aige cur le fiontraíocht agus fostaíocht mhara, an cumas borradh a chur faoin turasóireacht agus soláthar a dhéanamh freisin do ríocht phoiblí bhreise leis an gcumas d'imeachtaí móra a óstáil. Is é an buntáiste don chathair chomh maith ná go mbeifear in ann athfhorbairt a dhéanamh ar an láithreán athghiniúna sainithe ag an gcuan laistigh de bharr gníomhaíochtaí a athlonnú níos faide amach ón gcósta, mar a leagtar amach i gCaibidil 10 chun soláthar a dhéanamh do cheathrú úsáide measctha nua agus dlúth ar an gcladach agus in aice le lár na cathrach.

Tá buntáiste ag limistéar MASP na Gaillimhe go bhfuil Foras na Mara, gníomhaireacht náisiúnta stáit lonnaithe laistigh de limistéar MASP ag Órán Mór. Tá sé ríthábhachtach maidir le hoidhreacht mhuirí náisiúnta a chosaint trí thaighde agus monatóireacht comhshaoil agus cuidíonn sé le bonn eolais a thabhairt do bheartas náisiúnta. Tacaíonn sé freisin le taighde mara, forbairt teicneolaíochta agus nuálaíocht a thacaíonn leis an tionscal agus a spreagann spéis i bhfiontair mhuirí nua agus a nascann freisin ar thionscadail le GMIT agus OÉ Gaillimh (m.sh.**. SEMRU** An tAonad Socheacnamaíoch Taighde Mara).

Áirítear sa NPF cuspóir chun tacú le fás inbhuanaithe, forbairt agus infheistíocht leanúnach sa gheilleagar muirí. Sa RSES, tugtar tacaíocht do Chalafort na Gaillimhe agus do na tograí leathnaithe agus féachann sé ar an tionscadal seo mar phríomhthosaíocht straitéiseach don

réigiún a chumasóidh tuilleadh infheistíochta sa gheilleagar muirí, sa turasóireacht agus sa nascacht, agus meastar go bhfuil leas cathrach agus réigiúnach araon ag baint leo uile. I bhfianaise na droch-nascachta laistigh de réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair i gcomparáid le réigiúin eile, tacaíonn an RSES le scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go n-ainmneofaí Calafort na Gaillimhe mar TEN-T an AE ionas gur féidir é a chomhtháthú agus a nascadh le líonra iompair uile-Eorpach. Aithnítear freisin sa MASP gur féidir leis na feabhsuithe atá beartaithe ar shaoráidí Chuan na Gaillimhe uaillmhian an NPF a neartú do Ghaillimh a bheith ina cathair réigiúnach láidir agus feabhas a chur ar iomaíochas.

Sainaithníodh an comhshaol muirí freisin mar thiománaí féideartha chun astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú go suntasach agus chun dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh níos glaine de réir an bheartais náisiúnta. Aithnítear sa RSES an fhéidearthacht ollmhór d'fhás in fhuinneamh in-athnuaite mar chuid den uaillmhian fáis don gheilleagar agus d'fhostaíocht sa réigiún. Aithnítear go háirithe fuinneamh gaoithe amach ón gcósta mar acmhainn shuntasach le hiniúchadh agus an gá atá le soláthar imleor bonneagair agus seirbhísí talamhbhunaithe. Léiríonn sé seo na haidhmeanna atá i bPlean Forbartha um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta (OREDP) ina sainaithnítear na deiseanna d'fhuinneamh gaoithe agus aigéin amach ón gcósta agus an acmhainneacht le poist a chruthú sa gheilleagar glas. Toisc gur dócha go mbeidh bord farraige an iarthair agus an tAtlantach Thuaidh mar phríomhchrios straitéiseach maidir le tástáil, suiteáil, agus leathnú leanúnach i réimse na bhfuinneamh in-athnuaite muirí, tá Calafort na Gaillimhe i suíomh iontach chun leas a bhaint as na fiontair mhuirí seo atá ag teacht chun cinn a bhaineann leis an earnáil um fhuinneamh inbhuanaithe agus an earnáil fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta. Áirítear leis an gCreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí (NMPF) cuspóir chun an acmhainn atá ag calafoirt cur le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a shainaithint agus le haghaidh pleananna agus beartais ábhartha a bhaineann leis an gcalafort sainaitheanta chun forbairt a spreagadh ar bhealach a éascaíonn fuinneamh amach ón gcósta agus fuinneamh agus an ghníomhaíocht slabhra soláthair lena mbaineann. Chuige seo tacaíonn an plean reatha leis an gcineál seo forbartha cumasúcháin ag Calafort na Gaillimhe faoi réir measúnú dian a dhéanamh ar gach togra chun comhlíonadh na gcaighdeán comhshaoil, riachtanais taitneamhachta agus amhairc a chinntiú agus gach riachtanas eile a íoslaghdaíonn an tionchar ar an muirthimpeallacht, ar éiceolaíocht na mara agus ar úsáideoirí muirí eile. D'fhéadfadh tairbhí móra socheacnamaíocha a bheith ag baint le tacú leis an ngníomhaíocht seo lena n-áirítear deiseanna fostaíochta agus ioncaim, forbairt teicneolaíochta agus scileanna inaistrithe agus deiseanna le haghaidh aistriú ar bhonn ceartais go poist ghlasa a d'fhéadfaí a chur in ionad iad siúd a bhaineann le hallmhairí breosla iontaise faoi láthair.

| **6.3.9 Earnáil na Mara & Fuinneamh In-athnuaite** |
|---|
| 1. Fás inbhuanaithe agus iomaíochas gníomhaíochtaí fiontraíochta a bhaineann leis an ngeilleagar aigéin agus cósta a chur chun cinn, a spreagadh agus a éascú, lena n-áirítear iompar, trádáil, iascaireacht, dobharshaothrú, taighde, tionscail mhuirí, fuinneamh in-athnuaite, turasóireacht agus fóillíocht. |
| 2. Tacú le haistriú úsáidí tionsclaíochta ó limistéar an chuain inmheánaigh go láithreacha oiriúnacha chun athghiniúint a éascú ar limistéar an chuain laistigh de réir cuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha. |
| 3. Tacú le tionscail amach ón gcósta, go háirithe fuinneamh gaoithe a chuirfidh le geilleagar ísealcharbóin agus a ghinfidh fostaíocht. |

| |
|---|
| 4. Tacú le hathfhorbairt inbhuanaithe agus le síneadh Chalafort na Gaillimhe agus le héagsúlú agus le leathnú na ngníomhaíochtaí faoi réir breithnithe comhshaoil, amhairc, inmharthanacht eacnamaíoch agus iompair. |

### 6.3.10 Earnálacha Geilleagair Chruthaithigh & Gastranómachais

Tá geilleagar láidir, bríomhar cruthaitheach i nGaillimh, atá aitheanta ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. Is féidir iad seo a rangú go ginearálta i *gcultúr* lena n-áirítear na taibhealaíona, an fhoilsitheoireacht, agus an t-oideachas, *cruthaitheach* lena n-áirítear dearadh meán, ábhar lionsa-bhunaithe lena n-áirítear cluichíocht agus closamhairc, forbairt bogearraí agus aipe, taighde agus forbairt, agus *ceardaíocht* lena n-áirítear ceardaíocht thraidisiúnta, cló, déantúsaíocht leictreonach agus eile. Léiríonn taighde a rinne Coimisiún Forbartha an Iarthair le déanaí go raibh an earnáil seo ag fás go tapa roimh phaindéim COVID-19 agus gur tháinig méadú de 44% ar fhostaíocht idir na blianta 2013-2018, le luach measta de bheagnach leathbhilliún in 2018. Sa chathair bhain an réimse fáis is láidre a taifeadadh leis an réimse cruthaitheach, go príomha maidir le bogearraí agus forbairt aipeanna. Mar sin féin tá sé anseo sa chathair freisin ina bhfuil 70% d'fhiontair chultúrtha an Iarthair suite.

Cuireann láithreacht chultúrtha Chomhlacht Amharclainne Druid agus Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe, an gradam atá ainmnithe sa chathair mar Chathair Scannán UNESCO agus mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020, an tionscal ceardaíochta ardchaighdeáin agus forbairt na meán agus an dearaidh go léir leis an éiceachóras cruthaitheach éagsúil sa chathair.

Tá an leas a bhaineann an chathair as an saol bríomhar cruthaitheach, ealaíon agus cultúir seo níos leithne ná fostaíocht agus díolacháin amháin. Spreagann buaic na ngníomhaíochtaí cruthaitheacha sa chathair nuálaíocht ar fud an gheilleagair ar fad agus cuireann sé le go leor tionchair dhearfacha eile ó thurasóireacht, oideachas go sláinte agus folláine. Sainaithnítear é freisin mar réimse inar féidir forbairt geilleagair oíche a neartú agus a éagsúlú. Cuireann an t-éiceachóras cultúrtha seo le beogacht na cathrach ar feadh na bliana agus cuireann sé le tarraingteacht na cathrach mar áit chónaithe, oibre agus mar áit chun cuairt a thabhairt uirthi.



Tá gá le tacaíocht inláimhsithe leanúnach a sholáthar d’fhorbairt an gheilleagair chruthaithigh, lena n-áirítear tacaíocht do sholáthar bonneagair, moil nuálaíochta, éascú spás imeachtaí trí Straitéis

na Ríochta Poiblí a chur chun feidhme agus spreagadh de dheiseanna sainithe cultúrtha agus cruthaitheacha breise laistigh den phleanáil do cheantair athghiniúna.

Tá ról ag an **tionscal bia** i nGaillimh freisin i ngeilleagar na cathrach. Is díol spéise ar leith iad earnáil na mbianna speisialtachta agus ceardaithe agus iad siúd a bhaineann leis an earnáil fáilteachais. Le Margadh na Gaillimhe ag Lána an Teampaill, margadh séasúrach na Nollag, margaí feirmeoirí comharsanachta ócáideacha ag láithreacha eile lena n-áirítear Barr an Chalaidh agus Margadh an Éisc agus leathnú le déanaí ar itheachán lasmuigh, cuirtear méadú ar an acmhainneacht fáis agus éagsúlachta san earnáil seo. Cuireann na tionscnaimh seo leis an ngradam do Ghaillimh mar Réigiún Eorpach na Gastranómacha in 2018 agus d'Fhéilte Bia na Gaillimhe roimhe seo i dtéarmaí an leasa is féidir leo a thabhairt don gheilleagar áitiúil.



Tacaíonn an Plean trí bheartais agus cuspóirí le forbairt na hearnála seo agus spreagann sé tuilleadh forbartha ar an earnáil bia agus dí atá ag méadú go suíomhanna athghiniúna agus cóiríocht do mhargaí agus itheachán lasmuigh trí fheabhsuithe agus trí infheistíocht a éascú sa ríocht phoiblí. Tacaíonn an Chomhairle freisin le tionscnaimh de chuid Fáilte Éireann ar nós conairí bia chun cur le cáil na cathrach as táirgí ardchaighdeáin agus freisin chun an earnáil ghastranómachais a chomhtháthú níos fearr sa gheilleagar oíche.

| **6.3.10 Earnálacha Geilleagair Chruthaithigh & Gastranómachais** |
|---|
| 1. An chathair a chur chun cinn mar mhol don Gheilleagar Cruthaitheach, ag tógáil ar an gcultúr sainiúil, na healaíona, agus oidhreacht chruthaitheach na cathrach, go sonrach lena n-áirítear ainmniú mar Chathair Scannán UNESCO agus ag aithint luacha ar leith na ngníomhaíochtaí seo i ngeilleagar na cathrach agus tábhacht an gheilleagair seo don réigiún mar a sainaithníodh sa RSES agus ag Coimisiún Forbartha an Iarthair. |
| 2. Aitheantas a thabhairt don tábhacht atá le háiseanna áineasa agus taitneamhachta, oidhreacht nádúrtha agus thógtha, ríocht phoiblí agus bonneagar ealaíon agus cultúrtha chun iomaíochas na cathrach a chothabháil agus leanúint de na sócmhainní seo a chothabháil agus a fhorbairt trí phleananna agus straitéisí áitiúla a chur chun feidhme lena n-áirítear straitéis na ríochta poiblí. |
| 3. Forbairt ghastranómachais mar fhiontar inbhuanaithe a chumasú, ag tacú le FBManna, táirgeoirí, fiontraithe bia, an earnáil fáilteachais, turasóireacht agus an fhorbairt ghaolmhar ar bhonneagar, margaíocht agus imeachtaí a neartóidh branda sainiúil Chathair agus Chontae na Gaillimhe agus a leathnóidh an oidhreacht ón ainmniúchán de *Ghaillimh mar Réigiún Eorpach Gastranómachais in 2018.* |

# Cuid 2: Straitéis Mhiondíola

## 6.4 Comhthéacs

Is é miondíol an tionscal dúchasach is mó in Éirinn, ag fostú beagnach 300,000 duine agus ag déanamh suas le 23% d'ioncam cánach an Stáit[1]. Tacaíonn sé le go leor post breise ar fud an tslabhra soláthair agus murab ionann agus go leor earnálacha eile, tá poist mhiondíola scaipthe go cothrom ar fud gach cathair, baile agus sráidbhaile sa tír agus mar sin tá sé ríthábhachtach chun cur le beogacht agus beocht agus rathúnas na lonnaíochtaí.

I nGaillimh, tá tábhacht an mhiondíola mar chuiditheoir le saol tráchtála na cathrach le sonrú go mór agus an tacaíocht riachtanach a thugann sé do shaol eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha na cathrach. Is príomhghné é chun tarraingteacht na cathrach a choinneáil, go háirithe lár na cathrach agus is tagarmharc é freisin chun iomaíochas Chathair na Gaillimhe i gcomparáid le cathracha eile na hÉireann a choimeád. Cuidíonn miondíol freisin le heispéireas na gcuairteoirí ar an gcathair agus leis an ngeilleagar áitiúil dá bharr.

Léirítear tábhacht na hearnála seo i mbeartas pleanála náisiúnta agus réigiúnach a fhéachann lena chinntiú go bhfuil an miondíol reatha agus nua ag teacht le pleanáil chuí agus prionsabail inbhuanaithe. Aithnítear sa RSES go háirithe an ról ríthábhachtach atá ag an earnáil mhiondíola chun tacú le beogacht agus beocht na bpríomhionad laistigh den réigiún. Aithnítear sa RSES na dúshláin reatha san earnáil agus áirítear ann cuspóirí beartais a fhéadfaidh tacú le miondíol agus é a chur ag fás, lena n-áirítear glacadh le cur chuige seicheamhach fáis, spreagadh athghiniúna agus meascán úsáidí, infheistíocht i gcomhfhorbairt áite agus soláthar naisc le conairí iompair phoiblí. Aithnítear sa MASP ordlathas na n-ionad miondíola agus cuireann sé béim ar leith ar lár na cathrach a chosaint agus a fheabhsú. Measann sé go bhfeidhmíonn Cathair na Gaillimhe, go háirithe lár na cathrach mar an limistéar siopadóireachta is tábhachtaí laistigh den chontae. Léirítear tábhacht na hearnála seo tuilleadh i gcuspóir an RSES chun tacú leis an gcathair mar an phríomhionad a sainaithníodh le haghaidh fáis sa réigiún.

Sna treoirlínte náisiúnta, na Treoirlínte Pleanála Miondíola (2012) glactar leis an gcur chuige go n-éilíonn earnáil mhiondíola láidir iomaíoch cur chuige réamhghníomhach maidir le pleanáil do spás miondíola. Meastar go gcuirfidh sé seo beogacht agus inmharthanacht chun cinn i lár na cathrach agus i limistéir mhiondíola eile. Tacóidh sé freisin le rogha agus le hiomaíocht chun leasa an tomhaltóra agus tabharfaidh sé treoir chuí maidir le méadú ar spás urláir do gach cineál miondíola. Ina theannta sin, ceanglaítear sna treoirlínte go gcuirfí an comhthéacs beartais níos leithne san áireamh lena n-áirítear an t-ordlathas lonnaíochta, pleananna taistil níos cliste, gníomhú ar son na haeráide, ailtireacht agus caighdeán dearaidh uirbigh.

Moltar sna Treoirlínte um Pleanáil Miondíola (2012) freisin, d'údaráis áirithe, go mbeidh tabhairt faoi chomhstraitéis mhiondíola ina bhfuil ceantair níos leithne i gceist, chun tairbhe do thuiscint ar ghníomhaíocht mhiondíola agus pleanáil inbhuanaithe dá leithéid d'éileamh. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Contae na Gaillimhe ainmnithe mar údaráis a bhainfeadh leas as cur chuige comhpháirteach. Tá an comh-mheasúnú sceidealta le tosú faoi láthair nuair a bheidh peirspictíocht níos soiléire ar fáil ar fheidhmiú na hearnála miondíola agus nuair a mheastar go mbeidh laghdú ar shrianta paindéime Covid-19 in ann suirbhéanna ar líon na ndaoine agus ar

**1** https://www2.deloitte.com/ie/en/pages/finance/articles/retail-domestic-market-review

shiopadóirí a dhéanamh. Táthar ag súil, nuair a bheidh sé críochnaithe, gur féidir toradh na hanailíse agus na conclúidí a mheas i gcoinne na mbeartas sa dá phlean agus go bhféadfar aon athrú a theastaíonn a ionchorprú sna pleananna forbartha faoi seach.

Idir an dá linn rinneadh an Chroí-Straitéis agus na straitéisí lonnaíochta de chuid Pleananna Forbartha na Cathrach agus an Chontae a bhreithniú sa phlean. Glactar leis go mbeidh scálaí tacaíochta agus cineálacha seirbhísí dá méid ag na príomhlonnaíochtaí a sainaithníodh i nDréachtphlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-28 ionas go gcuirfear srian ar sceitheadh neamhriachtanach caiteachais isteach sa chathair. Breithníodh freisin na leibhéil spáis urláir mhiondíola atá tógtha ón bplean deireanach, ceadanna atá ar marthain agus moltaí reatha sa phróiseas pleanála don chathair.

### Treochtaí Miondíola

Bhí an earnáil mhiondíola ina cuid ríthábhachtach i dtéarnamh na hÉireann ón ngéarchéim airgeadais dhomhanda níos mó ná 10 mbliana ó shin. Faoi láthair gineann sé díolacháin de bhreis ar €30 billiún gach bliain, arb ionann iad agus thart ar 12% d'Olltáirgeacht Intíre (OTI) na hÉireann.[2]. Ach, in ainneoin seo, áfach, tá luach na ndíolachán miondíola fós 13% faoi bhun na leibhéil cliste réamheacnamaíoch. Cuireann Miondíol/IBEC é seo i leith suaitheadh suntasach agus bunúsach sa tionscal, ní hamháin maidir leis an méadú ar dhíolacháin ar líne ach le claochlú de bharr meascán d'iomaíocht mhéadaithe, iompraíochtaí tomhaltóirí atá ag athrú, ionchais mhéadaithe na gcustaiméirí, luasghéarú ar nuálaíocht teicneolaíochta agus meon tomhaltóra níos luainí. De bharr na dtreochtaí seo beidh ar mhiondíoltóirí dul in oiriúint, infheistíocht a dhéanamh agus teagmháil a dhéanamh ar bhealach difriúil chun custaiméirí reatha a choinneáil agus custaiméirí nua a mhealladh. Beidh ar shiopaí níos mó ná spás a thairiscint chun a gcuid táirgí a thaispeáint agus a stóráil agus beidh gá le fócas méadaithe ar stóranna ceann scríbe a chruthú le tacaíocht ó limistéir phoiblí tharraingteacha ina óstaíonn úsáidí eile a chuireann le caitheamh ama agus le heispéireas.




Leis an éabhlóid seo ar shiopadóireacht i lár na mbailte ó ghníomhaíocht fheidhmiúil go heispéireas do chustaiméirí, leathnaítear sainchúram na mbeartas pleanála miondíola chun fachtóirí gaolmhara eile a áireamh agus an gá atá le mealltacht áite a chinntiú. Éilíonn sé seo spreagadh do mheascán úsáidí comhlántacha neamh-mhiondíola cosúil le tairiscintí bia agus dí, cultúir, áineasa, úsáidí fóillíochta agus chun an ríocht phoiblí a fheabhsú agus chun féilire

[2] *https://www.ibec.ie/connect-and-learn/industries/retail-and-tourism/retail-ireland*


imeachtaí ar feadh na bliana a chumasú. Ina measc freisin, tá infheistíocht nasctha i mbearta iompair a áirithíonn rochtain éasca, go háirithe modhanna inbhuanaithe. Beidh sé tairbheach do mhiondíol freisin úsáid chónaithe a sheachadtar trí bheartais um dhlúthfáis ar láithreáin athghiniúna. Tá an cumas aige pobail nua a chruthú a bhfuil rochtain éasca acu ar shiopadóireacht, rud a mhéadaíonn an bonn custaiméirí agus ag an am céanna ag cur le leibhéil beogachta agus beochta araon maidir le faireachas éighníomhach agus sábháilteacht, rud a d'fhéadfadh cur le cumas an gheilleagar sláintiúil oíche bláthú.

## Treochtaí Miondíola Chathair na Gaillimhe

De bharr na paindéime Covid-19 chuaigh ábhair imní in olcas san earnáil mhiondíola mar gheall ar dhúnadh fada miondíoltóirí neamhriachtanacha agus ceanglais um scaradh sóisialta dóibh siúd a bhfuil cead acu fanacht ar oscailt. Bhí tionchar mór aige ar an líon daoine a bhí ag teacht chuig na hionaid mhiondíola sa chathair. Léiríodh é seo sa laghdú suntasach ar phátrúnacht ag an daonra cónaithe chomh maith le laghdú suntasach ar oibrithe lae, mic léinn agus turasóirí. In ainneoin na srianta de bharr an phaindéim Covid-19 a mhaolú, b'fhéidir nach mbeidh tionchar fadtéarmach na paindéime agus luasghéarú athruithe san earnáil le feiceáil i bpatrúin siopadóireachta go ceann tamaill eile. Tá sé seo deimhnithe cheana féin sa leagan is déanaí de GeoView 2021 Q.2[3] , áfach, tar éis na hathoscailte, gur tháinig méadú ar spásanna tráchtála folmha i bhformhór na gcontaetha. Sa chathair, tá miondíol iomlán taifeadta sna sonraí Geodictionary mar 20.9% de na haonaid tráchtála iomlána. I R.2 de 2021, taifeadadh an meánleibhéal náisiúnta de ráta folúntais i réadmhaoin tráchtála de bheith ag 13.6%, agus thaifead an chathair ráta iomlán spásanna tráchtála folmha de 17.6% don tréimhse seo.

Léirítear dáileadh miondíola sa chathair mar a thaifeadtar in Geodirectory i bhfigiúr 6.3. San eatramh ó glacadh leis an bPlean Forbartha deiridh, tá cuid mhór spáis urláir áise seachadta sa chathair.  In athbhreithniú ar thógáil spás urláir miondíola suas go dtí Meán Fómhair 2021 nochtar go mbaineann sé seo den chuid is mó den éagsúlacht lascaine agus gurb ionann é agus méadú de 3,050m2 ar ghlanspás urláir a dháiltear go príomha i suíomhanna bruachbhailte. Seachadadh leibhéal suntasach spáis urláir comparáide 7,482m2 glanmhéid freisin, comhchruinnithe den chuid is mó i lár na cathrach agus Lár Ceantair Chnoc na Cathrach, agus gur tháinig laghdú ar athrú ar mhiondíol ó chomparáid le háisiúlacht an ghlanchomparáid reatha faoi 1,069m2.

Ó mhí Mheán Fómhair 2021, tá ceadanna ar marthain do 2,356m2 de spás urláir áise agus 4,240m2 le haghaidh comparáide. Díol suntais freisin an méid suntasach de spás urláir áise 2,988m2 agus spás urláir comparáide 18,442m2 atá san áireamh sna hiarratais atá sa phróiseas pleanála faoi láthair. Tá an chuid is mó den spás urláir molta seo suite i limistéar Siopadóireachta na Croí-Chathrach agus tá sé ag fanacht le cinntí ón mBord Pleanála atá le déanamh i R4 de 2021.




[3] *GeoView - https://www.geodirectory.ie*

**Figiúr 6.3 Dáileadh ar an bPríomh-chomhchruinniú Gníomhaíochta Miondíola i gCathair na Gaillimhe**
*Foinse: Geo-Directory Cóid NACE (2020)*

## 6.5 Ordlathas Miondíola

Áirítear i RSES agus MASP na Gaillimhe tacaíocht d’fhairsingiú agus d’fheabhsú leanúnach na forbartha miondíola laistigh den chathair, ag aithint go háirithe an fheidhm mhiondíola shuntasach atá ag lár na cathrach agus an dobharcheantar atá aige laistigh den chontae agus den réigiún. Tacaíonn an MASP le hordlathas miondíola de lárionaid laistigh den chathair, atá ina phríomhcheanglas de chuid na dTreoirlínte Pleanála Miondíola (2012) chun treoir a thabhairt maidir le beartas miondíola. Beidh an t-ordlathas seo go háirithe mar bhonn eolais do ról agus do thábhacht na lár miondíola agus is é an bonn chun scála agus cineál cuí gníomhaíochta miondíola ag láithreacha ar leith a chinneadh. Léiríonn an rangú ar an ordlathas miondíola na feidhmeanna miondíola atá ag gach ionad agus comhtháthaíonn sé agus tacaíonn sé leis an straitéis lonnaíochta sa Phlean. I bhfianaise an cheanglais sna Treoirlínte Pleanála Miondíola (2012) comhstraitéis a bheith ann don Chathair agus don Chontae, léiríonn an t-ordlathas miondíola i dTábla. 6.1 an leibhéal leithdháilte ar an ordlathas do na lonnaíochtaí laistigh den Chontae mar a fhoráiltear dó sa straitéis lonnaíochta agus san ordlathas miondíola i nDréachtphlean Forbartha Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2022-28.

| Leibhéal Ordlathais | Cineál an Ionaid | Suíomh |
|---|---|---|
| **Leibhéal 1** | Lár na Cathrach | Lár Chathair na Gaillimhe |
| **Leibhéal 2** | Lár an Bhaile | Tuaim, Baile Átha an Rí, Baile Locha Riach, Béal Átha na Sluaighe, An Gort |
| **Leibhéal 3** | Lár an Cheantair | Dabhach Uisce, Cnoc na Cathrach, An Taobh Thiar |
| **Leibhéal 3** | Lár Ceantair (Pleanáilte) | LAP na nArdán |
| **Leibhéal 3** | Lár na mBailte Beaga sa Cheantar Cathrach | Órán Mór, Baile Chláir, Bearna. |
| **Leibhéal 4** | Lár na mbailte beaga lasmuigh den cheantar Cathrach | An Clochán, Maigh Cuilinn, Uachtar Ard. |
| **Leibhéal 5** | Lár Comharsanachta | Áirítear Bóthar na Trá, An Rinn Mhór Cnoc na Cathrach (Seanghort), Dabhach Uisce (Bóthar Dhabhach Uisce), Ros Cam; Mervue, An Caisleán Gearr, Baile an Phoill. |
| **Leibhéal 5** | Comharsanacht | Lonnaíochtaí sráidbhailte sa chontae atá ar an sraith íochtair |
| **Leibhéal 6** | Siopaí Áitiúla | Siopaí cúinne/áitiúla na cathrach agus an chontae. |

**Tábla 6.1 Ordlathas Miondíola Chathair agus Chontae na Gaillimhe**


### Lár Cathrach - Lár Chathair na Gaillimhe

Is é lár Chathair na Gaillimhe an príomhlimistéar miondíola laistigh de MASP na Gaillimhe. Tá dobharcheantar suntasach aige a shíneann amach go dtí an contae agus an réigiún níos leithne.

Ní hamháin go gcothaíonn an dobharcheantar seo buacacht an mhiondíola sa chathair ach chomh maith leis an margadh láidir turasóireachta, an fórsa oibre suntasach neamhchónaitheach i rith an lae agus an sní isteach séasúrach de mhic léinn tríú leibhéal. Tá sé seo le feiceáil sa raon earraí agus seirbhísí atá ar fáil i lár na cathrach a chothaítear ar feadh na bliana agus a chuireann go carnach le beogacht agus beocht lár na cathrach.

Ní mór an 'croílimistéar siopadóireachta' a shainiú chun críocha na straitéise miondíola de réir na dTreoirlínte Pleanála Miondíola (2012). Áirítear sa limistéar seo, mar a léirítear i bhFigiúr 6.4, an limistéar atá criosaithe go sonrach chun críocha lár na cathrach agus folaítear freisin an limistéar tráchtála criosaithe agus oibriúcháin a shíneann go dtí cuid de Bhóthar Áth Cinn, ó dheas d'acomhal na mBoidicíneach. Áirítear ar na tailte seo an ceantar tógtha reatha i lár na cathrach, an limistéar siopadóireachta seanbhunaithe ar Bhóthar Áth Cinn, agus roinnt láithreán athfhorbraíochta substaintiúla ar féidir leo freastal ar an éileamh ar mhéadú ar fhorbairt mhiondíola i gcomhar le forbairt úsáidí talún eile. Laistigh den limistéar seo cheana féin tá méid shuntasach de mhiondíol ard-ord comparáide agus seirbhísí speisialta nach bhfuil ar fáil in aon áit eile sa Chontae. Léiríonn an tarraingt seo agus ceannasacht an mhargaidh stádas reatha na cathrach agus cumas na cathrach fás go scála mar atá beartaithe dó sa NPF/RSES.

Is í an straitéis mhiondíola don phlean seo ná mór-leathnú ar fhorbairt miondíola a dhíriú isteach i lár na cathrach, go háirithe é sin de chineál comparáide ard-oird agus chun feidhm lár na cathrach mar chroílár an tsaoil phoiblí i nGaillimh a atreisiú. Meastar go neartófar rath leathnú na seirbhísí miondíola nuair a sheachadtar é in éineacht le héagsúlacht úsáidí, comharsanachtaí nua agus leathnú ar spásanna poiblí eagraithe i bhformáid chomhdhlúite agus dhlúth agus frámaithe i ndearadh ardchaighdeáin.



**Figiúr 6.4 Croílimistéar Siopadóireachta**

Léiríonn an cur chuige seo rath na bhformáidí miondíola nua-aimseartha ina bhfeidhmíonn forbairt na hearnála i gcomhthéacs eacnamaíoch níos leithne, le meascán d'úsáidí agus gníomhaíochtaí comhlántacha ina mbíonn rochtain éasca ag siopadóirí agus eispéireas ar thimpeallacht uirbeach ardchaighdeáin. Tá go leor le tairiscint i lár Chathair na Gaillimhe ina leith seo le timpeallacht thógtha agus nádúrtha ardchaighdeáin, raon úsáidí eile, dea-dheiseanna fóillíochta agus áineasa, eispéiris chultúrtha agus féilire imeachtaí ar feadh na bliana. Ach, beidh ar an gcathair, áfach, an

tairiscint mhiondíola a leathnú agus a éagsúlú chun fanacht iomaíoch, freastal ar na spriocanna uaillmhianacha fáis daonra, agus chun soláthar a dhéanamh do na riachtanais fostaíochta a bhaineann leo. Is féidir le beartais phleanála atá dírithe go cuí é seo a éascú trí chur chuige atá bunaithe ar phlean agus is féidir leo, mar is gá faoi na Treoirlínte Pleanála Miondíola (2012), é seo a dhéanamh go háirithe trí na deiseanna athfhorbartha féideartha atá ann i gcroílár na cathrach a ghníomhachtú.

Is beag deiseanna a thugann croílár stairiúil na cathrach faoi láthair freastal ar na héilimh ar urláir mhóra nua-aimseartha ach is féidir leis na suíomhanna athghiniúna sainithe in aice láimhe ag Ceathrú Cheannt agus an Chuain Laistigh agus go pointe níos lú ar shuíomh na Faiche Móire Thoir nasc gan uaim a sholáthar ón líonra sráide dlúithe den chroílár ar na láithreáin athfhorbraíochta seo ar scála níos mó. Tá cumas suntasach ag na láithreáin athfhorbraíochta seo tacú le tairiscint mhiondíola níos éagsúla i gcomhthéacs úsáide measctha. Tá scála agus suíomh acu ar féidir leo tacú le mais chriticiúil tithíochta agus forbairtí oifige nua-aimseartha. Tá an cumas acu freisin ríocht phoiblí nua agus spásanna méadaithe cathartha agus cultúrtha a chruthú. Tá cuid de na gnéithe seo ag teacht chun cinn i scéimeanna atá á dtógáil faoi láthair, san áireamh i gceadanna atá ar marthain agus san áireamh i moltaí atá ag teacht chun cinn. Má sheachadtar iad, cuirfidh siad go mór le hinmharthanacht agus le beogacht lár na cathrach, le hiomaíochas MASP na Gaillimhe agus le cruthú comharsanachtaí nua.

Is láithreán athghiniúna sainithe breise é limistéar LAP Bhóthar Áth Cinn atá suite sa chroílimistéar sainithe siopadóireachta. Áirítear faoi láthair leibhéal suntasach de spás urláir miondíola comparáide agus áise, suite i limistéir pháirceáil dromchla. Is in ionad siopadóireachta ó na 1970idí agus i bpáirc mhiondíola atá tadhlach leo is mó a dhéantar freastal orthu. Ó thaobh foirme agus leagan amach de, tá easpa comhtháthú, braistint áite, naisc mhaithe agus teip leas a bhaint as na sócmhainní oidhreachta nádúrtha in aice láimhe, lena n-áirítear Abhainn na Gaillimhe agus Páirc Fhoraoise Thír Oileáin. D’fhéadfadh na ceantair seo leas mór a bhaint as struchtúr feabhsaithe uirbeach, nuachóiriú, dearadh ardchaighdeáin, meascán níos mó úsáide, nascacht agus comhtháthú níos fearr leis an ngréasán sráideanna míne sa chroílár stairiúil agus uasghrádú suntasach ar an ríocht phoiblí.

Tugadh roinnt ceadanna stairiúla agus marthanacha do spás urláir miondíola lena n-áirítear gnéithe den athnuachan seo agus áirítear freisin úsáidí cónaithe sa mheascán. Ina theannta sin, cuirtear fáilte roimh spéis na Gníomhaireachta Forbartha Talún (LDA) le déanaí i bhforbairt cuid de na tailte seo le haghaidh tithíochta agus d’fhéadfadh sé cur le comharsanacht nua úsáide measctha a sheachadadh ag an láthair seo.

Mar a léiríodh roimhe seo tá spásanna folmha tráchtála níos airde sa chathair ná mar atá ar fud na tíre. Tá na cinn a bhaineann le miondíol ar fáil ar fud na cathrach. Léiríonn roinnt spásanna folmha an titim le déanaí ar UK Arcadia Group agus Debenhams, léiríonn cuid eile trádálaithe a d’fhulaing de bharr dúnadh phaindéim Covid-19.  Meastar go n-atháiteofar na haonaid seo le himeacht ama. Go ginearálta tá an fhéidearthacht ag miondíol atá ann cheana féin leas a bhaint as an ardú geilleagrach a thiocfaidh as leathnú na forbartha go dtí na láithreáin athghiniúna. Chuimseofaí leis seo an phátrúnacht ionchasach ó phobail nua chónaithe agus oibrithe nua. Bainfidh na gnóthaí seo leas freisin as na hinfheistíochtaí poiblí atá beartaithe lena n-áirítear iad sin in iompar inbhuanaithe agus sa ríocht phoiblí.

Tá treocht ann freisin maidir le roinnt aonad miondíola atá ann cheana féin le urláir bheaga a chur in ionad úsáidí fóillíochta ar nós bialanna agus caiféanna. Nuair is cuí, go háirithe ar na sráideanna tánaisteacha, is féidir leis na húsáidí seo cur le beogacht agus eispéireas na siopadóireachta traidisiúnta 'brící agus moirtéal' agus cabhrú le go leor de na foirgnimh stairiúla a chaomhnú agus a athúsáid. Chruthaigh na sráideanna seo agus a n-úsáidí inoiriúnaithe acmhainneacht an gheilleagair lasmuigh le linn srianta paindéime Covid-19 le suíocháin lasmuigh, siamsaíocht agus margaí. Le rialuithe agus bainistíocht chuí tá an cumas ag na húsáidí seo, a bhaineann go ginearálta leis an earnáil fáilteachais, sráideanna a ghníomhachtú tuilleadh agus cur le tarraingt lár na cathrach mar cheann scríbe.

Ag an am céanna le beartais a chosnóidh agus a chuirfidh chun cinn lár na cathrach mar phríomhlimistéar miondíola i MASP na Gaillimhe, áirítear sa phlean do straitéisí eile a chuirfidh ar chumas lár na cathrach forbairt inbhuanaithe mar thimpeallacht shábháilte, tharraingteach agus insiúlta. Áirítear i Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) roinnt tionscadal a fheabhsóidh inrochtaineacht agus cáilíocht chomhshaol lár na cathrach trí thrácht carranna a laghdú, insiúltacht a fheabhsú, rochtain rothaíochta, agus amanna turais feabhsaithe a sheachadadh do bhusanna. Tacaíonn gealltanais faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) agus an NDP le cur chun feidhme Straitéis Ríocht Phoiblí Chathair na Gaillimhe i gcomhar le tionscadail GTS agus beidh sé ina bhunathrú don chathair. Leis na tionscadail seo, cuirfear feabhas ar na sráideanna agus spásanna poiblí, cruthófar spásanna nua, ceartóidh siad an chothromaíocht i bhfabhar coisithe agus rothaithe thar thrácht feithicle agus cruthófar ríocht phoiblí inrochtana d'ardchaighdeán.

Breathnaítear ar na limistéir athghiniúna mar limistéir tosaíochta le haghaidh forbartha sa chathair le haghaidh miondíola, seirbhísí miondíola agus cineálacha oiriúnacha oifigí tráchtála. Déanfaidh an meascán forbartha seo i gcomhar le ceanglais an phlean forbartha chun spás urláir cónaithe a sheachadadh i gcomhthráth le spás urláir tráchtála príomhról an mhiondíola i lár na cathrach a chomhdhlúthú, a dhearbhú agus a chosaint.

### Leibhéal 2: Bailte Tábhachtacha – Bailte contae

Áirítear i nDréachtphlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 ordlathas miondíola agus ordlathas lonnaíochta do cheantar an chontae. Cinntíonn tábhacht na gcúig phríomhbhaile sa Chontae go dtugtar ardleibhéal tábhachta dóibh seo atá ar Leibhéal 2 nuair a chuirtear in iúl é i dtéarmaí an chomh-mheasúnaithe. Is í an aidhm maidir leis seo sa Phlean Contae ná "*ordlathas feidhmeanna miondíola a chur chun cinn go gníomhach sa Chontae a chomhlánaíonn ordlathas lonnaíochta an phlean seo agus beidh toimhde ginearálta in aghaidh forbairt mhiondíola lasmuigh den bhaile.*"

### Leibhéal 3: Láir an Cheantair

Áirítear ar an leibhéal seo na trí lár ceantair atá ann cheana féin agus an t-aon lár ceantair atá beartaithe. Go ginearálta, feidhmíonn láir cheantair chun raon seirbhísí a sholáthar arb iad is sainairíonna iad il-ancairí móra le meascán d'earraí áise agus comparáide. Ina theannta sin, go ginearálta tá raon de sheirbhísí áitiúla níos lú, lena n-áirítear oifigí áitiúla, bialanna, áiseanna áineasa agus pobail. Go ginearálta bíonn láir cheantair ar scála agus ar nádúr a fhreastalaíonn ar an dobharcheantar áitiúil agus a gcuid riachtanas ó lá go lá agus a nascann leis an straitéis lonnaíochta agus cuspóirí eile sa Chroí-Straitéis. Tá dhá cheann de na láir seo, Dabhach Uisce ar an taobh thoir agus Cnoc na Cathrach ar aon taobh thiar suite sna bruachbhailte a forbraíodh le déanaí. Tá an Taobh Thiar suite sna bruachbhailte láir níos seanbhunaithe. Tá fás mór tagtha ar

dhaonra Dhabhach Uisce agus Chnoc na Cathrach le blianta beaga anuas agus tá gá soiléir acu le leas miondíola, seirbhísí miondíola agus áiseanna pobail.

Is í an straitéis lonnaíochta do Chnoc na Cathrach ná ligean d’fhorbairt na leibhéil mhéadaithe daonra a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach trí thailte criosaithe atá ann cheana a chomhdhlúthú. Is í an ardaidhm do chothromaíocht na dtailte laistigh de Lár Cheantar Chnoc na Cathrach, lastas den chuid is mó, ná feidhmiú níos mó mar ionad cineál ‘sráidbhaile uirbeach’ ná mar ionad siopadóireachta aonúsáide agus chun freastal ar scála an daonra atá ann cheana féin agus spriocdhírithe. Táthar ag súil go mbainfidh cothromaíocht fhairsing na dtailte atá fágtha leas as máistirphlean iomlán agus go soláthróidh sé dea-mheascán úsáidí a chomhlánaíonn na húsáidí móra miondíola reatha urláir ar chéim 1 ar an taobh thuaidh. Chuige seo, áirítear le húsáidí comhlántacha úsáidí do sheirbhísí miondíola áitiúla, seirbhísí sóisialta agus pobail, úsáidí áineasa, cultúir agus fóillíochta atá comhtháite le mais chriticiúil úsáide cónaithe. Déanfaidh Creat Máistirphlean do na tailte seo soláthar do leagan amach a fhéadfaidh dáileadh úsáidí, spásanna cathartha agus taitneamhachta a léiriú agus a chomhtháthú le forbairt agus taitneamhachtaí atá ann cheana féin. Agus scoileanna áitiúla agus tailte páirce in aice láimhe, naisc bhealaí glasa agus infheistíocht atá le teacht faoin GTS in iompar inbhuanaithe, tá an limistéar seo de Lár Ceantair Chnoc na Cathrach suite go maith chun cur le coincheap na comharsanachta laistigh de 15 nóiméad.

Tá an ceantar ar a dtugtar An Taobh Thiar níos seanbhunaithe ná an dá ionad ceantair eile atá ann cheana féin. Tá oidhreacht de spás urláir áise den chuid is mó aige, le raon seirbhísí áitiúla agus pobail agus cóngaracht mhaith le roinnt tailte páirce dea-fhorbartha. Léiríonn sé limistéar atá ag aistriú ó úsáidí níos sine de chineál tionsclaíochta go seachadadh céimeach de sheirbhísí agus áiseanna níos éagsúlaithe a d’fhéadfadh freastal ar an bpobal áitiúil lena n-áirítear Seantalamh, Páirc na Coiribe, an Caisleán Nua agus an Bóthar Ard agus an lucht saothair mór agus mic léinn ag UHG agus OÉ Gaillimh.  Táthar ag súil go soláthróidh forbairtí nua sa cheantar seo forbairtí tráchtála, pobail agus cónaithe i bhformáid dhlúth tharraingteach. I ndearadh, beidh gá le hathnuachan chun an ríocht phoiblí a athshlánú, go mbeadh sé ar ardchaighdeán ailtireachta, modhanna gníomhacha agus faireachas éighníomhach a spreagadh agus a éascú, agus nuair a chuirtear in éineacht iad, cumasófar bunathrú an cheantair ionas go mbeidh sí ina áit tharraingteach agus bheoga. Bhain an ceantar seo leas as infheistíocht i saoráidí áineasa, uasghráduithe rochtana lena n-áirítear lánaí bus agus lánaí rothair agus ainmniú an phríomhbhóthair rochtana, Bóthar Shéamais Uí Chuirc mar oiriúnach do bhealach bus idirthurais mhear. Beidh an infheistíocht seo tairbheach go háirithe ar na láithreacha deise níos mó atá mar chuid den lár ceantair.

Is é Dabhach Uisce an fhorbairt bruachbhailte is déanaí i nGaillimh agus d’fhás sé go tapa ó thús na 2000idí le linn fáis gan fasach sa chathair agus sa gheilleagar. Tá sé níos lú ó thaobh scála de ná Cnoc na Cathrach agus an Taobh Thiar ach tá an fhéidearthacht ann fós do chomhdhlúthú ar thailte cónaithe neamhfhorbartha. D’fhorbair an lár ceantair i nDabhach Uisce i gcomhthráth leis an bhfás ar an daonra agus cuireann ionad comharsanachta agus na siopaí áitiúla leis.  Is éard atá i Lár Ceantair Dhabhach Uisce ná lárionad siopadóireachta meánmhéide le hiolra náisiúnta mar ancaire, ag tacú le háisiúlacht, measctha le hearraí comparáide. Áirítear san lár ceantair freisin aonaid bheaga chomparáide, roinnt seirbhísí áitiúla agus bialanna. D’fhéadfadh sé leathnú a dhéanamh ar na tailte atá fágtha chun an meascán a leathnú agus d’fhéadfaí roinnt úsáidí cónaithe a áireamh freisin. Cé go bhfuil sé suite in aice le príomh-acomhal agus le deiseanna tréscaoilteachta teoranta, baineann sé leas as seirbhís bus ardmhinicíochta agus bainfidh sé leas freisin as infheistíochtaí breise pleanáilte i modhanna iompair inbhuanaithe sa cheantar.

Tá na hArdáin san áireamh sa Chroí-Straitéis mar cheantar lonnaíochta amach anseo a fhéadfaidh freastal ar suas le 5,386 duine le linn thréimhse an phlean agus 7,235 duine sa bhreis san fhráma ama níos faide. Tá sé rangaithe mar Lár Ceantair pleanáilte Leibhéal 3 ar an ordlathas miondíola. Baineann sé leas as Plean Ceantair Áitiúil (2018-2024) agus tá sé sainithe mar cheantar lonnaíochta amach anseo a fhreastalóidh ar dhaonra suntasach agus a fheidhmeoidh freisin mar cheantar gnó a mheallfaidh dobharcheantar leathan oibrithe. Is í an fhís don cheantar seo ná sráidbhaile uirbeach sainiúil úsáide measctha a bheith ann a bheidh treoraithe ag dearadh, a bheidh dlúth agus insiúilta.  Táthar ag súil go dtacóidh lár an tsráidbhaile le raon seirbhísí lena n-áirítear miondíol, chun tacú leis an daonra comharsanachta agus freisin chun freastal ar chuid de na riachtanais láithreacha ginte ag an daonra comaitéireachta suntasach a bheidh ag obair in aice láimhe agus an lucht saothair a mheastar a mheallfaidh an ceantar. Ar na cúiseanna seo tá sé sainithe mar láthair ar féidir tacú le lár ceantair sa todhchaí a bheidh ag teastáil chun cloí leis an gcreat atá curtha ar fáil sa LAP - Straitéis Dearaidh Uirbeach na nArdán. Bhí an ceantar faoi réir Measúnú Iompair Ceantarbhunaithe (ABTA) inar moladh feabhsúcháin rochtana. Tá feabhsuithe riachtanacha chun na huasghráduithe seo a sheachadadh agus bearta iompair inbhuanaithe á gcur chun cinn trí mhaoiniú a leithdháiltear faoi thacaíochtaí URDF. Leis na hoibreacha seo, chomh maith le hinfheistíocht phleanáilte i naisc iompair phoiblí agus iompar gníomhach, cabhróidh le modhanna sa cheantar le lárionad ceantair rathúil a chruthú ag an láthair seo.

### Leibhéal 3 Lár an Bhaile Beag – Ceantar MASP

Áirítear i nDréachtphlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 go ndéanfar feidhm mhiondíola na mbailte seo a mheas i gcomhthéacs na straitéise lonnaíochta do limistéar Contae an MASP agus chun feidhmiú mar '*an príomhfhócas d'fhorbairtí miondíola nua ar aon dul le spriocanna daonra*.'

### Leibhéal 4: Bailte Beaga – Lonnaíochtaí Contae Beaga

Áirítear mar an gcéanna i nDréachtphlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 go ndéanfaí feidhm mhiondíola na mbailte seo a mheas i gcomhthéacs na straitéise lonnaíochta do cheantar an chontae agus tá an cuspóir aige - '*Éagsúlacht eacnamaíoch na mBailte Beaga Fáis a chosaint agus a neartú, rud a chuirfidh ar a gcumas feidhmeanna tábhachtacha taitneamhachta seirbhísí miondíola, cónaithe agus pobail a ullmhú don daonra áitiúil agus don chúlchríocha tuaithe.'*

### Leibhéal 5: Lár Comharsanachta

Sna Treoirlínte Pleanála Miondíola (2012) tugtar an cur síos ar ionaid chomharsanachta mar ionaid siopadóireachta a sholáthraíonn siopadóireacht ar leibhéal áitiúil. Go hiondúil is miondíol earraí áise go príomha an soláthar in ionaid chomharsanachta. Áirítear go leor seirbhísí áitiúla ar nós cógaslanna, gruagairí agus tirimghlantóirí. Tá feidhmeanna tábhachtacha ag ionaid chomharsanachta maidir le tacú le pobail mar is gnách a bhíonn siad an-inrochtana. Déanann siad soláthar do 'siopadóireacht bhreise' don cheantar máguaird agus chomh maith le seirbhís a chur ar fáil bíonn ról níos leithne acu maidir le spiorad pobail a chothú. Tá siad thar a bheith tábhachtach chun seirbhís a sholáthar nach bhfuil ag brath ar rochtain cairr agus gur féidir iad a shroicheadh ar shiúl a gcos nó ar rothar laistigh de 10-15 nóiméad. Tháinig tuiscint nua ar thairbhí agus ar luach na n-ionad comharsanachta agus na siopaí áitiúla le linn shrianta paindéime Covid-19 maidir le gluaiseacht. Ba cheart leanúint leis an bpátrúnacht mhéadaithe seo a spreagadh agus is féidir é a fheabhsú trí infheistíocht phoiblí i dtaitneamhachtaí a threorú go cuí, tréscaoilteacht fheabhsaithe agus modhanna iompair inbhuanaithe agus trí dea-mheascán agus cáilíocht dearaidh a spreagadh in aon fhorbairt nua sna hionaid chomharsanachta.

Tá roinnt pócaí forbartha de ghníomhaíochtaí tráchtála sa chathair a fheidhmíonn mar láir chomharsanachta ar nós moil tráchtála ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath; An Rinn Mhór; Joyce's Cnoc na Cathrach; Sráidbhaile Bhóthar na Trá; Bóthar Dhabhach Uisce; Ros Cam; ionad tráchtála an Chaisleáin Ghearr; Baile an Phoill (Tornóg); agus láithreáin atá ag teacht chun cinn mar na cinn atá á dtógáil ar Chearnóg na Corónach, Mervue. Tá sé mar bheartas éascú a dhéanamh ar fhorbairt na n-ionad comharsanachta nua agus freisin ceadú a dhéanamh d'fhairsingiú in ionaid chomharsanachta atá ann cheana féin nuair is féidir a léiriú go bhfuil easnamh seirbhísí nó áit ina bhfuil sé beartaithe daonra suntasach a bheith ann de réir na Croí-Straitéise. Tá sé tábhachtach freisin, áit a bhfuil siad seo ann cheana féin agus ina bhfreastalaíonn siad ar dhobharcheantar áitiúil, go ndéantar iad a chosaint chun na críocha seo trí bheartais agus trí phróiseas bainistíochta forbartha.

**Leibhéal 6: Siopadóireacht Áitiúil – Sráidbhailte; Comharsanachtaí Cónaithe sa Chathair**

Is é an leibhéal soláthair seo an leibhéal is bunúsaí agus is éard atá ann go príomha ná meascán de shiopadóireacht cúinne agus pharáid i gceantair bhruachbhailteacha agus siopaí sráidbhailte i lonnaíochtaí beaga tuaithe. Comhlíonann siad feidhm thábhachtach ar leibhéal áitiúil ag soláthar riachtanais agus seirbhísí bia ó lá go lá do phobail áitiúla. Tá sé tábhachtach na cineálacha seo forbairtí a spreagadh agus na cinn atá ann cheana a chosaint i bhfianaise an méid a chuireann siad le saol na comharsanachta agus an tsráidbhaile a chothú agus toisc go dtugann siad áisiúlacht, rochtain ar mhodhanna inbhuanaithe agus cuireann siad le hathléimneacht an phobail.

## 6.6 Trádstóráil Mhiondíola/Earraí Builc

Teastaíonn rochtain i gcarr ar earraí builc de réir sainmhínithe agus nuair a bhíonn siad suite i stíl ghrúpa le páirceáil phobail tugtar páirceanna miondíola orthu. I gCathair na Gaillimhe tá roinnt ceantar ina ndéantar freastal ar mhiondíol earraí builc ar nós Lios Bán, Cnoc Mhaoil Drise, Bóthar Áth Cinn, roinnt ceantar in aice le Bóthar Thuama, roinnt ceantar ar Bhóthar Shéamais Uí Chuirc agus ag Páirc an Tobair. Tá go leor acu tar éis teacht chun cinn i gcomhar le ceantair thionsclaíocha, páirceanna gnó, asraonta díolacháin mhótair agus ceantair idirthréimhseacha, de réir a chéile i dtimpeallachtaí de dhroch-chaighdeán uirbeach, atá deartha go príomha do chustaiméirí carr-iompartha.

Tá roinnt soláthar breise curtha ar fáil ó 2017 i leith. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar criosaithe atá ann cheana féin, spás urláir folamh, ceadanna atá ar marthain agus láimhdeachas dóchúil, ní mheastar go bhfuil sé riachtanach ag an am seo aon tailte breise a ainmniú go sonrach, seachas na cinn atá ann le haghaidh úsáidí dá leithéid. Déanfar athbhreithniú air seo tar éis anailís chainníochtúil a ullmhú agus athbhreithniú ar riachtanais spáis urláir bhreise mar chuid den chomhstaidéar miondíola.

Tá sé tábhachtach go mbeadh an raon miondíola i bpáirceanna miondíola agus asraonta earraí builc teoranta d'earraí builc. Déantar é seo chun beogacht, beocht agus inmharthanacht chroílár lár na cathrach agus láir eile atá ainmnithe go cuí a chosaint. Aithnítear sna Treoirlínte um Pleanáil Miondíola (2012) go bhfuil formáidí ann ina gcuimsítear míreanna coimhdeacha a bhaineann le hearraí builc ar bhealach eile, ach moltar iad seo a theorannú do spás díolacháin nach mó ná 20% de ghlanspás urláir miondíola iomlán an aonaid mhiondíola ábhartha.

## 6.7 Gá agus Suíomh Spás Urláir Miondíola sa Todhchaí

Moltar sna Treoirlínte um Pleanáil Miondíola (2012) gur cheart go n-áireofaí i bpleananna forbartha mar chuid dá straitéis miondíola, measúnú leathan ar an ngá le spás urláir miondíola breise thar thréimhse na straitéise, sa chás seo suas go dtí tús 2029. Mar a luadh cheana leagfar amach sa chleachtadh straitéise miondíola níos leithne atá le déanamh i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe an gá atá le spás urláir miondíola breise le haghaidh earraí comparáide agus áise, ag cur san áireamh an spás urláir atá ann cheana féin agus treochtaí atá ag teacht chun cinn sa mhiondíol agus bunaithe ar na cuspóirí beartais sa MASP agus an spriocdhaonra gaolmhar.

Go ginearálta, ba cheart spás urláir miondíola sa todhchaí a dháileadh ar aon dul le treoir náisiúnta agus treoir RSES chun an cur chuige seicheamhach a ghlacadh. Do limistéar an MASP faoi láthair, is é lár na cathrach agus na láir cheantair sainithe an láthair iomlán roghnaithe d'fhorbairt mhiondíola ar mhórscála. Tá na lonnaíochtaí Contae sa MASP mar a léirítear i nDréachtphlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 ainmnithe chun soláthar a dhéanamh d'fhorbairtí miondíola nua ag teacht le héilimh a spriocanna daonra. Leagtar béim ar an bhfíric go bhfuil an treo seo chun an cur chuige seicheamhach a ghlacadh sna Treoirlínte um Pleanáil Miondíola (2012) ríthábhachtach chun beogacht agus inmharthanacht na gcathracha agus na mbailte a fheabhsú agus déantar cur síos air mar chuspóir uileghabhálach i bpleanáil mhiondíola.

Ní bhreithneofar tograí sa chathair le haghaidh forbairtí nua, oiriúnaithe nó sínte a bhféadfadh scála forbartha a bheith mar thoradh orthu ar dócha go mbeadh tionchar suntasach acu ar ról agus ar fheidhm na n-ionad miondíola sainithe ach amháin nuair atá sé léirithe chun sástachta de chuid na Comhairle Cathrach nach bhfuil aon láithreán nó láithreáin ionchasacha nó láithreáin fholmha laistigh de lár na cathrach nó láir cheantair ainmnithe sula mbreithneofar láithreán ar imeall láir nó lasmuigh den lár. Tá sé seo ar aon dul freisin le clár oibre an NPF maidir le dlúthfhás.

Meastar go ndéileálfar leis na meastacháin do spás urláir breise nuair a bhainfear leo mar threoirlíne leathan don chandam breise de spás urláir miondíola a bheidh riachtanach thar thréimhse an phlean. Ní bheadh sé oiriúnach na meastacháin seo ar riachtanais spáis urláir réamh-mheasta a úsáid ar bhealach an-shainordaitheach. Beidh tionchar ag treochtaí sa gheilleagar, sa mhargadh domhanda, sa ríomhthráchtáil, agus ag miondifríochtaí sa mhargadh maoine, formáidí nua agus leibhéil spásanna folmha ar fheidhmiú an mhargaidh mhiondíola. Chomh maith leis an ngá atá le Gaillimh fás mar chathair scála iomaíoch an NPF, beidh an gá atá le dáileadh cothrom deiseanna miondíola a bhaint amach agus leathadh geografach maith a bhaint amach, íogair do phróifílí dobharcheantair agus inrochtana d'iompar poiblí ina bhfachtóirí freisin. Ina ainneoin sin, úsáidfear na réamh-mheastacháin mar thomhas ginearálta ar an éileamh dóchúil agus dá réir sin déanfar iad a mheasúnú i gcomhthéacs an tsoláthair a dhéantar do mhiondíol agus an chandam gaolmhar tailte criosaithe.

Mar a mholtar sna Treoirlínte Pleanála Miondíola (2012) áireoidh an Chomhairle monatóireacht ar threochtaí miondíola lena n-áirítear scála, nádúr agus dáileadh spásúlachta i gcomhthéacs na straitéise miondíola iomlán, an straitéis lonnaíochta agus beartais ar chomharsanachtaí inbhuanaithe. Áireofar an mhonatóireacht seo sa struchtúr iomlán monatóireachta mar atá san áireamh in Aguisín 1 den Phlean. Ceadóidh sé athbhreithniú ar bheartas más gá chun beogacht, beocht agus inmharthanacht san earnáil a chinntiú.

## 6.8 Measúnachtaí Tionchair Mhiondíola

Ba cheart Measúnachtaí Tionchair Mhiondíola (RIA) a chur isteach chun tacú le tograí móra chun comhlíonadh an Phlean Forbartha Cathrach a léiriú agus chun a thaispeáint nach mbeidh

drochthionchar ar na lárionaid mhiondíola atá ann cheana féin, rud a bhainfidh an bonn d'acmhainneacht na Láithreán Athghiniúna agus Deise agus go gcuideoidh an fhorbairt le fás dlúth a bhaint amach. Go ginearálta cinnfear an ceanglas um RIA a chur isteach i gcomhthéacs bheartais agus cuspóirí an phlean forbartha le haghaidh miondíola nó mar a d'fhéadfadh an Chomhairle Cathrach a chur in iúl ag an gcéim réamhphleanála nó le linn measúnú a dhéanamh ar iarratas. Ba cheart RIA a dhéanamh de réir na gceanglas atá leagtha amach sna Treoirlínte Pleanála Miondíola (2012).

## 6.9 Caighdeán an Dearaidh

Is féidir le hardleibhéal cáilíochta dearaidh cur go mór le beogacht agus le beocht lár na cathrach agus go ginearálta gach ionad miondíola. Sa *Lámhleabhar Dearadh Miondíola* (DAHG 2012) (doiciméad a ghabhann leis an *Treoirlínte Pleanála Miondíola 2012)* leagtar béim ar 10 bpríomhphrionsabal ar chóir a chur i bhfeidhm agus miondíol á threorú chun torthaí ardchaighdeáin dearaidh uirbigh a sheachadadh. Soláthraíonn siad seo creat le haghaidh fhorbairt na hearnála miondíola ar bhealach a fhreastalaíonn ar riachtanais na bhformáidí siopadóireachta nua-aimseartha agus ag an am céanna a chuidíonn le tarraingteacht agus iomaíochas lár cathracha agus bailte a chosaint, a thacú agus a chur chun cinn mar áiteanna chun cónaí, obair, agus siopadóireacht a dhéanamh iontu agus chun cuairt a thabhairt orthu. Tacaítear le cur i bhfeidhm an chur chuige seo i gCaibidil 8 ina spreagtar dea-dhearadh uirbeach agus cóireáil ar limistéir na ríochta poiblí.

Tá ról tábhachtach ag cáilíocht aghaidheanna siopaí freisin maidir le carachtar agus braistint na sráide siopadóireachta a chinneadh. Cuireann an Chomhairle Cathrach feasacht ar dhea-dhearadh aghaidheanna siopa chun cinn go sonrach sa *Treoirlínte Dearaidh Aghaidh Siopaí & Comharthaíochta na Gaillimhe 2012*.

## 6.10 Geilleagar Oíche

San fhoilseachán le déanaí *Tuarascáil an Tascfhórsa um Gheilleagar Oíche (*2021*) DTCAGSM* leagadh béim ar na dúshláin agus na deiseanna atá ann chun gníomhaíocht shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch a fhorbairt le linn uaireanta sonracha tráthnóna agus oíche i lár bailte agus cathracha. Scrúdaítear sa tuarascáil na deiseanna atá ann chun timpeallacht oíche i bhfad níos éagsúla agus níos fáiltiúla a bheith ann. Is é an rún atá ann ná go mbeadh an raon gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dó cuimsitheach, oiriúnach do gach aois, cumas agus spéis agus go mbeadh sé ina thimpeallacht shábháilte arna thacú ag roghanna iompair solúbtha. Áirítear sa tuarascáil raon gníomhartha molta le haghaidh athchóiriú earnála a mbeidh gá acu le tacaíocht ó pháirtithe leasmhara ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil agus struchtúr arna thiomáint ag Comhairleoir tiomnaithe don Gheilleagar Oíche.

Aithnítear go bhfuil Cathair na Gaillimhe i suíomh maith, leis na hinfheistíochtaí, na tacaíochtaí agus na rialacháin chuí chun leas a bhaint as forbairt an gheilleagair agus an chultúir oíche. Cruthófar fostaíocht, feabhsófar turasóireacht agus feabhsófar atmaisféar sóisialta na cathrach san oíche trí shiamsaíocht oíche, fóillíochta agus na nithe cruthaitheacha sa chathair a chur chun cinn agus a éagsúlú. Ina dhiaidh sin leathnóidh sé seo níos mó tarraingteacht na cathrach mar cheann scríbe agus tacóidh sé leis an ngeilleagar lena n-áirítear é sin a bhaineann le miondíol i rith an lae agus oíche.




## 6.11 Gníomhú ar son na hAeráide

Tá ról tábhachtach ag an earnáil mhiondíola maidir le geilleagar atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn agus a sheachadadh. I Miondíol/IBEC[4] leagtar béim ar thiomantas leanúnach na miondíoltóirí a lorg carbóin a laghdú agus chun foinsiú inbhuanaithe agus cleachtais trádála a chur chun cinn. Áirítear leis seo úsáid mhéadaithe a bhaint as fuinneamh in-athnuaite, trealamh ísealfhuinnimh, tógáil le hábhair athchúrsáilte agus laghdú ar an méid plaistigh. Tá an earnáil mhiondíola ríthábhachtach freisin maidir le hathchúrsáil a chur chun cinn lena n-áirítear trí áiseanna athchúrsála pobail a óstáil in aice le siopaí agus freisin trína rannpháirtíocht in 'Repak' agus gealltanais a tugadh faoin 'nGealltanas Plaisteacha'.

Beidh tionchar suntasach ag miondíoltóirí freisin ar uaillmhian na hÉireann a bhaint amach maidir leis an ngeilleagar ciorclach a fhorbairt. I *Straitéis um Geilleagar Ciorclach*[5] an rialtais luaitear nach féidir le bearta um gníomhú ar son na haeráide a dhíríonn ar aistriú ó bhreoslaí iontaise go bearta in-athnuaite agus éifeachtúlachta fuinnimh ach dul i ngleic le 55 % de na hastaíochtaí. Beidh ar an 45% eile teacht ó rudaí a chruthú. Sa straitéis, leagtar béim ar an ngá atá le táirgeadh agus tomhaltas geilleagar ciorclach córasach a bhaint amach, ina ndéantar dramhaíl agus úsáid acmhainní a íoslaghdú de réir réamhshocraithe agus i gcás ina gcaomhnaíonn dea-dhearadh luach an táirge chomh fada agus is féidir. Tá ról tábhachtach ag miondíol agus ag gnó ginearálta maidir le tacú leis an ngeilleagar ciorclach agus spreagadh agus infheistíocht a dhéanamh i ndéanamh rudaí ar bhealaí atá níos ciorclaí agus nach bhfuil chomh dian ar acmhainní.

Ní hamháin go bhfuil na samhlacha gnó seo inbhuanaithe ach léiríonn siad freisin dea-ghrinneas gnó. Thuairiscigh Deloitte[6] le déanaí gur mhaígh beagnach duine as gach triúr tomhaltóirí gur stop siad ag ceannach brandaí nó táirgí áirithe toisc go raibh imní eiticiúil nó inbhuanaitheacht orthu ina leith. Tá comhtháthú an eolais seo ar dhearcadh an chustaiméara i leith na hinbhuanaitheachta soiléir i gcleachtais reatha mhiondíola. Léirítear é seo freisin sna gealltanais éagsúla ó shlabhraí

[4] https://www.ibec.ie/connect-and-learn/industries/retail-and-tourism/retail-ireland2021

[5] Sa Chéad Chomhairliúchán Poiblí ar Straitéis um Gheilleagar Ciorclach de chuid an Rialtais Uile na hÉireann ar Fhoilsiú Beartaithe na Straitéise Aibreán 2021

[6] Deloitte - Changes and key findings in sustainability and consumer behaviour ( Márta 2021)

miondíola idirnáisiúnta a bheith neodrach ó thaobh carbóin de go mór roimh na spriocdhátaí náisiúnta.

D’fhéadfadh an Plean trí bheartais mhiondíola agus bearta bainistíochta forbartha na treochtaí seo a spreagadh agus seachadadh miondíola a chumasú ar bhealach a thacaíonn le gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht.

| **Cuid 2 Straitéis Mhiondíola** |
|---|
| **Beartas 6.4 Straitéis Mhiondíola** |
| 1. Glacadh leis an ordlathas miondíola don chathair mar a shainaithnítear sa straitéis agus srian a chur ar fhorbairt miondíola ag gach leibhéal ar an ordlathas go scála agus nádúr atá ar comhréir le héilimh an cheantair. |
| 2. Soláthar a dhéanamh do raon agus scála cuí de sheirbhísí miondíola ar fud na cathrach ag láithreacha a bhfuil rochtain orthu ag siúl ar gcos, ar rothar agus iompar poiblí, de réir na straitéise lonnaíochta agus na sprice daonra don chathair. |
| 3. Athbhreithniú a dhéanamh ar na straitéisí agus ar na beartais mhiondíola tar éis comhstaidéar miondíola a ullmhú le Comhairle Chontae na Gaillimhe, chun a chinntiú go bhfuil dóthain tacaíochta beartais ann chun creat dearfach a chruthú le haghaidh beogacht agus infheistíocht leanúnach sna príomhlimistéir mhiondíola go háirithe i MASP na Gaillimhe agus chun a chinntiú go mbeidh cur chuige comhsheasmhach agus eolasach maidir le beartais a bhaineann le gníomhaíochtaí miondíola roinnte i gcomhréir le beartas náisiúnta. |
| 4. Lár na cathrach a fheabhsú mar phríomhionad seirbhíse miondíola i gceantar MASP, trí úsáidí cuí a chur chun cinn, athghiniúint, meascán méadaithe in úsáidí comhlántacha lena n-áirítear úsáidí cónaithe, fóillíochta, cultúrtha agus trí infheistíocht sa ríocht phoiblí, taitneamhachtaí agus bonneagar iompair inbhuanaithe. |
| 5. Feabhas a chur ar rochtain agus tréscaoilteacht i lár na cathrach agus in ionaid ainmnithe eile le béim ar leith ar an ríocht phoiblí a fheabhsú le béim ar mhéadú a chur ar limistéir do choisithe agus rochtain feabhsaithe trí iompar poiblí, rothaíocht agus siúlóid. |
| 6. Tacú le héagsúlacht úsáidí i ríocht phoiblí lena n-áirítear margaí, suíocháin agus itheachán amuigh faoin aer, imeachtaí ealaíon agus cultúir chun cur le beocht agus beogacht na cathrach leis an eispéireas miondíola. |
| 7. Comhshaol miondíola ardchaighdeáin a spreagadh trí Straitéis Iompair na Gaillimhe agus Straitéis na Ríochta Poiblí a chur i bhfeidhm agus tionscnaimh eile a chuidíonn le chéile le háiteanna a chruthú atá tarraingteach, bríomhar, inbhuanaithe agus sábháilte. |
| 8. Aird a thabhairt ar Threoirlínte Dearaidh Aghaidh Siopaí Chathair na Gaillimhe agus tacú le comharthaíocht Ghaeilge agus dhátheangach. |
| 9. Aird a thabhairt ar an Lámhleabhar Dearaidh Miondíola (2012), doiciméad a ghabhann leis na Treoirlínte Pleanála Miondíola d’Údaráis Phleanála (2012) lena chinntiú go soláthraíonn forbairtí miondíola ailtireacht agus dearadh uirbeach d’ardchaighdeán. |
| 10. A éileamh go dtacódh Measúnacht Tionchair Mhiondíola (RIA) le tograí móra forbartha miondíola, a ullmhaítear de réir na dTreoirlínte um Pleanáil Miondíola d’Údaráis Phleanála (2012) agus ina dtaispeántar go bhfuiltear ag comhlíonadh na straitéisí sa Phlean Forbartha go háirithe an cuspóir gan drochthionchar a bheith acu ar bheogacht agus ar bheocht lárionad miondíola reatha go háirithe lár na cathrach. |
| 11. Forbairt mhiondíola a spreagadh ionas go n-áireofar bearta a d’fhéadfadh cur go dearfach le gníomhú ar son na haeráide agus le hinfheistíocht mhéadaithe sa gheilleagar ciorclach ag teacht leis an straitéis náisiúnta chun bearna ciorcaireachta na hÉireann a laghdú go suntasach. |

| **Beartas 6.5 Ordlathas Miondíola** |
| --- |
| **Lár Cathrach - Lár Chathair na Gaillimhe** |
| 1. Lár na cathrach a chosaint agus a fheabhsú, atá sainithe mar an limistéar siopadóireachta is tábhachtaí i MASP agus contae na Gaillimhe agus mar phríomhionad sa Réigiún Thuaidh agus Thiar agus éascú a dhéanamh ar leathnú measctha ar sheirbhísí lena n-áirítear miondíol comparáide ard-oird i gcomhar le miondíol seirbhíse, eispéireas siopadóireachta feabhsaithe agus áiseanna cultúrtha agus siamsaíochta trí athfhorbairt chuí agus íogair, inlíonadh agus forbairt ar athnuachan ainmnithe i gcomhar le cur chun feidhme príomhthionscadail maidir leis an ríocht phoiblí agus iompair inbhuanaithe. |
| 2. Infheistíocht straitéiseach dhíreach i gcúrsaí tráchtála, cathartha, cultúrtha agus miondíola, go háirithe earraí comparáide ard-oird agus miondíol speisialaithe isteach i lár na cathrach áit ar féidir leo beogacht agus inmharthanacht a fheabhsú trí mheascán úsáidí, athúsáid láithreán folamh agus athbheochan chun cur le hathghiniúint agus le cothabháil de limistéar láir dhlúth. |
| 3. Beogacht lár na cathrach agus a athléimneacht i dtreo treochtaí miondíola athraitheacha a neartú agus bearta a mheas chun tacú le timpeallacht miondíola inbhuanaithe ag cur solúbthacht úsáidí agus formáidí miondíola, úsáidí comhlántacha agus eispéireas miondíola ardchaighdeáin san áireamh. |
| 4. Tacú le forbairt cultúir agus geilleagair bríomhar, uilechuimsitheach, oíche trí bhearta inbhuanaithe agus an gá le tacaíochtaí iompair gaolmhara, bearta chun timpeallacht shábháilte a chinntiú, agus le héagsúlacht i tairiscintí siamsaíochta agus cruthaitheachta a chur chun cinn. |
| 5. A chinntiú go bhfreagraíonn dearadh forbairtí miondíola i lár na cathrach, lena n-áirítear síntí agus mionathruithe, go dearfach do shuíomh uathúil, do charachtar sainiúil agus do cháilíocht chomhshaol tógtha agus nádúrtha na Gaillimhe. |
| **Láir Cheantair, Chomharsanachta agus Áitiúla** |
| 6. Beogacht agus inmharthanacht Láir an Cheantair a chur chun cinn agus soláthar raon cuí de sheirbhísí miondíola, neamh-mhiondíola, pobail agus fóillíochta a spreagadh. Ba cheart go mbeadh seirbhísí miondíola den sórt sin den chuid is mó de chineál áise nó de chineál comparáide d'ord níos ísle chun príomhról lár na cathrach don siopadóireacht a chosaint. D'fhéadfadh acmhainn a bheith ag roinnt láithreacha freisin d'úsáidí cónaithe inar féidir leis an meascán úsáide a chomhlánú go hinbhuanaithe gan an príomhchuspóir tráchtála a laghdú. |
| 7. Láir Chomharsanachta a chur chun cinn agus a chosaint ina ról mar sholáthraithe de mheascán de sheirbhísí áitiúla lena n-áirítear miondíol de chineál bunúsach, áisiúil den chuid is mó atá lonnaithe ar bhealach éasca a bheith inrochtana ag an dobharcheantar ar a bhfreastalaíonn siad agus inar féidir leo cur le coincheap den 'chomharsanacht laistigh de 15 nóiméad'. |
| 8. Siopaí beaga áitiúla i gceantair chónaithe a chur chun cinn agus a chosaint, de réir choincheap na comharsanachta, áit ar féidir leo ról a chomhlíonadh i soláthar riachtanas áise ó lá go lá agus nuair nach mbíonn tionchar diúltach acu ar thaitneamhachtaí atá ann cheana féin. |
| 9. Miondíol d'earraí builc a shrianadh agus a dhíriú chuig páirceanna miondíola aitheanta atá ann cheana agus go pointe níos teoranta chuig lár an cheantair agus srian a chur le díol earraí coimhdeacha a bhaineann le spás díolacháin earraí builc ar a mhéid nach mó ná 20% de ghlanspás urláir miondíola iomlán den aonad miondíola ábhartha de réir na dTreoirlínte Pleanála Miondíola d'Údaráis Phleanála (2012). |
| 10. Aird a thabhairt go ginearálta do na treoirlínte measúnaithe d'fhormáidí sonracha miondíola mar a fhoráiltear i gCuid 4.11 de na Treoirlínte Pleanála Miondíola d'Údaráis Phleanála (2012). |

# Caibidil 7
# Pobal agus Cultúr

## Clár na nÁbhar


7.1 Comhthéacs ........................................ 189
7.2 Cathair Chruthaitheach ........................................ 190
7.3 Cathair Uilechuimsitheach ........................................ 193
7.4 Cathair Dhátheangach ........................................ 197
7.5 Áiseanna Pobail ........................................ 198
7.6 Tailte Institiúideacha ........................................ 203
7.7 Cuspóirí Sonracha ........................................ 205

## 7.1 Comhthéacs

Is iad muintir agus cultúr na Gaillimhe na buanna is mó atá ag an gcathair agus cuireann siad go smior le féiniúlacht na cathrach. Tá oidhreacht shaibhir chultúrtha agus teanga ag an gcathair chomh maith le saol cruthaitheach bríomhar a chuireann timpeallacht mhaireachtála shainiúil ar fáil do chónaitheoirí agus timpeallacht fháilteach agus inspioráideach ar fáil do chuairteoirí. Tacaíonn sé le raon éagsúil gníomhaíochtaí pobail agus cultúrtha, agus mar gheall ar ról straitéiseach na cathrach freastalaíonn go leor de na gníomhaíochtaí sin ar an réigiún níos leithne freisin. Tá bonneagar pobail agus cultúrtha ríthábhachtach do shláinte, folláine, cáilíocht na beatha agus is cuid ríthábhachtach de phobal atá bríomhar, athléimneach, agus comhtháite go sóisialta, Tá an t-infreastruchtúr seo ríthábhachtach freisin chun tarraingteacht na cathrach a chothabháil agus a fheabhsú mar shuíomh chun infheistíocht a dhéanamh ann, deiseanna fostaíochta ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus chun lucht saothair a bhfuil na scileanna cuí acu a mhealladh chun cónaí agus oibriú sa chathair agus iad a choinneáil. Tá gá le tuilleadh infheistíochta i mbonneagar pobail lena chinntiú go gcuirtear na prionsabail de 'cathair laistigh de 15 nóiméad' i bhfeidhm maidir le háiseanna pobail agus cultúrtha.

Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le hinfhaighteacht agus rochtain ar bhonneagar den sórt sin do chaighdeáin na beatha a fhaightear taithí air sa chathair agus an difríocht is féidir léi a dhéanamh do shaol na ndaoine. Aithnítear go háirithe, d'fhonn comharsanachtaí inbhuanaithe a thógáil, go bhfuil gá le tacaíocht a thabhairt dóibh le raon áiseanna pobail atá inrochtana agus sách solúbtha chun iad a oiriúnú agus freastal ar na riachtanais athraitheacha sa tsochaí. Tacaíonn an Plean Forbartha leis an gcur chuige seo trí bheartais agus cuspóirí soiléire a leagan amach chun ailíniú na n-áiseanna sóisialta agus pobail a chinntiú le pobail reatha agus le pobail nua. Tugtar tacaíocht d'fhorbairt bonneagair, seirbhísí agus áiseanna pobail agus cultúrtha trí bheartas pleanála náisiúnta agus réigiúnach leis an gCreat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus an Straitéis Réigiúnach Eacnamaíoch agus Spásúlachta (RSES). Aithnítear sa NPF go bhfuil suíomh agus áit ina phríomh-rannpháirtithe a mbíonn tionchar acu ar chaighdeán na beatha. Aithnítear sa RSES caighdeán na beatha agus réigiún cuimsitheach mar cheann dá chúig uaillmhian fháis. Díríonn cuspóirí beartais eile sa RSES ar phobail shláintiúla a chruthú, caighdeán na beatha, cuimsiú sóisialta, cur chun cinn na Gaeilge agus soláthar áiseanna agus seirbhísí pobail, aoisbháúil, cúram leanaí agus oideachas.

Is cur chuige comhpháirtíochta é an Plean Áitiúil Pobail agus Eacnamaíoch (LECP) chun fís shóisialta agus eacnamaíoch a sholáthar don chathair. Tógann sé ar naisc idir na beartais úsáide talún sa Phlean Forbartha agus forbairt eacnamaíoch agus pobail áitiúil agus cuireann an dá phlean le chéile creat straitéiseach ar fáil chun riachtanais eacnamaíocha agus pobail na cathrach a chomhtháthú. Ullmhaíodh Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Chathair na Gaillimhe don tréimhse 2015-2021 agus tá sé á athbhreithniú faoi láthair chun pleanáil a dhéanamh don chéad tréimhse eile.

1. **Gaillimh a fhorbairt agus a chur chun cinn mar réigiún cathrach cruthaitheach den chéad scoth.**
2. **Gaillimh a fhorbairt agus a chur chun cinn mar chathair nuálach.**
3. **A chinntiú gur cathair chomhionann agus uilechuimsitheach í Cathair na Gaillimhe.**
4. **Timpeallacht uirbeach inbhuanaithe, athléimneach a spreagadh do Chathair na Gaillimhe atá ina príomhchathair do réigiún an Iarthair.**
5. **Sláinte agus folláine gach duine i gCathair na Gaillimhe a chur chun cinn**

**Figiúr 7.1 Spriocanna Ardleibhéil an LECP**

Tá an Chomhairle tiomanta do bheith ag obair i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara chun seachadadh bonneagair phobail agus chultúrtha ar ardchaighdeán a chuireann le cuimsiú sóisialta, rathúnas agus cáilíocht na beatha a éascú chun freastal ar riachtanais de chathair atá ag

fás agus den dobharcheantar MASP níos leithne. Tacóidh an Chomhairle, go háirithe, le tionscnaimh inbhuanaithe a thugann tús áite do chomhshuíomh saoráidí pobail agus bonneagair a cheadaíonn úsáid chomhroinnte chun críocha éagsúla agus a sholáthraíonn rochtain éasca do chách.

| **7.1** | **Beartais Ghinearálta** |
|---|---|
| 1. | Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe bonneagair phobail, shóisialta agus chultúrtha, agus í a éascú, i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara, trína dtugtar deiseanna cuimsitheacha do gach duine a saol féin a mhúnlú, a chuireann ar chumas pobail a lánacmhainneacht a bhaint amach agus a chuireann le hardchaighdeán na beatha agus folláine do chách, a bhfuil cónaí orthu sa chathair, atá ag obair inti agus a thugann cuairt uirthi. |
| 2. | Tacaíocht a thabhairt do agus éascú a dhéanamh ar bhonneagar agus gníomhaíochtaí tábhachtacha a spreagann forbairt mhéadaithe de chultúr, ealaíon agus tionscail chruthaitheacha na cathrach agus a neartaíonn an oidhreacht teanga. |
| 3. | Éascú a dhéanamh ar sholáthar cóir, cothrom de sheirbhísí agus áiseanna cultúrtha agus sóisialta pobail i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara ar aon dul leis an gcroístraitéis/straitéis lonnaíochta trí bheartais, cuspóirí criosaithe agus sainithe sonracha. |
| 4. | Oibriú i gcomhpháirtíocht leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) chun aidhmeanna an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) a bhaint amach chun a chinntiú gur cathair chomhionann agus uilechuimsitheach í Cathair na Gaillimhe. |
| 5. | Comhshuíomh seirbhísí pobail agus infrastruchtúir a chur chun cinn agus a éascú i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara chun úsáid chomhroinnte a cheadú chun críocha éagsúla lena n-áirítear sláinte, oideachas, fiontar sóisialta agus áitiúil agus gníomhaíochtaí pobail. |
| 6. | Solúbthacht dearaidh a spreagadh i bhfoirgnimh a mbaintear úsáid cultúir, ealaíon agus pobail astu, ionas gur féidir na foirgnimh a oiriúnú ar bhealaí a cheadaíonn éagsúlacht úsáidí éagsúla agus a chuimsíonn inrochtaineacht do chách, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. |
| 7. | Iniúchadh a dhéanamh ar shamhlacha nuálacha seachadta, úinéireachta agus bainistíochta áiseanna agus bonneagair phobail. |
| 8. | Tacú le hathchóiriú na n-ionad pobail agus cultúrtha chun feidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh na bhfoirgneamh seo a fheabhsú chun lorg carbóin na gníomhaíochta cultúrtha agus pobail a tharlaíonn laistigh díobh a laghdú. |

## 7.2 Cathair Chruthaitheach

Is cuid bhunúsach d'fhéiniúlacht na Gaillimhe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta iad an cultúr agus an chruthaitheacht. Tá traidisiún láidir cultúrtha sa chathair agus saol bríomhar ealaíon le pobal ealaíon seanbhunaithe a chuireann le beogacht na cathrach agus atá ina chuid shuntasach de thairiscint turasóireachta na cathrach. Cuidíonn na healaíona agus an chruthaitheacht freisin leis an ngeilleagar cruthaitheach, earnáil atá ag fás go tapa sa chathair agus a bhfuil tionchar dearfach aici ar oideachas, ar shláinte agus ar fholláine freisin. Tá an láidreacht de shaol ealaíon agus cultúrtha na Gaillimhe tar éis teacht chun cinn le himeacht ama, rud a léiríonn an oidhreacht chultúrtha shaibhir agus an éirim chruthaitheach atá sa chathair faoi thiomáint pobail atá spreagtha ag nuálaíocht agus ag pátrúnacht dhílis. Is aitheantas iad ainmnithe ar nós Cathair Scannán UNESCO agus Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 ar láidreacht na gníomhaíochta cultúrtha agus cruthaithí sa chathair.

Aithníonn an Chomhairle an ról intreach atá ag cultúr agus cruthaitheacht sa chathair agus an luach a chuireann sé leis an saol agus leis an eispéireas. Is féidir leis na tairbhí freisin cur le

comhtháthú na bpobal trí na deiseanna féideartha a chuireann sé ar fáil do ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta, rud a fheabhsaíonn rannpháirtíocht pobail agus cuimsiú sóisialta. Tá sé mar uaillmhian ag an gComhairle tógáil ar na sócmhainní cultúrtha seo mar atá léirithe sa straitéis chultúrtha *Everybody Matters /(Tá Gach Duine Tábhachtach), Straitéis Inbhuanaitheachta Chultúrtha do Ghaillimh 2016 -2025.* Tá seacht n-aidhm straitéiseacha sa straitéis seo atá le baint amach trí shraith de phleananna forfheidhmithe 3 bliana. Go ginearálta is iad na haidhmeanna atá aige ná rochtain agus rannpháirtíocht a fheabhsú, cláir chultúrtha a fhorbairt, foghlaim a thógáil, aghaidh a thabhairt ar an easnamh sa bhonneagar cultúrtha, cultúr a chomhtháthú le sláinte agus folláine agus feabhas a chur ar rannpháirtíocht chuimsitheach saoránach agus ealaíontóirí. Déantar é seo a fhorlíonadh tuilleadh le plean ealaíon na Comhairle, eadhon, *New Directions/(Treonna Nua) Plean Straitéiseach Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2021-2026*. Sa phlean seo tá gealltanas tugtha ag an gComhairle tacú le forbairt leanúnach bonneagair agus deiseanna cultúrtha agus tacú le rannpháirtíocht gach duine i saol cultúrtha agus cruthaitheach na cathrach.

Tá an Plean Forbartha ríthábhachtach maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus leathnú breise na n-áiseanna ealaíon agus cultúrtha chun freastal ar riachtanais athraitheacha na hearnála agus chun bonneagar ardchaighdeáin a sholáthar chun tacú le fás daonra spriocdhírithe don chathair mar a fhoráiltear dó sa RSES/NPF. Chuige seo tá roinnt tionscadal suntasach aitheanta faoi láthair le cur chun cinn. Áirítear orthu sin infheistíocht in athúsáid Chaisleán an Léana Bháite lena úsáid mar mhol tiomnaithe cruthaitheach agus cultúrtha. I measc na dtionscadal freisin tá athchóiriú an Mhansa ag Amharclann Oileán Altanach mar ionad cruthaitheachta agus áit chruinnithe d'ealaíontóirí neamhspleácha, leathnú Músaem Cathrach na Gaillimhe agus Teach Comerford le tacaíocht ó Fáilte Éireann, mar chuid d'fhorbairt Mhúsaem Atlantach na Gaillimhe, agus forbairt saoráide cultúrtha ar Rae na gCeannaithe. I gcomhar leis na tionscadail seo tá an acmhainneacht de bhonneagar ealaíon agus cultúrtha ceantarbhunaithe nua a sheachadadh chun freastal ar riachtanais dhaonra méadaitheach na cathrach agus na bpobal athraitheach á scrúdú don chathair níos leithne. Tá cruthú na spásanna micrea-chultúrtha agus cruthaitheacha atá scaipthe ar fud na cathrach ríthábhachtach chun rannpháirtíocht níos fearr i ngníomhaíocht chultúrtha agus chruthaitheach a chumasú i measc lucht féachana agus pobail atá ar an imeall, rud atá ina uaillmhian bhunúsach ag an gComhairle. Chun machnamh agus leathnú a dhéanamh ar thionchar uathúil an chultúir agus an tionchar a bhíonn aige ar charachtar na cathrach a shainiú beidh gá le ceathrúna móra nua sa chathair sa Phlean Forbartha chun bonneagar agus deiseanna do ghníomhaíochtaí ealaíon agus cultúrtha a chomhtháthú le forbairt suíomhanna straitéiseacha athghiniúna.

Mar chuid den infheistíocht sa ríocht phoiblí sa chathair, déanfar spásanna poiblí agus taitneamhachta lasmuigh a dhearadh agus a thógáil le cumas solúbtha chun taibhiú poiblí agus rannpháirtíocht leis na healaíona a oiriúnú agus a cheadú. Tá sé seo ar aon dul leis an mbeartas náisiúnta mar a mholtar i dTascfhórsa Téarnaimh Ealaíon agus Cultúir an Rialtais (2020). Ina theannta sin oibreoidh an Chomhairle chun spásanna micrea-chultúrtha inrochtana a fhorbairt i bhfoirgnimh phoiblí agus pobail agus spásanna sa chathair, lena n-áirítear na bruachbhailte chun léirthuiscint chultúrtha a leabú i ngnáthghníomhaíochtaí laethúla agus spreagfaidh sí freisin ealaín phoiblí a ionchorprú i ngach forbairt mhór.




Is cuid thábhachtach de shaol ealaíon agus cultúrtha na cathrach iad féilte agus imeachtaí. Reáchtáiltear féilte i nGaillimh, a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint leo, lena n-áirítear Féile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe, Féile Idirnáisiúnta Litríochta 'Cúirt', Fleadh Scannán na Gaillimhe agus Féile Ealaíon Idirnáisiúnta do Leanaí 'Baboró' i measc féilte eile. Tá an cumas ag an gcathair freisin imeachtaí ar scálaí éagsúla a óstáil idir an Fhéile an Volvo Ocean Race in 2009 agus 2012 agus Margadh Nollag na Mór-Roinne bliantúil go léirithe sráide ar scála beag. Is sócmhainn chultúrtha eacnamaíoch shuntasach iad seo don chathair agus cuireann siad lena tarraingteacht d'áitritheoirí agus do chuairteoirí. Tacaíonn an Chomhairle freisin leis an tionscnamh Green your Festival a bhfuil sé mar aidhm aige tionchar comhshaoil na bhféilte agus na n-imeachtaí a laghdú.

Tá tairiscint rathúil na cathrach le bheith ainmnithe mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa do 2020 ag tógáil ar éachtaí roimhe seo, amhail ainmniúchán Chathair Scannán UNESCO, dámhachtain Baile Mór an Uirbeachta, dámhachtain Micrea-Chathair na Bliana FDI in 2014, Dámhachtain Dhuilleog Ghlas na hEorpa 2017, Réigiún Eorpach na Gastranamaíochta 2018. Tá próiseas pleanála oidhreachta ar siúl faoi láthair chun tionchar na Gaillimhe 2020 a mheas agus chun bonn eolais a chur faoi chreat oidhreachta a fhoilseofar i mí na Nollag 2021 agus a léireoidh na tairbhí cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíocha marthanacha a thiocfaidh as Príomhchathair Chultúir na hEorpa a óstáil.

Sa Scéim um Chéatadán don Ealaín, déantar foráil do leithdháileadh ó chostais fhoriomlána forbartha caipitil, bonneagair agus foirgnimh atá maoinithe go poiblí le húsáid chun saothair ealaíne poiblí a choimisiúnú. Leanfaidh Oifig Ealaíon Chathair na Gaillimhe le cur chun feidhme na scéime a éascú ar bhonn leanúnach, mar fhoinse thábhachtach maoinithe a chuirfidh ar chumas ealaíontóirí saothar nua agus uaillmhianach a shamhlú agus a chruthú thar gach foirm ealaíne agus réimse cleachtais ealaíne.

| Beartas 7.2 Cathair Chruthaitheach |
|---|
| 1. Gaillimh a chur chun cinn mar chathair de shármhaitheas cultúir agus ealaíon, mol do na tionscail chruthaitheacha agus chultúrtha agus tacú le Everybody Matters*/(Tá Gach Duine Tábhachtach)*, Creat Straitéise Inbhuanaitheachta Cultúir do Ghaillimh 2016-2025. |
| 2. Tacaíocht a thabhairt do agus éascú a dhéanamh d'aidhmeanna na Treonna Nua/New Directions: Plean Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2021-2026 agus Plean Gníomhaíochta 2021-2024 |
| 3. Soláthar de shaoráidí ealaíon agus cultúir nua agus feabhsaithe a éascú agus a spreagadh sa chathair agus i láir cheantair agus chomharsanachta agus i gcás ina shainaithnítear iad i dTreonna Nua/New Directions: Plean Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2021-2026. |
| 4. Gníomhartha Phlean Oidhreachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2016-2021 agus pleananna ina dhiaidh sin a chur chun feidhme. |
| 5. Páirt a ghlacadh sa Scéim um 'Chéatadán don Ealaín' áit a dtacaíonn an scéim le tionscadail chaipitil agus bhonneagair na Comhairle chun ealaín phoiblí a sheachadadh agus an caidreamh pobail lena mbaineann i gcomhar le hOifig Ealaíon Chathair na Gaillimhe. |
| 6. Seachadadh na healaíne poiblí a éascú trína chinntiú go n-ionchorpraíonn agus go seachadann forbairtí ar scála mór saothair ealaíne poiblí a éascaíonn léirmhíniú áite agus pobail. |
| 7. Leathnú ar bhonneagar na n-ealaíon agus an chultúir inrochtana a chumasú trí éileamh a dhéanamh ar áiseanna den sórt sin a chomhtháthú le forbairt phleanáilte ar láithreáin athghiniúna agus deise shainithe. |
| 8. A chinntiú go lonnófar, go ndearfar agus go leagfar amach saoráidí cultúir agus ealaíon sa todhchaí ionas go mbeidh siad inrochtana ar shiúl a gcos, ar rothar agus ar iompar poiblí, go háirithe na líonraí inbhuanaithe agus na moltaí gaolmhara atá san áireamh i Straitéis Iompair na Gaillimhe. |
| 9. Tacú le seachadadh bonneagair ealaíon agus cultúrtha straitéiseach sa chathair lena n-áirítear leathnú ar Mhúsaem na Cathrach; spás taispeántais agus léirithe ealaíon nua; gailearaí cathrach; leabharlann phoiblí cathrach nua; mol cruthaitheach agus cultúrtha do leanaí agus do dhaoine óga agus príomh-bhonneagar eile mar a shainaithnítear in Everybody Matters */(Tá Gach Duine Tábhachtach)* Creat Straitéise Inbhuanaitheachta Cultúrtha do Ghaillimh 2016-2025 agus Treonna Nua/New Directions: Plean Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2021-2026. |
| 10. Tacú le húsáid spásanna poiblí lasmuigh le haghaidh taibhiú poiblí, féilte, imeachtaí agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí ealaíon agus cultúir de réir Straitéis Ríocht Phoiblí Chathair na Gaillimhe 2019 agus na lámhleabhair a théann leis. |
| 11. Tacú le mol cruthaitheach d'ealaíontóirí ildisciplíneacha ar féidir leo spás a sholáthar do raon gníomhaíochtaí. |
| 12. Comhordú a dhéanamh le soláthraithe seirbhíse eile maidir le háiseanna cultúir, ealaíon agus pobail a sholáthar agus, nuair is cuí, tacú le húsáid shealadach foirgneamh/láithreán folamh chun críocha ealaíon agus cultúrtha. |

## 7.3 Cathair Uilechuimsitheach

Aithnítear sa Phlean Forbartha go bhfuil caighdeán na beatha agus folláine nasctha go dlúth leis na háiteanna agus na timpeallachtaí ina gcónaíonn daoine. Chuige seo is féidir leis an bPlean ról tábhachtach a bheith aige i gcruthú pobal sláintiúil atá uilechuimsitheach sóisialta. Tá sprioc straitéiseach ag an bPlean Forbartha *'Cathair chomhionann agus uilechuimsitheach a dhéanamh de Ghaillimh, go háirithe trí gach cineál cuimsitheachta sóisialta a éascú sa timpeallacht thógtha, lena n-áirítear sa ríocht phoiblí, tithíocht, agus áiseanna pobail agus sa chumas rochtain a fháil ar sheirbhísí, taitneamhachtaí, deiseanna fostaíochta agus iompar poiblí'* .

Féachann cuimsiú sóisialta lena chinntiú gur féidir le gach duine, beag beann ar a gcúlra, a n-eispéiris agus a gcúinsí, rochtain a fháil ar na seirbhísí agus na háiseanna a theastaíonn uathu chun a acmhainneacht féin a bhaint amach. Féachann sé le sochaí uilechuimsitheach agus cothrom a chruthú, a rachaidh i ngleic le héagothroime, eisiamh sóisialta agus bochtaineacht. Glacfaidh an Chomhairle Cathrach, tríd an LECP agus tionscnaimh eile, ról dearfach agus comhoibríoch in oibriú le pobail chun cuimsiú sóisialta agus sláinte agus folláine sa chathair a fheabhsú. Ar cheann de na spriocanna ardleibhéil don LECP tá 'a chinntiú gur réigiún cathrach comhionann agus cuimsitheach í Cathair na Gaillimhe'. Áirítear leis seo cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí bhochtaineacht a laghdú agus míbhuntáiste a mhaolú, tacú le lánpháirtíocht agus comhionannas de chách agus an luach a thugann éagsúlacht don chathair a aithint agus tacú leis. Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag tacú le agus ag éascú beartas agus gníomhaíochtaí uilechuimsitheachta sóisialta thar raon iomlán ghníomhaíochtaí na n-údarás áitiúil trí Aonad um Chuimsiú Sóisialta na Comhairle agus trí oibriú le páirtithe leasmhara ábhartha.

Is féidir riachtanais shóisialta an phobail a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu i bpleanáil na timpeallachta tógtha agus na ríochta poiblí chun pobail bheo agus chomhtháite a chruthú. Is féidir le beartais an Phlean Forbartha ar thithíocht, áiseanna pobail agus cultúrtha, cúram leanaí, deiseanna fostaíochta, ríocht phoiblí agus ar inrochtaineacht cuimsiú sóisialta a spreagadh agus pobail inbhuanaithe a thógáil. Féachann an Chomhairle le leithscaradh míchuí a chosc trí chur i bhfeidhm na Straitéise Tithíochta 2023-29. Spreagann sé éagsúlacht de chineálacha agus de mhéideanna tí ar fud na cathrach chun freastal ar chách lena n-áirítear teaghlaigh, teaghlaigh aon duine agus iad siúd a bhfuil sainriachtanais tithíochta acu cosúil le baill den Lucht Siúil, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine gan dídean.

## Daoine faoi mhíchumas

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta d'oibriú le daoine faoi mhíchumas agus lena ngrúpaí ionadaíocha chun a rochtain ar thithíocht, iompar agus an timpeallacht thógtha a éascú. Is sínitheoir í an Chomhairle do Dhearbhú Barcelona a chuireann rochtain uilíoch chun cinn sa ríocht phoiblí, i bhfoirgnimh phoiblí agus i seirbhísí poiblí agus a spreagann rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i saol sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha na cathrach. Thacódh Comhairle Cathrach na Gaillimhe le suiteáil áiseanna 'Áiteanna Feistis' (áiseanna leithris speisialaithe) sa Chathair agus go háirithe i spásanna áineasa agus taitneamhachta. Ina theannta sin, tacaíonn agus spreagann Comhairle Cathrach na Gaillimhe soláthar na n-áiseanna seo in aon fhorbairt foirgnimh nua a bhfuil rochtain ag líon mór daoine orthu, mar bhunaíochtaí oideachais, foirgnimh chultúrtha, áiseanna sláinte agus áiseanna spóirt agus fóillíochta.

Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na NA um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) in 2018. Cuireann sé seo dualgas ar stát na hÉireann a chinntiú go bhfuil cearta comhionanna sibhialta agus polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha ag daoine faoi mhíchumas thar gach earnáil. Maidir le hoibleagáidí faoin UNCRPD, oibreoidh an Chomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha chun tacú le cur chun feidhme an UNCRPD ar an leibhéal áitiúil. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tacú le forbairt tithíochta ardchaighdeáin, cuimsitheach, inrochtana agus inacmhainne, iompar, timpeallacht thógtha agus ríocht phoiblí trí reachtaíocht mhíchumais, na rialacháin tógála, na Treoirlínte um Dhearadh Uilíoch agus Straitéis Ríochta Phoiblí Chathair na Gaillimhe a chur chun feidhme.

## Daoine scothaosta

Tá daonra na hÉireann ag dul in aois agus meastar go mbeidh beagnach duine as gach ceathrar os cionn 65 bliain d'aois ar fud na tíre faoi 2040. Tá sé mar aidhm ag beartas an Rialtais tacú le

daoine scothaosta maireachtáil go neamhspleách ina dtithe agus ina bpobail féin chomh fada agus is féidir. Sa NPF, leagtar béim ar an ngá atá le pleananna áitiúla chun freastal ar riachtanais agus deiseanna do dhaonra atá ag dul in aois go háirithe maidir le tithíocht, iompar agus fóillíocht. Ag teacht leis seo tá an Chomhairle tiomanta do bheartais a spreagann maireachtáil shláintiúil neamhspleách. Áirítear leis seo comharsanachtaí agus pobail inoiriúnaithe ar feadh an tsaoil a thógáil a thacaíonn le daoine scothaosta fanacht sláintiúil, gníomhach agus nasctha lena bpobail. Bainfear é seo amach trí bheartais tithíochta cuí a chur chun feidhme agus trí sholáthar díreach a dhéanamh do roghanna cuí tithíochta laistigh de scéimeanna tithíochta sóisialta. Áirítear leis seo freisin timpeallacht tharraingteach, shábháilte agus inrochtana a dhéanamh den timpeallacht thógtha agus seirbhísí agus áiseanna pobail inrochtana a oireann do riachtanais daoine scothaosta a chur ar fáil.

Is ball í Comhairle Cathrach na Gaillimhe de Aoisbhá Éireann agus is údarás comhpháirtíochta í i seachadadh an Chláir um Thithe Sláintiúla Aoisbháúla. Ina leith seo tabharfaidh an Chomhairle comhairle ar dhearadh agus spreagadh sí tithíocht nuálaíoch a éascóidh inoiriúnaitheacht agus inrochtaineacht saoil chun freastal ar riachtanais éagsúla áititheoirí thar a saolré.

### Leanaí agus daoine óga

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil sláinte agus folláine na ndaoine óga faoi thionchar díréireach ag an timpeallacht ina gcónaíonn siad ar agus aithníonn sí an tábhacht a bhaineann le deiseanna a chinntiú do ghníomhaíocht fhisiciúil, do shúgradh, do shiúlóid agus do rothaíocht. Tugtar faoi deara sa NPF go gcoimeádfar an daonra óg ard in Éirinn ar feadh tréimhse, ag laghdú de réir a chéile mar chéatadán den daonra faoi 2040 ach go bhfuil sé sách suntasach chun soláthar marthanach de thaitneamhachtaí agus de shaoráidí cuí a éileamh. Tá an Chomhairle, i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar na riachtanais seo agus leanúint ar aghaidh ag tacú agus ag feabhsú seachadadh príomháiseanna ar nós cúram leanaí, scoileanna agus rochtain ar áiseanna áineasa foirmiúla agus neamhfhoirmiúla do leanaí agus do dhaoine óga de gach cumas.

Leanann Comhairle Cathrach na Gaillimhe de bheith ag tacú leis an tionscnamh um Chathair atá Báúil do Leanaí agus rachaidh sí i dteagmháil le leanaí agus daoine óga agus lena ngrúpaí ionadaíocha lena n-áirítear Comhairle na nÓg Chathair na Gaillimhe. Tabharfaidh an Chomhairle aird freisin ar Phlean Leanaí agus Daoine Óga CYPSE na Gaillimhe 2021-2023.

### Éagsúlacht

Is cathair ilchultúrtha í Gaillimh, mar is léir ó fhigiúirí dhaonáirimh 2016 a thugann le fios gur rugadh 25.8% de dhaonra Chathair na Gaillimhe lasmuigh d'Éirinn, céatadán atá i bhfad níos airde ná céatadán an Stáit ag 17.3%. Léirítear an éagsúlacht seo i gcarachtar agus sainiúlacht na cathrach, an rannpháirtíocht i ngeilleagar na cathrach agus tairiscint ealaín agus chultúrtha. Tríd an LECP, tacaíonn an Chomhairle leis na straitéisí ealaíon agus cultúir agus cuimsitheachta agus ceiliúrann sí an éagsúlacht agus tá sé mar aidhm aici comhtháthú, rochtain níos fearr, lánpháirtíocht agus rannpháirtíocht ó gach pobal a spreagadh.

### Sláinte agus folláine

Bíonn tionchar ag an timpeallacht thógtha ar shláinte, ar fholláine agus ar chaighdeán na beatha. Cuidíonn pleanáil, trí bheartais agus trí chuspóirí úsáide talún, le sláinte fhisiciúil agus folláine mheabhrach. Déantar é seo go háirithe trí dheiseanna áineasa agus taitneamhachta a sholáthar, iompar gníomhach agus deiseanna d'idirghníomhú sóisialta agus tacaíocht d'fhostaíocht agus do sheirbhísí riachtanacha pobail. Tá Cathair na Gaillimhe ina ball den Líonra Náisiúnta um

Chathracha agus Chontaetha Sláintiúla na hÉireann a thacaíonn le húdaráis áitiúla gníomhartha a chur i bhfeidhm chun sláinte agus folláine a fheabhsú ar leibhéal áitiúil. Leanfaidh an Chomhairle ag tacú le ballraíocht na Gaillimhe sa líonra agus le cur i bhfeidhm Éire Shláintiúil agus Straitéis Chathair na Gaillimhe Sláintiúla 2019-21, tionscnamh de chuid an LCDC.




**Figiúr 7.2:** Gnéithe a thacaíonn le caighdeán na beatha Foinse: NPF

Tá an Plean Forbartha tiomanta do thacú le forbairt pobail shláintiúla agus ghníomhacha, áit a bhfuil deiseanna ann don phobal iomlán a bheith sláintiúil agus gníomhach ag gach céim den saol. Tríd na beartais sa Phlean, tugtar tacaíocht do raon beart a chuideoidh le pobail shláintiúla lena n-áirítear iad siúd a chosnaíonn agus a fheabhsaíonn an comhshaol, a chuireann infhaighteacht agus inrochtaineacht áiseanna pobail chun cinn agus bonneagar soghluaisteachta inbhuanaithe agus tacaíocht bheartais chun soláthar saoráidí cúram sláinte a éascú, chun rochtain ar chúram sláinte a chumasú.

| **Beartas 7.3 Cathair Uilechuimsitheach** |
|---|
| 1. Gach cineál uilechuimsitheachta sóisialta a chur chun cinn go réamhghníomhach, nuair is féidir i bpleanáil úsáide talún go háirithe sa timpeallacht thógtha agus sa ríocht phoiblí, tithíocht, áiseanna pobail, deiseanna fostaíochta, iompar agus inrochtaineacht. |
| 2. Aidhmeanna éagsúla na Comhairle a chur chun cinn go réamhghníomhach chun éifeacht a thabhairt do Dhearbhú Barcelona agus tacú le prionsabail dearaidh uilíoch ionas go mbeidh Gaillimh ina cathair níos inrochtaine agus níos báúla do dhaoine faoi mhíchumas. (tairiscint) |
| 3. Tacú le cuspóirí na hOifige um Chuimsiú Sóisialta maidir le sochaí atá cuimsitheach go sóisialta a chur chun cinn sa chathair. |
| 4. Rannpháirtíocht bhríoch poiblí chomh maith le lánpháirtíocht agus comhroinnt eolais a chinntiú sa phróiseas pleanála agus i ndáil le beartais agus tionscadail straitéiseacha eile laistigh den chathair. |
| 5. Coincheap na 'inoiriúnaitheachta ar feadh an tsaoil' agus rochtain do chách sa timpeallacht thógtha a chur chun cinn. |
| 6. Éascú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise Tithíochta, go háirithe maidir le leithscaradh míchuí a laghdú agus i soláthar tithíochta speisialta. |
| 7. Comhoibriú leis an Líonra Rochtana do Chách agus eagraíochtaí eile a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas chun rochtain chomhionann a sholáthar do gach saoránach go háirithe i réimse na tithíochta, an iompair, na timpeallachta tógtha agus an ríochta poiblí laistigh den chathair. |
| 8. Tacú le rannpháirtíocht na cathrach sa Líonra Náisiúnta um Chathracha agus Chontaetha Sláintiúla na hÉireann agus cur i bhfeidhm Straitéis Chathair na Gaillimhe Sláintiúla 2019-2021. |
| 9. Tacaigh le clár Aoisbhá Chathair & Chontae na Gaillimhe |
| 10. Tacú le forbairt ionad acmhainní inrochtana agus sábháilte don phobal LGBT+. |

## 7.4 Cathair Dhátheangach




**Léarscáil de Cheantair Ghaeltachta i gCathair na Gaillimhe**

Is cuid lárnach de chultúr, d'oidhreacht agus d'fhéiniúlacht na cathrach í an Ghaeilge. Tá stádas Gaeltachta ag beagnach leath na cathrach agus sa daonáireamh 2016 thug 41% den daonra le fios go bhfuil Gaeilge acu. Áirítear sa Ghaeltacht chathrach na pobail i gCnoc na Cathrach, i Mionlach agus sa Chaisleán Gearr. Is í Gaeltacht na Gaillimhe (Gaeltacht Chonamara) an ceantar Gaeltachta is mó sa tír agus is ionann í agus 50.8% de dhaonra iomlán na Gaeltachta. Is Baile Seirbhíse Gaeltachta sainithe í an chathair faoi Acht na Gaeltachta 2012 lena n-aithnítear an ról suntasach atá aici chun tacú le pobal na Gaeltachta trí sheirbhísí poiblí agus taitneamhachtaí fóillíochta, sóisialta agus tráchtála a chur ar fáil. Mar chuid d'ainmniú na cathrach mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta, ceadaíodh ar leibhéal Aireachta plean Gaeilge, *Plean Teanga Chathair na Gaillimhe 2020-2026*.

Tá an Ghaeilge mar chuid lárnach de shaol na cathrach i nGaillimh agus tá ról lárnach ag eagraíochtaí ar nós Taibhdhearc na Gaillimhe, OÉ Gaillimh, Áras na Gaeilge, Gaillimh le Gaeilge agus Áras na nGael, Raidió na Gaeltachta agus TG4 i gcur chun cinn cultúrtha na teanga sa chathair mar an chéad chathair dhátheangach in Éirinn, ainmnithe in 2016. Tá dhá cheantar pleanála teanga sa chathair, Oirthear Chathair na Gaillimhe agus an ceantar thiar i gCnoc na Cathrach, cuid de limistéar pleanála teanga Bhearna – Cnoc na Cathrach. Tá sé mar aidhm ag pleananna teanga a ullmhaítear do na limistéir seo tacú le húsáid laethúil na Gaeilge trí bhearta chun a húsáid, oideachas agus suíomhanna sóisialta, gnó agus poiblí a chur chun cinn agus a neartú.

Aithníonn an Chomhairle gur sócmhainn oidhreachta cultúrtha í an Ghaeilge agus leanfaidh sí ag tacú le tionscnaimh chun stádas dátheangach na cathrach a neartú. Sa Phlean cothaítear agus cosnaítear oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta agus tacaíonn sé le cur chun feidhme na bpleananna teanga sa chathair agus leanann sé le comhtháthú úsáid na Gaeilge a chur chun cinn trí ainmniú na mbóithre nua, logainmneacha cónaithe agus na comharthaíochta ar aghaidheanna siopaí agus forbairt tráchtála.

| 7.4 Cathair Dhátheangach |
|---|
| 1. Oidhreacht shainiúil chultúrtha agus teanga na cathrach a chosaint agus a chur chun cinn agus leanúint ar aghaidh ag tacú le stádas na Gaillimhe mar Chathair Dhátheangach agus ag aithint tábhachta na Gaeilge mar acmhainn chultúrtha, phobail agus eacnamaíoch. |
| 2. Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn in ainmniú forbairtí nua cónaithe, bóithre poiblí agus páirceanna agus úsáid comharthaí Gaeilge/dátheangacha a spreagadh sa ríocht tráchtála agus phoiblí. |
| 3. Tacú le agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt bonneagair, a chuireann oidhreacht chultúrtha agus teanga na cathrach chun cinn, nuair is cuí. |
| 4. Tacú le feidhmiú Phlean Teanga Chathair na Gaillimhe 2020-2026 agus ainmniú na cathrach mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. |




## 7.5 Áiseanna Pobail

Is príomhghné é bonneagar sóisialta agus pobail ardchaighdeáin a sholáthar do gach aois agus cumas chun pobail inbhuanaithe agus uilechuimsitheacha a thógáil. Tá nasc inláimhsithe idir rochtain ar áiseanna pobail agus folláine daoine aonair agus rannpháirtíocht sa tsochaí.

Is féidir le saoráidí agus gníomhaíochtaí sóisialta agus pobail raon leathan bonneagair agus seirbhísí a chuimsiú lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le leabharlanna, áiseanna oideachais, gníomhaíocht phobail, sláinte, reiligiún, ealaíona agus cultúrtha. Féadtar áiseanna a nascadh freisin le saolréanna, cosúil leo siúd de leanaí, daoine scothaosta agus daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu. Soláthraíonn áiseanna pobail mol do phobail áitiúla bualadh le chéile agus idirghníomhú trí imeachtaí spóirt, cultúir, ealaíon agus oideachais agus sóisialta. Mar gheall ar raon leathan de sheirbhísí pobail ar ardchaighdeán, chomh maith le saoráidí pobail agus cultúrtha tá an chathair tarraingteach do dhaoine cónaí inti, oibriú inti agus cuairt a thabhairt uirthi agus is féidir léi feidhmiú mar chatalaíoch le haghaidh infheistíochta.

Tacaíonn suíomh na n-áiseanna pobail áitiúla gar don áit ina gcónaíonn daoine leis an gcoincheap den “chathair laistigh de 15 nóiméad” áit a bhfuil rochtain éasca ag cónaitheoirí ar a gcuid bunriachtanais ag faid nach faide ná 15 nóiméad ar shiúl a gcos, ar rothar nó ar iompar poiblí.

Tacaíonn an Plean Forbartha le soláthar áiseanna pobail ar scálaí a fhreastalaíonn ar riachtanais an phobail áitiúil agus atá inrochtana go háirithe trí mhodhanna iompair inbhuanaithe. Meastar gur chóir go mbeadh seirbhísí pobail agus cultúrtha a bhfuil abhantrach leathan acu suite ar bhealaí iompair phoiblí atá ann cheana féin nó atá beartaithe agus go mbeidís inrochtana ar shiúl a gcos agus ar rothar.

Thar shaolré an phlean seo, beidh acmhainní ag teastáil chun infheistíocht a chinntiú i mbonneagar pobail agus cultúrtha atá ann cheana chun na háiseanna seo a iarfheistiú chun a rátálacha fuinnimh a fheabhsú chun lorg carbóin an phobail agus na gníomhaíochta cultúrtha a bhíonn ar siúl sna hionaid agus áiseanna seo a íoslaghdú.

Chun bonn eolais a thabhairt do na riachtanais d'áiseanna pobail sa chathair, déanfaidh an Chomhairle iniúchadh ar áiseanna pobail. Is é cuspóir an iniúchta bearnaí, éileamh agus acmhainn reatha a aithint agus réimsí a aithint inar féidir úsáid níos leithne a bhaint as acmhainní pobail lena n-áirítear deiseanna úsáide ilchuspóirí. Beidh sé mar aidhm ag an iniúchadh freisin aird a tharraingt ar na háiteanna ina moltar infheistíocht chuí, athbhreithniú a dhéanamh ar dheiseanna maoinithe, eolas roinnte a thabhairt do sholáthraithe ábhartha eile agus treoir a thabhairt do bheartas agus do threoir infheistíochta amach anseo. Tabharfar tús áite d'ullmhú an iniúchta seo agus é faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil agus comhoibriú le gníomhaireachtaí eile a bhfuil baint acu le seachadadh seirbhísí pobail chun deiseanna agus dúshláin a aithint i mbonneagar pobail ar fud na cathrach.

Tógtar comharsanachtaí cónaithe inbhuanaithe trí sholáthar áiseanna agus seirbhísí pobail, sóisialta agus cultúrtha ar leibhéal áitiúil agus tá sé ag teacht le treoirlínte náisiúnta agus beartas athghiniúna lena n-áirítear an NPF, RSES agus Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (DECLG 2009).

| **7.5 Áiseanna Pobail** |
|---|
| 1. Soláthar cóir, cothrom de sheirbhísí agus d'áiseanna pobail ilghnéitheacha a éascú i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara a bheidh ag teacht leis an gcroí-straitéis lonnaíochta trí bheartais, trí chuspóirí criosaithe agus trí shonrúcháin ar leith. |
| 2. Tacú le suíomh agus comhchruinniú áiseanna agus seirbhísí pobail áitiúla i gcomhréir leis an aidhm comharsanachtaí inbhuanaithe, dlúth a thógáil de réir an choincheapa den 'chathair lasitgh de 15 nóiméad' ionas gur féidir teacht orthu go héasca ar shiúl a gcos agus ar rothr. Sa chás go gcuirtear áiseanna agus seirbhísí ar scála níos mó ar fáil ba chóir iad seo a ailíniú le naisc iompair phoiblí atá ann cheana/atá beartaithe. |
| 3. Cinntiú go bhfuil na háiseanna go léir atá deartha le haghaidh úsáide pobail oiriúnach lena n-úsáid ag daoine de gach aois agus cumas, i gcomhréir le Tógáil do Chách – Treoir um Dhearadh Uilíoch. |
| 4. Spreagadh agus éascú a dhéanamh ar sholáthar áiseanna pobail agus seirbhísí áitiúla de chineál agus de scála atá oiriúnach chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil in éineacht le forbairt na gceantar cónaithe. |
| 5. Reiligí reatha a chothabháil agus soláthar a dhéanamh do reiligí nua agus seirbhísí gaolmhara mar chréamatóiriam chun freastal ar dhaonra spriocdhírithe na cathrach faoi láthair agus amach anseo. |

## Oideachas

Is cumasóir ríthábhachtach í rochtain ar dheiseanna oideachais agus oiliúna chun tacaíocht a chur ar fáil do rathúnas pearsanta agus eacnamaíoch agus do ghnóthachan sochaíoch. Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann leis an oideachas agus an gá atá le háiseanna oideachais a

sholáthar atá oiriúnach do raon aoiseanna agus cumais agus atá inrochtana dá bpobail faoi seach. Tá soláthar raon áiseanna oideachais agus oiliúna riachtanach chun pobail inbhuanaithe a sholáthar, cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus ionas go mbeidh rochtain ag cách ar ardchaighdeán oideachais agus fostaíochta. Beidh gá le leathnú agus infheistíocht i saoráidí oideachais agus oiliúna a ailíniú le spriocanna fáis daonra.

Tacaíonn suíomh na n-áiseanna oideachais áitiúla gar don áit ina gcónaíonn daoine leis an gcoincheap de 'cathair laistigh de 15 nóiméad' ina mbíonn rochtain éasca ag cónaitheoirí ar a gcuid bunriachtanais ag faid nach faide ná 15 nóiméad ar shiúl a gcos, ar rothar nó ar iompar poiblí. Is mórdhúshlán é an éagothroime atá ann faoi láthair maidir le láthair sholáthar na n-áiseanna oideachais i nGaillimh chun an "Cathair laistigh de 15 nóiméad" a bhaint amach.

Is lár mór oideachais í Cathair na Gaillimhe a bhfuil tionchar réigiúnach agus náisiúnta aici. Tá trí institiúid tríú leibhéal sa chathair, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉ Gaillimh), Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo (GMIT) agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe (GTI). Is sócmhainní suntasacha iad seo don chathair ó thaobh fostaíochta agus soláthar oideachais de agus an méid a chuireann siad le taighde, nuálaíocht agus an geilleagar eolais. Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe-Ros Comáin (GRETB) raon tionscnamh breisoideachais agus oiliúna (FET) ar fáil a sholáthraíonn deiseanna chun scileanna nua a fháil chun tacú le haistriú agus dul chun cinn gairme. Tá daonra mac léinn de thart ar 26,000 sa chathair, rud a chuireann le beogacht agus nuálaíocht na cathrach. Tá Fóram Réigiúnach Scileanna an Iarthair ag cur chun cinn níos mó comhoibrithe ar bhealach gníomhach idir eagraíochtaí forbartha scileanna agus grúpaí gnó sa Chathair ionas go mbeidh na tacair scileanna i bhfeidhm i measc ár bhfórsa saothair chun freastal ar riachtanais scileanna fostóirí amach anseo.

Tá 33 bunscoil agus 12 meánscoil, roinnt coláiste príobháideach agus scoileanna teanga sa chathair freisin. Maidir le soláthar scoile na todhchaí, cloífidh an Chomhairle leis na moltaí atá leagtha amach i *Soláthar Scoileanna agus an Córas Pleanála, Cód Cleachtais d'Údaráis Phleanála, RCPRÁ (2008)* agus *Treoirlínte Plean Ceantair Áitiúil d'Údaráis Phleanála RCPRÁ (2013)* agus Doiciméid Treorach Teicniúla maidir le sainaithint láithreáin scoile agus measúnú oiriúnachta, arna bhfoilsiú ag an Roinn Oideachais (ROS). Tacóidh an Chomhairle freisin leis an ROS chun suíomhanna scoile a aithint, suíomhanna scoile atá ann cheana a chosaint agus a leathnú, nuair is féidir. Tacóidh an Chomhairle freisin le scoileanna deartha uirbigh, samhail de scoileanna uirbeacha atá neodrach ó thaobh carbóin de, de réir Threoirlínte na Roinne Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear bearta chun riachtanais laghdaithe pháirceála agus chun na leanaí a fhágáil ar an láthair a éascú agus chun tacú le rochtain ar áiseanna agus saoráidí poiblí lasmuigh den láthair. D'fhonn taisteal inbhuanaithe a spreagadh, comhroinnt áiseanna a uasmhéadú agus forbairt comharsanachtaí cónaithe inbhuanaithe a chinntiú, spreagfaidh an Chomhairle lonnú scoileanna in aice le limistéir chónaithe, bealaí iompair phoiblí agus áiseanna pobail, cultúrtha agus áineasa. Beidh soláthar oideachais, cúram leanaí agus seirbhísí pobail eile mar chuid lárnach d'fhorbairt nua comharsanachta agus cuimseofar dó i bPleananna Ceantair Áitiúil do cheantair lonnaíochta nua ar nós na nArdán.

| **7.6 Oideachas** |
|---|
| 1. A chinntiú go gcuirtear dóthain talún in áirithe chun áiseanna oideachais a bhunú, a fheabhsú nó a leathnú laistigh den chathair de réir na straitéise lonnaíochta, spriocdhaonra agus i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS). |
| 2. Tacú le forbairt agus soláthar leanúnach oideachais tríú leibhéal, breisoideachais agus foghlama ar feadh an tsaoil sa chathair. |
| 3. Éascú a dhéanamh ar uasghrádú agus ar leathnú na n-áiseanna oideachais atá ann cheana féin agus ar sholáthar áiseanna oideachais nua de réir mar is gá, lena n-áirítear:<br>• Tacú le feabhsú agus leathnú inbhuanaithe OÉ Gaillimh sa todhchaí;<br>• Tacú le forbairt GMIT agus ainmniúchán ceadaithe Comhaontas Chonnacht Uladh (CUA) mar Ollscoil Theicneolaíoch<br>• Tacú le ról an GTI i seachadadh an oideachais;<br>• Tacú le ról an GRETB i soláthar Breisoideachais agus Oiliúna sa chathair. |
| 4. A chinntiú go n-ionchorpraíonn dearadh agus leagan amach gach foras oideachais áiseanna do bhearta iompair inbhuanaithe agus iompar poiblí. |
| 5. A chinntiú go bhfuil rochtain shábháilte agus éasca do dhaoine faoi mhíchumas ionchorpraithe i ndearadh gach forbairt oideachais. |
| 6. Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt bhreise agus d'éagsúlú na n-institiúidí oideachais tríú leibhéal sa chathair, lena n-áirítear cur chun cinn moil agus áiseanna taighde agus nuálaíochta eolasbhunaithe atá nasctha le tionscal. |
| 7. Ilúsáid áiseanna scoile a spreagadh le haghaidh úsáidí pobail eile lasmuigh d'uaireanta scoile chun leas an phobail agus úsáid na n-acmhainní a uasmhéadú. |

## Seirbhísí Luathbhlianta agus Cúram Leanaí

Is seirbhísí pobail ríthábhachtacha iad saoráidí cúram leanaí agus tá rochtain ar chúram leanaí inacmhainne agus ardchaighdeáin ina bhunriachtanas chun sochaí chothrom agus pobal inbhuanaithe a bhaint amach. Trí rochtain ar chúram leanaí bheith ann, éascaítear rannpháirtíocht tuismitheoirí agus caomhnóirí san fhórsa saothair agus tacaíonn sé le forbairt shóisialta agus oideachasúil leanaí. Cinntitheach suntasach freisin í infhaighteacht chúram leanaí maidir le rochtain ar dheiseanna oideachais agus oiliúna a chumasú.

I ngach limistéar nua tithíochta os cionn 75 aonad, tá gá le saoráid cúram leanaí amháin a sholáthar le híosmhéid de 20 spás cúram leanaí, de réir Threoirlínte an Aire d'Údaráis Phleanála ar Shaoráidí Cúraim Leanaí (RCPRÁ 2001) agus chun comharsanachtaí cónaithe inbhuanaithe a chruthú. Ní cheadófar eisceachtaí dó seo ach amháin, nuair a bhíonn cúiseanna a bhfuil bunús leo gan a leithéid d'áis a chur ar fáil, mar shampla má tá i ndóthain áiseanna cúraim leanaí i bhforbairtí in aice láimhe nó sa cheantar máguaird. Is ar an bhforbróir a bheidh an dualgas bunús a thabhairt do chásanna eisceachtúla den sórt sin agus beidh gá le tuairim agus comhairle ó Choiste Cúram Leanaí na Gaillimhe agus a gcuid eolais ar sholáthar agus éileamh ar sheirbhísí dá leithéid. Beidh an Chomhairle sásta socruithe eile a bhreithniú nuair is féidir na cuspóirí foriomlána maidir le háiseanna cúram leanaí a sholáthar laistigh de limistéir tithíochta nua a bhaint amach ar bhealach eile, mar shampla, saoráid shaintógtha amháin a sholáthar le níos mó ná íosmhéid acmhainn roinnte idir forbairtí tithíochta. Chomh maith leis an méid thuas, déanfar áiseanna cúram leanaí i gceantair chónaithe a bhreithniú trí áitribh atá ann cheana féin a thiontú, áit nach mbíonn tionchar diúltach míchuí acu ar an timpeallacht chónaithe. Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh gá le hábhar cóiríochta cónaithe a choinneáil de réir na bhforálacha atá leagtha amach i gCaibidil 11. D'fhonn taitneamhachtaí cónaithe a chosaint, féadfaidh an Chomhairle teorainn a chur le scála na forbartha. In eastáit mhóra tionsclaíochta, páirceanna gnó agus teicneolaíochta agus aon fhorbairtí

eile a ghineann deiseanna móra fostaíochta, spreagfaidh an Chomhairle soláthar áiseanna cúram leanaí ar an láthair mar chuid de na forbairtí seo. I bhforbairtí miondíola, fóillíochta nó turasóireachta ar mhórscála, go háirithe, ionaid siopadóireachta, spreagfar soláthar saoráide cúram leanaí buail isteach do shiopadóirí. Aithnítear sa Phlean an méid is féidir le saoráidí dea-shuite ar ardchaighdeán a chur le comharsanachtaí a dhéanamh inbhuanaithe agus chun uaillmhianta choincheap na 'cathrach laistigh de 15 nóiméad' a bhaint amach.

| 7.7 Cúram leanaí |
|---|
| 1. Éascú a dhéanamh ar fhorbairt saoráidí cúram leanaí, lena n-áirítear seirbhísí iarscoile, ag roinnt suíomhanna oiriúnacha, amhail, laistigh de limistéir chónaithe, áiteanna fostaíochta, lár na cathrach, lárionaid chomharsanachta agus cheantair, scoileanna, i gcóngaracht d'fhorais oideachais agus pobail agus in aice le nóid iompair phoiblí i gcomhairle le Coiste Cúram Leanaí na Gaillimhe. |
| 2. Cur le soláthar saoráidí cúram leanaí trí éileamh a dhéanamh go gcuirfí áiseanna den sórt sin ar fáil i gcomhar le forbairtí cónaithe ina bhfuil os cionn 75 aonad cónaithe. Ní fhéadtar eisceacht a bhreithniú ach amháin nuair is féidir a bhunú go soiléir agus tacaíocht ghairmiúil a thabhairt go bhfuil áiseanna imleor cúram leanaí ann cheana féin chun freastal ar an gceantar agus nuair a mheastar go bhfuil socruithe inghlactha eile ann chun tacú le cúram leanaí, súgradh agus nó áiseanna eile a bhaineann go sonrach le leanaí. |

## Áiseanna Cúram Sláinte

I measc na n-áiseanna cúram sláinte tá raon seirbhísí ann, idir lialanna áitiúla GP go dtí ionaid chúraim phríomhúil, ospidéil, tithe altranais agus áiseanna cúraim shóisialta agus phobail. Is ionad é Gaillimh do sheirbhísí cúraim sláinte réigiúnaigh do Réigiún an Iarthair. Tá ceithre shuíomh ospidéil sa chathair lena n-áirítear Ospidéal na hOllscoile Gaillimh (UHG) agus Ospidéal Ollscoile Pháirc Mhuirlinne (MPUH), cuid de Ghrúpa Ospidéal Saolta a sholáthraíonn seirbhísí tánaisteacha, réigiúnacha agus for-réigiúnacha. Is ionad sainithe for-réigiúnach é UHG do sheirbhísí ailse agus cairdiacha agus is ospidéal teagaisc é i gcomhpháirtíocht le OÉ Gaillimh. Tugann an chathair tacaíocht freisin do roinnt soláthraithe cúram sláinte eile lena n-áirítear Ospidéal Bon Secours, Clinic na Gaillimhe, Ospís na Gaillimhe agus roinnt tithe altranais. Is fostóir suntasach sa chathair í an earnáil cúram sláinte agus is sócmhainn shuntasach í don phobal.

Mar fhreagra ar phróifíl athraitheach déimeagrafach agus riachtanais sláinte an daonra lena n-áirítear ionchas saoil níos faide, daonra atá ag fás agus ag dul in aois agus leitheadúlacht níos airde de riochtaí ainsealacha tá an córas sláinte i mbun aistrithe ó mhúnla ospidéal-lárnach go samhail cúraim phobalbhunaithe. Tá an Straitéis Cúram Sláinte ag athdhíriú na slí a sheachadtar seirbhísí sláinte trí chúram príomhúil a chur chun cinn a bhfuil sé mar aidhm aige cúram ildisciplíneach a sholáthar ag pointe rochtana amháin i suíomh pobail nó in ionad cúraim phríomhúil. Aithnítear an tacaíocht leanúnach don earnáil seo mar aon leis an tacaíocht don treocht i dtreo speisialtóirí méadaithe agus freisin do leathnú cuí ar gach institiúid sláinte agus ospidéil. Is féidir freastal ar chúram príomhúil, ar sheirbhísí pobail agus ar shainseirbhísí leighis laistigh d'ionaid dúiche, chomharsanachta agus áitiúla agus iad a dhíriú chuig lár na cathrach. Tacaíonn an Plean Forbartha le forbairt agus le leathnú na n-áiseanna cúram sláinte go léir agus le cóiríocht na nIonad Cúraim Sláinte Príomhúil i gceantair inar féidir le pobail teacht orthu go héasca agus ina bhféadtar leibhéal an tsoláthair seirbhíse áitiúil a fheabhsú.

| 7.8 Áiseanna Cúraim Sláinte |
|---|
| 1. Seachadadh agus feabhsú na n-áiseanna cúram sláinte sa chathair a chur chun cinn ag féachaint do ról ainmnithe na Gaillimhe mar Chathair Réigiúnach faoin NPF/RSES. |
| 2. Tacú le forbairt agus le leathnú an bhonneagair cúram sláinte atá ann cheana ag FSS, gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha agus soláthraithe cúram sláinte príobháideacha chun tacú le soláthar cúram sláinte, lena n-áirítear cúram pobalbhunaithe, meabhairshláinte agus seirbhísí cúraim shóisialta de réir mar is cuí agus de réir an riachtanais áitiúil agus ról réigiúnach na cathrach. |
| 3. A chinntiú go gcuirtear áiseanna cúram sláinte ar fáil i gcomhthráth, agus ar scála cuí, le forbairt nua cónaithe agus in áiteanna a bhfuil rochtain éasca orthu trí shiúl ar gcos, ar rothar agus ar iompar poiblí. |
| 4. Tacú le seachadadh seirbhíse cúram sláinte réigiúnach feabhsaithe, lena n-áirítear Rannóg Éigeandála nua ag Ospidéal na hOllscoile Gaillimh (UHG) agus seirbhísí ospidéil leathnaithe ag Ospidéal Ollscoile Pháirc Mhuirlinne (MPUH) a fhreastalóidh ar an gCeantar Uirbeach agus ar an limistéar réigiúnach níos leithne. |

## 7.6 Tailte Institiúideacha

Go ginearálta is iad na tailte institiúideacha sa chathair ná limistéir mhóra talún agus foirgnimh ghaolmhara a fhreastalaíonn ar úsáidí ar nós scoileanna, coláistí, institiúidí cónaithe, reiligiúnacha agus cúram sláinte. Tá na tailte seo éagsúil ó thaobh méide, leagan amach agus feidhme de, agus cuireann siad le beogacht na cathrach. Tá tailte oscailte fairsinge agus limistéir aibí tírdhreachtaithe le fáil i go leor tailte institiúideacha, ar comhpháirteanna tábhachtacha iad den ghréasán glas straitéiseach sa chathair agus a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu. Tá foirgnimh agus gnéithe tábhachtacha ailtireachta, cultúrtha agus stairiúla ag baint le roinnt tailte institiúideacha atá mar chuid d'oidhreacht chultúrtha agus d'fhéiniúlacht na cathrach.

Aithníodh i bPleananna Forbartha Cathrach roimhe seo go mbeadh cuid de na tailte seo ina mbarrachas ó thaobh riachtanais institiúideacha de, agus i gcásanna den sórt sin, ceadófaí úsáid chónaithe nó úsáidí a bheadh ag teacht le criosanna tadhlach dá measfaí a bheith níos oiriúnaí. Cé go mbeidh roinnt tailte institiúideacha, nach mbeidh gá leo amach anseo, ina láithreacha oiriúnacha d'fhorbairt chónaithe agus eile, tá tailte institiúideacha ann ar chóir iad a choinneáil mar gheall ar shuíomh agus/nó carachtar le haghaidh úsáidí institiúideacha nó pobail ar mhaithe le leas fadtéarmach na cathrach. Sna cásanna seo tá sainchuspóirí forbartha curtha san áireamh i gCaibidil 11. I gcásanna ina n-eascraíonn tailte institiúideacha atá fágtha do riachtanais institiúideacha féadfaidh an Chomhairle úsáid eile a cheadú don talamh go léir nó do chuid de. Ní mór an cás seo a shainiú agus bunús a thabhairt dó i gcomhthéacs na feidhme institiúideach, áfach. Ní mheasfar go mbeidh na tailte ina bharrachas má tá todhchaí marthanach agus slán ag an institiúid. Nuair a cheadaítear eisceachtaí, beidh an úsáid a bheartaítear ag teacht le criosú cónaithe (nó le criosanna tadhlacha má mheastar go mbeadh sé sin níos oiriúnaí) agus le beartais agus cuspóirí an phlean. De ghnáth beidh gá le forbairt na dtailte seo chun foirgnimh lena mbaineann sainghné agus cuid den bhuncharachtar oscailte a choinneáil. Ba cheart rochtain phoiblí a chur chun cinn san áit a mbaintear taitneamh traidisiúnta as nó áit a bhfuil taitneamhacht shuntasach ag baint le tailte.

Tá roinnt foirgneamh institiúideach a bhfuil fiúntas ag baint leo san áireamh sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS), a bhfuil an-suntas ag baint leo do charachtar ceantair agus a d'fhéadfadh a bheith deacair iad a thiontú go húsáid chónaitheach, mar gheall ar scála nó leagan amach. Sna cásanna seo is féidir machnamh a dhéanamh ar thiontú go úsáidí cultúrtha, pobail nó

oifige nuair nach mbeadh athruithe suntasacha i gceist leis seo ar charachtar struchtúir dá leithéid agus nach mbeadh sé contrártha le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.

| **7.9 Tailte Institiúideacha** |
|---|
| 1. Forbairt talún institiúideach laistigh den chathair a éascú agus a chur chun cinn. |
| 2. Tailte institiúideacha a choinneáil agus gan breithniú a dhéanamh ar athrú úsáide ach amháin nuair a léirítear go bhfuil tailte institiúideacha áirithe ina bharrchas ar riachtanais, breithneoidh an Chomhairle úsáid chónaithe nó úsáidí atá ag luí le criosanna tadhlacha nó éileoidh sí go sonrach go gcoinneofaí na tailte le haghaidh úsáidí institiúideacha eile. Sa chás go gceadaítear forbairt cónaithe beidh gá le 20% ar a laghad d'achar iomlán an láithreáin a chur in áirithe do spás oscailte pobail. |
| 3. Coinneáil rochtana poiblí ar thailte institiúideacha a chur chun cinn nuair a baineadh taitneamh astu sin go traidisiúnta nó áit ina bhfuil taitneamhacht shuntasach ag baint leis na tailte. |
| 4. Coinneáil rochtana poiblí ar na tailte seo a chur chun cinn nuair a baineadh taitneamh astu sin go traidisiúnta nó áit ina bhfuil taitneamhacht shuntasach ag baint leis na tailte. |



## 7.7 Cuspóirí Sonracha

| **Cuspóirí Sonracha** |
|---|
| 1. Tacú le seachadadh gníomhartha agus cuspóirí an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail i gcomhpháirtíocht leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) agus i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara. |
| 2. Éascú a dhéanamh ar fhorbairt leanúnach áiseanna pobail i gceantair chomharsanachta agus pobail nua atá ag teacht chun cinn ar nós na nArdán. |
| 3. Uasghrádú na n-áiseanna pobail atá ann cheana a éascú ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de d'fhonn lorg carbóin na ngníomhaíochtaí atá nó a bheidh ar siúl iontu a laghdú. |
| 4. Iniúchadh ar Bhonneagar Sóisialta agus Pobail a dhéanamh i gcomhar leis an LECP/LCDC agus páirtithe leasmhara ábhartha chun bunlíne seirbhísí a bhunú sa chathair agus chun a chinntiú go soláthraítear dóthain áiseanna pobail chun freastal ar dhaonra spriocdhírithe na cathrach atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. |
| 5. Tacaíocht a thabhairt do mholtaí chun Caisleán an Léana Bháite a athúsáid mar mhol cruthaitheach agus cultúrtha. |
| 6. Leabharlann phoiblí nua sa Chathair a fhorbairt i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus maoiniú náisiúnta. |
| 7. Athfhorbairt Mhúsaem Chathair na Gaillimhe a chur chun cinn mar thionscadal bunathraithe chun fís Mhúsaem Atlantach na Gaillimhe a bhaint amach. |
| 8. Tacú le soláthar spás taibhithe agus taispeántais ealaíon nua agus gailearaí cathrach sa chathair. |
| 9. Tacaíocht a thabhairt do thograí d'fhorbairt ceann scríbe is díol spéise do thurasóirí agus áineasa ag láithreacha Pháirc Leisureland agus Bóthar na Trá leis an acmhainneacht de shaoráidí caitheamh aimsire, cathartha agus cultúrtha nua-aimseartha saintógtha a sholáthar chun freastal ar an gcathair agus ar an réigiún. |
| 10. Gníomhartha i straitéisí agus i bpleananna a thacaíonn le forbairt cultúir agus oidhreachta sa chathair a chur i bhfeidhm lena n-áirítear: Straitéis Chultúrtha, Straitéis Ealaíon agus Plean Gníomhaíochta, Plean Oidhreachta, Straitéis Turasóireachta agus Plean Straitéiseach Mhúsaem na Cathrach. |
| 11. Láithreáin nua reilige a bhunú agus a fhorbairt chun freastal ar an gcathair, ar féidir leo freastal ar sheirbhísí gaolmhara cosúil le créamatóiriam chun freastal ar dhaonra spriocdhírithe na cathrach atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. |
| 12. Oibriú le páirtithe leasmhara agus soláthraithe seirbhíse ábhartha chun soláthar áiseanna pobail a fhiosrú chun freastal ar phobal an Bhaile Bháin lena n-áirítear:<br>Ionad Acmhainní Teaghlaigh i gcomhar le TUSLA;<br>• Naíolann pobail agus seirbhís oideachais luathbhlianta;<br>• Áiseanna lasmuigh agus laistigh do gach aoisghrúpa;<br>• Bunscoil agus meánscoil i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) |
| 13. Tacú le suíomh buan a fhorbairt le haghaidh meánscoile in Oirthear na cathrach. |
| 14. Tacú le forbairt suímh bhuain do bhunscoil in Iarthar na cathrach. |

# Caibidil 8
## Oidhreacht Thógtha, Comhfhorbairt Áite agus Dearadh

## Clár na nÁbhar


8.1 Comhthéacs ....................................................................................................207

8.2 Taifead ar Dhéanmhais Chosanta ..................................................................207

8.3 Limistéar Caomhantais Ailtireachta ................................................................209

8.4 Oidhreacht Dhúchasach ..................................................................................213

8.5 Seandálaíocht ..................................................................................................213

8.6 Oidhreacht Thionsclaíoch ................................................................................215

8.7 Ballaí Chathair na Gaillimhe ............................................................................216

8.8 Dearadh Uirbeach agus Comhfhorbairt Áite ....................................................217

8.9 Ríocht Phoiblí ..................................................................................................222

8.10 Cuspóirí Sonracha ..........................................................................................226

## 8.1 Comhthéacs

Tá naisc an-láidir ag Gaillimh lena stair. Tá sé seo soiléir i bhfoirm thógtha, ailtireacht agus seandálaíocht na cathrach. Tá carachtar fisiceach ar leith ag lár na cathrach, le sráideanna cúnga, foirgnimh atá i gcodarsnacht lena gcéile, canálacha, taraenna. Cuidíonn an tírdhreach nádúrtha agus an gaol le hAbhainn na Gaillimhe agus Cuan na Gaillimhe freisin le suíomh uirbeach uathúil a chruthú.

Tá an chuid is mó den oidhreacht thógtha agus seandálaíocht shuntasach suite i lár na cathrach a leanann patrún meánaoiseach de shráideanna neamhrialta den chuid is mó agus airde foirgneamh agus leithead ceapach éagsúil. Tá na tréithe seo, lena n-áirítear iarsmaí de bhallaí na cathrach, fós ina seasamh in ainneoin athruithe le himeacht na gcéadta bliain. Is gné shuntasach í an oidhreacht seo i sainmhíniú agus i dtaithí na timpeallachta uirbí. Cuireann sé freisin le beogacht eacnamaíoch, áit nach ndéanfaidh turasóirí dearmad go deo uirthi agus cuireann sé le cumas maireachtála na cathrach.

Tá sé ríthábhachtach do rathúlacht na cathrach fás agus athfhorbairt a bhainistiú ar bhealach a thugann meas ar oidhreacht na Gaillimhe agus a bhaineann leas aisti. Toisc go n-áirítear sa Phlean beartais chun tacú le hinlíonadh, athfhorbairt agus athghiniúint i gcroílár na cathrach, meastar go dtiocfaidh réamhbhearta d'fhorbairt mhórscála chun cinn i ré an Phlean seo. Is gá go n-áireofaí i bhforbairtí den sórt sin dearadh ailtireachta ar ardchaighdeán, go léireoidís dea-phrionsabail dearaidh uirbigh agus go gcuideoidh siad leis an ríocht phoiblí agus a dhéantar an ailtireacht nua a chomhtháthú go rathúil agus go measúil sa chomhthéacs stairiúil luachmhar. Trí fhreagairt ardchaighdeáin ailtireachta a chur i bhfeidhm, go háirithe ar na Láithreáin Athghiniúna agus Deise, atá spreagtha ag an oidhreacht thógtha stairiúil uathúil agus dea-dhearadh uirbeach, féadtar freastal ar dhúshlán an chomhthéacs stairiúil agus féadtar, trí úsáid a bhaint as dearadh íogair, carachtar agus sainiúlacht na cathrach a chomhlánú agus a braistint áite láidir a chothabháil agus cur leis. Sa chás go bhfuil deiseanna sa chathair lena leithéid d'fhorbairt agus nuair a léirmhíníonn an réiteach dearaidh an suíomh stairiúil, gan dochar a dhéanamh dá luachanna agus dá gnéithe sainithe saintréithe, féadtar luach agus tairbhe a bhaint as, rud a mheallann infheistíocht, úsáidí nua agus a chruthaíonn comharsanachtaí nua, beoga, sainiúla ar shraitheanna stairiúla na cathrach.

## 8.2 Taifead ar Dhéanmhais Chosanta

Coinníonn an Chomhairle Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS) ina liostaítear foirgnimh agus struchtúir a chuireann go speisialta le carachtar na Gaillimhe mar gheall ar a sainspéis. Sainmhínítear déanmhais chosanta faoin reachtaíocht phleanála mar fhoirgnimh agus struchtúir a mheastar a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo mar gheall ar a sainspéis ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, eolaíoch, shóisialta nó theicniúil. Tá 619 foirgneamh agus struchtúr sa RPS faoi láthair, tá an liosta leagtha amach in Aguisín 3. Ní doiciméad statach é an RPS agus féadtar déanmhais a chur leis an taifead seo nó iad a scriosadh, nuair is cuí. Tá sé mar bheartas bearta réamhghníomhacha a chur chun feidhme chun tacú le cosaint, feabhsú agus úsáid ghníomhach na struchtúr cosanta. Ceanglaítear ar aon athrú ar struchtúir chosanta, carachtar nó suíomh an struchtúir a fheabhsú agus go ndéanfaí é de réir dea-chleachtais chaomhantais agus aird á tabhairt ar na Treoirlínte um Chosaint Oidhreachta Ailtireachta d'Údaráis Phleanála (2011) agus aon nuashonruithe. Sa Phlean, cuirtear chun cinn dearadh foirgneamh inbhuanaithe, dea-chleachtas caomhantais agus cothabháil, oiriúnú agus athúsáid chuí d'fhoirgnimh stairiúla.

Tá roinnt beart ann chun athchóiriú cuí na struchtúr cosanta a chur chun cinn. Go háirithe, is féidir le ranníocaíocht forbartha laghdaithe a bheith i bhfeidhm nuair a bhíonn oibreacha caomhantais

ardchaighdeáin i gceist le hathruithe ar struchtúr cosanta . Ina theannta sin, is féidir breathnú freisin ar athrú úsáide struchtúir chosanta go húsáid atá ag luí le caomhnú an struchtúir, in ainneoin chriosú an limistéir. Is iad na príomhshruthanna maoinithe atá ar fáil le haghaidh oibreacha caomhantais príobháideacha ná Ciste na Struchtúr Stairiúil agus Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha DHLGH, lena n-áirítear maoiniú chun struchtúir stairiúla agus chosanta a dheisiú agus a chosaint agus tacú freisin le fostaíocht áitiúil oibrithe caomhantais agus ceardaithe oilte. Cuireann an Chomhairle Oidhreachta maoiniú sonrach bliantúil ar fáil d'údaráis áitiúla chun tacú le cur chun feidhme na ngníomhartha sna Pleananna Oidhreachta faoi seach faoi Chlár Plean Oidhreachta na Comhairle Oidhreachta.

Ullmhaíodh Pleananna Caomhantais agus Bainistíochta do thrí chaisleán sa chathair, eadhon Caisleán Thír Oileáin, Caisleán Mhionlaigh agus Caisleán Mhuirlinne in 2015. Áiríodh sna pleananna mar choinníoll do shuirbhéanna le haghaidh obair chaomhantais tosaíochta a theastaíonn agus an mhodheolaíocht ghaolmhar agus an sceideal feidhmithe chun na hoibreacha a dhéanamh chomh maith le hathbhreithniú ar an gcur chuige is fearr maidir le bainistíocht caomhantais amach anseo. Rinneadh oibreacha suntasacha caomhantais sa chéad chéim de



chaomhnú foriomlán na gcaisleán in 2020/2021 le tacaíocht ó mhaoiniú ón gComhairle agus ón gCiste Séadchomharthaí Pobail Náisiúnta araon. Is déanmhais chosanta agus séadchomharthaí náisiúnta iad na caisleáin seo. Is é an aidhm ghinearálta ná seicheamh oibreacha a dhéanamh chun iad a chaomhnú mar shócmhainní suntasacha stairiúla don chathair agus chun iad a dhéanamh níos inrochtana agus chun tuiscint athnuaite ar a stair agus ar an tábhacht atá ag baint leo sa lá atá inniu ann a spreagadh. Tá straitéis dearaidh na ríochta poiblí á hullmhú freisin do cheantair imeallacha Mhuirlinne agus Chaisleán Thír Oileáin. Is é an cuspóir atá leis seo ná treoir a thabhairt ar infheistíocht sa todhchaí i suíomhanna comhthéacsúla na séadchomharthaí seo ar mhaithe le feabhas a chur ar léirmhíniú stairiúil, ar naisc agus ar fheasacht ar na hoidhreachtaí stairiúla seo.





| Beartas 8.1 Taifead ar Dhéanmhais Chosanta |
|---|
| 1. Struchtúir atá liostaithe i dTaifead ar Dhéanmhais Chosanta a chosaint, de réir na reachtaíochta agus na dTreoirlínte um Chosaint na hOidhreachta Ailtireachta 2011 arna bhfoilsiú ag an DEHLG. |
| 2. A chinntiú go gcuireann forbairt nua le carachtar nó le suíomh struchtúir chosanta. |
| 3. Seachain struchtúir chosanta a bheith i mbaol de bharr faillí nó gnímh eile trí ghníomh cuí tráthúil a ghlacadh. |
| 4. Aird a thabhairt ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta agus measúnú á dhéanamh ar fhorbairt. |
| 5. Breithniú a dhéanamh ar fhoirgnimh agus struchtúir a bhfuil sainspéis nó luach sainiúil oidhreachta ag baint leo a chuimsiú i dTaifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS) agus breithniú a dhéanamh ar aon mholadh le cur san áireamh sa RPS arna dhéanamh ag Moladh de chuid an Aire. |
| 6. Dul i gcomhairle leis an DHLGH agus aird a thabhairt ar mholtaí an DHLGH ar iarratais phleanála a bhaineann le struchtúir chosanta. |
| 7. Bearta réamhghníomhacha a chur chun feidhme chun caomhnú na ndéanmhas cosanta a spreagadh. |
| 8. Dearadh foirgneamh inbhuanaithe, dea-chleachtas caomhantais a chur chun cinn agus cothabháil, oiriúnú agus athúsáid chuí d'fhoirgnimh stairiúla. |


## 8.3 Limistéar Caomhantais Ailtireachta

Is éard atá i gceist le Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA) ná áit, limistéar, grúpa struchtúr nó bailedhreacha a bhfuil spéis ar leith ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúrtha, eolaíochta, sóisialta nó teicniúil ag baint leo ina cheart féin nó a chuireann le léirthuiscint na ndéamhas cosanta. Le hainmniú ACA, cinntítear go gcosnaítear sainghné speisialta an cheantair agus gur féidir é a fheabhsú trí athfhorbairt bháúil. Mar chuid de bhearta chun an oidhreacht thógtha a chosaint agus a fheabhsú, is féidir le ACAanna ceantair a athbheochan agus a bheith mar spreagthóir d'infheistíocht eacnamaíoch. Baineann an chosaint, a thugtar leis an ACA, leis an taobh amuigh de struchtúir agus de ghnáth ní bhaineann sé le hoibreacha ar an taobh istigh, mura mbíonn tionchar acu ar chuma sheachtrach an struchtúir.

Tá aon ACA déag ainmnithe ag Gaillimh, a chruthaíonn carachtar ar fiú a chosaint ó thaobh sráid-dreach, socrú sráideanna agus spásanna, comhdhéanamh foirgneamh agus struchtúr agus stíleanna ailtireachta. Teastaíonn bainistíocht, cosaint agus feabhsú ó na ceantair seo de shaintréithe speisialta. Seasann siad do thréimhsí agus d'fheidhmeanna éagsúla d'fhorbairt na cathrach agus cabhraíonn siad le hoidhreacht láidir oidhreacht ailtireachta na cathrach a chosaint agus le sainghné na timpeallachta uirbí a chaomhnú.

Is iad seo a leanas na haon limistéar déag atá ainmnithe mar ACA:

| | |
|---|---|
|  | **Figiúr 8.1 Croílár na Cathrach**<br><br>Is meascán de shráid-dreach agus d'fhoirgnimh ó thréimhsí iomadúla atá i gcroílár meánaoiseach na Gaillimhe. Sa leagan amach agus scála de chuid de na sráideanna, léirítear patrún meánaoiseach na sráideanna. Is é croílár na cathrach an ceantar is tábhachtaí d'oidhreacht thógtha na Gaillimhe. Tá a ainmniú tairbheach chun a chinntiú go gcuirtear feabhas ar charachtar an cheantair agus go ndéantar é a chosaint. |
|  | **Figiúr 8.2 Sráid Dhoiminic Íochtarach**<br><br>Tá cuid de na foirgnimh, éadain, aghaidheanna siopaí agus gnéithe bunúsacha is fearr ón 18ú agus 19ú haois, a sheas an t-am ar Shráid Dhoiminic Íochtarach i stráicí fada gan bhriseadh sa chathair. Is limistéar é d'fhoirm uirbeach agus sráid-dreach ar leith. Tá suíomh uathúil aige, le hAbhainn na Gaillimhe agus Canáil Eglinton mar theorainn aige. |
|  | **Figiúr 8.3 An Corrán/Bóthar na Mara**<br><br>Is stráice an-taitneamhach é an Corrán de thithe i stíl Sheoirseach dhéanach le gairdíní chun tosaigh agus le gairdíní breise agus foirgnimh choimhdeacha agus foirgnimh eachlainne ar chúl. Is ó lár agus deireadh an 19ú haois a tógadh formhór na dtithe ar Bhóthar na Mara. Is limistéar é seo d'fhoirm uirbeach sainiúil agus saibhreas amhairc. |
|  | **Figiúr 8.4 An Balla Fada**<br><br>Tá suíomh thar a bheith tarraingteach le fáil ar an mBalla Fada, le radhairc i dtreo na farraige agus an Chladaigh. Tá foirm uirbeach ar leith ag baint leis an gceantar, a léiríonn gaol stairiúil na Gaillimhe leis an bhfarraige agus is ceantar sainchomhartha don chathair é. |



**Figiúr 8.5 Sráid San Nioclás**

Is sraith de thithe cónaithe ceardaithe ón 19ú haois í Sráid San Nioclás agus tá sé ar cheann den bheagán grúpaí chomh fairsinge agus chomh hiomláine seo a mhaireann sa chathair, agus ar fiú iad a chaomhnú mar gheall ar spéis shóisialta agus ailtireachta.




**Figiúr 8.6 Ardán Mhuire**

Tá Ardán Mhuire comhdhéanta de dhá shraith aonfhoirmeacha ón 19ú haois de thithe tarraingteacha, dea-chothabhála, rindreáilte de stíl Túdarach ar thaobh Ascaill Mhuire. Is díol spéise ailtireachta an grúpa foirgneamh seo agus tá go leor gnéithe maisiúla bunaidh á gcoimeád acu lena n-áirítear sonraíocht brící dearga agus báfhuinneoga ar leibhéal an bhunurláir agus gairdíní tosaigh.





**Figiúr 8.7 Uimhir 1-6 Bóthar na nDuganna**

Ardán d’fhoirgnimh Victeoiriacha atá in Uimhir 1-6 Bóthar na nDuganna ar shuíomh feiceálach ag breathnú amach ar an duga tráchtála agus is cuid iad d’ardán den bheagán foirgneamh ón 19ú haois atá fágtha ar an tsráid. Tá suntas stairiúil ag baint le Uimhir 1 Bóthar na nDuganna mar gurbh áit bhreithe Phádraic Uí Chonaire í




**Figiúr 8.8 An Fhaiche Mhór**

Is spás cathartha suntasach stairiúil í an Fhaiche Mhór laistigh den chathair, téann an limistéar glas é féin siar go lár an 17ú hAois. Cuimsíonn an chearnóg foirgnimh stairiúla agus nua-aimseartha le stíleanna éagsúla ó dheireadh Sheoirseach go Victeoiriach agus nua-aimseartha. Cé go bhfuil idirghabháil shuntasach déanta, tá an bhunfhoirm fós ann le sráid-dreach aontaithe.

| | |
|---|---|
|  | **Figiúr 8.9 Uimhir 11 – 18 Bóthar na hOllscoile**<br><br>Tá 11-18 Bóthar na hOllscoile comhdhéanta de shraith d'éadanais rindreáilte tarraingteacha ó lár go deireadh an 19ú haois le gairdíní tosaigh, ballaí teorann agus ráillí. Is í an Eaglais Chaitliceach a thóg an t-ardán sainiúil seo, go príomha mar chóiríocht d'fhoireann acadúil OÉ Gaillimh. Is díol spéise sóisialta agus ailtireachta an ACA seo agus is gné láidir sainiúil den sráid-dreach é. |
|  | **Figiúr 8.10 Uimhir 7–14 Bóthar na Toirbhearta**<br><br>Is grúpa d'ocht n-áitreabh leathscoite iad Uimhir 7-14 Bóthar na Toirbhearta. Téann siad siar go dtí tús an 20ú haois agus thóg tógálaithe áitiúla (McDonaghs) iad mar chóiríocht d'fhoireann an chomhlachta. Is tithe mealltacha de scála measartha iad na teaghaisí a sholáthraíonn suíomh taitneamhach os comhair Shéipéal Naomh Seosamh a tógadh sa bhliain 1886. Tá carachtar slán aontaithe na bhfoirgneamh seo i gcodarsnacht leis an sráid-dreach. |
|  | **Figiúr 8.11 Uimhir 34-38 Bóthar Mhuire**<br><br>Tá Uimhir 34-38 Bóthar Mhuire comhdhéanta de shraith trí theach cónaithe agus dhá theach scoite ó thús an 20ú haois. Coinníonn an grúpa tithe seo a bhfabraic stairiúil, le haghaidheanna rindreáilte, cúinní maisiúla agus ballaí teorann le héadán painéalta. Tá seoladh slánachair acu agus tá siad ardaithe os cionn Bhóthar Mhuire ag tabhairt carachtar aontaithe slán don sráid-dreach. |

Tá sé beartaithe ag an gComhairle ullmhú na bPleananna Bainistíochta Limistéir Chaomhantais Ailtireachta a chur chun cinn laistigh den chathair agus athbhreithniú agus críochnú a dhéanamh ar Phlean Bainistíochta ACA na Faiche Móire. Críochnófar na Pleananna Bainistíochta i gcomhairle leis na húinéirí maoine agus páirtithe leasmhara ábhartha. Leagfar amach in ullmhú na bPleananna Bainistíochta cur chuige comhordaithe maidir le hoibreacha agus oibríochtaí san ACA agus tabharfaidh sé treoir ar dhea-chleachtas caomhantais. Áireofar iontu freisin straitéis le haghaidh oibreacha Údaráis Áitiúil a fhreagraíonn do charachtar uathúil na cathrach agus a ailíníonn le fís na Straitéise um Ríocht Phoiblí do Ghaillimh.

| Beartas 8.2 Limistéar Caomhantais Ailtireachta |
|---|
| 1. Carachtar agus sainspéis na Limistéir Chaomhantais Ailtireachta ainmnithe a chosaint agus a fheabhsú, de réir na reachtaíochta agus na dTreoirlínte um Chosaint na hOidhreachta Ailtireachta 2011 arna bhfoilsiú ag an DEHLG. |
| 2. Pleananna bainistíochta a ullmhú agus a chur chun feidhme chun Limistéir Chaomhantais Ailtireachta ainmnithe a chaomhnú agus a fheabhsú. |
| 3. A chinntiú go dtugann forbairtí laistigh de Cheantar Caomhnaithe Ailtireachta meas ar charachtar agus ar shainspéis an LCA agus go bhfeabhsaítear iad. |
| 4. A chinntiú go gcaomhnaítear carachtar na Limistéir Chaomhantais Ailtireachta trí throscán sráide stairiúla agus gnéithe pábhála a chosaint agus a chaomhnú agus a chinntiú go ndeartar troscán sráide agus dromchla nua chun bheith ag teacht le carachtar an LCA. |

## 8.4 Oidhreacht Dhúchasach

Is samplaí den scoth iad foirgnimh cheann tuí den ailtireacht dhúchasach a úsáideann foirmeacha traidisiúnta tógála, ábhair áitiúla agus teicnící tógála áitiúla. Soláthraíonn Suirbhé agus Fardal ar Fhoirgnimh Ceann Tuí Chathair na Gaillimhe taifead mionsonraithe luachmhar ar na struchtúir tuí atá fágtha sa chathair. Déanfar é seo a nuashonrú agus a fhoilsiú chun feasacht a ardú ar a luach oidhreachta. Léirítear tábhacht na bhfoirgneamh seo ina n-ainmniú mar dhéanmhas cosanta. Tá úsáid ghníomhach agus cothabháil na struchtúr tuí seo ag a n-úinéirí tar éis cuidiú lena maireachtáil agus tá tacaíocht tugtha do chuid acu thar na blianta trí dheontais oidhreachta.

Chomh maith le struchtúir sainspéise atá san áireamh sa RPS agus ACAnna ainmnithe, tá raon leathan de struchtúir agus gnéithe sa chathair a chuireann le hoidhreacht áitiúil agus le carachtar sainiúil na cathrach. Is féidir an tréith sin a laghdú go mór dá gcailltear iad trí scartáil agus athsholáthar. Spreagfaidh an Chomhairle coinneáil agus úsáid leanúnach struchtúir dá leithéid ag aithint an méid a chuireann siad le féiniúlacht áitiúil agus le hómós áite leanúnach. Spreagfar caomhnú na mbunfhuinneog, doirse, clúdaigh dín agus gnéithe suntasacha eile a chuireann le carachtar na struchtúr agus leis an gceantar iomlán. Méadaíonn cothabháil rialta foirgneamh freisin athléimneacht i leith tionchair an athraithe aeráide. Is treoirdhoiciméid úsáideacha maidir le hoiriúnú agus athúsáid iad *an Todhchaí a Mhúnlú*, *Cás-Staidéir ar Oiriúnú agus Athúsáid i dTimpeallachtaí Uirbeacha Stairiúla (2012)* agus *Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta an Phlean Oiriúnaithe Earnála don Athrú Aeráide (2019)*. Sa *Bheartas Náisiúnta ar Ailtireacht* áit atá le teacht tabharfaidh sé treoir bhreise maidir le huasghrádú cuí fuinnimh agus athúsáid foirgneamh traidisiúnta.

| Beartas 8.3 Oidhreacht Dhúchasach |
|---|
| 1. Caomhnú agus athshlánú, athchóiriú agus athúsáid struchtúr reatha a chuireann le carachtar na cathrach a spreagadh. |
| 2. Aird á tabhairt ar “Fhardal na bhFoirgneamh Ceann Tuí” agus measúnú á dhéanamh ar aon obair atá beartaithe ar struchtúir dá leithéid. |

## 8.5 Seandálaíocht


Tá oidhreacht shaibhir seandálaíochta ag Gaillimh, a shíneann ón tréimhse mhéisiliteach, mheánaoiseach agus iar-mheánaoiseach agus ina gcuimsítear seandálaíocht thionsclaíoch shuntasach. Áirítear san oidhreacht seandálaíochta leagáid de shil-leagain, gnéithe, struchtúir, samplaí, déantúsáin agus dá comhthéacs. Tríd an tseandálaíocht, is féidir le glúine reatha agus le

glúine atá le teacht tuiscint a fháil ar na próisis a mhúnlaigh an chathair. Tá oidhreacht mheánaoiseach na cathrach le feiceáil i bhfoirm agus i saintréithe lár na cathrach ina bhfuil grúpa mór foirgneamh iltréimhseach ina bhfuil fabraic ón meánaois agus ó dheireadh na meánaoise. Lasmuigh de lár na cathrach, tá raon suíomhanna tábhachtacha cosúil le lios an Bhaile Bháin agus suíomh cloiche agus mainistreach Ros Cam. Cruthaíonn an tseandálaíocht seo acmhainn thábhachtach stairiúil, atá uathúil do Chathair na Gaillimhe.

Tugtar cosaint do láithreáin oidhreachta seandálaíochta le hAcht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930-2014. Tá liosta de shuímh, de struchtúir, de ghnéithe nó de réada lena mbaineann suntas seandálaíochta ar a dtugtar Taifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna (RMP) arna chur le chéile go náisiúnta ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den DHLGH. Tá an RMP mapáilte agus léirítear na láithreáin seo faoi chosaint ina bhféadtar a áireamh freisin go bhfuil gá le cúram an cheantair thart ar gach séadchomhartha áit ina bhfuil féidearthacht ann go n-aimseofaí tuilleadh iarsmaí seandálaíochta. Tá thart ar 105 láithreán lena mbaineann suntas seandálaíochta (Taifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna) suite ar fud na cathrach. I bhfianaise oidhreacht mheánaoiseach na Gaillimhe, tá an chuid is mó de lár na cathrach ainmnithe mar Chrios Fógra Seandálaíochta (ZAN). Roimh aon fhorbairt nua ar shuíomh a bhfuil tábhacht seandálaíochta ag baint leis nó laistigh den ZAN tá ceanglas ann dul i gcomhairle leis an DHLGH. Tá sé mar bheartas ag an gComhairle a chinntiú nach mbíonn drochthionchar ag forbairt laistigh de limistéar lena mbaineann suntas/acmhainneacht seandálaíochta ar oidhreacht seandálaíochta. Beidh aird ag an gComhairle ar threoir DHLGH agus ar chomhairle seandálaíochta agus an fhorbairt bheartaithe á meas.

Tá go leor foirgneamh iltréimhseach i nGaillimh a bhfuil fabraic iontu ón meánaois agus ó dheireadh na meánaoise. Is séadchomharthaí taifeadta agus struchtúir chosanta iad go leor de na foirgnimh seo. Tríd an bpróiseas pleanála spreagfaidh an Chomhairle cosaint oidhreacht seandálaíochta na bhfoirgneamh seo. Faoi reachtaíocht na Séadchomharthaí Náisiúnta tugtar cosaint do gach struchtúr, gné agus réad seandálaíochta atá faoin uisce. Mar gheall ar shuíomh na Gaillimhe ag béal na Coiribe le cósta fairsing, d’fhéadfadh iarsmaí seandálaíochta faoin uisce a bheith ann.

Áit a bhfuil forbairt ar siúl, tá sé tábhachtach go dtiomsófar tuairiscí seandálaíochta do láithreáin agus go ndéanfar dea-idirghabháil dearaidh. Nuair is cuí, beidh measúnú tionchair ag teastáil ón gComhairle lena n-áirítear measúnú comhthéacsúil, monatóireacht, suirbhéireacht nó tochailt ar oidhreacht seandálaíochta an láithreáin le linn an phróisis forbartha.




**Figiúr 8.12: Crios Fógra Seandálaíochta**

| **Beartas 8.4 Seandálaíocht** |
|---|
| 1. Oidhreacht seandálaíochta na cathrach a chosaint agus a chur chun cinn. |
| 2. A chinntiú nach ndéanann forbairt bheartaithe laistigh den Chrios Fógraí Seandálaíochta sainithe i lár na cathrach dochar do charachtar láithreáin seandálaíochta nó dá shuíomh. |
| 3. Aird a thabhairt ar mholtaí seandálaíochta an DHLGH ar aon iarratais phleanála. |
| 4. Úsáid inbhuanaithe na hoidhreachta seandálaíochta a fhormhuiniú mar acmhainn oideachais agus chultúrtha agus feasacht an phobail ar oidhreacht seandálaíochta na cathrach a chur chun cinn. |
| 5. Suirbhéireacht, taifeadadh nó tochailt oidhreacht seandálaíochta a éileamh le linn an phróisis forbartha, nuair is cuí. |
| 6. Iarracht a dhéanamh ar chaomhnú in situ nó, ar a laghad, caomhnú trí thaifead ar shuíomhanna/séadchomharthaí seandálaíochta atá san áireamh i dTaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna agus ar shuíomhanna, gnéithe nó rudaí lena mbaineann sainspéis seandálaíochta nach raibh aithne orthu roimhe seo agus a nochtar trí ghníomhaíocht forbartha. |
| 7. A chinntiú go bhfuil measúnú seandálaíochta san áireamh in aon mholadh forbartha a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar oidhreacht seandálaíochta. Áirítear leis seo laistigh de thimpeallachtaí talún, abhann, idirthaoide agus fothaoide |

## 8.6 Oidhreacht Thionsclaíoch

Tá oidhreacht thionsclaíoch na Gaillimhe le feiceáil sa chaidreamh stairiúil idir an chathair agus uiscebhealaí, amhail na canálacha, na taraenna agus rothaí an mhuilinn, atá ar fad san áireamh sa *Iniúchadh Oidhreachta Tionscail Chathair na Gaillimhe (2013)* arna dhéanamh ag an Oifig Oidhreachta. Is saintréith shainiúil é an caidreamh seo freisin de ríocht phoiblí na cathrach agus tá

a gcaomhnú agus a n-acmhainneacht d'fheabhsúcháin mar chuid de *Straitéis na Ríochta Poiblí (2019).* Tá go leor gnéithe oidhreachta tionsclaíochta liostaithe ar an RPS freisin.

## 8.7 Ballaí Chathair na Gaillimhe

Tá Gaillimh, a bhfuil ballaí cathrach meánaoiseach aici, cáilithe chun bheith ina ball de Líonra Bailte Múrtha na hÉireann (IWTN). Bhunaigh an Chomhairle Oidhreachta an líonra seo chun a chinntiú go ndéantar oidhreacht chultúrtha agus seandálaíochta uathúil na hÉireann maidir le hoidhreacht dhaingniúcháin na meánaoise a chosaint agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus cuí san fhadtéarma.

Tríd an reachtaíocht um séadchomharthaí náisiúnta, tugtar cosaint reachtúil do bhallaí na cathrach. Ceanglaítear go mbeidh gach obair a imríonn tionchar ar chreatlach chosaintí na cathrach, nó aon suaitheadh talún i ngaireacht do chosaintí an Údaráis Áitiúil nó faoi úinéireacht nó caomhnóireacht an Aire, nó a bhí ina n-ábhar d'ordú caomhnaithe, faoi réir ceanglais um Thoiliú de chuid an Aire.

I mbeartas náisiúnta, ceanglaítear go mbreathnófaí ar bhallaí meánaoiseacha agus ar ghnéithe gaolmhara mar shéadchomhartha náisiúnta aonair agus go gcaithfí leo mar aonad chun críocha beartais agus bainistíochta. Ceanglaítear leis an mbeartas seo toimhde i bhfabhar iarsmaí seandálaíochta in-situ atá ina seasamh agus faoi thalamh araon a chaomhnú agus carachtar, suíomh agus taitneamhacht bhallaí an bhaile a chaomhnú. I bPlean Caomhnaithe, Bainistíochta agus Léirmhínithe Ballaí Chathair na Gaillimhe (2013), tugtar taifead ar bhallaí na cathrach agus measúnú á dhéanamh ar a dtábhacht agus a leochaileacht agus leagtar amach ann raon prionsabal agus bearta caomhnaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhainistíocht agus léirmhíniú na mballaí amach anseo. Tá na codanna is airde agus is sláine de bhallaí na cathrach le feiceáil in ionad siopadóireachta na Faiche Móire, ar chúl Dunnes Stores ar Ascaill Rós Mhuire agus ag Margadh an Éisc. Tá an acmhainneacht ag balla na cathrach ag Margadh an Éisc lena n-áirítear an Póirse Caoch agus gnéithe balla tipiciúla ar nós coirbéil agus uchtbhallaí, d'fheabhsúcháin agus léirmhínithe de bhua a shuíomh agus a feiceálacht laistigh de spás tábhachtach cathartha in aice le Músaem na Cathrach agus Teach Comerford taobh leis.

Déanfar an acmhainneacht seo do léirmhínithe feabhsaithe a sheachadadh i gcomhar le forbairt thionscadal Músaem an Atlantaigh le tacaíocht ó Fáilte Éireann. Áirítear leis seo athchóiriú Theach Comerford le bheith mar chuid d'fhoirgneamh nua an mhúsaeim agus síneadh nua músaem a thógáil idir an músaem reatha agus Teach Comerford. Áireofar san obair do raon de deisiúcháin chaomhantais riachtanacha agus cur chuige foriomlán dearaidh a chuidíonn le ballaí na cathrach a léirmhíniú agus a thaispeáint.

| **Beartas 8.6 Ballaí Chathair na Gaillimhe** |
|---|
| 1. Caomhnú a dhéanamh ar bhallaí stairiúla meánaoiseacha na cathrach in situ agus iarracht a dhéanamh a suíomhanna a chosaint agus a fheabhsú. |
| 2. Tacú le cur chun feidhme na moltaí atá leagtha amach i 'bPlean Caomhantais, Bainistíochta agus Léirmhínithe Ballaí Chathair na Gaillimhe (2013)'. |
| 3. Síneadh Músaem an Atlantaigh agus an léirmhíniú gaolmhar ar bhallaí na cathrach agus gnéithe meánaoiseacha na cathrach a chur chun cinn. |

## 8.8 Dearadh Uirbeach agus Comhfhorbairt Áite

Is féidir le dea-dhearadh uirbeach carachtar na Gaillimhe a fheabhsú agus braistint a chur in iúl ar cad atá uathúil sa chathair. Tá sé riachtanach chun áiteanna tarraingteacha, dea-fheidhmithe, rathúla a chruthú. Leagann raon doiciméad beartais náisiúnta amach creat agus treoir chun dea-dhearadh uirbeach a bhaint amach, lena n-áirítear *Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (2013) agus (2019) nuashonrú, Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha (2009), Lámhleabhar Dearaidh Uirbeach - Treoir Dea-Chleachtais (2009), Lámhleabhar Dearaidh Miondíola: Doiciméad a ghabhann leis na Treoirlínte Pleanála Miondíola d'Údaráis Phleanála (2012).* Beidh an Beartas Náisiúnta um Ailtireacht atá le teacht mar thacaíocht le timpeallacht thógtha ardchaighdeáin, ísealcharbóin agus níos athléimní do na glúine atá le teacht. Féachann an Plean le feasacht agus tuiscint a chur chun cinn go gníomhach, ar an méid a chuireann dea-dhearadh le leas ginearálta na cathrach. Cuireann sé béim ar dhearadh uirbeach agus ar chomhfhorbairt áite inbhuanaithe ag tacú le hailtireacht nua-aimseartha ardchaighdeáin agus lena n-ionchorpraítear oidhreacht ailtireachta ar bhealach comhtháite iomlánaíoch.

### Prionsabail an Dea-Dhearaidh Uirbigh

**Tábla 8.1 Príomhphrionsabail i mbreithniú dea-dearaidh uirbigh a chuirfear chun cinn san fhorbairt:**

| | |
|---|---|
| **Carachtar**: | Carachtar a chur chun cinn trí shainiúlacht áitiúil, féiniúlacht agus braistint áite a neartú. Cuireann tíopeolaíocht na sráideanna, leagan amach na bpáirceanna, spásanna oscailte, na hoidhreachta nádúrtha agus an mhoirfeolaíocht uirbeach le carachtar a fhorbraíonn thar am. Ba chóir go gcuirfeadh forbairt nua feabhas ar an gcarachtar seo. |
| **Inléiteacht:** | Cruthú áiteanna atá so-aitheanta, agus cé gur cuid den chathair iomlán iad, tá a bhféiniúlacht féin acu trí shainchomharthaí agus/nó sráideanna inaitheanta. Ba chóir go gcuirfeadh forbairt nua le hinléiteacht na háite mórthimpeall. |
| **Éascaíocht Gluaiseachta agus Nascacht**: | Inrochtaineacht, tréscaoilteacht agus rochtain uilíoch a chur chun cinn a fhágann go bhfuil sé éasca áiteanna a bhaint amach agus bogadh laistigh díobh. D'fhéadfadh go dtarlódh éascaíocht gluaiseachta laistigh de lár na cathrach trí scéimeanna do choisithe, cruthú sráideanna nua, agus tréscaoilteacht trí shiopaí. Sa cheantar níos leithne d'fhéadfadh sé a bheith trí iompar poiblí feabhsaithe, soláthar féarbhealaí agus naisc ó cheantair chónaithe go seirbhísí agus áiseanna áitiúla. Ba cheart go gcinnteodh forbairt nua tréscaoilteacht agus rochtain uasta do chách. |
| **Caighdeán na Ríochta Poiblí** | Sráideanna agus spásanna poiblí a chur chun cinn atá tarraingteach agus sábháilte agus a cheadaíonn d'idirghníomhú sóisialta. Ní mór breithniú cúramach a dhéanamh ar dhearadh na ríochta poiblí in aon fhorbairt nua maidir lena leagan amach, a fheidhm agus a úsáid ábhar ar nós dromchlaí agus troscán sráide. |
| **Leanúnachas agus Imfhálú**: | Leanúnachas aghaidheanna sráide a chur chun cinn agus spásanna a imfhálú trí imill atá sainithe go soiléir agus a dhéanann idirdhealú idir limistéir phoiblí agus phríobháideacha. |
| **Éagsúlacht agus** | Cruthú áiteanna ina bhfuil éagsúlacht agus rogha trí mheascán |

| | |
|---|---|
| **Inoiriúnaitheacht** | úsáidí atá comhoiriúnach agus inmharthana agus a fhéadtar oiriúnú do choinníollacha socheacnamaíocha athraitheacha. |
| **Freagracht Timpeallachta Agus Athléimneacht Aeráide** | Cruthú áiteanna a chothaíonn tomhaltas fuinnimh inbhuanaithe agus lorg carbóin laghdaithe trí iompar inbhuanaithe a fheabhsú, úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite agus SUDanna, ag cur le bithéagsúlacht agus bearta oiriúnaithe aeráide. |

Tá dea-dhearadh uirbeach riachtanach chun íomhá mhaith den chathair a chruthú le féiniúlacht láidir. Is gnéithe tábhachtacha iad le breithniú dearadh mionsonraithe an fhoirgnimh agus úsáid na n-ábhar. Tá dearadh ailtireachta ardchaighdeáin tábhachtach freisin i gcomhthéacs dearadh uirbigh ag féachaint do leagan amach agus déine na mbloc, na gceapach agus na bhfoirgneamh. Tá dlús na forbartha agus meascán, cineál agus suíomh úsáidí ina bpríomhcheisteanna freisin.

Is bearta tábhachtacha iad glasú na cathrach trí ghnéithe dearaidh nuálaíocha a úsáid i bhfoirgnimh ar nós díonta glasa agus ballaí chun rith uisce dromchla a rialú, chun bithéagsúlacht a fheabhsú agus chun sráid-dreach éagsúil a chur chun cinn. Is príomh-bhreithniú é dearadh agus leagan amach foirgneamh nuálach a léiríonn ardleibhéal caomhnaithe fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite.

Tá na treoirlínte agus na caighdeáin forbartha d'fhorbairt nua le fáil i gCaibidil 11. Tugann siad seo in éineacht le feidhmiú phríomhphrionsabail an dea-dhearaidh uirbigh treoir maidir le conas forbairtí a phleanáil agus a dhearadh ar féidir leo cur le hardchaighdeán dearadh uirbigh don chathair. Cuidíonn an cur chuige seo freisin le cosaint agus feabhsú na gceantar atá ann cheana a thacaíonn le dea-cháilíochtaí dearaidh uirbigh.

## Dlús Uirbeach agus Airde Foirgnimh

I *Staidéar ar Dhlús Uirbeach agus Airde Foirgnimh Chathair na Gaillimhe (2021)* tugtar achoimre do straitéis chun cabhrú le dlús uirbeach agus airde foirgneamh na forbartha nua a threorú agus tionchar a imirt orthu. Tá sé ullmhaithe i gcomhthéacs clár oibre náisiúnta beartais a bhaineann le cineál forbartha níos inbhuanaithe agus níos dlúithe a chothú ar féidir leis cur go dearfach le carachtar na cathrach agus pobail dea-úsáide measctha a chruthú. D'ainneoin fás dlúth a bheith á lorg, is timpeallacht stairiúil é Croílár Chathair na Gaillimhe le carachtar íogair sainiúil. Comhlánaítear an suíomh seo leis an gcomhthéacs abhann agus cósta araon a sholáthraíonn tírdhreach suntasach agus gnéithe bailedhreacha. Mar sin, beidh tionchar na forbartha nua ar charachtar agus ar shuíomh na cathrach ina mór-bhreithniú laistigh de chlúdach infheictheachta an chroíláir stairiúil agus comhthéacs an chomhshaoil nádúrtha. Áirítear sa staidéar tar éis anailíse, dlúis agus raonta airde foirgneamh atá oscailte lena mbreithniú mar chuid den mheasúnú iomlán ar fhorbairtí molta. Is treoir iad na raonta scála agus déine molta seo agus ní bearta iomlána iad le leanúint nó le baint amach agus ba chóir gach suíomh a mheas de réir a fhiúntais. D'fhéadfadh go mbeadh dlúis agus airde níos ísle nó níos airde ná na cinn a leagtar amach sa staidéar feiliúnach nuair a dhéantar measúnú orthu in aghaidh beartais agus treorach ábhartha eile. D'fhéadfadh go dtacódh suíomhanna móra le deiseanna le haghaidh foirmeacha eisceachtúla forbartha, is é seo an áit a bhféadfaidh a bhfoirm thógtha, a dtionchar sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil sármhaitheas a sheachadadh. Nuair a bhíonn suíomhanna ar mhórscála in ann a gcarachtar féin a ghiniúint, d'fhéadfadh scóip d'airde níos mó a bheith oscailte lena bhreithniú nuair a fhéadtar údar maith a thabhairt don bhreisíocht seo bunaithe ar dhearadh ailtireachta den scoth agus gach breithniú pleanála eile á sásamh.

## Comharsanachtaí Inbhuanaithe agus Comhfhorbairt Áite

Tá Cathair na Gaillimhe comhdhéanta de roinnt comharsanachtaí, agus tá a gcarachtar agus a bhféiniúlacht ar leith ag gach ceann díobh. Is é an beartas atá i bhfeidhm ná pobail agus comharsanachtaí sa chathair a neartú agus tacú le forbairt pobail nua i gceantair ar nós an síneadh uirbeach atá beartaithe ag na hArdáin (LAP) agus ar limistéir ainmnithe Athghiniúna agus Deise.

Agus é á threorú ag prionsabail an choincheapa  comharsanachta mar atá cuimsithe i gCaibidil 3, tá straitéis spásúlachta leagtha amach sa Staidéar ar Dhlús Uirbeach agus Airde Foirgnimh chun a chinntiú gur féidir le forbairt bhreise comhshamhlú go maith isteach i suíomh ceantair agus go gcuirtear san áireamh raon leathan saincheisteanna ábhartha lena n-áirítear comhthéacs an tsuímh, carachtar an cheantair máguaird, an luach taitneamhachta atá ann faoi láthair agus an gá atá le dearadh dea-cháilíochta, uirbeach agus foirgneamh chun tacú le comhfhorbairt áite rathúil agus le hinacmhainneacht mhaireachtála.

## Ceantair Athghiniúna agus Deise

Féachann dea-dearadh uirbeach laistigh de Chathair na Gaillimhe le carachtar sainiúil na cathrach a neartú trí thimpeallacht thógtha ar ardchaighdeán a chinntiú trí chomhfhorbairt áite mhaith agus trí chomharsanachtaí inbhuanaithe a chruthú. Laistigh de lár na cathrach go háirithe, tá sé tábhachtach forbairt nua a chur chun cinn, ar fhorbairt í a chomhtháthaíonn go maith le foirm thógtha agus timpeallacht nádúrtha agus stairiúil na cathrach, agus a mbíonn ómós aici di. I gceantair athghiniúna lena n-áirítear príomhcheantair ag Stáisiún Cheannt, an Cuan Laistigh agus ag ceantar Bhóthar Áth Cinn beidh gá le sainiúlacht áitiúil nua a fhorbairt. Maidir leis na ceantair seo, beidh gá le tacaíocht a fháil ó chreat straitéiseach agus plean spásúlachta a áiríonn fís fhadtéarmach don cheantar le céimeanna forbartha inroinnte feidhme nuair is cuí. Beidh orthu a léiriú go bhfuil dea-phrionsabail dearaidh uirbigh á gcur i bhfeidhm, go bhfuil fás dlúth d’úsáid mheasctha á spreagadh agus go bhfuil díbhinn eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil á baint amach mar aon le rannchuidiú dearfach le leathnú fisiciúil agus le hinmharthanacht na cathrach.

I measc na bpríomhláithreán athghiniúna eile atá ag teacht chun cinn tá tailte ar Bhóthar an Ghainimh agus ar Bhóthar na Díge, tá forbairt fhéideartha na dtailte seo á cur chun cinn ag an gComhairle i gcomhar leis an LDA. Tá féidearthacht ann freisin maidir le hathghiniúint agus athúsáid struchtúir stairiúla ar Oileán Altanach agus tá OÉ Gaillimh ag ullmhú moltaí athnuachana atá ag teacht chun cinn. Sainaithníodh láithreáin a bhfuil ainmniú lár ceantair acu agus tá roinnt láithreán deise athfhorbraíochta aitheanta mar áiteanna a bhfuil acmhainneacht acu freastal ar fhás pleanáilte. Is féidir leis na ceantair seo deiseanna a sholáthar le haghaidh ailtireacht ardchaighdeáin agus dearadh uirbeach a chuimsiú ina bhforbairt, ar féidir leo an struchtúr spásúlachta uirbeach, cumas maireachtála agus inmharthanacht eacnamaíoch a neartú agus tacú le hinbhuanaitheacht na comharsanachta. Tá deiseanna ann freisin d’fhoirgnimh shuntasacha sna ceantair seo a d’fhéadfadh cabhrú le sainghné ceantair ar leith a bhunú agus féiniúlacht áite a threisiú.

## Aghaidheanna Siopaí agus Comharthaíocht

I nGaillimh, go háirithe sa chroílár stairiúil, le nádúr éagsúil na n-éadanas siopaí a ndearnadh a fhorbairt ó na meánaoiseanna, cruthaítear tarraingteacht amhairc agus dlúthchaidreamh. I go leor aghaidheanna siopaí, ionchorpraítear gnéithe d’fhabraic stairiúil agus bluirí meánaoiseacha a chaomhnaíonn taifead saibhir stairiúil agus a chuireann le sráid-dreach uathúil. Tá gá le caomhnú íogair na n-éadanas siopaí seo chun a gcáilíocht a chosaint agus chun carachtar an tsráid-dreacha a choinneáil. Tá gá freisin le hardchaighdeán i ndearadh aghaidheanna siopa comhaimseartha.

Feabhsaítear an sráid-dreach, tugtar meas ar inrochtaineacht, spreagtar infheistíocht agus cuirtear íomhá dhearfach den chathair chun cinn trí dhearadh aghaidheanna siopa ar ardchaighdeán agus comharthaí lasmuigh. D'fhonn caomhnú aghaidheanna siopaí agus dea-dhearadh a spreagadh, i *dTreoirlínte Dearaidh Aghaidh Siopaí agus Comharthaíochta (2012)* na Comhairle, tugtar treoir ar dhea-dhearadh aghaidheanna siopa lena n-áirítear dearadh comhaimseartha*,* caomhnú agus athchóiriú aghaidheanna siopaí agus comhairle ar réitigh íogaire aghaidheanna siopa. I *Straitéis na Ríochta Poiblí (2019)* tugtar treoir freisin do chomharthaíocht chun inrochtaineacht a fheabhsú, tranglam sráide a íoslaghdú agus chun cur le carachtar na Gaillimhe.

### Pleananna Ceantair Áitiúil agus Máistirphleananna/Creatphleananna

Laistigh de chreat an Phlean Forbartha Cathrach, is féidir le Plean Ceantair Áitiúil (LAP) beartais phleanála níos mionsonraithe a sholáthar do cheantair ina bhfuiltear ag súil le forbairt agus athrú suntasach. I *bPlean Ceantair Áitiúil na nArdán (2018-2024)* leagtar amach creat le haghaidh síneadh inbhuanaithe uirbeach ar thaobh thoir na cathrach. Áirítear sa LAP sainbheartais cheantarbhunaithe le béim ar leith ar shráidbhaile uirbeach nua tarraingteach agus inrochtana agus comharsanacht chónaithe inbhuanaithe a chruthú, atá dea-nasctha leis an mórchathair agus an ceantar máguaird. Samhlaítear go ndéanfar an limistéar LAP a fhorbairt ar bhonn céimnithe. Cuimsítear i gCéim 1 na tailte ó dheas den M6/N6 agus cuimsítear i gcéim 2 níos fadtéarmaí na tailte lastuaidh den N6/M6.

Tá LAPanna molta freisin don Cheantar Mhuirbhigh agus Bhóthar Áth Cinn. San áireamh anseo, beidh creat dearaidh uirbigh a mbeidh príomhról aige in aistriú ar an leibhéal áitiúil, de na beartais atá san áireamh i gCuid 8.8 a bhaineann le dearadh uirbeach agus soláthróidh siad treoir maidir le leagan amach, dlús, éagsúlacht úsáidí, rochtain agus soláthar bonneagair, agus comhtháthú spásanna glasa/páirceanna a chuideoidh go mór le háit ardchaighdeáin a bhaint amach.

Beidh tionchar suntasach ag mórscéimeanna athghiniúna sa chathair agus timpeall uirthi ar fhás agus ar éabhlóid na Gaillimhe agus ar a carachtar agus a rathúlacht amach anseo. I bhfianaise an fháis shuntasaigh atá beartaithe do Ghaillimh, sa *Staidéar ar Dhlús Uirbeach agus Airde Foirgnimh* cuirtear prionsabail dearaidh agus treoir ar fáil chun ardchaighdeáin dearaidh a chur chun cinn, i bhfoirgnimh, sráideanna agus spásanna poiblí. Nuair a bhíonn máistirphlean/creat spásúlachta de dhíth ar limistéar talún, áireofar ann freisin straitéis shainiúil deartha uirbigh chomhthéacsúil. Beidh a leithéid de mháistirphleananna/creataí spásúlachta ag teastáil le léiriú conas a ionchorprófar san athfhorbairt dea-chaighdeán ailtireachta in éineacht le hardchaighdeán de dhearadh uirbeach, de réir bheartais agus chuspóirí Phlean Forbartha na Cathrach. Spreagfaidh an cur chuige seo forbairtí ar féidir leo cur le cruthú áiteanna rathúla, cur le comhfhorbairt áite shainiúil agus cur ar chumas síntí uirbeacha nua nascadh ar bhealach maith, éifeachtach leis an bhfoirm thógtha atá ann cheana féin. Dóibh siúd i lár na cathrach d'fhéadfaí go gciallódh sé seo beogacht an chroí-limistéir a fhás agus a leathnú, ceathrúna nua, sráideanna nua agus spásanna nua a chruthú agus trí dhearadh a chinntiú go bhfuil siad sábháilte, inrochtana, taitneamhach lena n-úsáid agus go bhfuil siad ar scála daonna. (Féach Caibidil 10 le haghaidh tuilleadh treorach).

## Sásraí Eile chun na Prionsabail de Dea-Dhearadh a Bhaint Amach

Chun an próiseas measúnaithe ar iarratais phleanála a éascú, sa Staidéar ar Dhlús Uirbeach agus Airde Foirgnimh, tugtar treoir maidir le dlús agus airde méadaithe a bheidh faoi réir measúnaithe chomhthéacsúil ar leith. Ba cheart go léireofaí an méid seo a leanas go soiléir sna tograí:

| | |
|---|---|
| **Sócmhainní Oidhreachta agus a Suíomh** | Caidreamh dearfach le sócmhainní oidhreachta ábhartha agus lena suíomh agus leis an gcarachtar stairiúil a chuireann le sainiúlacht na cathrach. |
| **Caighdeán an Dearaidh** | Caighdeán dearaidh eisceachtúil, lena n-áirítear airde, mais, comhréir, ábhair, sonraíocht, leagan amach an tsuímh agus a ghaol leis an gceantar máguaird, ionas go mbeidh sé sainiúil ó thaobh cáilíochta agus sainiúlachta de, agus a chuireann go dearfach le comhthéacs agus carachtar an cheantair.<br><br>Ní mór ráiteas dearaidh a bheith ag gabháil le haon togra forbartha d'fhoirgnimh os cionn na hairde tagarmharcála atá i réim. Áireoidh sé seo raon ábhar grafach a d’fhéadfadh fótamontáisí agus eilimint 3D a áireamh nuair is gá. Fiosróidh an Chomhairle an bhféadfaí samhail den chathair a fháil chun measúnú ar fhorbairt a éascú. D’fhéadfadh an tsamhail seo a bheith ina samhail blocshimplí 3D d’fhoirgnimh atá ann cheana féin a cheadódh réamh-mheasúnú ar thograí ar láithreáin íogaire. Dhéanfadh sé seo soláthar do chéim luath de mheasúnú na forbartha agus éascódh sé úsáid éifeachtach a bhaint as an bpróiseas réamhchomhairliúcháin. Déanfar iniúchadh freisin ar theicnící léirshamhlaithe eile agus ar bhearta léiriúcháin mar uirlisí úsáideacha chun cabhrú le measúnú. |
| **Réasúnaíocht an Bhailedhreacha** | Réasúnaíocht soiléir bailedhreacha ina moltar airde méadaithe, ag marcáil príomhshuíomhanna nó nóid, agus ag freagairt d’inrochtaineacht agus gníomhaíocht iompair phoiblí. |
| **Ráiteas Foirgnimh Aird** | I gcás ina mbeartaítear foirgneamh ard a sháraíonn go suntasach na hairde tagarmharcála atá i réim, beidh Ráiteas Foirgnimh Aird ag gabháil leis a thabharfaidh údar maith le heisceacht d’airde den sórt sin agus a áiríonn ar a laghad an cás don togra bunaithe ar shuíomh, dearadh, comhthéacs agus cumas comhshamhlaithe. |
| **Measúnú Tionchair** | Measúnú ar gach tionchar amhairc agus comhshaoil lena n-áirítear micrea-aeráid, solas an lae agus solas na gréine, léibheann, scáthú, tionchar ar spéirlíne agus radhairc, sócmhainní éiceolaíochta agus spásanna glasa agus soláthar maolaithe cuí nuair is gá. |
| **Inbhuanaitheacht agus Buntáistí Aeráide** | Buntáistí suntasacha inbhuanaitheachta agus gníomhaíochta aeráide lena n-áirítear dearadh foirgneamh, tógáil, oibriú agus naisc leis an gceantar máguaird. |
| **Ríocht Phoiblí** | Go n-ionchorpraítear ríocht phoiblí, taitneamhacht, tírdhreachtú, spásanna scíthe agus súgartha ar ardchaighdeán. |

| Beartas 8.7 Dearadh Uirbeach agus Comhfhorbairt Áite |
|---|
| 1. Dearadh uirbeach ardchaighdeáin a spreagadh i ngach forbairt. |
| 2. Caighdeáin dearaidh cháilíochtúla a fheabhsú trí threoirlínte dearaidh agus caighdeáin an Phlean Forbartha a chur i bhfeidhm, *Straitéis Ríochta Poiblí na Gaillimhe (2019)* agus lámhleabhair dearaidh, gníomhaíochta agus seachadta a théann leo, *Treoirlínte Dearaidh Aghaidheanna Siopaí agus Comharthaíochta na Gaillimhe (2012)* agus *Treoirlínte Deartha um Cheannbhrait (2011)*. |
| 3. A chinntiú go seachadann forbairt dearadh uirbeach ardchaighdeáin, comhfhorbairt áite agus ríocht phoiblí a chuireann le hathghiniúint uirbeach sa chathair agus atá athléimneach i gcoinne tionchar ionchasach an athraithe aeráide. |
| 4. Nuálaíocht san ailtireacht a spreagadh agus éifeachtúlacht fuinnimh agus dearadh glas a chur chun cinn. |
| 5. Cur chun feidhme Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024 a chur chun cinn. |
| 6. Pleananna Limistéir Áitiúil, máistirphleananna agus creataí spáis/dearaidh a ullmhú a sholáthraíonn creat dearaidh uirbigh chun cur le forbairt timpeallachtaí oibre agus maireachtála atá inbhuanaithe agus bríomhar. |
| 7. A chur chun cinn dearadh uirbeach inbhuanaithe agus cuimsitheach, foirm uirbeach agus ailtireacht a chuireann go dearfach le sainghné agus sainiúlacht na cathrach. |
| 8. Cloí leis an *Staidéar ar Dhlús Uirbeach agus Airde Foirgnimh Chathair na Gaillimhe (2021)* agus forbairt a chur chun cinn ina n-ionchorpraítear dearadh uirbeach ardchaighdeáin inbhuanaithe agus cuimsitheach, foirm uirbeach agus ailtireacht a chuireann go dearfach le carachtar, oidhreacht agus ceantair chomharsanachta na cathrach. |
| 9. Ní bhreithneofar tograí d'fhoirgnimh atá níos airde ná na gnáthairde tagarmharcála ach amháin nuair nach mbíonn drochthionchar acu ar chomhthéacs foirgneamh stairiúil, ACAnna, taitneamhachta cónaithe nó nach gcuireann siad isteach ar radhairc straitéiseacha, de réir an Staidéir ar Dhlús Uirbeach agus Airde Foirgnimh don chathair. |
| 10. Athúsáid agus oiriúnú foirgneamh tréigthe agus folamh a chur chun cinn. |
| 11. Dul chun cinn, trí Chlár na Láithreán Forbartha, le forbairt láithreán tréigthe chun críocha tithíochta agus athghiniúna trí chomhairliúchán le húinéirí talún agus trí chur chun feidhme an Achta um Láithreáin Thréigthe 1990 (arna leasú) agus bealaí eile atá ar fáil do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. |

## 8.9 Ríocht Phoiblí

Is trína ríocht phoiblí a shainítear carachtar agus cáilíocht na cathrach go pointe suntasach. Is téarma leathan é ríocht phoiblí a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar spás lasmuigh a bhfuil rochtain ag an bpobal air. Áirítear leis seo spásanna idir foirgnimh, sráideanna, bóithre, cearnóga, páirceanna agus éadáin le huisce. Is cuid mhór den chathair í agus is príomhlimistéar í le haghaidh idirghníomhaithe sóisialta agus saoil phoiblí. Soláthraíonn ríocht phoiblí áit chruinnithe, ionad d'imeachtaí, do shiamsaíocht shóisialta chomh maith le suíomh tábhachtach don timpeallacht thógtha. Tugann feabhsuithe ar an ríocht phoiblí tairbhí socheacnamaíocha, comhshaoil agus cultúrtha inbhuanaithe don chathair agus feabhsaítear nascacht agus inrochtaineacht. Cuireann siad feabhas freisin ar athléimneacht i leith athrú aeráide trí chumhdach crann agus bonneagar glas eile a chomhtháthú.


Tá feabhsuithe suntasacha déanta ar an ríocht phoiblí thar na blianta, cosúil leis an Scéim Coisithe, Scéim Feabhsúcháin na Faiche Móire agus an Siúlóid Cois Abhann. I measc na dtionscadal níos lú chun inrochtaineacht agus sábháilteacht a fheabhsú sa ríocht phoiblí tá soilsiú poiblí breise ag an

gCarraig Dhubh, infreastruchtúr feabhsaithe agus éascú do choisithe ar fud na cathrach agus tírdhreachú agus bithéagsúlacht méadaithe i limistéir phoiblí. I bhfianaise uaillmhianta an NPF/RSES don chathair a bheith ina cathair ar scála agus i gcomhar le straitéisí forluiteacha eile maidir le hiompar agus cosaintí tuilte measadh go raibh sé tráthúil cur chuige cuimsitheach a ullmhú don ríocht phoiblí. Chuige seo d'oibrigh coiste tras-rannach de chuid na Comhairle Cathrach i gcomhar le comhairleoirí chun Straitéis Ríochta Poiblí a ullmhú don chathair.

I *Straitéis um Ríocht Phoiblí na Gaillimhe (2019)* agus na Lámhleabhair Dearaidh, Gníomhaíochta agus Seachadta a théann leis, cuirtear straitéis chuimsitheach agus solúbtha fhadtéarmach ar fáil chun ríocht phoiblí ar ardchaighdeáin a sheachadadh a chomhlánaíonn na céimeanna nuálacha a raibh dul chun cinn déanta orthu cheana féin. Is iad príomhthéamaí na straitéise ná ceiliúradh a dhéanamh ar oidhreacht shaibhir na Gaillimhe i ndearadh na ríochta poiblí agus lár na cathrach a dhéanamh chomh fáilteach agus chomh hinrochtana agus is féidir do chách, ag cur prionsabal um dhearadh uilíoch chun cinn. Féachann an straitéis le feabhas a chur ar cháilíocht thimpeallacht thógtha na cathrach agus cabhrú freisin le tacú le pobail inbhuanaithe, ag soláthar áiteanna cruinnithe, spásanna siamsaíochta agus imeachtaí, spásanna margaidh, spásanna taispeántais agus ealaíne, spásanna itheacháin lasmuigh agus spásanna taitneamhachta éighníomhacha. Féachann sé freisin le bonneagar glas a fheabhsú, bithéagsúlacht a mhéadú agus seasmhacht ó thaobh athrú aeráide agus tuilte de a fheabhsú. Tacaíonn an Plean le cur i bhfeidhm na straitéise agus na lámhleabhair tacaíochta, lena n-áirítear an lámhleabhar seachadta a thacaíonn le tionscadail feabhsaithe ar leith agus tíopeolaíocht sráideanna agus spásanna poiblí ar féidir leo cur go dearfach le timpeallacht agus oidhreacht na cathrach. Léiríonn sé beartas an Phlean maidir le naisc láidre a chruthú idir lár na cathrach agus ceantair athbheochana an Chuain, Stáisiún Cheannt, Bóthar Áth Cinn agus Oileán Altanach agus chun ríocht phoiblí ardchaighdeáin a sheachadadh. Cuirtear cruthú micreaspásanna ar scála beag chun cinn trí spásanna atá fágtha a athdhearadh agus an tiontú de spásanna páirceála ina bpáircíní a chur chun cinn freisin mar bhearta le hinmharthanacht na cathrach a fheabhsú. Beidh sé d'acmhainn ag feidhmiú na mbeart GTS cur go mór le ríocht phoiblí na cathrach agus le heispéireas chomhshaol na cathrach.

Cuireann an Plean feabhsuithe comhshaoil chun cinn ar an ríocht phoiblí sa chathair agus ceanglaítear go ndéanfaí breithniúcháin cháilíochta ar an ríocht phoiblí a chomhtháthú i ngach tionscadal, idir fhorbairtí príobháideacha agus tionscnaimh phoiblí, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le cur chun feidhme an GTS.

**Figiúr 8.13 Tíopeolaíocht na bPríomhshráideanna agus na Spásanna Poiblí i Lár Chathair na Gaillimhe** Foinse Straitéis Ríocht Phoiblí na Gaillimhe 2019





## Scéimeanna um Ríocht Phoiblí

Cumasaíodh dul chun cinn na bpríomhthionscadail sa Straitéis Réimse Poiblí mar gheall ar rathúlacht iarratas Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar mhaoiniú um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach. Tógfaidh sé seo ar rath na dtionscadal athghiniúna uirbí roimhe seo a cuireadh i bhfeidhm sna 1990idí. Tá tosaíocht tugtha ag an gComhairle do thionscadail a aithníodh i straitéis na ríochta poiblí le seachadadh chun ríocht phoiblí shuntasach nua agus fheabhsaithe a sholáthar ar shráideanna agus ar spásanna. Tá na tionscadail comhdhéanta de spásanna poiblí nua ag Barr an Chalaidh agus Ardeaglais na Gaillimhe, spás athnuaite ag Margadh an Éisc agus an Fhaiche Mhór (Thuaidh) agus ríocht phoiblí nua a thacóidh le húsáid inbhuanaithe iompair agus coisithe ar shráideanna sonracha lár na cathrach. Tá feabhsuithe comhshaoil do Shráid na Siopaí le cur chun cinn freisin mar chuid den chlár athshlánúcháin ceantair coisithe. Tá na tionscadail mar chuid de

chlár forbartha straitéiseach níos leithne don chathair a ailíneofar le clár oibre an NPF chun an chathair a fhás le tacaíocht ó fhócas ar dhlúthfhás agus athghiniúint.

**Figiúr 8.14 Príomhscéimeanna um Ríocht Phoiblí i Lár na Cathrach**




Tá sé beartaithe ag an gComhairle, i gcomhairle leis na cónaitheoirí agus na gnóthaí áitiúla, feabhsúcháin chathartha a dhéanamh ar chearnóg na Craenach Bige mar chuid den tionscnamh leanúnach ar fud na cathrach chun spásanna poiblí a fheabhsú agus a chuirfear chun cinn trí chur chun feidhme na straitéise ríochta poiblí agus foghlaim ó na tionscnaimh itheacháin lasmuigh a tugadh isteach le linn srianta paindéime Covid 19.  Tógfaidh an Chomhairle ar na feabhsuithe coisithe a rinneadh go dtí seo ag Ardán na bhFiach chun tréscaoilteacht don Cheantar Thiar a fheabhsú agus leanfar le hiniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna chun feabhsúcháin a dhéanamh a bhaineann le cur chun feidhme straitéis na ríochta poiblí agus an GTS.

Léiríodh go gcuireann bearta a rinneadh le linn na paindéime Covid-19 chun freastal ar choisithe agus úsáid an ghréasáin sráide le haghaidh suíocháin agus bia amuigh faoin aer le beogacht agus beocht limistéar lár na cathrach agus déanfar iad a mheas i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ar fad.

I scéim feabhsúcháin ar Bhóthar Shandair i gcomhar leis an bpobal, áireofar bearta maolaithe tráchta, feabhsuithe ar an ríocht phoiblí agus bearta glasaithe uirbeacha chun an timpeallacht áitiúil a fheabhsú.

| Beartas 8.8 Ríocht Phoiblí |
|---|
| 1. Cur chun feidhme na Straitéise um Ríocht Phoiblí (2019) agus na lámhleabhair a théann léi a chur chun cinn lena n-áirítear seachadadh tionscadal feabhsaithe agus tíopeolaíocht sráideanna agus spásanna poiblí a chuireann go dearfach le comhshaol agus oidhreacht na cathrach. |
| 2. Tógáil ar ábharthacht agus ar shaintréithe na Gaillimhe le bheith mar bhonn eolais do dhearadh na ríochta poiblí. |
| 3. Ábhair, troscán sráide agus plandáil i nGaillimh a chuíchóiriú chun ríocht phoiblí dea-dheartha, chomhordaithe a chruthú. |
| 4. Tosaíocht a thabhairt do ghluaiseacht shábháilte de dhaoine ar na sráideanna agus timpeallacht ardchaighdeáin a chruthú trí dhearadh a chuireann nascacht, inrochtaineacht agus prionsabail dearaidh uilíoch chun cinn. |
| 5. Réitigh SUDS atá bunaithe ar an dúlra a chur chun cinn sa ríocht phoiblí nuair is féidir chun cur le bithéagsúlacht agus athléimneacht i leith athrú aeráide. |
| 6. An ról tábhachtach atá ag spás poiblí a chur chun cinn maidir le hidirghníomhú sóisialta neamhfhoirmiúil a sholáthar agus deiseanna a uasmhéadú d'áiteanna cruinnithe lasmuigh, áiteanna súgartha agus suíocháin phoiblí lasmuigh, nuair is cuí agus de réir na Straitéise um Ríocht Phoiblí agus na lámhleabhair a ghabhann leis. |
| 7. Tacaíocht a thabhairt do bhearta sa GTS lena chinntiú go ndéantar breithniúcháin cháilíochta na ríochta poiblí a chomhtháthú i dtionscadail GTS a chuireann úsáid inbhuanaithe iompair chun cinn chomh maith le limistéir choisithe a dhéanamh de shráideanna sonracha i lár na cathrach. |
| 8. Naisc láidre a bhunú idir lár na cathrach agus ceantair athghiniúna an Chuain, Stáisiún Cheannt agus Bóthar Áth Cinn agus ag an Oileán Altanach. |
| 9. Tús áite a thabhairt do chruthú spásanna poiblí i bhforbairt limistéar athghiniúna agus láithreáin deise agus ríocht phoiblí ardchaighdeáin a sheachadadh. |
| 10. Ardchaighdeáin dearaidh, ábhar agus ceardaíochta a chur chun cinn sa ríocht phoiblí. A chinntiú go gcloíonn oibreacha dá leithéid le prionsabail agus le treoir na Straitéise um Ríocht Phoiblí agus go dtugann siad aird ar shainghné an cheantair. |

## 8.10 Cuspóirí Sonracha

| Beartas 8.9 Cuspóirí Sonracha |
|---|
| **Taifead ar Dhéanmhais Chosanta** |
| 1. Caomhnú, oiriúnú agus athúsáid an fhoirgnimh oibreacha uisce ag Ionad Cóireála Uisce Thír Oileáin a éascú. |
| 2. Dul chun cinn ar chur chun feidhme mholtaí an Phlean Bainistíochta Caomhnaithe do Chaisleán Mhuirlinne, Caisleán Thír Oileáin agus Caisleán Mhionlaigh. |
| 3. Cur chun feidhme an Phlean Bainistíochta Caomhantais do Dhoras an Bhrúnaigh a chur chun cinn. |
| **Limistéir Chaomhantais Ailtireachta** |
| 4. Ullmhú na bPleananna Bainistíochta Limistéir Chaomhantais Ailtireachta a chur chun cinn laistigh den chathair agus athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Bainistíochta ACA na Faiche Móire agus é a chur i gcrích. |
| **Oidhreacht Dhúchasach** |

| | |
|---|---|
| 5. | Feasacht an phobail ar oidhreacht dhúchasach na cathrach a mhéadú lena n-áirítear trí fhoilsiú 'Fardal na bhFoirgneamh Ceann Tuí'. |
| **Dearadh Uirbeach agus Comhfhorbairt Áite** | |
| 6. | A éileamh go n-úsáidfí ráitis dearaidh agus Máistirphleananna/creataí spásúlachta le haghaidh forbartha nuair is cuí. |
| **Ríocht Phoiblí** | |
| 7. | Meitheal thras-rannach a bhunú chun cur i bhfeidhm na straitéise ríochta poiblí a chomhordú agus straitéis cothabhála agus bainistíochta réamhghníomhach a fhorbairt agus a sheachadadh, i gcomhar le gníomhaireachtaí seachtracha a sholáthraíonn oibreacha na ríochta poiblí. |
| 8. | Tacú le tionscadail feabhsaithe na ríochta poiblí atá i Straitéis na Ríochta Poiblí agus sna lámhleabhair a ghabhann léi agus a gcomhtháthú le tionscadail GTS, feabhsuithe comhshaoil agus tionscnaimh a bhaineann le hoiriúnú aeráide, bithéagsúlacht, ealaín phoiblí agus gníomhaíochtaí sa ríocht phoiblí. |
| 9. | Scrúdú a dhéanamh ar thorthaí Fhoireann Bainistíochta Soghluaisteachta Chathair na Gaillimhe maidir le húsáid inbhuanaithe de spás lasmuigh agus de sráideanna. |
| 10. | Dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail an Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbigh (URDF) a chuimsíonn spásanna poiblí nua ag Barr an Chalaidh agus ag Ardeaglais na Gaillimhe, spás athnuaite ag Margadh an Éisc, an Fhaiche Mhór (Thuaidh) agus méadú ar líon na limistéar coisithe i Lár na Cathrach. |
| 11. | Scéimeanna feabhsúcháin timpeallachta a ullmhú le haghaidh Bóthar Shandair agus feabhsuithe breise a dhéanamh ar an ríocht poiblí ag Ardán na bhFiach |
| 12. | Scéim Feabhsúcháin Chathartha a dhéanamh do Chearnóg na Craenach Bige. |
| 13. | Scéim feabhsúcháin comhshaoil a chur chun cinn do Shráid na Siopaí mar chuid den chlár athshlánaithe ceantair coisithe agus an crios coisithe a leathnú, i gcomhairle le pobail áitiúla agus páirtithe leasmhara. |
| 14. | Roinnt micreaspásanna ar scála beag a chruthú i lár na cathrach trí spásanna 'fágtha' a athdhearadh agus spásanna páirceála a thiontú ina bpáircíní. |
| 15. | Iniúchadh a dhéanamh ar chuaillí troscáin sráide atá ann cheana féin agus ar chomharthaíocht sa ríocht phoiblí, agus é mar aidhm deireadh a chur le heilimintí nach bhfuil in úsáid. |
| 16. | Iniúchadh a dhéanamh ar na bóithre agus na spásanna ríochta poiblí atá i nGaillimh faoi láthair chun na láithreacha sonracha ar gá iad a athrú chun inrochtaineacht a fheabhsú a mhionsonrú in ord tosaíochta. |

# Caibidil 9

# Comhshaol agus Bonneagar

## Clár na nÁbhar


9.1 Comhthéacs ........ 229

9.2 Measúnú Riosca i gcás Tuilte ........ 230

9.3 Caighdeán an Uisce ........ 232

9.4 Seirbhísí Uisce ........ 233

9.5 Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbeach (SuDS) ........ 236

9.6 Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí (Treoir Seveso III) ........ 237

9.7 Caighdeán an Aeir ........ 238

9.8 Torann ........ 238

9.9 Truailliú Solais ........ 239

9.10 Bainistiú Dramhaíola ........ 240

9.11 Teileachumarsáid ........ 242

9.12 Cathair Chliste ........ 243

9.13 Fuinneamh agus Bonneagar Gaolmhar ........ 244

## 9.1 Comhthéacs

Tá bainistíocht inbhuanaithe uisce, dramhaíola agus seirbhísí comhshaoil eile riachtanach chun an comhshaol a chosaint, chun sláinte agus folláine a chinntiú agus chun tacú le fás inbhuanaithe na cathrach. Is breithniú tábhachtach freisin é an t-athrú aeráide. Ní mór do bheartas pleanála breithniú ar dhálaí aeráide na todhchaí agus roghanna oiriúnaithe a chuimsiú lena n-áirítear riosca tuilte, cóiríocht d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, caomhnú fuinnimh agus bainistiú feabhsaithe d'acmhainní.

Tá ceisteanna ar nós soláthar dóthanach uisce glan, dea-chaighdeán aeir agus bainistíocht dramhaíola inbhuanaithe ríthábhachtach don chathair. Tacaíonn an plean le soláthar bonneagair ríthábhachtach i gcomhar le soláthraithe reachtúla ábhartha lena n-áirítear Uisce Éireann, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo ar bhealach a chosnaíonn sláinte an phobail, an comhshaol agus a thugann aghaidh ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide. Is uirlisí tábhachtacha iad an SEA agus an AA lena chinntiú nach mbíonn tionchar ró-dhiúltach ag beartas an phlean ar an gcomhshaol.

Tacaíonn an plean freisin le teicneolaíocht nua agus le cur chuige cathrach cliste chun feabhas a chur ar chaighdeán agus feidhmíocht na seirbhísí uirbeacha agus chun costais agus úsáid acmhainní a laghdú a chuirfidh ar chumas na cathrach fás agus freagairt do dhúshláin eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil. Go háirithe, feictear go bhfuil teicneolaíochtaí digiteacha ríthábhachtach chun féachaint chuige go seasfaidh an chathair an aimsir agus chun an t-aistriú go cathair chliste a chumasú. Tógann sé seo ar uaillmhianta fáis an RSES a dhíríonn ar gheilleagar iomaíoch agus réigiún dea-nasctha a thógáil trí bhonneagar digiteach a sholáthar ar nós líonra TFC ar ardchaighdeán agus seachadadh an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

Tá infreastruchtúr chun soláthar fuinnimh dóthanach agus slán a chinntiú ríthábhachtach don chathair freisin agus tacaíonn an plean le soláthar i gcomhar le soláthraithe reachtúla ábhartha lena n-áirítear Eirgrid, BSL agus Bord Gáis. Tá an t-aistriú ó bhreoslaí iontaise agus an t-aistriú i dtreo foinsí fuinnimh níos inbhuanaithe mar phríomhfhócas beartais sa phlean freisin.



## 9.2 Measúnú Riosca i gcás Tuilte

Cuireann tionchair athraithe aeráide lena n-áirítear stoirmeacha níos déine, borradh stoirme, ardú ar leibhéal na farraige agus níos mó imeachtaí fada báistí ard-déine, leis an dóchúlacht mhéadaithe de thuilte. Tá an chathair i mbaol tuilte go háirithe mar gheall ar a shuíomh ar chósta an Atlantaigh agus ar Abhainn na Gaillimhe agus teastaíonn cur chuige cuimsitheach maidir le bainistiú tuilte chuige sin.

Is féidir leis an bPlean Forbartha ról tábhachtach a imirt i mbainistíocht tuilte trí chriosú beartas agus úsáid talún agus go dtí seo bhí codanna móra de thuilemhánna nádúrtha an chósta agus Abhainn na Gaillimhe cosanta ar fhorbairt a d'fhéadfadh cur isteach orthu. Tacaíonn beartais eile maidir le rialú draenála agus uisce dromchla le bainistíocht tuilte freisin. In ullmhú an Phlean, de réir *An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2009)*, rinneadh Measúnú Straitéiseach ar Riosca i gcás Tuilte (SFRA) chun measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí do bheartas pleanála maidir le riosca tuilte. Glactar sa SFRA cur chuige réamhchúramach den chuid is mó maidir le criosú talamhúsáide chun forbairt a sheachaint i gceantair atá i mbaol tuilte. Déantar limistéir atá faoi réir forbartha agus a aithnítear mar limistéir atá i mbaol tuilte a mheas trí thástáil fírinnithe, lena n-oiriúnacht a chinneadh agus breithnítear riachtanais maidir le measúnú riosca tuilte atá sainiúil don suíomh agus maolú mionsonraithe de réir an láithreáin.



Is í Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) an phríomhghníomhaireacht maidir le bainistiú riosca i gcás tuilte. In 2011 chríochnaigh an OPW Réamh-Mheasúnú Riosca náisiúnta i gcás Tuilte (PFRA), arna dhéanamh faoi Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Tuilte, inar sainaithníodh limistéir ina bhféadfadh bheith i mbaol suntasach tuilte. Ina dhiaidh sin, thug Oifig na nOibreacha Poiblí faoin staidéar ar Mheasúnú agus Bainistíocht Riosca Tuilte Abhantrach (CFRAMs) inar bunaíodh straitéis agus bearta fadtéarmacha do bhainistiú riosca tuilte sa chathair agus i ndobharcheantar na Coiribe i gcoitinne. Thángthas ar an gconclúid go mbeadh scéim faoisimh tuilte ina rogha inmharthana agus éifeachtach chun an chathair a chosaint ar bhaol tuilte abhann agus taoide, chun soláthar a dhéanamh do sheasmhacht sa todhchaí, agus chun cur ar chumas na cathrach forbairt ar bhealach inbhuanaithe.

Cuireadh tús le Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe Coirib go Cósta i mí na Samhna 2020. Is é cuspóir na scéime scéim faoisimh tuilte atá inmharthana, cost-éifeachtach agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de do Chathair na Gaillimhe a mheasúnú, a dhearadh agus a sheachadadh. Cinnteoidh Coirib go Cósta, cé go ndírítear go príomha ar aghaidh a thabhairt ar bhainistiú inbhuanaithe agus éifeachtach ar riosca tuilte, go dtabharfar aird ar íogaireacht chomhthéacs sainiúil na cathrach le dearadh aon bhirt, go háirithe bearta struchtúracha. I gcás go bhfuil gá le forbairt, caithfidh sé cur le carachtar, timpeallacht íogair, oidhreacht chultúrtha agus foirm thógtha na cathrach in aon dearadh. Ceanglófar go n-áireofar i ndearadh na mbeart faoisimh tuilte réitigh chruthaitheacha ailtireachta tírdhreacha, ar féidir leo, chomh maith le haghaidh a

thabhairt ar bhainistiú riosca tuilte, luach a thabhairt don chomhthéacs uirbeach agus don ríocht phoiblí agus a chomhtháthú le tionscadail eile um dhul chun cinn. Éascóidh an tionscadal comhairliúchán poiblí ag príomhchéimeanna an phróisis. Faoi réir cead pleanála, tá an tógáil cláraithe le tosú in 2025 le scála ama tógála réamh-mheasta 36 mí.

Tá creimeadh cósta ina bhaol freisin do cheantair áirithe den chathair. Nuair is gá, comhoibreoidh an Chomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha chun oibreacha cosanta cósta atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus an gheilleagair de a éascú chun aghaidh a thabhairt ar chreimeadh cósta agus tuilte sna ceantair is leochailí sa chathair. Cuirfear san áireamh in aon obair chosanta sa todhchaí laistigh den chladach na hidirghaolmhaireachtaí fadtéarmacha idir cosaintí agus próisis chósta sa cheantar níos leithne, an gá atá leis an gcomhshaol agus gnáthóga nádúrtha a chosaint agus áireofar leis deiseanna chun an comhshaol cósta nádúrtha a chothabháil agus a fheabhsú, nuair a mheastar gur cuí sin. Go sonrach sa chás go bhfuil bearta um chreimeadh cósta á gcur ar aghaidh don limistéar ón Sáilín go Trá na gCeann, scrúdófar iad seo chun an acmhainn bearta taitneamhachta a ionchorprú lena n-áirítear nasc an siúlbhealaigh ón gCarraig Dhubh go Trá na gCeann.

| **Beartas 9.1 Baol Tuilte** |
|---|
| 1. Tacú, i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí, le cur chun feidhme na Treorach AE um Riosca Tuile (2007/60/CE), na Rialachán um Riosca Tuilte (IR Uimh, 122 de 2010) agus Threoirlínte an RCPRÁ agus Oifig na nOibreacha Poiblí d'Údaráis Phleanála, an Córas Pleanála agus Bainistíocht Measúnaithe Riosca i gcás Tuilte (2009), nuashonraithe/ionadaíocht ar reachtaíocht nó ar threoirlínte na Roinne agus aird ar thorthaí agus ar ghníomhartha ábhartha aitheanta de Staidéar Bainistíochta Riosca Tuilte Abhantrach na Coiribe (CFRAM). |
| 2. Tacú le agus éascú a dhéanamh ar chur chun feidhme Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe de chuid Coirib go Cósta i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí chun tacú le cathair atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, chun cosaint a thabhairt in aghaidh tuilte agus íoslaghdú a dhéanamh ar thionchar imeachtaí aeráide amach anseo. Tacú go ginearálta leis na bearta maolaithe agus oiriúnaithe gaolmhara chun tuilte agus creimeadh cósta a chosc, faoi réir breithnithe cuí comhshaoil, amhairc, oidhreachta tógtha agus breithnithe ábhartha eile. |
| 3. A chinntiú go gcuirtear moltaí an Mheasúnaithe Straitéisigh ar Riosca Tuile (SFRA) do Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar fhorbairtí i limistéir shainaitheanta ina bhfuil riosca tuilte agus go gceanglófar Measúnú Riosca Tuile atá sainiúil don suíomh (FRA) agus dearadh gaolmhar agus bearta tógála nuair is cuí. |
| 4. Bainistíocht inbhuanaithe agus úsáidí dobharlach agus sruthchúrsaí a chosaint ó fhorbairt mhíchuí agus é sin a chur chun cinn, lena n-áirítear aibhneacha, sruthanna, stráicí bruachánacha neamhfhorbartha gaolmhara, bogaigh agus tuilemhánna nádúrtha. |
| 5. A chinntiú go gcuirfear riosca tuilte san áireamh in ullmhú aon phleananna ceantair áitiúil, creatphleananna agus máistirphleananna sa chathair amach anseo. |
| 6. A chinntiú go bhfuil aon bheart molta deartha chun tuilte/creimeadh cósta a mhaolú faoi réir Measúnachta Cuí i gcomhréir le hAirteagal 6 de Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga, nuair is cuí. |
| 7. Leanúint ar aghaidh ag cosaint an cheantair cois cósta agus an urthrá agus forbairt mhíchuí a sheachaint i gceantair atá i mbaol creimthe cósta agus/nó a bheadh mar chúis le creimeadh cósta i gceantair in aice láimhe nó a dhéanfadh an creimeadh sin níos measa. |

| |
|---|
| 8. Criosanna bruachánacha neamhfhorbartha agus tuilemhánna nádúrtha feadh Abhainn na Gaillimhe agus a craobh-aibhneacha a chosaint agus a chothabháil, nuair is féidir. |

## 9.3 Caighdeán an Uisce

Tá soláthar uisce óil glan atá ar ardchaighdeán agus dea-cháilíocht uisce snámha tábhachtach d'fhorbairt eacnamaíoch amach anseo, d'fhás fisiceach agus do shláinte phoiblí na cathrach. Tá raon éagsúil de shócmhainní uisce nádúrtha sa chathair, lena n-áirítear an fharraige, aibhneacha, lochanna, canálacha agus screamhuisce. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí na dobharlaigh seo a chosaint ar thruailliú agus go gcoimeádtar caighdeán an uisce ar leibhéal maith.

Le Creat-Treoir Uisce an Aontais Eorpaigh (WFD), bunaíodh cur chuige comhtháite bunaithe ar dhobharcheantar do chosaint, d'fheabhsú agus d'úsáid inbhuanaithe uiscí intíre, lena n-áirítear screamhuisce, agus é mar aidhm aige caighdeán na timpeallachta uisce a fheabhsú. Tá sé mar aidhm ag an WFD meath ar stádas na n-uiscí go léir a chosc agus dea-stádas ar a laghad a chinntiú. Tá sé mar aidhm aige freisin comhlíonadh na gceanglas a bhaint amach do limistéir chosanta ainmnithe a meastar go dteastaíonn cosaint speisialta uathu mar gheall ar a dtábhacht ar leith. Áirítear leis na limistéir seo uiscí snámha, foinsí uisce óil, limistéir ina bhfástar nó ina mbaintear sliogéisc, láithreacha le gnáthóga agus speicis íogaire, nó limistéir a bhfuil tionchar ar leith ag eotrófú orthu mar gheall ar ionchur iomarcach fosfair agus/nó nítrigine ó fhuíolluisce uirbeach.

Cuirtear an WFD i bhfeidhm tríd an bPlean Náisiúnta Bainistíochta Abhantraí (RBMP). Tá an dréacht-RBMP don tréimhse 2022-2028 faoi chomhairliúchán poiblí go dtí Márta 2022 agus táthar ag súil le formheas deiridh in 2022. Leagtar amach ann na bearta atá riachtanach chun caighdeán uisce in Éirinn a chosaint agus a athchóiriú. Is é aidhm iomlán an phlean a chinntiú go ndéantar uiscí nádúrtha a bhainistiú go hinbhuanaithe agus go ndéantar acmhainní fionnuisce a chosaint chun an timpeallacht uisce a chothabháil agus a fheabhsú. Roinntear cur chun feidhme an phlean thar raon comhlachtaí lena n-áirítear na húdaráis áitiúla.

Bunaíodh Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) in 2016 mar sheirbhís chomhroinnte náisiúnta thar ceann na n-údarás áitiúil agus oibríonn an Chomhairle Cathrach i gcomhar le LAWPRO chun cur chun feidhme an WFD a chomhordú.

Is acmhainn nádúrtha thábhachtach é uisce snámha ar ardchaighdeán le haghaidh úsáid áineasa chomh maith le bheith ina ábhar suntasach tarraingteach do thurasóirí. Sa Treoir um Uisce Snámha 2006 agus sna Rialacháin um Cháilíocht Uisce Snámha 2008, leagtar síos caighdeáin dhiana chun caighdeán uisce snámha a bhainistiú. Déanann an Chomhairle monatóireacht agus measúnú ar cháilíocht an uisce snámha, cuireann sí eolas snámha ar fáil, déanann sí beart chun sláinte a chosaint agus chun an baol truaillithe sna limistéir snámha seo a laghdú. Tá feabhsuithe móra ar chaighdeán an uisce snámha i gCuan na Gaillimhe mar thoradh ar Ionad Cóireála Fuíolluisce Inis Caorach (WWTP). Deimhnítear é seo trí stádas Brat Gorm an Aontais Eorpaigh a bhaint amach agus Duais Náisiúnta an Chósta Ghlais do thránna Thrá na gCeann agus Bhóthar na Trá. Tá ról mór ag gach trá mar limistéir áineasa agus taitneamhachta cósta don chathair, lena n-áirítear na tránna ag Trá na gCeann, Bóthar na Trá, Grattan agus ag Baile an Locháin. Oibreoidh an Chomhairle, i gcomhpháirtíocht le hUisce Éireann agus páirtithe leasmhara eile, chun caighdeán an uisce snámha a chothabháil agus a fheabhsú do thránna uile na cathrach.

| Beartas 9.2 Caighdeán an Uisce |
|---|
| 1. Tacaíocht a thabhairt do ghníomhartha an Plean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021 agus Plean Bainistíochta Abhantraí na todhchaí d'fhonn athchóiriú chuig dea-stádas a chur chun cinn agus a bhaint amach, truailliú ceimiceach a laghdú agus meath ar chaighdeán uisce dromchla, cósta agus screamhuisce a chosc, nuair is cuí. |
| 2. Leanúint ar aghaidh le dea-cháilíocht uisce snámha a chothabháil ag tránna na cathrach trí ghníomhaíochtaí monatóireachta agus bainistíochta de réir na Rialachán um Cháilíocht Uisce Snámha 2008. |
| 3. A chinntiú go gcloíonn an fhorbairt le caighdeáin agus treoirlínte comhshaoil atá i réim agus go bhfuil sí de réir reachtaíochta agus straitéise atá ag teacht chun cinn maidir leis an gcomhshaol muirí. |
| 4. Stádas na dTránna Brat Gorma a chothabháil agus a leathnú maidir le cáilíocht uisce, bonneagar agus soláthar taitneamhachta do thránna na cathrach. |
| 5. Acmhainn screamhuisce na cathrach a chosaint de réir na Treorach Screamhuisce 2006/118/CE agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Chuspóirí Comhshaoil (Screamhuisce), 2010 (IR Uimh. 9 de 2010) nó aon reachtaíocht nuashonraithe agus teorainn a chur le haon fhorbairt a d'fhéadfadh tionchar a bheith aici ar chuspóirí maidir le cosaint, feabhsú agus/nó athchóiriú. |
| 6. Íoslaghdú agus rialú a dhéanamh ar sceitheadh chuig dobharlaigh dromchla intíre, go háirithe Abhainn Thír Oileáin/ an Ghainimh, screamhuisce agus uiscí cósta chun truailliú uisce a chosc agus an comhshaol a chosaint. |

## 9.4 Seirbhísí Uisce

Tá Uisce Éireann freagrach as bonneagar seirbhísí uisce agus áiseanna cóireála don chathair ó 2014 i leith. Faoi láthair ar an leibhéal áitiúil, trí Chomhaontuithe Seirbhíse, coimeádann an Chomhairle Cathrach a ról maidir le soláthar seirbhísí uisce a éascú, i gcomhar le hUisce Éireann. Coinníonn an Chomhairle freagracht as seirbhísí uisce dromchla agus tá sí fós ina húdarás cosanta uisce trína feidhmeanna a bhaineann le cáilíocht uisce agus monatóireacht agus eisiúint ceadúnas doirte chuig an ngréasán uisce dromchla. Tá Uisce Éireann freagrach as ceadúnais doirte trádála a eisiúint chuig séaraigh bhréan/chomhcheangailte.

Tá sé mar chuspóir ag Uisce Éireann cumas bonneagair straitéisigh uisce óil agus fuíolluisce a sholáthar ar bhealach a thacaíonn le treo beartais an NPF agus an RSES. Leanfaidh Uisce Éireann ag forbairt agus ag feabhsú seirbhísí uisce agus fuíolluisce chun tacú leis an bhforbairt phleanáilte sa chathair mar atá leagtha amach sa Chroí-Straitéis, faoi réir infhaighteacht na hinfheistíochta caipitil riachtanacha agus de réir cuspóirí agus rialacháin comhshaoil. Tá gá le soláthar uisce ar ardchaighdeán agus flúirseach agus infrastruchtúr fuíolluisce imleor, ní amháin chun freastal ar uaillmhianta fáis na Gaillimhe mar Chathair Réigiúnach an NPF, ach freisin chun caighdeáin chomhshaoil agus sláinte poiblí a bhaint amach.

Oibreoidh an Chomhairle le hUisce Éireann chun ceanglais agus tosaíochtaí infheistíochta seirbhísí uisce sa chathair a shainaithint agus tacóidh sí le seachadadh chuspóirí na Comhairle *Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce (WSSP)* ina leagtar amach treo straitéiseach Uisce Éireann suas go dtí 2040.

Tá Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce (NWRP) á ullmhú faoi láthair ag Uisce Éireann a fhéachfaidh le soláthar uisce poiblí inbhuanaithe, slán agus iontaofa a bhaint amach thar na 25 bliana amach romhainn. Mar chuid den phlean, forbrófar plean réigiúnach acmhainní uisce le béim ar bhearta caomhnaithe uisce, laghdú sceite, éifeachtúlacht líonra agus soláthairtí uisce inbhuanaithe.

Maidir le seirbhísí fuíolluisce, leagtar amach i gclár acmhainne cóireála fuíolluisce Uisce Éireann do Chathair na Gaillimhe an toilleadh atá ar fáil ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Inis Caorach (WWTP).  Tá ualach dearadh reatha aige de 170,000 PE (coibhéis daonra). B'ionann an t-ualach reatha a tuairiscíodh sa Tuarascáil Bhliantúil Timpeallachta don GCC do Ghaillimh agus timpeall 103,000 PE do 2020. Chuige seo meastar go mbeidh an cumas ag an WWTP freastal ar an bhfás réamh-mheasta thar thréimhse an phlean 2023-2029. Chun soláthar a dhéanamh don fhás spriocdhírithe i gceantar uirbeach na Gaillimhe sa mheántéarma agus san fhadtéarma, cuirfear tús le hullmhú Straitéis Draenála Mhórcheantar na Gaillimhe in 2022 a bhreithneoidh gréasáin fuíolluisce agus roghanna cóireála amach anseo. Tabharfar aghaidh arís ar mholtaí a rinneadh roimhe seo maidir le soláthar WWTP Príomhdhraenála Oirthear na Gaillimhe mar chuid den straitéis.

Tá Plean Limistéir Draenála (DAP) don chathair á ullmhú faoi láthair agus tá sé le bheith críochnaithe in 2023. Déanfaidh an plean seo measúnú go mionsonraithe ar an ngréasán fuíolluisce chun saincheisteanna agus riachtanais a shainaithint. Ag an am céanna leis an DAP, cuirfear Plean Forbartha Líonra chun cinn freisin mar staidéar ardleibhéil chun cuidiú le heolas a thabhairt do sheirbhísiú láithreáin chriosaithe neamhfhorbartha laistigh den chathair. Leanfaidh an Chomhairle ag obair le hUisce Éireann chun a chinntiú go n-ullmhófar na pleananna seo i gcomhthéacs an fháis atá pleanáilte sa chathair. Agus tagairt ar leith á déanamh do limistéar LAP na nArdán, tá obair ar siúl chun dearadh agus seachadadh seirbhísí fuíolluisce a chur chun cinn laistigh de Chéim 1 ó dheas. Áirítear sa tionscadal soláthar trasrian an débhealaigh agus umar stórála fuíolluisce nua ag Stáisiún Pumpála Pháirc Mhuirlinne Uimh.1. Breathnóidh an DAP agus an Plean Forbartha Líonra ar an gcaoi a ndéanfar seirbhísiú ar Chéim 2 de LAP na nArdán.

Déanfaidh Uisce Éireann i gcomhar leis an gComhairle Cathrach dul chun cinn leanúnach ar bhearta amhail gníomhaíochtaí athshlánúcháin séarachais, gníomhaíochtaí cothabhála caipitil, monatóireacht thar maoil uisce stoirme agus leanfaidh sé ag déanamh monatóireachta ar fheidhmíocht na ngréasán lena chinntiú go dtugtar tosaíocht do na hoibreacha is práinní de réir mar is gá.

Maidir le soláthar uisce na cathrach, tá méadú ar an éileamh ar uisce agus an méid úsáide uisce in aghaidh an duine in éineacht leis an bhfás ar dhaonra na cathrach. Is Soláthar Uisce Poiblí Chathair na Gaillimhe (PWS) i dTír Oileán a sholáthraíonn an chathair agus comhlánaíonn Soláthar Uisce Réigiúnach Thuama é. Cruthaíonn na soláthairtí uisce seo Crios Acmhainní Uisce na Coiribe.

Tá toilleadh 55 mega lítear in aghaidh an lae (MLD) ag ionad cóireála PWS Chathair na Gaillimhe i dTír Oileáin. Mar thoradh ar ghníomhaíochtaí laghdaithe sceite a rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Uisce Éireann le déanaí tháinig laghdú suntasach ar an éileamh, agus chuir an gléasra cóireála thart ar 36.3 MLD isteach sa ghréasán uisce i mí Feabhra 2021.  Cé go samhlaítear go mbeidh acmhainn imleor ann chun freastal ar an méadú réamh-mheasta ar dhaonra na cathrach thar thréimhse an Phlean Forbartha, le pleananna chun iontógáil nua a sholáthar ar Abhainn na Gaillimhe cuirfear feabhas ar sholáthar chun freastal ar fhás sa todhchaí agus in éineacht le príomhphíobán ardaithe go taiscumar Chnoc an Chlocháin, cuirfear feabhas freisin ar chinnteacht an tsoláthair. Táthar ag súil go ndéanfar dul chun cinn in 2022 ar thógáil na hiontógáil nua atá suite ar thailte na Comhairle Cathrach ó dheas de Dhroichead na gCúig gCéad.



Tá Céim measúnaithe roghanna iomlán an *NWRP* ag dul ar aghaidh faoi láthair i gcomhairle le Roinn Seirbhísí Uisce Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Aithneoidh sé seo na hidirghabhálacha eatramhacha agus fadtéarmacha roghnaithe a theastaíonn chun soláthar uisce inbhuanaithe a chinntiú don chathair. Leanfaidh an Chomhairle freisin ag spreagadh tionscnamh caomhnaithe uisce lena n-áirítear bailiú báistí agus athchúrsáil uisce liath i bhforbairtí i gcomhar le hUisce Éireann.

Leanfaidh Uisce Éireann agus an Chomhairle Cathrach ar aghaidh le laghdú sceite agus gníomhaíochtaí athshlánúcháin príomhlíonra a chur chun cinn, atá riachtanach go léir chun fás dlúth sa chathair a éascú agus leanfaidh siad ag déanamh monatóireachta ar fheidhmíocht na ngréasán chun a chinntiú go dtugtar tosaíocht do na hoibreacha is práinní de réir mar is gá. Tá oibreacha athshlánúcháin príomhlíonra curtha i gcrích mar chuid den Chlár Laghdaithe Sceitheadh le blianta beaga anuas ar dháileadh agus ar phríomhphíopaí ar fud na cathrach agus na bruachbhailte, lena n-áirítear sa Chaisleán Gearr, i Mervue agus i gCnoc Mhaoil Drise.

Maidir le limistéar LAP na nArdán, tá riachtanais bhonneagair uisce sainaitheanta ag Uisce Éireann i gcomhar leis an gComhairle Cathrach atá ag an gcéim mhiondearaidh faoi láthair. I gceist leo seo, tá feabhsú agus atreisiú an ghréasáin áitiúil. Maidir le draenáil uisce dromchla laistigh de na hArdáin, tá réamh-roghanna dearaidh do scaoileadh uisce dromchla á meas.

| **Beartas 9.3 Seirbhísí Uisce** |
|---|
| 1. Oibriú i ndlúth-theagmháil le hUisce Éireann chun áiseanna uisce agus fuíolluisce a oibriú sa chathair agus uasghrádú agus leathnú an líonra agus seachadadh tionscadal straitéiseach ar nós Oibreacha Iontrála Ionad Cóireála Uisce Thír Oileáin. |
| 2. Tacú le seachadadh chuspóirí Phlean Straitéiseach Sheirbhísí Uisce de chuid Uisce Éireann (2015) agus cur chun feidhme Phlean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann 2020-2024. |
| 3. Oibriú i gcomhar le hUisce Éireann chun soláthar uisce éifeachtach ardchaighdeáin a sholáthar agus a chothabháil a bheidh in ann freastal ar riachtanais reatha agus todhchaí na cathrach agus tacú le haon tionscadal leanúnach um athshlánúchán príomhlíonra uisce agus caomhnú uisce. |

| | |
|---|---|
| 4. | Gach úsáideoir suntasach uisce a spreagadh chun dea-chleachtais a úsáid maidir le caomhnú uisce agus leanúint de bhearta caomhantais uisce a chur chun cinn i ndearadh gach forbartha nua sa chathair, i.e. cosúil le bailiú uisce báistí agus athúsáid uisce liath, i gcomhar le hUisce Éireann. |
| 5. | Tacaíocht agus idirchaidreamh a dhéanamh le hUisce Éireann chun córas bailithe agus cóireála draenáil fuíolluisce inbhuanaithe agus éifeachtach a sholáthar a bheidh in ann freastal ar riachtanais reatha agus ar riachtanais todhchaí na n-úsáideoirí teaghlaigh, tráchtála agus tionsclaíochta sa chathair agus sa cheantar MASP. |
| 6. | Tacaíocht a thabhairt do chlár leanúnach Uisce Éireann um athshlánú príomhphíobáin uisce agus laghdú sceite uisce chun soláthar uisce na cathrach a chaomhnú. |
| 7. | Tacaíocht a thabhairt do dhíchoimisiúnú na gcóras cóireála eisiltigh indibhidiúla atá ann cheana féin lena n-áirítear umair mhúnlaigh ag láithreacha lena n-áirítear Baile an Locháin, áit a bhfuil rogha indéanta nascadh leis an ngréasán séarachais phoiblí. Comhoibreoidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe le hUisce Éireann ina leith seo |

## 9.5 Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbeach (SuDS)

Cuireann an timpeallacht uirbeach lena dromchlaí neamh-thréscaoilteacha gaolmhara, ar nós díonta, bóithre agus carrchlóis, cosc ar shíothlú nádúrtha báistí isteach sa talamh, rud a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le méideanna agus sruthanna iomarcacha de rith chun srutha d'uisce dromchla. Tá sé mar aidhm ag Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbeach (SuDS) rith chun srutha d'uisce dromchla a bhaineann le forbairt a íoslaghdú, ag baint úsáide as sraith de bhearta bainistíochta uisce atá deartha chun uisce dromchla a dhraenáil ar bhealach níos inbhuanaithe, atá cosúil le próisis draenála nádúrtha.

Laghdaíonn úsáid SuDS méid agus ráta an tsreafa uisce dromchla trí mheascán de bhearta lena n-áirítear insíothlú isteach sa talamh agus caolú uisce dromchla i limistéir stórála chun gluaiseacht uisce a mhoilliú. Cé go bhfuiltear ag brath go mór go dtí seo ar umair stórála faoi thalamh chun caolú a sholáthar, tá bogadh i dtreo SDC atá bunaithe ar an dúlra cosúil le locháin agus báisíní, bogaigh, stiallacha agus claiseanna scagtha plandáilte, dromchlaí tréscaoilteacha, aghaidheanna glasa agus díonta glasa. Deartar SuDS nádúrbhunaithe chun déileáil le báisteach i gceantair uirbeacha ar bhealach chomh cosúil agus is féidir leis an mbealach sa timpeallacht nádúrtha. Tá raon leathan buntáistí ag baint leis, lena n-áirítear laghdú ar thruailliú ó rith chun srutha uirbeach, laghdú tuilte agus lódáil laghdaithe ar chomhchóras séarachais. Is féidir leo a bheith ina ngnéithe tírdhreacha dearfacha laistigh den timpeallacht uirbeach, ag soláthar tairbhí taitneamhachta agus ag cur le bithéagsúlacht.

Tá LAWPRO i gcomhar leis an DHLGH ag forbairt straitéis chur chun feidhme chun Dearadh Uirbeach atá íogair ó thaobh Uisce a fhorbairt, a chuimsíonn SUDS dúlrabhunaithe agus nuair a bheidh sé críochnaithe beidh sé ina treoir úsáideach i gcomhthéacs uirbeach. Aithnítear sa Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí na buntáistí a bhaineann le húsáid a bhaint as bainistíocht uisce dromchla atá bunaithe ar an dúlra agus an gá atá le bogadh ar shiúl ó réitigh innealtóireachta. I ndáil leis sin, is gníomh de chuid an dréacht-RBMP treoir eatramhach a sholáthar d'údaráis áitiúla maidir le bearta atá le cur chun feidhme chun tacú le fócas níos mó ar réitigh atá bunaithe ar nádúr a sholáthar roimh straitéis náisiúnta cur chun feidhme. Tabharfaidh an Chomhairle aird ar an treoir seo nuair a fhoilseofar í agus idir an dá linn breithneoidh sí lámhleabhair threoracha idirnáisiúnta dea-chleachtais.

| **Beartas 9.4 Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbeach (SuDS)** |
|---|

| | |
|---|---|
| 1. | A chinntiú go n-úsáidfear Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbeach (SuDS) agus bainistíocht inbhuanaithe draenála uisce dromchla, nuair is indéanta, i ndearadh na forbartha chun go bhféadfar rith chun srutha uisce dromchla a bhainistiú chomh gar dá fhoinse agus is féidir agus chun tairbhí níos leithne a bhaint amach amhail forbairt inbhuanaithe, cáilíocht uisce, bithéagsúlacht, taitneamhacht áitiúil agus oiriúnú aeráide. |
| 2. | Úsáid bonneagair ghlais a chur chun cinn m.sh. díonta glasa, ballaí glasa, bioswales, plandú agus spásanna glasa chun críocha coinneála uisce dromchla mar chuid chomhtháite de SUDS agus chun na tairbhí coimhdeacha go léir a sheachadadh. |

## 9.6 Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí (Treoir Seveso III)

Tháinig Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí Seveso III i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2015, in ionad Threoir Seveso II. Déileálann an Treoir go sonrach le rialú guaiseacha mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha agus cuirtear teorainn lena n-iarmhairtí do shláinte an duine agus don chomhshaol agus cuirtear chun feidhme í le Rialacháin COMAH (Rialú Guaiseacha Mórthimpiste lena bhfuil baint ag Substaintí Contúirteacha) 2015. Tá pleanáil úsáid talún ar cheann de na bearta i dTreoir Seveso III chun cosaint a thabhairt in aghaidh éifeachtaí mórthionóisc sa chás nach dócha go dtarlóidh a leithéid. Ceangaítear leis an Treoir go mbeidh rialuithe i bhfeidhm ar fhorbairtí ag bunaíochtaí cáilitheacha agus ina ngarchomharsanacht.




Clúdaíonn na Rialacháin um Pleanáil & Forbairt 2001 (arna leasú), mar aon leis na Rialacháin um an Acht Ceimiceán (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí a Bhaineann le Substaintí Contúirteacha) 2015 an ghné seo den Treoir agus ceanglaítear ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) comhairle theicniúil a sholáthar do na húdaráis phleanála, ar bhonn cás ar chás nó go cineálach. Faoi láthair tá suíomh Seveso III amháin laistigh den chathair, Críochfort Topaz Energy na Gaillimhe atá suite sna Dugaí Nua, Páirc Fiontraíochta Bhord Chuan na Gaillimhe. Tá sé rangaithe mar bhunaíocht srathach uachtarach. Cuireann an HSA crios comhairliúcháin, de 400m, i bhfeidhm maidir le bunaíochtaí Seveso III agus cuirfear aon tograí ábhartha forbartha laistigh de na criosanna seo nó aon chrios leasaithe sa todhchaí faoi bhráid an HSA le haghaidh treorach. Cuirfear an treoir theicniúil seo san áireamh sa mheasúnú foriomlán ar lonnú bunaíochtaí nua Seveso III, modhnú na mbunaíochtaí atá ann cheana agus forbairt i gcomharsanacht na mbunaíochtaí sin, de bhreis ar chritéir chaighdeánacha phleanála. I bPlean Móréigeandála na cathrach, tugtar aghaidh ar éigeandálaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó shuíomh Seveso III faoi láthair.

| **Beartas 9.5 Comhshaol Sábháilte - An Treoir um Rialú ar Ghuaiseacha Mórthionóiscí (Treoir Seveso III)** | |
|---|---|
| 1. | Dul i gcomhairle leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (ar a dtugtar an tÚdarás Náisiúnta um Chaighdeáin Ceirde agus Sláinte freisin) nuair a bhíonn aon bheartais/cuspóirí á n-athrú agus measúnú á dhéanamh ar aon fhorbairt ábhartha molta i nó gar do láithreáin a shainaithnítear faoin Treoir um Rialú Mórghuaiseacha Timpiste (Seveso). III Treoir), chun mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha a chosc agus chun a n-iarmhairtí don chomhshaol agus don phobal a theorannú. |
| 2. | A chinntiú go gcloíonn forbairtí móra le riachtanais Phlean Móréigeandála Chathair na Gaillimhe. |

## 9.7 Caighdeán an Aeir

Tá aer glan ríthábhachtach chun tacú le sláinte an duine, an comhshaol agus éiceachórais. Sa chathair, bíonn tionchar mór ag astaíochtaí ó théamh tithe agus ó iompar ar chaighdeán an aeir. Is féidir le caighdeán an aeir dul in olcas go mór sa gheimhreadh nuair a mhéadaíonn éileamh méadaithe ar fhuinneamh mar aon le tréimhsí d'aimsir fhuar shochair na tiúchana truailleán san atmaisféar. Is eol go mbíonn tionchar ag nochtadh do leibhéil arda truaillithe aeir ar shláinte riospráide agus chardashoithíoch agus meastar go mbíonn ábhar cáithníneach ó dhó breoslaí soladacha ina chúis le 1,300 bás roimh am in Éirinn gach bliain.

Cé go luaitear go bhfuil caighdeán an aeir go maith go ginearálta in Éirinn i dTuarascáil an GCC ar Chaighdeán an Aeir in Éirinn 2019, tá saincheisteanna áitiúla ann maidir le dó breoslaí iontaise le haghaidh téimh agus iompair. Faoin gClár Monatóireachta Náisiúnta um Cháilíocht Aeir Chomhthimpeallaigh (AAMP) bailíonn an GCC sonraí don chathair ag stáisiún monatóireachta i Ráthún agus déanann sé measúnú uirthi i gcoinne teorainneacha dlíthiúla arna leagan síos ag Treoir AE um Aer Glan don Eoraip (CAFE) agus treoirluachanna an EDS. Sa chaighdeán aeir is déanaí a taifeadadh i Ráthún, tugtar le fios go raibh na leibhéil laistigh de luachanna teorantacha an AE.

Tacaíonn an Chomhairle le cur chun feidhme beart a fheabhsaíonn caighdeán an aeir agus a laghdaíonn nochtadh do thruailliú, amhail na Rialacháin um 'Cosc ar Ghual Toiteach' 2012 a chuireann cosc ar dhó breoslaí srianta sa chathair. Seachadfar laghduithe suntasacha ar fhoinsí truaillithe aeir trí bheartais oiriúnaithe aeráide agus maolaithe chun tacú le haistriú ó bhreoslaí iontaise go fuinneamh in-athnuaite, athrú módúil go hiompar inbhuanaithe agus dearadh foirgneamh atá tíosach ar fhuinneamh a chur chun cinn. Tacóidh feabhsú leanúnach líonra glas na cathrach agus glasú uirbeach méadaithe agus plandáil crann le caighdeán aeir níos fearr a bhainfidh truailleáin as an aer ar bhealach nádúrtha.

Tá Straitéis Náisiúnta um Aer Glan á forbairt faoi láthair a shainaithneoidh agus a chuirfidh chun cinn na bearta is gá chun truailliú aeir a laghdú agus chun aer níos glaine a chur chun cinn. Tacóidh an Straitéis um Aer Glan le forbairt cur chuige réigiúnach i leith fhorfheidhmiú cháilíocht an aeir agus tacóidh an Chomhairle Cathrach leis na tionscnaimh a eascraíonn as an Straitéis atá beartaithe.

## 9.8 Torann

Is é an cur síos ar thorann timpeallachta ná fuaim nach bhfuil ag teastáil ó gach réimse de ghníomhaíocht dhaonna ar nós iompar, tógáil nó tionscal. Athraíonn braistint agus lamháltas torainn ó dhuine go duine ach is féidir le nochtadh d'iomarca torainn drochthionchar a bheith aige ar shláinte, ar fholláine agus ar chaighdeán na beatha.

Tá an *Plean Gníomhaíochta Torainn Chathair na Gaillimhe 2019-2023* (NAP) arna ullmhú ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe de réir cheanglais Threoir 2002/49/CE an Aontais Eorpaigh (Torann Timpeallachta) 2018. Tá sé mar aidhm ag an *NAP* do Chathair na Gaillimhe na leibhéil nochta torainn thimpeallachta a bhaineann le bóithre móra a chosc agus a laghdú agus cáilíocht torainn comhshaoil a chosaint, go háirithe i limistéir íogaire, ó thionchair torann bóithre. Áirítear sa *NAP* sé léarscáil straitéiseach torainn chun an nochtadh do thorann timpeallachta ar roinnt bóithre sa chathair a chinneadh. Cuirfear iad seo san áireamh agus moltaí forbartha ábhartha á measúnú.

Nuair is féidir, ba cheart go mbeadh aird ag suíomh forbartha nua ar shuíomhanna atá íogair ó thaobh torainn agus go gcuirfí bearta dearadh fuaimiúla i bhfeidhm chun an tionchar torainn a íoslaghdú. D'fhéadfadh go n-áireofaí ar na bearta sin, ach gan a bheith teoranta dóibh, láithriú

agus treoshuíomh foirgneamh, ábhair thógála, slánachar agus deighilt idir foinsí agus gabhdóirí torainn, tírdhreachtú, bacainní torainn agus criosanna maolánacha.

Beidh sé mar aidhm ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, tríd an gcóras pleanála, drochthionchar an torainn a íoslaghdú trí fhorbairtí atá dian ar thorann a rialú agus a scaradh amach ó limistéir íogaire agus a dteastaíonn maolú cuí uathu. Sa chás go meastar gur dócha go gcruthóidh forbairt bheartaithe suaitheadh de bharr torainn, cuirfear coinníollacha ar fhorbairtí agus úsáidí nua chun tionchar torainn a mhaolú, chun teorainn a chur le huaireanta oibriúcháin agus chun an leibhéal torainn a ghintear a rialú.

Laistigh de thimpeallacht ghnóthach na cathrach, tá ceantair ann ar féidir leo faoiseamh a sholáthar ón leibhéal ard torainn uirbigh. Is féidir le ceantair chiúin, ar limistéir iad a bhfuil leibhéil ísle fuaime iontu, a bheith ina n-áiteanna tábhachtacha le haghaidh scíthe agus machnaimh chiúin i dtimpeallacht na cathrach agus is féidir leo tionchar dearfach a bheith acu ar chaighdeán na beatha agus folláine. Laistigh de spásanna glasa, ligtear do thaitneamh a bhaint as an dúlra mórthimpeall agus braistint suaimhneas a chur ar fáil. Maidir leis seo, breithneoidh an Chomhairle tionscnaimh chun soláthar a dhéanamh do cheantair chiúine sa chathair.

| **Beartas 9.6 Caighdeán an Aeir agus Torann** |
|---|
| 1. Caighdeán an aeir a chothabháil go caighdeán sásúil trí astaíochtaí atmaisféaracha a rialáil agus monatóireacht a dhéanamh orthu de réir threoracha beartais an Aontais Eorpaigh maidir le caighdeán an aeir agus na Treorach maidir le Caighdeán an Aeir Chomhthimpeallaigh agus Aer Níos Glaine don Eoraip (CAFÉ) (2008/50/CE) trí thionscnaimh chun laghdú truailliú aer a chur chun cinn agus trí thacú leo, agus trí úsáid modhanna inbhuanaithe iompair a mhéadú agus coillearnacha uirbeacha a fhorbairt, plandú crann a spreagadh, spás oscailte glas a chaomhnú agus a chruthú. |
| 2. A chinntiú go n-ionchorpraítear i ndearadh na forbartha bearta chun leibhéil torainn a íoslaghdú ina ndearadh agus laghdú a dhéanamh ar an astaíocht agus cur isteach d’aon torainn nó creathadh a d’fhéadfadh drochthionchar a imirt ar thaitneamhachtaí, go háirithe taitneamhachtaí cónaithe nuair is cuí. |
| 3. Mionsonraí Phlean Gníomhaíochta Torainn Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2019-2023 a bhreithniú agus iarratais forbartha ábhartha á measúnú agus á ndearadh ar mhaithe le taitneamhacht sa todhchaí a chosaint. |
| 4. Bearta maolaithe torainn comhshaoil a chur i bhfeidhm mar atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta Torainn Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2019-2023. |
| 5. Dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le bearta coiscthe agus maolaithe radóin a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí ábhartha. |

## 9.9 Truailliú Solais

Tá solas saorga tábhachtach chun timpeallacht shábháilte agus shlán a chruthú. Mar sin féin bíonn tionchair dhiúltacha ar fhiadhúlra, ar éiceachórais agus ar shláinte an duine ag leibhéil iomarcacha solais agus scéimeanna soilsithe saorga atá deartha go dona. Ina theannta sin, is úsáid neamhéifeachtúil fuinnimh agus foinse astuithe carbóin é leibhéil iomarcacha solais shaorga. Is gá cothromaíocht a bhaint amach idir an fonn soilsithe agus slándála le rialú ar thruailliú solais agus doirteadh solais agus dalladh a sheachaint.

Ba cheart breithniú cúramach a dhéanamh ar shuíomh agus dearadh feistis agus colúin soilsithe, lena n-áirítear soilsiú sráide, soilsiú slándála, soilsiú maisiúil agus tuilsoilsiú, chun a chinntiú nach mbaineann suiteálacha agus daingneáin den sórt sin ó chuma agus ó shainghné foirgnimh, struchtúir chosanta, sráid-dreach, radharc cosanta nó ón gceantar máguaird. Ba cheart soilse agus

daingneáin soilsithe a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus iad a dhearadh, a shuiteáil agus a bhainistiú chun a chinntiú go gcoimeádtar dalladh, doirteadh solais agus úsáid fuinnimh chomh híseal agus is féidir. Ba chóir go mbeadh aird ag tograí ar Threoir Réamhphleanála Soilsiú Poiblí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus *BSI 5489 1:2020. Dearadh shoilsiú bóthair - Cuid 1: Soilsiú bóithre agus limistéir thaitneamhachta poiblí.* Cé go bhfuil soilsiú dé-óid astaithe solais (LED) á thabhairt isteach, cé go bhfuil sé níos tíosaí ar fhuinneamh, is féidir go n-eascródh níos mó dallraithe, tionchar ar fhís an duine agus ar rithimí laethúla agus go gcuirfí isteach ar bhithéagsúlacht agus ar ghnáthóga nádúrtha. Moltar, nuair is féidir, soilse LED le dath níos teolaí a shuiteáil chun drochthionchar a laghdú. Agus measúnú á dhéanamh ar thograí forbartha, tabharfaidh an Chomhairle aird ar Nóta Treorach GN01/21 *The Reduction of Obtrusive Light – Institute of Light Professionals (2021) (An Laghdú ar Sholas Iomraill – Institiúid na nGairmithe Solais) (2021).*


| **Beartas 9.7 Truailliú Solais** |
|---|
| 1. A chinntiú go n-íoslaghdaíonn dearadh an tsolais sheachtraigh mhinicíocht truaillithe solais, dallrú agus doirteadh isteach sa timpeallacht máguaird agus go dtabharfar aird chuí ar thaitneamhachtaí amhairc agus cónaithe na gceantar máguaird. |
| 2. A éileamh go ndearfar gach forbairt nua agus go n-áireofar scéimeanna soilsithe tíosach ar fhuinneamh. |
| *3.* Ba cheart soilsiú ar bhonneagair líneacha, lena n-áirítear féarbhealaí agus gormbhealaí, a bhainistiú go cúramach chun comhleanúnachas na ngnáthóg tacaíochta ar láithreáin Eorpacha a áirithiú, mar a leagtar amach in Airteagal 10 den Treoir maidir le Gnáthóga. |
| 4. A chinntiú nach mbíonn drochthionchar ag dearadh soilsithe sheachtraigh ar an bhfiadhúlra agus ar éiceachórais agus úsáid criosanna dorcha agus soilsiú braite a spreagadh nuair is féidir. |

## 9.10 Bainistiú Dramhaíola

Tá bainistiú cuí dramhaíola ríthábhachtach don fhorbairt inbhuanaithe agus ríthábhachtach chun sláinte an phobail a chosaint agus chun timpeallacht ardchaighdeáin a chothabháil sa chathair. Tá an cur chuige maidir le bainistiú dramhaíola bunaithe ar ordlathas de chosc, íoslaghdú, athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil fuinnimh agus leis an leibhéal dramhaíola a théann chuig líonadh talún á choinneáil chomh híseal agus is féidir. Féachann sé le dramhaíl mar acmhainn a uasmhéadú. Ar leibhéal domhanda, tá eastóscadh acmhainní agus diúscairt dramhaíola, go dtí seo de bhun samhail tomhaltais líneach den chuid is mó, áit a dtógtar amhábhair, a tháirgtear earraí agus ansin a dhéantar a dhiúscairt ag deireadh a ré. Tá an leibhéal seo de ghiniúint dramhaíola agus úsáid amhábhar neamh-inbhuanaithe agus is cúis mhór é le hastaíochtaí gáis cheaptha teasa agus le caillteanas gnáthóige agus bithéagsúlachta. Is é aidhm an bheartais bainistíochta dramhaíola reatha, mar sin, ná geilleagar ciorclach a chur chun cinn ina gcoimeádtar táirgí agus ábhair in úsáid chomh fada agus is féidir. Déileáiltear leo mar acmhainn a fhéadtar a athúsáid agus a athchúrsáil ar ais sa lúb, ag cruthú úsáidí tairbhiúla do tháirgí a measadh roimhe seo mar dhramhaíl agus ag dearadh táirgí atá níos marthanaí agus a bhfuil níos mó acmhainne acu iad a dheisiú nó a athúsáid.

Tá beartas náisiúnta um bhainistiú dramhaíola leagtha amach sa *Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach (2020 – 2025)*. Tá sé dírithe ar an trasdul chuig geilleagar ciorclach a éascú trí shraith gníomhartha atá dírithe ar uasluach na n-acmhainní go léir a ghabháil thar shruthanna dramhaíola éagsúla. Tá sé comhsheasmhach le beartas an Aontais Eorpaigh a thacaíonn leis an aistriú go geilleagar ciorclach lena n-áirítear an Comhaontú Glas don

Eoraip agus tá sé ag teacht le cur chuige an ordlathais dramhaíola. Tá an Bille um Gheilleagar Ciorclach 2021 ag an dréachtchéim faoi láthair agus, nuair a achtófar é, leagfar amach creat reachtúil chun an t-aistriú a chumasú.




Foinse: Clár um Gheilleagar Ciorclach an EPA 2021-2027
Figiúr 9.1 An Geilleagar Ciorclach

Tá Cathair na Gaillimhe mar chuid de Réigiún Dramhaíola Chonnacht-Uladh atá freagrach as Plean Bainistíochta Dramhaíola réigiúnach a ullmhú. Is doiciméad reachtúil é seo a bhfuil reachtaíocht náisiúnta agus AE mar bhonn agus mar thaca aige. Tá *Plean Dramhaíola Réigiúnach Chonnacht Uladh 2015-2021* fós i bhfeidhm agus tá spriocanna aige chun cainníochtaí dramhaíola tí a ghintear a laghdú le 1% in aghaidh na bliana, athchúrsáil dramhaíola cathrach a mhéadú go 50% agus deireadh a chur le diúscairt dhíreach dramhaíola iarmharaí neamhphróiseáilte chuig líonadh talún, i bhfabhar próisis réamhchóireála ar luach níos airde agus cleachtais téarnaimh dhúchasacha.

Tá Plean Bainistíochta Dramhaíola nua do Gheilleagar Ciorclach á ullmhú faoi láthair agus tá sé le glacadh go luath in 2022. Tiocfaidh sé in ionad na bPleananna Réigiúnacha Bainistíochta Dramhaíola atá ann cheana féin. Cuimseoidh sé spriocanna maidir le hathúsáid, deisiú, úsáid acmhainní agus laghdú leibhéil éillithe ábhar in-athchúrsáilte.

Maidir le dramhaíl tógála agus scartála, tá deiseanna ann chun diúscairt chuig líonadh talún a íoslaghdú trí laghdú, athúsáid agus athchúrsáil. Ba cheart bainistíocht agus diúscairt dramhaíola a mheas go cúramach mar chuid den phróiseas tógála agus beidh pleananna bainistithe dramhaíola ag teastáil le haghaidh forbairtí meánscála agus mórscála.

### Bainistíocht Bruscair

Oibríonn an Chomhairle le gnóthaí agus pobail áitiúla chun an chathair a choinneáil saor ó bhruscar agus tá sí freagrach as roinnt tionscnamh um chosc bruscair a chomhordú agus a thacú

lena n-áirítear Glantachán Náisiúnta an Earraigh de chuid An Taisce, glantacháin trá agus 'Ditch the Disposals' atá dírithe ar laghdú a dhéanamh ar an úsáid de chupáin caife indiúscartha sa chathair. Tá sé seo á threorú ag Plean Bainistíochta Bruscair Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2018-2022 a bhfuil sé mar aidhm aige giniúint bruscair a chosc agus a rialú, reachtaíocht bruscair a fhorfheidhmiú agus tacú le hathrú iompraíochta trí fheasacht an phobail ar thionchar diúltach bruscair a ardú. Tá bainistiú réamhghníomhach de bhruscar ríthábhachtach chun glaineacht na cathrach agus timpeallacht shláintiúil a chothabháil.

Ceanglaítear ar gach teaghlach agus gnó sa chathair a gcuid dramhaíola a leithscaradh agus a chinntiú go ndéantar í a dhiúscairt trí bhailitheoir údaraithe dramhaíola de réir Fhodhlíthe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (Dramhaíl Tí agus Tráchtála a Scaradh, a Stóráil agus a Thíolacadh), 2019. Tacaíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe le diúscairt cheart dramhaíola tríd an tseirbhís bailithe d'earraí toirtiúla agus oibriú Ionad Athchúrsála an Leasa Bháin a ghlacann le dramhaíl nach féidir a dhiúscairt in araidí bruscair tí. Bainistíonn sé freisin saoráidí athchúrsála bainc beir leat ar fud na cathrach.

| **Beartas 9.8 Bainistíocht Dramhaíola** |
|---|
| 1. Soláthar saoráidí agus bonneagair bhainistíochta dramhaíola a áirithiú le soláthar cuí chun dramhaíl a íoslaghdú, a aisghabháil agus a athchúrsáil agus oibríochtaí dramhaíola a rialáil ar bhealach a léiríonn na prionsabail 'íoc mar a thruaillítear' agus 'gaireacht' le béim ar leith ar tháirgeoirí móra dramhaíola, i gcomhréir le cuspóirí Phlean Dramhaíola Réigiúnach Chonnacht Uladh 2015-2021, ach amháin i ndáil le loscadh agus reachtaíocht atá ag teacht chun cinn maidir leis an aistriú go geilleagar ciorclach agus an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach 2020-2025. |
| 2. Córas bainistithe dramhaíola a bheith sa chathair ar aon dul le beartais náisiúnta agus AE, a thugann tosaíocht do chosc, íoslaghdú, athchúrsáil agus athúsáid dramhaíola agus atá ar aon dul le torthaí an Bhille um Gheilleagar Ciorclach 2021 agus na straitéise gaolmhaire. |
| ~~3.~~ Tacú le cuspóirí agus spriocanna Phlean Dramhaíola Réigiúnach Chonnacht Uladh 2015-2021 a bhaineann le Cathair na Gaillimhe agus aon Phlean Dramhaíola a thiocfaidh ina dhiaidh sin. |
| 4. A chinntiú go soláthraítear dóthain áiseanna athchúrsála agus áiseanna beir leat laistigh den chathair, lena n-áirítear nuair a bhíonn siad sin riachtanach i gcomhar le leagan amach na bhforbairtí nua cónaithe, tionsclaíochta agus tráchtála agus nuair a chomhlíonann siad ceanglais Rannóg Comhshaoil na Comhairle. |
| 5. Suíomh inbhuanaithe áiseanna dramhaíola a chinntiú maidir le húsáidí talún mórthimpeall atá ann cheana agus a d'fhéadfadh a bheith ann, chomh maith le breithnithe iompair agus comhshaoil. |
| 6. Cur chun feidhme Phlean Bainistíochta Bruscair na Comhairle Cathrach agus tionscnaimh bhainistíochta bruscair eile a chur chun cinn chun méid an truaillithe bruscair sa chathair a íoslaghdú agus a rialú. |
| 7. A chinntiú go mbíonn bearta leasúcháin cuí san áireamh i bhforbairt ar thailte truaillithe. |

## 9.11 Teileachumarsáid

Is cumasóir ríthábhachtach é do ghníomhaíocht shóisialta agus eacnamaíoch sa chathair go mbíonn gréasán teileachumarsáide éifeachtach ardchaighdeáin ar fáil. Tá forbairt leanúnach an bhonneagair dhigitigh agus teileachumarsáide ríthábhachtach d'fhorbairt leanúnach an gheilleagair eolasbhunaithe, nuálaíocht dhigiteach, forbairt fiontair dhigiteacha agus chun slándáil na gcóras a áirithiú. Rinneadh bonneagar digiteach Chathair na Gaillimhe a chatagóiriú mar 'forbartha/an-

fhorbartha ag an Measúnú Ullmhachta Digiteach a rinneadh in 2018, ach beidh gá le hinfheistíocht leanúnach chun coinneáil suas leis an aistriú go sochaí dhigiteach agus Cathair Chliste. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do thacú le bonneagar cumarsáide den scoth a sheachadadh agus le cur chun feidhme na Straitéise Digití do Chathair na Gaillimhe (2020-2024), a luaithe a ghlacfar í.

Tá feidhmiú céimneach an Phlean Leathanbhanda Náisiúnta ina phríomhfhócas de chuid an NPF agus RSES ag aithint a thábhachtaí atá sé don fhiontar, don fhostaíocht, don nuálaíocht agus don oideachas. Is cuid thábhachtach de bhonneagar na cathrach é agus leanfaidh an Chomhairle ag éascú feabhsúcháin. Laistigh den chathair, tacaíonn Líonra Achair Cathrach na Gaillimhe (MANs) le naisc líonra ardluais agus is féidir leis bandaleithead ardchaighdeáin a sheachadadh chuig na ceantair a bhfreastalaíonn sé orthu. Tá criosanna poiblí Wi-Fi tar éis a bheith rollta amach i Lár na Cathrach freisin chun nascacht dhigiteach a fheabhsú do chách.

Tá naisc fhomhuirí molta ó Chathair na Gaillimhe go dtí an Íoslainn agus an Eoraip san áireamh le forbairt leanúnach beart leathanbhanda agus hipir-nascachta. Soláthróidh na córais chábla snáthoptaice fomhuirí seo nascacht teileachumarsáide idirnáisiúnta ardluais straitéiseach, a thabharfaidh an acmhainneacht don chathair agus don réigiún níos leithne a bheith ina príomhthairseach teileachumarsáide agus sonraí.

Ní mór, áfach, na buntáistí a bhaineann le líonra teileachumarsáide d'ardchaighdeán a chothromú leis an ngá atá le timpeallacht agus taitneamhacht na cathrach a chosaint, go háirithe i gceantair íogair ina gceanglófar measúnú imleor ar an tionchar ar thaitneamhacht chónaithe agus ar thaitneamhacht amhairc na gceantar. Tabharfaidh an Chomhairle aird ar na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Aeróga Teileachumarsáide agus Struchtúr Tacaíochta (DECLG, 1996) agus Imlitir PL07/12.

## 9.12 Cathair Chliste

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe, i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara ábhartha, tiomanta do thacú le forbairt na Gaillimhe mar Chathair Chliste a bhaineann an úsáid is fearr as teicneolaíocht dhigiteach chun seirbhísí éifeachtacha a sholáthar do shaoránaigh agus do ghnóthaí. Ceadóidh infheistíocht i mbonneagar cumarsáide den scoth lena n-áirítear leathanbhanda ardluais agus líonra braite ar a dtugtar Idirlíon na nEarraí (IoT) forbairt líonraí córais chliste a sholáthróidh faisnéis fíor-ama chun réitigh chathrach cliste a fhorbairt. Beidh caighdeáin láidre sonraí agus príobháideachais mar bhonn agus mar thaca ag gach tionscnamh um Chathair Chliste. Tá sé seo ar aon dul le huaillmhian an RSES chun an Iarthuaisceart a fhorbairt mar Réigiún Cliste agus tógann sé ar thionscnamh Shlí Cliste an Atlantaigh Fhiáin.

Tá tionscnaimh Chathair Chliste i bhfeidhm cheana féin sa chathair lena n-áirítear bainistíocht tráchta, ag soláthar faisnéise fíor-ama don phobal agus ag bainistiú sreafaí tráchta ag acomhail le comharthaíocht. Maidir le bainistíocht dramhaíola, tá boscaí bruscair gréine cliste le cumas níos airde agus timthriallta bailithe laghdaithe suite ar fud lár na cathrach. Tá iliomad tionscadal mionscála eile ann a bhailíonn sonraí maidir le líon na gcoisithe, caighdeán an aeir, torainn agus bainistíochta tráchta a thacaíonn le monatóireacht agus le cinnteoireacht. Tá Cathair na Gaillimhe mar chuid d'Fhóram Uile-Éireann um Chathracha Cliste lena n-áirítear Corcaigh, Baile Átha Cliath, Luimneach, Port Láirge, Béal Feirste agus Doire. Oibríonn an Fóram seo le chéile chun glacadh réitigh chliste do dhúshláin uirbeacha a chur chun cinn. Leanfaidh an Chomhairle ag obair i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear Insight Ionad na hAnailísíocht Sonraí in OÉ Gaillimh agus an Tionól Réigiúnach chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar réitigh chliste shlána don chathair.

| Beartas 9.9 Teileachumarsáid agus Teicneolaíocht Chliste |
|---|
| 1. Tacú le forbairt agus le leathnú an bhonneagair teileachumarsáide (lena n-áirítear an gréasán leathanbhanda) laistigh den chathair nuair is cuí, faoi réir breithniúcháin comhshaoil, amhairc agus taitneamhachta cónaithe. |
| 2. A chinntiú go n-éascaíonn forbróirí comhshuíomh aeróga le hoibreoirí eile chun iomadú crann gan ghá a sheachaint. Nuair nach féidir é seo a dhéanamh spreagfar oibreoirí chun comhshuíomh a dhéanamh ionas gur féidir crainn agus aeróga a chur i mbraisle. |
| 3. A chinntiú go dtugtar aird i bhforbairt do shuiteálacha teileachumarsáide agus fón póca ar na Treoirlínte Pleanála d'Aeróga agus Tacaíochta Teileachumarsáide (DECLG, Imlitir PL07/12) agus go sonrach maidir le crainn neamhspleácha agus aeróga nua, ní bhreithneofar láithreacha atá gar do cheantair chónaithe, scoileanna agus áiseanna pobail eile ach amháin nuair a bheidh gach rogha eile níos oiriúnaí, lena n-áirítear deiseanna chun lonnú ar fhoirgnimh arda, díonta agus comhshuíomh le crainn atá ann cheana féin, ídithe tar éis meastóireachta bunaithe ar fhianaise ar láithreáin fhéideartha. |
| 4. Éascú le rolladh amach an bhonneagair dhigitigh chun bonneagar digiteach den scoth agus líonra braiteoirí a chur i bhfeidhm a sholáthróidh sonraí fíor-ama agus réitigh chathracha cliste. |
| 5. Tacú le gníomhartha dréacht-Straitéis Dhigiteach Chathair na Gaillimhe (2020-2024). |

## 9.13 Fuinneamh agus Bonneagar Gaolmhar

Tá seachadadh soláthair agus bonneagair tarchuir fuinnimh atá slán, iontaofa agus éifeachtúil ríthábhachtach d'fhorbairt leanúnach eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na cathrach agus dá cumas infheistíocht a mhealladh agus an fhiontraíocht atá ann cheana a chothú. Tá sé ríthábhachtach freisin chun dícharbónú ár gcórais fuinnimh agus an t-aistriú go geilleagar ísealcharbóin a éascú. Maidir leis seo, tacóidh an Chomhairle le riachtanais na mórsholáthróirí seirbhísí fuinnimh ar nós EirGrid, BSL agus Bord Gáis Energy amach anseo. Tá beartas náisiúnta fuinnimh, atá leagtha amach sa Pháipéar Bán *Aistriú na hÉireann chuig Todhchaí Fuinnimh Ísealcharbóin 2015-2030* dírithe ar thrí chroíchuspóir - inbhuanaitheacht, cinnteacht an tsoláthair agus iomaíochas. Tá sé ailínithe go dlúth le cuspóirí athraithe aeráide a thacaíonn leis an aistriú ó bhreosla iontaise go fuinneamh malartach ísealcharbóin. Meastar go dtiocfaidh fás idir 19% agus 50% ar an éileamh ar fhuinneamh in Éirinn sna 10 mbliana atá romhainn. De bharr é seo agus an aistrithe chuig fuinneamh in-athnuaite agus díchoimisiúnú na ngléasraí giniúna cumhachta breosla iontaise, cruthófar dúshláin shuntasacha agus beidh gá le hinfheistíocht i bhfeabhsú agus solúbthacht na ngréasán dáilte tarchurtha fuinnimh chun an t-aistriú go foinsí fuinnimh in-athnuaite a éascú.



Tá EirGrid freagrach as cumhacht trasna na heangaí tarchurtha leictreachais, ag cinntiú go bhfuil soláthar sábháilte, slán agus iontaofa leictreachais do chách. Tá a *Straitéis 2020-2025 An Córas Cumhachta a Athchóiriú do na Glúine atá le Teacht* dírithe ar athrú aeráide agus ar bhunathrú na hearnála leictreachais. Tá sé ag pleanáil faoi láthair don aistriú go fuinneamh ísealcharbóin agus in-athnuaite ionas go mbeifear in ann 70% de leictreachas na hÉireann a sholáthar ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030. Foilseoidh Eirgrid *Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú* go déanach in 2021 ina leagfar amach an cur chuige roghnaithe chun an sprioc seo a bhaint amach agus ag an am céanna inacmhainneacht a choinneáil agus iontaofacht córais agus cinnteacht soláthair a sheachadadh. Tacóidh an Chomhairle le hathnuachan bonneagair agus le forbairt gréasáin fuinnimh i gcomhréir le '*Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú*' ag aithint an ghá atá le bonneagar, cumas agus slándáil leictreach a mhéadú. Déanfar breithniú cothrom ar an bhforbairt de bhonneagar tarchuir fuinnimh riachtanach a fhreastalóidh ar riachtanais fuinnimh na cathrach agus chun éifeachtaí diúltacha míchuí ar an gcomhshaol agus ar an bpobal a sheachaint.

## Fuinnimh In-Athnuaite

Tá Éire tiomanta do 70% (nó 12 GW sa bhreis) dá riachtanais leictreachais a ghiniúint ó fhuinneamh in-athnuaite faoi 2030. Chun freastal ar an éileamh méadaithe ar leictreachas in-athnuaite tá an Rialtas, tríd an Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite (RESS) tiomanta do chumas a mhéadú thar roinnt earnálacha faoi 2030 lena n-áirítear fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus fuinneamh in-athnuaite, gaoth ar an gcladach agus fuinneamh gréine.

Aithnítear sa RSES an acmhainneacht ollmhór d'fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta mar acmhainn shuntasach le hiniúchadh agus an gá atá le soláthar imleor bonneagair agus seirbhísí talamhbhunaithe. Go háirithe, tá Calafort na Gaillimhe in áit iontach chun tacú leis an earnáil fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta. Chuirfeadh sé seo leis an ról atá acu faoi láthair maidir le tacú le hallmhairí tionscadail speisialta lena n-áirítear bonneagar d'fheirmeacha gaoithe sa réigiún.

Tá tacaíocht i bhfeidhm freisin trí athruithe ar an margadh leictreachais chun micrighiniúint a chumasú, nuair a tháirgeann custaiméirí leictreachais tí ar scála beag a gcuid leictreachais féin trí phainéil fhótavoltach, tuirbíní gaoithe nó comhscéimeanna teasa agus cumhachta comhcheangailte agus a easpórtálann aon bharrachas chuig an eangach leictreachais.

Tacaíonn an Chomhairle leis an méadú ar úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh sa chathair. Tá an acmhainneacht ann d'fhorbairtí fuinnimh in-athnuaite ar scála beag laistigh de cheantair uirbeacha agus thionsclaíocha na cathrach ina ndéantar taitneamhachtaí amhairc agus cónaithe a chosaint agus nach mbíonn aon drochthionchar acu ar an gcomhshaol. Cuirtear díolúintí ó chead pleanála ar fáil do shuiteáil bhonneagar fuinnimh in-athnuaite micreascála i dtithe cónaithe, áitribh ghnó agus suíomhanna tionsclaíochta lena n-áirítear painéil ghréine, caidéil teasa, tuirbíní gaoithe agus córais teasa agus cumhachta comhcheangailte. Déanfar machnamh freisin ar an acmhainneacht chun scéimeanna fuinnimh hidrileictreacha a fhorbairt, a d'fhéadfadh a bheith lonnaithe ar Chanáil Eglinton.

Choimisiúnaigh an Chomhairle Máistirphlean Fuinnimh le déanaí do Chathair na Gaillimhe ina gcuimseofar fardal astaíochtaí bonnlíne gás ceaptha teasa (BEI) agus lena soláthrófar clár deiseanna do thionscadail dícharbónú lena n-áirítear iarfheistiú fuinnimh foirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe, treochlár le haghaidh leictriú an córais teasa agus iompair agus sainaithint tionscadal inmharthana fuinnimh in-athnuaite agus stórála fuinnimh chun díriú ar dheiseanna chun

an laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a theastaíonn go náisiúnta faoi 2030 a bhaint amach.

| **Beartas 9.10 Fuinneamh agus Bonneagar Gaolmhar** |
|---|
| 1. Tacú le hathnuachan bonneagair agus le forbairt straitéiseach an chórais eangaí tarchurtha náisiúnta agus na líonraí fuinnimh sa chathair, faoin talamh nuair is féidir, lena n-áirítear na línte ardvoltais lastuas atá riachtanach chun na gréasáin riachtanacha a sholáthar de réir Ráiteas Beartais an Rialtais ar Thábhacht Straitéiseach de Tharchur agus Bonneagar Fuinnimh Eile 2012 . |
| 2. Tacú le córas inbhuanaithe leictreachais a sheachadadh agus trasdul chuig geilleagar ísealcharbóin a chinntiú i gcomhréir leis na huaillmhianta maidir le dícharbónú na hearnála fuinnimh. |
| 3. A chinntiú go seachnaítear tionchair dhiúltacha ar láithreáin Eorpacha le hathnuachan bonneagair agus le forbairt gréasáin fuinnimh agus go gcloítear le ceanglais Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga (92/43CEE). |

# Caibidil 10

## Dlúthfhás agus Athghiniúint

## Clár na nÁbhar


10.1 Comhthéacs ........ 247

10.2 Lár na Cathrach ........ 248

10.3 Láithreáin Athghiniúna agus Deise ........ 250

10.4 Athghiniúint Lár na Cathrach ........ 250

10.5 Ceathrú Cheannt Láithreán Athghiniúna ........ 251

10.6 Láithreán Athghiniúna an Chuain Laistigh ........ 253

10.7 Láithreáin Athghiniúna Bhóthar Áth Cinn ........ 257

10.8 Láithreán Athghiniúna Bhóthar an Ghainimh ........ 260

10.9 Ceantar Máistirphlean Oileán Altanach ........ 262

10.10 Láithreán Athghiniúna Bhóthar Shéamais Uí Chuirc ........ 263

10.11 Láithreán Athghiniúna Chearnóg na Corónach ........ 263

10.12 Láithreán Athghiniúna Corrib Great Southern ........ 264

10.13 Láithreán Deise Dawn Dairies ........ 264

10.14 Láithreán Deise Royal Tara China ........ 264

10.15 Láithreán Deise Arch Motors ........ 265

10.16 Láithreán Deise Bóthar Sheantalaimh ........ 265

10.17 Láithreán Deise Bóthar Dhabhach Uisce ........ 266

10.18 Láithreán Athghiniúna na Faiche Móire Thoir ........ 266

10.19 Láithreán Deise Connaught Laundry ........ 267

10.20 Láithreán Athghiniúna an Gheata Thoir ........ 267

10.21 Láithreán Deise Lár Ceantair Chnoc na Cathrach (Thuaidh). ........ 267

10.22 Láithreán Deise Lár Ceantair Chnoc na Cathrach (Theas). ........ 268

10.23 Bóthar na Trá ........ 269

10.24 An Taobh Thiar ........ 272

10.25 LAP na nArdán ........ 272

10.26 LAP Mhuirbhigh ........ 274

10.27 Cuspóirí Sonracha ........ 275


SUSTAINABLE DEVELOPMENT GOALS

12 RESPONSIBLE CONSUMPTION AND PRODUCTION

11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES

13 CLIMATE ACTION

## 10.1 Comhthéacs

Le blianta beaga anuas tá fás gasta agus rath eacnamaíoch tagtha ar Chathair na Gaillimhe, rud a fhágann go bhfuil sí in áit mhaith leis an bhfás spriocdhírithe breise chun bheith ina cathair ar scála. Ag teacht leis an bhfís sa Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF) ní mór an fás seo a bhainistiú ionas go mbeidh an fhorbairt níos comhchruinnithe, níos dlúithe agus níos comhordaithe, ag cumasú athghiniúna agus athnuachana ar féidir leo tacú le hinbhuanaitheacht, cuspóirí um ghníomhú ar son na haeráide agus fachtóirí slite beatha.


Aithnítear sa NPF gur féidir leis an gcathair fás trí thógáil ar a príomhláidreachtaí lena n-áirítear daonra ilghnéitheach, earnáil láidir oideachais tríú leibhéal, cnuasach teicneolaíochta míochaine den scoth, radharc bríomhar ealaíon agus cultúir, agus suíomh tarraingteach. Aithnítear sa RSES freisin an Ceantar Cathrach agus Ceantar Uirbeach mar phríomhspreagthóir chun forbairt an réigiúin a neartú agus léiríonn sé an uaillmhian den chathair a fhás mar chathair agus mar limistéar uirbeach atá iomaíoch ar fud an domhain agus a d'fhéadfadh cur le hathchothromú an fháis go náisiúnta chun níos mó paireachta réigiúnaí agus roghanna inmharthana eile seachas Baile Átha Cliath a bhaint amach.

I gcreataí náisiúnta agus réigiúnacha araon, ceanglaítear go dtacóidh fás sa todhchaí le prionsabail d'inbhuanaitheacht agus de chomhfhorbairt áite agus go mbainfear amach dlúth uirbeach. Go háirithe, tá gá le béim a chur ar athghiniúint de láithreáin athfhorbraíochta agus tearcúsáidte a bhfreastalaíonn bonneagar iompair phoiblí, taitneamhachta, sóisialta agus pobail atá ann cheana agus pleanáilte orthu go maith. Leis an bhféidearthacht d'fhorbairt dá leithéid de láithreáin do raon úsáidí lena n-áirítear tithe nua agus deiseanna fostaíochta, cinntítear úsáid níos éifeachtaí de thalamh uirbeach, barrfheabhsaítear infheistíocht phoiblí agus féadann sé gníomhú mar chatalaíoch d'fhorbairt níos leithne. Ní mór díriú ar na limistéir seo ar bhealach dinimiciúil freagrúil chun déileáil le saincheisteanna atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn trí bheartais agus trí straitéisí a fhaigheann tacaíocht sa Phlean. Beidh an féidearthacht ag an athghiniúint a bheidh mar thoradh air seo a bheith bunathraithe don chathair, ag cruthú ceantair uirbeacha nua, áiteanna bríomhara tarraingteacha, maireachtáil inbhuanaithe sa chathair agus lorg carbóin laghdaithe.

Tá lár na cathrach i gcroílár na cathrach agus is é an príomh-mhol tráchtála agus fostaíochta a fhreastalaíonn ar an gcathair agus ar an réigiún níos leithne. Tacaíonn sé le comhshaol ardchaighdeáin agus croí stairiúil agus tá sé ina óstach d'oidhreacht láidir ealaíon agus chultúrtha. Mar gheall ar thábhacht lár na cathrach, tá gá le beartais chun a ról a neartú agus chun a chinntiú go gcoimeádtar na sócmhainní a fhágann go bhfuil sé tarraingteach. Tá ceantair eile sa chathair a dteastaíonn fócas beartais faoi leith uathu de bharr a gcarachtar agus a bhfeidhme, ina measc Bóthar na Trá, an Taobh Thiar agus na hArdáin agus na ceantair atá faoi réir Pleananna Ceantair Áitiúil.



## 10.2 Lár na Cathrach



Figiúr 10.1 Lár na Cathrach

Tá tábhacht ar leith ag baint le limistéar Lár na Cathrach, mar go léiríonn sé go mór íomhá uathúil agus bríomhar na Gaillimhe, le croílár stairiúil tarraingteach, suíomh cois farraige, timpeallacht ardchaighdeáin agus gréasán maith sráideanna agus spásanna. Is é croílár tráchtála agus cultúrtha na cathrach é agus is é an fócas is tábhachtaí do rannpháirtíocht phobail agus chathartha. Tacaíonn sé freisin le raon áiseanna poiblí agus cultúir, maireachtáil chathrach, fostaíocht, oideachas agus fáilteachas a fhreastalaíonn ar dhobharcheantar a shíneann i bhfad níos faide ná an Chathair agus an Ceantar Cathrach.

Is í an uaillmhian náisiúnta agus réigiúnach ná go mbeadh Gaillimh ina cathair láidir réigiúnach le fócas ar fhás dírithe ar an gcroílár uirbeach. Tugann sé seo deis chun ról lár na cathrach a neartú tuilleadh agus tógáil ar na sócmhainní a fhágann gur áit tharraingteach infheistíochta í lár na cathrach, mar áit chun cónaí agus obair inti agus mar cheann scríbe. Tacaíonn an cur chuige seo freisin le treo na hinfheistíochta poiblí pleanáilte i mbearta iompair inbhuanaithe atá leagtha amach sa GTS chun nascacht agus inrochtaineacht agus caighdeán an chomhshaoil i lár na cathrach a fheabhsú. Tacóidh gealltanais infheistíochta le tionscadail bhunathraithe de Straitéis na Ríochta Poiblí (PRS), agus áiseanna cultúrtha, pobail agus turasóireachta lena n-áirítear síneadh le Músaem Cathrach na Gaillimhe agus Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe Coirib go Cósta.

Is é an treo atá leagtha amach sa RSES agus sa MASP ná do dhíriú beartais láidir chun lár na cathrach a fheabhsú mar phríomhlimistéar tráchtála, ag tacú le ról réigiúnach do raon gníomhaíochtaí miondíola, tráchtála, turasóireachta, sóisialta agus cultúrtha. Ag aithint go bhfuil dúshláin shuntasacha roimh lár na cathrach agus treochtaí miondíola athraitheacha, léiríonn an beartas pleanála an gá atá le héagsúlacht úsáidí agus le bogadh i dtreo geilleagar níos leithne lae agus oíche, a chuireann le taithí lár na cathrach agus a spreagann gnó agus nuálaíocht, cruthaitheacht agus foghlaim. Aithnítear go bhfuil tionscnaimh ar nós brandáil na Ceathrún Laidine a fhorbairt agus Gradam na Brataí Corcra a bhaint amach le haghaidh sármhaitheasa i mbainistiú an gheilleagair tráthnóna agus oíche tábhachtach i lár na cathrach, rud a léiríonn íomhá na cathrach mar cheann scríbe tarraingteach agus sábháilte. Feabhsófar na bearta seo tuilleadh trí ghlasú uirbeach, trí fhuinnimh ghlan a chur i bhfeidhm agus trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht chliste a chuirfidh le lár na cathrach “cliste, glas agus glan”.

Tá an cur chuige beartais do lár na cathrach comhtháite i roinnt caibidlí mar aitheantas ar an tábhacht a bhaineann leis mar phríomh-mhol tráchtála, miondíola agus fostaíochta, agus de bhua a raon saintréithe lena n-áirítear an timpeallacht thógtha ardchaighdeáin, sócmhainní oidhreachta nádúrtha, an ríocht phoiblí agus gréasán sráideanna agus coisithe. Tagann cur i bhfeidhm na hinbhuanaitheachta tríd an gcur chuige seo sa chás go seachnaíonn leathnú na gcomharsanachtaí i Lár na Cathrach an gá atá le taisteal agus cuireann sé le lár na cathrach beo. Spreagfar comharsanachtaí nua trí athnuachan agus trí stoc foirgneamh atá folamh/ tearcúsáidte a athúsáid.

Cuirfidh leathnú lár na cathrach go príomhshuímh athghiniúna ag Ceathrú Cheannt, an Cuan Laistigh agus Bóthar na Díge/Áth Cinn le beogacht agus inmharthanacht lár na cathrach. Léiríonn na suíomhanna seo deiseanna claochlaitheacha d’fhorbairtí scála le pobail nua chónaithe agus

úsáidí measctha ag comhlánú taithí lár na cathrach. Tá an fhéidearthacht acu a bheith forbartha ar bhealach inbhuanaithe agus ag an am céanna ag coinneáil carachtair stairiúil agus sainiúlacht lár na cathrach. Tá an fhéidearthacht ag deiseanna athghiniúna ar Oileán Altanach, atá mar chuid de mhaoin OÉ Gaillimh, forbairt úsáidí a bhaint amach a fheabhsóidh tarraingt lár na cathrach, go háirithe don nuálaíocht, don oideachas agus don turasóireacht.

Comhlánóidh forbairt príomhshuíomhanna athghiniúna mar an ceann ag Ceathrú Cheannt agus san fhadtéarma ag Bóthar Áth Cinn an tairiscint tráchtála i lár na cathrach, go háirithe ag freastal ar na hurláir mhiondíola níos mó nach féidir freastal orthu go héasca sa chroílár stairiúil. Tacóidh sé freisin le treochtaí reatha i dtreo láithreacha lár na cathrach do spás oibre oifige ardteicneolaíochta agus comhlánóidh sé tionscadail reatha i Lár Chathair na Gaillimhe cosúil le forbairt Ché Bonham agus Campas Teicneolaíochta Domhanda Metlife ar Shráid Augustine. Cuirfidh forbairt Ché Bonham atá á tógáil faoi láthair go mór leis an méid spáis oifige i lár na cathrach agus leis an bhfórsa saothair suntasach amach anseo tacófar le hinmharthanacht úsáidí eile i lár na cathrach. Léiríonn príomhfhorbairtí eile i lár na cathrach lena n-áirítear roinnt moil nuálaíochta tarraingteacht lár na cathrach le haghaidh úsáidí dá leithéid.  Ní hamháin go méadóidh athbheochan i lár na cathrach inmharthanacht eacnamaíoch na cathrach, beidh sé mar chúis freisin le háiteanna nua bríomhara inchónaithe ina spreagfar éagsúlacht agus cuimsitheacht.

| **Beartas 10.1 Lár na Cathrach** |
|---|
| 1. Athléimneacht lár na cathrach a chothabháil agus a fheabhsú trína ról ceannasach maidir le tráchtáil, siopadóireacht, turasóireacht, gníomhaíochtaí cultúrtha agus fóillíochta a neartú, ag cur lena bheogacht agus lena tharraingteacht mar áit oibre, chónaithe agus chun cuairt a thabhairt uirthi. |
| 2. Rialú a dhéanamh ar iomadú úsáidí a d'fhéadfadh meathlú a chur ar mhiondíol ar na príomhshráideanna siopadóireachta. |
| 3. Rialú a dhéanamh ar an tionchar diúltach a bhíonn ag ceannas, mar gheall ar iomadú nó scála, ar úsáidí áirithe. |
| 4. Lár cathrach beo a spreagadh trí ábhar cónaithe a éileamh i bhforbairtí nua agus timpeallacht uirbeach ardchaighdeáin a chur chun cinn i ndearadh agus i leagan amach scéimeanna nua. |
| 5. Úsáid na n-urlár uachtaracha atá folamh i lár na cathrach a spreagadh agus maireachtáil i lár na cathrach a chur chun cinn trí bhearta ar nós Tionscnamh na Cathrach Beo. |
| 6. Cáilíocht chomhshaoil lár na cathrach a chothabháil agus a fheabhsú chun tacú le maireachtáil i lár na cathrach agus chun timpeallacht shábháilte tharraingteach inléite a chinntiú. |
| 7. Cáilíocht na ríochta poiblí i lár na cathrach a chothabháil agus a fheabhsú agus inrochtaineacht agus nascacht chuig agus laistigh de lár na cathrach a fheabhsú trí fheabhsuithe ar an ngréasán sráideanna, cosáin agus spásanna poiblí agus trí chur chun feidhme Straitéis na Ríochta Poiblí. |
| 8. Tacú le héagsúlacht úsáidí i ríocht phoiblí lár na cathrach lena n-áirítear margaí, suíocháin agus bia amuigh faoin aer, imeachtaí ealaíon agus cultúir chun cur le beocht agus beogacht na cathrach. |
| 9. A chinntiú go n-ionchorpraítear i bhforbairtí nua gnéithe dearaidh a chomhlánaíonn carachtar lár na cathrach. |
| 10. Feabhas a chur ar an ríocht phoiblí agus ar thaitneamhachtaí cónaithe na bpobal atá i lár na cathrach ag Barr an Chalaidh agus ag Bóthar Shandair trí scéimeanna feabhsúcháin a chur chun feidhme. |
| 11. Feabhas a chur ar chaighdeán na timpeallachta uirbí sa Cheantar Thiar agus Ardán na bhFiach trí fheabhsuithe ar an ríocht poiblí, naisc fheabhsaithe agus trí chur chun feidhme Straitéise na Ríochta Poiblí agus bearta bainistíochta tráchta. |

| | |
|---|---|
| 12. | Dul chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtionscadal feabhsúcháin spáis chathartha Straitéise na Ríochta Poiblí laistigh de lár na cathrach ag Margadh an Éisc, an Ardeaglais, an Fhaiche Mhór Thuaidh, Cearnóg Theach na Cúirte agus an Chraein Bheag. |
| 13. | Tacú le tionscnaimh chun íomhá agus tarraingteacht lár na cathrach a fheabhsú i gcomhar le gnóthaí áitiúla, pobail agus páirtithe leasmhara eile. |
| 14. | A chinntiú go ndéantar forbairt ar laithreáin shuntasacha i lár na cathrach ar ardchaighdeán agus i gcomhthéacs máistirphlean iomláin. |
| 15. | Tacaíocht agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt tionscnamh nuálaíoch fiontraíochta laistigh de lár na cathrach i gcomhar le soláthraithe oideachais, Fiontraíocht Éireann agus páirtithe leasmhara eile. |
| 16. | Méadú a dhéanamh i gcomhar leis na páirtithe leasmhara cuí ar sholáthar áiteanna Wifi poiblí saor in aisce laistigh de lár na cathrach. |
| 17. | Caighdeán na ríochta poiblí i lár na cathrach a chothabháil agus a fheabhsú agus inrochtaineacht agus nascacht chuig agus laistigh de lár na cathrach a fheabhsú trí bhearta atá san áireamh i Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur chun feidhme. |

## 10.3 Láithreáin Athghiniúna agus Deise

Príomheilimint inbhuanaitheachta de bheartas náisiúnta agus réigiúnach is ea fás a sheachadadh i bhfoirm dhlúth le béim ar athfhorbairt a dhéanamh ar láithreáin athghiniúna / athfhorbraíochta agus ar fhorbairt de láithreáin inlíonta agus talamh tearcúsáidte. Tá béim ar leith ann, áit a bhfuil na láithreáin seo comhtháite leis an lorg tógtha atá ann cheana féin, go bhfuil siad cóngarach do cheantair chomharsanachta agus fostaíochta, seirbhísí agus áiseanna pobail atá ann cheana féin agus nuair a bhfreastalaítear go maith orthu ag líonraí iompair phoiblí agus siúil agus rothaíochta atá ann cheana agus atá pleanáilte. Aithníodh roinnt Láithreán Athghiniúna agus Deise sa Chroí-Straitéis mar acmhainneacht le freastal ar fhás, laistigh de thréimhse an phlean agus san fhadtéarma. Is féidir leis na láithreáin seo tacú le foirm dhlúth agus tá an fhéidearthacht acu d'athfhorbairt bhunathraithe. Is féidir leo tacú le meascán úsáidí lena n-áirítear acmhainn do thithíocht inacmhainne i dtimpeallachtaí maireachtála ar ardchaighdeán, áit ar féidir leo beogacht a chur le lár na cathrach, comharsanachtaí atá ann cheana féin agus lárionaid tráchtála. Fiosróidh an Chomhairle na roghanna go léir chun athfhorbairt ar Láithreáin Athghiniúna agus Deise straitéiseacha sa chathair a chur chun cinn, lena n-áirítear trí URDF agus deiseanna maoinithe eile, trí chomhpháirtíochtaí oiriúnacha, trí fháil díreach talún, trí bhonneagar cumasúcháin a sholáthar agus trí phleananna agus trí straitéisí na comhairle cathrach a chur chun feidhme.


## 10.4 Athghiniúint Lár na Cathrach

Tá oidhreacht láidir fágtha ó thréimhse shaibhir mheánaoiseach a thugann sainmhíniú ar lár na cathrach. Mar sin féin chuir an gréasán daingean sráideanna seo srian ar threo an fháis le blianta beaga anuas agus chuir sé srian ar chumas lár na cathrach freagairt don éileamh ar mhéadú ar spás urláir tráchtála. Tá scóip ag na láithreacha ag Ceathrú Cheannt agus ag an gCuan Laistigh araon le haghaidh síneadh suntasach a dhéanamh ar lár na cathrach agus rannpháirtíocht eile a dhéanamh le cois chladaigh. Mar an gcéanna, sa cheantar ar feadh Bhóthar Áth Cinn in aice le lár na cathrach, cuirtear deiseanna ar fáil d'athghiniúint trí athfhorbairt a dhéanamh ar dhromchla tearcúsáidte. páirceáil charranna agus formáidí páirce miondíola ar dhlús íseal le comhlánú a dhéanamh ar a shuíomh lárnach, inrochtaineacht mhaith agus cóngaracht do shócmhainní ar nós Abhainn na Gaillimhe agus Páirc Fhoraoise Thír Oileáin. Meastar sa NPF gur príomhchumasóir é athnuachan na láithreán sainiúil seo a d'fhéadfadh éascú a dhéanamh ar Ghaillimh fás go cathair scála.

Tá an fhéidearthacht ag na láithreáin seo a gcarachtar féin agus braistint áite a chruthú ach le tagairt agus nasc cuí, ó thaobh gluaiseachta agus dearaidh, le comhthéacs cathrach níos mó. Sna ceantair seo spreagfar féiniúlacht láidir trí ailtireacht nuálaíoch, mhaith agus chomhaimseartha, gréasán maith sráideanna agus ríocht phoiblí ar ardchaighdeáin. Is sampla í an fhorbairt reatha ar Ché Bonham d'athfhorbairt nua-aimseartha i lár na cathrach atá ag cruthú ríochta poiblí nua, struchtúr spásúlachta uirbeach láidir agus rannpháirtíocht le héadan an uisce agus ag baint amach ardleibhéal inbhuanaitheachta. Soláthraíonn Láithreáin Athghiniúna agus Deise Eile ag an bhFaiche Mhór Thoir, i gceantar Oileán Altanach agus ar Shráid Anraí deiseanna breise le haghaidh athghiniúna lena n-áirítear athúsáid agus oiriúnú an stoic foirgneamh atá ann cheana féin ar féidir leo tacú le húsáidí cónaithe, oideachais agus eile.

## 10.5 Ceathrú Cheannt Láithreán Athghiniúna

Tá acmhainn ag na tailte athfhorbraíochta laistigh de Stáisiún Cheannt, d'achar de thart ar 5.8 heicteár, d'athfhorbairt ar scála bunathraithe don chathair. Is deis í seo chun feidhm iompair phoiblí an stáisiúin a nuachóiriú agus a leathnú, miondíol agus tráchtáil lár na cathrach a leathnú, forbairt nua chónaithe agus líonra sráideanna agus spásanna poiblí a chur in ionad na n-úsáidí tionsclaíochta as feidhm. Príomhthosaíocht is ea ról Stáisiún Cheannt mar acomhal iompair phoiblí ilmhódaigh a fheabhsú. Tá maoiniú suntasach bronnta faoin URDF chun áiseanna iompair a uasghrádú agus a fheabhsú agus chun acmhainn a sholáthar le haghaidh fáis sa todhchaí mar a díríodh faoin NPF.



**Figiúr 10.2 Ceathrú Cheannt Láithreán Athghiniúna**

Meastar go bhfuil cuid shuntasach den láithreán ina farasbarr don fheidhm iompair phoiblí agus léiríonn sí deis d'fhorbairt úsáidí atá oiriúnach do lár na cathrach. Sula ndéanfar tograí sonracha le haghaidh athfhorbartha, ullmhófar máistirphlean don láithreán iomlán agus beidh gá leis na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:

- Leagan amach físe don cheantar agus comhlíonadh an phlean forbartha agus pleananna agus straitéisí na comhairle cathrach a thaispeáint lena n-áirítear Straitéis Iompair na Gaillimhe, Straitéis na Ríochta Poiblí, staidéar ar Dhlús Uirbeach agus Airde Foirgnimh, Plean Oidhreachta, Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta agus aon phleananna agus straitéisí den sórt sin sa todhchaí, cosúil le Straitéis an Spáis Ghlais agus an Straitéis Mhiondíola agus an LECP nua atá ag teacht chun cinn.
- I gcomhthéacs ainmniú na Gaillimhe mar Chathair Réigiúnach faoin NPF, anailís a ullmhú ar riachtanais dhóchúla agus inmhianaithe amach anseo le haghaidh áiseanna iompair ilmhódacha lena n-áirítear seirbhísí bus agus iarnróid idirchathracha agus comaitéireachta. Ba chóir go léireodh sé seo conas nach gcuirfidh tiomnú talún ar an láithreán le haghaidh forbartha tráchtála bac ar éileamh sa todhchaí ar dhianú iarnróid/bus nó ar aon chineál eile iompair phoiblí dóchúil. Beidh gá le hathfhorbairt chun freastal ar acomhal iompair atá uasghrádaithe go suntasach agus chun é a lódáil chun tosaigh le híosmhéid de shaoráidí páirceála gluaisteán agus rothar.
- Anailís chomhthéacsúil a chur san áireamh ina dtaispeántar an nasc leis an oidhreacht thógtha atá ann cheana féin agus croílár stairiúil lár na cathrach chun a chinntiú gur féidir le forbairtí molta bheith fite fuaite le fabraic an chroíláir mheánaoisigh agus go léireoidh siad an grán uirbeach atá ann cheana féin. Léireoidh sé an comhthéacs cultúrtha agus léireoidh sé conas is féidir an suíomh uathúil cois farraige a cheiliúradh.

- Anailís charachtair a chur san áireamh ina sonraítear oidhreacht shaibhir stairiúil agus ailtireachta an láithreáin agus deiseanna le haghaidh athúsáide agus athbhunú caidreamh idir na struchtúir seo a scrúdófar sa dearadh agus sa leagan amach.
- Moltaí mionsonraithe a sholáthar le haghaidh foirgneamh lena n-áirítear airde, scála agus mais agus a léiriú conas a thaispeántar meas do radhairc thábhachtacha, caol-léargais agus do shainchomharthaí agus conas a chuireann foirgnimh den sórt sin le gnéithe de dhearadh uirbeach amhail inrochtaineacht, imfhálú, carachtar, tréscaoilteacht agus inoiriúnaitheacht.
- Uaschóimheas ceapaí a áireamh do chriosanna CC de 2:1. Breathnófar ar chóimheas ceapaí níos airde do thograí forbartha a sháraíonn an gnáthchóimheas ceapaí a cheadaítear sa chás go gcuirfeadh a leithéid de thograí le hinbhuanaitheacht, cáilíocht ailtireachta, dearadh uirbeach, ríocht phoiblí, seachadadh tithíochta agus go gcuirfeadh siad go mór le carachtar uirbeach. Léirmhíneofar an farasbarr seo mar mhéadú comhréireach amháin agus déanfar é a mheas ar thorthaí bunaithe ar fheidhmíocht agus ar chaighdeáin ghinearálta.
- Moltaí mionsonraithe a sholáthar maidir le dea-ríocht phoiblí ina mbaintear braistint áite láidir amach, tréscaoilteacht mhaith agus a léiríonn feidhm shainithe agus tionchar láidir tírdhreacha.  Ba cheart go léireodh an eilimint seo conas is féidir nasc a bhaint amach idir spásanna atá ann cheana féin agus cén áit ar féidir leanúnachas a dhéanamh le cásanna dóchúla ar na láithreáin thadhlacha.
- A léiriú conas a bhainfear nascacht amach ina n-aithneofar patrúin gluaiseachta agus naisc isteach sa ghréasán sráide reatha agus deiseanna do nascacht agus leanúnachas i ndearadh agus i leagan amach na láithreán in aice láimhe. Beidh sé seo thar a bheith tábhachtach maidir le ceantar an Chuain Laistigh in aice láimhe áit ina bhfuil athghiniúint pleanáilte freisin agus áit ar féidir an buntáiste is mó a eascraíonn ón suíomh cois farraige a sheachadadh.
- Bearta a áireamh chun tacú le hinbhuanaitheacht comhshaoil agus gníomhú ar son na haeráide lena n-áirítear dearadh foirgneamh inbhuanaithe, bonneagar glas agus SDCanna agus an oibríocht agus an bhainistíocht fhadtéarmach ghaolmhar orthu sin.



- Bearta a áireamh chun naisc leis an ngréasán glas a chinntiú agus chun gnóthachan bithéagsúlachta laistigh den láithreán a chinntiú.
- Bearta a áireamh chun uas-rochtain agus tréscaoilteacht phoiblí a léiriú ar fud an tsuímh, chun nasc agus radharcanna a thabhairt ar chois farraige agus ar Loch an tSáile.
- Cineál, candam agus dáileadh na n-úsáidí a shonrú. Soláthróidh an meascán úsáide d'íosmhéid ábhar cónaithe ar an láithreán atá comhionann le 30% den oll-achar urláir atá beartaithe, chun leibhéal suntasach láithreachta cónaithe agus mais chriticiúil a bhaint amach chun pobal nua a chruthú. I gcásanna teoranta áirithe, i gcás ina mbeadh moladh ar chuid den láithreán iomlán, nuair nach léireodh ábhar cónaithe an úsáid is fearr don láithreán sonrach seo laistigh de limistéar an phlean ina iomláine, nó nuair a d'fhéadfadh nach mbeadh meascán úsáide níos tairbhí ag moladh forbartha ar leith ó thaobh dearadh uirbeach de, féadfar soláthar a dhéanamh don riachtanas coibhéiseach de 30% ag láthair

níos oiriúnaí laistigh den láithreán iomlán nó mar chuid d'fhorbairt eile. Beidh gá le haon bhearta eile chun an t-íosmhéid ábhar cónaithe a bhaint amach a bheith mar chuid den chreat-straitéis d'fhorbairt iomlán an cheantair. Áireofar sa mheascán úsáide tráchtála urláir oifige mhiondíola agus nua-aimseartha araon.

- Soláthar saoráide ealaíon/chultúrtha a chur san áireamh ar chostas an fhorbróra agus le réimeas bainistíochta ionchorpraithe i seachadadh na forbartha a cheadaíonn d'úsáid inbhuanaithe fhadtéarmach a leithéid d'áis.
- Aird a thabhair aird ar an gcóngaracht do láithreán Seveso III i bPáirc Fiontraíochta an Chuain.
- Atraitéis seachadta agus clár céimnithe a chur san áireamh ina dtaispeántar seachadadh tairbhí poiblí a fhreagraíonn do gach céim den tógáil ar nós cearnóg phoiblí/saoráid chultúrtha. Ba cheart an clár céimnithe a dhearadh freisin ionas go mbeidh sé íogair d'athruithe sa mhargadh agus gur féidir forbairt do gach céim a thabhairt chun críche, chomh fada agus is féidir, go leibhéal atá féinchuimsitheach agus nach mbeidh tionchar diúltach amhairc ar aon limistéar poiblí nochta ar feadh tréimhse fada dá bharr.
- Straitéisí eacnamaíocha agus infheistíochta a chur san áireamh ina n-áireofar le soiléiriú a dhéanamh ar ról gach gníomhaireachta i soláthar seirbhísí agus bonneagair.


Beidh an príomh-pháirtí leasmhar freagrach go príomha as Máistirphlean a ullmhú ach beidh gá le leibhéal suntasach rannpháirtíochta leis an Údarás Pleanála, leis an bpobal, le húinéirí talún tadhlacha agus le páirtithe leasmhara eile a léiriú mar chuid den phróiseas. Tógfaidh an Máistirphlean ar an gcomhoibriú aitheanta atá ann cheana féin idir úinéirí talún Stáisiún Cheannt agus Calafort na Gaillimhe lena n-áirítear comhchuspóir go mbeadh cur chuige comhordaithe agus comhtháite fite fuaite i dtograí amach anseo.

Mar chuid den chlár céimnithe déanfar machnamh ar chéim tosaigh a aithint ina gcuimseofar tailte lastuaidh den iarnród agus aghaidh ar Bhóthar Faiche an Aonaigh. Tá an bhuntáiste d'éadan sráide agus inrochtaineacht dhíreach ag na tailte seo, chomh maith le cumas chun an sráid-dreach seo a chríochnú agus a bheochan tuilleadh. Tá na tailte seo deighilte ó na tailte a bhaineann le feidhm Stáisiún Cheannt ach beag beann, beidh orthu a thaispeáint an chaoi nach gcuirfidh athfhorbairt bac ar éileamh sa todhchaí ar dhianú iarnróid/bus nó aon chineál eile iompair phoiblí dóchúil agus freisin conas a rannchuideoidh an fhorbairt le huasghrádú na seirbhísí iompair atá ann cheana. Roimh aon mholadh, beidh na tailte seo faoi réir Staidéir Riachtanas Iompair, a bheidh le déanamh ag Iarnród Éireann. Breathnóidh an staidéar seo atá á mhaoiniú faoin URDF ar an bhféidearthacht iompar a chomhtháthú laistigh d'fhorbairt ilúsáide, leis an gcuspóir an t-acomhal iompair a fheabhsú.

## 10.6 Láithreán Athghiniúna an Chuain Laistigh

Tá thart ar 7 heicteár i Láithreán Athghiniúna an  Chuain Laistigh. Tá an fhéidearthacht aige d'athfhorbairt shuntasach a dhéanamh a thugann deis do naisc a athbhunú idir lár na cathrach agus an fharraige, chun suíomh cois farraige ardchaighdeáin a chruthú, comharsanacht nua úsáide measctha i lár na cathrach agus úsáidí fóillíochta a bhaineann le huisce san áireamh. Tá an ceantar seo faoi aistriú cheana féin agus cuireann an fhorbairt reatha ar Ché Bonham le bunathrú na coda seo de lár na cathrach agus ag léiriú scála agus dlús a d'fhéadfaí a bhaint amach sa Chuan Laistigh i gcoitinne.  Athraítear rialú na talún freisin nuair a aistríodh scairsheilbh an chuain chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe in 2020, atá ina páirtí leasmhar suntasach anois.

Aithnítear go n-éilíonn na srianta a bhaineann leis na duganna atá ann cheana féin go gcaithfear feidhmeanna an chuain a athlonnú go suíomh eile chun nuachóiriú a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar easnaimh. Tá moltaí ag Cuideachta Chuan na Gaillimhe aghaidh a thabhairt air seo trí fhoráil a dhéanamh d'fhorbairt mhór calafoirt nua lastoir den Chuan Laistigh atá ann cheana féin agus tá iarratas ar Fhorbairt Infrastruchtúir Straitéiseach don fhorbairt bheartaithe seo á mheas ag an mBord Pleanála. Tá an poitéinseal ag forbairt na n-áiseanna calafoirt nua spás a chur ar fáil le haghaidh athfhorbartha ar an suíomh calafoirt feidhmiúil atá ann faoi láthair. Léiríonn na tailte seo, chomh maith le tailte athfhorbraíochta tadhlacha eile mar atá sainmhínithe i bhFigiúr 10.3, an sainmhíniú ar Cheantar an Chuain Laistigh agus na tailte a bhainfeadh leas as  Máistirphlean a ullmhú.



**Figiúr 10.3 Láithreán Athghiniúna an Chuain Laistigh**

Aithnítear go bhfuil comhoibriú le páirtithe leasmhara agus rannpháirtíocht shuntasach phoiblí déanta ag Cuideachta Chuan na Gaillimhe maidir leis an bhfís don Chuan Laistigh. Mar thoradh air seo ullmhaíodh Dréacht-Chreat Pleanála Cuain a chuideoidh le Cuideachta Chuan na Gaillimhe roghanna athfhorbairt an cheantair seo a chur chun cinn.  I bprionsabal, tá na moltaí do mheascán úsáidí ar na tailte seo comhlánaithe ag suíomh uathúil cois farraige atá nasctha le lár na cathrach inghlactha agus cuirtear fáilte roimhe. Deis atá ann chun taithí an cheantair seo a fheabhsú do chuairteoirí agus do mhuintir na háite araon. Tá an poitéinseal aige stair trádála na cathrach san am atá caite a nochtadh agus imeall cósta ardchaighdeáin atá nasctha le lár na cathrach a cheiliúradh. Go háirithe, tá an cumas aige freastal ar thithíocht i gcomhthéacs riachtanas áitiúil, clár oibre dlúthfhás náisiúnta agus straitéis tithíochta i *dTithíocht do Chách*.

Ina fhianaise seo, breithneoidh an Chomhairle athfhorbairt na dtailte seo nuair is féidir a léiriú gur féidir roinnt riachtanas a shásamh. Sula ndéanfar tograí sonracha le haghaidh forbartha, ullmhófar Máistirphlean don láithreán iomlán agus beidh gá leis na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:

- Leagan amach físe don cheantar agus comhlíonadh an phlean forbartha agus pleananna agus straitéisí na comhairle cathrach a thaispeáint lena n-áirítear Straitéis Iompair na Gaillimhe, Straitéis na Ríochta Poiblí, staidéar ar Dhlús Uirbeach agus Airde Foirgnimh, Plean Oidhreachta, Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta agus aon phleananna agus straitéisí den sórt sin sa todhchaí, cosúil le Straitéis an Spáis Ghlais agus an Straitéis Mhiondíola agus an LECP nua atá ag teacht chun cinn.
- Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ríthábhachtacha lena n-áirítear inbhuanaitheacht, comhthéacs dearaidh uirbigh, uasairde foirgnimh, mórdhlúthú, meascáin úsáide oiriúnacha agus ríocht phoiblí ardchaighdeáin.



- A chinntiú go n-uasmhéadaítear deiseanna do shaoráidí áineasa uisce-bhunaithe agus go gcinntítear rochtain phoiblí ar fud an cheantair agus feadh an chladaigh.
- Dearadh uirbeach ardchaighdeáin a chinntiú, agus a léiriú conas is féidir le hathfhorbairt nascadh le patrún sráideanna stairiúla lár na cathrach agus é a leathnú agus dea-chaidreamh a thaispeáint leis an struchtúr/gráin uirbeach atá ann cheana féin agus spásanna poiblí a nascadh.
- Uas-rochtain agus tréscaoilteachta poiblí a áireamh ar fud an láithreáin, nascacht agus radharcanna a thabhairt chuig an éadan uisce agus príomhradhairc chósta agus smaoineamh ar dhúshlán na gceantar trasdula ar imeall an tsuímh agus deiseanna do naisc agus leanúnachas a réamh-mheasi ndearadh agus leagan amach na láithreán seo. Beidh sé seo thar a bheith tábhachtach maidir le suíomh Cheathrú Cheannt in aice láimhe, áit ina bhfuil athghiniúint pleanáilte freisin agus áit ar féidir an buntáiste is mó a bhaint as an láthair cois uisce a sheachadadh.
- A léiriú conas is féidir taitneamhacht fhabhrach a chinntiú sa limistéar aistrithe atá ar imeall na dtailte tionsclaíochta in aice le Páirc Fiontraíochta an Chuain.
- A thaispeáint cá bhfuil foirgnimh níos airde agus/nó foirgnimh shainchomhartha mar chuid den chomhdhéanamh, conas a léirítear meas ar radharcanna, caol-léargais agus sainchomharthaí tíre atá ann cheana féin agus conas a chuireann foirgnimh den sórt sin le gnéithe de dhearadh uirbeach amhail inrochtaineacht, imfhálú, carachtar, tréscaoilteacht agus inoiriúnaitheacht. Smaoineamh ar dheiseanna le haghaidh ailtireacht nuálaíoch nó comórtais ailtireachta trí dhearadh.
- An ríocht phoiblí a fhorbairt ar bhealach a uasmhéadaíonn na tairbhí a bhaineann leis an suíomh cois uisce, a bhaineann braistint áite láidir amach,  a bhaineann tréscaoilteacht amach agus a léiríonn feidhm shainithe agus tionchar láidir tírdhreacha. Ba chóir go léireodh an eilimint seo freisin conas is féidir nasc a bhaint amach le spásanna atá ann cheana féin agus cén áit ar féidir leanúnachas a dhéanamh le cásanna dóchúla ar shuíomh Cheathrú Cheannt in aice láimhe.
- Measúnú mionsonraithe i gcás tuilte a dhéanamh agus a léiriú conas a bheidh aon athfhorbairt seasmhach ó thaobh tionchair an athraithe aeráide de. Beidh ceanglas ann freisin cloí le torthaí Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe Coirib go Cósta atá á cur chun cinn ag an gComhairle Cathrach i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP).
- A léiriú conas a sholáthróidh athnuachan an láithreáin úsáidí inbhuanaithe, go háirithe tithíocht, fiontraíocht agus spásanna poiblí nua ar scála ríthábhachtach a chruthóidh áit rathúil le féiniúlacht ar leith.
- Cineál, candam agus dáileadh na n-úsáidí a shonrú. Soláthróidh an meascán úsáide d’íosmhéid ábhar cónaithe ar an láithreán atá comhionann le 30% den oll-achar urláir atá beartaithe, chun leibhéal suntasach láithreachta cónaithe agus mais chriticiúil a bhaint amach chun pobal nua a chruthú. I gcásanna teoranta áirithe, nuair nach léireodh togra ar chuid den láithreán iomlán nó ábhar cónaithe an úsáid is fearr don láithreán sonrach seo laistigh de limistéar iomlán an phlean, nó nuair a d’fhéadfadh nach mbeadh meascán úsáide atá níos tairbhí ag moladh forbartha ar leith ó thaobh dearadh uirbeach de, féadfar soláthar a dhéanamh don cheanglas coibhéiseach 30% ag láthair níos oiriúnaí laistigh den láithreán iomlán nó mar chuid d’fhorbairt eile. Beidh gá le haon bhearta eile chun an t-íosmhéid ábhar cónaithe a bhaint amach a bheith mar chuid den chreat-straitéis d’fhorbairt iomlán an cheantair. Áireofar sa mheascán úsáide tráchtála urláir oifige mhiondíola agus nua-aimseartha araon.
- Ba cheart go gcuimseofaí i ndáileadh úsáidí eile úsáidí tráchtála, oifige, áineasa agus cultúrtha. Ba cheart féidearthacht d’fhoirgneamh íocónach a fhiosrú i bhfianaise thábhacht


shuíomh an tsuímh agus an taifead cruthaithe atá ag foirgnimh dá leithéid chun suim turasóireachta a mhealladh go hidirnáisiúnta.

- Áireofar bearta chun tacú le hinbhuanaitheacht comhshaoil agus gníomhú ar son na haeráide lena n-áirítear dearadh foirgneamh inbhuanaithe, bonneagar glas agus SDCanna agus an oibríocht agus an bhainistíocht fhadtéarmach ghaolmhar orthu sin.
- Bearta a chur san áireamh chun naisc leis an líonra glas a áirithiú, lena n-áirítear naisc ghlasa agus ghorma, líonraí rothaíochta agus coisithe na cathrach agus gnóthachan bithéagsúlachta laistigh den láithreán a chinntiú.
- Bearta a chur san áireamh sa choincheap dearaidh a léiríonn agus a chosnaíonn oidhreacht thionsclaíoch an láithreáin.
- Aird a thabhair aird ar an gcóngaracht do láithreán Seveso III i bPáirc Fiontraíochta an Chuain.
- Measúnú a dhéanamh ar an láithreán a áireamh i gcomhthéacs cheanglais Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga.
- Uaschóimheas ceapaí a áireamh do chriosanna CC de 2:1. Breathnófar ar chóimheas ceapaí níos airde do thograí forbartha a sháraíonn an gnáthchóimheas ceapaí a cheadaítear sa chás go gcuirfeadh a leithéid de thograí le hinbhuanaitheacht, cáilíocht ailtireachta, dearadh uirbeach, ríocht phoiblí, seachadadh tithíochta agus go gcuirfeadh siad go mór le carachtar uirbeach. Léirmhíneofar an farasbarr seo mar mhéadú comhréireach amháin agus déanfar é a mheas ar thorthaí bunaithe ar fheidhmíocht agus ar chaighdeáin ghinearálta.
- Soláthar saoráide ealaíon/chultúrtha a chur san áireamh ar chostas an fhorbróra agus le réimeas bainistíochta ionchorpraithe i seachadadh na forbartha a cheadaíonn d'úsáid inbhuanaithe fhadtéarmach a leithéid d'áis.
- Atraitéis seachadta agus clár céimnithe a chur san áireamh ina dtaispeántar seachadadh tairbhí poiblí a fhreagraíonn do gach céim den tógáil ar nós cearnóg phoiblí/saoráid chultúrtha. Ba cheart an clár céimnithe a dhearadh freisin ionas go mbeidh sé íogair d'athruithe sa mhargadh agus gur féidir forbairt do gach céim a thabhairt chun críche, chomh fada agus is féidir, go leibhéal atá féinchuimsitheach agus nach mbeidh tionchar diúltach amhairc ar aon limistéar poiblí nochta ar feadh tréimhse fada dá bharr.
- Straitéisí eacnamaíocha agus infheistíochta a chur san áireamh ina n-áireofar le soiléiriú a dhéanamh ar ról gach gníomhaireachta i soláthar seirbhísí agus bonneagair.

Is ar Chuideachta Chuan na Gaillimhe i gcomhairle leis an údarás áitiúil, úinéirí talún in aice láimhe agus páirtithe leasmhara a bheidh freagrach as ullmhú an Phlean seo. Tógfaidh sé seo ar an gcomhoibriú aitheanta atá ann cheana féin idir úinéirí talún Chalafort na Gaillimhe agus úinéirí talún Stáisiún Cheannt, lena n-áirítear comhchuspóir go mbeadh cur chuige comhordaithe agus comhtháite fite fuaite i dtograí amach anseo.

## 10.7 Láithreáin Athghiniúna Bhóthar Áth Cinn

Is ceantar gnóthach tráchtála é ceantar Bhóthar Áth Cinn atá suite ó dheas d'acomhal na mBoidicíneach agus an N6 in aice le hAbhainn na Gaillimhe in aice le lár na cathrach a ionchorpraíonn na trí Shuíomh Athghiniúna is iad sin láithreán carrchlóis Bhóthar na Díge, Páirc Mhiondíola na Gaillimhe agus Ionad Siopadóireachta na Gaillimhe. Tá sócmhainní suntasacha oidhreachta nádúrtha agus taitneamhachta laistigh den cheantar mar aon le hAbhainn na Gaillimhe, Páirc Chathrach Fhoraoise Thír Oileáin, Páirc Chomharsanachta an Bhóthair Mhóir agus Páirc Áitiúil na bPlotaí.




**Figiúr 10.4 Láithreáin Athghiniúna Bhóthar Áth Cinn**

Soláthraíonn na suíomhanna athghiniúna seo atá suite in aice le lár na cathrach deiseanna d'athfhorbairt ar scála suntasach. Is Cumasóir Fáis aitheanta sa NPF é athghiniúint na dtailte seo. Tá buntáistí suntasacha acu mar gheall ar a gcóngaracht do lár na cathrach, an t-infrastruchtúr atá ar fáil faoi láthair agus fairsinge na hoidhreachta nádúrtha agus acmhainní taitneamhachta. Cuireann a n-athghiniúint leathnú inbhuanaithe ar lár na cathrach ar fáil, nasctha leis an ngréasán iompair phoiblí agus coisithe agus tá an cumas ann príomhról lár na cathrach i gCathair na Gaillimhe agus i limistéar MASP a threisiú agus tá an fhéidearthacht aige suíomh na Gaillimhe a chomhdhlúthú agus a fheabhsú mar phríomhchathair réigiúnach. Tá deis ann freisin tacú le maireachtáil i lár na cathrach, le pobal cónaithe nua.

Faoi láthair tá struchtúr uirbeach lag ag an limistéar iomlán agus tá easpa comhtháthaithe ann. Cuimsítear sa limistéar tráchtála reatha foirgnimh de ghrád íseal agus tá an spás urláir atá ann faoi láthair i bhfad faoi bhun na gcaighdeán dlúis inbhuanaithe. Níl dóthain faireachais éighníomhacha ar na páirceanna atá ann faoi láthair agus d'fhéadfaí úsáid níos fearr a bhaint astu chun leasa an phobail. Tá feabhas curtha ar shreabhadh tráchta agus nasc coisithe agus rothar mar gheall ar uasghrádú acomhal na mBoidicíneach go hacomhal le comharthaí agus athbhreithniú ar bhearta rochtana agus cúrsaíochta tráchta. Ina ainneoin sin tá brú tráchta fós sa cheantar, go háirithe ag buaic-amanna agus bhainfeadh sé leas as naisc fheabhsaithe. Síneann an limistéar go timpeall 30 heicteár agus is fearr a athfhorbairt a bhaint amach laistigh de struchtúr LAP.  Is é an toradh a bheidh ar an gcur chuige seo ná creat forbartha comhtháite inbhuanaithe don cheantar a thacóidh le cruthú ceantar bríomhar ilchineálach lena n-áirítear ceantar tráchtála agus cónaithe le háiseanna cultúrtha, cathartha agus taitneamhachta.

Cumasóidh athfhorbairt phleanáilte an úsáid is comhtháite agus is éifeachtúla a bhaintear as an talamh agus soláthrófar na tairbhí trasfhoirmithe is mó.

Má ghlactar le cur chuige pleanáilte comhtháite maidir le hathfhorbairt an cheantair seo, tabharfar níos mó cinnteachta freisin trí bhainistíocht ghníomhach talún agus trí chéimniú.



**Figiúr 10.5 Limistéar LAP Bhóthar Áth Cinn (Imlíne I nDearg**

Tógfaidh ullmhúchán an LAP ar dhréachtchreat do na tailte seo a bhreithnigh na príomhghnéithe de chomhfhorbairt áite, pleanáil, iompar inbhuanaithe, ailtireacht, innealtóireacht, dearadh tírdhreacha, éiceolaíocht, rochtain, faireachas éighníomhach agus eacnamaíocht forbartha. Tá sé i gceist go spreagfaidh an LAP éagsúlacht úsáidí chun ríocht phoiblí bhríomhar agus bheoga de shráideanna agus spásanna uirbeacha a choinneáil ag cur chun cinn roghanna iompair inbhuanaithe. Féachfaidh sé leis na deiseanna atá ann chun sócmhainní oidhreachta nádúrtha an cheantair a chomhtháthú agus a chosaint a uasmhéadú, feabhsúcháin a chruthú ar na páirceanna atá ann cheana féin agus naisc ardchaighdeáin a sholáthar le lár na cathrach, OÉ Gaillimh agus ceantair chónaithe lasmuigh. Léireoidh an Plean sainghné agus cultúr uathúil na Gaillimhe agus aithneoidh sé dinimiceas an cheantair uirbigh seo. Is ceantar é seo a aithníodh i mbaol tuilte de bharr a shuímh ar feadh Abhainn na Gaillimhe agus é á chosaint ag claífort  Bhóthar na Díge agus rinneadh measúnú ar bhaol tuilte ar na tailte in 2012. Beidh ar an LAP athbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú seo agus cloí le haon cheanglais de chuid Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe Coirib go Cósta. Áireofar sa LAP comhairliúchán poiblí fairsing freisin.

## Láithreán Athghiniúna Carrchlós Bhóthar na Díge

Tá an láithreán seo, faoi úinéireacht na Comhairle, thart ar 1.79 heicteár. Is láithreán tosaíochta náisiúnta é de chuid na Gníomhaireachta Forbartha Talún (LDA) chun tithíocht agus úsáidí eile a sholáthar i gcomhar leis an gComhairle Cathrach.  Tá buntáiste de scála ag an láithreán, ar shuíomh atá gar do bhruach Abhainn na Gaillimhe agus Pháirc Foraoise Thír Oileáin leis an bhféidearthacht de leas a bhaint as gnéithe maithe oscailte den Abhainn. Tá an Amharclann Black Box ar an suíomh faoi láthair, spás oiriúnaitheach, ilchuspóireach, léirithe, agus carrchlós fairsing dromchla a thacaíonn leis an amharclann, an miondíol in aice láimhe agus a sholáthraíonn páirceáil do chomaitéirí.

D'fhéadfadh athfhorbairt an láithreáin seo ag an LDA an ceantar seo a bhunathrú agus a bheith ina chatalaíoch d'athghiniúint cheantar Bhóthar Áth Cinn.  Féadann infheistíocht ag an láthair seo fórsa tiomána a chruthú do thionscadail eile ar scála comhchosúil ar na suíomhanna athghiniúna in aice láimhe. D'fhéadfadh scála na forbartha carachtar an limistéir mhóir seo a athrú ó bhonn, ag aisiompú na timpeallachta steiriúla reatha go ceann de cheathrú uirbeach inmharthana.

Mar thionscadal LDA, cuimseofar i ngné chónaithe na forbartha roghanna tithíochta inacmhainne. D’fhéadfadh úsáid oifige/tráchtála chomh maith le soláthar bonneagair chathartha, chultúrtha agus ealaíon a bheith i measc úsáidí eile. D’fhéadfaí úsáidí nuálaíochta agus taighde a bhaineann le hOÉ Gaillimh a fhiosrú le nasc feabhsaithe leis an ollscoil indéanta leis an droichead nua do choisithe agus do rothaithe.  Ní mór d’aon fhorbairt a bheith ina eiseamláir in ailtireacht, dearadh uirbeach agus comhfhorbairt áite agus ríocht phoiblí ardchaighdeáin a sheachadadh atá nasctha leis an ngréasán glas níos leithne.

Sa chás go dtagann deiseanna chun cinn chun moltaí forbartha a chur ar aghaidh go dtí an chéim toilithe pleanála sula nglacfar le LAP, áireofar sna moltaí seo do Mháistirphlean a thabharfaidh aird

ar an straitéis chomhtháite forbartha atá san áireamh sa chreatphlean don limistéar seo. Ceanglófar go mbeidh aird ag an Máistirphlean ar an treoir atá leagtha amach i gCaibidil 8. Rinneadh measúnú riosca tuilte ar na tailte lena n-áirítear samhaltú mionsonraithe agus sainaithint na mbeart maolaithe tuilte féideartha in 2012 agus beidh gá le hathbhreithniú a dhéanamh air i gcomhthéacs Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe de chuid Coirib go Cósta.

## Láithreán Athghiniúna Bhóthar Áth Cinn - Páirc Mhiondíola na Gaillimhe

Tá suíomh timpeall 4.3 heicteár i bPáirc Mhiondíola Bhóthar Áth Cinn. Téann an Pháirc Mhiondíola siar go dtí na nóchaidí luatha agus tá raon d'úsáidí miondíola agus tráchtála in úsáid inti ar stíl trádstórais, leagan amach ísealdlúis bunaithe ar charranna. Tá acmhainn ag athghiniúint an láithreáin seo do dhianú suntasach agus airde níos mó a d'fhéadfadh imeall láidir a chruthú feadh Bhóthar Áth Cinn agus Pháirc Chathrach Foraoise Thír Oileáin, ina n-ionchorpraítear dearadh uirbeach agus ailtireacht ardchaighdeáin le meascán éagsúil agus cothrom d'úsáidí chun ríocht phoiblí bheoga bhríomhar de shráideanna agus spásanna uirbeacha a chothú. Déanfaidh athghiniúint an cheantair seo soláthar do shoghluaisteacht fheabhsaithe inbhuanaithe laistigh den chathair agus laghdófar an spleáchas ar charr príobháideach.  Tá an acmhainneacht aige difríocht bhunathraithe a dhéanamh, foirm uirbeach níos fearr a chruthú, saol nua agus líon daoine a thabhairt isteach sa cheantar agus méadú ar an soláthar tithíochta gar do lár na cathrach. D'fhéadfadh sé tacú le bearta GTS freisin a sholáthraíonn rochtain éasca ar na líonraí iompair phoiblí agus taistil ghníomhaigh atá beartaithe, lena n-áirítear an nasc droichid nua atá beartaithe le hOÉ Gaillimh agus nascacht níos fearr leis an líonra glas.

Tá roinnt forbairtí ceadaithe ar an láithreán seo, an ceann is deireanaí ná foirgneamh cóiríochta seacht stór do mhic léinn le húsáid tráchtála ar an mbunurlár. Tabharfaidh ullmhú LAP treoir mhionsonraithe d'fhorbairt amach anseo agus leanfar ag tacú le híosmhéid 30% d'ábhar cónaithe ar an láithreán iomlán.

## Láithreán Athghiniúna Áth Cinn – Ionad Siopadóireachta na Gaillimhe

Tá an t-ionad siopadóireachta seo ar Bhóthar Áth Cinn suite ar láithreán de 6.8 heicteár. Téann an t-ionad siopadóireachta seo siar go dtí 1972 agus tá raon úsáidí miondíola ann agus tagann líon mór daoine chuige. Léiríonn sé an ré inar tógadh é, a forbraíodh mar ionad mall aon stóir indírithe ceangailte le pátrúnacht carr-iompartha.  Is foirm forbartha é a dteastaíonn nuachóiriú uaidh le leagan amach agus eagrú úsáidí ar an láithreán ag léiriú úsáide neamhéifeachtaí de thalamh uirbeach.

Cosúil leis an bpáirc mhiondíola, tá acmhainneacht shuntasach ag an suíomh le haghaidh diansaothraithe, meascán uirbeach níos fearr, timpeallacht coisithe feabhsaithe agus tréscaoilteacht. Faoi réir LAP, d'fhéadfadh athfhorbairt an láithreáin seo go scála suntasach ceathrú uirbeach nua bríomhar a chruthú le spás urláir miondíola méadaithe, spás tráchtála agus úsáidí cultúrtha agus cathartha agus pobal cónaithe nua agus ceanglaítear 30% ar a laghad d'ábhar cónaithe.

Beidh feabhsú na naisc le croílár na cathrach ríthábhachtach do rathúlacht na gceantar athghiniúna seo, go háirithe feadh Bhóthar Áth Cinn, Bóthar na mBan agus Barr an Chalaidh. Teastaíonn infheistíocht ó na sráideanna seo chun an ríocht phoiblí a fheabhsú agus chun an tosaíocht a bhaineann le gluaiseacht coisithe agus rothaithe a athchothromú chun iad a dhéanamh tarraingteach, sábháilte agus áisiúil.

## 10.8 Láithreán Athghiniúna Bhóthar an Ghainimh

Is éard atá i láithreán Athghiniúna Bhóthar an Ghainimh ná cnuasach de thrí dháileacht talún ina bhfuil thart ar 8 heicteár. Ní mór breathnú ar leibhéal suntasach athfhorbartha mar gheall ar scála suntasach an láithreáin agus a shuíomh timpeall 1.2km ó lár na cathrach timpeall 15 nóiméad ar shiúl a gcos. Is láithreán tosaíochta náisiúnta de chuid na Gníomhaireachta Forbartha Talún (LDA) é an láithreán do sheachadadh tithíochta lena n-áirítear roghanna inacmhainne le roinnt úsáide tráchtála.

Cuimsítear sa láithreán tailte údaráis áitiúil nach n-úsáidtear go leor agus a thacaíonn le iostaí na Comhairle Cathrach agus Contae, áiseanna athchúrsála agus aonaid bhunúsacha gnóthais tráchtála beaga. Tá oifig agus iosta oibre Líonraí BSL ar dhlús íseal, stáisiún raidió áitiúil agus iar-bhunscoil ar na codanna eile den talamh. San áireamh ar an láithreán freisin, tá tailte criosaithe áineasa agus taitneamhachta atá mar chuid de Pháirc Chathrach Thír Oileáin. Tá éadanas fairsing sráide ar an láithreán feadh Bhóthar an Ghainimh agus Bhóthar Sheáin Uí Mhaoilbhuaidh agus ar méid níos lú ar Bhóthar Thuama ach tá droch-seoladh aige, níl tréscaoilteacht ann, tagann líon íseal daoine chuige agus níl aon charachtar ag a fhoirm. Ar gach aon taobh de tá Eastát Tionsclaíoch an Leasa Bháin agus na forbairtí tithíochta Gort na Glaise agus Gleann na Trá. Is í an uaillmhian d'athghiniúint an láithreáin ná ceathrú uirbeach nua a sheachadadh le spás maireachtála tarraingteach lena n-áirítear sráideanna bríomhara cairdiúil do choisithe agus spás poiblí ar scála. Thabharfadh sé seo bhunathrú fisiceach, sóisialta agus eacnamaíoch, chun áit rathúil a dhéanamh den cheantar le féiniúlacht ar leith i gcomhthéacs na Gaillimhe.  Tá an fhéidearthacht d'athrú drámatúil dá leithéid cumasaithe ag an suíomh laistigh de lár na cathrach, Pháirc Chathrach Thír Oileáin agus deiseanna fostaíochta. Tá scóip ag an láithreán chun freastal ar ailtireacht ard-dlúis, ardchaighdeáin, ar mhoirfeolaíocht uirbeach níos míne agus ar eilimint de spásanna oibre tráchtála.

Tá an láithreán seirbhísithe go maith ag gach fóntas agus tá rochtain éasca air ó raon leathan seirbhísí, atá suite gar do chroíbhealaí bus agus gréasán coisithe agus bóithre dea-chomhtháite.



Figiúr 10.6 Láithreán Athghiniúna Bhóthar an Ghainimh

Aithnítear cuid den láithreán mar shuíomh atá i mbaol tuilte a bhaineann le hAbhainn Thír Oileáin/ an Ghainimh agus beidh measúnú riosca sainiúil i gcás tuilte ag teastáil chun aird a thabhairt ar thionscadal Scéim Faoisimh Tuile Chathair na Gaillimhe Coirib go Cósta. Sa chás áirithe seo, ag féachaint do na sócmhainní suímh, comhthéacs beartais náisiúnta, agus stádas athghiniúna an láithreáin, is féidir an chuid is mó den láithreán a thiomnú d'fhorbairt atá cónaithe den chuid is mó.

Tá sé i gceist ag an gComhairle Cathrach nach mbeidh forbairt an láithreáin athghiniúna seo ina chríoch ann féin, sa mhéid is gur cheart go mbeadh sé ina spreagthóir d'athrú ar cheantar an

Leasa Bháin in aice láimhe agus go spreagfadh sé ceantar níos comhtháite, struchtúr uirbeach agus leagan amach níos fearr a chuidíonn le dea-cháilíocht. patrúin gluaiseachta cáilíochta agus inbhuanaithe.

Mar chuid den bhreithniú tosaigh ar roghanna dearaidh don láithreán, d'ullmhaigh an LDA agus an Chomhairle Cathrach, i gcomhar leis an RIAI in 2019, "Athbhreithniú ar Dhearadh Bhóthar an Ghainimh" chun roghanna athfhorbartha ar an láithreán athfhorbraíochta seo a fhiosrú. Beidh máistirphlean/creat spásúlachta níos mionsonraithe ag teastáil chun srianta agus deiseanna an láithreáin a scrúdú, agus na gnéithe fisiceacha, sóisialta agus comhshaoil á gcur san áireamh.

Beidh gá le hathlonnú na n-úsáidí reatha, go háirithe oibríochtaí na n-údarás áitiúil, i gcomhthráth le haon máistirphlean/creat spáis.


I dteannta na gceanglas ginearálta dearaidh uirbigh atá leagtha amach i gCaibidil 8 beidh gá na nithe seo a leanas a áireamh i máistirphlean/creat spásúlachta:

- Scrúdú a dhéanamh ar an bhfís agus ar an bpoitéinseal le haghaidh athfhorbartha bunaithe ar anailís atá bunaithe ar fhianaise.
- Scrúdú a dhéanamh ar roghanna tosaíochta athfhorbartha lena n-áireofaí dlúis inbhuanaithe, leibhéal agus meascán suntasach de thithíocht, úsáidí oiriúnacha fiontraíochta agus úsáidí cuí agus comhlántacha eile lena n-áirítear spás poiblí.
- Aghaidh an láithreáin forbartha a ghníomhachtú agus spás ríochta poiblí ardchaighdeáin a sholáthar a nascfaidh agus a luamhánóidh amach as Abhainn Thír Oileáin/ an Ghainimh agus tailte agus naisc áineasa agus taitneamhachta in aice láimhe.
- Ríocht phoiblí a chur san áireamh, atá deartha ar bhealach a uasmhéadaíonn tairbhí an láithreáin in aice le Páirc Chathair Thír Oileáin a bhaineann braistint láidir áite chomh maith le tréscaoilteacht amach.
- Uasmhéadú a dhéanamh ar an acmhainneacht le haghaidh sineirgí le hinfheistíocht phoiblí phleanáilte i modhanna inbhuanaithe a aithníodh sa GTS agus taisteal inbhuanaithe agus gníomhach agus riachtanais le haghaidh áiseanna páirceála ilshamhla.
- Bonneagar dóthanach a chur san áireamh agus leagan amach a sholáthraíonn naisc le ceantair in aice láimhe, agus nascacht feabhsaithe.
- A léiriú conas a chuireann leagan amach le gnéithe de dhearadh uirbeach cosúil le hinrochtaineacht, imfhálú, carachtar, tréscaoilteacht agus inoiriúnaitheacht. Smaoineamh ar dheiseanna le haghaidh ailtireacht nuálaíoch nó comórtais ailtireachta trí dhearadh.

## 10.9 Ceantar Máistirphlean Oileán Altanach

Tá Oileán Altanach suite siar ó lár na cathrach agus tá oidhreacht láidir ailtireachta agus roinnt uiscebhealaí nádúrtha agus de dhéantús an duine mar shainthréithe aige. Suíomh tábhachtach do thionscal a bhí ann, go háirithe sa naoú haois déag agus bhí láithreáin phríosún an chontae agus na mbailte ann, ina bhfuil Ardeaglais na Gaillimhe agus an carrchlós in aice láimhe anois.

Cuireann ceantar Oileán Altanach deiseanna ar fáil d'athghiniúint, go háirithe na foirgnimh atá ann cheana féin in OÉ Gaillimh, spásanna poiblí nua agus feabhsaithe agus rochtain agus nasc feabhsaithe le hAbhainn na Gaillimhe agus le córas na gcanálacha.



**Figiúr 10. 7 Ceantar Máistirphlean Oileán Altanach**

Tugann athghiniúint an cheantair seo deis do chomharsanacht stairiúil a fheabhsú agus a bhunathrú, tacú le hathúsáid agus oiriúnú foirgneamh stairiúil chun comhtháthú níos fearr a bhaint amach leis an gcathair mórthimpeall agus naisc le huiscebhealaí luachmhara. Tá maoiniú URDF bronnta ar OÉ Gaillimh chun tacú le Ceantar Cruthaitheach agus Nuálaíoch na Gaillimhe a sholáthar ag an suíomh seo.

Teastóidh Máistirphlean d'fhorbairt ar na tailte seo a ullmhófar de réir na treorach atá leagtha amach i gCaibidil 8.

Ina theannta sin, beidh gá leis na nithe seo a leanas a mheas:


- Scrúdú a dhéanamh ar raon úsáidí a bheadh feiliúnach don limistéar seo ag tacú le fiontraíocht, nuálaíocht, oideachas, turasóireacht agus pobal.
- Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht chun úsáid mhaoine OÉ Gaillimh a bharrfheabhsú lena n-áirítear an t-iarfhoirgneamh Hygeia atá folamh agus iar-fhoirgneamh an mhuilinn, agus dea-chleachtas caomhnaithe á chur i bhfeidhm.
- Bearta a chur san áireamh chun taitneamhacht agus spás oscailte a fheabhsú, breathnú ar dheiseanna áineasa inbhuanaithe agus rochtain phoiblí mhéadaithe ar na huiscebhealaí á cur san áireamh. Beidh sé riachtanach freisin cur chuige íogair a léiriú i leith thimpeallacht ardchaighdeáin na n-uiscebhealaí.
- Machnamh a dhéanamh ar charachtar agus ar chomhthéacs reatha an cheantair agus a léiriú conas a chuirfidh athfhorbairt le gnéithe de dhearadh uirbeach.
- A léiriú conas a chosnóidh an fhorbairt luach pobail agus nádúrtha na n-uiscebhealaí trína chinntiú go gcoimeádtar slánachar agus maolán imleor ón timpeallacht íogair seo agus go bhfuil aon fhorbairt ar scála agus dearadh cuí chun aghaidh a thabhairt ar an suíomh uathúil seo.
- Machnamh a dhéanamh ar an tionchar ar radhairc isteach agus amach ón gceantar agus smaoineamh ar chumas ashamhlaithe na timpeallachta tógtha agus an sráid-dreach reatha.
- Tíopeolaíocht spáis oscailte a chur san áireamh agus machnamh a dhéanamh ar an bhféidearthacht de spás uirbeacha nua agus ríocht phoiblí a chruthú.
- Straitéis ghluaiseachta a chur san áireamh agus í a chomhtháthú leis an gcampas reatha agus lár na cathrach.

- Rannpháirtíocht an phobail a chur san áireamh in ullmhú an phlean agus iniúchadh ar na tairbhí don phobal áitiúil.
- Measúnú mionsonraithe i gcás tuilte a dhéanamh agus a léiriú conas a bheidh aon athfhorbairt seasmhach ó thaobh tionchair an athraithe aeráide de. Beidh ceanglas ann freisin cloí le torthaí Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe Coirib go Cósta atá á cur chun cinn ag an gComhairle Cathrach i gcomhar le OOP.

## 10.10 Láithreán Athghiniúna Bhóthar Shéamais Uí Chuirc

Is é 3.88 heicteár achar an láithreáin seo agus tá sé suite laistigh d'Ionad Ceantair ainmnithe an Taobh Thiar. Tá acmhainn ag an láithreán seo do mheascán úsáidí a d'fhéadfadh úsáidí mar chúram sláinte príomhúil, úsáidí tráchtála agus oifige a áireamh.

Beidh ar an láithreán freastal ar úsáid chónaithe i bhfianaise an láithreáin thairbhigh, é gar do phríomhháiseanna, feadh chonair iompair phoiblí agus in aice le háiseanna páirce.




**Figiúr 10.8 Láithreán Athghiniúna Bhóthar Shéamais Uí Chuirc**

Go ginearálta, beidh aird ag athfhorbairt an láithreáin ar alt 10.24 agus ar Bheartas 10.4. I bhfianaise scála shuntasaigh an láithreáin, ullmhófar Máistirphlean iomlán roimh aon athfhorbairt a chloífidh leis an treoir i gCaibidil 8. Beidh ar an Máistirphlean freisin bearta a chur san áireamh chun tacú le hainmniú an limistéir níos leithne mar chrios dícharbónaithe píolótach.

## 10.11 Láithreán Athghiniúna Chearnóg na Corónach


Tá an láithreán de 5.1 heicteár seo suite ar Bhóthar Mhuine Mheá ag príomh-acomhal le Bóthar an tSeoighigh.  Tá cuid den láithreán ina bhfuil céim 1 á thógáil faoi láthair chun freastal ar fhorbairt champas oifige agus óstán. Tá cead ag fuílleach an láithreáin do scéim chónaithe ard-dlúis Tógáil chun Ligean ar Cíos agus seirbhísí áitiúla coimhdeacha. Tá Máistirphlean ann don láithreán seo agus beidh ar aon athrú ar thograí forbartha amach anseo cloí le prionsabail bhunaidh an Mháistirphlean.



**Figiúr 10.9 Láithreán Athghiniúna Chearnóg na Corónach**

## 10.12 Láithreán Athghiniúna Corrib Great Southern

Tá an láithreán 2.7 heicteár seo suite ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath ag Timpeallán na Scairéadach. Roimhe seo bhí óstáin agus carrchlós dromchla ar an láithreán. Tá poitéinseal ann d'athfhorbairt shuntasach do mheascán úsáidí agus go háirithe d'úsáid chónaithe chun na spriocanna tithíochta don chathair a bhaint amach.


**Figiúr 10.10 Láithreán Athghiniúna Corrib Great Southern**

Déanfar íosmhéid de 50% den oll-achar urláir féideartha a chur in áirithe d'úsáid chónaithe. I bhfianaise an láithreáin thairbhigh, atá cóngarach do phríomháiseanna, suíomh feadh chonair iompair phoiblí agus le gnéithe maithe, is féidir céatadán níos mó den spás urláir a thiomnú do chríocha cónaithe nuair a thacaíonn an láithreán le raon áiseanna comharsanachta agus spás oscailte ar scála le feidhmiú mar pháirc áitiúil.

Mar gheall ar scála suntasach an láithreáin agus oibleagáid úsáidí áirithe a sheachadadh, beidh gá le Máistirphlean roimh aon athfhorbairt. Chomh maith leis an treoir atá leagtha amach i gCaibidil 8, cuimseofar sa Phlean BusConnects na Gaillimhe atá molta: Dorchla coisithe, rothar agus iompair phoiblí ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath agus slánachar a bheidh coibhéiseach leis an spás glas líneach reatha feadh Bhóthar Bhaile Átha Cliath.

## 10.13 Láithreán Deise Dawn Dairies


Bhí Dawn Dairies ag áitiú an láithreáin seo de 1.38 heicteár atá suite feadh Bhóthar Bhaile Átha Cliath ag an acomhal le Bóthar Bhaile an Locháin. D'fhéadfaí an suíomh seo a athfhorbairt do thithíocht ard-dlúis. Ba cheart go n-áireodh an fhorbairt seo forbairt ar ardchaighdeán dearaidh ailtireachta, éadanas láidir sráide a bhféadfadh cóiríocht do sheirbhísí áitiúla ar scála beag a áireamh.

Ag cur scála an láithreáin san áireamh ba chóir go mbeadh creat spásúlachta san áireamh in aon fhorbairt bheartaithe.


**Figiúr 10.61 Láithreán Deise Dawn Dairies**

## 10.14 Láithreán Deise Royal Tara China


B'áit chónaithe bhunaidh de mhuintir Seoighe ab ea an láithreán de 1.9ha seo atá suite ar Ascaill Uí Chonghaile, agus ina dhiaidh sin bhí an tSaoráid Royal Tara China lonnaithe anseo agus léiríonn a chriosú tionsclaíoch an úsáid seo. Is struchtúr cosanta é an foirgneamh atá suite laistigh de shuíomh tarraingteach sileacain. D'fhéadfaí athfhorbairt íogair a dhéanamh ar an láithreán mar chuid de chaomhnú agus d'fheabhsú iomlán an struchtúir chosanta agus a chúirtealáiste. Is í an tosaíocht atá ann go bhfanfadh an struchtúr cosanta in úsáid aonair chun sláine an struchtúir a choinneáil. Ag cur scála an


**Figiúr 10.72 Láithreán Deise Royal Tara China**

láithreáin san áireamh ba cheart go n-áireodh aon fhorbairt bheartaithe creat spáis a bhreithneoidh an úsáid is fearr a bhaintear as an láithreán agus a éileofar chun cosaint agus feabhsú an struchtúir chosanta, cúirtealáiste agus cosaint speiceas luachmhar crann a chinntiú.

## 10.15 Láithreán Deise Arch Motors

Tá an láithreán seo de 0.84 heicteár suite feadh Bhóthar Shéamais Uí Chuirc in aice le lárionad ceantair an Taoibh Thiar. Tá acmhainn aige le hathfhorbairt a dhéanamh ar scéim úsáide measctha faoi stiúir chónaithe, i bhfianaise an láithreáin thairbhigh, atá cóngarach d'eochair-áiseanna, feadh chonair iompair phoiblí agus in aice le háiseanna páirce.




**Figiúr 10.13 Láithreán Deise Arch Motors**

Ba cheart go n-áireofaí le haon athfhorbairt creat spásúil a mbeidh gá leis a áireamh le haghaidh bearta chun tacú le hainmniú an limistéir níos leithne mar chrios dícharbónaithe píolótach.

## 10.16 Láithreán Deise Bóthar Sheantalaimh

Tá an láithreán seo de 0.62 heicteár suite feadh Bhóthar Sheantalaimh. Tá acmhainn ag an láithreán seo le haghaidh athfhorbartha go príomha le haghaidh úsáide cónaithe chun comhshamhlú isteach sa chomharsanacht atá ann faoi láthair. Tabharfaidh dlús aon athfhorbartha aird ar an gcomhthéacs mórthimpeall.



**Figiúr 10.14 Láithreán Deise Bóthar Sheantalaimh**

Déanfaidh aon athfhorbairt soláthar d'éadanas ardchaighdeáin ar Bhóthar Sheantalaimh agus ar an limistéar spáis oscailte ar chúl a sholáthróidh faireachas éighníomhach don cheantar seo. Déanfaidh sé soláthar freisin d'fheabhsú an Lána Dheirg, an nascbhealach in aice leis an teorainn thoir. Ba cheart go n-áireofaí le haon athfhorbairt creat spásúil a mbeidh gá lena áireamh le haghaidh bearta chun tacú le hainmniú an limistéir níos leithne mar chrios dícharbónaithe píolótach.

## 10.17 Láithreán Deise Bóthar Dhabhach Uisce

Tá an láithreán 2.58 heicteár seo suite idir bóthar Dhabhach Uisce agus an débhealach le rochtain ar Bhóthar Dhabhach Uisce. Tá poitéinseal ag an láithreán seo d'fhorbairt shuntasach do mheascán úsáidí lena n-áirítear úsáid chónaithe. Is féidir le forbairt an láithreáin seo cur le leibhéal na seirbhísí i gceantar Dhabhach Uisce agus soláthar a dhéanamh do rogha tithíochta breise. Tá cead pleanála tugtha ar an láithreán seo le haghaidh scála suntasach forbartha tráchtála agus 130 aonad cónaithe. Ag brath ar dhea-dhearadh uirbeach, féadann an láithreán freastal ar fhorbairt scála a chuireann imeall láidir ar an dá bhóthar. Léirítear an fhéidearthacht maidir le hairde agus dlús sa chead pleanála a deonaíodh don láithreán seo.




**Figiúr 10.15 Láithreán Deise Bóthar Dhabhach Uisce**

Beidh gá le creat spáis a ullmhú le haghaidh aon fhorbairt nua bheartaithe ar an láithreán seo. I dteannta leis an treoir ghinearálta atá leagtha amach i gCaibidil 8, cuirfear san áireamh sa chreat comhthéacs seandálaíochta an tsuímh agus comhtháthófar leis an áirithint in aice láimhe le haghaidh cosán coisithe/rothaíochta.

## 10.18 Láithreán Athghiniúna na Faiche Móire Thoir

Cuimsíonn an láithreán athghiniúna seo a bloc suntasach réadmhaoine curtha le chéile chun críocha athfhorbartha. Tá an láithreán seo ar mhórscála déanta suas de raon foirgneamh agus úsáidí i suíomh den scoth lár na cathrach agus go páirteach laistigh de ACA na Faiche Móire.

Beidh Máistirphlean ag teastáil chun eolas a thabhairt d'aon athfhorbairt arna threorú ag na prionsabail atá leagtha amach i gCaibidil 8. Beidh sé ag teastáil chun breithniú a dhéanamh ar íogaireachtaí ar leith shuíomh an láithreáin seo laistigh den chroílár stairiúil lena n-áirítear comhthéacs ACA na Faiche Móire agus struchtúir ar an RPS.




**Figiúr 10.16 Láithreán Athghiniúna na Faiche Móire Thoir (Imlínithe i ndubh)**

Beidh ar an Máistirphlean tuillteanais na straitéise forbartha atá á leanúint a léiriú agus a thaispeáint conas a chruthódh sé ceathrú nua rathúil sa chathair. Aithnítear nach bhfuil sé de thátal nó de dhíth air seo go n-athsholáthrófar go leor struchtúr atá ann cheana féin laistigh den bhloc ná go n-athraíonn sé foirm na bpríomhshráid-dhreacha máguaird laistigh den bhloc, ach, ar mhalairt air sin, thaispeánfadh sé conas a d'fhéadfadh forbairt nua an bloc iomlán a chomhlánú agus a fheabhsú.

## 10.19 Láithreán Deise Connaught Laundry

Tá an láithreán de 0.87 heicteár seo suite ar Shráid Anraí, ceantar a bhfuil carachtar sainiúil aige agus pobal láidir cónaithe. Tá acmhainn ag an láithreán seo le haghaidh athfhorbartha go príomha le haghaidh úsáide cónaithe chun comhshamhlú isteach sa chomharsanacht atá ann faoi láthair. Tabharfaidh dlús aon athfhorbartha aird ar an gcomhthéacs mórthimpeall.



**Figiúr 10.17 Láithreán Deise Connaught Laundry Roimhe Seo**

Maidir leis seo, breithneoidh an Chomhairle forbairt cónaithe ar mhéid iomlán an láithreáin, chomh maith le saoráidí pobail agus ríochta poiblí. Ba cheart go mbeadh creat spásúil san áireamh in aon fhorbairt a bheartaítear.

## 10.20 Láithreán Athghiniúna an Gheata Thoir


Tá an láithreán 4 heicteár seo suite feadh Bhóthar na Mine agus tá stór crua-earraí agus ionad garraíodóireachta ann faoi láthair. Tá cumas suntasach ag an láithreán tacú le hathfhorbairt tráchtála ar scála atá gar do Pháirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh agus don bhealach beartaithe de BusConnects. Tá cead pleanála ag an láithreán cheana féin le haghaidh cóiríochta oifige ar scála mór. Feabhsóidh a leithéid d'athfhorbairt leibhéal an tsoláthair oifige tráchtála sa chathair agus tacóidh sé le fás geilleagrach cathrach agus réigiúnach níos leithne.



**Figiúr 10.18 Láithreán Athghiniúna an Gheata Thoir**

## 10.21 Láithreán Deise Lár Ceantair Chnoc na Cathrach (Thuaidh).

Tá achar de thart ar 4 heicteár ag an láithreán seo agus tá sé suite i Lár Ceantair ainmnithe Chnoc na Cathrach. Tá forbairt shuntasach déanta ar thailte an lár ceantair níos leithne cheana féin, lena n-áirítear Páirc Miondíola Gateway, spás oifige agus bunscoil Ghaelscoil Mhic Amhlaigh. Ag an limistéar seo cuirtear raon iolraí áise agus comparáide ar fáil. Is é an láithreán seo an dáileacht dheireanach neamhfhorbartha sa chuid thuaidh den Lár Ceantair.



**Figiúr 10.19 Láithreán Deise Ceantar (Thuaidh) Chnoc na Cathrach**

Príomhghné den fhís fhoriomlán do Lár Ceantair Chnoc na Cathrach ná go bhfeidhmíonn sé mar lár de chineál 'sráidbhaile uirbeach' seachas mar limistéar siopadóireachta amháin. Tacaíodh leis seo trí shainchuspóirí forbartha do thailte lár an cheantair i bplean 2017-2023, a d'éiligh meascán úsáidí lena n-áirítear miondíol seirbhíse, áiseanna sláinte poiblí, úsáidí pobail, áineasa agus cónaithe, chun beogacht agus sainiúlacht agus féiniúlacht áitiúil a bhaint amach. Go háirithe níl an ceanglas maidir le soláthar a dhéanamh d'ábhar cónaithe de 20% seachadta go dtí seo agus beidh sé riachtanach é a chomhlíonadh ar an láithreán seo chomh


maith le ríocht phoiblí ardchaighdeáin a sholáthar a fhreastalóidh ar spás cathartha mar fhócas do ghníomhaíocht agus taitneamhacht phobail.

Ba cheart go n-áireofaí creat spásúlachta in aon fhorbairt bheartaithe ag féachaint don treoir atá leagtha amach i gCaibidil 8 agus beidh gá leis na nithe seo a leanas a bhreithniú:

- Comhtháthófar forbairt laistigh den lár ceantair iomlán agus beidh gá le tograí nasc a léiriú leis an gceantar comharsanachta níos leithne, leis na gréasáin iompair, coisithe agus rothaíochta agus nasc leis an líonra glas.
- Áireofar in aon fhorbairt dearadh uirbeach ardchaighdeáin.
- Comhtháthófar in aon dearadh nascbhóthar athailínithe den N6 GCRR.

## 10.22 Láithreán Deise Lár Ceantair Chnoc na Cathrach (Theas).

Is é 6.6 heicteár achar an láithreáin seo agus tá sé suite laistigh do Lár Ceantair ainmnithe an Chnoc na Cathrach. Príomhghné den fhís fhoriomlán do Lár Ceantair  Chnoc na Cathrach is ea go bhfeidhmíonn sé mar shráidbhaile uirbeach ilchineálach ag cruthú ionad uirbeach tarraingteach, inchónaithe, dea-dheartha atá comhtháite sa phobal ina dtugtar tús áite do chomhfhorbairt áite agus soghluaisteacht inbhuanaithe agus áit ina bhfuil an smaoineamh den choincheap comharsanachta neartaithe. Ag féachaint do na spriocanna fáis daonra don chathair agus ag léiriú na croístraitéise, is tithíocht a bheidh i gcuid shuntasach den acmhainn forbartha den láithreán seo.



**Figiúr 10.20 Láithreán Deise Lár Ceantair Chnoc na Cathrach (Theas).**

Mar gheall ar scála suntasach an láithreáin agus oibleagáid úsáidí áirithe a sheachadadh, ullmhófar Máistirphlean roimh aon athfhorbairt. Beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas de bhreis ar an treoir a chuirtear ar fáil i gCaibidil 8:

- Íosmhéid d'fhorbairt cónaithe/tráchtála cónaithe a chur san áireamh ar scála comhionann le 50% d'acmhainn forbartha an láithreáin a dhéanfar a chomhtháthú leis an scéim iomlán.
- Úsáidí measctha a sholáthar a chuimseoidh roinnt aonad miondíola/seirbhíse beaga a fhéadtar a thaispeáint go seachadann siad raon leathan d'úsáidí Lár Ceantair. Déanfar é seo a mheasúnú i bhfianaise scála agus nádúr na n-úsáidí a sheachadtar ar an láithreán ag an tréimhse sin.
- Cothromaíocht mhaith de mheascáin úsáide a sholáthar, lena n-áirítear úsáidí ar féidir leo cúram sláinte agus cúram sláinte príomhúil a áireamh, úsáidí fóillíochta tráchtála, úsáidí óstáin agus oideachais, a dhéanfadh freastal ar riachtanais an cheantair máguaird mar gheall ar a n-úsáid agus a scála.
- Éadanas agus seoladh láidir a sholáthar ar Bhóthar Dáileacháin an Iarthair agus ar ghréasán inmheánach na sráideanna agus déanfar éadanas marbh a sheachaint.
- Nasc ardchaighdeáin do choisithe agus do rothaithe a sholáthar leis an chomharsanacht, le scoileanna, le tailte spáis oscailte agus leis an líonra glas níos leithne.
- Ordlathas struchtúrtha spásanna laistigh den leagan amach a léiriú agus na deiseanna nasctha le forbairtí in aice láimhe/forbairtí amach anseo a uasmhéadú.


- Tosaíocht do choisithe a chinntiú sa ghréasán rochtana agus freastal ar rochtain iompair phoiblí nó rochtain éasca ar an ngréasán iompair phoiblí agus moltaí bealaí bus atá ag teacht chun cinn a ionchorprú feadh Bhóthar Dáileacháin an Iarthair.
- Céimeanna inroinnte inmharthana forbartha a léiriú.
- Ag féachaint d'infheistíocht in iompar poiblí agus bearta soghluaisteachta inbhuanaithe, breithneofar leibhéal an tsoláthair pháirceála ag féachaint do chaighdeáin bunaithe ar fheidhmíocht, dearadh uirbeach, inbhuanaitheacht, suíomh agus scála na forbartha a bheartaítear agus ba cheart go léireodh sé an láthair ainmnithe mar cheann scríbe turais ilchuspóireach.
- Áireofar sa láithreán spás oscailte cathartha/páirc a bheidh curtha in áirithe ar aon leagan amach chun na críche seo agus ba cheart go mbeadh sé ar mhéid agus ar fheidhm a léireodh scála na forbartha iomlán agus a bheidh sa bhreis ar an riachtanas do spás oscailte ar na tailte seo.
- Áireofar le gach céim den fhorbairt seachadadh réamhualaithe saoráide poiblí/pobail ar féidir leis a bheith i bhfoirm saoráide pobail, bunachas oideachais, saoráid sláinte pobail, áis iompair, páirc agus áit súgartha sa bhreis agus os cionn na ngnáthcheanglas um spás oscailte.

| **Beartas 10.2 Láithreáin Athghiniúna agus Deise Straitéiseacha** |
|---|
| Athfhorbairt den Láithreán straitéiseach Athghiniúna agus Deiseanna sa chathair a éascú agus a chumasú chun tacú le fás inbhuanaithe agus dlúth na cathrach a chuirfidh le luach agus a chruthóidh áiteanna níos tarraingtí inar féidir le daoine maireachtáil agus oibriú agus ailíniú a bhaint amach le Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta an NPF agus Cuspóirí Beartais Réigiúnacha an RSES agus cur chun feidhme na Croí-Straitéise. |

## 10.23 Bóthar na Trá

Tháinig athrú ar Bhóthar na Trá le himeacht ama ach tá a shainghné agus a luach taitneamhachta fós aige. Le blianta beaga anuas tá sé tar éis é féin a athbhunú mar shráidbhaile uirbeach agus tháinig árasáin, caiféanna agus bialanna in áit go leor de na hiar-óstáin agus clubanna oíche. Mar thoradh air seo tá méadú ar an daonra buanchónaithe ag tacú le raon níos leithne de sheirbhísí áitiúla don phobal áitiúil, do chuairteoirí agus do dhobharcheantar méadaithe. Is iad na nithe is díol spéise sa cheantar ná an trá, an phromanáid agus áiseanna fairsinge trá. Leis na sócmhainní seo, cinntítear go gcoimeádann sé go leor de shaintréithe agus úsáidí traidisiúnta na n-ionad saoire cois farraige amhail áiseanna siamsaíochta, caiféanna, bialanna agus raon lóistín agus nithe is díol spéise do thurasóirí. Cuireann tarraingtí eile lena n-áirítear snámha laistigh agus áiseanna fóillíochta ag Leisureland agus an tUisceadán le héagsúlacht úsáidí, ag tabhairt sainghné agus beogacht ar Bhóthar na Trá.

Is áis mhór caitheamh aimsire é Promanád Bhóthar na Trá do chónaitheoirí na cathrach, ag nascadh na cosáin reatha ó lár na cathrach, an Pháirc Theas, cabhsa Inis Caorach le siúlbhealach na Carraige Duibhe. Is díol spéise do thurasóirí é chomh maith agus is sainchomhartha tábhachtach cathrach é a chríochnaíonn le túr tumadóireachta íocónach na Carraige Duibhe. Is spás taitneamhachta gníomhach agus éighníomhach é le líon suntasach daoine go háirithe le linn shéasúr an tsamhraidh. Tá sócmhainní oidhreachta nádúrtha agus tógtha ag Bóthar na Trá. Tá stádas an Bhrait Ghoirm bainte amach aici le roinnt blianta anuas, rud atá ina shócmhainn shuntasach chun íomhá ghlan den chathair a chur chun cinn agus i bhforbairt gníomhaíochtaí áineasa agus taitneamhachta uiscebhunaithe. Le déanaí, tá méadú tagtha ar an tsnámh farraige ar feadh na bliana, rud a chuireann le beogacht agus luach breise leis an gceantar. Cuireann Páirc Toft, Páirc Celia Griffin, Páirc Bhóthar na Trá agus Páirc Chiorcal na Beatha go mór le gnéithe tábhachtacha den líonra glas i mBóthar na Trá. Ar feadh an phromanád is gnéithe uathúla agus sainiúla iad na scáthláin, na láithreacha suíocháin, na bothanna agus na túr tumadóireachta a bhfuil spéis shóisialta, ailtireachta agus theicniúil ag baint leo agus a chuireann le carachtar saoire an cheantair. D'fhéadfadh feabhsuithe molta ar limistéar na dtúr tumadóireachta agus féidearthacht athfhorbairt na linnte taoide cur le carachtar agus atmaisféar an cheantair.



**Figiúr 10.21 Bóthar na Trá**

Tá Bóthar na Trá fós ina limistéar idirthréimhseach agus teastaíonn aird ar leith uaidh chun a fhéiniúlacht agus a ról mar shráidbhaile uirbeach a chosaint agus a neartú. Ní mór aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna mar láithreáin tearcúsáidte agus easpa comhsheasmhachta dearaidh feadh an phríomhdhromlaigh tráchtála. Tá easpa tréscaoilteachta maith do choisithe sa cheantar, le tús áite tugtha do thrácht feithicle agus páirceáil ar an bpríomhshráid tráchtála agus nascacht lag idir an limistéar tráchtála agus an promanád.

Féachfaidh an Chomhairle le Bóthar na Trá a neartú mar shráidbhaile uirbeach agus mar limistéar áineasa agus cósta trí fhorbairt ilchineálach ar ardchaighdeán a spreagadh agus trí fheabhsúcháin a dhéanamh ar an ríocht phoiblí. Bainfear é sin amach trí threoir a sholáthar maidir le caighdeáin deartha inlíonta, meascán úsáidí, rochtain níos fearr agus aghaidheanna siopaí níos eagraithe agus treoir a sholáthar maidir le comharthaíocht cosúil leis na cinn do Bhóthar na Trá mar atá sonraithe i *dTreoirlínte um Aghaidh Siopa agus Comharthaíocht na Gaillimhe.* Dímholfaidh an Chomhairle freisin leathadh úsáidí, rud a d’fhágfadh go dtiocfadh meath ar tharraingteacht agus ar luach taitneamhachta an cheantair.

D’fhonn stádas sráidbhaile uirbeach agus sráid-dreach Bhóthar na Trá a léiriú, agus ag féachaint d’infheistíocht phleanáilte in iompar poiblí agus bearta soghluaisteachta inbhuanaithe, breithneofar leibhéal an tsoláthair pháirceála ar chaighdeáin bunaithe ar fheidhmíocht, dearadh uirbeach, inbhuanaitheacht, suíomh agus scála na forbartha molta.

Sócmhainn phoiblí shuntasach is ea Leisureland agus in éineacht leis an láithreán in aice láimhe atá faoi úinéireacht phoiblí freisin, tá poitéinseal suntasach ann d’athfhorbairt scála. Chuige seo déanfaidh an Chomhairle moltaí maidir le leathnú agus feabhsú ar Leisureland a chur chun cinn

leis an bpoitéinseal soláthar a dhéanamh d'áiseanna caitheamh aimsire, cathartha agus cultúrtha nua-aimseartha saintógtha chun freastal ar an gcathair agus ar an réigiún.

Chun ról Bhóthar na Trá a neartú tuilleadh, tabharfaidh an Chomhairle faoi scéim feabhsúcháin comhshaoil i gcomhairle le gnólachtaí áitiúla, cónaitheoirí agus páirtithe leasmhara eile, a aithneoidh limistéir a bhainfeadh leas as feabhsuithe ar an ríocht phoiblí. Dearfar iad seo sa chaoi is go bhfeabhsófar an taitneamhacht amhairc, go ndéanfar an trácht a cheansú agus go bhfeabhsófar naisc inbhuanaithe idir an phromanáid agus an limistéar tráchtála. Go háirithe, faoi athbhreithniú, beidh gá le tosaíocht níos mó do choisithe, bainistiú tráchta agus cuíchóiriú páirceáil feadh an phríomhdhromlaigh tráchtála ar Bhóthar na Trá Uachtarach agus scrúdú ar an acmhainn le haghaidh bia amuigh faoin aer a leathnú.


Scrúdófar cóngaracht Rinn na Mara agus Timpeallán D'Arcy mar cheantar a bhféadfaí feabhas a chur air mar aon le bearta chun nascacht coisithe go dtí an phromanáid agus taitneamhachtaí eile a fheabhsú, pábháil ardchaighdeáin, tírdhreachtú agus troscán sráide a sholáthar. Féachfaidh an Chomhairle freisin le naisc agus inrochtaineacht go Bóthar na Trá ó na ceantair máguaird go háirithe ó lár na cathrach a fheabhsú trí bhearta atá molta sa GTS a chur i bhfeidhm go háirithe trí fheabhsuithe ar iompar poiblí, siúlóid agus an líonra rothaíochta. I measc na mbeart atá molta tá soláthar de chroíbhealach bus trí Bhóthar na Trá agus feabhsuithe ar an ngréasán rothaíochta agus coisithe.

Mar aitheantas ar an tábhacht a bhaineann le phromanáid Bhóthar na Trá mar acmhainn áineasa agus taitneamhachta agus mar ní is díol spéise do thurasóirí, cuirfidh an Chomhairle straitéis i gcrích chun é a bhainistiú agus a fheabhsú go fadtéarmach. Breathnóidh an straitéis ar shaincheisteanna mar rochtain, páirceáil, áiseanna tacaíochta, cóireáil dromchla, tírdhreachtú agus troscán sráide agus bonneagar tacaíochta do ghníomhaíochtaí uiscebhunaithe. Tógfaidh sé ar na feabhsúcháin a rinneadh i ndiaidh damáiste na stoirme le blianta beaga anuas. Comhlánóidh sé freisin na hoibreacha athshlánaithe atá beartaithe do thúr tumadóireachta na Carraige Duibhe agus oibreacha chun inrochtaineacht a fheabhsú d'úsáideoirí na n-áiseanna seo. Breathnóidh sé go háirithe ar thionchair an athraithe aeráide agus ar bhearta lena chinntiú go mbeidh an limistéar seo athléimneach i gcoinne na ndúshlán a bhaineann le himeachtaí adhaimsire. Beidh ar an straitéis cloí le torthaí Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe Coirib go Cósta atá á cur chun cinn ag an gComhairle Cathrach i gcomhar le OOP.

| **Beartas 10.3 Bóthar na Trá** |
|---|
| 1. Feabhas a chur ar ról Bhóthar na Trá mar shráidbhaile uirbeach, mar limistéar fóillíochta agus taitneamhachta cósta don chathair agus mar ionad seirbhíse do na comharsanachtaí cónaithe máguaird. |
| 2. Ardchaighdeán a chinntiú i ndearadh forbairtí nua agus aird a thabhairt ar shaintréithiúlacht Bhóthar na Trá. |
| 3. Ríocht phoiblí Bhóthar na Trá a fheabhsú lena n-áirítear cur i bhfeidhm scéim feabhsúcháin comhshaoil a rinneadh i gcomhairle le gnóthaí áitiúla, cónaitheoirí agus príomhpháirtithe leasmhara, le fócas ar leith ar an bpríomhshráid tráchtála agus i gcóngaracht Rinn na Mara agus timpeallán D'Arcy. |
| 4. Leanúint le feabhas a chur ar cháilíocht taitneamhachta áineasa an cheantair trí straitéis a ullmhú do bhainistiú agus feabhsú fadtéarmach an phromanáid agus trí scéimeanna feabhsúcháin comhshaoil agus cósta a chur chun feidhme. Áireofar leis sin measúnú riosca tuilte agus bearta bainistíochta iomchuí. |

## 10.24 An Taobh Thiar

Is ionad seirbhíse tábhachtach é an Taobh Thiar atá suite sna bruachbhailte seanbhunaithe. San ordlathas miondíola, tá sé sainithe mar lár ceantair. Tá raon leathan áiseanna agus seirbhísí pobail agus tráchtála ann agus is comharsanacht seanbhunaithe í le pobal láidir. Leis na forbairtí, lena n-áirítear Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Shéamais Uí Chuirc, Páirc Taitneamhachta an Taoibh Thiar, Páirc na Coiribe agus Páirc Sheantalaimh, cuireadh feabhas ar an timpeallacht uirbeach, ach tá struchtúr uirbeach lag agus comhtháthú fisiciúil lag ag an gceantar. Níl sainmhíniú láidir uirbeach agus sráid-dreach ann, rud a chiallaíonn go bhfuil droch-inléiteacht agus braistint áite aige.



**Figiúr 10.22 An Taobh Thiar**

Is é an cuspóir don Taobh Thiar ná nascacht a fheabhsú, tarraingteacht a mhéadú agus idirghníomhú agus gníomhaíocht phobail ar leibhéal sráide níos inbhuanaithe a spreagadh. D'fhéadfaí é seo a bhaint amach trí athfhorbairt a dhéanamh ar Láithreáin Athghiniúna agus Deise aitheanta, tréscaoilteacht fheabhsaithe, laghdú ar "éifeacht na bacainne" ar Bhóthar Shéamais Uí Chuirc agus a éileamh go n-áireofar in athfhorbairt níos mó imfhálaithe, meascán dea-úsáide, úsáid scála agus comhchruinniú chun scála níos daonna a

chruthú do spásanna poiblí agus i gcoitinne chun córas dearaidh uirbigh níos fearr a chur ar fáil. Comhlánóidh sé seo mar aon le tuilleadh feabhsuithe ar an ríocht phoiblí na hoibreacha a rinneadh go dtí seo agus cuirfidh sé le sráid-dreach níos beoga. Tá an poitéinseal ag a shuíomh laistigh de chrios dícharbónaithe píolótach do bhearta chun tacú le lorg ísealcharbóin sa limistéar seo agus d'fhéadfadh deiseanna do théamh ceantair nó tionscnaimh teasa agus cumhachta comhcheangailte a áireamh mar shampla.

| **Beartas 10.4 An Taobh Thiar** |
|---|
| Feabhas a chur ar cháilíocht na timpeallachta uirbí ar an Taobh Thiar trí imeall sráide níos iata agus níos láidre a chruthú ar thailte criosaithe CI feadh Bhóthar Shéamais Uí Chuirc, chun sráid-dreach bríomhar agus gníomhach ar ardchaighdeán a chruthú. |

## 10.25 LAP na nArdán

Príomhghné den straitéis lonnaíochta don chathair is ea forbairt na nArdán in oirthear na cathrach. Léirítear é seo sa Chroí-Straitéis agus tá fás suntasach daonra agus cónaithe beartaithe don cheantar seo amach anseo. Mar aitheantas ar a acmhainn straitéiseach, sainaithnítear é mar phríomh-chumasóir fáis cathrach faoin NPF agus mar Cheantar Fáis Straitéisigh sa RSES agus sa MASP. Tá sé ainmnithe freisin ag an rialtas láir mar Mhórshuíomh Seachadta Tithíochta Uirbeach (MUHDS) a bhfuil an cumas aige de sholáthar suntasach tithíochta.

Soláthróidh an ceantar seo, le hachar de thart ar 164 heicteár, deiseanna d'fhorbairt cónaithe ard-dlúis struchtúrtha agus comhordaithe le seirbhísí pobail riachtanacha eile. Tá sé i dea-shuíomh maidir le deiseanna maithe fostaíochta a fhorbairt a bhfuil dlúthnaisc fhisiciúla acu leis na páirceanna teicneolaíochta atá ann cheana ag Mervue, Baile an Bhriotaigh/ an Pháirc Mhór agus suíomhanna straitéiseacha IDA ag Órán Mór agus Baile Átha an Rí. Tá sé i suíomh maith freisin chun nasc a dhéanamh leis an institiúid ardleibhéil ag GMIT agus OÉ, Gaillimh agus leas a bhaint

as na hinstitiúidí sláinte suntasacha ag Ospidéal Pháirc Mhuirlinne agus ag Clinic na Gaillimhe. Tá na hArdáin comhtháite leis an straitéis iompair agus tá sé in ann leas a bhaint as infheistíocht phleanáilte sa chlár BusConnects, gréasáin de mhodhanna gníomhacha agus infheistíocht iarnróid comaitéara ag an nGarrán.

Glacadh le Plean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024 an 9 Aibreán 2018. Tá sé mar aidhm aige a chinntiú go mbeidh fás sna hArdáin dírithe ar shráidbhaile uirbeach nua tarraingteach agus inrochtana agus ar chomharsanacht chónaithe a fhreastalaíonn ar riachtanais laethúla na ndaoine áitiúla atá deartha chun modhanna inbhuanaithe iompair a spreagadh, ag soláthar éagsúlacht tithe, seirbhísí pobail, líonra sráideanna, spásanna oscailte glasa agus ríocht phoiblí ar ardchaighdeán.

Mar atá leagtha amach sa LAP, tá na hArdáin in ann suas le 4,640 teach a sheachadadh, ag freastal ar dhaonra suas le 12,621. Áirítear sa phlean cuspóirí do sholáthar dhá shuíomh scoile ilchampais (bunleibhéal agus meánleibhéal) agus poitéinseal de 40,000m.c. d'úsáidí tráchtála, oifige agus fóillíochta, agus 18 heicteár de thailte áineasa agus taitneamhachta. Tá dhá chéim forbartha i gceantar na nArdán. Cuimsítear i gCéim 1 na tailte ó dheas den M6/N6 agus cuimsítear i gcéim 2 níos fadtéarmaí na tailte lastuaidh den N6/M6.

Trí bhainistiú gníomhach talún, tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair le páirtithe leasmhara chun tacú le forbairt agus bonneagar tacaíochta a sheachadadh, lena n-áirítear an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Uisce Éireann, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Comhairle Chontae na Gaillimhe. Go dtí seo tá maoiniú suntasach faighte faoin URDF chun bonneagar cumasaithe iompair ríthábhachtach a chur chun cinn tar éis Measúnú Iompair Ceantarbhunaithe (ABTA) a thabhairt chun críche. Sa mheasúnú seo, cinneadh an t-éileamh iompair a eascraíonn as na húsáidí talún molta agus na hidirghabhálacha iompair a theastaíonn chun an t-éileamh seo a éascú. Teastaíonn uasghrádú ar thimpeallán Mháirtín agus ar an nascbhóthar lena mbaineann chun éascú a dhéanamh ar fhorbairt Chéim 1, an chuid theas de na hArdáin. Molann sé freisin rochtain nua theas breise go dtí na hArdáin ón R446. Táthar ag súil go mbeidh obair críochnaithe in 2022 ar chomharthaíocht acomhal Mháirtín agus tá pleananna á gcur ar aghaidh chun uasghrádú a dhéanamh ar an bpríomh-rochtain ar Chéim 1 a chuimsíonn for tosaíocht bus, áiseanna coisithe agus rothaithe. Tá obair dheartha á cur ar aghaidh freisin chun an pointe rochtana breise theas a chur chun cinn. Éascóidh na hoibreacha seo rochtain iompair phoiblí isteach sna hArdáin agus síneadh le gréasán coisithe agus rothaíochta na cathrach isteach sna tailte.


Maidir le bonneagar uisce agus fuíolluisce, tá feabhsúcháin á gcur chun cinn ag Uisce Éireann ar thacaíochtaí bonneagair. Sa ghearrthéarma, meastar go bhfuil acmhainn ag an ngréasán atá ann cheana le haghaidh na céime tosaigh.

Déanfaidh an earnáil phríobháideach forbairt na nArdán a chur chun cinn, go príomha, ag baint úsáide as an straitéis forbartha a bunaíodh agus tacófar léi trí infheistíocht in infrastruchtúr poiblí. Beidh ról réamhghníomhach ag an gComhairle maidir le gach deis maoinithe poiblí a shainaithint chun na háiseanna agus an bonneagar riachtanach a sheachadadh. D'fhéadfadh go mbeadh an Crios Forbartha Uirbeach nua mar a fhoráiltear dó i *dTithíocht Do Chách* (2021) DHLGH infheidhme freisin maidir leis na hArdáin ag tacú le soláthar tithíochta agus ag baint na mbacainní ar fhorbairt.

| **Beartas 10.5 Na hArdáin** |
|---|

Na hArdáin a fhorbairt, de réir an Phlean Limistéir Áitiúil ag glacadh le cur chuige comhordaithe agus céimnithe a chuideoidh le comhtháthú úsáid talún, foirm agus struchtúr uirbeach, iompar agus oidhreacht nádúrtha chun sráidbhaile uirbeach nua agus timpeallacht maireachtála agus oibre inbhuanaithe a chruthú.

## 10.26 LAP Mhuirbhigh



Figiúr 10.23 LAP Mhuirbhigh

Is ceantar fairsing de thimpeallacht leathnádúrtha é Muirbheach in aice le ceantair forbartha lastoir den chathair, lena n-áirítear An Rinn Mhór, An Baile Bán agus Dabhach Uisce. Tá na tailte ag Muirbheach mór (thart ar 34 heicteár) agus tá siad suite in aice leis an chósta, a bhfuil saintréithe go leor ag baint leis lena n-áirítear aillte, trá agus líne chladaigh chreagach. Tá naisc dhíreacha coisithe ag an gceantar le Trá Bhaile an Locháin ar an taobh thiar agus tá féidearthachtaí ann do shiúlóidí cósta go Órán Mór, san oirthear. Tá talamh curtha ar leataobh ag an mbóthar iarainn agus conair iompair phoiblí agus déanann sé sin suas imeall thuaidh na dtailte. Chomh maith leis sin tá bealach isteach do bhóthar agus do choisithe ó Bhóthar Bhaile an Locháin agus ó Bhóthar Mhuirbhigh. Mar gheall ar an méadú tapa atá tagtha ar fhorbairt chónaithe in oirthear na cathrach agus ag féachaint d'fhorbairt na nArdán sa todhchaí, tá éileamh ann ar áiseanna cósta agus áineasa ar an taobh thoir den chathair. Méadaítear an t-éileamh seo tuilleadh mar gheall ar an éagothroime atá ann faoi láthair maidir le háiseanna taitneamhachta/áineasa cósta sa chathair agus tá formhór na n-áiseanna seo, Bóthar na Trá agus Trá na gCeann suite ar thaobh thiar na cathrach. Sa cheantar Mhuirbhigh, d'fhéadfaí áiseanna cósta agus áineasa a sholáthar. Comhlánóidh siad seo na háiseanna feabhsaithe ag Trá Bhaile an Locháin. Toisc go bhféadfadh dea-naisc iompair phoiblí a bheith ann, tá deis ann freisin d'fhorbairt úsáide measctha do chuid den cheantar. Chuirfeadh forbairt úsáide measctha le beogacht an cheantair agus sholáthródh sé comharsanacht chónaithe nua. Tá an fhéidearthacht d'fhorbairt ann freisin, go háirithe saoráidí spóirt agus áineasa, i gcomhar le GMIT ar úinéirí talún iad sa limistéar seo agus úinéirí Theach Mhuirbhigh ar struchtúr cosanta é.

Mar aitheantas air seo, ullmhóidh an Chomhairle LAP don cheantar Mhuirbhigh. Tá sé mar aidhm ag an LAP a chinntiú go gcuirtear banc mór talún in áirithe chun críocha áineasa. Ceadóidh an Plean d'fhorbairt ilchineálach, a uasmhéadóidh forbairt saoráidí áineasa agus a chruthóidh ceantar bríomhar le naisc éifeachtacha iompair phoiblí leis an gcuid eile den chathair. Comhtháthóidh sé leis na háiseanna taitneamhachta ag trá Bhaile an Locháin. Sa Phlean, cuirfear san áireamh an timpeallacht íogair éiceolaíoch ag an láthair seo agus ionchorprófar bearta cuí chun riosca tuilte a mhaolú. D'fhonn na háiseanna áineasa riachtanacha a bhaint amach, cuirfear dhá thrian den limistéar in áirithe chun na críche seo.

Beidh forbairtí atá ag teacht leis an gcriosú G agus nach ndéanfaidh dochar d'aidhmeanna an LAP oscailte lena mbreithniú sula nglacfar leis an LAP. Go háirithe agus i bhfianaise na spéise suntasaí ó GMIT i dtailte Mhuirbhigh d'fhorbairt úsáidí ar leith, déanfaidh an Chomhairle iarracht obair i

gcomhar leis an ollscoil chun rochtain shábháilte agus oiriúnach a bhaint amach agus na tailte a sheirbhísiú dá n-úsáid in áiseanna spóirt agus cúntacha a éascú.

| **Beartas 10.6 Muirbheach** |
| --- |
| Ceantar Mhuirbhigh a fhorbairt de réir Plean Limistéir Áitiúil a choimeádfaidh banc suntasach talún le haghaidh cuspóirí áineasa, a cheadóidh rochtain phoiblí agus a cheadóidh forbairt ilchineálach a chruthóidh comharsanacht inbhuanaithe agus a uasmhéadóidh an fhorbairt inbhuanaithe d'áiseanna caitheamh aimsire cuí. |

| **10.27 Cuspóirí Sonracha** |
| --- |
| **Ceantar Lár na Cathrach** |
| 1. A éileamh go n-ullmhófar máistirphlean do Láithreán Stáisiún Cheannt. |
| 2. A éileamh go n-ullmhófar máistirphlean don Chuan Laistigh. |
| **Ceantar Bhóthar Áth Cinn** |
| 3. Plean Ceantair Áitiúil a ullmhú do cheantar Bhóthar Áth Cinn (ó dheas d'acomhal na mBoidicíneach). |
| 4. Sula nglacfar le LAP Bhóthar Áth Cinn, breithneofar aon mholtaí chun forbairt a dhéanamh ar shuíomh Athghiniúna Bhóthar na Díge ag an GCC/LDA ag féachaint do na tairbhí socheacnamaíocha don chathair, faoi réir máistirphlean a ullmhú. |
| **Láithreáin Athghiniúna agus Deise** |
| 5. A éileamh go n-ullmhófar máistirphleananna agus creataí spásúlachta chun eolas a thabhairt do thograí forbartha. |
| **Bóthar na Trá** |
| 6. Straitéis a ullmhú d'fhorbairt agus d'fheabhsú fadtéarmach Phromanáid Bhóthar na Trá ar shainghné shráidbhaile Bhóthar na Trá a dhéanann soláthar do threoirlínte do dhea-dhearadh uirbeach agus d'fhorbairt ardchaighdeáin ailtireachta d'fhorbairtí agus d'athfhorbairtí nua. |
| 7. Scéim feabhsúcháin timpeallachta a chur i gcrích do Bhóthar na Trá. |
| 8. Uasghrádú a dhéanamh ar áiseanna poiblí lena n-áirítear soláthar cithfholcadáin lasmuigh/laistigh, áiseanna gléasta agus leithris agus tacaíochtaí do ghníomhaíochtaí uiscebhunaithe. |
| 9. Tacaíocht a thabhairt do thograí d'fhorbairt ceann scríbe is díol spéise do thurasóirí agus áineasa ag láithreacha Pháirc Leisureland agus Bóthar na Trá leis an acmhainneacht de shaoráidí caitheamh aimsire, cathartha agus cultúrtha nua-aimseartha saintógtha a sholáthar chun freastal ar an gcathair agus ar an réigiún. |
| **Na hArdáin** |
| 10. An Plean Ceantair Áitiúil do na hArdáin a chur chun feidhme. |
| **Muirbheach** |
| 11. Plean Ceantair Áitiúil a ullmhú do Mhuirbheach. |

# Caibidil 11
## Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún agus Caighdeáin agus Treoirlínte Forbartha

**Clár na nÁbhar**

11.1 Réamhrá ....................................................................................................................277

Cuid A - Beartais agus Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún ...........................................................278

11.2 Criosú Úsáid Talún Ginearálta ..........................................................................................278

Cuid B Caighdeáin Forbartha ......................................................................................................296

## 11.1 Réamhrá

Ceanglaítear ar an gComhairle forbairt a bhainistiú lena chinntiú go bhfuil ceadanna a dheonaítear faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) comhsheasmhach le beartais agus cuspóirí an Phlean Forbartha. Baineann an chuid seo den phlean leis na caighdeáin agus na treoirlínte a chuirfear i bhfeidhm maidir le tograí forbartha. Soláthrófar do chur chun feidhme solúbtha caighdeán agus treoirlínte, i gcúinsí áirithe, nuair atá forbairt beartaithe a bheadh i gcomhréir ar shlí eile le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair agus i gcás go mbainfear amach ardchaighdeán dearaidh uirbigh. An aidhm atá le bainistíocht forbartha ná baint amach bheartais agus chuspóirí an phlean agus tacú leis an dearadh maith, seachas cur i bhfeidhm meicniúil na gcaighdeán forbartha.

D'fhéadfaí nithe seachas na forálacha sonracha sa Phlean Forbartha a chur san áireamh ag plé le hiarratais ar chead forbartha, nó i bhforfheidhmiú in aghaidh forbairt neamhúdaraithe. Cé gurb iad forálacha an phlean an bonn is mó don mheasúnú ar thograí forbartha, ní leor comhlíonadh na gcaighdeán agus na dtreoirlínte sa phlean ann féin ionas go measfar togra forbartha a bheith inghlactha go huile agus go hiomlán.

Tá go leor úsáidí bunaithe go dlíthiúil in áiteanna nach mbeadh ag luí leis an sprioc chriosaithe thalamhúsáide ainmnithe atá leagtha amach sa phlean. Is féidir síntí nó feabhsuithe ar áitribh na n-úsáidí neamhchomhréireacha a cheadú, i gcás nach mbeadh an fhorbairt bheartaithe dochrach d'fhóntais an cheantair, agus nach ndéanfaí dochar do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inbhuanaithe an cheantair.

Tá go leor limistéar spáis oscailte laistigh de limistéir chónaithe nach bhfuil criosaithe go sonrach mar spás oscailte poiblí agus féadfar iad a chriosú R le haghaidh úsáide cónaithe. Beag beann ar chriosú, beidh toimhde in aghaidh forbartha ar gach spás oscailte in eastáit chónaithe mura ndéantar tagairt shonrach dó sa chead pleanála le haghaidh forbartha. Cosnófar na tailte sin chun críocha áineasa, spáis oscailte agus taitneamhachta.

# Cuid A - Beartais agus Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún

## 11.2 Criosú Úsáid Talún Ginearálta

Leagann an Plean Forbartha amach na cuspóirí criosaithe talamhúsáide do cheantair éagsúla laistigh den chathair agus léiríonn sé samplaí d'úsáidí a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh bheith inghlactha laistigh de gach crios úsáide. Féachann an criosú le forbairt úsáidí a chur chun cinn, ar úsáidí iad a bhaineann amach na cuspóirí don limistéar i gceist, agus le forbairt na n-úsáidí neamh-chomhoiriúnacha a chosc. Tá aon chriosú úsáide talún déag úsáidte sa Phlean chun cuspóirí éagsúla na gceantar seo a chur in iúl (Tábla 11.1).

**Tábla 11.1 - Criosanna Úsáide Talún agus Cuspóirí Criosaithe**

| | |
|---|---|
| **CF** | Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt inbhuanaithe úsáidí pobail, cultúrtha agus institiúideacha agus forbairt bonneagair ar mhaithe le saoránaigh na cathrach agus é a éascú. |
| **RA** | Soláthar a dhéanamh d'úsáidí áineasa, spás oscailte, úsáidí taitneamhachta, oidhreacht nádúrtha agus bithéagsúlacht agus iad a chosaint. |
| **A** | Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt na talmhaíochta agus chun carachtar na tuaithe a chosaint. |
| **G** | Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt na talmhaíochta agus limistéir a bhfuil tábhacht radhairc ag baint leo agus/nó limistéir ardtaitneamhachta a chosaint. |
| **I** | Soláthar a dhéanamh d'fhiontar, tionscal agus úsáidí gaolmhara. |
| **CI** | Soláthar a dhéanamh d'úsáidí fiontair, do thionscal éadrom agus tráchtála seachas iad siúd atá in áirithe don chrios CC. |
| **CC** | Soláthar a dhéanamh do ghníomhaíochtaí lár na cathrach agus go háirithe iad siúd a chaomhnaíonn lár na cathrach mar phríomhlimistéar tráchtála na cathrach. |
| **R** | Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt chónaithe agus d'fhorbairt tacaíochta gaolmhar, a chinnteoidh go gcosnófar an taitneamhacht chónaithe atá ann cheana agus a chuirfidh le comharsanachtaí cónaithe inbhuanaithe. |
| **LDR** | Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt cónaithe ísealdlúis a chinnteoidh go gcosnófar taitneamhacht chónaithe agus íogaireachtaí comhshaoil. |
| **LAP** | Plean Ceantair Áitiúil do Mhuirbheach. |
| **UVC** | Soláthar a dhéanamh do mheascán úsáidí d'úsáid chónaithe den chuid is mó, go háirithe iad siúd a thacóidh le lárionad sráidbhaile uirbeach a thacaíonn le daoine agus gnó agus a chuideoidh le foirm uirbeach inbhuanaithe ardchaighdeáin a bhunú. |

Tugann na cuspóirí criosaithe talamhúsáide sna caibidlí den Phlean Forbartha léiriú ar inghlacthacht úsáidí nua i ngach crios. Tá siad beartaithe mar threoirlíne agus níl siad uileghabhálach. Faoi gach criosú úsáide talún, sonraítear samplaí d'úsáidí atá comhoiriúnach leis an gcuspóir criosaithe agus a chuireann leis. Samplaí d'úsáidí a léirítear mar "Úsáidí a d'fhéadfadh cur leis na spriocanna criosaithe, ag brath ar an  suíomh agus ar an scála agus an fhorbairt atá beartaithe", is úsáidí iad nach bhféadfaí a mheas a bheith inghlactha i bprionsabal i ngach cuid den úsáid talún chuí faoin sprioc chriosaithe agus ní ghlacfaidh an Chomhairle leo ach ar an gcoinníoll go bhfuil an Chomhairle sásta nach mbeadh tionchar neamh-inmhianaithe ag na húsáidí sin ar an úsáid nó taithneamhacht i réim. Ní cheadófar úsáid nach bhfuil comhoiriúnach nó nach gcuireann leis an sainchuspóir criosaithe úsáide talún sa chrios úsáide talún sin. Déanfar úsáidí nach luaitear mar shamplaí d'úsáidí ach a chomhlíonann an cuspóir úsáide talún a mheas maidir le beartas ginearálta agus leis na cuspóirí criosaithe don limistéar atá i gceist.

Féadfaidh an Chomhairle úsáidí sealadacha a mheas mar úsáidí atá comhoiriúnach agus a chuireann leis an gcuspóir criosaithe.

Sna limistéir teorann de chriosanna tadhlacha is gá forbairtí a sheachaint a dhéanfadh dochar do thaitneamhachtaí na gcriosanna atá níos íogaire ó thaobh an chomhshaoil de. Mar shampla, i gceantair a bhfuil teorainn acu le criosanna cónaithe b’fhéidir nach nglacfar le togra ar leith a d’fhéadfadh a bheith inghlactha i gcodanna eile den chrios. Sa chás go bhfuil láithreán d'fhorbairt bheartaithe trasna ar theorainn chriosanna úsáide talún éagsúla beidh an dlús ceadaithe ar an láithreán iomlán ar an meán idir na criosanna éagsúla faoi réir taitneamhachta cónaithe.

Sula nglacfar leis an bPlean Limistéir Áitiúil (LAP) do Mhuirbheach, breithneofar mionfhorbairtí sa chriosú LAP nach ndéanfaidh dochar d’aidhmeanna an LAP. Beidh na húsáidí sin comhoiriúnach leis an gcuspóir criosaithe G agus rannchuideoidh siad leis.

Tabharfar tús áite d’fhorchoimeád chonair bóthair straitéiseach deartha an N6 GCRR agus aon riachtanais ghaolmhara talún thar chriosú úsáide talún eile agus cuspóirí sonracha.

Ar mhaithe le soiléireacht, i gcomhar le cuspóirí criosaithe, leagtar amach ceanglais bhreise maidir le forbairt ar Láithreáin Athghiniúna agus Deise i gCaibidil 10.

### 11.2.1 Cuspóirí Criosaithe um Úsáid Talún CF Institiúideach agus Pobail

<table>
<tr><td colspan="2">Cuspóir Criosaithe CF<br>Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt inbhuanaithe úsáidí pobail, cultúrtha agus institiúideacha agus forbairt bonneagair ar mhaithe le saoránaigh na cathrach agus é a éascú.</td></tr>
<tr><td>Úsáidí atá comhoiriúnach leis an gcuspóir criosaithe agus a chuireann leis, mar shampla:</td><td>– Foirgnimh chun cúram a thabhairt do shláinte, do shábháilteacht nó do leas an phobail<br>– Institiúidí cónaithe<br>– Forais oideachais<br>– Áiteanna adhartha poiblí<br>– Foirgnimh phobail agus chultúrtha<br>– Reiligí agus seirbhísí gaolmhara<br>– Úsáid áineasa allamuigh<br>– Cóiríocht don Lucht Siúil<br>– Áiseanna cúraim leanaí<br>– Fóntais phoiblí</td></tr>
<tr><td>Úsáidí a d'fhéadfadh cur leis na cuspóirí criosaithe, ag brath ar shuíomh CF agus scála na forbartha a bheartaítear, mar shampla:</td><td>– Úsáidí cónaithe ar thailte institiúideacha barrachais ina gcoinnítear cuid de bhuncharachtar oscailte na dtailte institiúideacha agus 20% ar a laghad d'achar iomlán an láithreáin curtha in áirithe do spás oscailte pobail.<br>1. Tabhair faoi deara: Ní bhainfidh sé seo le forbairt chomhchosúil a deonaíodh agus a tógadh faoi bheartais phlean forbartha roimhe seo nuair a bhí gá le caighdeán spáis oscailte níos airde roimh 2005.<br><br>– Úsáidí breise, atá bainteach le/nó a bhfuil caidreamh tacaíochta bunaithe acu leis an bpríomhúsáid ar thailte i gcampas OÉ Gaillimh agus GMIT ar nós gníomhaíochtaí comhoibríocha le tionscal agus cóiríocht do mhic léinn.</td></tr>
</table>

**Seo a leanas sainchuspóirí forbartha do roinnt criosanna CF ar fud na cathrach:**

- Tailte CF ag Páirc Mhuirlinne comhdhéanta de thart ar 34 heicteár. Breithneoidh an Chomhairle forbairt na dtailte seo le haghaidh úsáid áiseanna institiúide nó pobail ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó ag institiúid eile agus ní cheadóidh sí forbairt chónaithe, tráchtála nó tionsclaíochta.
- Tailte CF ó dheas de Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath os comhair GMIT ina bhfuil thart ar 3.30 heicteár. Breathnóidh an Chomhairle ar fhorbairt na dtailte seo le haghaidh úsáid áiseanna institiúideacha nó pobail ag an GMIT nó ag institiúid eile agus ní cheadóidh sí forbairt chónaithe, tráchtála nó tionsclaíochta.
- Tailte CF ag an mBaile Bán laisteas de Bhóthar Pháirc an Chaisleáin ina bhfuil thart ar 6.27 heicteár áitithe ag Seirbhísí Bráithre na Carthanachta. Breathnóidh an Chomhairle ar fhorbairt na dtailte seo le haghaidh úsáid institiúideach, taitneamhachta nó áiseanna pobail ag Seirbhísí Bráithre na Carthanachta nó ag institiúid eile agus ní cheadóidh sí forbairt cónaithe, tráchtála nó tionsclaíochta.
- Tailte CF laisteas den líne iarnróid ag an Rinn Mhór á n-áitiú ag Óglaigh na hÉireann agus atá comhdhéanta de thart ar 9 heicteár. Breathnóidh an Chomhairle ar fhorbairt na dtailte seo le

haghaidh úsáide institiúidí, taitneamhachta nó áiseanna pobail ag Óglaigh na hÉireann nó ag institiúid eile agus ní cheadóidh sí forbairt chónaithe, thráchtála nó thionsclaíoch.

- Tailte CF ag Páirc an Iascaigh (Oileán an Iarla). Breathnófar ar na tailte seo mar chuid d'athghiniúint iomlán cheantar Mháistirphlean Oileán Altanach.
- Talamh CF ag Coláiste na Toirbhearta, Bóthar na Toirbhearta. Cuirfidh dearadh na forbartha le cosaint agus feabhsú na n-uiscebhealaí cóngaracha agus na struchtúr cosanta ar an láithreán.

### 11.2.2 Oidhreacht Nádúrtha, Caitheamh Aimsire agus Taitneamhacht RA Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún

| | |
|---|---|
| Cuspóir Criosaithe RA<br>Soláthar a dhéanamh d'úsáidí áineasa, spás oscailte, úsáidí taitneamhachta, oidhreacht nádúrtha agus bithéagsúlacht agus iad a chosaint. | |
| Úsáidí atá comhoiriúnach leis an gcuspóir criosaithe agus a chuireann leis, mar shampla: | – Áineas allamuigh |
| Úsáidí a d'fhéadfadh cur leis na cuspóirí criosaithe, ag brath ar shuíomh RA agus scála na forbartha, mar shampla: | – Forbairt foirgneamh de chineál áineasa, cultúrtha nó oideachais nó limistéir pháirceála a bhaineann le húsáid phríomhúil talún/dobharlaigh le haghaidh caitheamh aimsire allamuigh agus atá tánaisteach don úsáid sin.<br>– Fóntais phoiblí<br>– Reiligí agus seirbhísí gaolmhara |

**Seo a leanas sainchuspóirí forbartha do roinnt criosanna RA ar fud na cathrach:**

- Tailte RA i gceantair an Bhaile Bháin agus Bhaile an Phoill. Breathnóidh an Chomhairle ar phlean/pleananna athghiniúna a chuimseoidh soláthar seirbhísí pobail agus forbairtí cónaithe inlíonta ar spás oscailte reatha, áit a léirítear go meastar go bhfuil barrachas ar an spás oscailte agus nach ndéantar dochar do riachtanais áineasa agus taitneamhachta cónaithe.
- Tailte RA atá faoi úinéireacht phríobháideach ag OÉ Gaillimh, comhdhéanta de 36.98 heicteár, ach gan an stráice talún criosaithe RA atá suite idir Abhainn na Gaillimhe agus tailte na hOllscoile (CF) a áireamh. Breathnóidh an Chomhairle ar fhorbairt na dtailte seo le haghaidh úsáidí ollscoile agus úsáidí gaolmhara, atá ag teacht leis an gcuspóir criosaithe CF agus a chuireann leis. Eisceacht dó seo is ea go gceadóidh an Chomhairle breithniú a dhéanamh ar fhorbairt meánscoile le forbairt choimhdeach ghaolmhar ar thailte timpeall 1.6 heicteár (4 acra) idir Páirc Haca OÉ Gaillimh agus Bóthar an N59. Dá ndéanfaí aon fhorbairt sa láithreán seo le haghaidh meánscoile, ní mór Plean Bainistíochta Rialaithe Tráchta Scoile agus Plean Bainistíochta Soghluaisteachta a bheith acusan, a bheidh de dhíth chun spriocanna a bheartú d'aistriú córa iompair go modhanna inbhuanaithe agus iompar poiblí le haghaidh foirne agus daltaí atá ag obair agus ag freastal ar scoil, i gcomhréir le spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide.
- Tailte RA suite ag Ráschúrsa Bhaile an Bhriotaigh. Breathnóidh an Chomhairle ar úsáid na n-áiseanna fáilteachais agus tailte ráschúrsaí atá ann cheana féin chun críocha tráchtála oiriúnacha lena n-áirítear comhdhálacha, taispeántais, margaí, seónna talmhaíochta nó seónna dá leithéid agus áiseanna páirceála agus taistil.
- Tailte RA ag Dabhach Uisce ó thuaidh ón Túr Uisce. Breathnóidh an Chomhairle ar fhorbairt cuid de na tailte seo le haghaidh linn snámha/ionad fóillíochta le húsáid lamháltais phoiblí agus áis cúram leanaí, áit a bhfuil áis phobail beartaithe mar chuid den fhorbairt. Ní dhéanfaidh an fhorbairt seo dochar do sholáthar bealach coisithe agus rothar sa cheantar seo.

- Tailte RA ag OÉ Gaillimh cóngarach do Dhroichead na gCúig Chéad Bliain. Breithneoidh an Chomhairle na riachtanais straitéiseacha chun an campas thuaidh agus theas a nascadh. Beidh sé seo faoi réir scrúdú a dhéanamh ar na roghanna féideartha go léir, mar aon le breithniúcháin iompair, amhairc agus comhshaoil agus nuair is féidir a léiriú go mbeidh tairbhí inbhuanaithe ag an rogha tosaíochta.
- Tailte RA idir Abhainn na Gaillimhe agus Bóthar na Díge agus ó dheas de Bhóthar Dhroichead na gCúig Chéad Bliain faoi úinéireacht na Comhairle. Breathnóidh an Chomhairle ar fhorbairt na dtailte seo chun freastal ar áiseanna bardasach agus clubanna uiscebhunaithe. Áireofar i measc na gcritéar chun na tailte seo a fhorbairt ar ardchaighdeán dearaidh agus beidh siad faoi réir measúnaithe comhshaoil maidir le láithreáin Eorpacha. Tailte criosaithe RA CLG Liam Ó Maoilíosa ag Baile an Locháin. Breathnóidh an Chomhairle Cathrach ar struchtúir a sholáthar (lena n-áirítear páirceanna breise, soilsiú, tuilte soilsiú agus eangacha liathróid) chun na páirceanna imeartha, oibríochtaí agus áiseanna a fheabhsú ag an láthair seo agus aird chuí á tabhairt ar na radhairc chosanta ó Chéide na Sceiche Gile agus tionchair timpeallachta.
- Tailte RA ag Club CLG Liam Ó Maoilíosa Baile Locháin. Breathnóidh an Chomhairle Cathrach ar struchtúir a sholáthar (lena n-áirítear páirceanna breise, soilsiú, soilse tuilte agus líontáin stad liathróid) chun na páirceanna imeartha, oibríochtaí agus áiseanna a fheabhsú ag an láthair seo agus aird chuí á tabhairt ar na radhairc chosanta ó Hawthorne Drive agus tionchair timpeallachta.
- Tailte RA ag Páirc na Ceapaí. Breathnóidh an Chomhairle ar fhorbairt Ionad Spóirt Uisce agus Aclaíochta tadhlach agus nasctha leis an ionad pobail atá ann cheana féin.
- Tailte RA ag Bóthar na Ceapaí Iastuaidh de Pháirc na Ceapaí. Breathnóidh an Chomhairle ar úsáid a bhaint as cuid de na tailte seo chun na háiseanna carrchlóis agus rothar atá ann faoi láthair ag Páirc na Ceapaí a leathnú, leis an gcumas feidhmiú mar shaoráid pháirceála agus taistil nuair nach dtagann buaicéilimh ar úsáid páirce i gcomhthráth.
- Tailte RA suite idir an Cuarbhóthar agus Páirc na Coll. Scrúdóidh an chomhairle roghanna oiriúnacha chun rochtain feithicle a thabhairt ar na tailte seo chun úsáid áineasa agus taitneamhachta a éascú.
- Tailte RA suite idir Bóthar Bhaile Uí Mhóinín agus Bóthar an Chlaí Bháin. Uasmhéadú a dhéanamh ar rochtain ar thailte criosaithe RA atá suite idir Bóthar Bhaile an Mhóinín agus Bóthar an Chlaí Bháin (féach Figiúr 11.7) trí naisc ón ngréasán bóithre reatha agus trí fhorbairtí cónaithe amach anseo.

**Figiúr 11. 1 Óstán Pháirc Mhionlaigh**



Tailte RA os comhair Ostán Pháirc Mhionlaigh in aice le Timpeallán na gCiarabhánach. Breathnóidh an Chomhairle ar fhorbairt ionad fóillíochta agus linn snámha, an dá cheann suite faoin talamh le héifeacht íosta os cionn na talún, mar chuid d'fhorbairt iomlán an óstáin.

**Figiúr 11. 2 Suíomh ag Loch an tSáile**



Tailte RA ag Loch an tSáile (0.5 heicteár). Breathnóidh an Chomhairle ar fhorbairt na dtailte seo le haghaidh áiseanna spóirt agus amfaitéatar.

### 11.2.3 Limistéir Thalmhaíochta A Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún

| Cuspóir Criosaithe A<br>Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt na talmhaíochta agus chun carachtar na tuaithe a chosaint. | |
|---|---|
| Úsáidí atá comhoiriúnach leis an gcuspóir criosaithe agus a chuireann leis, mar shampla: | – Talmhaíocht agus forbairtí gaolmhara<br>– Cóiríocht don Lucht Siúil |
| Úsáidí a d'fhéadfadh cur leis na cuspóirí criosaithe, ag brath ar shuíomh A agus scála na forbartha, mar shampla: | – Úsáidí mar atá leagtha amach i gCuid 5.9 Tailte Talmhaíochta agus i gCuid 11.3.1 (j) Tiontú agus Foroinnt Áitreabh<br>– Saoráid bainistíochta dramhaíola<br>– Fóntais phoiblí<br>– Saoráid iompair phoiblí<br>– Reiligí agus seirbhísí gaolmhara<br>– Caitheamh aimsire lasmuigh le háiseanna gaolmhara ar scála beag |

**Seo a leanas sainchuspóirí forbartha do roinnt criosanna A ar fud na cathrach:**

- Tailte criosaithe suite lastuaidh de Thimpeallán na Máirtíneach agus ó dheas de Chlinic na Gaillimhe, comhdhéanta de 0.73 heicteár. Breathnóidh an Chomhairle ar úsáid na dtailte seo chun críocha cónaithe tráchtála ar féidir a léiriú go bhfuil baint dhíreach acu leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil ag Clinic na Gaillimhe, ach ní áireofar leo seirbhísí de chineál leighis. D'fhéadfadh seirbhísí de chineál céim síos a bheith i gceist le húsáid na dtailte seo.
- Talamh criosaithe suite ó thuaidh agus tadhlach le clúdach sráidbhaile Mhionlaigh ina bhfuil 0.42 heicteár. Beidh aon fhorbairt cónaithe teoranta d'aon teach amháin le haghaidh úsáidí mar atá leagtha amach i gCuid 5.9 Tailte Talmhaíochta.

### 11.2.4 Cuspóir Criosaithe Úsáide Talún Talmhaíochta G

| **Cusóir Criosaithe G**<br>Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt na talmhaíochta agus limistéir a bhfuil tábhacht amhairc agus/nó ardtaitneamhachta ag baint leo a chosaint | |
|---|---|
| Úsáidí atá comhoiriúnach leis an gcuspóir criosaithe agus a chuireann leis, mar shampla: | Forbairt talmhaíochta |
| Úsáidí a d'fhéadfadh cur leis na cuspóirí criosaithe, ag brath ar shuíomh G agus scála na forbartha, mar shampla: | Reiligí agus seirbhísí gaolmhara<br>Fóntais phoiblí<br>Caitheamh aimsire amuigh faoin aer le háiseanna bainteacha ar scála beag |

### 11.2.5 Cuspóir Criosaithe Úsáide Talún Tionsclaíoch I

| Cuspóir Criosaithe I<br>Chun soláthar a dhéanamh d'úsáidí Fiontraíochta, Tionsclaíocha agus gaolmhara. | |
|---|---|
| Úsáidí atá comhoiriúnach leis an gcuspóir criosaithe agus a chuireann leis, mar shampla: | – Tionscal éadrom<br>– Tionscal ginearálta<br>– Trádstóráil, stóráil agus trádáil mhórdhíola (ach amháin sa chás gurb é cuspóir suntasach na forbartha é seirbhísiú ar an láthair a sholáthar don phobal agus nuair is oiriúnaí soláthar den sórt sin laistigh de chriosanna CI/criosuithe eile<br>– Páirceáil (lena n-áirítear páirceáil feithiclí troma)<br>– Saintionscail oifigbhunaithe de chineál gnó/teicneolaíochta<br>– Cóiríocht don Lucht Siúil<br>– Áiseanna cúraim leanaí<br>– Tionscal speisialaithe |
| Úsáidí a d'fhéadfadh cur leis na cuspóirí criosaithe, ag brath ar shuíomh I agus scála na forbartha, mar shampla: | – Siopaí, oifigí, bialann nó foirgnimh áineasa, atá coimhdeach le húsáid talún le haghaidh úsáidí tionsclaíochta agus úsáidí gaolmhara<br>– Áineas allamuigh<br>– Caitheamh aimsire laistigh ar scála mór<br>– Fóntais phoiblí<br>– Oifigí speisialaithe<br>– Saoráid bainistíochta dramhaíola<br>– Saoráid iompair phoiblí |

**Is sainchuspóirí forbartha iad seo a leanas do roinnt criosanna I ar fud na cathrach:**

- Tailte criosaithe I ag Ráthún, ina bhfuil thart ar 29 heicteár, breithneoidh an Chomhairle forbairt na dtailte seo le haghaidh páirce teicneolaíochta/gnó. Caithfidh tograí forbartha atá ag teacht leis an gcuspóir seo suíomh páirce a bhaint amach atá ag teacht le taitneamhacht cónaithe na gceantar tithíochta atá in aice láimhe agus a bheidh ann amach anseo.
- Tailte criosaithe I ag Loch an tSáile idir an líne iarnróid agus an cladach ina bhfuil thart ar 16.2 heicteár. Beidh forbairt ar an suíomh seo teoranta do ghníomhaíochtaí a bhaineann le leathnú Chalafort na Gaillimhe agus tionscail a chaithfidh a bheith suite in aice leis an gcuan ar mhaithe le bheith inmharthana, ar choinníoll, áfach, go bhfuil na próisis atá i gceist inghlactha ó thaobh an chomhshaoil de agus nach gcuireann siad isteach ar thaitneamhacht chónaithe na bhforbairtí tithíochta in aice láimhe.
- Tailte criosaithe I ag Páirc Gnó Bhaile an Bhriotaigh (ó thuaidh de dhébhealach an N6, bloic 1-7) agus ag Ráthún. Ar na tailte seo laistigh de spás oifige tógtha atá ann cheana féin (críochnaithe roimh 2004) beidh athrú úsáide go spás oifige ginearálta nach mbaineann le teicneolaíocht nó próiseáil bunaithe ar phróiseáil, le breithniú faoi réir na nithe seo a leanas:
- Sa chás nach mbeidh spás oifige dá leithéid tiomnaithe do chleachtais/seirbhísí gairmiúla grúpáilte.
- Nuair is féidir a léiriú go bhfuil dóthain spásanna páirceála curtha ar fáil d'úsáid oifige dá leithéid sin spás amháin in aghaidh 50m² d'achar urláir comhlán.

### 11.2.6 Cuspóir Criosaithe Úsáide Talún CI Tráchtála/Tionsclaíoch

| Cuspóir Criosaithe CI<br>Soláthar a dhéanamh d'úsáidí fiontair, do thionscal éadrom agus tráchtála seachas iad siúd atá in áirithe don chrios CC | |
|---|---|
| Úsáidí atá comhoiriúnach leis an gcuspóir criosaithe agus a chuireann leis, mar shampla | – Trádstóráil/Stóras<br>– Miondíol de chineál agus ar scála atá oiriúnach d'fheidhm agus do charachtar an cheantair<br>– Oifigí speisialaithe<br>– Oifigí de chineál agus de scála a oireann d'fheidhm agus do charachtar an cheantair<br>– Tionscal Éadrom<br>– Cóiríocht don Lucht Siúil<br>– Áiseanna cúraim leanaí<br>– Áiseanna pobail agus cultúrtha |
| Úsáidí a d'fhéadfadh cur leis na cuspóirí criosaithe, ag brath ar shuíomh CI agus scála na forbartha, mar shampla: | – Tionscal ginearálta (scála beag)<br>– Miondíol seirbhíse<br>– Ábhar cónaithe ar scála nach gcuirfeadh isteach go míchuí ar phríomhúsáid na talún chun críocha CI agus a bheadh ag teacht le prionsabail na gcomharsanachtaí inbhuanaithe atá leagtha amach i gCaibidil 3<br>– Oifigí<br>– Carrchlóis (lena n-áirítear carrchlóis d'fheithiclí troma)<br>– Saoráid bainistíochta dramhaíola<br>– Saoráid iompair phoiblí<br>– Fóntais phoiblí<br>– Áineas allamuigh<br>– Fóillíocht tráchtála / caitheamh aimsire laistigh<br>– Áiteanna adhartha |

**Seo a leanas sainchuspóirí forbartha do roinnt criosanna CI ar fud na cathrach:**

- Is iad riachtanais mhiondíola earraí toirtiúla agus miondíola áitiúla, na cineálacha miondíola amháin a dhéanfar a mheas ar thailte criosaithe CI nach ndéantar foráil dóibh san Ordlathas Miondíola ag/tadhlach; Cnoc Mhaoil Drise, Bóthar Dhabhach Uisce (Siar uaidh), Bóthar Thuama, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Bóthar Sheáin Uí Mhaoilbhuaidh, Bóthar an Ghainimh, Bóthar Áth Cinn/Bóthar na dTreabh (ó thuaidh ó acomhal na mBoidicíneach), agus Bóthar Shéamais Uí Chuirc. Bainfidh eisceacht le breithniú a dhéanamh ar úsáid siopa bia agus bialainne le cuid de thailte CI ag Cnoc Mhaoil Drise, is é sin suíomh Western Motors agus an láithreán tadhlach ar an taobh thoir, atá teorantach le Bóthar Mhuine Mheá agus Bóthar na Páirce Móire.
- Breathnófar ar fhorbairt miondíola de chineál atá oiriúnach do lár na cathrach ar Bhóthar Áth Cinn (ó dheas d'acomhal na mBoidicíneach). Cuirfear áis ealaíon/chultúrtha ar fáil in éineacht le haon athfhorbairt mhór ar na tailte seo. Tá sé i gceist Plean Ceantair Áitiúil a chur i gcrích mar atá sonraithe i gCaibidil 10 do na tailte seo ar a dtugtar LAP Bhóthar Áth Cinn.
- Tailte criosaithe CI ar Bhóthar Áth Cinn (ó dheas d'acomhal an na mBoidicíneach), Bóthar Sheáin Uí Mhaoilbhuaidh, Bóthar Thuama (ó dheas de Bhóthar na dTreabh), Bóthar Mhóinín na gCiseach agus tailte a bhfuil teorainn acu le Bóthar Shéamais Uí Chuirc. Beidh oifigí atá oiriúnach don chriosú CC oscailte lena mbreithniú ar na tailte seo.

- Tailte criosaithe CI ar Bhóthar Mhuine Mheá (láithreán Radharc na Gréine). Breathnófar ar fhorbairt chónaithe ar mhéid iomlán na láithreán criosaithe CI seo. Tabharfaidh dlús aon fhorbairt chónaithe ar na láithreáin seo aird ar an gcomhthéacs mórthimpeall.
- Tailte CI ag Bóthar Pháirc an Tobair in aice le Páirc Gnó agus Teicneolaíochta Mervue. Breathnófar ar ábhar cónaithe suas le 75% ar na tailte seo.
- Tailte CI ag Bóthar Bhearna (stáisiún líonta peitril). Coimeádfar slanachar reatha an fhoirgnimh, gan an réamhchúirt san áireamh.
- Tailte CI ag 'Joyce's Supermarket', Bóthar Bhaile an Rí, Cnoc na Cathrach. Leanfar leis an gcuid den choimpléasc foirgnimh a úsáidtear mar sheomraí pobail a chur in áirithe do chuspóirí pobail ar nós úsáidí chun cruinnithe club / ranganna áineasa / gníomhaíochtaí grúpa pobail a éascú.
- Tailte CI ag Páirc an Tobair. Breathnóidh an Chomhairle ar an raon iomlán d'úsáidí miondíola atá aitheanta sna Treoirlínte Pleanála Miondíola laistigh de Pháirc Mhiondíola agus Fóillíochta Pháirc an Tobair.
- Tailte CI ag Bóthar an Ghainimh. Cuirfear talamh in áirithe do nascbhóthar straitéiseach ó Bhóthar Sheáin Uí Mhaoilbhuaidh go Bóthar an Ghainimh. Beidh suíomh agus ailíniú an bhóthair seo bunaithe ar chúrsaí iompair is fearr agus ar chúrsaí pleanála agus forbartha inbhuanaithe.

### 11.2.7 Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún Lár na Cathrach

| Cuspóir Criosaithe CC<br>Soláthar a dhéanamh do ghníomhaíochtaí lár na cathrach agus go háirithe iad siúd a chaomhnaíonn lár na cathrach mar phríomhlimistéar tráchtála na cathrach | |
|---|---|
| Úsáidí atá comhoiriúnach leis an gcuspóir criosaithe agus a chuireann leis, mar shampla | – Miondíol<br>– Cónaithe<br>– Oifigí, bainc agus seirbhísí gairmiúla<br>– Úsáidí a bhaineann le turasóireacht<br>– Úsáidí cultúrtha agus pobail<br>– Foirgnimh don oideachas<br>– Áineas<br>– Áiseanna cúraim leanaí<br>– Áiteanna adhartha |
| Úsáidí a d'fhéadfadh cur leis na cuspóirí criosaithe, ag brath ar shuíomh CC agus scála na forbartha, mar shampla: | – Tionscal éadrom<br>– Fóntais phoiblí |

**Is cuspóir sonrach forbartha é seo a leanas:**

- Talamh CC ag 6, 8, 10, 12 agus 14 Sráid San Agaistín. Ní dhéanfaidh aon fhorbairt a theastaíonn ar na suíomhanna seo chun athrú úsáide a éascú athrú ábhartha ar ingearchló na bhfoirgneamh atá ann cheana féin ná cur isteach ar shláine an léibhinn.

### 11.2.8 Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún LDR Cónaithe R agus Cónaithe ar Ísealdlús

<table>
<tr><td colspan="2">Cuspóir Criosaithe R<br>Soláthar a dhéanamh d’fhorbairt chónaithe agus d’fhorbairt tacaíochta gaolmhar, a chinnteoidh go gcosnófar an taitneamhacht chónaithe atá ann cheana agus a chuirfidh le comharsanachtaí cónaithe inbhuanaithe.<br><br>Cuspóir Criosaithe LDR<br>Soláthar a dhéanamh d’fhorbairt chónaithe ísealdlúis a chinnteoidh go gcosnófar an fóntas cónaithe agus íogaireachtaí comhshaoil atá ann cheana féin.</td></tr>
<tr><td>Úsáidí atá comhoiriúnach leis an gcuspóir criosaithe agus a chuireann leis, mar shampla</td><td>– Cónaithe<br>– Institiúid chónaithe<br>– Úsáid áineasa allamuigh<br>– Cóiríocht don Lucht Siúil<br>– Siopaí áitiúla, oifigí áitiúla, áitribh le ceadúnais, bainc & seirbhísí áitiúla eile<br>– Foirgnimh don oideachas<br>– Áiseanna cúraim leanaí<br>– Foirgnimh chun cúram a thabhairt do shláinte, do shábháilteacht nó do leas an phobail<br>– Foirgnimh le haghaidh úsáidí pobail,  cultúrtha nó áineasa</td></tr>
<tr><td>Úsáidí a d’fhéadfadh cur leis na cuspóirí criosaithe, ag brath ar shuíomh R agus LDR agus scála na forbartha, mar shampla:</td><td>– Óstáin, Lóistíní, Brúnna agus B&Banna<br>– Páirt-thiontú ar áitreabh príobháideach ina stiúideo, oifig, saoráid cúraim leanaí nó gnó beag ag an áitritheoir féin, ar scála nach gcuirfeadh isteach ar úsáid phríomhúil an áitribh nó an taithneamacht chónaithe i réim<br>– Áiteanna adhartha<br>– Fóntais phoiblí</td></tr>
</table>

**Is sainchuspóirí forbartha iad seo a leanas do roinnt criosuithe R ar fud na cathrach:**


- Tailte neamhfhorbartha criosaithe R ag Dabhach Uisce in aice leis an débhealach ag cuimsiú soláthar stráice ar fud 18 méadar de spás oscailte tírdhreachaithe a bhfuil teorainn aige leis an mbóthar seo.
- Áireofar le forbairt tailte criosaithe cónaithe faoi úinéireacht na Comhairle in aice le suíomh na scoile ag Baile na mBúrcach soláthar ar leibhéal cuí d’áiseanna pobail a d’fhéadfadh úsáid oideachasúil a áireamh, chun freastal ar an gceantar.
- T tailte criosaithe R i gceantair an Bhaile Bháin agus Bhaile an Phoill. Breathnóidh an Chomhairle ar phleananna athghiniúna do sheirbhísí pobail agus ar fhorbairtí cónaithe inlíonta ar spás oscailte atá ann cheana féin, áit a léirítear go meastar go bhfuil barrachas ar an spás oscailte agus nach ndéantar dochar do riachtanais áineasa agus taitneamhachta cónaithe.
- Soláthar a dhéanamh d’ionaid áitiúla bhreise chun siopadóireacht agus seirbhísí áise áitiúla a éascú. Déanfar freastal ar na háiseanna seo ag an gClaí Bán, Baile an Mhóinín agus Baile na mBúrcach mar a léirítear ar léarscáileanna an Phlean Forbartha.
- Tailte criosaithe R ar Shráid Oileán Altanach (suíomh scoile Naomh Seosamh). Tabharfaidh dearadh na forbartha cónaithe aird ar chomhthéacs na sráid-dreacha agus cuirfidh sé le cosaint agus feabhsú na n-uiscebhealaí in aice láimhe freisin.
- R tailte criosaithe ó dheas de Bhóthar Bhaile Átha Cliath, páirc iománaíochta an Chaisleáin Ghearr. Coinneofar an stráice talún atá tadhlach le teorainn an bhóthair saor ó fhorbairt agus

coinneofar na crainn atá ann faoi láthair agus cuirfear crainn bhreise feadh an bhóthair chun a chinntiú go laghdaítear tionchar amhairc aon fhorbairt.

- T tailte R ag Bóthar Chnoc na Cathrach (suíomh Óstán Spinnaker House). Dearfar aon fhorbairt lena n-áirítear riachtanais choimhdeacha ionas nach mbeidh tionchar aici ar shláine na radharc cosanta in aice láimhe. Breithneoidh an Chomhairle na tailte tadhlach atá criosaithe RA de thart ar 0.086 heicteár, a bhaineann leis an úsáid reatha ar an láithreán le húsáid chun críocha riachtanais spáis oscailte phobail a bhaineann le hathfhorbairt an láithreáin chun críocha cónaithe, nuair is féidir a thaispeáint go ndéanfar an ceantar seo ina iomláine a athchóiriú ina thimpeallacht nádúrtha, oscailte agus tírdhreachtaithe le speicis dhúchasacha agus a fheabhsaíonn bithéagsúlachta. Ní cheadófar an talamh RA seo a úsáid chun caighdeáin cóimheas lota a chomhlíonadh ná a úsáid chun críocha páirceála. Tabharfar creidiúint as an spás urláir atá ann cheana agus measúnú á dhéanamh ar aon athfhorbairt sa todhchaí.
- Tailte criosaithe R ag Ard Fraoigh (0.13 heicteár). Dearfar aon fhorbairt ar na tailte seo chun a chinntiú go gcaomhnófar an féarbhealach tadhlach agus go gcosnófar an taitneamhacht a bhaineann leo.


***Tá na sainchuspóirí forbartha seo a leanas ag na tailte criosaithe R seo a leanas, faoi réir dearaidh, riachtanais chomhshaoil agus sábháilteacht tráchta. Féach léarscáileanna gaolmhara:***

**Figiúr 11.3 Siar ó Bhóthar Áth Cinn**




- Beidh pointí rochtana feithiclí teoranta agus ba chóir go léireodh leagan amach cónaithe an áit a bhfuil naisc idir forbairtí indéanta, sábháilte agus ag cur le taitneamhacht chónaithe.
- Déanfaidh forbairt chónaithe ar na tailte seo, trí dhlús, dáileadh, leagan amach agus dearadh, comhshamhlú isteach i dtopagrafaíocht an láithreáin agus ní bhrisfidh sí an líne droma.

**Figiúr 11.4 Ó Thuaidh de Bhóthar an Cóiste**




- Tabharfaidh leagan amach na forbartha cónaithe agus cóireáil teorann aird ar na radhairc chosanta ó Bhóthar Áth Cinn.
- Déanfar ceanglais maidir le feabhsúcháin bóithre a bheidh in ann freastal ar fhorbairtí sa todhchaí a ionchorprú in aon tograí forbartha.
- Léireoidh forbairt ar na tailte seo comhordú leis an mbanc talún iomlán.
- Ní bhreithneofar forbairt ach amháin nuair a thagann sí le príomh-mholtaí draenála.

**Figiúr 11. 5 Siar ó Thuaidh de Bhóthar Thuama: An Caisleán Gearr**




- Ní bhreithneofar forbairt ach amháin nuair a thagann sí le moltaí straitéiseacha príomhdhraenála.
- Ceadófar rochtain theoranta ar Bhóthar Thuama agus beidh sé comhsheasmhach le dorchla bóthair straitéiseach deartha an N6 GCRR.
- Ní cheadófar rochtain mhór ar Bhóthar an Chaisleáin Ghearr.
- Cosnóidh leagan amach na forbartha cónaithe an láithreán reilige atá ann cheana féin.
- Tabharfaidh forbairt ar na tailte seo aird ar shainchuspóirí d'fheabhsuithe bóithre agus acomhail ag acomhal Bhóthar Thuama agus Bhóthar an Chaisleáin Ghearr.
- Beidh forbairt sa chuid thoir thuaidh de na tailte seo faoi réir measúnú riosca tuilte agus áireofar ann bearta maolaithe tuilte mura ndéantar freastal ar a mhalairt.
- Cuirfear íogaireachtaí éiceolaíochta an cheantair san áireamh ina ndearadh

**Figiúr 11.6 Acomhal Bhóthar Thuama agus Bhóthar an Chaisleáin Ghearr: An Caisleán Gearr**



- Ní bhreithneofar aon fhorbairt ar na tailte seo ach amháin nuair a chinntítear bearta sábháilteachta tráchta cuí agus comhoiriúnacht le bearta uasghrádaithe acomhail agus bóithre. Ní cheadófar aon rochtain feithicle isteach ar Bhóthar an Chóiste

**Figiúr 11.7 Talamh criosaithe cónaithe neamhfhorbartha Siar ó Thuaidh ó Bhóthar Dáileacháin an Iarthair**




- Sa cheantar ginearálta seo, déanfaidh forbairt chónaithe ar na fánaí níos airde, trí dháileadh dlúis, leagan amach agus dearadh, comhshamhlú isteach i dtopagrafaíocht an láithreáin agus cosnóidh sé radharc na droma agus soláthróidh sé nascacht agus seoladh chuig na tailte criosaithe RA in aice láimhe.

**Seo a leanas sainchuspóirí forbartha do roinnt criosanna LDR ar fud na cathrach:**


- Tailte LDR ag Bóthar Chúil Each, os comhair Bharr na Coille. Beidh an fhorbairt teoranta d'aon teach amháin.
- Tailte LDR ag acomhal Chnoc na Lus. Ní sháróidh forbairt ar na tailte seo dlús de 13 teach in aghaidh an heicteáir agus beidh sé teoranta do thithe cónaithe aon stóir.
- Tailte LDR comhdhéanta de thart ar 0.47 heicteár ag Bóthar an Chairéil, Mionlach Iastuaidh de shráidbhaile Mhionlaigh. Beidh an fhorbairt teoranta d'aon teach amháin.
- Tailte LDR comhdhéanta de 4.68 heicteár ar Bhóthar na Ceapaí, An Cheapach. Go ginearálta beidh uasdlús de 2.5 teach in aghaidh an heicteáir ag forbairt na dtailte seo.

**Figiúr 11. 8Tailte ar Bhóthar na Díge, in aice leis na hOibreacha Uisce**



- Beidh forbairt sa chuid oirdheisceart den láithreán seo faoi réir measúnú mionsonraithe riosca tuilte agus treoir SFRA á cur san áireamh  agus áireofar ann bearta maolaithe tuilte más cuí.

**Figiúr 11. 9 Lána Pháirc Mhuirlinne, Bóthar Dhabhach Uisce.**



- Beidh coinneáil crann agus fálta sceach agus plandú breise mar chuid lárnach de leagan amach iomlán an cheantair agus áireofar leis maolán tírdhreachtaithe chun forbairt a cheilt ó Bhóthar Bhaile Átha Cliath.
- Tabharfaidh forbairt aird ar Shuíomhanna Geolaíochta Contae (CGI)/pNHA a bhfuil tábhacht gheolaíoch ag baint leo.
- Tabharfaidh forbairt aird ar Theach Cairéil, struchtúr cosanta (Uimhir Thagartha RPS 5903).
- Tá áiseanna pobail, go háirithe chun críocha oideachais oscailte lena mbreithniú ar na tailte seo.
- Ní bhreithneofar forbairt na dtailte seo ach amháin nuair a bhíonn rochtain chuí ar Bhóthar Dhabhach Uisce acu. Ní cheadófar ach rochtain teoranta d'fheithiclí ar Lána Mhuirlinne.
- In ainneoin an chriosaithe R, breithneoidh an Chomhairle, faoi réir bhreithnithe cuí pleanála agus forbartha, ar mhéadú na ngnólachtaí atá ann cheana féin, ar fhorbairt inlíonta agus ar athfhorbairt áitribh atá ann cheana le haghaidh úsáidí tráchtála ar scála beag, áit a léirítear nach dtarlóidh aon drochthionchar ar thaitneamhachtaí cónaithe atá ann cheana féin. Breathnófar ar uaschóimheas lota suas le 0.5:1 d'fhorbairt tráchtála sa cheantar seo. Beidh ar gach forbairt a bheith tírdhreachtaithe go cuí.


**Seo a leanas sainchuspóirí forbartha do roinnt criosanna LDR ar fud na cathrach:**

- Tailte LDR ag Bóthar Chúil Each, os comhair Barr na Coille. Beidh an fhorbairt teoranta d'aon teach amháin.
- Tailte LDR ag acomhal Chnoc na Lus. Ní rachaidh forbairt ar na tailte seo thar dhlús 13 teach in aghaidh an heicteáir agus beidh sé teoranta do thithe cónaithe aon stóir.
- Tailte LDR comhdhéanta de thart ar 0.47 heicteár ag Bóthar an Chairéil, Mionlach Iastuaidh de shráidbhaile Mhionlaigh. Beidh an fhorbairt teoranta d'aon teach amháin.
- Tailte LDR comhdhéanta de 4.68 heicteár ag Bóthar na Ceapaí, An Cheapach. Go ginearálta beidh uasdlús de 2.5 teach in aghaidh an heicteáir i gceist le forbairt ar na tailte seo.

***Tá na sainchuspóirí forbartha seo a leanas ag na tailte criosaithe LDR seo a leanas, faoi réir dearaidh, measúnuithe comhshaoil, seirbhísí uisce agus fuíolluisce agus sábháilteacht***

***tráchta. D’fhéadfadh spás oscailte comhchoiteann agus saoráidí áineasa a bheith ina riachtanas i gcásanna áirithe:***

**Figiúr 11.10 LDR Chora Ghrian**



- Go ginearálta beidh uasdlús de 5 theach in aghaidh an heicteáir i gceist le forbairt.
- Nuair is féidir, coimeádfar fálta sceach agus ballaí cloiche, agus cuirfear leis an tírdhreachú cuí.

**Figiúr 11.11 LDR Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath**



- Go ginearálta beidh uasdlús de 5 theach in aghaidh an heicteáir i gceist le forbairt.
- Aon stóir, dormánach a bheidh i ndearadh an tí nó beidh líne iomaire próifíl íseal aige.
- Nuair is féidir, coinneofar fálta sceach agus ballaí cloiche

**Figiúr 11.12 LDR Teach Chnoc Rois agus na tailte in aice leis**



- Ní bhreithneofar an t-uasdlús cóimheas lota de 0.2:1 ach amháin tar éis comhaontú a fháil ar leagan amach iomlán an cheantair. Tabharfaidh an leagan amach seo aird ar na limistéir atá criosaithe RA, clúdach na gcrann, na piléir agus na ballaí cloiche atá ann cheana féin.
- Ní bhreithneofar forbairt ach amháin nuair a thagann sí le moltaí straitéiseacha príomhdhraenála.

**Figiúr 11.13 LDR Pháirc Ghailf Dhá Mhaide Ros Cam agus na tailte**




- Ní bhreithneofar an t-uasdlús cóimheas lota de 0.2:1 ach amháin tar éis comhaontú a fháil ar leagan amach iomlán an cheantair.
- Tabharfar aird sa leagan amach ar charachtar coillteach an tsuímh, agus nuair is cuí cosnófar na crainn atá ann cheana féin agus Baois Ros Cam.
- Ní bhreithneofar forbairt ach amháin nuair a thagann sí le moltaí straitéiseacha príomhdhraenála.

**Figiúr 11.14 LDR Shráidbhaile Ros Cam**




- Go ginearálta beidh uasdlús de 5 theach in aghaidh an heicteáir i gceist le forbairt.
- Nuair is féidir, coinneofar fálta sceach agus ballaí cloiche.
- Caomhnófar radhairc chosanta agus tabharfar aird ar stádas cosanta na struchtúr seandálaíochta atá ann cheana féin.

**Figiúr 11.15 LDR Dhabhach Uisce**




- Go ginearálta beidh uasdlús de 5 theach in aghaidh an heicteáir i gceist le forbairt.
- Nuair is féidir, coinneofar fálta sceach, crainn agus ballaí cloiche atá ann cheana féin.
- Beidh aon fhorbairt ag teacht le gach moladh sa GTS.

**Figiúr 11.16 LDR Cnoc Mhaoil Drise**




- Ní bhreithneofar uasdlús de 5 theach in aghaidh an heicteáir ach amháin tar éis comhaontú ar leagan amach iomlán an cheantair.
- Beidh forbairt aon urláir próifíl íseal le huasairde iomaire de 5.5m os cionn leibhéal na talún reatha.

**Figiúr 11. 17 LDR na Páirce Móire**



- Go ginearálta beidh uasdlús de 5 theach in aghaidh an heicteáir i gceist le forbairt.
- Nuair is féidir, coinneofar fálta sceach agus ballaí cloiche.

**Figiúr 11. 18 LDR Bhóthar Thuama**




- Beidh uasdlús de 5 theach in aghaidh an heicteáir ag an bhforbairt agus ní dhéanfar é a mheas ach amháin tar éis comhaontú a fháil ar leagan amach iomlán an cheantair agus beidh sé comhsheasmhach le dorchla bóthair straitéiseach deartha an N6 GCRR.
- Déanfaidh forbairt chónaithe ar na fánaí níos airde, trí leagan amach agus dearadh, a chomhshamhlú le topagrafaíocht an tsuímh agus an radharc droma a chosaint.
- Ní bhreithneofar forbairt ach amháin nuair a thagann sí le moltaí straitéiseacha príomhdhraenála.

**Figiúr 11.19 LDR na Carraige Báine**




- Tabharfaidh aon fhorbairt nó síntí inlíonta aird ar an bpatrún forbartha atá ann faoi láthair

**Figiúr 11. 20 LDR Bhaile an Dúlaigh**




- Chun carachtar seanbhunaithe an cheantair a choinneáil, ní sháróidh forbairt dlús 5 theach in aghaidh an heicteáir go ginearálta.
- Nuair is féidir, coinneofar fálta sceach agus ballaí cloiche.
- Cuirfear an suíomh atá leagtha amach i ndubh (0.29 heicteár) in áirithe do sholáthar áiseanna pobail, áineasa, oideachais agus oidhreachta agus páirceáil do na háiseanna seo.

**Figiúr 11. 21 LDR Lána an Chrainn Chnó Capaill agus Barr na Crannaí**




- Go ginearálta beidh uasdlús de 2.5 theach in aghaidh an heicteáir i gceist le forbairt.
- Nuair is féidir, coinneofar fálta sceach agus ballaí cloiche.
- Ar Láithreán A, beidh feidhm ag eisceacht nuair a bhreathnófar ar uasdlús de 5 theach in aghaidh an heicteáir. Déanfaidh aon fhorbairt ar Láithreán A measúnú agus aird ar thábhacht éiceolaíoch na dtailte seo.

**Figiúr 11. 22 LDR ar an gCuarbhóthar**






- Go ginearálta beidh uasdlús de 5 theach in aghaidh an heicteáir i gceist le forbairt.
- Nuair is féidir, coinneofar fálta sceach agus ballaí cloiche.
- Forbairt ar Láithreán A (0.5 heicteár): Beidh uasmhéid de 3 theach oscailte lena mbreithniú ar an suíomh seo.

**Figiúr 11. 23 LDR an Bhealaigh**



- Go ginearálta beidh uasdlús de 5 theach in aghaidh an heicteáir i gceist le forbairt.
- Nuair is féidir, coinneofar fálta sceach agus ballaí cloiche.

| | |
|---|---|
| **Figiúr 11. 24 LDR Ros Cam: Bóthar an Chósta**  | • Beidh forbairt teoranta do dhá theach agus déanfar aon áitreabh nua a chur in áirithe do bhaill neasteaghlach an úinéara talún.<br>• Tabharfaidh forbairt aird ar an bpatrún forbartha atá ann faoi láthair agus ar íogaireacht amhairc agus comhshaoil an láithreáin. |
| **Figiúr 11. 25 LDR Mhuirbhigh**  | • Beidh uasdlús de 5 theach in aghaidh an heicteáir ag an bhforbairt.<br>• Tabharfaidh forbairt aird ar an bpatrún forbartha atá ann faoi láthair agus beidh sé faoi réir ag breithniúcháin taitneamhachta agus comhshaoil. |
| **Figiúr 11. 26 LDR Chúil Each**  | • Go ginearálta beidh uasdlús de 2.5 theach in aghaidh an heicteáir i gceist le forbairt. |
| **Figiúr 11.27 LDR Soir ó SN an Chaisleáin Ghearr**  | • Go ginearálta beidh uasdlús de 2.5 theach in aghaidh an heicteáir i gceist le forbairt |
| **Figiúr 11.28 LDR Bhóthar an Chaisleáin Ghearr, An Caisleán Gearr**  | • Beidh an fhorbairt teoranta do thrí theach amháin, a bheidh curtha in áirithe le húsáid ag neasteaghlach an úinéara talún. Beidh aon fhorbairt ag teacht le dorchla bóthair straitéiseach deartha an N6 GCRR. |
| **Figiúr 11. 29 LDR Bhóthar an Chairéil, Mionlach**  | • Beidh an fhorbairt teoranta do theach amháin, a bheidh curtha in áirithe le húsáid ag neasteaghlach an úinéara talún. |

**Figiúr 11.30 LDR Ros Cam:**



- Beidh forbairt ar gach suíomh atá léirithe i ndath dearg teoranta do dhá theach amháin, a bheidh curtha in áirithe le húsáid ag neasteaghlach an úinéara talún.

**Figiúr 11. 31 LDR Siar ó Bhóthar Chúil Each, Cúil Each**



- Beidh an fhorbairt teoranta do theach amháin, a bheidh curtha in áirithe le húsáid ag neasteaghlach an úinéara talún.

| Cuspóir Criosaithe UVC<br>Soláthar a dhéanamh do mheascán úsáidí d'úsáid chónaithe den chuid is mó, go háirithe iad siúd a thacóidh le lárionad sráidbhaile uirbeach a thacaíonn le daoine agus gnó agus a chuideoidh le foirm uirbeach inbhuanaithe ardchaighdeáin a bhunú. | |
|---|---|
| Úsáidí atá comhoiriúnach leis an gcuspóir criosaithe agus a chuireann leis: | – Déan tagairt do Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024 |

# Cuid B Caighdeáin Forbartha

## Caighdeáin agus Treoirlínte Ginearálta Forbartha

11.3 **Forbairt Chónaithe**
11.4 **Ceantar Lár na Cathrach**
11.5 **Aghaidheanna Siopaí**
11.6 **Fógraí agus Comharthaíocht**
11.7 **Bóthar na Trá**
11.8 **Clúdaigh Sráidbhaile**
11.9 **Tráchtáil agus Tionscal**
11.10 **Iompar**
11.11 **Bainistiú Dramhaíola**
11.12 **Talmhaíocht**

## Caighdeáin Forbartha Sonracha

11.13 **Áiseanna Cúraim Leanaí**
11.14 **Áiseanna Pobail / Oideachais**
11.15 **Oidhreacht Thógtha**
11.16 **Stáisiúin Líonta Peitril**
11.17 **Bonneagar agus Suiteálacha Teileachumarsáide**
11.18 **Foinsí Fuinnimh In-athnuaite**
11.19 **Dearadh Glas & Uisce Dromchla**
11.20 **Imeachtaí Allamuigh**
11.21 **Troscán Sráide, Comharthaí agus Struchtúir**
11.22 **Caighdeán an Uisce**
11.23 **Scéim Ranníocaíochta Forbartha**
11.24 **Rochtain do Chách**
11.25 **Áiseanna Caitheamh Aimsire agus Spóirt**
11.26 **Taitneamhacht Ealaíne/Chultúrtha**
11.27 **Bainistíocht Riosca Tuilte & Measúnú**
11.28 **Tionscail/Cairéil Eastóscacha**
11.29 **Cóiríocht do Mhic Léinn**
11.30 **Aeráid - Ráitis Inbhuanaitheachta Scéime**
11.31 **Measúnú Tionchair Timpeallachta (EIA)**
11.32 **Measúnú Cuí/ Ráiteas Tionchair Natura**
11.33 **Speicis Eachtrannach Ionracha**
11.34 **Measúnú Tionchair Éiceolaíochta (EcIA)**

## Caighdeáin agus Treoirlínte Ginearálta Forbartha

## 11.3 Forbairt Chónaithe

Agus tograí forbartha cónaithe á mbreithniú, tabharfaidh an Chomhairle aird ar raon leathan saincheisteanna, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

1. Cáilíocht dearaidh (dearadh uirbeach, ailtireacht, tírdhreach, bithéagsúlacht, DMURS, SUDS)
2. Gnéithe agus comhthéacs an tsuímh
3. Dlús Cónaithe
4. Airde an fhoirgnimh
5. Meascán cónaithe (cineál cónaithe, méid, tionacht, agus sainthithíocht)
6. Áiseanna comharsanachta atá ann cheana agus an gá atá le háiseanna breise
7. Comhtháthú leis an timpeallacht máguaird i dtéarmaí foirm thógtha agus soláthar tréscaoilteachta siúlóide / rothaíochta
8. Éileoidh riachtanais bhonneagair maidir le huisce go soláthróidh an forbróir fianaise ar chomhairliúchán le hUisce Éireann roimh iarratas a dhéanamh ar chead pleanála lena chinntiú go mbeidh seirbhísí uisce dóthanacha ar fáil chun an fhorbairt a sheirbhísiú agus nach mbeidh tionchar diúltach ar sheirbhísí uisce reatha.

Beidh aird ag an gComhairle ar mholtaí na dTreoirlínte um Fhorbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha d'Údaráis Phleanála (DECLG, 2009), Lámhleabhar um Dea-Chleachtas Dearaidh Uirbigh is Fearr (DECLG, 2009), Treoirlínte um Fhorbairt Uirbeach agus Airde Foirgnimh (2018), Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (DMURS)(2019), Tréscaoilteacht an NTA i Limistéir Uirbeacha Reatha, Treoir Dea-Chleachtais (2015) agus tabharfar aird freisin ar Phrionsabail agus ar Threoirlínte um Aoisbhá don Údarás Pleanála (Éire Aoisbháúil, Márta 2021), agus Foirgnimh do Chách: Cur Chuige um Dhearadh Uilíoch (An tÚdarás Náisiúnta Míchumais 2012).

Go sonrach, déanfar athbhreithniú ar fhorbairtí Árasán ag féachaint don mhéid thuas agus freisin do threoir an Rialtais, Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeáin Dearaidh d'Árasáin Nua (2020), a sholáthraíonn an treoir chainníochtúil reatha maidir le dearadh árasáin chun a chinntiú go bhfuil cosaintí cáilíochta dearaidh i bhfeidhm chun forbairt timpeallachtaí maireachtála ar dhroch-chaighdeán a sheachaint.

Le haghaidh faisnéise breise maidir le Forbairtí Cónaithe, féach Caibidil 3: Tithíocht agus Comharsanachtaí, Caibidil 5: Oidhreacht Nádúrtha, Áineas agus Taitneamhacht, Caibidil 7 Pobal agus Cultúr agus Caibidil 10: Dlúthfhás agus Athghiniúint.

Caithfidh iarratais phleanála ar fhorbairt chónaithe aird a thabhairt ar threoirlínte an rialtais thuasluaite agus ar na caighdeáin seo a leanas agus ar bheartais an Phlean Forbartha. Mar gheall ar shaintréithe éagsúla na gcomharsanachtaí cónaithe sa chathair, roinntear na caighdeáin mar seo a leanas:

- Bruachbhailte Lasmuigh,
- Bruachbhailte Bunaithe,
- Limistéir Chónaithe Laistigh,
- Limistéir Chónaithe Lár na Cathrach.

Sa chás go gceadaítear forbairt chónaithe ar thailte seachas tailte criosaithe cónaithe, beidh feidhm go ginearálta ag na beartais chomharsanachta mar atá sainmhínithe i gCaibidil 3.

**Figiúr 11.32 Ceantair Chomharsanachta**




## Páirceáil - Ginearálta

Cuirtear an cur chuige maidir le páirceáil chun críche iarratais phleanála a mheasúnú i bhfeidhm ar fhorbairtí atá bunaithe ar shuíomh spásúlachta, seirbhísí iompair phoiblí le solúbthacht chun torthaí bunaithe ar fheidhmíocht a bhaint amach, go háirithe d'fhorbairtí inlíonta agus athfhorbraíochta. Cuirfear an cur chuige seo i bhfeidhm ar na caighdeáin éagsúla idir na ceithre cheantar sainithe comharsanachta agus tá sé dírithe ar na nithe seo a leanas:

- Socraítear páirceáil ag uasleibhéal soláthair.
- Spreagtar solúbthacht nuair a chuirtear páirceáil ghrúpa ar fáil.
- Spreagtar ceanglais laghdaithe i limistéir úsáide measctha, go háirithe nuair nach mbíonn buaicéilimh ag tarlú ag an am céanna agus i gcás ina bhfuiltear ag súil le turais ilchuspóireacha agus i gcúinsí ina meastar go bhfuil bearta bainistithe soghluaisteachta sásúil.
- Beidh feidhm freisin ag breithniú ar laghdú ar riachtanais feadh na gconairí straitéiseacha iompair poiblí atá ann cheana agus atá beartaithe ag brath ar an leibhéal seirbhíse atá i réim ag an am sin.

I gceantar lár na cathrach ina bhfuil infheistíocht shuntasach i modhanna inbhuanaithe san áireamh sa GTS agus ina bhfuil na Láithreáin Athghiniúna agus Deise is straitéisí lonnaithe beidh na riachtanais pháirceála nasctha le torthaí bunaithe ar fheidhmíocht. Beidh gach forbairt faoi réir na measúnuithe caighdeánacha tráchta agus iompair.

Tá caighdeáin pháirceála d'fhorbairtí cónaithe leagtha amach faoi gach ceann de na ceithre chomharsanacht shainithe.

Ba cheart Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeáin Dearaidh d'Árasán Nua 2020 a chur i bhfeidhm ar aon fhorbairtí árasán nua. Glacann na caighdeáin leis go n-athróidh candam na páirceála nó an riachtanas d'aon soláthar dá leithéid d'fhorbairtí árasán, ag féachaint do na cineálacha suímh i gcathracha agus i mbailte a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach d'fhorbairt árasán, bunaithe go ginearálta ar chritéir chóngharachta agus inrochtaineachta.

I gcás gach cineál suímh, áit a bhfuiltear ag iarraidh an soláthar páirceála do charranna a dhíchur nó a laghdú, is gá a chinntiú, nuair is féidir, go soláthrófar líon cuí spásanna  fágála, seirbhís, spásanna páirceála do chuairteoirí agus páirceáil do dhaoine beagluaineachta. Tá soláthar le déanamh freisin do réitigh shoghluaisteachta eile lena n-áirítear saoráidí do roinnt ghluaisteáin, feithiclí clubanna agus páirceáil rothair agus stóráil shlán. Is ceanglas é freisin bearta sonracha a léiriú lena bhféadfar forálacha páirceála a laghdú nó a sheachaint. Cuirfear páirceáil rothair ar fáil do gach limistéar de réir na gceanglas i gCuid 11.3.1(h).

### 11.3.1 Bruachbhailte Amuigh

#### 11.3.1 (a) Ginearálta

- Cloífidh gach forbairt chónaithe ábhartha le riachtanais na Straitéise Tithíochta agus an Mheasúnaithe ar Éileamh ar Riachtanais Tithíochta.
- Áireofar le hiarratais phleanála d'fhorbairtí cónaithe ar láithreáin níos mó ná heicteár amháin i limistéar ráiteas dearaidh a thaispeánann an gaol idir an fhorbairt bheartaithe le comhthéacs an láithreáin, forbairtí tadhlach, baint amach gluaiseacht shábháilte agus áisiúil laistigh den láithreán, agus conas mar a dhéanfar gnéithe reatha a chomhtháthú leis an bhforbairt. D'fhéadfadh creata dearaidh níos mionsonraithe a bheith ag teastáil ó roinnt suíomhanna, go háirithe na Láithreáin Athghiniúna nó Deise ainmnithe.
- Leagfar amach forbairt chónaithe ar bhealach a uasmhéadóidh inrochtaineacht agus tréscaoilteacht do sheirbhísí áitiúla, iompar poiblí agus chun siúlóid agus rothaíocht a spreagadh.
- Beidh gluaiseacht coisithe, rothar agus feithiclí áisiúil, sábháilte, tarraingteach agus comhtháite le leagan amach iomlán na forbartha agus léireoidh sé an t-ordlathas gluaiseachta sna DMURanna.
- Beidh aird ag leagan amach gach forbartha cónaithe nua ar fhorbairtí in aice láimhe agus ar thalamh criosaithe neamhfhorbartha. Nuair is cuí, cuirfear naisc agus spásanna oscailte comhlántacha ar fáil idir forbairtí in aice láimhe.
- Dímholfar forbairtí cónaithe imfhálaithe le geataí.
- Úsáidfear leagan amach nuálaíoch, lena n-áirítear forbairtí clóis, spásanna oscailte roinnte agus cnuasach áitribh, nuair is cuí, chun ardchaighdeáin taitneamhachta a bhaint amach.
- Coinneofar crainn, fálta sceach, sruthchúrsaí agus ballaí cloiche agus gnéithe eile a bhfuil ardluach nádúrtha ag baint leo agus déanfar iad a chomhtháthú le forbairtí nua. Dearfar scéim tírdhreacha lena n-áirítear tírdhreachtú crua agus bog, agus ag ionchorprú prionsabail SuDS nuair is cuí, mar chuid lárnach den fhorbairt. Áireofar i scéimeanna den sórt sin crainn dhúchasacha agus speicis phlandaí eile a úsáid, go háirithe speicis atá neamhdhíobhálach don phailneoirí.
- Ach amháin sa chás go bhfuil feidhm ag na Caighdeáin Dearaidh d'Árasáin Nua - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála 2020, go ginearálta ní shárófar cóimheas lota 0.46:1 d'fhorbairt chónaithe nua. Ní bheidh feidhm ag breithniú ar chóimheas ceapach níos airde ach amháin nuair a chuimsíonn forbairtí dearadh eisceachtúil agus go léiríonn siad ardphrionsabail inbhuanaitheachta agus nuair a chosnaítear taitneamhacht cónaithe reatha.
- Soláthróidh forbairtí cónaithe de 10 n-aonad nó níos mó de ghnáth meascán de chineálacha aonad cónaithe.
- Breathnófar ar fhorbairt neamhchónaithe ag láithreacha cuí ar thailte criosaithe cónaithe áit a bhfuil sí ar scála a fhreastalaíonn ar an riachtanas áitiúil agus nuair a shásaítear gach riachtanas bainistíochta forbartha eile. De ghnáth ní bheidh an cóimheas lota le haghaidh forbairtí tráchtála, fóillíochta, pobail agus measctha ar thailte criosaithe cónaithe os cionn 1:1.

Ar naiscbhóithre nó ar bhóithre móra rochtana eile ina gcuirfidh forbairt tráchtála le cáilíocht an dearaidh uirbigh agus go bhfuil sé inghlactha ar shlí eile féadfar cóimheas ceapach níos airde a mheas.

- Nuair a bhíonn forbairtí tráchtála inghlactha ar thalamh criosaithe cónaithe, de ghnáth cuirfear 10% d'achar an láithreáin ar fáil mar spás oscailte. Nuair a chuimsítear san fhorbairt úsáidí cónaithe, beidh feidhm ag caighdeáin spáis oscailte phobail agus phríobháideacha in 11.3.1(c).
- Cuirfear áiseanna cúraim leanaí ar fáil laistigh d'fhorbairt chónaithe mar a léirítear in 11.13 agus i gCaibidil 7.
- Comhlíonfaidh gach tógáil a bhaineann le cosáin, séaraigh, draenacha agus soláthar uisce i bhforbairtí cónaithe le Moltaí d'Oibreacha Forbartha Suímh do Limistéir Tithíochta (DELG 1998) agus aon leasú ina dhiaidh sin agus/nó aon sonraíocht bhreise a theastaíonn ón gComhairle Cathrach, Uisce Éireann agus Rialacháin Foirgníochta.
- Beidh measúnuithe ar chumas na scoileanna áitiúla chun freastal ar an bhforbairt bheartaithe ag teacht le treoir náisiúnta ag gabháil le hiarratais phleanála ar fhorbairtí cónaithe nua ar mhórscála.
- Tabharfaidh forbairtí aird ar na ceanglais a bhaineann leis na Treoirlínte um Bainistíocht Tráchta (2019), DMURS (2019) agus an Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Droichid (NRA 2013).

### 11.3.1 (b) Caighdeáin do Bhóithre agus Sráideanna i bhForbairt Chónaithe Nua:

D'fhéadfadh go mbeadh gá le hiniúchadh dearadh sráide ardchaighdeáin do thionscadail níos mó nó mar phróiseas iniúchta neamhspleách do thionscadail níos lú ag céim an iarratais phleanála ina leagtar béim ar chomhfhorbairt áite agus ar ghnéithe ildisciplíneacha de dhearadh rathúil sráide a chur chun cinn.

Is uirlis iniúchta í seo ar féidir a úsáid chun a chinntiú go bhfuil na ceithre phríomhghné de dhearadh sráide mar atá leagtha amach in DMURS: Cuirtear Nascacht, Timpeallacht Shráid Féinrialaithe, Timpeallacht Coisithe agus Rothaíochta, agus Cáilíocht Amhairc san áireamh go cuí. Ba cheart d'iarratasóirí ionchasacha ar chead pleanála dul i mbun plé réamhphleanála chun a fháil amach cé na hiniúchtaí, más ann dóibh, ar cheart a chur isteach leis an iarratas.

Is iad na ceanglais do bhóithre agus do chosáin go ginearálta na cinn a leagtar amach 'Doiciméad Beartais um Ghlacadh ar Láimh' na Comhairle Cathrach, agus DMURS (2019). Nuair a ghlacann an tÚdarás Pleanála le leagan amach nuálaíoch is féidir glacadh le hathruithe ar na riachtanais seo. Nuair a cheadófar aon imeacht ó na ceanglais ghinearálta, is é sábháilteacht coisithe, rothaithe agus rochtain d'fheithiclí éigeandála a bheidh mar phríomhchúram.

Is bealaí ilmhódacha iad bealaí Artaireacha agus Nascbhealaí, a éascaíonn gluaiseacht ó raon úsáideoirí bóithre. Tá gá le sráideanna áitiúla a dhearadh chun tosaíocht coisithe agus rothaithe agus comhfhorbairt áite a threisiú le luasanna dearaidh socraithe ag 30kph (nó níos ísle) ag teacht le dea-chleachtas DMURS agus teicnící tréscaoilteachta scagtha a ionchorprú.

**Sráideanna Artaireacha (DMURS)**: Is iad seo na príomhbhealaí ina bhfuil príomhshuímh nasctha. Féadfaidh siad freisin mórbhealaí traschathrach laistigh den chathair a áireamh. D'fhéadfadh éadanas cónaithe agus tráchtála a bheith ar na bóithre seo agus d'fhéadfadh gluaiseachtaí suntasacha coisithe agus rothaithe a bheith ann. Baineann na nithe seo a leanas:

- Is féidir tosaíocht a thabhairt d'iompar poiblí ar shráideanna Artaireacha/Naisc trí bhearta ar nós Conairí Bus Cáilíochta agus conairí iompair phoiblí.
- Áireofar bearta do choisithe agus rothaithe sa dearadh.

- Go ginearálta ní bhreithneofar rochtain dhíreach ar áitribh aonair agus spásanna páirceála. Beidh foirgnimh a bhfuil a n-aghaidh ar na bóithre seo ar scála a bheidh oiriúnach do leithead an bhóthair agus na limistéir oscailte ghaolmhara.
- Níor cheart go gcuirfeadh dearaí bóithre leathana gan ghá ar fáil mar spreagann siad seo luasanna níos airde.
- Beidh gá le bearta tírdhreacha a úsáid sna ciumhaiseanna.
- Comhlíonfaidh bóithre ceanglais na dTreoirlínte um Bainistíocht Tráchta (2019) maidir le caighdeáin gheoiméadracha agus infheictheachta.
- Tabharfar aird ar an DMURS (2019) i ndearadh sráideanna agus bóithre.
- Beidh aird ag dearadh sráideanna agus bóithre ar Mheasúnú Tionchair ar Shábháilteacht ar Bhóithre (RSIA) agus ar chaighdeáin Iniúchta ar Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA).

**Sráideanna Naisc (DMURS)**: Soláthraíonn siad seo naisc le sráideanna Artaireacha, nó idir Láir, Comharsanachtaí agus/nó Bruachbhailte. D'fhéadfadh rochtain dhíreach a bheith ag na bóithre seo agus d'fhéadfadh roinnt páirceáil comhthreomhar a bheith acu. Ba cheart go gceadódh na bóithre seo gluaiseacht agus trasnú rothar agus coisithe. Maidir leis na bóithre seo tá feidhm acu seo a leanas:

- Áireofar bearta do choisithe agus rothaithe sa dearadh.
- Go ginearálta teastaíonn cosán 2.5m ar gach taobh den charrbhealach. Is é seo an spás inmhianaithe ionas go bhféadfaidh beirt dul trasna go compordach i limistéir ina bhfuil gníomhaíocht coisithe íseal go measartha. Méadaíonn sé seo go 3.0m do cheantair de ghníomhaíocht choisithe mheasartha go hard agus 4.0 m i gceantair ina bhfuil ardghníomhaíocht choisithe.
- Ar shráideanna Artaireacha agus Naisc gan aon pháirceáil ar an tsráid ba cheart ciumhais 1.5-2m a sholáthar go ginearálta mar mhaolán agus chun plandáil crann mór sráide agus earraí troscáin sráide a éascú.
- Beidh gá le bearta tírdhreacha a úsáid sna ciumhaiseanna.
- Beidh foirgnimh a bhfuil a n-aghaidh ar na bóithre seo ar scála a bheidh oiriúnach do leithead an bhóthair, do pháirceáil agus do spásanna oscailte gaolmhara.
- Comhlíonfaidh bóithre ceanglais na dTreoirlínte um Bainistiú Tráchta (2019) agus DMURS (2019) maidir le caighdeáin gheoiméadracha agus infheictheachta.
- Tabharfar aird ar an DMURS (2019) i ndearadh sráideanna agus bóithre.
- Beidh aird ag dearadh sráideanna agus bóithre ar Mheasúnú Tionchair ar Shábháilteacht ar Bhóithre (RSIA) agus ar chaighdeáin Iniúchta ar Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA).

**Sráideanna Áitiúla:** Is iad seo na sráideanna a sholáthraíonn rochtain laistigh de phobail agus ar shráideanna Artaireacha agus Naisc. Freastalaíonn siad seo go ginearálta ar ghrúpaí beaga tithe suas le caoga teach, le rochtain dhíreach ar áitribh agus páirceáil. Féadfaidh siad seo 'criosanna baile' nó dromchlaí roinnte a bheith acu. Is féidir na dromchlaí seo a roinnt idir coisithe, rothaithe agus feithiclí. Maidir leis na sráideanna agus na bóithre seo tá feidhm acu seo a leanas:

- Dearadh do luasanna níos moille laistigh de shráideanna áitiúla (i.e. 10-30 km/u).
- Nuair a chuirtear carrbhealach ar fáil is é an leithead a bheidh ann ná 5.0 – 5.5m.
- Níl aon íosriachtanas ann maidir le ciumhaiseanna ar Shráideanna Áitiúla, ach b'fhéidir go n-áireofaí iad nuair a chuireann siad le sábháilteacht/ríocht phoiblí.

- Beidh cosán 1.8m ag teastáil go ginearálta. Is é seo an t-íosmhéid spáis a bhféadfaidh beirt dul tharstu go compordach agus tá sé oiriúnach i limistéir ina bhfuil líon íseal coisithe.
- Sa chás go gcuirtear dromchlaí roinnte ar fáil beidh leithead éagsúil ag bóthar/sráid, le híosleithead 4.8m agus thart ar uasmhéid de 6m.
- Ba chóir go spreagfadh dearadh bóthair/sráid úsáid spáis roinnte chun críocha taitneamhachta agus go gcinntítear sábháilteacht daoine eile a úsáideann an spás roinnte.
- Comhlíonfaidh bóithre ceanglais na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil: Treoirlínte um Bainistíocht Tráchta, 2019 agus DMURS (2019) maidir le caighdeáin gheoiméadracha agus infheictheachta.
- Tabharfar aird ar an DMURS (2019) i ndearadh sráideanna agus bóithre.
- Beidh aird ag dearadh sráideanna agus bóithre ar Mheasúnú Tionchair ar Shábháilteacht ar Bhóithre (RSIA) agus ar chaighdeáin Iniúchta ar Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA).

### 11.3.1 (c) Soláthar Spáis Oscailte Taitneamhachta i bhForbairtí Cónaithe

Déanfaidh gach forbairt chónaithe soláthar do limistéir spáis oscailte taitneamhachta comhdhéanta de na cóimheasa seo a leanas:

### Spás Oscailte Comhchoiteann:

Tá gá le spás áineasa agus taitneamhachta comhchoiteann ag ráta de 15% d'oll-achar an láithreáin. Ba cheart é a chur ar fáil mar spás oscailte ilfheidhmeach i bhforbairtí cónaithe nua a bhfuil rochtain éasca orthu do chách, ag spreagadh úsáide gníomhaí agus éighníomhaí do dhaoine de gach cumas beag beann ar shoghluaisteacht agus/nó aois. I suíomhanna beaga inlíonta srianta, féadfar íosmhéid de 10% a sholáthar mar spás oscailte poiblí áit a bhfuil laghdú ar an gcaighdeán cothrom le seachadadh aonad. D'fhéadfadh forbairtí cónaithe de 4 aonad nó níos lú a bheith díolmhaithe ón soláthar spáis oscailte 15% ar láithreáin úrnua. Cinnfidh an Chomhairle ar bhonn cás ar chás i gcás ina léirítear nach bhfuil feidhm an spáis inmharthana agus gur fearr é a úsáid mar chuid de spás oscailte príobháideach.

Nuair a mholtar 'criosanna baile' inghlactha, de réir Threoirlínte na Comhairle, measfar na spásanna roinnte mar spásanna oscailte pobail ach ní rachaidh siad thar aon trian den riachtanas iomlán spáis oscailte pobail. Breathnófar ar spásanna comhroinnte mar spásanna oscailte pobail nuair atá sé deartha go príomha chun freastal ar riachtanais choisithe, rothaithe, leanaí agus chónaitheoirí agus ina laghdaítear luasanna tráchta agus ceannasacht na ngluaisteán trí dhearadh.

Ní áireofar tailte atá criosaithe d'úsáid Caitheamh Aimsire agus Taitneamhachta (RA) mar chuid de na riachtanais spáis oscailte nó a úsáidfear chun dlús a ríomh le haghaidh forbairtí tithíochta.

I gcás spás oscailte i ngach cineáil forbartha cónaithe ba chóir:

- Go mbeadh amhairc chomh maith le rochtain fheidhmiúil ar fáil don líon uasta áitreabh laistigh den cheantar cónaithe.
- Go mbeadh na haonaid chónaitheacha ag féachaint amach air.
- Go ndéanfaí comhtháthú ar ghnéithe nádúrtha (mar shampla comhrianta nádúrtha, lomán carraige), i gcás inarb iomchuí, mar chuid den spás oscailte.
- Go mbeadh na spásanna inmharthana, nasctha le chéile nuair is féidir, mar chuid lárnach den leagan amach foriomlán agus in aice le comharsanachtaí

  spásanna oscailte comhchoiteanna.

- Gan lánaí cúnga coisithe a chur san áireamh nach bhfuil na tithe ag breathnú amach orthu.
- Limistéir thaitneamhachta shábháilte, áisiúla agus inrochtana a chruthú do gach cuid den phobal.
- Go ginearálta níor chóir aon teorainneacha cúil a bheith ag féachaint amach ar spás oscailte poiblí. Ní bheidh beanna bána ag féachaint amach ar

  shráideanna ná ar bhóithre de ghnáth.  Ba cheart ballaí teorann a fhéachann amach ar spás oscailte poiblí, a íoslaghdú.
- Go ndéanfaí soláthar do thírdhreachú crua agus bog ardchaighdeáin agus glasú uirbeach a ionchorprú agus bithéagsúlacht a spreagadh.

I ngach forbairt chónaithe mholta os cionn deich n-aonad, cuirfear saoráid áineasa ar fáil mar chuid den spás oscailte pobail agus maoinithe ag an bhforbróir. Ba cheart go gcuirfí an áis áineasa ar fáil chun freastal ar riachtanais na gcónaitheoirí agus go léireodh sé próifíl na gcónaitheoirí sa todhchaí, scála agus cineál na forbartha. Tá samplaí táscacha de shaoráidí áineasa d’fhorbairtí de mhéideanna éagsúla léirithe i dTábla 11.2. Tabharfaidh an Rannóg Áineasa agus Conláistí treoir bhreise maidir le haon saoráid áineasa atá beartaithe agus ba chóir dul i gcomhairle léi roimh ré maidir le háiseanna oiriúnacha.

**Tábla 11. 2 Samplaí Táscacha d'Áiseanna Áineasa do Mhéideanna Éagsúla Forbairtí Cónaithe.**

| **Líon na Aonaid Chónaithe** | **Samplaí d'Áiseanna Áineasa** |
|---|---|
| **0-10** | Níl aon áis caitheamh aimsire ag teastáil ach bonneagar glas ar a laghad |
| **11-20** | Suíocháin, bonneagar Picnic, áiteanna súgartha neamhfhoirmiúla |
| **21-50** | Trealamh Súgartha, Limistéar Súgartha le Liathróid, Gairdín Foirmiúil |
| **51-100** | Áis Clár Shcátála, Faiche Babhlála, Cúirt Cispheile |
| **100+** | Áit Súgartha, Páirc Imeartha, Páirc Fhoirmiúil |

## Spás Oscailte Príobháideach:

Soláthrófar spás oscailte príobháideach (limistéir nach mbíonn radharc orthu go ginearálta ó bhóthar poiblí) gan spásanna gluaisteáin ag ráta nach lú ná 50% d'achar urláir comhlán an aonaid chónaithe.

Ba cheart go mbainfeadh an spás oscailte seo go díreach leis an aonad cónaithe ar a bhfreastalaíonn sé, nuair is indéanta. Ní bheidh áis ag suíomhanna áirithe chun freastal ar an soláthar riachtanach ar fad den spás conláiste príobháideach iomlán go díreach agus go sásúil tadhlach le gach aonad ar leith. Mar sin, i gcoinníollacha suímh agus cineálacha forbartha áirithe, d’fhéadfadh soláthar spáis oscailte phríobháideach a bheith comhdhéanta de limistéir spáis oscailte phobail, mar shampla, i bhforbairtí árasán d’fhéadfadh soláthar spáis oscailte phríobháideach a bheith comhdhéanta de limistéir spáis oscailte phobail, balcóiní nó ardáin.

Cinnteoidh scála na síntí molta go gcoimeádtar leibhéal imleor de spás oscailte príobháideach ar an láithreán. Ba cheart go gceadódh spás príobháideach faoin aer spás d'úsáidí tí coimhdeacha ar nós itheachán allamuigh, triomú éadaí, cúrsaíocht réasúnta agus tírdhreachtú.

Is féidir machnamh a dhéanamh ar shíntí tí a mbíonn de thoradh orthu go bhfuil níos lú ná an caighdeán plean forbartha de 50% de GFA an aonaid chónaithe, áit a bhfuil leibhéal imleor de spás oscailte príobháideach coinnithe ar an láithreán, nó ar láithreáin an-srianta cosúil leo siúd atá lonnaithe i lár na cathrach.

Cloífidh forbairtí atá ina bhforbairtí árasán amháin leis na caighdeáin spáis oscailte phríobháidigh atá leagtha amach sa Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeáin Dearaidh dÁrasáin Nua (2020).

### 11.3.1 (d) Radharc amach

- Ní bheidh aonaid chónaithe ag breathnú amach go díreach ar spás oscailte príobháideach nó talamh a bhfuil cumas forbartha aige os cionn leibhéal na talún ag níos lú ná 11 méadar ar a laghad.
- I gcás forbairtí níos mó ná 2 stór ar airde is féidir achar níos mó ná 11 méadar a bheith ag teastáil, ag brath ar na tréithe sonracha láithreáin.
- Maidir le síntí tí, féadfar breathnú ar réitigh ailtireachta chun breathnú amach a chosc, áit a bhfuil an caighdeán líneach de 11m beagán níos lú, agus go laghdaítear an tionchar breathnú amach trí dhearadh.

### 11.3.1 (e) Solas an lae

Ba cheart go bhfaigheadh gach foirgneamh solas an lae agus solas na gréine imleor. Caithfidh gach seomra ináitrithe a bheith aeraithe agus soilsithe go nádúrtha agus ní bheidh seomraí suite agus seomraí codlata soilsithe ag soilse dín amháin.

D'fhéadfadh go mbeadh gá le measúnú ar sholas na gréine lae agus/nó scáthú, ag baint úsáide as uirlisí dea-chleachtais, chun tionchar na forbartha ar thaitneamhacht na maoine in aice láimhe a mheas. Déanfar an riachtanas do mheasúnuithe dá leithéid a chomhaontú leis an údarás pleanála roimh iarratas pleanála. Maidir leis seo, ba cheart go mbeadh forbairt á threorú ag prionsabail Chaighdeán na Breataine, BS 8206, Cuid 2 (1992) agus 'Pleanáil Suímh le haghaidh Solas Lae agus Solas na Gréine, Treoir Dea-Chleachtais (Tuarascáil um Bunú Taighde Foirgníochta, 1991).

### 11.3.1 (f) Fad idir Áitribh d'Fhorbairt Chónaithe Nua

- Cinnteofar go mbeidh achar ar laghad 1.5 méadar idir na beanna ar an taobh agus teorainneacha ar an taobh.
- Laistigh de gach forbairt chónaithe eile, lena n-áirítear foirgnimh árasán agus áitribh mhóra, (níos mó ná 200 $m^2$), beidh an fad idir foirgnimh níos mó, chun leagan amach agus comhthéacs maith a sholáthar don fhorbairt.

### 11.3.1 (g) Caighdeáin Pháirceála

D'fhonn foráil a dhéanamh do sholúbthacht i leagan amach cónaithe is iad seo a leanas na roghanna maidir le riachtanais pháirceála:

- 2 spás ar an láthair in aghaidh an áitribh agus 1 spás grúpáilte do chuairteoirí in aghaidh 3 áit chónaithe nó
- 1 spás ar an láthair in aghaidh an áitribh agus 1 spás grúpáilte do chuairteoirí in aghaidh an áitribh nó

- 1.5 spás grúpáilte in aghaidh an áitribh agus 1 spás grúpáilte do chuairteoirí in aghaidh 3 áit chónaithe
- 3 spás le haghaidh áitribh os cionn 200m$^2$ agus 1 spás grúpáilte do chuairteoirí in aghaidh 3 áit chónaithe
- 1 spás le haghaidh áitribh chónaithe aon sheomra leapa agus 1 chuairteoir grúpáilte in aghaidh 3 áit chónaithe

Níor cheart go sárófaí na caighdeáin seo mura féidir riachtanas breise inghlactha a léiriú.

I gcás ina bhfuil spás páirceála le soláthar sa ghairdín tosaigh ar an láithreán, beidh feidhm ag na caighdeáin seo a leanas:

- 2.5mx 5m ar a laghad a bheidh sa spás páirceála.
- Ní bheidh bealach isteach feithiclí níos mó ná 3m ar leithead de ghnáth, nó sa chás go gceadaíonn an comhthéacs áitiúil agus an patrún forbartha é, nach mó é ná 50 faoin gcéad de leithead na teorann tosaigh.
- Nuair is féidir, coinneofar uasmhéid an bhalla teorann/an fhálaithe.
- I gcás ina soláthraítear geataí ní osclóidh siad amach.
- Ní bheidh gairdíní tosaigh tiomnaithe go hiomlán do pháirceáil carranna. Déanfar tírdhreachú oiriúnach ar chothromaíocht an spáis.

Chun cosc a chur ar an limistéar atá os comhair forbairtí árasáin agus tithe baile a bheith tiomnaithe go hiomlán do pháirceáil charranna, déanfar an limistéar páirceála a bhriseadh suas ó thaobh radhairc de.

Déanfar sraitheanna páirceála a bhriseadh suas le crainn, plandálaithe nó gné éigin eile a mhaolóidh tionchar amhairc na limistéar páirceála ag eatramh de 6 spás páirceála ar a laghad.

Nuair a chuirtear páirceáil ghrúpáilte ar fáil, beidh an pháirceáil scaipthe ar fud na forbartha cónaithe. Ní leithdháilfear spásanna páirceála grúpa ar aonaid chónaithe aonair.

Nuair is féidir, cuirfear dromchla ar an bpáirceáil ghrúpáilte i gcóireáil ábhair nó i ndath difriúil le dromchla an bhóthair.

### 11.3.1 (h) Caighdeáin Pháirceála Rothaíochta

Déanfar measúnú ar na háiseanna rothaíochta go léir de réir Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta an NTA agus aon treoirdhoiciméad náisiúnta ina dhiaidh sin agus beidh siad de réir cóimheas an tsoláthair mar atá san áireamh i dTábla 11.3.

**Tábla 11.3 Riachtanais Pháirceála Rothar d'Fhorbairtí Cónaithe**

| Cineál Forbartha Cónaithe | 1 Spás Páirceála Gearrfhanachta (Cuairteoirí) in aghaidh: (2 spás ar a laghad) | 1 Spás Páirceála Fadchónaithe in aghaidh: (2 spás ar a laghad) |
|---|---|---|
| **Árasáin, Sciath-Thithíocht** | 5 aonad | 1 aonad |
| **Tithe - teaghais 2 leaba** | 5 aonad | 1 aonad |

| | | |
|---|---|---|
| **Tithe - teaghais de 3 leaba nó níos mó** | 5 aonad | 1 aonad |
| **Sciath-thithíocht** | 5 aonad | 1 aonad |
| **Cóiríocht do Mhic Léinn** | 5 Sheomra Leapa | 2 Sheomra Leapa |

**Le haghaidh árasán:** beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- Cuirfear íoschaighdeán ginearálta de spás stórála 1 rothar i bhfeidhm in aghaidh an tseomra leapa.
- Maidir le haonaid stiúideo, cuirfear spás stórála 1 rothar ar a laghad ar fáil.
- Cuirfear páirceáil rothair do chuairteoirí ar fáil freisin ag caighdeán 1 spás in aghaidh an 2 aonad cónaithe.
- Ba cheart go mbeadh suíomh na n-áiseanna stórála rothar inrochtana go díreach ón mbóthar poiblí nó ó limistéar príobháideach roinnte a thugann rochtain dhíreach ar an mbóthar poiblí chun bealaí rochtana fada gan ghá a bhfuil drochshlándáil éighníomhach acu a sheachaint nó fánaí a d’fhéadfadh a bheith guaiseach in aimsir gheimhridh.

Is faoi rogha an údaráis phleanála a bheidh aon imeacht ó na caighdeáin seo agus beidh sé inchosanta maidir le fachtóirí mar shuíomh, caighdeán na n-áiseanna molta agus solúbthacht d'fheabhsú sa todhchaí.

### 11.3.1 (i) Caighdeáin Stórála Bruscair

- Beidh i ndóthain stórais ag gach aonad cónaithe le haghaidh araide trí rotha chun beartas athchúrsála na Comhairle Cathrach a éascú. Soláthróidh aonaid chónaithe nach bhfuil aon rochtain cúil acu stórais imleor do na boscaí bruscair os comhair na forbartha, in aonaid shrianta.
- Maidir le haonaid chónaithe nach bhfuil spás oscailte príobháideach oiriúnach acu, cuirfear sraith de thrí araid de 240 lítear ar fáil do gach péire árasán nó cuirfear sraith de thrí araid 1100 lítear ar fáil do bhloc de dheich n-árasán.
- Go ginearálta beidh stóráil bruscair ar an mbunurlár d’fhorbairtí agus beidh sé folaithe ó radharc an phobail agus in aice leis an mbloc ar a bhfreastalaíonn sé agus beidh dóthain aeraithe air.
- Le haghaidh forbairtí árasán beidh saoráidí bruscair inrochtana ag croí staighre/ardaitheoir gach árasáin agus deartha ag féachaint don leibhéal réamh-mheasta de ghiniúint dramhaíola agus na cineálacha agus na méideanna gabhdán a theastaíonn.
- Ba cheart na gnéithe dearaidh ginearálta i gCuid 4.9 den Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeáin Dearaidh d’Árasáin (2020) a chur san áireamh agus saoráidí stórála bruscair á soláthar

### 11.3.1 (j) Tiontú agus Foroinnt Teaghaisí

- Breithneofar sínte nó athchóirithe beaga lena n-úsáid mar stiúideo, oifig, saoráid chúram leanaí nó fiontair bheaga ag áititheoir áitribh, ar scála nach mbeadh ina chur isteach míchuí ar phríomhúsáid an áitribh mar áit chónaithe phríobháideach. Féadfaidh feidhm a bheith aige seo freisin cé is moite

  d’áiseanna cúraim leanaí a bheith ar fáil atá ann cheana i limistéir atá criosaithe don talmhaíocht.

- Ní bheidh oifigí baile lena n-úsáid ach ag an iarratasóir gan aon fhoireann bhreise chun obair oifige a dhéanamh de chineál nach n-éilíonn idirghníomhú duine le duine agus nach n-oibreoidh siad mar ghnáthoifig tráchtála go háirithe i gcás go bhféadann daoine den phobal/cliaint/othar/eile freastal air nó caithfidh siad freastal.
- Úsáidfear an oifig bhaile mar aonad cónaithe aonair agus ní féidir í a ligean ar cíos/a ligean ar cíos ná a dhíol ná a iompar ar bhealach eile ach amháin mar chuid den aonad cónaithe iomlán.
- Beidh dearadh agus scála oiriúnach aige dá shuíomh agus níor cheart go mbainfeadh sé ó charachtar an cheantair.
- Coinneoidh sé íosriachtanais spáis oscailte phríobháidigh i gcás ina bhfuil sé beartaithe tógáil nua a chur leis.
- Breithneofar athchóiriú nó foroinnt a dhéanamh ar aonaid chónaithe atá an-mhór ar láithreáin le hilaonaid, gan athrú suntasach a dhéanamh ar shaintréithiúlacht an cheantair Ní bhreithneofar páirt-tiontú ach amháin i gcás go bhfuil an foirgneamh in aice le háitreabh tráchtála, in aice le príomhbhealach tráchta nó suite ar láithreáin atá an-mhór, i gcás nach bhfuil dochar á dhéanamh do charachtar an cheantair. Chaithfí carachtar seanbhunaithe an cheantair, taitneamhacht chónaithe, spás áineasa agus taitneamhachta, dearadh uirbeach, sláine ailtireachta, páirceáil agus trácht a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar thograí dá leithéid. Ní bhreithneofar páirt-thiontú ar aonaid tráchtála ach amháin nuair is féidir a léiriú go bhfreastalaíonn an úsáid bheartaithe ar riachtanas áitiúil agus/nó go bhfuil sé suite i gceantar tráchtála bunaithe.

### 11.3.1 (k) Aonaid Chónaithe Féinchuimsitheacha

Breathnófar ar aonaid chónaithe féinchuimsitheacha nuair:

- Is cuid dhílis den phríomháit chónaithe é an t-aonad agus is féidir é a ath-chomhshamhlú isteach san áit chónaithe. Tá gá le cead pleanála ar leith roimh ré chun an suíomh a fhoroinnt dá bharr. Go ginearálta díspreagfar é seo ar chúiseanna taitneamhachta.
- Is breisiú é an t-aonad leis an struchtúr reatha nó athchóiriú garáiste agus go ginearálta beidh sé suite ar thaobh seachas ar ghairdín cúil an tí reatha.
- De ghnáth ní sháraíonn achar urláir an aonaid comhionann le 25% d’achar urláir an tí atá ann cheana féin.
- Ní bhreithneofar aonaid fhéinchuimsitheacha ach a fhad is go bhfuil úinéir an áitribh ina chónaí san aonad nó sa chuid eile den áitreabh mar a phríomháit chónaithe.

### 11.3.1 (l) Síntí Cónaithe

Ba cheart go gcomhlánódh dearadh agus leagan amach na síntí ar thithe carachtar agus foirm an fhoirgnimh atá ann faoi láthair, ag féachaint dá chomhthéacs agus dá thaitneamhachtaí cónaithe in aice leis.

### 11.3.2 Bruachbhailte Bunaithe

De réir na gcaighdeán do Bhruachbhailte Amuigh ach amháin:

### 11.3.2 (a) Ginearálta

Ar mhaithe le hinbhuanaitheacht agus dearadh uirbeach, d’fhéadfadh dlúis níos airde a bheith feiliúnach nuair a thugann forbairt nua cónaithe nó forbairt tráchtála/pobail aird ar phatrún, foirm agus dlús na gceantar seo atá i réim.

### 11.3.2 (b) Caighdeáin Taitneamhachta

Beidh sé de réir na Bruachbhailte Amuigh ach amháin i gcúinsí áirithe ina measfadh an fhoirm agus an leagan amach bunaithe go mbeadh laghdú ar na caighdeáin seo oiriúnach, ar mhaithe le hinbhuanaitheacht, caighdeán ailtireachta agus dearadh uirbeach.

### 11.3.2 (c) Caighdeáin Pháirceála

- 1 spás ar an láthair in aghaidh an áitribh agus 1 spás grúpáilte do chuairteoirí in aghaidh 3 áit chónaithe nó,
- 1 spás in aghaidh an áitribh má tá sé grúpáilte.

D'fhéadfaí a mheas go mbeadh laghdú ar na caighdeáin seo le haghaidh ACAanna cuí sa chás go mbeadh drochthionchar ag soláthar páirceála do charachtar ailtireachta an cheantair.

Go ginearálta, níor cheart na caighdeáin seo a shárú.

### 11.3.3 Limistéir Chónaithe Laistigh

De réir na gcaighdeán do Bhruachbhailte Bunaithe ach amháin:

### 11.3.3 (a) Caighdeán Páirceála

- Uasmhéid 1 spás páirceála in aghaidh an áitribh
- I gcás forbairtí nua sna ceantair chónaithe laistigh ag suíomhanna a bhfreastalaíonn iompar poiblí orthu nó atá gar do limistéir fostaíochta ard-dlúis, is féidir le caighdeán foriomlán laghdaithe páirceála a bheith i bhfeidhm, go háirithe ar fhorais inbhuanaitheachta nó dearaidh uirbigh.

### 11.3.4 Limistéir Chónaithe Lár na Cathrach

De réir na gcaighdeán do Bhruachbhailte Amuigh ach amháin:

### 11.3.4 (a) Ginearálta

De ghnáth ní cheadófar forbairt nua tráchtála ar thalamh criosaithe cónaithe i lár na cathrach.

### 11.3.4 (b) Spás Oscailte

Nuair a mholtar ábhar cónaithe i bhforbairtí tráchtála i lár na cathrach, cuirfear limistéar atá comhionann le 30% den oll-achar urláir d'ábhar cónaithe ar fáil mar spás oscailte nó na caighdeáin a fhoráiltear sna Caighdeáin Dearaidh d'Árasáin Nua – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2020) a chur i bhfeidhm. D'fhéadfaí breathnú ar laghdú i gcúinsí áirithe nuair a mheasfadh an fhoirm agus an leagan amach atá bunaithe go bhfuil comhlíonadh na gcaighdeán sin míchuí.

### 11.3.4 (c) Stóráil Bhruscair

Cuirfear stóráil imleor ar fáil do dhiúscairt dramhaíola ar an láithreán. Féach ar alt 11.3.1(i).

### 11.3.4 (d) Caighdeán Páirceála

- I bhforbairtí ar scála níos mó agus ar dhlús níos airde, comhdhéanta go hiomlán d'árasáin i láithreacha níos lárnaí a bhfreastalaíonn iompar poiblí orthu go maith, is é an beartas réamhshocraithe go ndéanfaí soláthar páirceála do charranna a íoslaghdú, a laghdú go substaintiúil nó a dhíchur go hiomlán i gcúinsí áirithe.
- Ar fhorbairtí níos lú, níor cheart páirceáil charranna a spreagadh ach beag bean air sin, ní sháráfar 1 spás páirceála uasta in aghaidh an áitribh

## 11.4 Ceantar Lár na Cathrach

### 11.4.1 Ginearálta

Cuirfidh an Chomhairle na caighdeáin agus na treoirlínte seo a leanas san áireamh agus dearadh agus leagan amach na forbartha sa chrios CC á meas, a mhéid a bhaineann siad le togra forbartha ar leith i lár na cathrach.

- Ní bheidh uasdlúis insroichte ach amháin faoi choinníollacha barrmhaithe suímh ag féachaint do chritéir mar airde, tionchar ar oidhreacht thógtha, dearadh uirbeach, spás oscailte agus cosaint taitneamhachtaí. (Féach Caibidil 8: Oidhreacht Thógtha, Comhfhorbairt Áite agus Dearadh Uirbeach.)
- Ní mór spás imleor a bheith ar fáil chun ábhair agus dramhaíl a stóráil ar an láthair, chun iad a luchtú agus a dhíluchtú, chun feithiclí a chur i gcúrsaíocht ar an láthair agus chun mótarfheithiclí agus rothar a pháirceáil, nuair is cuí.
- Ba chóir go ndéanfaí soláthar imleor do stóráil earraí agus ábhar laistigh den fhoirgneamh. I gcás nach gcuirtear spás den sórt sin ar fáil, déanfar na hearraí agus na hábhair sin, má tá siad le stóráil lasmuigh, a stóráil i limistéar stórála ainmnithe.
- Tabharfar aghaidh ar núis fhéideartha torainn agus aeir agus socruithe soilsithe ag an gcéim deartha agus cuirfear san áireamh bearta maolaithe cuí san fhorbairt a bheartaítear.
- Déanfar gléasra a chomhtháthú le dearadh foriomlán an fhoirgnimh agus léireofar iad ar líníochtaí pleanála ábhartha.

### 11.4.2 Cóimheas Plota

- Tá an caighdeán dlúis cóimheas plota deartha chun cuidiú le cosc a chur ar éifeachtaí díobhálacha ró-fhorbartha ar thaitneamhachtaí an cheantair.
- Go ginearálta d’fhorbairt nua, is é 2:1 an t-uaschóimheas plota a cheadófar.
- Sa chrios CC ar Láithreáin Athghiniúna níos mó déanfar breithniú ar thograí forbartha a sháraíonn an gnáthchóimheas lota a cheadaítear nuair a chuideodh a leithéid de thograí le hinbhuanaitheacht, cáilíocht ailtireachta, dearadh uirbeach, ríocht phoiblí, seachadadh tithíochta agus leis an gcarachtar uirbeach. Léirmhíneofar an farasbarr seo mar mhéadú comhréireach amháin agus déanfar é a mheas ar thorthaí bunaithe ar fheidhmíocht agus ar chaighdeáin ghinearálta.
- I gcrios CC Shráid Doiminic Uachtarach/Sráid Liam Thiar/Bhóthar na Mara/Ardán na bhFiach agus sa chrios CC in aice le Páirc an Athar de Búrca is é an t-uaschóimheas lota a cheadófar ná 1.60:1.
- I gcás forbairt inlíonta ar ardán nó sráid atá ann cheana féin, d’fhéadfadh go mbeadh gá le cóimheas plota níos airde chun ailíniú fuinneoige agus uchtbhallaí aonfhoirmí a choinneáil nó chun airde níos mó a fháil ar chúiseanna tábhachtacha dearaidh uirbigh. I gcúinsí den sórt sin, féadfar cóimheas plota méadaithe a cheadú.
- I gcás go bhfuil cóimheas plota bunaithe ag láithreán atá os cionn an uasmhéid ghinearálta dá chrios, féadfar, i gcúinsí eisceachtúla, athfhorbairt a cheadú de réir a chóimheas plota reatha má chloíonn sé seo le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir.
- D’fhéadfaí mionsíntí a sháraíonn an cóimheas plota a cheadú nuair atá siad riachtanach d’fheidhmiú sásúil an fhoirgnimh.

### 11.4.3 Ábhar Cónaithe

- Nuair is cuí, beidh gá le cion cónaithe de 20% ar a laghad den oll-achar urláir a bheartaítear do gach forbairt nua. De ghnáth ní cheadófar athrú úsáide ar chóiríocht chónaithe saintógtha a tógadh le déanaí ar leibhéal an urláir uachtaraigh i gceantair chriosaithe CC.
- Nuair is cuí, ar Láithreán Athghiniúna, beidh ar chomhréir na forbartha cónaithe a bheith ag leibhéal níos airde mar atá sonraithe i gCaibidil 10.
- Is féidir cóiríocht do mhic léinn, óstáin agus brúnna a mheas mar chuid den oibleagáid chun ábhar cónaithe a sheachadadh.

### 11.4.4 Ceanglas Spáis Oscailte

Nuair a mholtar ábhar cónaithe i lár na cathrach, cuirfear limistéar atá comhionann le 30% den oll-achar urláir d'ábhar cónaithe ar fáil mar spás oscailte nó na caighdeáin a fhoráiltear sna Caighdeáin Dearaidh d'Árasáin Nua – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2020) a chur i bhfeidhm. I gcásanna nach féidir spás oscailte éifeachtach a chur ar fáil ar an láithreán mar gheall ar shuíomh na bhfoirgneamh atá ann cheana féin, ar ghnéithe míchuí, ar scála beag nó ar chúiseanna eile, féadfar breathnú ar mhaolú ar an gcaighdeán seo. Déanfar breithniú ar bhealaí nuálacha chun spás oscailte a sholáthar lena n-áirítear gairdíní dín, gairdíní geimhridh agus balcóiní tar éis breithniú a dhéanamh ar shaintréithe an láithreáin agus ar an gcumas spás oscailte inbhuanaithe a sholáthar.

### 11.4.5 Úsáidí

- Ní cheadófar bunurláir na n-áitreabh ar na príomhshráideanna siopadóireachta a thiontú ó úsáidí miondíola go húsáidí neamh-mhiondíola, lena n-áirítear seirbhísí miondíola. Chun na gcríoch seo is iad na príomhshráideanna siopadóireachta ná Sráid Gheata Liam, Sráid Liam, Sráid na Siopaí, Sráid an Phríomhgharda, an tSráid Ard, Sráid na Céibhe agus an Fhaiche Mhór (an taobh thiar thuaidh). Breithneofar cead a thabhairt do sheirbhísí miondíola ar an bhFaiche Mhór (an taobh thiar thuaidh) agus d'aonaid fíorbheaga atá ann cheana féin d'ollspás urláir miondíola iomlán níos lú ná $20m^2$.
- Sa chás go moltar úsáid caifé / bialainne, seachnófar núis torainn agus bolaidh trí bhearta maolaithe agus soláthar stórála imleor le haghaidh troscán sráide agus chun dramhaíl a athchúrsáil.
- Ar an tSráid Ard, Sráid na Céibhe agus Barr an Chalaidh cuirfidh an Chomhairle cosc ar mhéadú áitreabh ceadúnaithe atá ann cheana agus clubanna oíche (ach amháin laistigh de theorainneacha an tsuímh) agus ar athrú úsáide áitribh cheadúnaithe atá ann cheana féin.
- Sa chás go bhfuil forbairt agus/nó síntí ar áitribh cheadúnaithe, lena n-áirítear eischeadúnais, clubanna oíche agus beir leat (ach gan bialanna san áireamh) á mbreithniú i gCeantar Lár na Cathrach, cuirfidh an Chomhairle na nithe seo a leanas san áireamh:
    - Tionchar na forbartha beartaithe ar thaitneamhachtaí an cheantair,
    - Tionchar na forbartha beartaithe ar an meascán úsáidí sa cheantar,
    - Na tionchair fhéideartha ar fhoirgnimh ar an RPS, NIAH nó in ACA,
    - Méid, líon agus suíomh na n-áitreabh ceadúnaithe atá sa cheantar cheana féin.
    - In ainneoin na bhforálacha díolúine maidir le hathrú úsáide siopaí sna hAchtanna/Rialacháin Pleanála, tá toimhde in aghaidh oibreoirí miondíola sonracha a bhunú i lár na cathrach. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag na húsáidí seo ar íomhá lár na cathrach agus d'fhéadfaidís bunú forbairtí

miondíola eile a dhíspreagadh. Bainfidh sé seo go háirithe le Siopaí do Dhaoine Fásta, Clubanna Damhsa Uchta.

### 11.4.6 Lár na Cathrach/Ceantair Eile

- Tá toimhde ann freisin in aghaidh Siopaí do Dhaoine Fásta, Clubanna Damhsa Uchta. sa cheantar ar a dtugtar 'An Taobh Thiar' lena n-áirítear Sráid Doiminic agus i gceantair eile sa chathair ar réasúnú comhchosúil, mar a dúradh i 11.4.5, agus go háirithe nuair a d'fhéadfadh tionchar diúltach ar thaitneamhacht chónaithe agus/nó a bheith suite in aice le húsáidí íogaire talún ar nós scoileanna.
- Sa chás go bhfuil forbairt eischeadúnais á meas i gceantair lasmuigh de lár na cathrach, cuirfidh an Chomhairle na nithe seo a leanas san áireamh:
  - Tionchar na forbartha beartaithe ar thaitneamhachtaí an cheantair.
  - Tionchar na forbartha beartaithe ar an meascán úsáidí sa cheantar.
  - Méid, líon agus suíomh na n-áitreabh eischeadúnais atá sa cheantar cheana féin.

## 11.5 Aghaidheanna Siopaí

- Ba chóir don dearadh cloí leis an treoir i dTreoirlínte Dearaidh Aghaidh Siopaí agus Comharthaíochta na Comhairle Cathrach.
- Cosnófar agus caomhnófar aghaidheanna traidisiúnta bunaidh na siopaí agus na tithe tábhairne.
- Ba cheart go gcuirfí oidhreacht na Gaillimhe san áireamh in aon mholadh maidir le dearadh aghaidh siopa nuair is féidir.
- Breathnófar ar aghaidheanna siopa/tithe tábhairne comhaimseartha i gcás;
  - Go bhfuil ábhair agus comhréireanna oiriúnach do scála agus fabraic an fhoirgnimh agus/nó na sráide.
  - Go gcomhlánaíonn an dearadh an dearadh d'urláir uachtaracha an fhoirgnimh.
  - Nach ndéanann aghaidh an tsiopa leathnú isteach ar an urlár thuas agus leaca fuinneoige ar an gcéad urlár a cheilt.
  - Nach ndéanfar trasnú ar ingearchlónna atá ann cheana féin.
- Go ginearálta, ní cheadófar úsáid a bhaint as comhlaí rothlacha seachtracha / scáileáin slándála ar thaobh tosaigh siopaí. Más gá iad ba chóir iad a chur taobh thiar de thaispeáint aghaidh an tsiopa.
- Go ginearálta ní cheadófar ceannbhrait ach amháin nuair is gá iad chun earraí atá ar taispeáint a chosaint nó nuair a mheastar go bhfuil siad inghlactha faoi bheartas na mbord agus na gcathaoireacha atá i réim. Beifear i bhfabhar ceannbhrat de dhearadh traidisiúnta agus d'ábhair in-aistarraingthe agus déanfar iad a dhearadh de réir Threoirlínte Deartha na Comhairle Cathrach: Ceannbhrait, 2011.
- Tabharfar aird ar leith ar chosaint agus ar fheabhsú shaintréithe aghaidheanna siopaí in ACAnna.
- Ba chóir go mbeadh aird ag aghaidheanna siopaí ar aon chaighdeáin agus treoirlínte molta nó glactha maidir le dearadh aghaidheanna siopaí arna nglacadh ag an gComhairle.

## 11.6 Fógraí agus Comharthaíocht

- Beidh meas ag comharthaí nó fógraí nua ar scála, ar charachtar agus ar shuíomh an fhoirgnimh lena bhfuil sé ceangailte agus tabharfar aird ar mhéid na comharthaíochta atá ar an láithreán cheana féin.
- Ní cheadófar aon chomharthaí mórscála soilsithe go hinmheánach nó comharthaí taispeána digiteacha nó spotsoilse starracha.
- Ní cheadófar litreoireacht ach amháin nuair atá sí i gcomhréir le méid an éadain.
- Go ginearálta, ní cheadófar comharthaí nó fógraíocht ar na hurláir uachtaracha.
- Go ginearálta ní cheadófar aon chomharthaí starracha, ní dhéanfar machnamh ach ar chomharthaí beaga starracha atá lárnach d'éadanas an tsiopa.
- Tabharfar aird ar leith ar fhoclaíocht dhátheangach a chur ar chomharthaí agus ar fhógraíocht.
- Tugtar treoir mhionsonraithe dearaidh bhreise ar chomharthaíocht agus a suíomh i dTreoirlínte um Aghaidh Siopa agus Dearaidh na Comhairle Cathrach na Gaillimhe (2012) agus sa Straitéis Ríochta Poiblí (2019).

## 11.7 Bóthar na Trá

### 11.7.1 Cóimheas Plota

I gcrios CI Bhóthar na Trá is é an t-uaschóimheas plota d'fhorbairt nua a cheadófar ná 1.75:1. Sna tailte atá criosaithe 'R' agus díreach in aice le Páirc Toft, ní féidir maolú ar an bhfigiúr uaschóimheas plota de 0.46:1 a bhreithniú ach amháin sa chás go bhfuil na caighdeáin taitneamhachta cónaithe eile comhlíonta, agus nuair atá an fhorbairt ar scála agus airde oiriúnach dá shuíomh ardphróifíle.

### 11.7.2 Úsáidí

Sa chás go bhfuil forbairt agus/nó síntí ar áitribh cheadúnaithe, clubanna oíche agus beir leat á mbreithniú i gceantar Bhóthar na Trá, cuirfidh an Chomhairle na nithe seo a leanas san áireamh;

- Tionchar na forbartha beartaithe ar thaitneamhachtaí an cheantair.
- Tionchar na forbartha beartaithe ar an meascán úsáidí sa cheantar.
- Méid, líon agus suíomh na n-áitreabh ceadúnaithe atá sa cheantar cheana féin.

### 11.7.3 Páirceáil

De réir na mbruachbhailte bunaithe ach amháin:

- I gcás forbairtí nua i mBóthar na Trá, is féidir le caighdeán foriomlán laghdaithe páirceála a bheith i bhfeidhm, go háirithe ar fhorais inbhuanaitheachta nó dearaidh uirbigh.

## 11.8 Imchlúdaigh Sráidbhaile

- Déanfar measúnú ar thograí forbartha do thithíocht i gclúdaigh sráidbhaile ar dhearadh, leagan amach agus tionchar ar Láithreáin Eorpacha agus ar chomhlíonadh na gceanglas d'aonaid chóireála fuíolluisce.
- Ní bhreithneofar forbairt tráchtála i gclúdaigh sráidbhaile ach amháin nuair atá sé ar scála a oireann do riachtanais an tsráidbhaile.

## 11.9 Tráchtáil agus Tionscal

### 11.9.1 Ginearálta

Cuirfidh an Chomhairle na nithe seo a leanas san áireamh agus dearadh, leagan amach agus meascán úsáide na forbartha i gcriosanna CI agus I á meas, a mhéid a bhaineann siad le togra forbartha ar leith:

- Ní bheidh uasdlúis insroichte ach amháin faoi choinníollacha barrmhaithe suímh ag féachaint do chritéir mar airde, tionchar ar oidhreacht thógtha, dearadh uirbeach, spás oscailte agus cosaint taitneamhachtaí. Féach Caibidil 8 agus Caibidil 10 le haghaidh tuilleadh sonraí.
- Beidh láithreáin criosaithe CI, le cuspóir athnuachana, is iad sin limistéar LAP Bhóthar Áth Cinn (lena n-áirítear Bóthar na Díge), Láithreán Corrib Great Southern, Bóthar an Ghainimh, Oileán Altanach agus Lár Ceantair Chnoc na Cathrach, ag teacht leis an bhfís dá bhforáiltear i gCaibidil 10.
- Beidh tailte criosaithe CI agus I, atá aitheanta mar láithreán Deise, eadhon ag Bóthar Sheantalaimh  (0.62ha), iar-láithreán Connaught Laundry agus iarláithreán Royal Tara ag teacht leis an bhfís dá bhforáiltear i gcaibidil 10, lena n-áirítear forbairt chónaitheach a bhreithniú ar fairsinge iomlán na láithreán criosaithe seo.
- Éileofar ar fhorbairtí gné de spás oscailte a sholáthar a chuimseodh scéim tírdhreachtaithe don láithreán ag féachaint do scáthú teorainneacha agus limistéir pháirceála feithiclí agus do chuma amhairc an láithreáin, go háirithe an limistéar idir an líne tosaigh foirgnimh agus na teorainneacha tosaigh.
- Soláthrófar spás oscailte ar bhealach inar féidir leis feidhmiú mar limistéar taitneamhachta éifeachtach ag cur san áireamh a shuíomh ar an láithreán, méid fisiciúil, gné chun leas a bhaint as solas na gréine agus inrochtaineacht. Maidir leis seo, ní ghlacfaidh an Chomhairle le spás oscailte atá suite nó de mhéid míchuí nó spás oscailte a ghabhann le bóithre, teorainneacha nó cosáin, mar spásanna a chomhlíonann an riachtanas seo. Spreagfaidh scéimeanna tírdhreachaithe den sórt sin bithéagsúlacht ghnáthóg agus ionchorprófar SuDS nuair is féidir.
- Ní mór spás imleor a bheith ar fáil chun ábhair agus dramhaíl a stóráil ar an láthair, chun iad a luchtú agus a dhíluchtú, chun feithiclí a chur i gcúrsaíocht ar an láthair agus chun mótarfheithiclí agus rothar a pháirceáil. Chuige seo ní mór áiseanna dóthanacha bainistíochta dramhaíola/athchúrsála a sholáthar.
- Ba chóir go ndéanfaí soláthar imleor do stóráil earraí agus ábhar laistigh den fhoirgneamh. I gcás nach gcuirtear spás den sórt sin ar fáil, déanfar na hearraí agus na hábhair sin, má tá siad le stóráil lasmuigh, a stóráil i limistéar stórála ainmnithe.
- Beidh dromchlaí laistigh de chúirtealáiste láithreán tionsclaíochta/tráchtála déanta as ábhar crua, saor ó dheannach agus marthanach.
- Beidh spásanna páirceála marcáilte go soiléir agus rianaithe.  Cuirfear spásanna páirceála le haghaidh feithiclí de dhaoine faoi mhíchumas ar fáil agus déanfar iad a mharcáil go soiléir agus beidh siad lonnaithe gar do na príomhbhealaí isteach chuig áitribh.
- Rachfar i ngleic le núiseanna féideartha / foinsí truaillithe ag an gcéim deartha agus déanfar bearta cuí maolaithe a ionchorprú san fhorbairt Nuair a d'fhéadfadh torann timpeallachta a bheith ann, beidh sé riachtanach Measúnú Torainn a chur isteach de réir na dTreoirlínte um an Caighdeán is Fearr.
- Tabharfar aghaidh ar gach trealamh gléasra ag an gcéim deartha agus go ginearálta ní bheidh sé le feiceáil ó limistéir phoiblí.

- Áit a bhfuil gá le fálú slándála ní gnách go mbeidh sé chun tosaigh ó líne tosaigh tógála an áitribh. Más rud é, i gcúinsí eisceachtúla, go gceadaítear fálú slándála chun tosaigh ar líne tosaigh an fhoirgnimh leagfar é taobh thiar den tírdhreachtú.  Beidh fálú slándála ar chaighdeán amhairc ard agus an áit a bhfuil fálú pailise nó slabhra-nasctha úsáidte beidh sé déanta as plaisteach brataithe, daite nó de réir sonraíocht inghlactha den chineál céanna.
- Déanfar struchtúir fógraíochta, nuair is gá iad, a íoslaghdú agus a shuí ar bhealach atá neamhfheiceálach.  Déanfar struchtúir fógraíochta agus comharthaíocht a íoslaghdú, beidh siad ar ardchaighdeán, beidh siad comhordaithe ó thaobh dearaidh de agus scálaithe agus lonnaithe go cuí.
- Déanfar foirgnimh nó déanmhais a bheartaítear le bheith in úsáid ag an bpobal i gcoitinne a dhearadh chun rochtain agus cúrsaíocht inmheánach do dhaoine faoi mhíchumas a cheadú.

### 11.9.2 Clúdach Láithreáin agus Cóimheasa Plota do Chriosanna Úsáide Talún CI agus I

Déantar na caighdeáin déine forbartha do chlúdach suímh agus cóimheas plota a dhearadh ionas gur féidir cosc a chur ar na héifeachtaí díobhálacha a bhaineann le rófhorbairt.  Tá sonraí maidir le clúdach suímh agus cóimheas plota le fáil i dTábla uimh. 11.4. Is éard atá sna figiúirí na leibhéil is airde is insroichte faoi na coinníollacha suímh is fearr agus is féidir.  Déantar an clúdach suímh a ríomh trí achar iomlán na talún clúdaithe ag an bhfoirgneamh a roinnt faoi achar iomlán an tsuímh.

**Tábla Cóimheasa 11.4 Clúdach Láithreáin agus Plota do Thailte Criosaithe CI agus I**

| Compoird | CI | I |
|---|---|---|
| **Clúdach Suímh Uasta** | 0.80 | 0.80 |
| **Cóimheas Plota Uasta** | 1.25 | 1.00 |

- I gcás forbairt inlíonta ar ardán nó sráid atá ann cheana féin, d’fhéadfadh go mbeadh gá le cóimheas plota níos airde chun ailíniú fuinneoige agus uchtbhallaí aonfhoirmí a choinneáil nó chun airde níos mó a fháil ar chúiseanna tábhachtacha dearaidh uirbigh. In imthosca den sórt sin, féadfaidh an Chomhairle cóimheas plota méadaithe a cheadú.
- I gcás go bhfuil cóimheas plota bunaithe ag láithreán atá os cionn an uasmhéid ghinearálta dá chrios, féadfar, i gcúinsí eisceachtúla, athfhorbairt a cheadú de réir a chóimheas plota reatha má chloíonn sé seo le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir.
- D’fhéadfaí mionsíntí a sháraíonn cóimheas ceapach nó teorainneacha clúdach suímh a cheadú má ghlacann an Chomhairle leis go bhfuil siad riachtanach d’fheidhmiú sásúil na bhfoirgneamh.
- Ar thailte criosaithe CI, áit a bhfuil sé beartaithe limistéar spáis oscailte taitneamhachta a chur ar fáil, os cionn leibhéal na talún i gcomhar le cóiríocht chónaithe, féadfar glacadh leis an spás seo mar spás oscailte chun críocha clúdach láithreáin nuair atá sé deartha de réir treoirlínte dea-chleachtais agus áit a bhfuil an córas bainistíochta lánpháirtithe i dtograí dearaidh. Beidh dálaí micri-aeráide ina fhachtóir sa dearadh agus sa leagan amach.

### 11.9.3 Ceanglais Spáis Oscailte

Tá na híoscheanglais spáis oscailte, a bheidh i bhfeidhm i gcriosanna CI agus I, leagtha amach i dTábla 11.5.

**Tábla 11.5 Íoscheanglais Spáis Oscailte do Thailte Criosaithe CI agus I**

| Compoird | Spás Oscailte |
|---|---|
| CI | 5% d'achar iomlán an láithreáin agus 50% den oll-achar urláir d'ábhar cónaithe sa chás go bhfuil ábhar cónaithe molta. |
| I | 15% d'achar iomlán an láithreáin i gcás dhá aonad tionsclaíochta nó níos mó a fhorbairt. |

- Ní áireofar tailte criosaithe RA nó G mar chuid den riachtanas spáis oscailte le haghaidh forbartha ar thailte tráchtála nó tionsclaíochta.
- I gcásanna nach féidir spás oscailte éifeachtach a sholáthar ar láithreáin mar gheall ar shuíomh na bhfoirgneamh atá ann cheana féin, gnéithe míchuí, scála beag nó ar chúiseanna eile, féadfaidh an Chomhairle caighdeán níos lú a mheas.

## 11.10 Iompar

### 11.10.1 Ceanglas Spás Páirceála

Cuirfear caighdeáin pháirceála i bhfeidhm agus úsáid á baint as critéir fheidhmíocht-bhunaithe a bheidh oiriúnach don suíomh ginearálta, ag teacht le riachtanais an Chreata Náisiúnta Pleanála (NPF). Beidh na caighdeáin seo faoi réir raon lamháltais a cheadóidh réitigh mhalartacha a mholadh chun torthaí sonraithe a bhaint amach. Glacann na caighdeáin pháirceála leis an gcur chuige seo agus léirítear iad i dTábla 11.6. Cuirfidh an cur chuige seo atá bunaithe ar fheidhmíocht ar chumas leibhéal na seirbhíse iompair phoiblí a fheabhsú de réir mar a tharlaíonn tuilleadh forbartha agus a mhalairt. Beidh toimhde ann i gcoinne riachtanas páirceáil cairr d'fhorbairt nua i lár na cathrach mura bhfuil cás inchosanta do íosriachtanais inghlactha ag an gComhairle Cathrach. Maidir leis seo beidh feidhm ag uaschaighdeáin i gcomhréir le Tábla 11.6.

D'ainneoin an méid thuas, cuirfear spásanna páirceála ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas de réir Chuid M de na Rialacháin Foirgníochta agus an dea-chleachtais arna gcur chun cinn ag an Údarás Náisiúnta Míchumais (www.nda.ie), agus go háirithe a bhfoilseachán *Ag Tógáil do Chách: Cur Chuige Dearaidh Uilíoch 2012.*

I gcás aon úsáid nach bhfuil sonraithe, cinnfidh an Chomhairle an riachtanas páirceála, ag féachaint do na leibhéil tráchta is dócha a chruthófar mar thoradh ar an bhforbairt. I gcás forbairtí a bhfuil poitéinseal suntasach ginte acu maidir le turas gluaisteáin, déanfar Measúnú Tráchta agus Iompair (TTA) de réir na dTreoirlínte um Measúnú Tráchta agus Iompair (TII 2014). Ba cheart na ceanglais maidir le TTA a fháil amach ag an gcéim réamhphleanála. Réamh-mheastar na TTAanna 5 bliana agus 15 bliana tar éis an dáta oscailte de réir Threoirlínte Measúnaithe Tráchta agus Iompair TII agus Institution of Highways and Transportation Guidelines na Ríochta Aontaithe, agus breithneoidh siad, ina n-anailís, gach mórscéim bóithre agus tráchta agus forbairtí atá ann cheana agus atá beartaithe i gceantar.

Tabharfar aird freisin ar sholáthar páirceála grúpáilte agus dé-úsáide nuair nach mbíonn buaicéilimh ag teacht le chéile agus tabharfar aird ar an bpoitéinseal do thurais ilchuspóireacha, faoi réir measúnaithe.

D'fhéadfadh laghdú ar cheanglais pháirceála a bheith inghlactha nuair a chuimsítear in iarratas ar fhorbairt Plean Taistil, sonraí ar roghanna do mhodhanna inbhuanaithe agus/nó nuair a léiríonn sé

roghanna do mhodhanna eile chun déileáil le giniúint tráchta a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear.

Sa Cheantar Cónaithe Laistigh agus Ceantar Bhóthar na Trá, sa chás nach bhfuil soláthar á dhéanamh do pháirceáil i bhforbairt, léireofar gur leor forálacha eile lena chinntiú nach mbeidh aon drochthionchar tráchta ag an bhforbairt. D'fhéadfadh go gcuimseodh sé seo, soláthar bonneagair rothaíochta, rochtain ar iompar poiblí laistigh de shiúlóid 10 nó 15 nóiméad ón bhforbairt nó rochtain ar mhodhanna eile taistil ghníomhaigh.

**Tábla 11.6 Ceanglas Spás Páirceála do Chineálacha Éagsúla Forbartha: Caighdeáin Uasta**

| Cineál Forbartha | Ceanglas Páirceála | Ceanglais Pháirceála Lár na Cathrach mar a thaispeántar i bhfigiúr 10.1. |
|---|---|---|
| **Tithe Cónaithe** | Féach Alt 11.3 | Féach Alt 11.3 |
| **Páirceáil do Chuairteoirí do Thithe Cónaithe** | Féach Alt 11.3 | Féach Alt 11.3 |
| **Ollmhargaí agus Siopaí** | 1 spás in aghaidh oll-achar urláir de 15m2 | 1 spás in aghaidh oll-achar urláir de 30m2 |
| **Oifigí agus Bainc** | 1 spás in aghaidh oll-achar urláir de 25m2 | 1 spás in aghaidh oll-achar urláir de 50m2 |
| **Bialanna** | 1 spás in aghaidh oll-achar urláir de 15m2 | 1 spás in aghaidh oll-achar urláir de 30m2 |
| **Beáir agus Tolglann (lena n-áirítear Beáir Óstáin)** | 1 spás in aghaidh oll-achar urláir de 8m2 | 1 spás in aghaidh oll-achar urláir de 15m2 |
| **Seomraí Ócáide (seomraí ócáide Óstáin san áireamh)** | 1 spás in aghaidh 10 m2 | 1 spás in aghaidh 20 m2 |
| **Óstáin (sa bhreis ar an méid thuas)** | 1 spás in aghaidh an seomra leapa | 1 spás in aghaidh 2 sheomra leapa |
| **Tithe Lóistín/B&B** | 1 spás in aghaidh an seomra leapa | 1 spás in aghaidh 2 sheomra leapa |
| **Pictiúrlanna, Amharclanna, Áiteanna Adhartha** | 1 spás in aghaidh 10 suíochán | 1 spás in aghaidh 20 suíochán |
| **Ionaid Chomhdhála, Ionaid Adhartha, Hallaí, Ionaid Phobail** | 1 spás in aghaidh oll-achar urláir de 30m2 | 1 spás in aghaidh oll-achar urláir de 60m2 |
| **Hallaí Rince, Clubanna Oíche** | 1 spás in aghaidh oll-achar urláir de 10m2 | 1 spás in aghaidh oll-achar urláir de 20m2 |
| **Ospidéil/Tithe Altranais** | 1 spás in aghaidh an leaba | 1 spás in aghaidh 2 leaba |
| **Máinlianna, Clinicí, Grúpchleachtais Leighis** | 2 spás in aghaidh an tseomra comhairliúcháin | 1 spás in aghaidh an tseomra comhairliúcháin |
| **Scoileanna** | 1 spás in aghaidh an tseomra ranga chomh maith le 4 spás breise | 1 spás in aghaidh an tseomra ranga chomh maith le 2 spás breise |
| **Institiúidí Tríú Leibhéal** | 1 spás in aghaidh an seomra ranga móide 1 spás do gach 10 mac léinn | 1 spás in aghaidh an seomra ranga móide 1 spás do gach 20 mac léinn |
| **Ionaid Fóillíochta** | 1 spás in aghaidh 50m2 | 1 spás in aghaidh 100m2 |
| **Áiseanna Cúraim Leanaí** | 1 spás in aghaidh 20m2 de spás oibriúcháin | 1 spás in aghaidh 40m2 de spás oibriúcháin |
| **Tionscal, Trádstóráil (ginearálta)** | 1 spás in aghaidh 100m2 | |

| | | |
|---|---|---|
| **Trádstóráil (miondíol / earraí builc)** | 1 spás in aghaidh 70 m2 | |
| **Oifigí Speisialaithe** | 1 spás in aghaidh 75m2 | |

### 11.10.2 Páirceáil Feithicle Leictrí (EV).

Tá gá le bonneagar athluchtaithe EV faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh um Fheidhmíocht Fuinnimh, 2021. Ceanglaítear leis na rialacháin seo na híoschaighdeáin seo a leanas maidir le pointí luchtaithe agus bonneagar EV:

1) Pointí athluchtaithe do EV a shuiteáil d'fhoirgnimh nua agus d'fhoirgnimh atá ann cheana atá faoi athchóiriú mór ar níos mó ná deich spás páirceála gluaisteán agus bonneagar duchtaithe (ina bhfuil seoladáin do cháblaí leictreacha) le haghaidh ceann amháin ar a laghad as gach 5 spás páirceála ionas gur féidir pointí athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha a shuiteáil ina dhiaidh sin.
2) I gcás foirgneamh atá ann cheana (seachas teaghais) a bhfuil níos mó ná 20 spás páirceála ann, beidh gá le pointe athluchtaithe amháin nó níos mó a shuiteáil, roimh an 1 Eanáir 2025.
3) Ba cheart áitribh nua le páirceáil ar an láthair a fhorbairt le bonneagar cuí (duchtáil) a chumasaíonn suiteáil pointe luchtaithe do EVanna amach anseo.
4) Ba chóir go mbeadh spásanna páirceála EV atá inrochtana don phobal marcáilte go soiléir agus go mbeidís in ann sonraí úsáide a chur in iúl leis an gCóras Bainistíochta Pointí Luchtaithe Náisiúnta. Ba chóir go n-áireofaí freisin spásanna páirceála EV do spásanna do dhaoine faoi mhíchumas i bhforbairtí.
5) Pointí luchtaithe do charranna leictrigh – beidh 10% de spásanna pobail agus príobháideacha in oiriúint do luchtairí gluaisteán leictreach (EV).

Suiteálfaidh an chathair pointí breise luchtaithe EV do spásanna poiblí ar fud na cathrach ag féachaint d'íogaireacht na láithreach. Oibreoidh an Chomhairle i gcomhar le Líonraí BSL agus le soláthraithe seirbhíse eile chun pointí luchtaithe a sholáthar i limistéir phoiblí sa chathair chun a chinntiú go bhfuil leibhéil chuí bonneagair luchtaithe leictrigh i bhfeidhm lena n-, áirítear ag acomhail iompair phoiblí.

### 11.10.3 Pleananna Taistil

Is éard atá i bPleananna Taistil, ar a dtugtar Pleananna Bainistíochta Soghluaisteachta freisin, pacáiste de bhearta iompair a bhaineann go sonrach le cineál, scála agus suíomh áirithe forbartha mar ionaid oibre, scoileanna/coláistí, ospidéil agus forbairtí úsáide measctha. Áirítear i bPleananna Taistil bearta iompair atá inbhuanaithe agus costéifeachtach, tionscnaimh agus dreasachtaí chun tacú le taisteal inbhuanaithe agus é a spreagadh do gach comaitéireacht agus taisteal chuig an bhforbairt sin agus chun spreagadh a thabhairt d'aistriú ó úsáid as carr príobháideach aontaistealaí. D'fhéadfadh go n-áireofaí ar bhearta soláthar bonneagair agus dreasachtaí chun siúl, rothaíocht agus iompar poiblí a éascú, scéimeanna tointeála bus nó carrroinnte, srianta páirceála, físchomhdháil agus socruithe solúbtha oibre.

Déanfaidh an Chomhairle measúnú ar an gceanglas maidir le Plean Taistil a chur isteach ar bhonn cás ar chás agus tabharfar aird ar shuíomh, scála na forbartha, nádúr na n-úsáidí a bheartaítear agus an tionchar a mheastar a bheidh ar an ngréasán iompair reatha agus beartaithe. Ba chóir smaoineamh ar ullmhú Plean Taistil ag an gcéim is luaithe agus is féidir den phróiseas pleanála (réamhphleanáil) agus léiríonn an Plean Taistil gur cuid lárnach den fhorbairt é.

Ar aon dul leis an tairseach atá léirithe i dTaisteal Níos Cliste, Todhchaí Iompar Inbhuanaithe 2009-2020 de chuid na Roinne Iompair agus i dtreoir NTA Pleananna Taistil Éifeachtacha don Ionad Oibre a Bhaint Amach – Treoir d'Údaráis Áitiúla, féadfaidh an Chomhairle Plean Taistil a iarraidh má tá an acmhainneacht ag forbairt reatha nó beartaithe breis is 100 duine a fhostú. Teastaíonn Pleananna Taistil freisin do gach scoil agus d'fhorbairtí cónaithe de 100 áit chónaithe nó níos mó. Tá 'Toolkit for School Travel' curtha le chéile ag an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) a thugann treoir ar Phleananna Taistil scoile. D'fhéadfadh foirgnimh oifige agus tráchtála, tionscail, trádstóráil agus mórdhíola, miondíola, fóillíocht, áiseanna leighis nó oideachais agus scoileanna a bheith i measc na bhforbairtí. Áireofar sa Phlean Taistil ceapachán Comhordaitheoir Plean Taistil chun an plean a chur i bhfeidhm agus chun dul i dteagmháil leis an gComhairle Cathrach. Ceanglófar sa Phlean Taistil faireachán agus athbhreithniú rialta ar bhaint amach na ngníomhaíochtaí, na spriocanna agus na hamlínte lena mbaineann chun deighiltí sainithe módúil iompair a sheachadadh de réir mar a théann an plean ar aghaidh. Ba cheart úsáid a bhaint as doiciméad an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA) 'Treoir Pleananna Taistil don Ionad Oibre Éifeachtach a Bhaint Amach d'Údaráis Áitiúla' (2012) freisin, toisc go bhfuil faisnéis luachmhar ann maidir le hábhar molta, spriocanna agus táscairí an Phlean Taistil.

### 11.10.4 Páirceáil Rothaíochta

I bhforbairtí, nuair is cuí, soláthrófar seastán rothar amháin ar a laghad in aghaidh 20 spás carr nó níos mó. Ba cheart seastán rothar breise a chur ar fáil do gach 50 spás páirceála breise. Ba chóir go mbeadh cúig rothar ar a laghad i ngach seastán rothar. Caithfear foscadh a chur ar pháirceáil rothair nuair is cuí.

I gcás forbairtí tráchtála, beidh líon na gclampaí rothar comhionann le 25% de líon na spásanna páirceála mura gcomhaontaítear a mhalairt i scríbhinn leis an Údarás Pleanála agus beidh sé suite gar do na pointí iontrála.

### 11.10.5 Oifigí Hacnaithe

Ní ghlacfar le hoifigí hacnaithe ach amháin nuair is féidir leo limistéir feithimh imleor do charranna ar dualgas a léiriú agus nuair nach gcuirfear isteach go míchuí ar an sreabhadh tráchta.

### 11.10.6 Seirbhísí Tacsaithe agus Scáthláin Bus

Is gné thábhachtach den iompar poiblí iad seirbhísí tacsaí inrochtana. Léireoidh gach iarratas pleanála d'fhorbairt shuntasach tráchtála, miondíola (lena n-áirítear forbairt ollmhargadh agus comharsanachta), ardteicneolaíocht/déantúsaíocht, fiontar agus fostaíocht, sláinte agus forbairt eile go bhfuil soláthar imleor limistéir fágála agus bailithe le haghaidh seirbhísí tacsaí á gcur ar fáil. Ba cheart stadanna tacsaithe agus scáthláin bus a dhearadh i gcomhréir le dea-chleachtas inrochtaineachta agus ar bhealach nach léireoidh guais tráchta, nach gcuirfidh bac nó as cuimse, nó a chruthóidh coinbhleacht le coisithe, rothaithe, iompar poiblí nó feithiclí príobhháideacha.

## 11.11 Bainistiú Dramhaíola

### 11.11.1 Forbairtí Tráchtála

Cuirfear áiseanna athchúrsála ar fáil ag gach forbairt miondíola a sháraíonn oll-achar urláir de 1,500m2 mar aonad amháin nó mar fhorbairt ar roinnt aonad agus ag forbairtí miondíola eile, nuair a mheasann an Chomhairle gurb'iomchuí.

### 11.11.2 Forbairtí Cónaithe

D'fhéadfadh go mbeadh áiseanna athchúrsála, mar shampla bainc beir leat, ag teastáil i bhforbairtí cónaithe ag brath ar scála, suíomh agus rochtain ghinearálta.

Beidh sonraíocht ard ag áiseanna athchúrsála agus beidh siad curtha as radharc an phobail. Ina theannta sin, nuair a sholáthraítear iad laistigh de limistéir chónaithe, déanfar iad a shuíomh agus a rialú ar an mbealach sin chun sábháilteacht tráchta a chinntiú agus chun núis a sheachaint.

### 11.11.3 Forbairtí Tionsclaíocha

Cuirfear áiseanna athchúrsála ar fáil in eastáit tionscalaíocha agus i bpáirceanna teicneolaíochta, nuair is cuí. Féadfaidh an rogha d'áiseanna pobail in eastáit aonair an riachtanas seo a shásamh.

### 11.11.4 Áiseanna Bainistíochta Dramhaíola

Cloífidh áiseanna bainistíochta dramhaíola go ginearálta leis na breithnithe polasaí atá leagtha amach faoi Bheartas Uimh. 9.8 Beartas Bainistíochta Dramhaíola.

### 11.11.5 Tógáil agus Scartáil (C&D)

Beidh Plean Bainistíochta Dramhaíola Tógála agus Scartála sásúil ag gabháil le forbairtí meánscála agus mórscála atá beartaithe de réir na gcaighdeán agus na reachtaíochta i réim.

## 11.12 Limistéir Thalmhaíochta

### 11.12.1 Forbairt Talmhaíochta i Limistéir Thalmhaíochta criosaithe A agus G

- Cloífidh bainistíocht agus stóráil dramhaíola a bhaineann le foirgnimh talmhaíochta le treoirlínte dea-chleachtais na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara ar dhea-chleachtas feirmeoireachta, uisce a chosaint ó thruailliú níotráite agus rialú ar thruailliú feirme.
- Nuair is féidir, lonnófar foirgnimh nua laistigh de choimpléasc clós na feirme nó in aice leis.
- Beidh foirgnimh ar íos-scála agus beidh na bailchríocha seachtracha dorcha glas, donn dorcha nó liath i ndath.
- Beidh gá le moltaí scáthaithe agus tírdhreachtaithe áit a mbeidh foirgnimh nochta d'amhairc an phobail.

### 11.12.2 Forbairt Chónaithe i Limistéir Thalmhaíochta chriosaithe A

- Beidh áitribh riachtanacha de ghnáth suite chomh neamhfheiceálach agus is féidir ó thaobh tírdhreacha de agus suite gar d'áitribh agus foirgnimh feirme

  atá ann cheana ar shuíomh nach lú ná 0.2 heicteár.
- Dearfar rochtain ar an mbealach sin chun guais tráchta a sheachaint agus ní bheidh sí suite go díreach ar bhealaí náisiúnta nó réigiúnacha.
- Tabharfar aird, tráth a mbeidh oiriúnacht an tsuímh á mheas, ar cé chomh gar is atá sé d'áit chónaithe an teaghlaigh, a shuntasacht sa tírdhreach, a thionchar ar líne uisce, sábháilteacht agus leordhóthanacht rochtana, soláthar uisce agus oiriúnacht do chóras cóireála fuíolluisce.
- I gcás inar gá córais cóireála fuíolluisce, comhlíonfaidh siad ceanglais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil: Cód Cleachtais Córais Cóireála agus Diúscartha Fuíolluisce a Fhreastlaíonn ar Theach Aonair (GCC 2009) agus a dhoiciméad athsholáthar ar Chód

Cleachtais an EPA um Chórais Chóireála Fuíolluisce Tí (Coibhéis Daonra ≤ 10) (2021), agus aon athbhreithniú ina dhiaidh sin agus aon cheanglas reachtach nua.

- Ar thalamh ard, tithe aon stóir a bheith ann de ghnáth agus iad leagtha isteach sa tírdhreach ionas nach mbeidh siad feiceálach.  Go háirithe, ní bheidh na forbairtí ag cur isteach ar radhairc nó spéirlínte.
- Déanfar ballaí teorainn cloiche bunaidh a choinneáil nuair is féidir nó, agus más gá, déanfar iad a chur siar go dtí líne nua. Déanfar fálta sceach agus crainn a choinneáil nuair is féidir agus cuirfear tírdhreachú ar fáil.
- Ceadófar teaghaisí a thiontú faoi réir na gcritéar atá leagtha amach, faoi Alt 11.3.1 (j) Tiontú agus Foroinnt Áitreabh.

## Caighdeáin Forbartha Sonracha

## 11.13 Áiseanna Cúraim Leanaí

Tá soláthar áiseanna cúram leanaí faoi réir 'Treoirlínte um Áiseanna Cúraim Leanaí d'Údaráis Phleanála' (2001) agus na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) (2006) (An Roinn Sláinte agus Leanaí) de chuid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Go ginearálta beidh saoráidí cúram leanaí saintógtha ag teastáil mar chuid de mholtaí d'fhorbairt cónaithe nua de níos mó ná 75 aonad cónaithe, agus beidh gá le híosmhéid de 20 spás cúram leanaí a sholáthar. Mar sin féin, nuair is féidir a shuíomh go soiléir gur leor na háiseanna atá ann cheana féin, breithneofar socruithe eile. Is ar an bhforbróir a bheidh an dualgas bunús a thabhairt do chásanna eisceachtúla den sórt sin.

D'fhonn taitneamhachtaí cónaithe a chosaint, féadfaidh an Chomhairle teorainn a chur le scála na forbartha. In eastáit mhóra tionsclaíochta, páirceanna gnó agus teicneolaíochta agus aon fhorbairtí eile a ghineann deiseanna móra fostaíochta, spreagfaidh an Chomhairle soláthar áiseanna cúram leanaí ar an láthair mar chuid de na forbairtí seo. I bhforbairtí miondíola, fóillíochta nó turasóireachta ar mhórscála, go háirithe, ionaid siopadóireachta, spreagfar soláthar saoráide cúram leanaí buail isteach do shiopadóirí.

Go ginearálta déanfar measúnú ar áiseanna cúram leanaí ar na nithe seo a leanas:

- Oiriúnacht an tsuímh/áitribh do chineál agus méid na háise atá beartaithe, ag cur san áireamh an tionchar ar thaitneamhachtaí reatha an cheantair.
- Cur le comhfhorbairt áite agus leis na coincheapa de 'chathair laistigh de 15 nóiméad' agus comharsanachtaí insiúlta.
- Leordhóthanacht rochtana d'fheithiclí/coisithe agus soláthairtí páirceála, a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun limistéir bailithe/fágála atá sásúil agus sábháilte a áireamh nuair is cuí, do chustaiméirí agus don fhoireann araon nuair atá sé tuillte ag scála na forbartha agus déine na ngluaiseachtaí feithiclí dá bharr.
- Infhaighteacht áiseanna iompair phoiblí laistigh den cheantar.
- Soláthar a dhéanamh ar limistéar súgartha dóthanach allamuigh laistigh de chúirtealáiste na n-áiseanna cúram lae iomláin. Beidh an áit súgartha lasmuigh seo suite sa chaoi is go mbeidh an tionchar is lú aige ar thaitneamhacht na maoine mórthimpeall, go háirithe i gceantair chónaithe agus ba chóir go mbeadh sé scartha ó limistéir pháirceála agus seirbhíse.
- Dearadh an struchtúir agus an cumas é a chomhshamhlú go sásúil isteach sa timpeallacht thógtha/suíomh. Ina leith seo spreagtar áiseanna saintógtha oiriúnacha.
- Sa chás go bhfuil saoráidí nua beartaithe, ba chóir go gcloífeadh siad seo leis an reachtaíocht agus na rialacháin ábhartha go léir, go háirithe na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2006.
- Moltar d'iarratasóirí freisin dul i gcomhairle le TUSLA, Oifigigh Sláinte Comhshaoil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Coiste Cúram Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe agus an Príomhoifigeach Dóiteáin.

Beidh feidhm ag na caighdeáin pháirceála agus limistéir súgartha faoin aer seo a leanas maidir le háiseanna nua cúram leanaí i ngach crios úsáide talún:

- Le haghaidh riachtanais spáis pháirceála, féach Tábla 11.6.

- Go hiondúil beidh gá le limistéar súgartha allamuigh a sholáthar do sheirbhísí lae iomlána ag ráta 55% d'oll-achar urláir na háise cúram leanaí. Ach, i gcriosanna cónaithe, áfach, d'fhéadfadh go mbeadh caighdeán níos airde ná an t-íosmhéid ag teastáil nuair is cuí chun taitneamhacht cónaithe a chosaint.
- Déanfar breithniú ar thograí forbartha níos lú ná an ráta seo de sholáthar limistéar súgartha lasmuigh, áit a léireodh a leithéid d'fhorbairt inbhuanaithe, (nó cloí le prionsabail forbartha inbhuanaithe), go gcuideoidh sé go mór le taitneamhachtaí an cheantair nó nuair is féidir roghanna eile sásúla a sholáthar.
- Maidir le seirbhísí seisiúnacha, cúram/áiseanna iarscoile agus áiseanna buail isteach tá soláthar spáis oscailte inmhianaithe ach níl sé riachtanach.

### 11.13.1 Limistéir Súgartha Leanaí

Ní mór riachtanais áineasa leanaí a chur san áireamh agus spás taitneamhachta comhchoiteann á dhearadh laistigh de scéimeanna árasán agus de réir Alt 4.13 Caighdeáin Dearaidh d'Árasáin (2020) de na riachtanais sábháilteachta a mheas agus rochtain shábháilte ar spásanna súgartha móra pobail.

## 11.14 Áiseanna Pobail / Oideachais

- Ba cheart foirgnimh a dhearadh de réir ardchaighdeáin ailtireachta agus a bhfeidhm chathartha a léiriú. Ba chóir go ndéanfaí soláthar dóthanach laistigh de chúirtealáiste an láithreáin do rochtain shábháilte agus áisiúil do mhodhanna éagsúla iompair agus do dhaoine faoi mhíchumas.
- Beidh aird ag an gComhairle ar mholtaí agus ar chaighdeáin forbartha láithreáin atá sonraithe i Soláthar Scoileanna agus sa Chóras Pleanála, Cód Cleachtais d'Údaráis Phleanála (ROS 2008) agus doiciméid treorach teicniúla ábhartha agus iarratais á meas ag scoileanna.
- Déanfar iarratais phleanála d'fhorbairtí nua ar scála mór cónaithe a chur isteach in éineacht le measúnuithe ar chumas na scoileanna áitiúla freastal ar an bhforbairt bheartaithe.
- Cuirfear Plean Taistil Scoile/Plean Bainistíochta Soghluaisteachta isteach mar chuid d'iarratas ar scoileanna nua nó ar shíntí móra.
- Áireoidh gach iarratas ar scoileanna nua nó síntí mórscála measúnú ar thionchar Tráchta agus Iompair.
- Nuair is féidir, ba chóir go n-áireofaí i moltaí bearta chun tacú le cuimsiú Criosanna Scoile Saor ó Ghluaisteán agus clár Scoileanna Glasa An Taisce.

## 11.15 Oidhreacht Thógtha

D'ainneoin chriosú an cheantair, spreagfaidh an Chomhairle úsáid na struchtúr faoi chosaint a thabhairt ar ais d'úsáidí pobail, cultúrtha nó eile ar úsáidí iad atá ag luí le hathchóiriú ar fhoirgneamh, le dea-chleachtas caomhantais agus le pleanáil chuí i gcás nach bhfuil an úsáid bhunaidh inmharthana a thuilleadh. Breithneoidh an tÚdarás Pleanála moltaí le haghaidh forbartha nó athruithe ar Struchtúr faoi Chosaint agus moltaí le haghaidh forbartha laistigh de ACA bunaithe ar na prionsabail chaomhnaithe a leagtar amach sna Treoirlínte d'Údaráis Phleanála um Chosaint na hOidhreachta Ailtireachta (DAHG, 2011) agus comhairle ón Aonad Comhairleach um Oidhreacht Ailtireachta den DHLGH. Ba cheart go n-áireofaí Measúnú Tionchair ar an Oidhreacht Thógtha Ailtireachta in oibreacha a bheartaítear ar struchtúr cosanta nó a bhfuil tionchar acu ar shaintréithe ACA.

De réir Alt 57 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), beidh cead pleanála ag teastáil le haghaidh oibreacha a théann i bhfeidhm go hábhartha ar charachtar struchtúir chosanta. Mar sin, d'fhéadfadh go mbeadh cead pleanála ag teastáil le haghaidh oibreacha ar dhéanmhas cosanta a d'fhéadfadh a bheith mar fhorbairt dhíolmhaithe i struchtúir eile. D'fhéadfadh go n-áireodh sé seo moltaí le haghaidh fuinneog athsholáthair, plástráil, péinteáil, sonraí ailtireachta a bhaint, doirse, ráillí, brící, obair chloiche, fánphíobáin, sclátaí dín ailtireachta nó athruithe eile. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach gnách go nglacfar i struchtúir chosanta le fuinneoga bunaidh a chur in ionad iad sin d'ábhar difriúil, m.sh. alúmanam nó PVC.

Beidh cead pleanála ag teastáil chun mias satailíte, fón póca, trealamh teileachumarsáide agus trealamh eile a chur suas ar struchtúr cosanta.

## 11.16 Stáisiúin Líonta Breosla

Déanfar tograí le haghaidh stáisiúin líonta breosla a mheas maidir le taitneamhacht agus sábháilteacht tráchta. Ní cheadófar comhchruinniú míchuí de stáisiúin líonta feadh aon bhealaigh.

- I gcás ina bhfuil siopaí á gcur ar fáil beidh siad coimhdeach le príomhúsáid an áitribh mar stáisiún peitril. Maidir leis seo déanfar an ghné siopadóireachta a mheas ag tagairt don tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar struchtúr miondíola reatha na cathrach lena n-áirítear comharsanacht seanbhunaithe agus siopaí áitiúla sa chomharsanacht. I gcás ina gceadaítear siopaí den sórt sin ní bheidh an t-achar urláir iomlán a bheidh dírithe ar dhíolacháin mhiondíola níos mó ná 100$m^2$ de ghnáth. Sa chás go sáraíonn spás miondíola an tairseach glandíolacháin mhiondíola seo, beidh feidhm ag an gcur chuige seicheamhach maidir le forbairt miondíola mar atá sonraithe sna Treoirlínte Pleanála Miondíola d'Údaráis Phleanála (RCPRÁ, 2012).
- Ní cheadófar rochtain ar stáisiúin líonta laistigh de 35m d'acomhal bóthair.
- Beidh an t-éadanas ar phríomhbhóithre, ar bhóithre tánaisteacha agus ar bhóithre réigiúnacha 20m ar a laghad ar fad.
- Beidh gach caidéal agus suiteáil siar 5m ar a laghad ó imeall an bhóthair agus beidh balla ann (íosmhéid
- 0.5m ar airde) ag scaradh na réamhchúirte ón mbóthar poiblí.
- Ba chóir gach soilsiú seachtrach a dhíriú ón mbóthar poiblí agus ní cheadófar iomadú comharthaí soilsithe. Maidir leis seo, breithneofar soilsiú agus comharthaí sa cheannbhrat freisin.
- Ní bhainfidh na comharthaí ach leis an ngnó atá á dhéanamh ar an láithreán agus ní úsáidfear iad chun críocha ginearálta fógraíochta agus ní chuirfidh aon fhógraíocht nó struchtúir eile, bíodh siad buan nó sealadach, isteach ar línte radhairc ar thiománaithe a rachaidh isteach nó amach as an láithreán.
- Cinnteoidh stáisiúin líonta breosla nua agus stáisiúin athchóirithe go soláthrófar bonneagar Athbhreoslaithe/Athluchtaithe Feithicle Astaíochta Íseal.
- Beidh máistirphlean tírdhreacha mar chuid d'aon iarratas pleanála.
- Déanfar bealaí coisithe chuig agus ó limistéir mhiondíola a shainiú go soiléir.

## 11.17 Bonneagar agus Suiteálacha Teileachumarsáide

Agus iarratais ar infreastruchtúr agus suiteálacha teileachumarsáide á mbreithniú, tabharfaidh an Chomhairle aird ar na Treoirlínte Pleanála d'Aeróga Teileachumarsáide agus Struchtúir Tacaíochta, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála, DECLG 1996 agus Imlitir PL07/12 2012 ag nuashonrú

ailt de na treoirlínte seo. Tabharfar aird in aon suiteálacha beartaithe ar chonairí eitilte aerárthaigh atá ann cheana féin, más iomchuí é.

## 11.18 Foinsí Fuinnimh In-athnuaite

Caithfidh ráiteas teicniúil agus comhshaoil araon tacú le haon mholadh chun scéim fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt. Moltar dul i gcomhairle leis na comhlachtaí cuí, amhail, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, SEAI, BSL/Eirgrid agus na páirtithe leasmhara eile go léir.

I gcás aon iarratais ar thuirbín gaoithe, beidh an togra ag cloí leis na Treoirlínte um Fhuinneamh Gaoithe - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (DECLG  2006) arna bhfoilsiú ag an DoEHLG, agus leis na Dréacht-Treoirlínte Leasaithe um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe (2019), nó le haon nuashonrú breise ar na treoirlínte seo.

Maidir le micreafhoinse fuinnimh in-athnuaite, áirítear sa reachtaíocht um Pleanáil agus Forbairt 2000-2021 roinnt díolúintí ó cheanglais phleanála maidir le micreafhoinsí fuinnimh in-athnuaite i dtithe cónaithe, áitribh ghnó agus foirgnimh thionsclaíocha, mar shampla, painéil ghréine, caidéil teasa, bithmhais agus tuirbíní gaoithe faoi réir coinníollacha áirithe.

## 11.19 Dearadh Glas & Uisce Dromchla / SuDS

Breathnóidh forbairt nua ar úsáid gnéithe dearaidh nuálaíocha i bhfoirgnimh lena n-áirítear Díonta glasa, ballaí agus gairdíní dín. Is bearta tábhachtacha iad seo maidir le rith chun srutha uisce dromchla a rialú, insliú teirmeach a sholáthar, bithéagsúlacht a fheabhsú agus cathairdhreach éagsúil a chur chun cinn. In éineacht le tograí forbartha a áiríonn aon cheann de na gnéithe thuas beidh sonraí faoi theicnící tógála, inmharthanacht fhadtéarmach, cothabháil agus bainistíocht, ullmhaithe ag dearthóir tírdhreacha atá cáilithe go cuí.

Ní mór measúnú cuimsitheach SuDS a bheith ag gabháil le tograí forbartha a thabharfaidh aghaidh ar chainníocht rith chun srutha, ar cháilíocht rith chun srutha agus ar an tionchar a bheidh aige ar an ngnáthóg agus ar cháilíocht an uisce atá ann faoi láthair agus tabharfar aird ar threoir atá leagtha amach i *Planning for Watercourses in the Urban Environment (IFI 2020).*

## 11.20 Imeachtaí Allamuigh

Déanfar iarratais ar cheadúnais d'imeachtaí allamuigh a mheas faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001-2021 agus áireofar leo réamhchomhairliúchán reachtúil.

## 11.21 Troscán Sráide, Comharthaí agus Struchtúir

Breithneofar iarratais ar cheadúnais do throscán sráide, comharthaí agus struchtúir faoi Alt 254 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus Cuid 17, de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-21. Tá tuilleadh treorach ar fáil i nDoiciméad Beartais um Cheadúnú Troscán Sráide, Comharthaí & Struchtúr na Comhairle 2011 agus Treoirlínte Dearaidh Aghaidh Siopaí agus Comharthaíochta na Gaillimhe 2012. Tá sé tábhachtach a chinntiú nach gcuireann úsáidí áirithe sa ríocht phoiblí, lena n-áirítear gnéithe de throscán sráide, bac ar chosáin phoiblí do choisithe, go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas agus beagluaineachta.

## 11.22 Caighdeán an Uisce

- Cuirfear sonraí agus sonraíochtaí in éineacht le forbairtí beartaithe, lena n-áirítear stóráil agus/nó rith chun srutha substaintí truaillithe a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail ola agus ceimiceáin, a léireoidh conas a dhéanfar riosca truaillithe a íoslaghdú trí leas a bhaint as na dea-chleachtais atá ar fáil. Beidh feidhm aige sin freisin maidir le céim na tógála.

- Beidh ar gach forbairt nua córas draenála uisce bréan agus dromchla ar leith a sholáthar agus córais draenála uirbeacha inbhuanaithe a ionchorprú nuair is cuí i bhforbairt nua agus sa ríocht phoiblí.
- Tá cosc ar uisce dromchla breise a dhoirteadh chuig comhshéaraigh (uisce bréan agus uisce dromchla) chun cumas na gcóras bailiúcháin reatha d'uisce bréan a uasmhéadú.
- Nascfaidh gach forbairt nua leis an mbonneagar fuíolluisce poiblí, nuair atá sé ar fáil, agus spreagtar forbairtí atá ann cheana féin atá gar do shéarach poiblí chun nascadh leis an séarach sin. Tá siad seo faoi réir comhaontú ceangail le hUisce Éireann.

## 11.23 Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha

Ceanglaítear ar fhorbairtí ranníocaíocht forbartha a íoc i leith infrastruchtúir phoiblí agus áiseanna a théann chun tairbhe d'fhorbairt i gceantar Chathair na Gaillimhe a sholáthraíonn an Chomhairle nó a bheartaítear a sholáthar thar ceann na Comhairle. Tháinig an Scéim reatha i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021 agus beidh sé i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2026 mura nglacfar le scéim nua roimh ré.

## 11.24 Rochtain do Chách

I gCuid M de na Rialacháin Foirgníochta 2010, agus Ag Tógáil do Chách: Cur Chuige um Dhearadh Uilíoch (An tÚdarás Náisiúnta Míchumais, 2012) leagtar amach caighdeáin agus dea-chleachtas chun a chinntiú go bhfuil foirgnimh agus an timpeallacht thógtha inrochtana agus inúsáidte ag gach duine, lena n-áirítear daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine le leanaí. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis Náisiúnta Míchumais ag www.nda.ie.

## 11.25 Áiseanna Caitheamh Áineasa agus Spóirt

Ba chóir go ndearfaí áiseanna áineasa agus spóirt de réir ardchaighdeáin ailtireachta agus aird a thabhairt ar chúrsaí sábháilteachta agus inrochtaineachta.

- Déanfar forbairtí de nádúr éighníomhach agus gníomhach áineasa agus spóirt a mheas i gcoinne na straitéise ar glacadh léi i Staidéar ar Riachtanais Áineasa agus Taitneamhachta na Comhairle (2008) agus na Straitéise Spáis Ghlais atá le teacht mar atá leagtha amach i gCaibidil 5.
- Déanfar forbairtí de nádúr éighníomhach agus gníomhach áineasa agus spóirt a mheas/measúnú i gcomhthéacs an tionchair fhéideartha ar an gcomhshaol, láithreáin a bhfuil tábhacht éiceolaíoch agus bithéagsúlacht leo agus taitneamhacht ghinearálta, nuair is cuí.

## 11.26 Taitneamhacht Ealaíne/Chultúrtha

Áireofar le forbairt mhórscála soláthar do phíosa saothair ealaíne gairmiúil, arna chomhaontú i gcomhar leis an gComhairle, a bheidh suite laistigh de limistéar comhaontaithe, a bheidh inrochtana don phobal agus urraithe ag an bhforbróir agus a mbeidh luach leis de réir an mhéid atá leagtha amach sa Scéim um Chéatadáin don Ealaín 2020.

## 11.27 Bainistíocht agus Measúnú Riosca i gcás Tuilte

- Nuair a mholtar forbairt i gceantair aitheanta riosca tuilte, ní mór cineál nó nádúr na forbartha a mheas go cúramach agus na rioscaí ionchasacha a mhaolú agus a bhainistiú trí shuíomh ar an láthair, leagan amach agus dearadh na forbartha chun riosca tuilte a laghdú go leibhéal inghlactha.

- Beidh aird ag an bhforbairt ar an treoir deartha atá athléimneach ó thaobh tuilte agus bearta maolaithe tuilte i Measúnú Straitéiseach Riosca Tuile na Comhairle Cathrach do Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029, na moltaí agus na treoirlínte dea-chleachtais in Aguisín B – ag tabhairt aghaidhe ar bhainistíocht riosca tuilte i ndearadh fhorbairt den Chóras Pleanála agus na Treoirlínte um Bainistíocht Riosca Tuile le haghaidh Údaráis Phleanála (2009) (nó aon doiciméad a thiocfaidh ina ionad) agus an Measúnú Straitéiseach ar Riosca i gcás Tuilte do Trí Cheantar Plean Ceantair Áitiúil 2012.
- Ag brath ar chineál agus ar nádúr na forbartha a bheartaítear laistigh de limistéir aitheanta riosca tuilte, Crios Tuile A nó B, beidh sé riachtanach Measúnú Riosca i gcás Tuilte atá Sainiúil don Suíomh (FRA) a dhéanamh, a bheidh oiriúnach do scála agus nádúr na forbartha agus na rioscaí a thiocfaidh chun cinn. Léireoidh tograí bearta maolaithe agus bainistíochta cuí i leagan amach agus i ndearadh na forbartha.
- Caithfidh gach forbairt bheartaithe tionchar riosca tuilte uisce dromchla a mheas i ndearadh draenála. Ba cheart machnamh a dhéanamh maidir le hionchorprú SuDS agus forbairt nua á dhearadh. Ba cheart go gcinnteodh an dearadh draenála nach dtiocfaidh méadú ar an mbaol tuilte don suíomh nó don dobharcheantar le sruth.
- Breathnóidh agus ionchorpróidh tograí forbartha i gceantair aitheanta riosca tuilte tionchair ionchasacha an athraithe aeráide agus riosca iarmharach i leagan amach agus dearadh na forbartha.
- I gceantair ina bhfuil riosca tuilte aitheanta ba chóir go n-áireofaí leibhéal cuí FRA i ngach forbairt, lena n-áirítear mionoibreacha agus athruithe úsáide. Ní mór don mheasúnú seo a léiriú nach méadódh an fhorbairt riosca tuilte i gcomhthéacs úsáide, rochtain éigeandála agus bonneagair. Ba chóir go léireodh an fhorbairt go bhfuiltear ag cloí le prionsabail an dearaidh atá buanseasmhach i gcoinne tuillte.
- Tabharfaidh forbairtí beartaithe aird ar Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe Coirib go Cósta.

## 11.28 Tionscail Eastóscacha/Cairéil

Is féidir le hoibriú cairéal saincheisteanna úsáide talún agus comhshaoil a ardú nach mór a mhaolú agus a rialú sa phróiseas pleanála. Tabharfar aird mhór ar chosaint teaghaisí cónaithe, ar thaitneamhachtaí cónaithe, ar thaitneamhachtaí nádúrtha, ar chosc ar thruailliú, ar thorann/creathadh, ar thrácht agus ar chosaint screamhuisce. Tabharfaidh an Chomhairle aird ar Chairéil agus Gníomhaíochtaí Coimhdeacha, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála, 2004 ón DEHLG agus measúnú á dhéanamh ar gach moladh a bhaineann le cairéal, chun forbairt comhiomláin níos inbhuanaithe a bhaint amach agus chun drochthionchar ar an gcomhshaol a sheachaint agus a íoslaghdú. Cuirfear srian ar leith i bhfeidhm ar láithreáin atá cóngarach do/i limistéir lonnaíochtaí cónaithe, limistéir a bhfuil tábhacht seandálaíochta ag baint leo, séadchomharthaí taifeadta, Láithreáin Eorpacha agus limistéir eile atá íogair don chomhshaol (sainithe), murar féidir a léiriú go soiléir nach mbeadh tionchair dhiúltacha shuntasacha ag cairéil ar áitribh chónaithe, ar thaitneamhachtaí nó ar an gcomhshaol. Ba cheart go mbeadh aird ag gach forbairt agus go gcloífeadh sé le foilseachán an GCC Environmental Management in the Extractive Industry (Non-Scheduled Minerals), (2006) agus Comhlíonadh Alt 261 agus Alt 261 A den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus aon treoir náisiúnta a thiocfaidh ina dhiaidh sin agus aon athrú ar an reachtaíocht.

Beidh gá le Tuarascálacha Measúnaithe Tionchair Timpeallachta (EIARs) le hiarratas pleanála, sa chás go sáraítear na tairseacha sainithe atá leagtha amach sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú) do chineálacha áirithe forbartha. I gcásanna nach sáraítear tairseacha,

féadfaidh an tÚdarás Pleanála a chumhachtaí faoi Airteagal 103(1) den Rialachán (2001) a fheidhmiú go fóill agus EIAR a éileamh le haghaidh forbartha fo-thairsí, i gcás ina measann sé gur cosúil gur éifeacht shuntasach a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol.

## 11.29 Cóiríocht do Mhic Léinn

Tacaíonn an Chomhairle Cathrach le soláthar cóiríochta saindeartha ar ardchaighdeán do mhic léinn, a bhainistítear go gairmiúil, ar an gcampas/lasmuigh den champas ag láithreacha oiriúnacha ó thaobh rochtain ar mhodhanna iompair inbhuanaithe agus poiblí agus ar institiúidí tríú leibhéal, ar bhealach a thugann meas ar thaitneamhachtaí cónaithe an cheantair máguaird.

Ba chóir go mbeadh cóiríocht na mac léinn deartha le bheith tarraingteach, inrochtana, sábháilte, agus íoslaghdú a dhéanamh ar an drochthionchar ar an gceantar mórthimpeall agus ag cruthú pobail mheasctha, shláintiúla agus chuimsitheacha. Ba cheart go mbeadh nádúr, leagan amach agus dearadh na forbartha oiriúnach dá shuíomh agus dá gcomhthéacs agus níor cheart go mbeadh tionchar do-ghlactha ar an gcarachtar áitiúil, ar cháilíocht an chomhshaoil nó ar thaitneamhacht chónaithe dá bharr. Ba chóir go ndearfaí tograí le bheith sábháilte agus slán dá gcónaitheoirí agus ag an am céanna meas a léiriú ar charachtar agus ar thréscaoilteacht an cheantair máguaird. Ba chóir go mbeadh plean bainistíochta cuí mar chuid d'iarratais ar chóiríocht mac léinn chun tionchair dhiúltacha ionchasacha ó áititheoirí agus ón bhforbairt ar réadmhaoine agus comharsanachtaí máguaird a íoslaghdú agus chun timpeallacht mhaireachtála dhearfach agus shábháilte a chruthú do mhic léinn. Ba chóir go gcuirfí spás oscailte imleor agus treoshuíomh oiriúnach ar fáil laistigh d'fhorbairtí.

Ba cheart go gcloífeadh tograí um chóiríocht do mhic léinn go ginearálta leis na caighdeáin dearaidh a chuirtear chun cinn sna *Treoirlínte ar Fhorbairt Chónaitheach do Mhic Léinn Tríú Leibhéal (ROS 1999),* an doiciméad forlíontach ina dhiaidh sin (2005) agus an Scéim um Chóiríocht do Mhic Léinn, (ORC 2007) agus an Straitéis Náisiúnta um Chóiríocht do Mhic Léinn (2017) agus Ciorclán Pl8/2016 mura gcuirtear caighdeáin nua ina n-ionad. Beidh gá le caighdeáin dearaidh mhalartacha chun a thaispeáint go bhfuil siad curtha in oiriúint ó chaighdeáin idirnáisiúnta eile agus ón dea-chleachtas atá i réim.

Agus iarratais phleanála á meas ar chóiríocht mac léinn breithneofar na nithe seo a leanas:

- Suíomh agus inrochtaineacht ar áiseanna oideachais agus a ghaireacht do chonairí iompair phoiblí agus do bhealaí rothaíochta atá ann nó atá beartaithe;
- An tionchar féideartha ar thaitneamhachtaí cónaithe áitiúla;
- Limistéir thaitneamhachta imleor agus spás oscailte;
- Leibhéal agus cáilíocht na n-áiseanna ar an láthair, lena n-áirítear saoráidí stórála, bainistíocht dramhaíola, áiseanna rothair, áiseanna fóillíochta, páirceáil agus taitneamhacht;
- Cáilíocht ailtireachta an dearaidh agus freisin an leagan amach seachtrach, maidir le hábhair, scála, airde agus gaol le struchtúir in aice láimhe. Ba cheart go dtógfadh leagan amach inmheánach aird ar an ngá atá le solúbthacht maidir le hathruithe féideartha ar úsáidí sa todhchaí;
- Líon na n-áiseanna cosúla atá ann cheana sa cheantar. Agus measúnú á dhéanamh ar mholadh do chóiríocht do mhic léinn tabharfaidh an Chomhairle aird ar an méid chóiríochta do mhic léinn atá sa cheantar agus ní chuirfidh sí in aghaidh ró-chomhchruinnithe scéimeanna dá leithéid in aon cheantar ar leith, ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe agus taitneamhacht chónaithe.

- Sonraí ar chineál iomlán agus ar mhéid úsáide na húsáide atá beartaithe as na háiseanna lasmuigh d'am téarma.
- Ní bheidh gá le breithniú maidir le comhlíonadh socruithe Chuid V do thithíocht shóisialta i gcás gur cóiríocht do mhic léinn de chuid foras aitheanta tríú leibhéal atá i gceist.
- San áireamh san fhorbairt bheartaithe tá áiseanna coimhdeacha dóthanacha chun freastal ar riachtanais na forbartha, lena n-áirítear áiseanna bruscair/athchúrsála agus páirceáil rothair.
- Beidh toimhde ann in aghaidh an ghá le páirceáil, ach déanfar gach togra a mheas ar a thuillteanas agus ar dhéine na húsáide lasmuigh den bhliain acadúil.
- Dearfar ar a laghad 10% de na spásanna leapa do mhic léinn faoi mhíchumas.

Beidh coinníoll ag gabháil le gach cead do chóiríocht do mhic léinn a éilíonn cead pleanála le haghaidh athrú úsáide ó chóiríocht mac léinn go cineálacha eile cóiríochta. Diúltófar d'iarratais ar athrú úsáide amach anseo ach amháin nuair a léirítear go bhfuil ró-sholáthar leanúnach de chóiríocht mac léinn sa chathair.

## 11.30 Aeráid - Ráitis Inbhuanaitheachta Scéime

Beidh príomhról ag an timpeallacht thógtha maidir le dul i ngleic le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó agus spreagfar gach togra forbartha chun bearta gníomhaíochta aeráide a iniúchadh agus a ionchorprú. Beifear ag súil go léireoidh tograí forbartha ar mhórscála conas a tugadh é seo chun cinn trí fhorbairt na scéime trí Ráiteas Inbhuanaitheachta na Scéime a chur isteach chun tacú leis an iarratas/na hiarratais phleanála chun comhthéacs an togra a leagan amach agus a thabharfaidh aghaidh ar an gcaoi a bhfreagraíonn sé do chuspóirí an phlean agus timpeallacht, a chur isteach le haghaidh:

Gach iarratas pleanála a bhaineann le forbairtí de 25 teach nó níos mó nó os cionn 500 méadar cearnach d'ollfhorbairt miondíola, tráchtála/oifige i gceantair uirbeacha; nó ba chóir go mbeadh Ráiteas Inbhuanaitheachta Scéime ag gabháil le forbairtí fiontraíochta agus fostaíochta os cionn 1,000$m^2$ comhlán.

Ba cheart go léireodh Ráiteas Inbhuanaitheachta na Scéime, ar a laghad, conas a bhíonn na cúinsí seo a leanas maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don togra mar bhonn eolais:

1. An chaoi a n-uasmhéadaíonn suíomh, láthair, leagan amach, dearadh agus moltaí draenála deiseanna oiriúnaithe aeráide.
2. Conas a chomhtháthaíonn straitéis SuDS na ceithre philéar de Dhearadh SuDS – cainníocht uisce, cáilíocht uisce, taitneamhacht agus bithéagsúlacht.
3. Úsáid díonta glasa nó infrastruchtúr glas eile mar mhodh chun cur le draenáil inbhuanaithe uirbeach, feabhas a chur ar bhithéagsúlacht agus tionchar a imirt ar chailliúint teasa/gnóthachan teasa ón bhfoirgneamh.
4. Éifeachtúlacht fuinnimh trí insliú teirmeach, aeráil éighníomhach agus fuarú, dearadh éighníomhach gréine agus aon teicneolaíocht a úsáidtear chun cabhrú le háititheoirí úsáid fuinnimh a bhainistiú níos fearr.
5. Úsáid deiseanna soláthair fuinnimh ceantair, in-athnuaite agus/nó ísealcharbóin.
6. Conas a ghlacann na moltaí ag gach céim le cur chuige an Gheilleagair Chiorclaigh maidir le bainistiú dramhaíola ón tógáil go dtí feidhmiú an fhoirgnimh/na bhfoirgneamh.
7. Conas a bhainisteofar torann agus truailliú aeir thar gach céim den fhorbairt ón tógáil go dtí feidhmiú an fhoirgnimh/na bhfoirgneamh.

Mar chuid de Ráiteas Inbhuanaitheachta na Scéime, beidh ar iarratasóirí a léiriú conas a scrúdaíodh na breithnithe seo agus a tugadh chun cinn iad trí fhorbairt an togra forbartha agus sa

chás nár tugadh ar aghaidh iad, tugtar cúiseanna maidir leis an bhfáth nach raibh na bearta indéanta nó inmharthana go teicniúil. Ba cheart go mbeadh leibhéal na faisnéise agus na ngealltanas sa Ráiteas i gcomhréir le scála agus le castacht an togra forbartha. Is féidir ráiteas dearaidh a iarraidh le haghaidh cineálacha eile forbartha de rogha an Údaráis Phleanála ag breithniú íogaireachta an láithreáin (m.sh. struchtúir chosanta, ACAnna nó ceantair le radharc cosanta).

## 11.31 Measúnú Tionchair Timpeallachta

Sonraítear sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt tairseacha éigeantacha a bhfuil Ráitis Tionchair Timpeallachta (RTT) ag teastáil os a chionn, ag leagan amach cineálacha agus scála na dtograí Forbartha a dteastaíonn EIS uathu. Sa chás go bhfeictear don Údarás Pleanála gur dócha go mbeadh tionchar suntasach comhshaoil ag moladh forbartha faoi bhun na dtairseacha atá leagtha amach sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2015, féadfaidh an Chomhairle 'EIS fo-thairseach/roghnach' a iarraidh. D'fhéadfadh go n-éileodh Comhairle Cathrach na Gaillimhe (nó An Bord Pleanála) go ndéanfaí EIA ar fhorbairt faoi bhun na tairsí má mheastar, nó mura bhfuiltear cinnte an mbeadh tionchar suntasach ag an moladh forbartha ar an gcomhshaol.

## 11.32 Measúnú Cuí/ Ráiteas Tionchair Natura

Faoi Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga tá ceanglas ann a aimsiú cibé an bhfuil nó nach bhfuil gá le measúnú cuí (AA) maidir le pleananna agus tionscadail. Más rud é, tar éis scagthástála, go meastar go bhfuil AA ag teastáil, ní mór do mholtóir an phlean nó an tionscadail Tuarascáil Tionchair Natura/Ráiteas Tionchair Natura a ullmhú. Ní údarófar plean nó tionscadal ach amháin tar éis don údarás inniúil a chinntiú, bunaithe ar fhianaise eolaíoch, scagadh le haghaidh Measúnú Cuí, agus Measúnú Iomchuí Céim 2 nuair is gá:

- Nach mbeidh tionchar díobhálach díreach, indíreach nó tánaisteach ar shláine aon láithreáin Eorpaigh (ina aonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile) de bharr an phlean nó an tionscadail; nó
- Go mbeidh drochthionchar suntasach ag an bplean nó ag an tionscadal ar shláine aon Láithreáin Eorpaigh (nach bhfuil ina óstach cineál gnáthóg nádúrtha tosaíochta/nó speiceas tosaíochta) ach níl aon réitigh mhalartacha ann agus ní mór an plean nó an tionscadal a chur i gcrích mar sin féin ar cúiseanna ríthábhachtacha a bhaineann le leas sáraitheach an phobail, lena n–áirítear iad siúd de chineál sóisialta nó eacnamaíoch. Sa chás seo, beidh sé de cheangal nósanna imeachta atá leagtha amach sa reachtaíocht a leanúint agus aontú agus tabhairt faoi gach beart cúitimh is gá chun comhleanúnachas iomlán Natura 2000 a chosaint; nó
- Go mbeidh drochthionchar suntasach ag an bplean nó ag an tionscadal ar shláine aon láithreáin Eorpaigh (a dhéanann gnáthóg nádúrtha de chineál agus/nó speiceas tosaíochta) ach níl aon réitigh mhalartacha ann agus mar sin féin ní mór an plean nó an tionscadal a chur i gcrích ar chúiseanna ríthábhachtacha um leas sáraitheach an phobail- teoranta do chúiseanna a bhaineann le sláinte an duine nó le sábháilteacht an phobail, le hiarmhairtí tairbhiúla a bhfuil tábhacht phríomhúil leo don chomhshaol nó, de bhun tuairime ón gCoimisiún, ar chúiseanna ríthábhachtacha eile a bhaineann le leas an phobail sáraitheach. Sa chás seo, beidh sé de cheangal nósanna imeachta atá leagtha amach sa reachtaíocht a leanúint agus aontú agus tabhairt faoi gach beart cúitimh is gá chun comhleanúnachas iomlán Natura 2000 a chosaint.

## 11.33 Speicis Choimhthíocha Ionracha

Ar láithreáin forbartha, ina bhfuil speicis ionracha i láthair, beidh gá le clár rialaithe agus bainistíochta chun cosaint a thabhairt ar na speicis ionracha ar leith, mar chuid den phróiseas pleanála.

## 11.34 Measúnú Tionchair Éiceolaíochta (EcIA)

Beidh gá le Measúnú Tionchair Éiceolaíochta (EcIA) le haghaidh forbairtí a bheartaítear i limistéir a thacaíonn, nó a bhfuil an cumas iontu tacú le, speicis chosanta nó gnéithe de thábhacht bithéagsúlachta, agus go ndéanfar bearta seachanta agus maolaithe cuí a ionchorprú i ngach togra forbartha nuair nach bhfuil feidhm ag ceanglais alt 11.32.

# Aguisíní
# 1- 4

## Clár na nÁbhar

Aguisín 1 – Cur chun Feidhme agus Monatóireacht ........ 332
Aguisín 2 - Ráiteas faoi Chomhlíonadh Threoirlínte an Aire ........ 335
Aguisín 3 – Liosta de na Déanmhais Chosanta ar Thaifead na nDéanmhas faoi Chosaint........ 341
Aguisín 4 – Gluais agus Acrainmneacha Gluais ........ 348

# Aguisín 1 – Cur chun Feidhme agus Monatóireacht

## Cur chun Feidhme an Phlean

Cuireann Alt 15(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) dualgas reachtúil ar an Údarás Pleanála cibé bearta a ghlacadh laistigh dá chumhachtaí is gá chun cuspóirí an phlean a bhaint amach. Leagann an plean seo amach fís straitéiseach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus straitéis maidir le fás inbhuanaithe thar thréimhse an phlean 2023-2029 agus san fhadtéarma. Tá sé mar aidhm ag beartais agus cuspóirí an phlean a bheith indéanta le linn shaolré an phlean seo. Mar sin féin, tá go leor díobh socraithe laistigh de thréimhse ama a mhaireann níos faide ná an tréimhse suas go dtí 2029. Léiríonn sé seo na creataí pleanála náisiúnta/réigiúnacha níos leithne agus aithnítear go dteastaíonn fócas straitéiseach thar thréimhse an phlean de bharr na n-uaillmhianta d'fhás cathrach.

Teastóidh comhoibriú agus rannpháirtíocht le raon páirtithe leasmhara, leasanna earnála agus infheistíochta, ranna rialtais agus gníomhaireachtaí chun an Plean a chur chun feidhme. I gcásanna áirithe, ní ar an gComhairle Cathrach amháin a bheidh an cur chun feidhme agus féadfaidh gníomhaireachtaí seachtracha a bheith freagrach as. I ngach cás, glacfar cur chuige comhpháirtíochta chun tacú le cur chun feidhme.

Trí bhainistiú gníomhach talún, oibreoidh an Chomhairle le forbróirí, fóntais agus soláthraithe seirbhíse, úinéirí talún, an rialtas náisiúnta agus leasanna pobail chun sainchuspóirí forbartha a sheachadadh do cheantair ar leith ar fud na Cathrach.

## Monatóireacht an Phlean

Glacfar cur chuige straitéiseach maidir le monatóireacht le fócas ar na príomhthorthaí a bhfuiltear ag súil leo nó atá beartaithe don phlean, mar a chinnfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

Tá ról ríthábhachtach ag monatóireacht maidir le tuiscint a fháil ar cé chomh héifeachtach agus atá cuspóirí an Phlean Forbartha maidir le soláthar na forbartha inbhuanaithe a chinntiú. Coimeádfaidh an Chomhairle béim leanúnach ar chur chun feidhme bheartais agus cuspóirí an Phlean. Ceadóidh modheolaíocht a thugann monatóireacht agus anailís intomhaiste agus struchtúr tuairiscithe gaolmhar athbhreithniú ar éifeachtacht an phlean thar thréimhse sé bliana.

Leathnaíonn an cur chuige seo ar an ceanglas reachtúil do thuarascáil dhá bhliana ar dhul chun cinn. Léiríonn sé go n-éilíonn Pleananna Forbartha go gcuirfidh an iliomad feidhmeanna laistigh d'údaráis áitiúla le seachadadh na físe don chathair, ar fheidhmeanna a bhaineann le réimsí amhail tithíocht, taitneamhachtaí, iompar, seirbhísiú bonneagair agus forbairt eacnamaíoch. Ceadaíonn sé do shásra chun comhordú éifeachtach agus cur chuige réamhghníomhach bainistíochta talún a éascú. Féadfaidh sé rannpháirtíocht dhíreach agus comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara eile a éascú, lena n-áirítear leasanna pobail agus infheistíochta. Féadfaidh sé cabhrú le bacainní a scaoileadh, réiteach fadhbanna nuálacha a chumasú agus cinnteoireacht tráthúil a éascú.

## Monatóireacht Croí-Straitéise

Déanfar Creat Monatóireachta Croí-Straitéise a ghníomhachtú chun torthaí pleanála a thomhas agus chun cuspóirí polasaí an Phlean Forbartha Cathrach a mheas. Cuirfear treochtaí i bhforbairt chónaithe i láthair go spásúil chun measúnú ar sheachadadh na Croí-Straitéise a éascú. Beidh

tomhas an fháis tithíochta ina phríomhtháscaire feidhmíochta chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú sásúil na Croí-Straitéise agus cuspóirí dlúthfhás an NPF.

Is féidir le húsáid na huirlise náisiúnta HNDA monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar tithíochta ag an leibhéal áitiúil agus féadfaidh sé cur le hoiriúnú tráthúil na mbeartas tithíochta agus tomhas a thabhairt freisin ar cé chomh héifeachtach agus atá na beartais atá i réim i seachadadh spriocdhaonraí an NPF.

## Monatóireacht Timpeallachta

Déanfar monatóireacht ar na héifeachtaí suntasacha comhshaoil a bhaineann le feidhmiú an Phlean ar bhonn leanúnach trí chlár monatóireachta comhshaoil agus measúnú ar iarratais phleanála. Is feidhm thábhachtach monatóireachta é a chinntiú nach mbíonn drochthionchar ag cur chun feidhme sainchuspóirí an Phlean Forbartha ar an gcomhshaol agus féachaint chuige cibé an bhfuil nó nach bhfuil an Plean ag baint amach a chuid cuspóirí agus spriocanna cosanta comhshaoil. Tá cuspóirí straitéiseacha comhshaoil SEO agus spriocanna nasctha le táscairí, a thomhaiseann athruithe ar cháilíocht an chomhshaoil agus a éascaíonn monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le cuspóirí agus spriocanna an Phlean a bhaint amach. Is táscairí táscach iad na táscairí a aithníodh agus d’fhéadfaidís athrú thar thréimhse an Phlean, ag tógáil san áireamh fachtóirí mar athruithe ar chláir mhonatóireachta thar am agus socruithe monatóireachta páirtithe leasmhara eile.

## Monatóireacht Eile

Léireofar spriocanna earnála a bhaineann leis an bPlean Gníomhaíochta Aeráide Náisiúnta 2021 ag an leibhéal áitiúil sa Phlean Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide, sa Mháistirphlean Fuinnimh agus le haschuir ón treoirthionscadal Crios Dícharbónaithe, beifear in ann bunlíne um astaíochtaí carbóin a bhunú sa chathair agus tionchair de thionscnaimh a thomhas. Trí chur chun feidhme GTS beifear in ann faireachán a dhéanamh ar aistriú módúil chuig modhanna níos inbhuanaithe de réir mar a chuirtear infrastruchtúr éascaithe breise i bhfeidhm agus de réir mar a ghníomhaítear tionscnaimh chun athrú iompraíochta agus bainistíocht éilimh a chur chun cinn.

## Tuarascáil Dhá Bhliain ar Dhul Chun Cinn

De réir Alt 15(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), déanfar athbhreithniú ar an bPlean tar éis 2 bhliain agus ullmhóidh an Príomhfheidhmeannach tuarascáil ar dhul chun cinn ar a bhfuil bainte amach maidir le beartas agus cuspóirí an Phlean a bhaint amach ag an am sin. Déanfaidh an tAthbhreithniú Dhá Bhliana faireachán agus measúnú ar chur i bhfeidhm foriomlán an bheartais agus na gcuspóirí lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an gCroí-Straitéis agus na cuspóirí comhshaoil mar atá leagtha amach sa Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta (MSC) chun a chinntiú go bhfuil forbairt Chathair na Gaillimhe ailínithe leis an straitéis náisiúnta agus na creataí réigiúnacha. Ní mór go n-áireofaí sa tuarascáil dhá bhliana freisin athbhreithniú ar an dul chun cinn atá bainte amach maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise Tithíochta agus, sa chás go dtugtar le fios sa tuarascáil go bhfuil riachtanais tithíochta nua nó leasaithe aitheanta, féadfaidh an Príomhfheidhmeannach a mholadh go ndéanfaí an Straitéis Tithíochta a choigeartú agus go ndéanfaí an Plean Forbartha a athrú dá réir.

Tá ceanglas freisin faoi Alt 25A den Acht um Pleanáil agus Forbairt ar gach údarás áitiúil laistigh den limistéar tionóil réigiúnach, tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an chomhthionóil réigiúnach gach 2 bhliain, ag leagan amach an dul chun cinn atá déanta maidir le tacú le cuspóirí, atá ábhartha don Tuaisceart agus Tionól Réigiúnach an Iarthair. Cuireann an próiseas reachtúil reatha seo le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme na

gcuspóirí sin sa Phlean Forbartha atá ag teacht leis an RSES. Cinnteoidh sé seo go gcuirfear i bhfeidhm aon athrú a theastaíonn chun prionsabail phleanála agus inbhuanaithe cuí a léiriú agus a chothabháil thar shaolré an Phlean Forbartha agus an RSES araon.

Mar a mholtar sna Treoirlínte Pleanála Miondíola (2012) áireoidh an Chomhairle monatóireacht ar threochtaí miondíola lena n-áirítear scála, nádúr agus dáileadh spásúlachta i gcomhthéacs na straitéise miondíola iomlán, an straitéis lonnaíochta agus beartais ar chomharsanachtaí inbhuanaithe. Ceadóidh an mhonatóireacht seo athbhreithniú ar bheartas más gá chun beogacht, beocht agus inmharthanacht san earnáil a chinntiú.

## Próiseas Bainistíochta Forbartha

Bainfear go leor de chuspóirí an Phlean amach trí cheadanna pleanála a chur i bhfeidhm agus a ghníomhachtú. Measfar iarratais phleanála aonair ag féachaint do bheartais agus cuspóirí an phlean. Leis an gceanglas um mháistirphleananna agus creataí spásúlachta a ullmhú mar chuid d'iarratais phleanála go dtabharfar tacaíocht do ghnéithe cáilíochtúla an phlean agus do phrionsabail an dearadh uirbigh inbhuanaithe agus comhfhorbairt áite. Rachaidh an Rannóg Pleanála i dteagmháil go réamhghníomhach leis na hiarratasóirí go léir tríd an bpróiseas réamhiarratais chun forbairtí molta a threorú chun cuspóirí an phlean a sheachadadh.

## Deiseanna Maoinithe

Rachaidh an Chomhairle sa tóir ar raon foinsí maoinithe, trí bhíthin ranníocaíochtaí forbartha agus ioncam eile ón gComhairle, mar aon le maoiniú ón Státchiste agus ón Aontas Eorpach chun tacú le cur chun feidhme an phlean.

Le deiseanna maoinithe chun saoráidí agus infrastruchtúr a sheachadadh trí shruthanna náisiúnta mar an Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach (URDF) agus maoiniú NTA chun bearta atá leagtha amach i Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur chun feidhme éascófar do phríomhthionscadail iompair agus ríochta poiblí a chur i bhfeidhm don chathair.

## Aguisín 2 - Ráiteas faoi Chomhlíonadh Threoirlínte an Aire

Faoi Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) ceanglaítear ar an gComhairle ráiteas a chur mar iarscríbhinn leis an bPlean Forbartha a chuirfidh san áireamh eolas a léireoidh:

a) Cén chaoi a bhfuil beartais agus cuspóirí de chuid an Aire curtha i bhfeidhm ag an Údarás Pleanála tráth a raibh a n-iarratas ar limistéar, nó cuid de limistéar an Phlean Forbartha á mheas. Is ceanglas reachtúil é ráiteas den sórt sin a chur i gceangal le plean forbartha faoi alt 28(1A) den Acht.

b) b) Mar mhalairt air sin, i gcás go bhfuil an tÚdarás Pleanála den tuairim nach bhfuil sé indéanta, mar gheall ar chineál agus tréithe limistéar nó cuid de limistéar an Phlean Forbartha, beartais agus cuspóirí áirithe i dTreoirlínte an Aire a chur i bhfeidhm, tráth a raibh an t-iarratas ar na beartais sin á meas i limistéar nó i gcuid de limistéar an Dréachtphlean Forbartha nó an Phlean Forbartha, cuirfidh an tÚdarás bunús leis an tuairim sin ar fáil chomh maith leis an gcúis nár cuireadh na beartais agus na cuspóirí sin ó Aire i bhfeidhm.

Tá an ráiteas riachtanach maidir le Dréachtphlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 leagtha amach thíos.

| **Treoirlínte Alt 28** | **Dréachtphlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2023-2029** |
|---|---|
| **A Guide of Planning Enforcement in Ireland (2012)** | Treoirlínte d'údaráis phleanála maidir leis an gcóras  forfheidhmithe pleanála. Ní bhaineann na treoirlínte seo le hullmhú an Phlean Forbartha ach baineann siad le forfheidhmiú pleanála. |
| **Appropriate Assessment of Plans and Projects in Ireland – Guidance for Planning Authorities (2009)** | Tugadh aird ar an gcáipéis Treorach seo agus an Plean á ullmhú. Tá scrúdú iomlán déanta ar an tionchar dóchúil ar shláine láithreán Eorpach a d'fhéadfadh eascairt as bearta atá molta sa Phlean tríd an bpróiseas AA. Comhtháthaíodh bearta maolaithe láidre agus éifeachtacha sa phlean chun a chinntiú nach mbeidh tionchar díobhálach suntasach aige ar shláine láithreán Eorpach ina aonar nó i gcomhcheangal le pleananna agus tionscadail eile. Beidh Measúnú Tionchair Natura ag gabháil leis an bPlean seo in Imleabhar 3. |
| **Architectural Heritage Protection Guidelines for Planning Authorities (2004 and Revised 2011)** | I gCaibidil 8, Oidhreacht Thógtha, Comhfhorbairt Áite agus Dearadh Uirbeach, leagtar amach bearta chun oidhreacht ailtireachta na cathrach a chosaint agus cuirtear na treoirlínte seo san áireamh. |
| **Architectural Heritage Protection for Places of Public Worship Imlitir 7/03** | I gCaibidil 8, Oidhreacht Thógtha, Comhfhorbairt Áite agus Dearadh Uirbeach, leagtar amach beartas na Comhairle maidir le hoidhreacht ailtireachta na Cathrach a chosaint. |
| **Best Practice Urban Design Manual (2009) Codanna 1 & 2** | I gCaibidil 4, Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus Iompar agus i gCaibidil 11, Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún agus Caighdeáin agus Treoirlínte Forbartha, tugtar aghaidh ar shaincheisteanna dearaidh uirbigh agus ar chaighdeáin mhionsonraithe le haghaidh forbartha. |

| Treoirlínte Alt 28 | Dréachtphlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2023-2029 |
|---|---|
| **Childcare Facilities Guidelines** le haghaidh Údaráis Phleanála DOELG (2001) agus Ciorclán an Aire (PL 3/2016 An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil) | I gCaibidil 7, Pobal agus Cultúr, leagtar amach beartais na Comhairle maidir le háiseanna cúram leanaí agus cuirtear na treoirlínte seo san áireamh. Tá sainchaighdeáin bhainistíochta forbartha le haghaidh áiseanna cúram leanaí leagtha amach i gCaibidil 11 (b), Cuid 11.13. |
| **Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (DMURS), (2013 agus arna nuashonrú in 2019)** | Caibidil 4, Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus Iompar Caibidil agus Caibidil 11(b): Caighdeáin agus Treoirlínte Forbartha. |
| **Caighdeáin Dearaidh d'Árasáin Nua (2007), (2015) agus arna nuashonrú in 2020)** | I gCaibidil 3, Tithíocht agus Comharsanachtaí Inbhuanaithe, leagtar amach beartais na Comhairle ar árasáin agus i gCaibidil 11, Alt 11.3 Forbairt Chónaithe, cuirtear na caighdeáin seo san áireamh. |
| **Ranníocaíochtaí Forbartha: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála DECLG (2013)** | Ullmhaíodh Scéim Ranníocaíochta Forbartha nua agus tháinig sí i bhfeidhm an 1 Bealtaine, 2021 agus beidh sé i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2026, mura nglacfar le scéim nua roimh ré. (Féadfar é seo a shíneadh tar éis 31 Nollaig 2026). Cloíonn an Scéim Ranníocaíochta seo leis na treoirlínte seo. |
| **Development Management Planning Guidelines for Planning Authorities DEHLG (2007)** | Déanfar iarratais bhainistíochta forbartha a mheas agus a chinneadh faoi bheartais, cuspóirí agus caighdeáin forbartha an Phlean Forbartha agus cloífear leis na treoirlínte seo agus iarratais á meas. |
| **Treoirlínte Plean Forbartha (2007) agus Dréacht-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2021) & Imlitir NRUP 04/2021 ar na Dréacht-Treoirlínte** | Ullmhaíodh an Dréachtphlean Forbartha seo de réir Ailt 11 agus 12 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus de réir Threoirlínte an Phlean Forbartha agus tugadh aird ar na Dréacht-Treoirlínte ann. |
| **Draft Guidance for Planning Authorities on Drainage and Reclamation of Wetlands (2011)** | Cuirtear treoir ar fáil maidir le cinneadh a dhéanamh an bhféadfadh tionchar suntasach a bheith aige ar an gcomhshaol draenáil agus míntíriú bogaigh, ainneoin iad a bheith faoi bhun na tairsí le haghaidh ceada nó EIA éigeantach, agus dá bhrí sin bheadh iarratas pleanála agus/nó EIA ag teastáil. Níl baint ag na Treoirlínte seo le próiseas ullmhúcháin an Phlean Forbartha. |
| **Treoirlínte Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte d'Údaráis Phleanála (2009)** | Leagtar amach i gCaibidil 2, Gníomhú ar son na hAeráide agus Caibidil 9, Comhshaol agus Bonneagar na beartais maidir le Tuilte agus Aistriú chuig Geilleagar Ísealcharbóin. |
| **Treoir um Aonach Siamsaíochta** | Baineann na Treoirlínte seo le ceadúnú agus riachtanais le haghaidh aonach siamsaíochta agus mar sin níl siad ábhartha do phróiseas ullmhúcháin an Phlean Forbartha. |
| **Ráiteas Beartais an Rialtais ar Tharchur agus Bonneagar Fuinnimh Eile** | I gCaibidil 9, Comhshaol agus Bonneagar leagtar amach na beartais maidir le fuinneamh agus an bonneagar gaolmhar. |

| Treoirlínte Alt 28 | Dréachtphlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2023-2029 |
|---|---|
| **Nóta Treorach ar Chroístraitéisí (2010)** | Baineann na Treoirlínte seo d'Údaráis Phleanála le réasúnaíocht fhianaise-bhunaithe agus le hábhar na Croístraitéisí. I gCaibidil 1, tugtar achoimre ar Croí-Straitéis an Phlean seo agus soláthraítear cur síos ardleibhéil ar na príomhstaitisticí agus ar na príomhthosaíochtaí atá mar bhonn agus thaca ag an bPlean agus cuireann sé in iúl straitéis chainníochtúil mheántéarmach agus fhadtéarmach d'fhorbairt spásúlachta na cathrach. |
| **Treoirlínte d'Údaráis Phleanála & don Bhord Pleanála maidir le Measúnachtaí Tionchair Timpeallachta (2018)** | Treoirlínte d'Údaráis Phleanála agus don Bhord Pleanála ar shaincheisteanna nós imeachta agus teicniúla a eascraíonn as an gceanglas measúnú tionchair timpeallachta (MTT) a dhéanamh. Níl baint ag na treoirlínte seo le hullmhú an Phlean Forbartha ach le bainistíocht forbartha agus measúnú ar thionscadail. |
| **Imlitir Tithíochta 28/2021: Acht um Thithíocht Inacmhainne 2021 — Leasuithe ar Chuid V** | Sa Chiorclán seo, tugtar comhairle ar na leasuithe ar Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt atá i gCuid 6 den Acht um Thithíocht Inacmhainne 2021 Rachaidh an tÚdarás Pleanála ar aghaidh le cur chun feidhme na leasuithe ar Chuid V maidir le hiarratais ar chead pleanála d'fhorbairtí tithíochta. |
| **Roghanna Tithíochta dár nDaonra atá ag Dul in Aois: Ráiteas Beartais DPGLG agus DoH (2019)** | Tá tagairt déanta do na treoirlínte seo i gCaibidil 3 Tithíocht agus Comharsanachtaí Inbhuanaithe agus i gCaibidil 11 (b) Caighdeáin agus Treoirlínte. |
| **Modheolaíocht Sprioc Soláthair Tithíochta um Phleanáil Forbartha DHLGH (2020)** | Cuireadh an mhodheolaíocht i bhfeidhm ar réamhaisnéisí tithíochta i dtréimhse an Phlean mar atá leagtha amach i gCaibidil 2, Croí-Straitéis agus Caibidil 3, Tithíocht agus Comharsanachtaí Inbhuanaithe agus sa Straitéis Tithíochta agus sa Mheasúnú ar Riachtanas agus Éileamh Tithíochta. |
| **Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha a Chur chun Feidhme - Treoirlínte Dea-Chleachtais (2010)** | Croí-Straitéis an Dréachtphlean seo agus tá sí ag teacht le Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíoch Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (RSES) 2020 - 2032. |
| **Cód Cleachtais Nua an EPA do Chórais Chóireála Fuíolluisce Tí (Coibhéis Daonra ≤ 10) DHLGH (2021) & Ciorclán NRUP 01/2021 Maidir le: Cód Cleachtais Nuashonraithe.** | Tagairt shonrach Cód Cleachtais an EPA ar Chórais Chóireála agus Diúscartha Fuíolluisce a fhreastalaíonn ar Thithe Aonair (2021) i gCaibidil 11(b) Caighdeáin agus Treoirlínte i gCuid 11.12 Limistéir Thalmhaíochta. |
| **Treoirlínte Eatramhacha d'Údaráis Phleanála ar Phleananna Reachtúla, ar Fhuinneamh In-athnuaite agus ar Athrú Aeráide DHPCLG (2017)** | I gCaibidil 2, Gníomhú ar son na hAeráide agus Caibidil 9, Comhshaol agus Bonneagar pléitear na téamaí um thuilte agus aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. |
| **Tírdhreach agus Treoirlínte Measúnaithe Tírdhreacha** | I gCaibidil 5, Oidhreacht Nádúrtha, Bithéagsúlacht, Áineas agus Taitneamhacht, tugtar aghaidh ar |

| **Treoirlínte Alt 28** | **Dréachtphlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2023-2029** |
|---|---|
| | shaincheisteanna tírdhreacha agus ar ghnéithe de thírdhreach na cathrach. |
| **Lámhleabhar do Phleananna Ceantar Áitiúil agus d'Údaráis Phleanála (2013)** | Cloífear leis na Treoirlínte seo agus Pleananna Ceantair Áitiúil á n-ullmhú laistigh de chreat straitéiseach an Phlean Forbartha seo. |
| **Criosanna Dícharbónaithe na nÚdarás Áitiúil (DZanna) DHLGH- Ciorclán LGSM01-2021** | Caibidil 2, Gníomhú ar son na hAeráide |
| **Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, Soláthar Tithíochta, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2000)** | I gCaibidil 3, Tithíocht agus Comharsanachtaí Inbhuanaithe, cuirtear na treoirlínte seo san áireamh. Tá sonraí maidir le Straitéis Tithíochta na Comhairle san áireamh sna doiciméid tacaíochta. |
| **An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010 (Ciorclán PPL 1/2010)** | Leasaíodh roinnt ranna éagsúla den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 , tugadh isteach an ceanglas maidir le croístraitéisí atá bunaithe ar fhianaise do Phleananna Forbartha agus soiléiríodh sa reachtaíocht phleanála an dualgas atá ar údaráis phleanála faoin Treoir maidir le hÉin agus Gnáthóga. Cloíonn an Plean Forbartha leis an reachtaíocht seo. |
| **Soláthar scoileanna agus an córas pleanála – Cód Cleachtais d'Údaráis Phleanála (2008)** | I gCaibidil 7, Pobal agus Cultúr, leagtar amach beartais na Comhairle maidir le scoileanna agus cuirtear na treoirlínte seo san áireamh. |
| **Cairéil agus Gníomhaíochtaí Coimhdeacha Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2004)** | I gCaibidil 11, Cuid 11.28 Tionscail/Cairéil Eastóscacha, tugtar aghaidh ar chairéil agus gníomhaíochtaí coimhdeacha agus déanann siad tagairt shonrach do na treoirlínte seo. |
| **Treoirlínte Pleanála Miondíola agus Lámhleabhar Dearaidh Miondíola (2012)** | I gCaibidil 6, Geilleagar, Fiontar agus Miondíol, leagtar amach beartais na Comhairle ar mhiondíol agus cuirtear na treoirlínte seo san áireamh. Ullmhóidh Comhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe Comhstraitéis Miondíola de réir na dTreoirlínte Pleanála Miondíola le linn thréimhse an Phlean seo. I gCaibidil 11(b), leagtar amach caighdeáin agus treoirlínte forbartha miondíola agus tráchtála de réir an Lámhleabhar Dearaidh seo. |
| **Infheistíocht Institiúideach Tráchtála i dTithíocht a Rialáil - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála DHLGH (2021)** | Tabharfar aird sa Straitéis Tithíochta agus cuirfear i bhfeidhm í i mbainistíocht forbartha trí úsáid a bhaint as coinníollacha. |
| **Beartais Tithíochta Tuaithe agus Critéir um Riachtanas Áitiúil i gCiorclán an Phlean Forbartha SP/5/08** | I gCaibidil 5, Oidhreacht Nádúrtha, Bithéagsúlacht, Áineas agus Taitneamhacht, Cuid 5.7.2 Tailte Talmhaíochta agus i gCaibidil 11 (b), Alt 11.12 Limistéir Thalmhaíochta, tugtar aghaidh ar fhorbairt chónaithe ar thailte talmhaíochta criosaithe A sa chathair. |
| **Alt 261A den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 -Treoirlínte (Eanáir 2012) agus Alt 261A den Acht um Pleanáil** | Tagraíonn na treoirlínte seo d'fhorálacha reachtúla maidir le cairéil agus níl siad ábhartha maidir le hullmhú an Phlean Forbartha. I gCaibidil 11, Cuid |

| Treoirlínte Alt 28 | Dréachtphlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2023-2029 |
|---|---|
| **agus Forbairt, 2000 Treoirlínte Forlíontacha (Iúil 2012)** | 11.28 Tionscail/Cairéil Eastóscacha, tugtar aghaidh ar chairéil agus gníomhaíochtaí coimhdeacha agus déanann siad tagairt shonrach do na treoirlínte seo. |
| **Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta Treoirlínte d'Údaráis Phleanála RCPRÁ (2012)** | I gCaibidil 4, Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus Iompar, leagtar amach beartais na Comhairle maidir leis an ngréasán bóithre náisiúnta. |
| **Treoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA): Treoirlínte d'Údaráis Réigiúnacha agus Údaráis Phleanála DEHLG (2004)** | Is éard atá i Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MSC) ná an próiseas trína gceanglaítear breithnithe comhshaoil a chomhtháthú go hiomlán in ullmhú agus glacadh pleananna agus clár. Rinneadh torthaí an phróisis SEA a mheas go hiomlán agus iad a chomhtháthú in ullmhú agus i ndéanamh an Phlean Forbartha Cathrach agus leagtar amach iad i Ráiteas SEA an Phlean seo. Tá na treoirlínte seo curtha i bhfeidhm in Imleabhar 3 den Tuarascáil Timpeallachta um Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (MSC). |
| **Forbairtí Cónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála agus an Lámhleabhar Dearaidh Uirbigh a ghabhann leo: Treoir Dea-Chleachtais (2009) & Ciorclán: NRUP 02/2021.** | I gCaibidil 3, Leagann Tithíocht agus Comharsanachtaí Inbhuanaithe, leagtar amach beartais na Comhairle maidir le forbairt chónaithe agus cuirtear na treoirlínte seo san áireamh.  Tá caighdeáin agus treoirlínte forbartha cónaithe i gCaibidil 11(b) de réir na dtreoirlínte seo. |
| **Treoirlínte um Forbairt Tithíochta Inbhuanaithe Tuaithe d'Údaráis Phleanála DEHLG (2005)** | I gCaibidil 5, Oidhreacht Nádúrtha, Bithéagsúlacht, Áineas agus Taitneamhacht, Cuid 5.7.2 Tailte Talmhaíochta agus i gCaibidil 11 (b), Alt 11.12 Limistéir Thalmhaíochta, tugtar aghaidh ar fhorbairt chónaithe ar thailte talmhaíochta criosaithe A sa chathair. |
| **Cuideachtaí Eastát Tithíochta/Bainistíochta a Ghlacadh ar Láimh (2006)** | Baineann na treoirlínte seo le nósanna imeachta eastáit tithíochta agus cuideachtaí bainistíochta a ghlacadh ar láimh agus mar sin níl siad ábhartha do phróiseas ullmhúcháin an Phlean Forbartha. |
| **Aeróga Teileachumarsáide agus Struchtúir Tacaíochta, (DECLG, Ciorclán PL07/12 2012)** | I gCaibidil 9, Comhshaol agus Bonneagar, leagtar amach na beartais maidir le bonneagar teileachumarsáide agus struchtúir ghaolmhara.  I gCaibidil 11(b), Alt 17, déantar tagairt shonrach do na treoirlínte seo. |
| **An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuile - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála agus Aguisíní Teicniúla (2009)** | Tá Measúnú Straitéiseach Riosca Tuilte (SFRA) déanta ag an gComhairle Cathrach ar na beartais agus na cuspóirí atá sa Phlean seo de réir na dTreoirlínte um Bainistíocht Riosca Tuilte. I gCaibidil 9 Comhshaol agus Bonneagar leagatr amach beartais na Comhairle ar limistéir atá i mbaol tuilte agus déantar tagairt shonrach i gCaibidil 11 (b), Rannán 11.27 Riosca & Measúnú Tuilte do na treoirlínte seo. |
| **Treoirlínte um Chaomhnú Crann** DOELG (1994) | I gCaibidil 5, Oidhreacht Nádúrtha, Bithéagsúlacht, Áineas agus Taitneamhacht, leagtar amach beartais na Comhairle maidir le crainn agus coillearnacha sa chathair. |

| Treoirlínte Alt 28 | Dréachtphlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2023-2029 |
|---|---|
| **Forbairt Uirbeach agus Airde Foirgníochta -** Treoirlínte d'Údaráis Phleanála DPGLG (2018) | Tá na treoirlínte seo curtha i bhfeidhm i gCaibidil 1, Croí-Straitéis, Caibidil 3, Tithíocht agus Comharsanachtaí Inbhuanaithe, Caibidil 8, Oidhreacht Thógtha, Déanamh Áite agus Dearadh Uirbeach agus sa doiciméad tacaíochta Straitéis um Dhlús Uirbeach agus Airde Foirgnimh. |
| **Ciorclán PD 7/09 maidir leis na Rialachán um Scaoileadh Fuíolluisce (Údarú).** | I dTuarascáil Timpeallachta an Mheasúnaithe Straitéisigh Timpeallachta (SEA) agus i gCaibidil 9, Comhshaol agus Bonneagar den Phlean seo, tugtar aghaidh ar cheisteanna uisce agus fuíolluisce. |
| **Treoirlínte Forbartha Fuinnimh Gaoithe d'Údaráis Phleanála DEHLG (2006) agus Dréacht-Treoirlínte Athbhreithnithe um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe (2019)** | I gCaibidil 9, Comhshaol agus Infrastruchtúr, leagtar amach beartais na Comhairle maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh lena n-áirítear fuinneamh gaoithe. I gCaibidil 11 (b), Alt 11.18, déantar tagairt shonrach do na treoirlínte seo. |

## Aguisín 3 – Liosta de na Déanmhais Chosanta ar Thaifead na nDéanmhas faoi Chosaint

**Tag: Suíomh**

**Sráid na Súdairí**

101 Uimh. 2
102 Uimh. 3
103 Uimh. 4
104 Uimh. 5
105 Uimh. 6
106 Uimh. 7
107 Uimh. 8
108 Uimh. 9
109 Uimh. 10
110 Uimh. 11
111 Uimh. 18
112 Uimh. 21
113 Uimh. 22
114 Uimh. 23
115 Stór Gráin

**Sráid an Gheata Bhig**

201 Uimh. 2
202 Uimh. 4
203 Uimh. 5
204 Uimh. 6
205 Uimh. 7
206 Uimh. 8
207 Uimh. 9
208 Uimh. 11 & 13
209 Uimh. 15
210 Uimh. 16 & 18
211 Uimh. 17
212 Uimh. 19
213 Uimh. 21
214 Uimh. 22 & 24
215 Uimh. 23
216 Uimh. 25
217 Uimh. 26
218 Uimh. 29
219 Uimh. 28
220 Uimh. 33
221 Uimh. 36
222 Uimh. 38
223 Uimh. 40
224 Uimh. 42
225 Uimh. 46
226 Uimh. 48
227 Uimh. 50
228 Uimh. 52

**Lána an Pinniúir**

301 Deighleog Urdhúin ón 17ú haois
302 Dhá Iar-theachín Ceardaí

**Tag: Suíomh**

**Baile an Dúlaigh**

401 Caisleán Bhaile an Dúlaigh
402 Crannóg-Áitreabh Locha

**Baile an Phoill**

501 Tiníl & Seid
502 Teachín Ceann Tuí

**An Baile Bán**

601 Imfhálú Cré Uni-Vallet

**Baile an Bhriotaigh**

701 Caisleán Bhaile an Bhriotaigh
702 Reilig & Lisín

**Baile an Locháin**

801 Teachín Ceann Tuí
802 Teachín Ceann Tuí 1 & 1/2 Stór
803 Caidéal Uisce Lámhthiomáinte

**Bearna**

901 Tobar Naofa
902 Suíomh Chaisleán Bhearna
903 Teach Bhearna
904 Teach Gheata, Bóthar Bhearna

**Barr na Crannaí**

2901 Teachín Ceann Tuí Bóthar an Easpaig Uí Dhomhnaill
1001 Summerdale

**An Charraig Dhubh, Bóthar na Trá**

1101 Teach & Geata na Carraige Duibhe

**An Bóthar Mór**

1201 Uimh. 86
1202 Uimh. 88
1203 Uimh. 120
1204 Teach Reilige & Séipéil na Marbh

**Bóthar Shandair**

1301 Uimh. 8
1302 Cros Ghreanta Chloiche

**Sráid an Droichid**

1401 Uimh. 1
1402 Uimh. 2
1403 Uimh. 3
1404 Uimh. 4

**Tag: Suíomh**

1405 Muilte an Droichid

**Páirc na Sceach**

1501 Séipéal San Séamas
1502 Reilig San Séamas
1503 Teachín Díon Tuí Aon Stóir
1504 Teach Pháirc na Sceach
1505 Teachín Uí Ifearnáin, Bóthar an Bhealaigh

**An Cheapach**

1601 Scoil na Buaile Beag (Naomh Iosaif), Seanbhóthar Ráthúin
1602 Teachín na Fiúise

**An Claí Bán**

12001 Teachín Díon Tuí Aon Stóir

**An Caisleán Gearr**

1701 Caisleán
1702 Suíomh an tSéipéil
1703 Teachín Ceann Tuí
1704 Seanteach Scoile in aice le Siopa Leaders
1705 Séadchomhartha , Bóthar Thuama

**Arda Fhaiche an Chaisleáin**

1801 Reilig

**Sráid an Chaisleáin - Lána na Beairice**

1901 Cuid de Bhalla Meánaoiseach an Bhaile
1902 Cuid de Bhalla Meánaoiseach Tí Mheánaoisigh
1903 Cuid de Bhalla Meánaoiseach le Fuinneoga Cloiche Snoite & Bloghanna Gearrtha Cloiche

**Lána an Chrainn Chnó Chapaill**

2001 Suíomh Galláin Chloiche chuig Teach Mór

**Lána an Teampaill**

2101 Uimh. 2 & 3

**An Cladach**

2201 Séipéal Mhuire

| Tag: | Suíomh |
|---|---|
| 2202 | Reilig |
| 2203 | Scoil an Chladaigh |
| 2204 | Reilig, Snoiteáin Chloiche, Balla Teorann agus Suíomh Prióireachta ón 15ú haois |
| 2205 | Halla an Chladaigh |
| 2206 | Céanna & Glais le Geataí san áireamh |
| 2207 | Bóthar na Prióireachta - Suíomh Abhainn Mhuire |

**Bóthar an Choláiste**

2301 Uimh. 3
2302 Uimh. 6 Bloc Aolchloiche Snoite
2303 Uimh. 30

**Cúil Each**

2401 Cloch Mheánaoiseach Fochla
2402 Teachín Díon Tuí Aon Stóir

**Lána Theach na Cúirte**

2501 Iarsmaí Halla ón 14ú haois
2502 Amharclann

**Cearnóg Theach na Cúirte**

2601 Teach na Cúirte
2602 Halla an Bhaile
2603 Uimh. 1
2604 Uimh. 2
2605 Uimh. 3
2606 Bosca Poist Seoirse V

**Barr na Coille**

2701 Áith Aoil

**An tSráid Trasna Uachtair**

2801 Uimh. 1
2802 Uimh. 4
2803 Uimh. 5
2804 Uimh. 6
2805 Uimh. 7
2806 Uimh. 8
2807 Uimh. 9
2808 Uimh. 11
2809 Uimh. 13 & 15
2810 Uimh. 17
2811 Uimh. 10
2812 Uimh. 12
2813 Uimh. 2

**Daingean Íochtar**

3001 Baois Teach Tae
3002 Teach Oighir
3003 An Caiseal - Iarsmaí Caisil

| Tag: | Suíomh |
|---|---|
| | **Sráid Dhoiminic Íochtarach** |
| 3201 | Uimh. 29 |
| 3202 | Uimh. 31 |
| 3203 | Uimh. 33 |
| 3204 | Uimh. 34 |
| 3205 | Uimh. 35 |
| 3206 | Uimh. 36 |
| 3207 | Uimh. 37 |
| 3208 | Uimh. 38 |
| 3209 | Uimh. 39 |
| 3210 | Uimh. 40 |
| 3211 | Uimh. 41 & 43 |
| 3212 | Uimh. 42 |
| 3214 | Uimh. 44 |
| 3215 | Uimh. 45 |
| 3216 | Uimh. 46 |
| 3217 | Uimh. 47 |
| 3218 | Uimh. 49 |
| 3219 | Uimh. 50 & 52 |
| 3220 | Uimh. 54 |
| 3221 | Uimh. 56 |
| 3222 | Uimh. 55 |
| 3223 | Uimh. 57 |
| 3224 | Uimh. 58 |
| 3225 | Uimh. 65 (Plaic Chathrach Chloiche) |

**Sráid Dhoiminic Uachtarach**

3301 Uimh. 12 (Seanteach Choimeádaí Loic)
3302 Uimh. 7 (Teach Tábhairne Taylor's roimhe seo)

**Bóthar na Díge**

3501 Oibreacha Uisce & Foirgneamh Gaolmhar
3502 Oibreacha Uisce ó na 1940idí
3503 Caisleán Thír Oileáin Oileán an Iarla
3601 Foirgneamh Cearta Daonna OÉG
3602 Ardeaglais
3603 Droichead na mBradán
3604 Clubtheach an Chontae
3605 Teach an Oileáin
3606 Uaigh an Charrchlóis
3607 An Oifig Iascaigh
3608 Lóiste na Cora
3609 Áith Aoil

**Sráid Eglinton**

3701 Uimh. 1
3702 Uimh. 2
3703 2 Phlaic Thúr Leoin, Túrtheach
3704 Oifig an Phoist (GPO)

**An Fhaiche Mhór**

| Tag: | Suíomh |
|---|---|
| 3801 | Uimh. 14 & 15 |
| 3802 | Uimh. 16 |
| 3803 | Uimh. 17 |
| 3804 | Uimh. 19 |
| 3805 | Uimh. 43 |
| 3806 | Uimh. 45 |
| 3807 | Doras de Brún |
| 3808 | Dealbh Liam Uí Mhaoilíosa |
| 3809 | Uimh. 8 |
| 3810 | Uimh. 23 |
| 3811 | Uimh. 21 |
| 3812 | Húicéir na Gaillimhe |

**Sráid an Iarsaigh**

3901 Uimh. 17
3903 Cúl Uimh. 17 & 19, Cuid de Bhalla Meánaoiseach
3904 Uimh. 1

**Bóthar an Athar Uí Ghríofa**

3910 Séadchomhartha
3911 An Droichead Meáite

**Margadh an Éisc**

4001 An Póirse Caoch & Balla
4002 Fráma Dorais Bhaile Átha Í
4003 Teach an Chomartúnaigh

**Sráid Thobar an Iarla**

4201 Teach Eala
4202 Uimh. 1
4203 Uimh. 2
4204 Uimh. 3
4205 Uimh. 9 & 10

4206 Naomh Anna
4207 Teach Lowstrand

**Sráid Forster**
4301 Umar Capall Lasmuigh de Uimh. 37 & 39
4302 Uimh. 12
4303 Uimh. 14
4304 Uimh. 16
4305 Uimh. 48
4306 Clochar & Séipéal Maigdiléana
4307 Séipéal Naomh Pádraig
4308 Halla Naomh Pádraig
4309 Uimh. 18

**Cnoc an Sconsa**
4401 Reilig & Séipéal na Marbh

**An tSráid Ard**
4501 Uimh. 1
4502 Uimh. 2
4503 Uimh. 3
4504 Uimh. 4 & 5
4505 Uimh. 6
4506 Uimh. 7

**Tag: Suíomh**
4507 Uimh. 8
4508 Uimh. 9
4509 Uimh. 10
4510 Uimh. 11
4511 Uimh. 12
4512 Uimh. 13
4513 Uimh. 14
4514 Uimh. 15
4515 Uimh. 16
4516 Uimh. 17 & 18
4517 Uimh. 19
4518 Uimh. 20
4519 Uimh. 21
4520 Uimh. 22

**Sráid Anraí**
4601 Uimh. 9 - Teach Ceann Tuí Dhá Stór

**Lána na gCiarabhánach**
4701 Uimh. 9
4702 Uimh. 10
4703 Uimh. 15

**Cnoc na Cathrach**
4801 Suíomh Créfoirt Luath-Chríostaí /Luath-Thréimhse Staire
4802 Suíomh Muileann Cothrománach & Lonnaíocht Ghaolmhar
4803 Scairdeán Uisce
4804 Suíomh Sliogchairn

**Páirc Léana Bháite**
4901 Reilig

**Sráid na Lombardach**
5001 Séipéal San Nioclás
5002 Uimh. 1-3
5003 Uimh. 5
5004 Reilig Shéipéal San Nioclás
5005 Balla Teorann ag Scoil Naomh Pádraig

**An Siúlán Fada**
5101 Uimh. 11, 12 & 13
5102 Mullaird Chloiche & Colbha Aolchloiche
5103 Uimh. 24
5104 Uimh. 25
5105 Uimh. 26
5106 Uimh. 27
5107 Uimh. 1, Músaem Cathrach na Gaillimhe Dealbh de Phádraic Ó Conaire

**Loch an tSáile**
5201 Tobar San Agaistín

**Tag: Suíomh**
5202 Cé
5203 Clocha Snoite - Suite ar chúl Uimh. 6 Bóthar an Choláiste

**Sráid an Phríomhgharda**
5301 Uimh. 1
5302 Uimh. 2
5304 Uimh. 4
5305 Uimh. 6
5306 Uimh. 7
5307 Uimh. 9
5308 Uimh. 10
5309 Uimh. 11
5310 Uimh. 12
5311 Uimh. 13 & 14
5312 Uimh. 15
5313 Uimh. 16
5314 Uimh. 17
5315 Uimh. 20
5316 Uimh. 22

**Sráid an Mhargaidh**
5401 Uimh. 1 & 2
5402 Uimh. 4 & 5
5403 Uimh. 6
5404 Uimh. 7
5406 Uimh. 10 & 11
5407 Uimh. 13
5408 Uimh. 14
5409 Uimh. 15
5410 Uimh. 16
5411 Uimh. 17
5412 Uimh. 18
5413 Cuimhneachán Uí Loingsigh
5414 Umar Capall

**Bóthar Mhóinséil**
5501 Uimh. 11

**Sráid Mhuire**
**Tag: Suíomh**
5601 Uimh. 18 & 19

**Mionlach**
5701 Tuama Meigiliteach
5702 Caisleán Mhionlaigh
5703 Teach Gheata
5704 Gallán - 1816 Greanta Crosbhóthar an Mhargaidh
5705 An Leacht
5707 Teachín Díon Tuí Aon Stóir
5708 Teachín Díon Tuí Aon Stóir
5709 Teachín Díon Tuí Aon Stóir
5710 Teachín Díon Tuí Aon Stóir

**Tag: Suíomh**
5711 Teachín Díon Tuí Aon Stóir

**Bóthar na gCeannaithe**
5801 Uimh. 1-5 (McDonaghs roimhe seo)
5802 Teach Niland
5803 Clós Hynes - Cloch Athúsáidte

**Páirc Mhuirlinne**
5901 Caisleán/Túrtheach
5902 Leaca Uaighe
5903 Teach Cairéil
5904 Oibreacha Marmair

**Mervue**
6001 Eaglais agus Reilig San Séamas
6002 Coimpléasc Royal Tara

**An tSráid Láir**

6101 Uimh. 2 Uimh. 2 (Ardeaglais Phrotastúnach roimhe seo)
6102 Uimh. 4 (Institiúid na Meicneoirí)
6103 Uimh. 6 & 8
6104 Uimh. 15 An Séipéal Agaistíneach
6105 Uimh. 19
6106 Uimh. 22
6107 Uimh. 24
6108 Uimh. 34
6109 Uimh. 36 & 38
6110 Uimh. 42
6111 Uimh. 44

**Sráid an Mhuilinn**

6201 Droichead Ruxton
6202 Uimh. 23 (Foirgneamh CYMS roimhe seo)
6203 Canáil Tarae Íochtair
6204 Uimh. 10 (Iar-lóiste Máisiúnach)

**Mionchluain**

6301 Teachín Mhionchluain - Teach Ceann Tuí
**Tag: Suíomh**
6302 Teachín Ceann Tuí

**Muirbheach**

6401 Teach Mhuirbhigh
6402 Crosaire Crosaire Comhréidh Mhuirbhigh - Geataí

**Inis Caorach**

6501 Teach Solais

**Sráid na nDuganna Nua**

6701 Uimh. 1 & 3
**Tag: Suíomh**
6702 Uimh. 17
6703 Teach Limerick Steamship – Éadanas

**Bóthar an Chaisleáin Nua**

6801 Uimh. 2
6802 Uimh. 4
6803 Uimh. 5
6804 Uimh. 9
6805 UCHG - Iar-Theach na nAltraí

**An Caisleán Nua Uachtarach**

6901 Uimh. 30 - ÓEG (Iar-Choláiste Proinsiasach)
6902 Uimh. 49

**An Caisleán Nua Íochtarach**

7001 Leabharlann - ÓEG
7002 Dealbh Theibí Mhiotail - OÉG
7003 Bloc na nDán - OÉG
7004 Colmlann & Balla Bábhúin

**Bóthar Nua**

7101 Uimh. 2
7102 Uimh. 3
7103 Uimh. 14
7104 Uimh. 15
7105 Uimh. 16
7106 Uimh. 33

**Baile Nua Mhic Gabhann**

7201 Coimpléasc Mheánscoil Mhuire lena n-áirítear Séipéal an Áth. Uí Dhálaigh
7202 Cloch Inscríofa dátaithe 1816 - J. Healy

**Sráid Oileán Altanach**

7400 Uimh. 4
7401 Uimh. 5
7402 Uimh. 6
7403 Uimh. 24 (Iar-Theach Grásta)
7404 Mainistir Naomh Clár
7405 Reilig Shiúracha Bochta Naomh Clár
7406 Iar-Mhuileann - OÉG
7407 Ionad Ealaíon
7408 Iar-Fhoirgneamh Hygeia
7409 Iar-Mhuilinn
7410 Uimh. 25
7411 Bosca Poist

**An Pháirc Mhór**

7601 Dhá Theachín i bhFothracha

Bóthar na Toirbhearta

**Tag: Suíomh**
7701 Séipéal Iósaif Naofa
7702 Clochar na Toirbhearta
7703 Scoil na Toirbhearta
7704 Bosca Poist

**Cnoc na Radharc**

7801 Uimh. 33
7802 Uimh. 35
7803 Uimh. 37

**Lána an Chaidéil**

7901 Clocha Creatha, Cloch Chrú & Céimeanna Aolchloiche

**Lána na Céibhe**

8000 Uimh. 1
8001 Uimh. 2
8002 Uimh. 3
8003 Uimh. 4
8004 Uimh. 5
8005 Uimh. 6
8006 Uimh. 7

**Sráid na Céibhe**

8101 Uimh. 2
8102 Uimh. 3
8103 Uimh. 4
8104 Uimh. 5
8105 Uimh. 6
8106 Uimh. 7
8107 Uimh. 8
8109 Uimh. 9
8110 Uimh. 10 & 12
8111 Uimh. 14
8112 Uimh. 11 & 13
8113 Uimh. 15 & 17
8114 Uimh. 19
8115 Uimh. 21
8116 Uimh. 22
8117 Uimh. 23
8118 Uimh. 16 & 18
8119 Uimh. 1

**Sráid na Banríona**

8201 Eaglais Mhodhach/ Phreispitéireach agus Reilig
8202 Stór Cloch Ghearrtha (CIE)

**Seanbhóthar Ráthúin**

8301 Teach Rathúin

**An Rinn Mhór**

8401 Dún Ui Mhaoiliosa Beairic Mhíleata

8402 Séipéal na Beairice
8403 Suíomh an Imfhálaithe Chré, Faiche an Leasa

Bhig

**Tag: Suíomh**
8405 Scoil an Teaghlaigh Naofa

8406 Cloch Uí Loingsigh
8407 Dún Chromail
8408 Dún na Mara - O.S. Rianaire
8409 Céide Chois Locha - O.S. Rianaire
8410 Céide Chois Locha - O.S. Rianaire
8411 An Rinn Mhór - O.S. Rianaire
8412 An Rinn Mhór - O.S. Rianaire
8413 An Rinn Mhór - O.S. Rianaire
8414 An Rinn Mhór - O.S. Rianaire
8415 An Rinn Mhór - O.S. Rianaire
8416 An Rinn Mhór - O.S. Rianaire
8417 An Rinn Mhór - O.S. Rianaire

**Aibhneacha/Uiscebhealaí**

8501 Lena n-áirítear Droichid, Coraí, Ballaí, Claífort, Céanna & Eile
Bonneagar Gaolmhar

**Abhainn na Gaillimhe**

8601 Galláin & Claífoirt Chloiche

**Carraig Bhartúin, Bóthar na Trá**

8701 An Gort Ard
8702 Coláiste Mhuire
8703 Lios Gorm

**Ros Cam**

8801 Gallán
8802 Suíomh Mainistreach le Cloigtheach
8803 Baois Ros Cam
8804 Teach Ceann Tuí - Bóthar Dhabhach Uisce
8805 Lóiste an Gheatóra - Bóthar Dhabhach Uisce
8806 Droichead Iarnróid Chnoc Rois

**Bóthar Bhóthar na Trá Uachtarach**

8901 Suíomh an tSéipéil & Naisc Ghailf an Lisín in
aice láimhe
8902 Teach féarthailte, Uimh. 179
8903 Séipéal Chríost an Rí

**<u>Tag: Suíomh</u>**

8904 Seastán Bhanna, Páirc Bhóthar na Trá
8905 Piaraí Geata lena n-áirítear tagarmharc Coise an Phréacháin
8906 Bosca Poist

**Bóthar Bhóthar na Trá Íochtarach**

9001 Uimh. 62 (Teach Ceann Tuí)
9002 Uimh. 23 (Scoil & Eaglais na mBráithre Críostaí roimhe seo)
9003 Geata & Balla Tadhlach ag Bealach isteach go
Páirc Léana Bháite
9004 Piaraí Geata & Balla Tadhlach ag an mBealach isteach go Cul Trá
9005 Bosca Poist Saorstáit Éireann ag an mBealach isteach go Cul Trá
9006 Bosca Poist ag an mbealach isteach chuig Páirc Léana Bháite
9007 Teach Lóiste na Níle
9008 Uimh. 43 J Stewart Ltd. - Éadanas
9009 Uimh. 86 Bailtín Normannach
9010 Uimh. 88
9011 Uimh. 110 Naomh Iúd
9012 Uimh. 132

**Bóthar na Mara**

9101 Séipéal San Iognáid
9102 Halla Cholm Cille
9103 Uimh. 1 Ardán Montpelier, Bóthar na Mara
9104 Uimh. 2 Ardán Montpelier, Bóthar na Mara
9105 Uimh. 3 Ardán Montpelier, Bóthar na Mara
9106 Uimh. 4 Ardán Montpelier, Bóthar na Mara
9107 Uimh. 5 Ardán Montpelier, Bóthar na Mara
9108 Uimh. 6 Ardán Montpelier, Bóthar na Mara
9109 Uimh. 7 Ardán Montpelier, Bóthar na Mara
9110 Uimh. 1 Plás Íle, Bóthar na Mara
9111 Uimh. 2 Plás Íle, Bóthar na Mara
9112 Uimh. 3 Plás Íle, Bóthar na Mara
9113 Uimh. 4 Plás Íle, Bóthar na Mara
9114 Uimh. 5 Plás Íle, Bóthar na Mara

**<u>Tag: Suíomh</u>**

9115 Uimh. 6 Plás Íle, Bóthar na Mara
9116 Uimh. 7 Plás Íle, Bóthar na Mara
9117 Uimh. 8 Plás Íle, Bóthar na Mara
9118 Uimh. 9 Plás Íle, Bóthar na Mara
9119 Uimh. 10 Plás Íle, Bóthar na Mara
9120 Coláiste Iognáid, Bóthar na Mara

**Bóthar Sheantalaimh**

9201 Teach na Spuaice, Uimh. 59
9202 Clocha Creatha, Uimh. 57
9203 Uimh. 58
9204 Uimh. 13 (Teachín Ceann Tuí)

**Sráid na Siopaí**

9301 Uimh. 1
9302 Uimh. 2 & 3
9303 Uimh. 4
9304 Uimh. 14 & 15
9305 Uimh. 16 & 18
9306 Uimh. 21
9307 Uimh. 19 & 20
9308 Uimh. 33
9309 Uimh. 38 & 39
9310 Uimh. 26
9311 Teach Méaracáin, Uimh. 27
9312 Uimh. 13 (Doras Cloiche)
9313 Caisleán an Loingsigh, Uimh. 40
9314 Uimh. 11
9315 Uimh. 12

**Sráid San Aibhistín**

9401 Uimh. 1, 3 & 5
9402 Uimh. 11
9403 Uimh. 13
9405 Uimh. 15
9406 Teach na Méarachta, Uimh. 33
9407 Prióireacht San Aibhistín

**Bóthar Bhréanainn, Bóthar Áth Cinn**

9501 Uimh. 1
9502 Uimh. 2
9503 Uimh. 3
9504 Uimh. 4
9505 Uimh. 5
9506 Uimh. 6

**Sráid San Proinsias**

9601 Séipéal Mhainistir na bProinsiasach

**Tag: Suíomh**

9602 Taillte Eaglasta le Reilig
9603 Taillte & Uaigheanna Chlochar na Trócaire
9604 Doras Uí Dhorchaidhe ar Thailte an Chlochair
9605 Uimh. 2
9606 Uimh. 10

**Sráid San Héilin**

9701 Uimh. 14
9702 Uimh. 23

**Bóthar Mhuire**

9801 Coláiste Oideachais Mhuire

**Foirgnimh & Séipéal**

9802 Scoil Fhursa
9803 Uimh. 12

**Sráid San Nioclás**

9901 Uimh. 1
9902 Uimh. 2
9903 Uimh. 3
9904 Uimh. 4
9905 Uimh. 5
9906 Uimh. 6
9907 Uimh. 7
9908 Uimh. 8
9909 Uimh. 9
9910 Uimh. 10

**Bóthar an Stáisiúin**

10001 Stáisiún Traenach Ceannt
10002 Foirgnimh Iarnróid & Choimhdeacha - Iena n-áirítear Botháin Chloiche, Stáblaí Cloiche Caschlár, Droichid & Ráillí
10003 Túr Uisce

**An Bóthar Ard**

10101 Lóiste Geata chuig Caisleán an Léana Bháite
10102 Caisleán an Léana Bháite, Naomh Anna
10103 Iar-chlochar na nDoiminiceach
10105 Clocha ó Shéipéal San Nioclás
10106 Cluain Mhuire
10107 Bosca Poist
10108 Lóiste Geata - Ardilaun Hotel
10109 Pálás an Easpaig, Cnoc Mhuire
10110 Tobar Clúdaithe - Caisleán an Léana Bháite

**Tag: Suíomh**

10111 Suíomh Gallán
10112 Uimh. 1, Ardán Mhuire
10113 Uimh. 2 Ardán Mhuire
10114 Uimh. 3 Ardán Mhuire
10115 Uimh. 4 Ardán Mhuire
10116 Uimh. 5 Ardán Mhuire
10117 Uimh. 6 Ardán Mhuire
10118 Uimh. 7 Ardán Mhuire
10119 Uimh. 8 Ardán Mhuire
10120 Uimh. 9 Ardán Mhuire
10121 Uimh. 10 Ardán Mhuire
10122 Uimh. 11 Ardán Mhuire
10123 Uimh. 12 Ardán Mhuire
10124 Uimh. 13 Ardán Mhuire
10125 Uimh. 14 Ardán Mhuire
10126 Uimh. 15 Ardán Mhuire
10127 Uimh. 16 Ardán Mhuire
10128 An Chroit, An Bóthar Ard

**An Corrán**

10201 Uimh. 1 Corrán Phailmíre
10202 Uimh. 2 Corrán Phailmíre
10203 Uimh. 3 Corrán Phailmíre
10204 Uimh. 4 Corrán Phailmíre
10205 Uimh. 5 Corrán Phailmíre
10206 Uimh. 6 Corrán Phailmíre
10207 Uimh. 7 Corrán Phailmíre
10208 Uimh. 8 Corrán Phailmíre
10209 Uimh. 9 Corrán Phailmíre

**Tag: Suíomh**

10210 Uimh. 10 Corrán Phailmíre
10211 Uimh. 11 Corrán Phailmíre
10212 Uimh. 12 Corrán Phailmíre
10213 Uimh. 13 Corrán Phailmíre
10214 Uimh. 14 Corrán Phailmíre
10215 Uimh. 8 Ardán Montpelier
10216 Uimh.9 Ardán Montpelier
10217 Uimh. 10 Ardán Montpelier
10218 Uimh. 4 Plás Devon

**Bóthar na Mine**

10250 Coláiste Éinde Bóthar na hOllscoile
10301 Iarsmaí Fuinneog Mhuilleanach Chloiche
10302 Grúpa Snoiteáin Amais
10303 An Chearnóg, OÉG
10304 Lóiste Geata
10305 Uimh. 19
10306 Uimh. 20
10307 Institiúid Mháirtín Uí Riain
10308 Iar-Fhoirgneamh IMI
10309 Bloc na hInnealtóireachta Sibhialta
10310 Bloc na Roinne Oideachais
10311 Bosca Poist

**Plás Victoria**

10401 Foirgneamh 3-bhá (Rooneys)

**Cois na Deargaile**

10501 Uimh. 7
10502 Uimh. 8

10503 Uimh. 9
10504 Teach na Coiribe, Uimh. 3
10505 Teach Mór na Coiribe, Uimh. 4
10506 Teach Loch Coirib, Uimh. 5
10507 Dealbh Adhmaid an Bhradáin Léimnigh

**Bóthar Pháirc an Tobair**

10601 Geata Ornáideach

**Tag: Suíomh**

10602 Cluain Mhuire, GMIT
10603 Uimh.1

**Bóthar na Trá Báine**

10701 Uimh. 6
10702 Uimh. 8
10703 Uimh.10

**Sráid Liam**

10801 Uimh. 16 & 18 & 18A
10802 Uimh. 19
10803 Uimh. 20
10804 Uimh. 21
10805 Uimh. 22
10806 Uimh. 24
10807 Uimh. 23 & 25
10808 Uimh. 26
10809 Uimh. 27 & 29
10810 Uimh. 28
10811 Uimh. 38 & 40
10812 Uimh. 42
10817 Cuid d'Uimh. 42
10813 Uimh. 44
10814 Uimh. 49
10815 Uimh. 45
10416 Uimh. 46
10818 Uimh. 47
10819 Uimh. 48
10820 Uimh. 51 & 53

**Sráid Liam Thiar**

10901 An Chraein Bheag, Scálaí Meá
10902 Uimh. 3
10903 Uimh. 5
10904 Uimh. 6
10905 Uimh. 7 & 8
10906 Uimh. 23 Silke's & Sons Cash and Carry - Éadan
10907 Uimh. 23-24 (Silke's & Sons roimhe seo) - Éadan
10908 Uimh. 25 - Éadan

**Sráid Gheata Liam**

11001 Uimh. 1
11002 Uimh. 5 & 7
11003 Uimh. 8
11004 Uimh. 9
11005 Uimh. 10 & 12
11006 Uimh. 15

**Droichead Wolfe Tone**

13001 Túr Iascaigh
13002 Plaic

# Aguisín 4 – Gluais agus Acrainmneacha

## Gluais

**Tithíocht Inacmhainne** - Tithíocht úinéir-áitithe nó úinéireacht roinnte curtha ar fáil ar phraghas faoi bhun luach an mhargaidh.

**An Treoir um Uisce Snámha** - Treoir/Rialacháin um Cháilíocht Uisce Snámha. Critéir chun cáilíocht uisce a mheas de réir Caighdeáin an Aontais Eorpaigh, ag tabhairt le fios go bhfuil uisce ar chaighdeán chun críocha snámha.

**Dearbhú Barcelona** - I mí an Mhárta 1995, reáchtáladh Comhdháil na hEorpa "An Chathair agus Daoine faoi Mhíchumas" in Barcelona, sa Spáinn. Tar éis na comhdhála seo forógra ar inrochtaineacht, ar a dtugtar Dearbhú Barcelona, atá daingnithe ag go leor cathracha agus na húdaráis áitiúla ghaolmhara san Eoraip. Áirítear le haidhmeanna an Dearbhaithe rochtain uilíoch ar spásanna, foirgnimh agus seirbhísí uirbeacha a chur chun cinn, agus feabhas a chur ar shoghluaisteacht daoine faoi mhíchumas. Shínigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe an dearbhú go foirmiúil in 2002.

**Bithéagsúlacht** – Tomhas ar éagsúlacht na speiceas plandaí agus ainmhithe.

**Brat Gorm** - Tá scéim an Bhrait Ghoirm á fheidhmiú ag an bhForas um Oideachas Comhshaoil (FEE), eagraíocht neamhrialtasach. Baineann na critéir do bhronnadh an Bhrait Ghoirm le caighdeán an uisce, áiseanna do chuairteoirí, bainistíocht trá (lena n-áirítear rialú bruscair) agus taispeáint faisnéise. Ag leibhéal ballstáit an Aontais Eorpaigh feidhmíonn an FEE trí chomhlachtaí náisiúnta mar shampla An Taisce, atá freagrach as scéim an Bhrait Ghoirm in Éirinn a riaradh.

**Gormbhealaí** Is **tairiscint nua turasóireachta agus áineasa allamuigh ar oileán na hÉireann** iad gormbhealaí a bhfuil sé mar aidhm acu ár n-uiscebhealaí intíre sárscéimhe, lochanna, aibhneacha agus ceantair chósta ar fud oileán na hÉireann a cheiliúradh agus a chur chun cinn. Tá sé mar aidhm ag Gormbhealaí freisin níos mó daoine a spreagadh chun taithí agus taitneamh a bhaint as gníomhaíochtaí amuigh faoin aer in áiteanna uisce.

**Láithreáin Athfhorbraíochta** - Talamh nó foirgnimh as úsáid atá ar fáil le hathúsáid/athfhorbairt.

**Bus Connects** – is clár é ón Údarás Náisiúnta Iompair chun feabhas a chur ar sheirbhísí bus i gcathracha na hÉireann, ar cuid lárnach é de bheartas an Rialtais iompar poiblí a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide.

**Earraí Miondíola Builc** - Earraí a dhíoltar go ginearálta ó stórais mhiondíola áit a bhfuil earraí DIY nó earraí cosúil le troscán leacphaca ar mhéid nach mbeadh feiliúnach do chustaiméirí ag siúl, ar rothar ná ar an mbus agus a dtógfadh duine le carr é de ghnáth nó go mbeadh achar mór urláir ag teastáil chun iad a thaispeáint, m.sh. troscán i seiteanna

seomra, nó beag leis féin, ach mar chuid de cheannachán cnuasaigh a bheadh builc m.sh. ballapháipéar, péint.

**Cathair atá Neamhdhíobhálach do Leanaí** – Tar éis Chruinniú Mullaigh Chathair Iostanbúl 1996, sheol UNICEF tionscnamh na gcathracha atá neamhdhíobhálach do leanaí chun leanaí uirbeacha a shroicheadh, go háirithe iad siúd atá bocht agus scoite amach le cosaint agus seirbhísí bunúsacha chun a gcearta bunúsacha a chinntiú. Tá go leor cathracha timpeall an domhain ag obair le bheith níos sábháilte do leanaí agus tá roinnt gréasán áitiúil cruthaithe cosúil le Gréasán Eorpach na gCathracha atá Neamhdhíobhálach do Leanaí. Bunaíodh an gréasán faoi Dhearbhú Wurzburg Meitheamh 1999. Níl aon sainmhíniú amháin ar céard atá

i gceist le cathair atá neamhdhíobhálach do leanaí ná céard

ba cheart a bheadh i gceist leis. I náisiúin i mbéal forbartha is minice a bhíonn an bhéim ar rochtain ar sheirbhísí bunúsacha a mhéadú ach sna tíortha forbartha is cosúil go mbíonn an bhéim ar cheisteanna timpeallachta agus fisiciúla cosúil le feabhsú na limistéar áineasa, forbairt

páirceanna agus spásanna glasa, smachtú tráchta chun na sráideanna a dhéanamh níos sábháilte do pháistí.

**Saoránach/Saoránacht** - Áitritheoir agus cónaitheoir i gCathair na Gaillimhe.

**Geilleagar Ciorclach -** Is samhail de tháirgeadh agus de thomhaltas é an geilleagar ciorclach, a chuimsíonn ábhair agus táirgí atá ann cheana a roinnt, a léasú, a athúsáid, a dheisiú, a athchóiriú agus a athchúrsáil chomh fada agus is féidir. Ar an mbealach seo, déantar saolré na dtáirgí a fhadú.

**Earraí Miondíola Áise** - Bia, deochanna alcólacha agus neamh-alcólacha, tobac agus earraí tí neamh-mharthanacha.

**Earraí Miondíola Comparáide** - Éadaí, coisbhirt, troscán, feistis agus trealamh tí, (gan earraí tí neamhmharthanacha a áireamh), táirgí leighis agus cógaisíochta, fearais agus trealamh teiripeacha, trealamh agus gabhálais oideachais agus áineasa, leabhair nuachtáin agus irisí agus earraí le haghaidh cúraim phearsanta agus earraí nach bhfuil rangaithe in áiteanna eile.

**Crios Dícharbónaithe** Sainmhínítear Crios Dícharbóinithe mar limistéar spásúlachta ina sainaithnítear raon beart maolaithe aeráide, oiriúnaithe agus bithéagsúlachta agus úinéirí gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar fhuinneamh ísealcharbóin áitiúil, ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa agus ar riachtanais aeráide chun rannchuidiú le spriocanna náisiúnta gníomhaíochta aeráide.

**db(A) Lden -** Leibhéal coibhéiseach torainn lae-tráthnóna-oíche A-ualaithe (leibhéal coibhéiseach fuaime), arna thomhas laistigh de thréimhse 24 huaire an chloig, le pionós de 10 dB curtha leis le haghaidh leibhéal idir 23.00 07.00 a

chlog agus pionós de 5 dB curtha leis le haghaidh leibhéal 19.00 agus 23.00 a chlog, sa mhéid go mbíonn tionchar níos suntasaí ar dhaoine ag torann a tharlaíonn go déanach sa tráthnóna agus san oíche.

**dB(A) Lnight** - Leibhéal coibhéiseach oíche: Leq. A-ualaithe, Leibhéal Fuaime, tomhaiste thar oíche 23.00 – 0700 uair an chloig. Ar a dtugtar an Táscaire Torainn Oíche freisin.

**Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha** - Scéim a cheadaíonn d'Údarás Pleanála tobhach a ghearradh ar ranníocaíochtaí airgeadais i gcomhair soláthar bonneagar poiblí, áiseanna, tionscadal nó seirbhís mar choinníoll pleanála.

**Láithreáin éiceolaíochta** - Láithreáin lena mbaineann luach don fhiadhúlra.

**Tuarascáil Chomhshaoil** - Tuarascáil riachtanach is gá a chur ar fáil de réir na Treorach SEA mar chuid den mheasúnacht timpealachta ina sonraítear na héifeachtaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ag cur i bhfeidhm plean nó cláir ar an timpeallacht agus

déantar cur síos agus meastóireacht ar na héifeachtaí sin ann freisin.

**Creat-Treoir Uisce an AE** - Is éard atá i dTreoir 2000/60/CE, an Chreat-Treoir Uisce ón AE, reachtaíocht chomhshaoil atá dírithe ar cháilíocht an uisce in aibhneacha, lochanna, screamhuisce, inbhir agus uiscí cósta a fheabhsú. Teastaíonn ón Treoir stádas 'maith' a bhaint amach

do na huiscí ar fad, uiscí le stádas 'ard' cheana féin a chothabháil agus dearóiliú uisce a chosc, faoi 2021.

**Treoir an AE um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh -** Is é is aidhm do Threoir 91/271/CEE (arna leasú 98/15/CEE) an comhshaol a chosaint ó éifeachtaí díobhálacha sceite fuíolluisce uirbigh, trí chórais bhailithe fuíolluisce uirbigh (séarachas) agus ionaid chóireála do lárionaid uirbeacha a sholáthar. Soláthraíonn an Treoir rialacha ginearálta freisin maidir le diúscairt inbhuanaithe sloda a eascraíonn as cóireáil fuíolluisce.

**Cathair Réigiúnach** – Aithnítear sa Chreat Pleanála Náisiúnta (NPF) na ceithre chathair, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge mar Chathracha Réigiúnacha. Díríonn sé ar gach ceann acu fás 50% ar a laghad go dtí 2040 agus tacú le forbairt réigiúnach chothrom.

**Líonra Glas** - Líonra nasctha de limistéir ghlasa, pháirceanna agus spásanna oscailte a chinntíonn cur chuige straitéiseach comhtháite beartais maidir le húsáid agus bainistiú inbhuanaithe na limistéar seo.

**Glasbhealaí** - Is téarma AE é Glasbhealach a bunaíodh i nDearbhú i dtreo Líonra Glasbhealaí Eorpacha, Lille, 12 Meán Fómhair 2000 le haghaidh "bealaí ciorraithe atá curtha in áirithe go heisiach do thurais neamh-mhótair, arna bhforbairt ar bhealach comhtháite, a fheabhsaíonn an comhshaol agus cáilíocht na beatha araon den cheantar máguaird."

**Geo-éagsúlacht** - Tagraíonn Geo-éagsúlacht (agus Oidhreacht Gheolaíochta) don éagsúlacht carraigeacha, mianraí, próisis nádúrtha, tírghnéithe, iontaisí agus ithreacha atá mar bhonn agus faoi shaintréithe ár dtírdhreacha agus ár dtimpeallachta. Is í an gheolaíocht an eolaíocht a chuimsíonn staidéar ar an Domhan, na carraigeacha as a bhfuil sé comhdhéanta agus na próisis trína bhforbraítear é. Go bunúsach, is é scéal ár bplainéad é agus tá leideanna ag gach cloch chun a éabhlóid a thuiscint.

**GVA**- Breisluach comhlán is méadrach táirgiúlacht eacnamaíoch é a thomhaiseann an méid a chuireann fochuideachta chorparáideach, cuideachta nó bardas le geilleagar.

**Measúnú ar an Treoir maidir le Gnáthóga (Measúnú Cuí)** - Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga (92/43/CEE) - Measúnú éiceolaíoch ar an tionchar dóchúil a bheidh ag aon phlean, clár nó tionscadal ar chuspóirí caomhnaithe láithreáin Eorpacha, (Limistéir faoi Chosaint Speisialta agus Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta is iarrthóirí).

**Criosanna Baile** – Is sráideanna cónaithe iad criosanna baile ina roinntear an spás bóthair idir tiománaithe feithiclí agus úsáideoirí eile bóithre, agus riachtanais níos leithne na gcónaitheoirí (lena n-áirítear daoine a bhíonn ag siúl agus ag rothaíocht agus leanaí) san áireamh. Tá sé mar aidhm leis an mbealach a úsáidtear sráideanna a athrú agus cáilíocht na beatha ar shráideanna cónaithe a fheabhsú trí áiteanna a dhéanamh do dhaoine, ní hamháin don trácht.

**Táscaire** - Tomhas ar athróga le himeacht ama, a úsáidtear go minic chun gnóthachtáil cuspóirí a thomhas.

**IPCC** Painéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide

**Lucht Saothair** - Tá an lucht saothair comhdhéanta de dhaoine atá ag gabháil go hiarbhír nó ar mian leo gabháil do tháirgeadh earraí agus seirbhísí eacnamaíocha. Mar sin, áirítear ar an lucht saothair iad siúd atá fostaithe faoi láthair chomh maith le daoine dífhostaithe atá ag lorg fostaíochta.

**Clár Oibre Áitiúil 21** - Bhí Comhdháil na NA ar Chomhshaol agus Forbairt ar siúl in Rio de Janeiro i 1992. Tugtar Cruinniú Mullaigh na Cruinne air seo. Tháirg an cruinniú mullaigh treoirphlean do bheartais inbhuanaitheachta i dtreo an 21ú haois, ar a dtugtar Clár 21. Léiríonn Clár Oibre 21 conas is féidir le tíortha oibriú i dtreo na forbartha

inbhuanaithe. D’fhormhuinigh Rialtas na hÉireann Clár 21 ag an gcruinniú mullaigh.

**Coincheap na Cathrach laistigh de 15 Nóiméad -** coincheap áite a bhfuil rochtain éasca ag cónaitheoirí ar a gcuid bunriachtanais ag faid nach faide ná 15 nóiméad trí shiúl, rothaíocht nó iompar poiblí.

**Maolú** - Bearta a úsáidtear chun éifeachtaí díobhálacha suntasacha ar an gcomhshaol a sheachaint, a laghdú nó a fhritháireamh.

**Natura 2000 (Láithreáin Eorpacha) -** Líonra limistéar cosanta ar fud an Aontais, a aithnítear mar ‘láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail ag baint leo’ faoi Threoir an CE maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE ón gComhairle maidir le caomhnú gnáthóga nádúrtha agus fána agus flora fiáine). Cuimsíonn siad “Limistéir Chaomhantais Speisialta”) faoin Treoir maidir le Gnáthóga agus “Limistéir faoi Chosaint Speisialta” (SPAanna) faoin Treoir maidir le hÉin (Treoir 79/409/CE ón gComhairle maidir le héin fhiáine a chaomhnú).

**Réitigh Dúlra-Bhunaithe (NbS)** atá sainmhínithe ag IUCN mar “gníomhartha chun éiceachórais nádúrtha nó modhnaithe a chosaint, a bhainistiú go hinbhuanaithe, agus a athchóiriú a thugann aghaidh ar dhúshláin shochaíocha go héifeachtach agus go hoiriúnaitheach, agus ag an am céanna ag soláthar tairbhí leasa daonna agus bithéagsúlachta.

**Oidhreacht Nádúrtha** - Sainmhíníonn an tAcht Oidhreachta (1995) oidhreacht nádúrtha mar a n-áirítear flóra, fána, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, raiceanna, geolaíocht, uiscebhealaí intíre, gairdíní oidhreachta agus páirceanna.

**Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAnna)** - Cruthaíonn na limistéir shainithe seo líonra de shuímh a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo mar gheall ar a bhflóra, fána, cineál gnáthóige agus/nó spéis gheomoirfeolaíoch agus tá siad cosanta faoin Acht um Fhiadhúlra 2000.

**Cóimheas Plota** - Is é an cóimheas plota le haghaidh forbartha ná oll-achar urláir na bhfoirgneamh ar láithreán roinnte ar oll-achar an láithreáin. Is ionann an t-achar urláir comhlán agus suim an spáis urláir ar fad laistigh de bhallaí seachtracha an fhoirgnimh/na bhfoirgneamh, gan gléasra, seomraí umar, limistéir stórála san íoslach (mar a bhfuil airde urláir go síleáil níos lú ná 2.1 m) agus limistéir pháirceála san áireamh. I gcás grúpa foirgneamh a bhfuil cúirtealáiste coiteann acu déanfar an t-achar urláir a chomhiomlánú. Níl san áireamh in oll-achar an láithreáin ach an talamh atá laistigh de chúirtealáiste na bhfoirgneamh gaolmhar agus go háirithe ní áiríonn sé achar bóithre poiblí tadhlach leis. Scríobhtar cóimheasa ceapach mar an cóimheas idir an t-achar urláir comhlán agus an t-achar comhlán suímh, mar shampla, 2:1.

**Prionsabal Íoc Mar a Thruaillítear** - Ciallaíonn an Prionsabal Íoc mar a Thruaillítear gur chóir go n-íocfadh an truaillitheoir na speansais a bhaineann leis na bearta a theastaíonn chun a chinntiú go bhfuil an comhshaol i staid inghlactha. Tá sé mar aidhm ag an dliteanas comhshaoil seo damáiste don chomhshaol a chosc agus a chur ar ais. Ar thaobh an choisc, leagtar béim sa phrionsabal, má tharlaíonn cás a bhféadfadh damáiste don chomhshaol a bheith mar thoradh air, gur cheart bearta coisctheacha a ghlacadh chun é sin a sheachaint. Nuair a tharlaíonn damáiste don chomhshaol mar sin féin, ceanglaítear leis an bprionsabal go ndéanfaí damáiste don chomhshaol a athchóiriú.

**Prionsabal Réamhchúraim** - Is cur chuige é an prionsabal réamhchúraim ina bhfuil toimhde i gcoinne aon ghníomhaíochta a bhfuil a dtionchar ar an gcomhshaol éiginnte agus ina bhfuil claonadh láidir i dtreo rioscaí comhshaoil a d’fhéadfadh a bheith ann a sheachaint.

**Prionsabal Cóngarachta** - Is é prionsabal na gaireachta ná an coincheap gur cheart go ginearálta dramhaíl a bhainistiú chomh gar agus is féidir dá áit táirgthe, toisc go mbíonn tionchar comhshaoil ag iompar na dramhaíola féin.

**Suíomh Ramsar** - Is bogaigh iad seo a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo atá liostaithe i gCoinbhinsiún Ramsar ar Bhogaigh, a síníodh in Ramsar san Iaráin, i 1971, conradh idir-rialtasach a sholáthraíonn creat le haghaidh gníomhaíochta náisiúnta agus comhar idirnáisiúnta chun bogaigh agus a gcuid acmhainní a chaomhnú agus a úsáid go ciallmhar. Dhaingnigh Éire an Coinbhinsiún i 1984 agus ceanglaítear ar an Stát aon bhogach a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leis a aithint agus a chaomhnú. Tugann an Coinbhinsiún aird ar láithreacht plandaí nó ainmhithe neamhchoitianta, leochaileacha, endemic nó i mbaol mar thoisc chun tábhacht idirnáisiúnta a chinneadh. Is láithreáin Ramsar sainithe iad Coimpléasc Chuan na Gaillimhe laistigh agus LSC Loch Coirib.

**Abhainn Shalmainide** - Tá Abhainn na Gaillimhe ainmnithe mar Abhainn Shalmainide faoi Threoir an AE maidir le hIasc Fionnuisce a tugadh isteach i 1978 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cáilíocht Uiscí Bradán), 1988, IR uimh 84 de 1988. Tá sé mar aidhm ag an ainmniúchán seo cáilíocht na bhfíoruisce a thacaíonn le speicis áirithe de rialú éisc a chosaint agus a fheabhsú. Ní mór sainchaighdeáin cháilíochta uisce a choinneáil agus truailliú a rialú. Tá ceanglas dlíthiúil ar Éirinn cáilíocht uisce aibhneacha d'iascaigh Bradán a chothabháil agus a fheabhsú.

**Scóipeáil** - An próiseas chun scóip agus leibhéal mionsonraí an SEA a chinneadh, lena n-áirítear na héifeachtaí comhshaoil agus roghanna eile nach mór a bhreithniú, na modhanna measúnaithe a úsáidfear, agus struchtúr agus ábhar na Tuarascála Comhshaoil. Déantar scóipeáil i gcomhairle leis na comhlachtaí cuí.

**Scagadh -** An próiseas chun cinneadh a dhéanamh an dteastaíonn MSC nó AA ó phlean nó clár.

**Láithreáin SEVESO III** - Láithreáin a bhfuil baint acu le stóráil agus/nó táirgeadh substaintí contúirteacha a mbaineann guais mhórthionóiscí leo, faoi réir na Treorach um Rialú Mórghuaiseacha Tionóisce (COMAH) nó Threoir Seveso III 2012/18/AE, a fhéachann leis an riosca a laghdú agus a theorannú. iarmhairtí na dtimpistí.

**Measúnú Straitéiseach ar Riosca i gcás Tuilte (SFRA)** - Measúnú ar bhaol tuilte ar limistéar geografach leathan chun forbairt bheartaithe i gceantar a mheas ina choinne.

**Tionchar Suntasach Timpeallachta** - Is feidhm de mhéid an tionchair agus de thábhacht/íogaireacht acmhainní an ghabhdóra é suntasacht. Éifeachtaí ar an gcomhshaol atá suntasach i gcomhthéacs plean nó cláir. Tá na critéir chun suntas a mheasúnú leagtha amach in Iarscríbhinn II den Treoir SEA.

**Clúdach Suímh** - Cinntear Clúdach an tSuímh tríd an limistéar iomlán talún atá clúdaithe ag foirgnimh a roinnt ar achar iomlán an láithreáin gan an bóthar poiblí a áireamh.

**Tithíocht Shóisialta** - Tithíocht ar cíos arna soláthar ag an gComhairle nó ag comhlacht tithíochta deonach nó comharthithíochta.

**Cuimsiú Sóisialta** - Sainmhínítear Uilechuimsitheacht Shóisialta mar an próiseas trína gcuirtear ar chumas daoine páirt iomlán a ghlacadh sa saol ó thaobh eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha nó polaitiúil de.

**Limistéir Chaomhantais Speisialta (SAC)** - Rinneadh an Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) a thrasuíomh i ndlí na hÉireann le IR 94 de 1997, Rialacháin na

gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha) 1997. Is limistéir mhuirí agus thalún de thábhacht idirnáisiúnta iad Limistéir Chaomhantais Speisialta atá ainmnithe chun gnáthóga agus speicis fiadhúlra (seachas éin) a chosaint, atá mar chuid de líonra Natura 2000 de láithreán atá suntasach ó thaobh na héiceolaíochta de ar fud na hEorpa. Ba cheart bearta cosanta speisialta a chur i bhfeidhm maidir leis na gnáthóga seo de speicis sonraithe fiadhúlra, chun maireachtáil agus atáirgeadh ina limistéar dáileacháin a áirithiú. Tá dhá limistéar ainmnithe SAC sa chathair, Coimpléasc Chuan na Gaillimhe agus Coimpléasc Loch Coirib.

**Limistéir faoi Chosaint Speisialta chun Éin a Chosaint (SPAanna)** - Ceanglaítear ar Éirinn faoi théarmaí Threoir an AE maidir le hÉin (2009/147/CE) Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAanna) a ainmniú chun speicis éan fiáin atá i mbaol a chosaint. Is láithreáin iad SPAanna atá sainithe chun speicis éan atá tábhachtach go hidirnáisiúnta agus gann agus na gnáthóga a bhaineann leo a chosaint. Tá dhá limistéar ainmnithe SPA sa chathair, SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh agus SPA Loch Coirib. Soláthraíonn an limistéar cosanta sainithe do raon leathan éan mara agus éan uisce agus na coilíneachtaí agus na gnáthóga pórúcháin a bhaineann leo lena n-áirítear speicis éan in Iarscríbhinn 1. Is éard atá in Iarscríbhinn 1 catalóg de speicis agus fospeicis atá, san Aontas Eorpach, i mbaol díothaithe, nó atá leochaileach ó thaobh athruithe áirithe ar a ngnáthóga, nó atá gann de bharr daonraí beaga nó dáileadh réigiúnach srianta, nó a éilíonn cúram speisialta mar gheall ar an nádúr speisialta. dá ngnáthóga.

**Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta** - Éilíonn an Treoir um Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (SEA) (2001/42/CE) go ndéanfaí measúnú comhshaoil ar phleananna agus ar chláir áirithe ar dócha go mbeidh tionchar suntasach acu ar an gcomhshaol. Próiseas córasach is ea MSC chun tuar agus meastóireacht a dhéanamh ar na héifeachtaí dóchúla ar an gcomhshaol a bhainfeadh le plean/clár molta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go dtugtar aghaidh go cuí ar na héifeachtaí sin ag an gcéim chuí is luaithe den chinnteoireacht. Cuspóirí Straitéiseacha Comhshaoil - Beart modheolaíochta ar féidir éifeachtaí comhshaoil an phlean/cláir a thástáil ina choinne. Tá SEOanna difriúil ó chuspóirí an phlean cé go bhforluíonn siad go minic. Forbraítear SEOanna ó bheartas náisiúnta, idirnáisiúnta agus réigiúnach.

**Forbairt Inbhuanaithe** - Sainmhínítear Forbairt Inbhuanaithe de ghnáth mar 'forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais an lae inniu gan cur isteach ar chumas na nglún atá le teacht freastal ar a gcuid riachtanas féin gan baint de shláine agus cuspóirí caomhnaithe na Láithreán Eorpach agus na NHAnna. Tá dhá phríomhchoincheap istigh ann: coincheap na riachtanas, go háirithe bunriachtanais na mbochtán ar domhan, ar cheart tosaíocht sháraitheach a thabhairt dó; agus an smaoineamh ar na srianta atá á gcur i bhfeidhm ag staid na teicneolaíochta agus na heagraíochta sóisialta ar chumas an chomhshaoil freastal ar riachtanais an lae inniu agus na todhchaí.' (Tógtha ó Ár dTodhchaí Coiteann, Coimisiún Domhanda na NA ar Chomhshaol agus Forbairt, 1987, ar a dtugtar freisin Tuarascáil Brundtland).

**Córais draenála inbhuanaithe (SuDS)** Cur chuige chun uisce dromchla a bhainistiú a chuireann san áireamh cáilíocht uisce tuilte cáilíocht uisce (truailliú) bithéagsúlacht (fiadhúlra agus plandaí) agus taitneamhacht.

**TDM** – Bainistíocht ar Éileamh Iompar

**TPO** - Úsáidtear Ordú um Chaomhnú Crann chun crainn agus coillearnacha roghnaithe a chosaint, dá mbeadh tionchar suntasach ar an gcomhshaol nó ar thaitneamhacht dá mbainfí. In Alt 205 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (leasaithe) luaitear go bhfuil; "if it appears to the planning authority that it is

expedient, in the interests of amenity or the environment, to make provision for the protection of any tree, trees, groups of trees or woodlands, it may for that purpose and for stated

reasons, make an order with respect to any such tree, trees, group of trees or woodlands as may be specified in the order". Ní féidir crainn, atá faoi réir TPO, a leagan, mura gcuireann an t-úinéir isteach ar chead pleanála chuig an údarás áitiúil.

**Ordlathas Dramhaíola -** Tugann an tsamhail bainistithe dramhaíola, atá á moladh ag an AE agus go náisiúnta, tosaíocht do,

1. Cosc,
2. Íoslaghdú,
3. Athúsáid agus Athchúrsáil (cóireáil bhitheolaíoch san áireamh)
4. Aisghabháil Fuinnimh agus
5. Diúscairt dramhaíola atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, nach féidir a chosc nó a aisghabháil.

## Acrainmneacha

**AA** Measúnú Cuí

**ACA** Limistéar Caomhantais Ailtireachta

**AHB** Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta

**ABTA -** Plean Iompair Ceantarbhunaithe

**CALF** Saoráid Leasaithe Chaipitil

**CAS** Scéim Chúnaimh Chaipitil

**C&D** Dramhaíl Tógála agus Scartála

**CFRAM** Measúnú agus Bainistiú Riosca Tuilte Dobharcheantar

**CHP** Teas agus Cumhacht in Éineacht

**COMAH** Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí a Bhaineann le Substaintí Contúirteacha (Treoir Seveso III)

**CGS** Láithreacha Geolaíochta Contae

**CPO** Ordú Ceannaigh Éigeantaigh

**CSO** An Phríomh-Oifig Staidrimh

**CUR** Réigiún Chonnacht agus Uladh

**DAHG** An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

**DAHRRGA** An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha agus Gaeltachta

**DCCAE** An Roinn Cumarsáide, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil

**DECLG** An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

**DES** An Roinn Oideachais agus Scileanna

**DCEDIY** An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

**DHLGH** An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

**DHPCLG** An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (ó athraithe)

**DMURS** Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha

**DTTaS** An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

**DZ** Crios Dícharbónaithe

**EcIA** Measúnú Tionchair Éiceolaíochta

**EIA** Measúnú Tionchair Timpeallachta

**EIS** Ráiteas Tionchair Timpeallachta

**EPA** An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

**AN ESRI** An tAonad Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

**ESB** Bord Soláthair an Leictreachais

**AE** An tAontas Eorpach

**EV** Feithicil Leictreach

**FRA** Measúnú Riosca Tuilte

**GEA** Gníomhaireacht Fuinnimh na Gaillimhe

**GRETB** Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe Ros Comáin

**GTI** Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe

**GTS** Straitéis Iompair na Gaillimhe

**GMIT** Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo

**GTU** Aonad Iompair na Gaillimhe

**GSI** Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann

**GVA** – Breisluach Comhlán

**HAP** Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta

**NBAP** Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta 2017-2021

**HLA** Infhaighteacht Talún Tithíochta

**HNDA** Measúnú ar Riachtanas agus Éileamh Tithíochta

**HSA** An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

**HSE** Feidhmeannach Sheirbhís Sláinte

**ICT** Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

**IDA** An tÚdarás Forbartha Tionscail

**IROPI** Cúiseanna Dianriachtanacha Leasa Phoiblí Sháraithigh

**IW** Uisce Éireann

**LAP** Plean Ceantair Áitiúil

**LAWP** Clár Uisce na nÚdarás Áitiúil

**LDA** Gníomhaireacht Forbartha Talún

**LECP** Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail

**LEO** Oifig Fiontair Áitiúil

**LTACC** Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil

**LTL** Léasú fadtéarmach

**MASP** Plean Straitéiseach an Cheantair Uirbigh

**N6 GCRR** N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe

**NAMA** An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

**NAP** Plean Gníomhaíochta Torainn

**NAAMP** Clár Monatóireachta Náisiúnta um Cháilíocht Aeir Chomhthimpeallaigh

**NBS** Réitigh Dhúlra-Bhunaithe

**NDA** An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

**NDP** An Plean Forbartha Náisiúnta

**NHA** Limistéar Oidhreachta Nádúrtha

**NIR** Tuarascáil Tionchair Natura

**NMPF** Creat Pleanála Mara Náisiúnta

**NPF** Creat Pleanála Náisiúnta

**NPWS** An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

**NRA** An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

**NSO** – Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta (mar atá i gCuid 1.3 den NPF)

**NSS** An Straitéis Spásúlachta Náisiúnta 2002-2020

**NTA** An tÚdarás Náisiúnta Iompair

**OÉ Gaillimh** Ollscoil na hÉireann Gaillimh

**NWRA** Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair

**NZEB** Foirgneamh Nach Mór Neodrach Ó Thaobh Fuinnimh

**OPR** Oifig an Rialtóra Pleanála

**OOP** Oifig na nOibreacha Poiblí

**ORC** Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

**OS** Suirbhéireacht Ordanáis

**RANS** Staidéar ar Riachtanais Áineasa agus Taitneamhachta

**RAS** An Scéim um Chóiríocht ar Cíos

**RBMP** Plean Bainistíochta Abhantraí

**RMP** Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna

**RSES** Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíoch

**RPG** Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún an Iarthair 2010-2020

**RPO** Cuspóir Beartais Réigiúnach

**RPS** Taifead ar Dhéanmhais Chosanta

**SAC** Limistéar Caomhantais Speisialta

**SDGanna** Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

**SEA** Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

**SEAI** Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

**SEC** Pobal Fuinnimh Inmharthana

**SEMRU** An tAonad Socheacnamaíoch Taighde Mara

**SFRA** Measúnú Straitéiseach ar Riosca Tuilte

**SI** Ionstraim Reachtúil

**SPA** Limistéir faoi Chosaint Speisialta

**SRD** Treoirlínte d'Údaráis Phleanála ar Fhorbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha DECLG2009

**SuDS** Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbeach

**TII** Bonneagar Iompair Éireann

**TTA** Iompar agus Measúnacht Iompair

**TPO** Ordú um Chaomhnú Crann

**UDBHS** Staidéar ar Dhlús Uirbeach agus Airde Foirgnimh Chathair na Gaillimhe

**UTMC** Ionad Bainistíochta Tráchta Uirbigh

**UNFCCC** Creat-Choinbhinsiún Náisiúnta Aontaithe ar Athrú Aeráide

**UNCRPD** Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas in 2018

**WFD** An Chreat-Treoir Uisce

**EDS** An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte

**WRBD** Ceantar Abhantraí an Iarthair

**WWTW** Oibreacha Cóireála Fuíolluisce

**SEC** Pobal Fuinnimh Inmharthana

**SFRA** Measúnú Straitéiseach ar Riosca Tuilte

**SI** Ionstraim Reachtúil

**SPA** Limistéir faoi Chosaint Speisialta

**SRD** Treoirlínte d'Údaráis Phleanála ar Fhorbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha DECLG2009

**SuDS** Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbeach

**TII** Bonneagar Iompair Éireann

**TIA** Measúnú Tionchair Iompair

**TPO** Ordú um Chaomhnú Crann

**EDS** An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte

**WRBD** Ceantar Abhantraí an Iarthair

**WWTW** Oibreacha Cóireála Fuíolluisce